Baineadh úsáid as cur chuige atrialach i gceapadh na straitéise seo, le tograí agus cuspóirí beartais bunaithe ar mheasúnú mionsonraithe ar an líonra BG atá cheana sa Chontae. Rinneadh mapáil mhion ar pháirceanna, spásanna oscailte, aibhneacha, docharlaigh, gnáthóga, suímh nádúrtha, cineálacha carachtair tírdhreacha (féach Caibidil 3 Oidhreacht Nádúrtha, Chultúrtha agus Thógtha) agus ar shócmhainní glasa agus gorma eile. D'eascair treoirphlean an líonra reatha BG sa Chontae as an bpróiseas seo (féach Figiúr 4.3).

Mar thoradh ar anailís ar acmhainneacht na ngnéithe agus na sócmhainní atá ann,

sainaitníodh príomhshócmhainní BG mar aon le creat forbartha físe agus spásúil don BG sa Chontae. Cuireann sé seo béim ar na buanna agus na deiseanna atá ann cheana chun líonra BG an Chontae a leathnú agus a fheabhsú tuilleadh. Tá an creat BG bunaithe ar líonra croí-limistéir, céimeanna aistir agus conairí straitéiseacha a shainaitínt. Chuir anailís mhionsonraithe ar cháilíocht agus ar dheiseanna féideartha na sócmhainní seo sraith cuspóirí ar fáil, agus nuair a sheachadfar iad beidh bonneagar láidir BG ag teacht chun cinn.

Beidh an Straitéis ag freastal ar an gContae agus ar an réigiún ar feadh na nglún atá le teacht, agus san fhadtárma comhlíonfaidh sí riachtanais an bheartais náisiúnta agus réigiúnach. Tá sé chonair straitéiseach BG agus a gcuspóirí gaolmhara leagtha amach sa chaibidil seo. Tá aon chonair déag áitiúil eile, atá nasctha leis na príomhchonairí agus a bhreisíonn iad, maraon le cuspóirí le haghaidh na conairí seo a chosaint agus a bhreisiú amach anseo - leagtha amach in Aghaisín 4, Bonneagar Glas, Cuspóirí Áitiúla agus Cás-Staidéir.

Beartas BG1: Uileghabhálach

Líonra ilfheidhmeach BG a chosaint, a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh, ag baint úsáide as cur chuige seirbhísí éiceachórais, ag cosaint, ag feabhsú agus ag déanamh tuilleadh forbartha ar an líonra idirnasctha aitheanta de pháirceanna, spásanna oscailte, gnéithe nádúrtha, limistéir chosanta, agus aibhneacha agus sruthanna a sholáthraíonn spás roinnte taitneamhachta agus áineasa, cosaint don bhithéagsúlacht, cáilíocht uisce, bainistiú tuilte agus oiriúnú don athrú aeráide.

BG1 Cuspóir 1:

Líonra comhleanúnach, comhtháite agus éabhlóideach BG a bhunú ar fud Chontae Átha Cliath Theas le páirceanna, spásanna oscailte, fála sceach, crainn lena n-áirítear crainn sráide poiblí agus mion-choillearnacha dúchasacha (Stíl Miyawaki), féaraigh, limistéir chosanta agus aibhneacha agus sruthanna agus sócmhainní glasa agus gorma eile a chruthaíonn naisc straitéiseacha, agus cuspóirí na Straitéise BG a chomhtháthú agus a ionchorprú ar fud na bpleananna agus na forbartha ábhartha úsáide talún sa Chontae.



BG1 Cuspóir 2:

Straitéis BG Chontae Bhaile Átha Cliath Theas a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh uirthi le linn saolré an phlean seo agus scóráil BG a bheidh oiriúnach don fheidhm a fhorbairt don Chontae a thacóidh le sainaitínt, cosaint, breisiú agus bainistiú leanúnach an BG sa Chontae agus a chumasóidh measúnú agus faireachán ar idirghabhálacha BG sa Chontae.



BG1 Cuspóir 3:

Forbairt agus feabhsú rochtana íogaire agus nascacht idir réimsí spéisiúla ar mhaithe le háitritheoirí, fiadhúlra agus bithéagsúlacht, agus tírdhreacha sainiúla eile a éascú mar ghnéithe fócasacha do naisc idir spásanna glasa nádúrtha, leathnádúrtha agus foirmiúla nuair is indéanta agus a chinntiú nach bhfuil aon tionchar díobhálach (díreach, indíreach nó carnach) ann do chuspóirí caomhnaithe láithreáin Natura 2000 agus gnáthóga cosanta lasmuigh de láithreáin Natura 2000.



BG1 Cuspóir 4:

A éileamh go mbeadh BG lárnach i gcoincheap deartha agus leagan amach gach forbartha sa Chontae, lena n-áirítear, gan a bheith teoranta do, úsáid chónaitheach, tráchtála agus mheasctha trí BG a shainaithint go sonrach mar chuid den phlean tírdhreacha, ag sainaithint sócmhainní comhshaoil lena n-áirítear moltaí a dhéanann cosaint, bainistiú agus feabhsú ar shócmhainní BG a dhéanann naisc le líonraí áitiúla agus náisiúnta BG.



BG1 Cuspóir 5:

Leanúint ar aghaidh leis an idirchaidreamh le húdaráis áitiúla atá taobh linn d'fhonn cosaint agus feabhsú na gconairí tras-chontae BG a fheabhsú.



BG1 Cuspóir 6:

Comhoibriú le Comhairle Contae Chill Dara d'fhonn cur chuige coiteann i leith criosanna/spásanna glasa idir na lonnáiocthaí atá ag fáis laistigh de Chontaetha Átha Cliath Theas agus Chill Dara le linn saolré an Phlean Forbartha seo agus comhairle a chur ar na comhairleoirí maidir le haon chomhoibriú agus staidéar nó cur chuige atá beartaithe.



BG1 Cuspóir 7:

Conairí nasctha de mhion-choillearnaigh dúchasacha uirbeacha 'Miyawaki' a fhorbairt, le híosmhéid de 100m.cr., d'fhonn carbón a cheapadh agus an bhithéagsúlacht a spreagadh i limistéir thógtha oiriúnacha atá ann cheana, i bhfearainn pháirce de ghrád íseal, agus i limistéir eile de thailte criosaithe a mheastar a bheith oiriúnach agus cuí.



BG1 Cuspóir 8:

Céatadán na talún sa Chontae, lena n-áirítear talamh chónaithe, atá á bhainistiú ar son na bithéagsúlachta a mhéadú i rith saolré an phlean seo, lena n-áirítear tacú le seachadadh chuspóirí Phlean Pailneora an Chontae agus leanúint ar aghaidh ag fiosrú an chumais chun modhanna íseal-lomtha a úsáid le linn saolré an Phlean.



4.2 Téamaí Straitéiseacha

Is cur chuige dearfa onghníomhach i leith talamhúsáide í an phleanáil BG atá dírithe ar réimse leathan seirbhísí éicea-chórais a sheachadadh. Is plean ilfheidhmeach é atá in ann sochair iomadúla agus frithpháirteacha chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha a sheachadadh. Tá beartais BG Chontae Bhaile Átha Cliath Theas eagraithe faoin gcúig théama a leanas d'fhonn an réimse leathan seirbhísí agus sochair éiceachórais a sholáthraíonn siad a léiriú.

Tugann na téamaí seo comhthacaíocht dá chéile, agus cabhraíonn na beartais shonracha le Líonra BG níos láidre agus níos seasmhaí a sholáthar.

Príomh-Théamaí



4.2.1. Bithéagsúlacht

Cuimsíonn an bhithéagsúlacht gach ceann de na cineálacha éagsúla beatha ar domhan agus na bealaí éagsúla a mbíonn na foirmeacha beatha seo ag idirghníomhú lena chéile agus lena dtimpeallacht. Tá an t-idirghníomhú casta a tharlaíonn idir na speicis agus na horgánaigh éagsúla riachtanach mar thaca agus mar chothú don bheatha dhaonna. Tá aer agus uisce glan, bia, leigheas agus na hacmhainní nádúrtha eile go léir atá riachtanach don bheatha laethúil ag brath ar ghnáthóga agus éiceachórais shláintiúla bithéagsúla a chosaint agus a fhorbairt. Tá an bhithéagsúlacht shláintiúil i gcroílár chur chuige na seirbhísí éiceachórais i leith na forbartha. Cabhraíonn éiceachórais agus bithéagsúlacht le tionchair athrú aeráide a mhaolú, trí fhuílleach uisce tuilte a ionsú nó trí chosaint a thabhairt dúinn in aghaidh teagmhais adhamsire. Is stóir mhóra charbóin iad coillte, portaigh agus gnáthóga eile. Trí chosaint a thabhairt dóibh is féidir linn tiúchan na ngás ceaptha teasa a theorannú. Tá cur chuige onghníomhach ag an bPlean seo maidir le bithéagsúlacht a chaomhnú agus a fheabhsú i gContae Átha Cliath Theas trí chosaint na ngnáthóg atá sa Chontae cheana a chur chun cinn agus gnáthóga díghrádaithe sa Chontae a athchóiriú agus ilroinnt gnáthóige a chomhrac trí aitheantas a thabhairt sa straitéis BG do chion na bithéagsúlachta i leith feabhsú na nasc agus na gconairí nua atá ann cheana agus naisc nua a chruthú mar chuid de líonra BG an Chontae

“Is ionann an bhithéagsúlacht agus an inathraitheacht i measc orgánaigh bheo ó gach foinse lena n-áirítear, inter alia, éiceachórais talún, mara agus uisceach eile agus na coimpléisc éiceolaíocha a bhfuil siad ina gcuid díobh; áirítear leis seo éagsúlacht ghéiniteach laistigh de speicis, idir speicis agus in éiceachórais.” Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Éagsúlacht Bhitheolaíoch

Ó bhunchnoic Sléibhte Bhaile Átha Cliath go Gleann na Life agus na páirceanna áitiúla agus réigiúnacha atá eatarthu, tá réimse leathan de limistéir shaibhre bithéagsúlachta i gContae Átha Cliath Theas. Tugtar cosaint ag leibhéal Eorpach do roinnt de na gnáthóga seo faoi na Treoracha Éan agus Gnáthóga agus tá siad ainmnithe mar chuid de líonra Eorpach Natura 2000. Tá trí láthair Natura 2000 i gContae Bhaile Átha Cliath Theas: LCS Ghleann na Smól, Limistéar Caomhnaithe Speisialta agus Limistéar Cosanta Speisialta Sléibhte Bhaile Átha Cliath/Chill Mhantáin, (féach Caibidil 3 Oidhreacht Nádúrtha, Cultúrtha agus Thógtha).

Tá seacht láthair spéisiúlachta speisialta sa Chontae atá ainmnithe mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha molta, lena n-áirítear Gleann na Dothra, Gleann na Life agus Gleann Lug Mhóir. Cuirtear lán-úsáid na gcumhachtaí pleanála áitiúla chun cinn sa Phlean d'fhonn díghrádú sna limistéir seo a íoslaghdú. Tá speicis éagsúla plandaí, ainmhithe agus éin dhúchasacha ag cur fúthu sna páirceanna réigiúnacha agus áitiúla agus sna spásanna oscailte poiblí, agus is limistéir thábhachtacha bithéagsúlachta iad iontu féin. Tá sé d'aidhm sa Phlean bithéagsúlacht na spásanna oscailte poiblí atá ann cheana a fheabhsú agus forbairt pháirceanna agus spásanna nua áitiúla a chur chun cinn, d'fhonn an bithéagsúlacht a chosaint agus a chur chun cinn ar fud an Chontae.

Tá páirt ríthábhachtach ag speicis phailneora dhúchasacha, ar nós na bumbóige agus an bheach mheala i gcaomhnú bithéagsúlacht na hÉireann trí bhairr, plandaí agus bláthanna a phailniú. Tá sé mar aidhm ag Plean Pailneoirí Uile-Éireann foráil a dhéanamh le pailneoirí a chosaint, tar éis an meath a tháinig orthu le blianta anuas mar gheall ar ilroinnt a ngnáthóga agus úsáid lotnaidicídí. Tá bearta éagsúla sa Phlean Náisiúnta atá dírithe ar thacú le speicis phailneora, ar nós úsáid lotnaidicídí a laghdú, moinéir de bhláthanna fiáine a chruthú agus minicíocht lomadh na spásanna oscailte poiblí a laghdú. Tá na moltaí seo curtha leis an Straitéis BG seo ag an gComhairle le cabhrú le bithéagsúlacht Chontae Átha Cliath Theas a chosaint.

Beartas BG2: Bithéagsúlacht

An líonra reatha BG a chosaint agus a chinntiú go ndéanann gach forbairt nua a gcion ar son BG, d'fhonn an bithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú ar fud an Chontae mar chuid de thiomantas Chomhairle Contae Átha Cliath Theas don Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta 2021-2025 agus Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, 2020-2026, an Creat Pleanála Náisiúnta agus Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiún an Oirthir (SSER).

BG2 Cuspóir 1:

Ilroinnt a laghdú agus líonra BG Chontae Bhaile Átha Cliath Theas a fheabhsú trí naisc éiceolaíocha idir limistéir uirbeacha, láithreacha Natura 2000, Limistéir Oidhreachta Nádúrtha molta, páirceanna agus spásanna oscailte agus an líonra réigiúnach níos leithne trí na forbairtí nua go léir a cheangal i líonra BG níos leithne.

BG2 Cuspóir 2:

Bithéagsúlacht agus luach éiceolaíoch an ghréasáin BG atá ann a chosaint agus a fheabhsú trí ghnéithe éiceolaíocha atá ann cheana lena n-áirítear seastáin crainn, coillearnacha, fála sceach agus sruthchúrsaí a chosaint i ngach forbairt nua mar chuid riachtanach den phróiseas deartha agus tógála nuair is féidir.



BG2 Cuspóir 3:

Deisiúchán siarghabhálach a dhéanamh ar ilroinnt gnáthóige agus foráil a dhéanamh le haghaidh athghiniúint flóra agus fána nuair a shainnítear laigí sa líonra trí na hidirghabhálacha nua BG a chur i bhfeidhm.



BG2 Cuspóir 4:

BG a chomhtháthú, agus limistéir atá le bainistiú le haghaidh bithéagsúlachta san áireamh, mar chuid riachtanach de gach forbairt nua de réir na riachtanas atá leagtha amach i gCaibidil 13 Cur chun Feidhme agus beartais agus cuspóirí na caibidle seo.



BG2 Cuspóir 5:

Líonra fála sceach an Chontae a chosaint agus a fheabhsú, go háirithe fála sceach atá mar theorainneacha baile fearainn, paróiste agus barúntachta ag aithint a dtábhacht stairiúil agus cultúrtha i dteannta lena dtábhacht éiceolaíoch, agus clúdach fála sceach a mhéadú ag baint úsáide as speicis dhúchasacha áitiúla lena n-áirítear tiomantas nach mbeidh aon ghlanchailteanas fála sceach ar aon suíomh forbartha agus cur chuige onghníomhach a ghlacadh i leith cosanta agus cur chun feidhme.



BG2 Cuspóir 6:

Tacaíocht a thabhairt go leanúnach do Phlean Pailneora an Chontae agus é a leathnú trí bhainistiú agus faireachán ar láithreacha cosanta pailneora an Chontae mar chuid de thiomantas na Comhairle i leith fhorálacha an Phlean Náisiúnta Pailneoirí 2021-2025.



BG2 Cuspóir 7:

Luach bithéagsúlachta limistéir bhonneagair crua in úinéireacht phoiblí a fheabhsú trí chrainn, féir agus speicis nua eile a chur, agus an bonneagar seo a chomhtháthú dá réir sa líonra foriomlán BG.



BG2 Cuspóir 8:

Gach céim is féidir a ghlacadh le tionchair mhéadú siamsaíochta sa líonra BG ar an mbithéagsúlacht a mhaolú, ag cur tionchair rothair streachailte, madraí, dróin, bruscair agus dumpáil mhídhleathach san áireamh.



BG2 Cuspóir 9:

Leas a bhaint as acmhainn iomlán na himlíne tearcúsáidte agus spásanna teorann na bpáirceanna trí fhéara fiáine agus fásra nádúrtha eile a chuireann feabhas ar bhithéagsúlacht agus ar ghnáthóga a mhéadú mar thaca don Phlean Náisiúnta Pailneoirí agus smaoineamh ar mhóinéir de bhláthanna fiáine a bheadh tairbheach don bhithéagsúlacht.



BG2 Cuspóir 10:

An bhithéagsúlacht agus sláinte na speiceas pailneora a fheabhsú trí úsáid gliogáilte a thoirmisc i bpáirceanna poiblí, i gclósanna súgartha poiblí, i ngairdíní/cuibhrinn agus laistigh d'eastáit chónaithe, cibé acu ag foireann atá fostaithe go díreach ag an Údarás Áitiúil nó ag conraitheoirí príobháideacha.



4.2.2 Bainistíocht Inbhuanaithe Uisce

Is gné thábhachtach uathúil den líonra BG iad sruthchúrsaí an Chontae. Is conairí bithéagsúlachta iad atá ríthábhachtach do réimse de speicis chosanta. Is féidir le bainistiú agus feabhsú meáite na sruthchúrsaí agus na limistéar bogaigh bearta éifeachtúla a sholáthar chun cabhrú le tuilte a bhainistiú agus cáilíocht uisce a fheabhsú.

Is iad Treoir an AE maidir le Tuilte agus moltaí Thuarascáil Náisiúnta Athbhreithnithe ar Bheartas Tuilte 2004 atá ag tiomáint bainistíocht tuilte in Éirinn. Déileálann an Córas Pleanála agus na Treoirínte um Bainistíocht Riosca Tuilte d'Údarás Phleanála, DECLG agus OPW (2009) agus Ciorclán P12 / 2014 DECLG leis an gcomhéadan idir bainistíocht riosca tuile agus an córas pleanála. Luaitear sna Treoirínte nach mór do na céimeanna i bpróiseas an Phlean Forbartha agus a Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil tacaíocht a fháil ó anailís chuí ar riosca tuilte.

Ullmhaíodh Measúnú Straitéiseach ar Riosca Tuilte (SFRA) sa Chontae chun tacú leis an Measúnú Straitéiseach Comhshaoil ar Phlean Forbartha an Chontae. Rinneadh an measúnú de réir cheanglais na dTreoirínte um Bainistíocht Riosca Tuilte. Is cáipéis ar leith é an Tuarascáil SFRA atá le léamh ag an am céanna leis an bPlean seo agus le Caibidil 11 Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil

Conairí Bruachánacha

Is pointe fócasach do chuid mhór d'fhionnuisce an domhain iad na Conairí Bruachánacha. Feictear go bhfuil na limistéir seo tábhachtach ó thaobh próiseála bith-gheoicimicí agus soláthar seirbhíse éiceachórais dá éis. Tá ról cruthaithe acu maidir le gluaiseacht agus próiseáil truailléan uisce-iompartha a rialú. Tá eolas forleathan ar an ngaol idir ceantair bhruachánacha agus próiseáil cothaitheach, trí ghníomhú mar mhaoláin idir ceantair ardtailte agus uisce oscailte, cabhraíonn siad le truailléan a chóireáil. Gníomhaíonn fásra bruachánach le sreabhadh, dríodar agus topagrafaíocht chun tionchar a imirt ar fhoirm cainéil, gnáthóg ionsrutha, dinimic cothaitheach, teocht agus patrúin sreafa.

Dá bhrí sin, cuireann baint amach fásra ardtailte agus bruachánach trí thalmhaíocht agus uirbiú isteach ar naisc uisce talún as a dtagann laghdú ar cháilíocht uisce, simpliú bealaí srutha, córais theirmeacha agus sreafa nach bhfuil chomh seasmhach, agus ar deireadh thiar, sláine éiceachórais laghdaithe. Príomhfhoinsé de chothaithigh agus de charbón tairbhiúil ionsrutha is ea an fásra bruachánach, tugann sé scáth do speicis atá íogair go teirmeach (m.sh. bradáin) agus bíonn tionchar díreach aici ar mhoirfeolaíocht na gcainéal (cobhsú bruach, foinse Bhruscar Mór Adhmadach).

Tá ainmniú agus cothabháil chonairí bruachánacha na bpríomh-sruthchúrsaí

agus a gcrabhb-aibhneacha riachtanach leis na seirbhísí éiceachórais a sholáthraíonn na sruthchúrsaí a uasmhéadú. Déanann maoláin fhásúla bruachánacha soláthar do na seirbhísí éiceachórais mar a leanas:

- Idircheapadh agus laghdú thruailleán ionchasacha ó fhoinsí talmhaíochta agus uirbeacha araon,
- Maolú uiscí tuile,
- Cobhsú bruacha,
- Méideanna rith chun srutha a laghdú,
- Soláthar gnáthóga agus tearmann,
- Conairí éiceolaíocha
- Is foinse cothaithe tábhachtach é an bruscar plandúil a thiteann isteach sna sruthchúrsaí don bhithra insrutha
- Scáthú teirmeach an tsruthchúrsa,
- Luach conláiste.

Beartas BG3: Bainistíocht Inbhuanaithe Uisce

Luach nádúrtha, stairiúil, conláiste agus bithéagsúlachta shruthchúrsaí an Chontae a chosaint agus a fheabhsú. A cheangal go ndéanfar bainistíocht agus cosaint fhadtéarmach ar na sruthchúrsaí seo mar bhunghnéithe suntasacha de Líonra Bonneagair Ghlais an Chontae agus an Réigiúin agus idirchaidreamh a dhéanamh le Comhlachtaí Forordaithe ábhartha mar is cuí.

Uiscí tuile a riar a oiread is féidir le linn aimsire neamhghnách tuile agus bithéagsúlacht agus conláiste a fheabhsú trí conairí bruachánacha a ainmniú agus srianta cuí a chur ar fhorbairt sna conairí seo.

BG3 Cuspóir 1:

A chinntiú go ndéantar measúnuithe hidramorfacha nuair a bhíonn an fhorbairt a bheartaítear laistigh de thailte atá go páirteach nó go hiomlán laistigh de na Conairí Bruachánacha a shainaithnítear mar chuid den Phlean Forbartha seo.



BG3 Cuspóir 2

A cheangal ar thograí forbartha atá laistigh de chonairí bruachánacha a thaispeáint conas is féidir sláine na conaire bruachánach a chothabháil agus a fheabhsú ag féachaint do bhainistíocht riosca tuile, bithéagsúlacht, soláthar seirbhíse éiceachórais, cáilíocht uisce agus hidramoirfeolaíocht.



BG3 Cuspóir 3:

Fásra bruachánach dúchasach a chur chun cinn agus a chosaint feadh gach sruthchúrsa agus a chinntiú go ndéantar maolán bruachánach fásúil 10m ar a laghad ó bharr bhruach na habhann a chothabháil / a athbhunú feadh gach sruthchúrsa laistigh d'aon suíomh forbartha.



BG3 Cuspóir 4:

Lintéir atá ann cheana a nochtadh nuair is cuí agus de réir na moltaí ábhartha do bharcheantar chun an sruthchúrsa a athbhunú go caighdeán éiceolaíocha inghlactha don bithéagsúlacht nuair is féidir, feabhas a chur ar nasc gnáthóige agus líonra BG an Chontae a neartú.



Córais Draenála Inbhuanaithe Uirbeacha (SuDS)

Cuidíonn gnéithe nádúrtha agus spásanna oscailte mar pháirceanna nó foraoisí le huisce stoirme a choinneáil agus a stóráil, ag cur moille lena insíothlú isteach sa chóras uisce agus ag scagadh truailléan. Ach mar gheall ar laghdú ar sholáthar spásanna oscailte agus rátaí pábhála neamhscagacha, féadfaidh limistéir uirbeacha a bheith faoi dhúshlán maidir le bainistiú uisce dromchla. Stiúirítear uisce chuig córais draenála bonneagair liatha ach uaireanta sáraítear an cumas draenála linn fearthainne troime, agus tarlaíonn tuilte. Sreabhann truailléan ón timpeallacht uirbeach isteach sa chóras uisce gan srian, agus d'fhéadfadh sé cáilíocht iomlán an uisce a laghdú. Is réiteach ar bhainistíocht uisce atá bunaithe ar nádúr é Córais Draenála Uirbeacha Inbhuanaithe (SuDS) a bhfuil sé mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna seo ar bhealach inbhuanaithe, trí phróisis insíothlaithe nádúrtha ón gcomhshaoil a úsáid agus aithris a dhéanamh orthu.

Le fealsúnacht SuDS déantar aithris ar an timthriall nádúrtha hidreolaíoch; cuirtear insíothlú, galú, imghalú, bailiú uisce fearthainne ag a fhoinsé agus stóráil shealadach an uisce i linnte, sraith de chomhpháirteanna a thógáil nó a chomhcheangal le 'traein bainistíochta' a chruthú. Glactar leis go ginearálta gurb iad seo a leanas an trí 'chrann taca' le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar uisce stoirme:

- (i) Ráta agus cainníocht an doirteadh uisce stoirme a laghdú,
- (ii) cáilíocht an doirteadh uisce stoirme agus na ndobharlach a ghlacann leis a fheabhsú; agus
- (iii) Luach conláiste agus bithéagsúlachta a sholáthar. Tá sé rithábachtach íogaireacht an chomhshaoil máguaird agus cáilíocht uisce le sruth a chur san áireamh le córais SUDS a fheidhmiú go rathúil, go háirithe agus aghaidh á thabhairt againn ar neamhchinnteachtaí athrú aeráide.

Cruthaíodh treoir maidir le dearadh, critéir agus feidhmiú SuDS faoi Staidéar Straitéiseach Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (DODDS). Tabharfaidh cáipéis Treorach SuDS Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas tuilleadh treorach do lucht forbartha agus do pháirtithe leasmhara maidir le SuDS a fheidhmiú. Tá linnte agus bogaigh, draenáil inbhuanaithe, agus crainn uirbeacha i measc na mbearta SuDS a oireann don réimse poiblí agus do limistéir chomhroinnte. Le dearadh cúramach is féidir leis na gnéithe seo cabhrú leis an sráid-dhreach a fheabhsú. I measc na mbearta logánta a bhaineann go sonrach le suíomh tá díonta / ballaí glasa, stiallacha scagtha, gairdíní báistí, butaí uisce agus pábháil thréscailteach a ionchorprú nuair is cuí (féach Aguisín 4 agus Caibidil 11 Bonneagar agus Seirbhísí Comhshaoil agus Caibidil 13 Cur chun Feidhme agus Faireachán.






Beartas BG4 Córais Draenála Inbhuanaithe

Córais Draenála Uirbeacha Inbhuanaithe (SUDS) a éileamh sa Chontae agus luach conláiste agus bithéagsúlachta na gcóras seo a uasmhéadú.

BG4 Cuspóir 1:

Rith chun srutha uisce dromchla ó fhorbairtí nua a theorannú trí Chórais Draenála Uirbeacha Inbhuanaithe (SuDS) a úsáid, trí réitigh uisce dromchla agus nádúr-bhunaithe a úsáid, agus a chinntiú go ndéantar SuDS a chomhtháthú i ngach forbairt nua sa Chontae agus iad a bheith deartha de réir Treoir Míniúcháin, Dearaidh agus Meastóireachta le haghaidh Córais Draenála Inbhuanaithe (SuDS) Chontae Bhaile Átha Cliath Theas.



<p>BG4 Cuspóir 2: Traein chóireála SuDS a chuimsiú le linn an chéim dheartha mar a ndéantar bainistiú ar uisce dromchla go háitiúil i bhfo-dhobharcheantair bheaga seachas é iompar go córais mhóra agus a bhainistiú níos faide síos sa dobharcheantar.</p>	
<p>BG4 Cuspóir 3: A éileamh go mbeidh soláthar spás oscailte ilfheidhmeach i bhforbairtí nua chun soláthar a dhéanamh don éiceolaíocht agus bainistíocht inbhuanaithe uisce.</p>	
<p>BG4 Cuspóir 4: A éileamh go ndéantar gach beart SuDS a chríochnú go caighdeán tógáil i gcúram.</p>	
<p>BG4 Cuspóir 5: Gnéithe SuDS a chur chun cinn mar chuid de ghlású na sráideanna uirbeacha agus tuaithe d'fhonn rith chun srutha ó shráideanna a shrianadh nó a mhoilliú ó dhul isteach sa líonra draenála stoirme.</p>	
<p>BG4 Cuspóir 6: Na córais draenála uisce dromchla atá sa Chontae cheana a chothabháil agus a fheabhsú agus forbairt na gCóras Draenála Uirbeach Inbhuanaithe (SUDS) a chur chun cinn agus a éascú, lena n-áirítear bogaigh thógtha chomhtháite ag leibhéal áitiúil, ceantair agus Contae, chun eis-sreabhadh uisce dromchla a rialú agus cáilíocht uisce a chosaint.</p>	

4.2.3 Seasmhacht Aeráide

Is ionann 'seasmhacht' agus an cumas chun frithghníomhú agus athshlánú a dhéanamh ó thurraingí agus ó shuaitheadh ón taobh amuigh, chomh maith leis an fhadhbhreathnaitheacht le bheith ag súil le dúshlán sa toadhcháil agus ullmhúchán onnghníomhach a dhéanamh ina leith. Aithnítear an t-athrú aeráide mar fhoinsé domhanda suaithithe, a mbeidh tionchar aige ar fhás agus ar fhorbairt spásúil agus eacnamaíoch na hÉireann sna deacáidí atá romhainn. Freagraíonn an Plean don dúshlán seo agus cuireann sé cur chuige BG chun cinn a i bhfreagairt Chontae Bhaile Átha Cliath Theas d'fhonn a chinntiú go mbeidh an contae seasmhach in aghaidh thionchair athrú aeráide anois agus amach anseo.

Áirítear i measc iarmhairtí an athrú aeráide luaineacht i dteochtaí séasúracha, déine báistí níos mó agus níos mó stoirmeacha, rud a mhéadaíonn an dóchúlacht go mbeidh tuilte ann. Tá ceantair uirbeacha go háirithe soghabhálach do na hiarmhairtí seo. Ionsúnn tírdhreacha tógtha tríthoiseacha níos mó de sholas na gréine agus coinníonn siad é, ag cur le teocht áitiúil níos airde i gcomparáid le ceantair tuaithe. Tugtar 'Iarmhairt Teasoileán Uirbigh' air seo, agus is féidir leis costas fuaraithe foirgneamh a ardú, agus cur isteach ar chompord áitritheoirí agus chuairteoirí. Tá ceantair uirbeacha níos soghabhálaí do bháisteach dhian agus do stoirmeacha a fhaigheann an ceann is fearr ar chórais draenála uisce stoirme.

Beidh ról tábhachtach ag BG sa chomhrac in aghaidh athrú aeráide agus i maolú a chuid iarmhairtí. Cuireann limistéir chrainn, foraoise agus páirceanna an Chontae seirbhísí luachmhara ceaptha carbóin ar fáil, ag ionsú CO₂ ón atmaisféar agus á stóráil san ithir. Soláthraíonn plandáil crann agus idirghabhálacha áitiúla BG eile fuarú agus scáth i gceantair uirbeacha, agus cinntíonn siad timpeallacht inchónaithe chompordach d'áitritheoirí agus do chuairteoirí. Is féidir le plandáil BG agus SuDS ról tábhachtach a imirt chomh maith i rith chun srutha uisce stoirme.

Glasú Uirbeach

Tugtar Glasú Uirbeach ar idirghabhálacha a dhéanann mionathruithe ar cháilíocht, ar chainníocht agus ar rochtain spásanna uirbeacha glasa. Is féidir Glasú Uirbeach a bhaint amach trí spásanna nua uirbeacha a bhunú nó airíonna na spásanna atá ann cheana a athrú. Is féidir leis an bpróiseas tagairt do speictream leathan de bhearta ar féidir iad a infheidhmiú ag scálaí éagsúla i spásanna príobháideacha nó poiblí. Ina measc seo tá mion-pháirceanna, gairdíní uirbeacha, díonta / ballaí glasa, garraíodóireacht áineasa agus uirbeach/pobail agus d'fhéadfadh go n-áireofaí orthu rochtain éascaithe ar choillearnacha uirbeacha, foraoisí agus ceantair fhiadhúlra nádúrtha. Cuidíonn glasú uirbeach le truailliú aeir agus torainn a chomhrac, súnn sé isteach uisce báistí a d'fhéadfadh tuilte a chruthú murach é, cruthaíonn sé gnáthóg don fhiadhúlra áitiúil, agus tá sé léirithe go n-ardaíonn meanma sna daoine a fheiceann é, gur féidir leis trácht a cheansú agus tá fianaise áirithe ann gur féidir leis an choiriúlacht uirbeach a laghdú.

Cuirtear Glasú Uirbeach i bhfeidhm go minic trí Thoisc Glasaithe Uirbeach (TGU) a fhorbairt. Is uirlis í seo a dhéanann méid agus cáilíocht an ghlású uirbigh a sholáthraíonn scéim a mheas agus a chainníochtú chun bonn eolais a chur faoi chinntí faoi leibhéil iomchuí glasaithe i bhforbairtí nua. Ba cheart go mbeadh sé bunaithe ar raon tosca comhaontaithe a chuireann le glasú ceantair mar shampla díon / balla glas, plandáil crann, fásra leathnádúrtha a sholáthar, móinéir bláthanna fiáine a sholáthar, gnéithe uisce, fálú agus plandáil crann srl. Is é an toradh a bheadh ann d'fhorbairt áirithe ná sprioc-scór a bhaint amach bunaithe ar scóir shannta d'idirghabhálacha comhaontaithe.

Is ionann **díon glas** agus díon a bhfuil fásra de chineálacha éagsúla curtha air, lena n-áirítear féir, flóra, luibheanna agus glasraí. Is féidir díonta glasa a chuimsiú i bhforbairtí nua agus a shuiteáil go cúlghabhálach ar fhoirgnimh níos sine d'fhonn sochair éagsúla a bhaint amach. Is féidir leo cur leis an seasmhacht in aghaidh athrú aeráide, cabhrú le cáilíocht an aer agus teochtaí a fheabhsú agus uisce stoirme a choinneáil agus a scagadh chun brú ar an mbonneagar draenála a mhaolú. Ag brath ar an meascán plandaí a úsáidtear féadfaidh díonta glasa cur le bithéagsúlacht áitiúil, chomh maith le spásanna conláiste poiblí agus príobháideacha nua a sholáthar agus luachanna réadmhaoine a mhéadú. Is féidir le **ballaí glasa** sochair chosúla a sholáthar agus cur le dearadh agus le comhforbairt uirbeach.



Plandáil Crann

Níl aon cheist faoi luach na gcrann maidir le carbón a cheapadh. Rinneadh clúdach an cheannbhrat sa Chontae a mheas bunaithe ar shonraí a chuir Coláiste na

Beartas BG5: Seasmhacht Aeráide

BG an Chontae a neartú i gceantair uirbeacha agus tuaithe d'fhonn seasmhacht in aghaidh turraingeacha agus suaithithe sa todhchaí a eascraíonn as athrú aeráide a fheabhsú.

BG5 Cuspóir 1:

An bhithéagsúlacht shaibhir agus na héiceachórais a chosaint agus a fheabhsú de réir chur chuige na seirbhísí éiceachórais i leith forbartha lena gcumasaítear maolú na dtionchar athrú aeráide, trí uisce tuile iomarcach a ionsú, maolán a sholáthar i gcoinne imeachtaí aimsire foircneacha, astaíochtaí carbóin a ionsú agus truailliú a scagadh.



BG5 Cuspóir 2:

Córas nádúrtha sruthchúrsaí an Chontae a chosaint agus a fheabhsú chun a luach seasmhachta in aghaidh tuile a ghabháil ar bhealach níos éifeachtaí.



BG5 Cuspóir 3:

A chinntiú go gcomhlíontar Plean Gníomhú Athrú Aeráide Bhaile Átha Cliath Theas agus forálacha Straitéis Bainistíochta Crann na Comhairle.



- Clúdach ceannbhrait crainn an Chontae a mhéadú trí phlandáil bhliantúil, caomhnú cothabhála agus feabhsú crann, coillearnacha agus fála sreach laistigh den Chontae a chur chun cinn trí speicis dúchasacha áitiúla a úsáid agus tacú lena gcomhtháthú i bhforbairt nua.
- Láithreacha oiriúnacha a shainaithint le haghaidh crann nua uirbeacha lena n-áirítear mion-choillearnaigh i stíl Miyawaki, nuair is indéanta.
- Tacú le cur chuige réigiúnach comhordaithe a chur i bhfeidhm maidir le crainn a chothabháil agus tacú le hobair an Ghrúpa Stiúrtha Réigiúnaigh ar Bhainistíocht Crann a bhfuil Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ina rannpháirtí ann.
- Bunú rianta crann a chur chun cinn i bpáirceanna poiblí ar fud an Chontae.
- Plandáil choillearnach agus foraoise nua a chur chun cinn i spás oscailte agus i láithreacha páirceanna cuí sa Chontae.
- 'Mion-choillte' a phlandáil i réimsí oscailte féaraigh mar thearmann don bhithéagsúlacht.
- Aithníonn an Chomhairle go bhfuil crainn lánfhásta níos luachmhara ó thaobh ceapadh carbóin agus conláiste ná crainn óga.

BG5 Cuspóir 4:

Toisc ghlasaithé uirbeach a chur i bhfeidhm le haghaidh gach forbartha nua faoi réir meicníocht scórála iomchuí atá á fhorbairt don Chontae bunaithe ar na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr agus a chur i bhfeidhm go cuí ar ghnéithe uathúla an Chontae. Éileofar ar fhorbróirí a thaispeáint conas atá spriocanna glasú uirbeach bainte amach acu bunaithe ar an sás scórála atá forbartha, trí idirghabhálacha ábhartha mar chuid den fhorbairt atá beartaithe. (Féach Caibidil 13 Feidhmiú agus Faireachán).



BG5 Cuspóir 5:

Bearta dearfa a chur chun cinn chun an talamh agus an ithir a chosaint d'fhonn díghrádú nó cailliúint acmhainní nádúrtha ithreach a sheachaint, séalú ithreach a íoslaghdu agus talamh éillithe a athshlánú.



BG5 Cuspóir 6:

Clúdach crann níos mó a sholáthar ar fud an chontae, go háirithe i gceantair ina bhfuil crainn gann.

**BG5 Cuspóir 7:**

A cheangal go gcuirfear díonta glasa agus ballaí glasa ar fáil, le sochair a sholáthar don bhithéagsúlacht agus mar chuid chomhtháite de Chórais Draenála Inbhuanaithe (SuDS) agus den Bhonneagar Glas, i bhfoirgnimh árasáin, tráchtála, fóillíochta agus oideachais, nuair is féidir agus bonn fianaise a fhorbairt le haghaidh riachtanas sonracha do dhíonta glasa mar chuid d'fhorbairt leanúnach straitéis SuDS na Comhairle.



4.2.4 Áineas agus Conláiste (Sláinte agus Folláine Daonna)

Tuigtear go soiléir go mbíonn tionchar dearfa ag an dúlra agus an saol allamuigh ar shláinte agus ar fholláine an duine. Ag an am céanna tá níos mó feasachta ann faoin tionchar atá ag truailiú an aer ar shláinte an duine, agus na hiarmhairtí iomadúla diúltacha a bhíonn aige. Déanann cur chuige BG sa phleanáil na sochair atá in éiceachórais atá ag feidhmiú go sláintiúil do neacha daonna. Le fanacht sláintiúil agus leanúint ar aghaidh ag déanamh sochair do dhaoine, ní mór sláine na n-éiceachóras agus a mbithéagsúlacht a chosaint.

Cuireann líonra BG Bhaile Átha Cliath Theas go mór le meabhairshláinte agus le sláinte fhisiceach ár bpobal. Is ionaid áineasa tábhachtacha do na háitritheoirí agus do chuariteoirí iad na páirceanna agus na spásanna oscailte atá faoi úinéireacht phoiblí agus faoi bhainistíocht phoiblí ag an leibhéal áitiúil, comharsanachta agus réigiúnach. Is díol spéise taitneamhachta suntasach iad Sléibhte Bhaile Átha Cliath agus is ceann scríbe móréilimh iad le haghaidh siúil, dreapadóireachta agus marcaíochta rothar. Feidhmíonn lán de na spásanna oscailte seo mar phríomhionaid bhithéagsúlachta, agus déanann na crainn, an fhoraoiseacht agus na coillearnacha scagadh ar charbón agus ar thruailleáin eile iontu, ag cur le cáilíocht an aeir. Le linn thréimhse an phlean seo caomhnóidh an Chomhairle na deiseanna áineasa seo agus tacóidh sí le tionscadail nua agus nuálaíochtaí ar nós Glasbhealach na Dothra, a chuirfidh feabhas agus éagsúlú breise ar na bealaí inar féidir le háitritheoirí agus cuairteoirí rochtain a fháil ar an dúlra sa Chontae agus taitneamh a bhaint as.

Is comh-thionscadal le Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair é Glasbhealach na Dothra a bheidh os cionn 17km ar fhad, agus a chuirfidh bealach comhtháite coisithe agus rothaíochta ar fáil ó na céanna i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath go Gleann an Smóil i mbunchnoic Shléibhte Bhaile Átha Cliath. Beidh an struchtúr suntasach seo comhtháite sa chóras páirceanna atá ann cheana d'fhonn rochtain shábháilte tharraingteach ar spás oscailte a sholáthar ar fud an Chontae. Úsáidfear cur chuige réamhbhreathnaitheach mar seo chun deiseanna nua a shainnint agus a chur chun cinn chun taitneamhacht agus feidhm líonra BG an Chontae a fheabhsú. Tacóidh an Chomhairle le Plean Tiontú Sléibhte Bhaile Átha Cliath a fhéachann le foraoisí tráchtála i Sléibhte Bhaile Átha Cliath a thiontú ina gcoillearnacha dúchasacha agus measctha chun a luach bithéagsúlachta agus a taitneamhacht áineasa a fheabhsú. Tá deis ann freisin scrúdú a dhéanamh ar na háiseanna spóirt agus fóillíochta éagsúla atá lonnaithe ar fud an Chontae, lena n-áirítear páirceanna imeartha, páirceanna scátála agus spóirt uisce, chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le hidirghabhálacha BG iomchuí a bhfeidhm agus a inrochtaineacht a fheabhsú tuilleadh.

Is féidir le **réitigh nuálacha dearaidh** cabhrú le háiseanna traidisiúnta áineasa atá neadaithe sa tírdhreach, ar nós clóis súgartha agus páirceanna scátála, a chomhtháthú sa líonra áitiúil BG. Leis sin is féidir úsáid na spásanna seo a éagsúlú, agus cur chomh maith le bainistiú uisce stoirme. I gceantar na Saoirsí i mBaile Átha Cliath tá páirc scátála curtha le léanta agus plandáil chrann i bPáirc Weaver le spás ilfheidhme allamuigh a chruthú a fhreastalaíonn ar úsáid ghníomhach agus éighníomhach, chomh maith le margaí agus taispeántais faoin aer. Agus ar mhór-roinn na hEorpa is sampla í Páirc Scátála Lemvig de pháirc ilfheidhme áineasa a rinneadh as páirc scátála aon-fheidhme. Tá an limistéar scátála pábháilte fite fuaite le limistéir féaraigh curtha, chomh maith le cúirt bheag cispheile agus poll gainimh, ag soláthar spásanna scoite ach idirnasctha inar féidir le teaghlaigh agus cuairteoirí de gach aois imirt agus a scíth a ligean.

Déanann an Chomhairle bainistiú ar **chuibhrinn** ag Páirc Thigh Motháin i dTamhlacht, i bPáirc Chorcaí i gCluain Dolcáin, i mBaile na mBráthar i mBóthar na Bruíne, agus i Lána an Mhuilinn i mBaile Phámar. Is féidir le háitritheoirí íoc as na cuibhrinn seo a úsáid lena dtorthaí agus a nglasraí féin a fhás, rud a sholáthraíonn ar bhia inacmhainne sláintiúil. Tugann na cuibhrinn deis aclaíochta agus teagmhála sóisialta do dhaoine chomh maith, agus tá páirt thábhachtach acu i bhfeabhsú na bithéagsúlachta áitiúil. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag cosaint agus ag cur na gcuibhreann atá ann cheana agus chun cinn agus ag soláthar do cuibhrinn nua de réir athbhreithnithe ar sholáthar agus bainistíocht na gcuibhreann ar fud an Chontae.



Beartas BG6: Sláinte agus folláine Dhaonna

Inrochtain agus taitneamhacht áineasa BG an Chontae a fheabhsú d'fhonn sláinte agus folláine an duine a fheabhsú agus an timpeallacht nádúrtha ina dtarlaíonn an caitheamh aimsire a chosaint.

BG6 Cuspóir 1:

Tacú le réimse spásanna oscailte agus áiseanna áineasa, atá oiriúnach do mhéid agus do limistéar na comharsanachta, atá in-oiriúnaithe agus in ann freastal ar úsáid éagsúil (Féach Caibidil 8 Pobal agus Spás Oscailte Poiblí).



BG6 Cuspóir 2:

An acmhainn fóillíochta agus conláiste a thairgeann páirceanna an Chontae a uasmhéadú trí Phleananna Bainistíochta a chur chun cinn a dhéanann soláthar ar son fheabhsú leanúnach ar shuíomh na bpáirceanna, na bithéagsúlachta agus na saoráidí áineasa.



BG6 Cuspóir 3:

Bealaí atá inrochtain, tarraingteach agus sábháilte a sholáthar le lonnaíochtaí a nascadh le líonra BG an Chontae.



BG6 Cuspóir 4:

A chinntiú go mbíonn rochtain ar spás oscailte glas ilfheidhme á sholáthar ag gach forbairt nua cónaitheach, de réir forálacha Chaibidil 8 Pobal agus Spás Oscailte Poiblí den Phlean Forbartha seo agus Straitéis Pháirceanna agus Spás Oscailte Chontae Bhaile Átha Cliath Theas.



BG6 Cuspóir 5:

Tacú le bealaí siúil agus bealaí rothaíochta nua a sholáthar i láithreacha oiriúnacha d'fhonn conláiste fóillíochta na gconairí BG a fheabhsú ar bhealach nach mbaineann d'fheidhmeanna éiceolaíocha na gconairí.



BG6 Cuspóir 6:

Tionchar comhshaoil soilsithe seachtracha laistigh den líonra BG a íoslaghdú chun cothromaíocht inbhuanaithe a bhaint amach idir riachtanais áineasa ceantair, sábháilteacht bealaí siúil agus rothaíochta agus speicis sholas-íogaire ar nós ialtóga a chosaint (Féach Caibidil 3 Oidhreacht Nádúrtha, Cultúrtha agus Thógtha).



BG6 Cuspóir 7:

Spásanna oscailte faoi úinéireacht poiblí a fheabhsú le BG iomchuí breise lena n-áirítear idirghabhálacha nádúr-bhunaithe chun na seirbhísí a sholáthraíonn siad a fheabhsú agus a éagsúlú.



BG6 Cuspóir 8:

Tacú, i gcomhaontú leis an údarás seachadta, le fuaráin uisce uisce poiblí lasmuigh a sholáthar feadh gach bealach rothair tiomnaithe nua agus amach anseo, soithigh in-athúsáidte a chur chun cinn agus an t-aistriú ó phlaisteach aonúsáide a spreagadh go gníomhach.



BG6 Cuspóir 9:

Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht fálda sceach a phlandáil feadh bóithre chun cabhrú le torann agus truailliú aeir a mhaolú, agus chun taitneamhacht amhairc a mhéadú agus an bithéagsúlacht a fheabhsú.



BG16 Cuspóir 10:

Cuibhrrinn atá ann cheana a chosaint agus a chur chun cinn agus soláthar a dhéanamh le haghaidh cuibhreann nua nuair is indéanta i gcomhréir le hathbhreithniú ar sholáthar agus ar bhainistiú na gcuibhreann ar fud an Chontae.



4.2.5 Oidhreacht Tírdhreacha, Nádúrtha, Chultúrtha agus Thógtha

Tá an oidhreacht nádúrtha, chultúrtha agus thógtha comhdhéanta den raon de shócmhainní nádúrtha saorga a bhfuil luach oidhreachta acu sa chontae. Tá limistéir atá tábhachtach don bhithéagsúlacht, ar nós sruthchúrsaí, coillearnacha agus sócmhainní cultúrtha ar nós séadchomharthaí, foirgnimh agus tírdhreacha tábhachtacha san áireamh.

Is cuid thábhachtach de charachtar Bhaile Átha Cliath Theas í an oidhreacht nádúrtha. Tá réimse ilghnéitheach tírdhreacha sa Chontae atá ina ngnáthoga tábhachtacha éiceolaíocha agus ina limistéir d'áilleacht nádúrtha chomh maith. Is cuid de chomhthéacs nádúrtha, cultúrtha agus tógtha iad bunchnoic Shléibhte Bhaile Átha Cliath, gleannta abhann na Dothra agus na Life agus an Chanáil Mhór, agus cuireann siad le suíomh agus le carachtar an Chontae, chomh maith le húsáidí áineasa tábhachtacha a sholáthar do na háitritheoirí (Féach Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha, Aguisín 9). Is deis í oidhreacht an Chontae chomh maith le níos mó cuairteoirí agus turasóirí a mhealladh chun an cheantair mar gheall ar a thaitneamhacht agus a áilleacht. Aithnítear iolrachas na luachanna sa Straitéis BG agus tá sé mar aidhm aici foráil a dhéanamh chun oidhreacht Bhaile Átha Cliath Theas a chosaint agus a bainistíocht agus a húsáid inbhuanaithe a chinntiú.

Cuireann an oidhreacht nádúrtha, chultúrtha agus thógtha le comhfhorbairt ag an leibhéal áitiúil. Tá gean cultúrtha agus mothúchánach ag daoine ar a dtimpeallacht nádúrtha. Cabhraíonn sé linn ár bpobail a léirmhíniú agus nasc a dhéanamh leis agus cothaíonn sé ómós áite agus comhtháthú pobail. B'fhéidir nach mbeadh cuma ró-thábhachtach ar ghnéithe áitiúla oidhreachta, ar nós páirc bheag, scata crann nó fiú líne d'fhál i gcomhthéacs níos leithne an Chontae. Ach cabhraíonn na gnéithe seo linn ár bpobail agus taithí na ndaoine iontu a shainmhíniú. Tá líonra BG Bhaile Átha Cliath Theas níos mó ná suim a pháirteanna agus cuireann an oidhreacht áitiúil le líonra sláintiúil BG ar fud an Chontae a mbainfidh na háitritheoirí leas as.

Is dúshlán mór don Phlean é ár n-oidhreacht agus ár dtírdhreach a chosaint agus bainistiú ar athruithe a dhéanamh air ar bhealach a fheabhsaíonn gnéithe oidhreachta agus tírdhreacha, struchtúir, foirgnimh, láithreáin agus áiteanna sainspéise seachas iad a laghdú.

Beartas BG57 Oidhreacht Tírdhreacha, Nádúrtha, Chultúrtha agus Tógtha

Gnéithe tírdhreacha, nádúrtha, cultúrtha agus oidhreachta tógtha a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, agus tacú le cuspóirí agus gníomhartha Phlean Oidhreachta an Chontae.

BG7 Cuspóir 1:

Gnéithe oidhreachta nádúrtha, tógtha agus cultúrtha a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú agus srian a chur ar fhorbairt a mbeadh tionchar diúltach aici ar na sócmhainní seo de réir fhorálacha Chaibidil 3 Oidhreacht Nádúrtha, Chultúrtha agus Tógtha den Phlean Forbartha seo.



BG7 Cuspóir 2:

Carachtar tírdhreacha an Chontae a chosaint agus a fheabhsú trína chinntiú go gcoinníonn, go gcosnaíonn agus go bhfeabhsaíonn forbairt cuma agus carachtar an tírdhreacha, de réir fhorálacha Mheasúnú Carachtair Tírdhreacha Bhaile Átha Cliath Theas agus forálacha Chaibidil 3 Oidhreacht Nádúrtha, Chultúrtha agus Tógtha den Phlean Forbartha seo.



BG7 Cuspóir 3:

Oibriú i gcomhar le húinéirí tailte feadh imlíne Choillearnach Ráth Chúil chun é a chosaint agus an fiadhúlra a úsáideann é agus na seirbhísí éiceolaíocha a sholáthraíonn sé a chosaint.



BG7 Cuspóir 4: Coillearnach Ráth Chúil a fhorbairt mar chuid de rian dúlra/siúlóide níos leithne ó Theach Sagard go Coill an Loig le haird ar a bithéagsúlacht, a fiadhúlra agus a luach éiceolaíoch atá fíorthábhachtach a chosaint.



BG7 SLO 1:

An chonair fhiadhúlra ghlas reatha idir Teach Sagard agus Ráth Chúil a chothabháil agus an gá atá leis an gconair fhiadhúlra seo a chaomhnú a ionchorprú i bpleananna deartha agus forbartha Pháirc Ráth Chúil.

BG7 SLO 1*:

Cumas úsáidí malartacha na dtailte a bhfuil criosú RES-N acu faoi láthair a fhiosrú (le soláthar a dhéanamh le haghaidh pobail nua chónaitheach de réir na bpleananna ceantair atá faofa) agus OS (Spás oscailte agus áineasa a chaomhnú agus soláthar a dhéanamh dóibh) mar atá sainitheanta ag an SLO ar léarscáil chriosú talamhúsáide an PFC, le haird ar ghnáthóga atá ann cheana, bithéagsúlacht agus coillearnaigh Ráth Chúil a chosaint, an gá atá le tithíocht shóisialta agus inacmhainne, le bonneagar pobail agus le rochtain. Nuair a bheidh an measúnú seo déanta, agus i gcás socruithe malartacha talamhúsáide a bheith sainitheanta de réir phleanáil cheart agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, moltaí a thabhairt ar aghaidh maidir le hathchriosú.

* Tá an SLO seo athráite ón gCroí-Straitéis ar mhaithe le sothagracht.

4.2 An Creat Spásúil a Shainmhíniú

Tá líonra BG na Comhairle sainitheanta agus mapáilte mar chuid d'fhorbairt na straitéise seo. Tá creat spásúil sainitheanta do BG an Chontae atá comhdhéanta de raon éagsúil de chineálacha gnáthóige agus tírdhreacha, ó ghleannta abhann agus mór-pháirceanna go gairdíní príobháideacha agus spásanna glasa uirbeacha agus láithreacha Natura 2000 agus NHA atá beartaithe san áireamh. Bhí tacair sonraí eile ina mbonn eolais don straitéis freisin, lena n-áirítear léarscáileanna tuilte agus conairí bruachánacha. Tá éagsúlachtaí i ndáileadh agus i gcáilíocht BG ar fud an Chontae. Ach tagann sócmhainní BG an Chontae le chéile chun líonra casta comhtháite de chomhpháirteanna a chruthú a bhfuil a luach iomlán níos mó ná suim na bpáirteanna.

4.2.2 Comhpháirteanna an Líonra BG

Déantar sainmhíniú spásúil ar líonraí BG de réir comhpháirteanna coiteanna éagsúla. Feidhmíonn Croí-limistéir mar ancairí i líonra BG. Is iad seo foinse agus ceann scríbe an fhiadhúlra agus is láithreacha iad ina dtarlaíonn na bun-phróisis éiceolaíocha. Is naisc fhisiceacha iad na conairí a cheanglaíonn líonra na gCroí-Cheantar le chéile. Bíonn siad ailínithe le sruthchúrsaí nó le spásanna oscailte líneacha de ghnáth agus ceadaíonn siad aistriú speiceas idir Croí-ghnáthóga. Is ceantair níos lú de spás glas iad na Céimeanna Aistir. Soláthraíonn siad bealaí malartacha gluaiseachta do na speicis laistigh den líonra iomlán agus cuireann siad leis an mbithéagsúlacht áitiúil. Déanann leagan amach spásúil na gcomhpháirteanna éagsúla seo agus a ngaol le chéile líonra spásúil BG eile. I gcomhthéacs Chontae Bhaile Átha Cliath Theas soláthraíonn na Croí-Limistéir seo naisc ní hamháin laistigh den Chontae féin ach leis na hÚdaráis Áitiúla eile atá ceangailte leis: Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Contae Chill Mhantáin, Comhairle Contae Chill Dara agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Tá príomhghnéithe agus comhpháirteanna chreat spásúil BG an Chontae sonraithe thíos:


- Áirítear i measc **Croí-Cheantair Mhóra** an Chontae Sléibhte Bhaile Átha Cliath agus na páirceanna feadh Ghleann na Life a sholáthraíonn naisc láidre BG le contaetha atá taobh leis. Áirítear sna **Croí-Cheantair** eile mór-pháirceanna agus spásanna glasa poiblí, ar nós Páirc Bhaile Uaitéir agus Diméin Leamhcáin i nGleann na Life, agus Páirc Tigh Motháin agus Páirc Chorcaí. Leathnaíonn Limistéar Ordú Taitneamhachta Speisialta Ghleann na Life cosaint laistigh de Ghleann na Life ó Shéipéil Iosóid go Leamhcán. Is ionaid thábhachtacha bithéagsúlachta iad na croí-cheantair seo iontu féin agus feidhmíonn siad freisin mar shócmhainní tábhachtacha áineasa d'áitritheoirí agus do chuirteoirí Bhaile Átha Cliath Theas.
- Nascann líonra **Conairí** forluiteacha agus ilfheidhmeacha BG croí-cheantair an Chontae le Sléibhte Bhaile Átha Cliath, Gleann na Life, cúlchríoch tuaithe Chill Dara agus an líonra BG réigiúnach níos leithne. Cuimsíonn na conairí seo sruthchúrsaí den chuid is mó agus na criosanna bruachánacha a ghabhann leo, mar Abhainn na Life, na Dothra, agus na Camóige chomh maith leis an gCanáil Mhór. Tá dhá chonair fhéideartha bhreise atá ag teacht chun cinn feadh an imeall uirbeach aitheanta, atá buailte le teorainn Chontae Chill Dara (acmhainneacht chreasa ghlais / spáis ghlais) agus Chonair an M50. Cuimsíonn conairí an líonra fairsing fáilte scean agus crainn atá ar fud an Chontae chomh maith.

Téann na príomhchonairí trí na ceantair riaracháin in aice láimhe: Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Cathair Bhaile Átha Cliath, Cill Dara agus Fine Gall. Beidh aird ag an Straitéis BG dá réir sin ar an ngá atá le cumarsáid agus comhoibriú trasteorann chun iad a bhainistiú go héifeachtach.


Faigheann na Conairí Áitiúla BG tacaíocht bhreise ó roinnt de Chonairí Straitéiseacha BG an Chontae, mar a léirítear i bhFigiúr 4.4. Déantar cur síos ar leithligh ar gach conair straitéiseach i dTábla 4.1, mar aon lena gcuspóirí gaolmhara. Tugtar breis mioneolais faoi na Conairí Áitiúla BG in Aguisín 4.

- Tá roinnt spásanna glasa scoite níos lú i líonra BG an Chontae atá scaipthe ar fud a cheantair thógtha. Áirítear ina measc plásóga agus páirceanna agus spásanna glasa eile ar scála áitiúil. Feidhmíonn na spásanna seo mar **Chéimeanna Aistir** do speicis le bogadh ar fud an líonra níos leithne conairí agus croí-limistéir agus cuireann siad le raon de shochair áitiúla breise a bhaineann le caitheamh aimsire agus bainistíocht uisce stoirme.
- Tá gnéithe áitiúla BG i lárionaid uirbeacha an Chontae lena n-áirítear crainn uirbeacha, spásanna oscailte níos lú agus gnéithe bainistiú uisce ar nós SuDS. Déanann an Straitéis BG iarracht na gnéithe seo a fheabhsú agus a chinntiú go mbíonn siad ceangailte leis an líonra BG níos leithne.


Leis an Straitéis seo déantar iarracht a chinntiú go mbeadh gach forbairt nua ag cur le líonra BG an Chontae. Soláthraíonn sé bearta chun na tréithe BG sa Chontae chena a chosaint agus a fheabhsú le soláthar do naisc le Céimeanna Aistir (ag cruthú Céimeanna Aistir) agus ar deireadh ag soláthar naisc le Conairí BG agus Croícheantair an Chontae agus an Réigiúin. Cuireann sé seo le maolú agus oiriúnú láidir ar athrú aeráide i gContae Bhaile Átha Cliath Theas, rud a ligeann dúinn na spriocanna náisiúnta agus réigiúnacha dá dtagraítear i gcuid 4.0.1 thuas a bhaint amach.



Figiúr 4.2: Comhpháirteanna i Líonra BG



Figiór 4.3: Gnéithe Tábhachtacha de líonra BG Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas



Figiór 4.4: Léarscáil Straitéise don Bhonneagar Glas

4.2.3 Cuspóirí na gConairí Straitéiseacha

Tá cuspóirí gach ceann de na sé chonair straitéiseacha leagtha amach thíos i dTábla 4.1.

Tábla 4.1 Conairí Straitéiseacha Bonneagair Ghlais

Conair Straitéiseach 1: An Dothra
<p>Éiríonn Abhainn na Dothra i Sléibhte Bhaile Átha Cliath i nGleann an Smóil agus sreabhann soir ó thuaidh trí cheantair riaracháin Bhaile Átha Cliath Theas, DLR agus Chathair Bhaile Átha Cliath sula dtéann sí isteach san fharraige ag Imchuach na Canálach Móire i Rinn Éanna. Dá réir sin, tugann an Dothra deis uathúil chun líonra BG Bhaile Átha Cliath Theas a nascadh le líonra a chomharsana.</p> <p>Tá tréithe uathúla ag an Dothra mar abhainn uirbeach laistigh de phríomhchathair agus mar chonair thábhachtach BG don bhithéagsúlacht. Ag an leibhéal réigiúnach is conair Straitéiseach BG í an Dothra atá ag dul trí thrí chontae uirbeacha/fo-uirbeacha agus ag nascadh láithreacha éagsúla Natura 2000 agus le naisc chuig Sléibhte Bhaile Átha Cliath/Chill Mhantáin agus Muir Éireann. Conair láidir éiceolaíoch is ea an Dothra, le hacmhainn luachmhar bithéagsúlachta, agus gníomhaíonn sí mar thearmann agus mar chosaint don bhithéagsúlacht go ginearálta, agus go háirithe le haghaidh réimse leathan de speicis chosanta tríd an tírdhreach uirbeach - fíor-'Bhonneagar Glas'. I gcomhthéacs Eorpach, is cás an-leithleach é cruidíní, tomadóirí, dobharchúnna agus loimprí a bheith i láthair feadh abhainn uirbeach ar nós na Dothra, go háirithe i bpríomhchathair.</p> <p>Tá páirceanna móra ar bhruacha na Dothra a sholáthraíonn conláiste agus áineas do dhaonra na cathrach. Rinneadh an fhorbairt is déanaí ar Bhealach Glas na Dothra mar thoradh ar chomhoibriú idir Comhairlí Bhaile Átha Cliath Theas, Chathair Bhaile Átha Cliath, agus Dún Laoghaire Ráth an Dúin. Leis an tionscadal seo cruthófar bealach glas 17km ag nascadh na céanna i lár na Cathrach i mBaile Átha Cliath le Tascumar Bhóthar na Bruíne ag Gleann an Smóil. Tá Baile Átha Cliath Theas freagrach as 14km den bhealach glas, ó Thaiscumar Bhóthar na Bruíne go Páirc Orwell i Ráth Fhearnáin. Beidh an Bealach Glas á úsáid ag coisithe agus rothaithe. Ní mór feabhsú a dhéanamh ar an gcomhshaol trína dtéann sé sa phleanáil don Bhealach Glas.</p>

Cuspóirí Uileghabhálacha:

- Conair ilfheidhmeach BG a sholáthar ag trasnú agus ag nascadh na sléibhte, na gceantar uirbeach agus tuaithe agus ag nascadh le conairí réigiúnacha eile.
- Ról Chonair na Dothra a aithint, a chosaint agus a fheabhsú mar phríomhbhealach tríd an timpeallacht uirbeach don bhithéagsúlacht agus do speicis chosanta.
- Conair na Dothra a chosaint agus a fheabhsú mar limistéar oidhreachta, geolaíochta, conláiste speisialta agus caitheamh aimsire.
- Faireachán a dhéanamh ar aon tionchair dhiúltacha ar bhithéagsúlacht agus speicis chosanta a eascraíonn as gníomhaíochtaí áineasa agus bealaigh ghlasa agus aghaidh a thabhairt orthu, d'fhonn luach ard Chonair na Dothra a choinneáil mar nasc Bonneagair Ghlais tríd an gContae agus an réigiún.
- Deiseanna chun cáilíocht agus bithéagsúlacht imill bhruacha abhainn na Dothra a fhiosrú.
- Gnáthóga éiceolaíochta a fheabhsú agus a chothabháil feadh chonair na habhann chun soghluaisteacht a fheabhsú do speicis faoi chosaint agus tacú le seirbhísí éiceachórais eile mar shuímh phailneora, tanú tuile, agus spásanna le haghaidh áineasa le tionchar íseal.
- Leanúint le rialú speiceas ionrach neamhdhúchasach a chur i bhfeidhm laistigh den Chontae lena n-áirítear cois na Dothra, agus bearta rialaithe a chomhordú le páirtithe leasmhara eile, nuair is féidir, chun cur chuige comhoibritheach a chinntiú.
- Bonneagar glas agus gorm chonair na Dothra a chosaint agus nádúrthacht maolánacha bruachánacha na n-aibhneacha a athbhunú trí speiceas dúchasacha plandaí a chur agus forbairt nua a íoslághdú laistigh de na ceantair mhaolánacha bruachánacha (taispeántar Criosanna Maolán bruachánacha ar Léarscáil BG a ghabhann leis an bPlean Forbartha.)
- Speicis íogaire i nGleann na Dothra a chosaint agus a chinntiú nach mbíonn tionchar dochrach ag an fhorbairt nua áineasa i nGleann na Dothra ar speicis oíche.
- Carachtar agus conláiste suntasach Ghleann na Dothra a chosaint agus a fheabhsú (Féach Caibidil 3: Oidhrecht Nádúrtha, Chultúrtha agus Thógtha).
- Gnéithe nádúrtha chrios maolánach bruachánach na Dothra a athbhunú agus plandaí speiceas plandaí dúchasacha a chur chun cinn.
- Na pleananna do Ghlasbhealach na Dothra a chur i bhfeidhm de réir Chuid 8 don scéim.

Croí-Limistéir agus Céimeanna Aistir	Cuspóirí a bhaineann le Croí-Limistéir/ Céimeanna Aistir
<p>Croí-Cheantair Sléibhte Bhaile Átha Cliath / Chill Mhantáin Taiscumar Bhóthar na Bruíne</p> <p>Gleann an Smóil</p> <p>Céimeanna Aistir Páirc Choill Tobair</p>	<ul style="list-style-type: none"> → Tacú le '<i>Plean Tiontú Coillte Shléibhte Bhaile Átha Cliath</i>' le Coillte Nature a chur i bhfeidhm i gcomhar le Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath, d'fhonn an bithéagsúlacht agus conláiste gníomhach físiúil a chur chun cinn. → Rochtain íogair fóillíochta ar Ghleann an Smóil agus ar Shléibhte Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn ar bhealach nach gcuireann isteach ar a shláine mar chroí-limistéar bithéagsúlachta. → A chinntiú nach mbíonn tionchar dochrach ag cur chun feidhme Bhealach Glas na Dothra ar an mbithéagsúlacht, BG nó luach taitneamhachta Pháirc Ghleann na Dothra trí na moltaí/ceanglais mar atá leagtha amach sna tuarascálacha comhshaoil don scéim a fhorfheidhmiú. → Láithreacha a d'fhéadfadh soláthar a dhéanamh le haghaidh níos mó tanú ar uisce tuile, nó tanú uisce, a shainnithint agus iad a bhainistiú chun na críche seo. → Leanúint ar aghaidh le réimis bainistíochta féaraigh, fáлта sceach agus tírdhreacha a fhorfheidhmiú le tacú leis an mbithéagsúlacht, agus le láithreach éan a dhéanann nead ar thalamh go háirithe, i bPáirc Choill an Tobair.



Conair Straitéiseach 2: Conaire an M50

Is cuid thábhachtach é an M50 den bhonneagar náisiúnta iompair a nascann Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas le DLR, cathair BÁC agus Fine Gall. Cé go ngníomhaíonn sí chun nascacht na bithéagsúlachta agus na bpobal áitiúla a bhriseadh, aithnítear sa Straitéis BG go bhfuil deiseanna ann chun BG a fheabhsú ar feadh an M50.

Trasnaíonn an M50 conairí bithéagsúlachta Abhainn na Life, na Canála Móire, na Camóige, an Phoitéil, na Dothra, agus fo-aibhneacha an Teampaill Ghil agus na Dothra Bige. Trasnaíonn sé Páirc Líneach Ghleann na Dothra chomh maith agus déanann sé dhá leath de Pháirc Thigh Motháin. Tá réimse de spásanna oscailte eile agus de pháirceanna comharsanachta ar fáil feadh an imlíne, mar atá ag Baile an Mhóta, Cill na Manach, Cnoc Mitin, agus Baile Chuilin.

Tá deis ann le hidirnascaidh na bpáireanna, na spásanna glasa agus na gconairí abhann atá suite feadh an M50 a shainaithint agus a fheabhsú. Áirítear sna bearta naisc bhreise thuaidh-theas do choisithe agus do rothaithe (m.sh. ag an gCanáil Mhór) chomh maith le naisc thoir-thiar nuair is féidir. Cabróidh sé seo le nascacht bhreise BG a dhéanfaidh leas don bhithéagsúlacht agus do chuspóirí áineasa.

Síneann conair an M50 isteach i gceantar riaracháin Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ó dheas agus Comhairle Contae Fhine Gall ó thuaidh. Dá réir sin, tá deis bhreise ann chun feabhsúcháin BG a leathnú isteach sna contaetha seo chun tábhacht na conaire seo a bhreisiú m.sh. Is deis amháin den chineál sin an cumas atá ag naisc BG ón gContae go tailte ag Dún Sinche.

Cuspóirí Uileghabhálacha:

- An nascacht atá idir na páirceanna agus na spásanna oscailte cheana féin ar dhá thaobh chonair an M50 a fheabhsú.
- Naisc chonaire agus luach bithéagsúlachta a fheabhsú trí phlandáil chuí ar dhá thaobh Chonair an M50, chun na deiseanna a uasmhéadú chun truailliú torainn agus aeir a fheabhsú, taitneamhacht amhairc a mhéadú, bithéagsúlacht a fheabhsú agus conairí éiceolaíocha leanúnacha agus naisc ghlasa a sholáthar nuair is féidir sin i gcomhairle le TII / NTA.
- Nascacht Chonair BG an M50 le líonra leathan BG Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn, i gcomhairle le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Comhairle Contae Fhine Gall.
- An cumas chun bonneagar feabhsaithe coisithe agus rothaithe a fheidhmiú idir conair na Canálach Móire agus spásanna glasa ag Cnoc Mitin a fhiosrú.
- Naisc bhreise thuaidh-theas do choisithe agus do rothaithe (m.sh. ag an gCanáil Mhór) a shainaithint agus tacú leo, chomh maith le naisc thoir-thiar nuair is féidir.

Croí-Limistéir agus Céimeanna Aistir	Cuspóirí a bhaineann le Croí-Cheantair/ Céimeanna Aistir
<p>Croí-Limistéir Páirc Ghleann na Dothra</p> <p>Páirc Thigh Motháin An Chanáil Mhór Gleann na Life (Páirc Bhaile Uaitéir)</p> <p>Céimeanna Aistir Páirc Bhaile an Mhóta / An Fearann Nua Páirc Bhaile Choilín</p>	<ul style="list-style-type: none"> → Sásanna maoinithe AE ar son réiteach ar athrú aeráide a fhiosrú, féidearthacht éicea-dhroichead nó éicea-thollán trasna an M50 a fhorbairt nó a iarfheistiú d'fhonn nascacht éiceolaíoch a sholáthar idir an dá thaobh de Pháirc Thigh Motháin ar son na bithéagsúlachta agus ar son na bpobal áitiúla. → Sásanna maoinithe AE ar son réiteach ar athrú aeráide a fhiosrú, féidearthacht éicea-dhroichead nó éicea-thollán trasna an M50 a fhorbairt nó a iarfheistiú d'fhonn nascacht éiceolaíoch a sholáthar idir an dá thaobh de Pháirc Bhaile Choilín agus an Spás Glas ag Bóthar Chnoc na Seamar. → Feabhsú gnáthóige a chur chun cinn ag Páirc Bhaile Choilín.



Conair Straitéiseach 3: Conair na Canála Móire

Is príomhghné Náisiúnta den Bhoneagair Glas í an Chanáil Mhór, a ghníomhaíonn mar nasc mór éiceolaíoch agus áineasa idir Abhainn na Sionainne i lár na tíre agus Cathair Bhaile Átha Cliath mar a dtéann an chanáil isteach san fharraige. Mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha beartaithe, tá an Chanáil ag tacú le raon de phríomhsheirbhísí éiceachórais feadh a bealach iomláin agus cuireann sí bealach mór ar fáil do raon speiceas cosanta ó chúlchríoch tuaithe Bhaile Átha Cliath trí thimpeallacht uirbeach Chontae Bhaile Átha Cliath Theas.

Cé go bhfuil deiseanna suntasacha áineasa agus conláiste ar fáil ón gCanáil Mhór, ní mór na forálacha seo a bheith oiriúnach do stádas na Canála, nuair atá bithéagsúlacht á chailliúint, mar phríomhchonair bithéagsúlachta. Tá sé seo tábhachtach go háirithe san áit a mbuaileann an Chanáil le timpeallacht uirbeach Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, mar a bhfuil sé de chumas ag dlúis daonra níos airde agus an t-éileamh ar sholáthar áineasa nascacht réigiúnach éiceolaíoch na Canála a bhearnú agus a bhriseadh.

Is pointe mór croisbhealaí é Conair na Canálach Móire le Conairí Straitéiseacha aitheanta eile sa Straitéis seo: Conair an M50, an Chonair Imeach Tuaithe / Uirbeach, agus Conair na Life-go-Life, agus nascann naisc áitiúla eile leis na réimsí eile de Conair Ghleann na Life. Tá deiseanna ann freisin nasc a dhéanamh le Bealach na Canálach Ríoga i gComhairle Contae Fhine Gall, ag leathnú an chumais le haghaidh nascacht bhreise BG i réigiún Bhaile Átha Cliath.

Cuspóirí Uileghabhálacha:

- An Chanáil Mhór a chosaint agus a fheabhsú mar chonair ghlas éiceolaíoch, ag tabhairt aitheantais dá ról mar chonair náisiúnta/réigiúnach don fiadhúlra agus do sheirbhísí éicea-chórais éagsúla.
- A chinntiú go dtugann an fhorbairt feadh na Canála Móire agus in aice léi, lena n-áirítear soláthar íogair saoráidí taitneamhachta agus áineasa, aitheantas do stádas éiceolaíoch na Canála, go seachnaítear ceantair agus gnéithe de bhithéagsúlacht agus d'íogaireacht oidhreachta, agus go sainaithnítear agus go gcuimsítear achair chúlthaca nó ceantair mhaolánacha cuí.
- Nascacht éiceolaíoch agus áineasa a éascú agus a fheabhsú idir Bhealaigh Ghlasa na Canála Móire agus na Canála Ríoga.
- Idirghabháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara feadh na Canála Móire le comh-chuspóirí a bhaint amach don ghné BG seo, gan tionchar diúltach a imirt ar sheirbhísí nádúrtha éiceachórais na Canála. Tréscailteacht agus rochtain ar an gCanáil Mhór a fheabhsú d'áitritheoirí agus do chuairoteoirí ar bhealach nach spreagann ilroinnt gnáthóige.
- A chinntiú go bhfeabhsóidh dearadh na saoráidí áineasa agus taitneamhachta feadh Chonair na Canála Móire carachtar an tírdhreacha trína dtéann sé (féach Aguisín 9 Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, le haghaidh sonraí faoi charachtar tírdhreacha).

Croí-Limistéir agus Céimeanna Aistir	Cuspóirí a bhaineann le Croí-Cheantair/ Céimeanna Aistir
<p>Croí-Limistéir An Chanáil Mhór pNHA</p> <p>Céimeanna Aistir Spásanna glasa ag spás glas na Ciseoige ag Scrobarnach Chluain Buiríosa ag Spásanna Oscailte Chúil Scadáin ag Ráth an Deagánaigh agus Bánóg. Spás Oscailte agus dobharlach ag Páirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí.</p>	<ul style="list-style-type: none"> → Fálta sceach a chaomhnú agus a fheabhsú chun nascacht fheabhsaithe a sholáthar idir an scrobarnach ag Cúil Scadáin (ó thuaidh ó Chaisleán na Gráinsí Thiar) agus Conair BG na Canála Móire → Maolánú breise plandáilte a bhunú ar feadh na Canála Móire sa Chill Mhór chun tionchar na ngníomhaíochtaí tionsclaíocha ag Eastát Tionscail na Páirce Thiar agus Eastát Tionscail an Nascbhóthair Thiar ó thuaidh a mhaolú agus luach bithéagsúlachta agus tírdhreacha / comhfhobartha na gcanálacha a chaomhnú. → Feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht laistigh de limistéir spáis oscailte ag gníomhú mar chéimeanna aistir in aice le Conair na Canála Móire.



Conair Straitéiseach 4: Conair Ghleann na Life

Trasnaíonn Abhainn na Life teorainn thuaidh an Chontae agus is conair BG í a bhfuil tábhacht réigiúnach léi. Soláthraíonn sé 'scamhóg ghlas' do Chathair / Chontae Bhaile Átha Cliath agus is príomhghné é den líonra BG réigiúnach níos leithne, ag rith óna foinse i Sléibhte Chill Mhantáin trí mhachairí Chontae Chill Dara agus trí Chontae Bhaile Átha Cliath go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath áit a dtéann sí isteach sa bhfarraige.

Tá codanna d'Abhainn na Life ainmnithe mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha beartaithe, agus tá an chuid laistigh de Chontae Bhaile Átha Cliath Theas agus Contae Fhine Gall faoi réir Ordú um Limistéar Taitneamhachta Speisialta. Léiríonn na hainmniúcháin seo éagsúlacht na ngnáthóga agus na speiceas cosanta a fhaigheann tacaíocht ón Life.

Soláthraíonn suíomh páirce maorga oscailte chodanna de Ghleann na Life deiseanna chun luach taitneamhachta amhairc agus tírdhreacha an ghleann a neartú agus bealaí coisithe agus rotháíochta atá deartha go cuí a chruthú atá in ann dul trasna an Chontae agus nasc a dhéanamh le taitneamhachtaí i gcontaetha tadhlaacha.

Cuspóirí Uileghabhálacha:

- Sárcharachtar agus éiceolaíocht Chonair Ghleann na Life a chosaint agus a fheabhsú, mar aitheantas dá luach mar thírdhreach tábhachtach réigiúnach agus mar ghné BG a thacaíonn le gnáthóga, speicis agus seirbhísí éiceachórais thábhachtacha.
- Luach fóillíochta agus taitneamhachta Chonair Ghleann na Life a chosaint agus a fheabhsú, agus a íogaireachtaí comhshaoil a aithint.
- An nascacht le an mbonneagar líonra BG réigiúnach máguaird a fheabhsú.
- Forbairt Ghleann na Life mar líonra idirnasctha de thalamh páirce a éascú agus agus tacú le forbairt bealaigh ghlais a mheastar go cúramach i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Fhine Gall, agus Comhairle Contae Chill Dara.
- Bonneagar glas agus gorm laistigh de chonair Ghleann na Life a chosaint bunaithe ar na bunaithe ar na criosanna maolánacha bruachánacha atá ar taispeáint ar Léarscáil BG a ghabhann leis an bplean seo.
- Carachtar agus taitneamhacht eisceachtúil thírdhreach Ghleann na Life a chosaint agus a fheabhsú (Féach Aguisín 9 Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, le haghaidh sonraí carachtair).

Croí-Limistéir agus Céimeanna Aistir	Cuspóirí a bhaineann le Croí-Cheantair/ Céimeanna Aistir
<p>Croí-Cheantair Limistéir ainmnithe faoi Ordú Limistéar Taitneamhachta Speisialta (SAAO) agus Limistéar Oidhreachta Nádurtha (pNHA) lena n-áirítear: Diméin Leamhcáin Tailte Leagáideacht na hIodáile Tailte St. Edmondsbury Tailte Ghalf-Chúrsa Hermitage Tailte King's Hospital Páirc Bhaile Uaitéir</p> <p>Céimeanna Aistir Arda Leamhcáin Cora Leamhcáin Páirc Vesey Páirc Ghleann an Ghrifín</p>	<ul style="list-style-type: none"> → An choillearnach, na crainn agus na fáлта sceach i nDiméin Leamhcáin a chaomhnú. → An cumas chun nascacht idir Diméin Leamhcáin agus tailte St. Edmondsbury a fheabhsú a fhiosrú. → An cumas chun rochtain fheabhsaithe ar thailte St. Edmondsbury ó Leamhcán a fhiosrú → Coillearnacha agus fáлта sceach i St. Edmondsbury a chaomhnú agus a fhiosrú. → An taitneamhacht áineasa le tacaíocht ó ghaireacht na habhann i nDiméin Leamhcáin a uasmhéadú. → Leanúint ar aghaidh le réimis bainistíochta féaraigh, fáлта sceach agus tírdhreacha a fhorfheidhmiú le tacú leis an mbithéagsúlacht, agus le láithreach éan a dhéanann nead ar thalamh go háirithe, i bPáirc Bhaile Uaitéir. → Plean a fhorbairt le rochtain ar Ghleann na Life chuig na tailte in úinéireacht phoiblí soir ó thuaidh ón Hermitage Clinic a bhainistiú. → Plandáil íogair a chur i bhfeidhm d'fhonn feabhas a chur ar leagan amach séadchomharthaí taifeadta, lena n-áirítear láithreán Chaisleán Woodville (Leamhcán), Séadchomhartha Taifeadta (uimh. DU017-006) chun cur le comhforbairt agus le taitneamhacht áitiúil.



Conair Straitéiseach 5: Conair Abhann na Camóige

Is í an chonair seo an comhéadan ginearálta idir na codanna uirbeacha agus tuaithe den Chontae. Leanann sí bealach na Camóige óna foinse i mbunchnoic Shléibhte Bhaile Átha Cliath trí cheantar uirbeach Chluain Dolcáin, ag sníomh trí Pháirc Chorcaí. Cé go bhfuil an brú uirbeach ag cur isteach ar abhainn na Camóige, tá speicis agus gnáthóga cosanta fós ann, agus is gné tábhachtach BG í an Chamóg dá bhrí sin.

Tá an-chumas sa chonair seo mar bhonneagar glas ag leibhéal réigiúnach a shníomhann trí limistéir uirbeacha de dhlús ard. Is ceart machnamh na rannóga lintéirithe a shoilsiú le solas an lae.

Tá sé de chumas ag forbairt an chomhéadain uirbeach/tuaithe an nascthacht atá ann cheana a scrios trí thaisme, don bhfiadhúlra agus do na pobail áitiúla araon. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach pleanáil chúramach a dhéanamh le prionsabail BG a chur san áireamh sa chrios comhéadain seo má tá BG na tuaithe le cosaint agus le corprú i bpobail nua agus i bhforbairtí fiontar.

Cuspóirí Uileghabhálacha:

- Aon bhriseadh breise ar líonra an Bhonneagair Ghlais a sheachaint ag an imeall uirbeach agus na naisc éiceolaíocha reatha idir limistéir thógtha feadh na conaire seo a neartú.
- An líonra BG a fheabhsú trí dhul i ngleic le fadhbanna cáilíochta gnáthóige feadh Abhainn na Camóige agus trí dheiseanna breise 'céimeanna aistir' a shainnaint feadh na habhann a chur san áireamh.
- Luach éiceolaíoch BG agus nascacht na ngnéithe tírdhreacha atá cruthaithe mar chuid den bhforbairt cheadaithe a fheabhsú.
- Soilsiú le solas an lae a lorg do na rannóga lintéir de Chonair na Camóige.
- Tacú leis na prionsabail atá ag teacht chun cinn i gCreatphlean Bóthar an Náis agus tacú le eadóirseacht Abhainn na Camóige mar chuid den phróiseas sin.
- Críochnú Bealaigh Glais a nascfaidh Páirc Chorcaí le Sráidbhaile Chluain Dolcáin a chur chun cinn agus ar aghaidh le Bealach na Canála Móire.

Croí-Cheantair agus Céimeanna Aistir	Cuspóirí a bhaineann le Croí-Cheantair/ Céimeanna Aistir
<p>Croí-Cheantair Páirc Chorcaí</p> <p>Céimeanna Aistir Sliabh Toll / Gleann Sláid Coill an Loig Páirc Ráth Chúil Spásanna oscailte ag Iarthar na Cathrach Spásanna oscailte ag Cill Chairbre</p>	<ul style="list-style-type: none"> → Fiosrú a dhéanamh ar dheiseanna féideartha chun cosáin áineasa atá ann cheana agus atá beartaithe ag Gleann Sláid a nascadh le Glasbhealach na Dothra atá ag teacht chun cinn d'fhonn rochtain chonláiste agus áineasa a fheabhsú. → Tacú le máistirphlean a fhorbairt do na tailte criosaithe ag Ráth Chúil agus na moltaí a chur i bhfeidhm. → Luach BG na gnéithe tírdhreacha nua-fhorbartha (lochanna srl) in Iarthar na Cathrach a fheabhsú. → n spás oscailte in aice le Páirc Ráth Chúil, a forbraíodh mar chuid d'Fhorbairt Tailte an Mhuilinn, a choinneáil mar limistéar spáis oscailte agus nasc a sholáthar idir Ráth Chúil agus Teach Sagard. → Tacú le cur chun feidhme Bhealach Siúil Ghleann an tSláid. → Stádas Pháirc Chorcaí a chaomhnú agus a fheabhsú mar pháirc réigiúnach le haghaidh seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais (tuilte san áireamh).



Conair Straitéiseach 6: Conair Imeall na Tuaithe

Tá an chonair seo tábhachtach do Bhaile Átha Cliath Theas agus don líonra réigiúnach BG níos leithne, ag soláthar nasc idir bunchnoic Shléibhte Bhaile Átha Cliath agus tailte ag Cill Mhantáin ó dheas, tríd an tírdhreach tuaithe a mharcálann an chuid thiar den Chontae leis an gCanáil Mhór agus Conairí Ghleann na Life agus atá nasctha le tailte ag Léim an Bhradáin i gCill Dara.

Aithníonn an nasc seo carachtar tírdhreacha tábhachtach agus oidhreacht tuaithe chonair thiar an Chontae agus léiríonn sé an réimse deiridh tírdhreacha sa Chontae a choinníonn a oidhreacht tuaithe ísealchríche, ag tacú lena phobail dhaonna agus lena bithéagsúlacht. Cuireann tírdhreach tuaithe na bpáirceanna agus na bhfálta sceach naisc éiceolaíocha suntasacha thuaidh-theas tríd an gContae le haghaidh seirbhísí éiceachórais agus do speicis mar ialtóga, broic, agus éin feirme. Soláthraíonn sé deis shuntasach freisin chun maolán glas a choinneáil le haghaidh soláthar bithéagsúlachta agus taitneamhachta do dhaoine idir fairsinge uirbeach an Chontae seo agus teorainn an Chontae le Contae Chill Dara.

Cothaíonn an chonair sócmhainní oidhreachta cultúrtha eile freisin, rud a léiríonn an stádas a bhí ag Contae Bhaile Átha Cliath Theas roimhe seo mar sholáthraí táirgí talmhaíochta do chathair Bhaile Átha Cliath a bhí ag leathnú.



Cuspóirí Uileghabhálacha:

- Bearta a shainnithint chun tírdhreach sainiúil tuaithe chúlchríoch thiar Chontae Bhaile Átha Cliath Theas a chosaint, mar léiriú ar a luach ard mar sholáthraí seirbhísí éiceachórais agus mar shócmhainn oidhreachta cultúrtha don Chontae agus mar scamhóg ghlas idir lonnaíochtaí atá ag fás san oirthear agus san iarthar.
- I gcomhar le Comhairle Contae Chill Dara fiosrú a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le crios glas nó spás glas a sholáthar idir na lonnaíochtaí atá ag fás i gComhairlí Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus Chill Dara laistigh de shaolré an Phlean Forbartha.
- Tacú le nasc inrochtana a fhorbairt idir Gleann na Life agus conairí na Canála Móire agus é a éascú.
- Conair fheabhsaithe éiceolaíoch, áineasa agus taitneamhachta a chosaint agus sholáthar le nascadh le conairí Bonneagair Ghlais an chontae ar theorainn thiar an chontae.
- Féidearthacht éicea-dhroichead nó éicea-thollán a fhorbairt nó a iarfheistiú thar bóthar an N7 agus an M4 a fhiosrú.
- Deiseanna le bia a tháirgeadh go háitiúil a chur chun cinn trí chuibrinn nó ar bhealaí eile mar is cuí.
- Carachtar tuaithe na mbóithre atá ann a choinneáil, ag coinneáil fálta sceach agus líonraí de dhíoga draenála.
- An cumas le haghaidh bealach conaire thiar a fhiosrú agus tacú leis le bealach marcáilte siúil / rothaíochta, ag úsáid bóithre poiblí, rianta siúil agus tailte inrochtana.
- Breithniú a dhéanamh ar na deiseanna le haghaidh athchóiriú fálta sceach tuaithe lena n-áirítear teorainneacha baile fearainn agus teorainneacha páirceanna ársa eile.
- Cion tairbhe na talmhaíochta i dtairgeadh bia d'ardchaighdeán agus i gcosaint na hoidhreachta nádúrtha a aithint agus cleachtais talmhaíochta atá báúil don chomhshaol a chur chun cinn.

Croí-Cheantair agus Céimeanna Aistir	Cuspóirí a bhaineann le Croí-Cheantair / Céimeanna Aistir
<p>Croí-Cheantair Sléibhte Bhaile Átha Cliath/Chill Mhantáin pNHA Gleann na Life</p> <p>Céimeanna Aistir Sliabh Toll / Gleann Sláid Páirc Airlie (á forbairt) Galf-Chúrsa Leamhcáin Fálta sceach agus Coillearnacha.</p>	<p>→ Tacú le 'Plean Tiontú Coillte Shléibhte Bhaile Átha Cliath' le Coillte Nature a chur i bhfeidhm d'fhonn an bhithéagsúlacht agus taitneamhacht ghníomhach fhísiúil a chur chun cinn.</p>

4.3 Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide



Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide

Foinsí Gásanna Ceaptha Teasa (GCT)	Bearta chun Dul i nGleic le Tionchair Aeráide
<p>Beidh tionchar ag gach forbairt ar chomhshaol agus ar aeráid an Chontae.</p> <p>Tacaíonn an chaibidil seo le ról BG maidir le cuspóirí beartais AE, náisiúnta agus réigiúnacha a bhaint amach maidir le gníomhú aeráide agus a ról i ndéanamh áiteanna ar ardchaighdeán, forbairt inbhuanaithe agus naisc cháilíochta fadtéarmacha do bithéagsúlacht agus do dhaoine ar fud an Chontae agus an réigiúin. Molann sé an smaoineamh gur féidir le haon forbairt beag nó mór cur le seirbhísí BG agus éiceachórais an Chontae agus tacú leo, rud a thabharfaidh an iliomad buntáistí.</p>	<p>I measc na mbeartas agus na gculpóirí atá sa chaibidil seo tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> → Beartas uileghabhálach chun líonra ilfheidhmeach BG a chosaint, a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh, ag úsáid cur chuige seirbhísí éiceachórais. → Léiríonn leagan amach as cúig réimse beartais téamaí an raon leathan seirbhísí agus tairbhí éiceachórais. Tugann na téamaí seo comhthacaíocht dá chéile, agus cabhraíonn na beartais shonracha le Líonra BG níos láidre agus níos seasmhaí a sholáthar. Is iad na téamaí seo: bithéagsúlacht, Bainistíocht Uisce Inbhuanaithe, Seasmhacht Aeráide, Áineas agus Conláiste (Sláinte agus Folláine an Duine) Tírdhreach, Oidhreacht Náidúrtha agus Chultúrtha. → Soláthraíonn sé creat spásúil do BG sa Chontae lena sainiúitear Conairí straitéiseacha agus áitiúla BG agus a sholáthraíonn cuspóirí maidir le cosaint agus feabhsú na gconairí seo. → Molann sé toisc ghlaisithe uirbeach a fhorbairt lena chur i bhfeidhm ar gach forbairt nuair a fhorbrófar é.





Dearadh Cáilíochta agus Comhfhorbairt Áite Shláintiúil

Fís

Sampla ceannródaíoch i ndearadh uirbeach inbhuanaithe agus i gcomhfhorbairt shláintiúil a chruthú a sholáthraíonn áiteanna tarraingteacha, nasctha, beoga agus dea-fheidhmiúla le cónaí agus obair iontu, le cuairt a thabhairt orthu, agus le haghaidh caitheamh aimsire agus infheistíochta.

5.0 Réamhrá

De réir fhorálacha an Chreat Pleanála Náisiúnta (CPN) agus na Straitéise Spásúla agus Eacnamaíochta Réigiúnaí (SSER) tá tosca dearaidh agus carachtar ceantair ina dtosca criticiúla chun áiteanna a dhéanamh tarraingteach agus sainiúil. Is príomhthoisic é ‘comhfhorbairt áite’ a bhfuil sé mar aidhm aige an nasc idir daoine agus na háiteanna a roinneann siad a neartú, ag cruthú na gcineálacha cearta timpeallachtaí inar féidir le daoine le cónaí agus obair, cuairt a thabhairt orthu, agus le haghaidh caitheamh aimsire agus infheistíochta.

Féachann an Chomhfhorbairt Áite shláintiúil le féiniúlacht agus carachtar uathúil áiteanna a chosaint agus a fheabhsú agus feabhsúcháin ar fholláine an duine agus ar cháilíocht na beatha a thagann as idirghníomhaíocht daoine agus a dtimpeallacht a éascú. Cruthaíonn forbairt limistéar forbartha straitéisí nua in éineacht le tailte athghiniúna suntasacha i gContae Bhaile Átha Cliath Theas deiseanna chun comhfhorbairt áite láidir a fhorbairt sa Chontae, agus timpeallachtaí tarraingteacha inbhuanaithe a sheachadadh le maireachtáil iontu.

Bíonn ról tábhachtach ag an timpeallacht thógtha i bhfolláine an duine agus i rath agus i mbeocht an Chontae. Is ceart gach forbairt nua i gContae Bhaile Átha Cliath Theas a dhearadh agus a sheachadadh ar bhealach a thugann aitheantas dá thábhacht i rath an Chontae agus ár saoránach sa todhcháí.

Dearadh Cáilíochta agus Comhfhorbairt Áite agus Gníomhú Aeráide Shláintiúil.

Is gné thábhachtach den chomhfhorbairt áite shláintiúil líonra gluaiseachta a sholáthar a cheadaíonn do dhaoine iompar poiblí agus bearta taistil gníomhacha a roghnú mar chéad rogha. Ní mór dúinn tacaíocht onghníomhach a thabhairt do sheachadadh líonra iompair a thairgeann modhanna iompair níos sláintiúla do dhaoine, modhanna a chabhróidh le hastaíochtaí carbóin a laghdú agus brú tráichta a laghdú. Ba chóir sráideanna a dhearadh do dhaoine le bogadh agus taitneamh a bhaint astu, leis an spás comhroinnte ag na húsáideoirí go léir. Beidh ról lárnach ag an gcur chuige seo maidir le háiteanna níos tarraingte a sheachadadh agus deiseanna a chruthú le bheith gníomhach go fisiciúil agus iarmhairtí diúltacha comaitéireachta carr-bhunaithe a laghdú.

Tá sé mar aidhm ag an bplean seo úsáid éifeachtach talún a bhaint amach le fócas ar ionaid uirbeacha lárnacha, agus dlús forbartha a bhaint amach a bheidh ábalta tacú le háiteanna beoga, dlúth, insiúil a thugann tosaíocht do ghluaiseacht coisithe. Tá foirm dhlúthfhorbartha ag teastáil le bearta den chineál sin a chur i bhfeidhm agus nuair a bhaintear amach go rathúil iad is féidir leo ról suntasach a imirt i ngníomhú aeráide, ag laghdú an ghá le taisteal i gcarranna agus astaíochtaí carbóin agus ag éascú deiseanna freisin chun foinsí fuinnimh níos inbhuanaithe agus in-athnuaite a úsáid.

Tá uimhreacha tagartha léirithe i dtéacs glas ar bheartais agus ar chuspóirí a mbeidh tionchar dearfach acu ar an aeráid.

Mar sin tá réimse leathan ag na beartais agus na cuspóirí atá leagtha amach sa chaibidil seo agus tá siad rithábhachtach chun na sócmhainní comhshaoil nádúrtha agus tógtha atá againn a chothabháil agus a aithint, bainistíocht íogair a dhéanamh orthu, agus bainistíocht íogair agus tionchar dearfach a imirt ar sheachadadh tithíochta inbhuanaithe agus ar fhás fostaíochta, ar idirghabhálacha iompair agus ar bhonneagar pobail sa Chontae amach anseo. Beidh feabhsúcháin leanúnacha ar bhonneagar fisiceach ag teastáil chomh maith le áiteanna sláintiúla tarraingteacha a chruthú.

Cuirfidh cur i bhfeidhm na mbeart sin sa chaibidil seo agus i gcaibidlí ina dhiaidh sin nuair a dhéantar in éineacht iad go mór le comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe, dea-fheidhmiúla agus tarraingteacha a sheachadadh sa Chontae mar a léirítear i gCaibidil 12 den phlean seo.

5.1 An Comhthéacs Beartais

Ní mór do bheartais agus cuspóirí an Phlean Forbartha a bheith ag réiteach leis an mbeartas náisiúnta agus réigiúnach pleanála mar atá leagtha amach sa Chreat Pleanála Náisiúnta (CPN) agus sa Straitéis Spásúil Eacnamaíochta Réigiúnach agus Eacnamaíoch (SSER).

Tá fíis aonair leagtha amach sa CPN chomh maith le tacar comhroinnte spriocanna le haghaidh gach pobail ar fud na tíre ar a dtugtar 'Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta'. Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta a bhaineann go sonrach le seachadadh Comharsanachtaí inbhuanaithe i gContae Bhaile Átha Cliath Theas a bhaineann le Fás Dlúth, Soghluaisteacht Inbhuanaithe, Inrochtaineacht Fheabhsaithe, Áiseanna agus Oidhreacht Fheabhsaithe, Bainistíocht Inbhuanaithe ar Bhonneagar, Rochtain ar Sheirbhísí Cúraim Leanáil, Oideachais agus Sláinte agus Aistriú chuig Pobal Ísealcharbóin Seasmhach Aeráide.

Tá roinnt cuspóirí eile ábhartha freisin ó thaobh Dearadh Ardchaighdeán agus Comhfhorbairt Áite Shláintiúil a sheachadadh:

- Éilíonn Cuspóir Beartais Náisiúnta 4 den CFN ar údaráis phleanála *'A chinntiú go gcruthófar áiteanna uirbeacha tarraingteacha, inúsáidte, dea-dheartha, ar ardchaighdeán, a bhfuil pobail éagsúla agus chomhtháite iontu a mbaineann ardchaighdeán beatha agus folláine leo'*.
- Ina theannta sin, leagtar amach i gCuspóir Náisiúnta Beartais 13 *'I gceantair uirbeacha, beidh cuimsiú caighdeán pleanála agus gaolmhara, lena n-áirítear airde foirgneamh agus páirceáil go háirithe a bheith bunaithe ar chritéir feidhmíochta a fhéachann le torthaí d'ardchaighdeán dea-dheartha a bhaint amach d'fhonn fás spriocdhírthe a bhaint amach. Beidh na caighdeán seo faoi réir raon lamháltais a chumasóidh réitigh mhalartacha a mholadh chun na torthaí luaite a bhaint amach, ar choinníoll nach gcuirtear sábháilteacht an phobail i gcontúirt agus go ndéantar an comhshaol a chosaint go hiomchuí. '{Ut1}'*
- Deir Cuspóir Beartais Réigiúnach 9.10 an SSER: *'Agus muid ag pleanáil chun áiteanna sláintiúla tarraingteacha a chruthú, is gá roghanna eile seachas an carr a sholáthar agus tosaíocht agus cur chun cinn a dhéanamh ar rothaíocht agus siúl i ndearadh sráideanna agus spásanna poiblí. Tabharfaidh údaráis áitiúla aird ar na Treoir phrionsabail maidir le 'Comhfhorbairt Áite Sláintiúil' agus 'Comhtháthú Úsáid Talún agus Iompar' mar atá leagtha amach san SSER agus sa bheartas náisiúnta mar atá leagtha amach in 'Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha' agus an 'Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (DMURS).'*

Tá a lán cuspóirí beartais náisiúnta agus réigiúnacha ábhartha eile ann. Déantar tagairt dóibh de réir uimhreacha i mbeartais agus i gcuspóirí aonair sa chaibidil seo agus leagtar amach go hiomlán iad in Aguisín 7.

5.2 Comharsanachtaí Rathúla Inbhuanaithe

De réir fhorálacha Sprioc 11 de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, an CFN agus an RSES, ciallaíonn seachadadh comharsanachtaí inbhuanaithe an timpeallacht cheart a chruthú le seachadadh tithíochta sábháilte agus inacmhainne, deiseanna fostaíochta, infheistíocht in iompar poiblí agus bealaí gníomhacha iompair a éascú, cruthaíonn sé spásanna poiblí glasa agus feabhsaíonn sé planáil agus bainistíocht uirbeach ar bhealach uilechuimsitheach.

Éilíonn chomharsanachtaí rathúla inbhuanaithe réimse seirbhísí agus saoráidí áitiúla, lena n-áirítear fostaíocht, áiseanna tráchtála, oideachais, sláinte, spioradálta, spioradálta, cathartha agus seirbhísí. Tá ról lárnach le himirt ag an bPlean Forbartha le seachadadh comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe i gContae Bhaile Átha Cliath Theas a fheabhsú agus a éascú ar bhealach a choinníonn féiniúlacht shainiúil gach ceantair agus a chinntíonn go bhfuil rochtain ag áititheoirí ar raon leathan áiseanna den sórt sin. Is ceart go mbeadh na saoráidí seo inrochtain ó cheantair chónaithe ar bhealaí sábháilte áisiúla.



Beartas DCC1: Comharsanachtaí Rathúla Inbhuanaithe

Tacú le forbairt comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe atá ceangailte le raon seirbhísí agus saoráidí áitiúla agus a dhéanann soláthar dóibh.

DCC1 Cuspóir 1:

A chinntiú go gcuireann forbairt chónaithe le cruthú pobail inbhuanaithe de réir cheanglais na dTreoirlínte d'Údarais Phleanála ar Fhorbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha, DEHLG (2009) (nó aon cháipéis a ghlacann a áit) lena n-áirítear na critéir dearaidh uirbeacha mar atá léirithe faoin Lámhleabhar Dearaidh Uirbeach a ghabhann leis - Treoir Dea-Chleachtais, DEHLG (2009).



DCC1 Cuspóir 2:

A chinntiú go soláthraíonn forbairt chónaithe, úsáide measctha agus forbartha cur chuige comhtháite agus cothrom i leith gluaiseachta, comhfhorbairt áite agus dearadh sráid-dreacha de réir cheanglais an Lámhleabhair Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha, DTTAS agus DEHLG (2013 mar atá nuashonraithe).

DCC1 Cuspóir 3:

Cáilíocht, atmaisféar, fuinneamh agus beogacht lárionaid uirbeacha a chosaint trí mheascán iomchuí d'úsáidí comhlántacha agus comhoiriúnacha lae agus oíche a chur chun cinn, lena n-áirítear úsáidí tráchtála, áineasa, cathartha, cultúrtha, fóillíochta agus cónaithe.

DCC1 Cuspóir 4:

Líonra na n-ionad uirbeach a threisiú mar láithreacha oiriúnacha d'fhorbairt nua úsáide measctha, ag cinntiú go mbeidh an comhthéacs atá ann cheana lena n-áirítear sócmhainní tógtha agus nádúrtha aitheanta, dearadh uirbeach, comhtháthú agus an poitéinseal nascachta mar bhonn eolais don fhorbairt.

**DCC1 Cuspóir 5:**

Athfhorbairt na n-ionad Áitiúla tearcúsáidte a chur chun cinn sa Chontae mar mhoil chomharsanachta úsáide measctha nua ag leanúint ar aghaidh ag soláthar do mhiondíol agus do sheirbhísí áitiúla le meas ar charachtar uirbeach na gceantar seo, agus á neartú; ag cinntiú go gclóítear le hocht bpríomhphrionsabal dearaidh an 'Cur Chuige Plean' lena n-áirítear cáilíocht dearaidh, comhtháthú, inrochtain agus naisc leis na limistéir máguaird.

**DCC1 Cuspóir 6:**

Comharsanachtaí cónaithe a thógáil ar bhealach a bhfuil sé mar aidhm aige líon leordhóthanach tithe inacmhainne a sholáthar de réir na bhforálacha atá leagtha amach i Sprioc 11 de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, an Chreat Pleanála Náisiúnta agus an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch i dtreo pobail inbhuanaithe fhadtéarmacha a sheachadadh.

5.2.1 Comharsanachtaí Inbhuanaithe a Sheachadadh: 'Cur Chuige an Phlean'

D'fhonn pobail inbhuanaithe agus cáilíocht maireachtála níos sláintiúla agus níos fearr a sheachadadh do chách i gContae Bhaile Átha Cliath Theas, tá ocht bpríomhphrionsabal leagtha amach sa phlean seo nach mór a chur i bhfeidhm i leith forbairtí nua sa Chontae.

Is ionann 'Cur Chuige an Phlean' maidir le comharsanachtaí inbhuanaithe agus rathúla a sheachadadh agus a chinntiú go ndéantar gach forbairt a dhearadh agus a fhorbairt timpeall na n-ocht bprionsabal ionas go mbainfear leas as gach deis chun an fhís do Chontae Bhaile Átha Cliath Theas a thiomáint agus a thacú chun áiteanna tarraingteacha, nasctha feidhmiúla maireachtála, oibre, cuairte, caitheamh aimsire agus infheistíochta a chruthú.

Tá feidhm leis na hocht bpríomhphrionsabal maidir leis na tailte go léir atá criosaithe chun forbartha sa Chontae agus don iliomad cineálacha forbartha agus talamhúsáide. Is ceart tacú le tograí forbartha - seachas sintí ar scála níos lú nach mbíonn tionchar acu ar an réimse poiblí - le ráiteas ó dhuine leis an gcáilíocht chuí agus mionsonraí ar 'chur chuige an phlean' a glacadh i ndearadh na forbartha a thabhairt, lena n-áirítear na comhábhair agus na bailchríocha atá beartaithe, agus a thaispeánann conas atá na prionsabail uileghabhálacha maidir le comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe a bhaint amach comhtháite togra dearaidh.

Comharsanachtaí Inbhuanaithe

Gnéithe oidhreachta nádúrtha, cultúrtha agus tógtha agus eilimintí bonneagair ghlais atá ann a bhreithniú chomh maith le tosca sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil a théann i bhfeidhm ar limistéar.

Dea-dhearadh uirbeach a chur chun cinn, a fhéachann le spásanna poiblí a chruthú atá beoga, sainiúil, sábháilte agus inrochtana agus a chuireann idirghníomhaíocht shóisialta chun cinn agus a éascaíonn í.

Iompar poiblí agus saoráidí iompair eile a chur chun cinn a mhaolaíonn spleáchas ar charranna, a chuireann siúl agus rothaíocht shábháilte chun cinn, agus a chabhraíonn le gluaiseachtaí inmheánacha sna de chomharsanachtaí.

Rochtain éasca ar phoist maithe agus cáilíocht mhaith beatha a bheith ar fáil don phobal i gcoitinne.



Comhth éacs



Comhfhorbairt airt Áite Shláintiúil



Comharsanacht aí Nasctha



Geilleagar faoi Bhláth



Réimse Poiblí onchuimsitheach Inrochtana



Foirn agus Meascán Tógtha



Dearadh agus Comhábhair



Seirbhísí d'ardchaighdeán, bonneagar pobail agus spásanna oscailte inrochtana do chách.

Ómós ceart áite, cuspóir dearfach agus sainiúlacht áitiúil, le foirgnimh atá sábháilte agus úsáideach chomh maith le bheith tarraingteach le mórán spásanna glasa oscailte a mbeidh daoine in ann a gcuid ama a chaitheamh, a scíth a ligean agus imirt.

Cuireann sé meascán úsáidí chun cinn le méaduithe iomchuí ar dhlús agus airde foirgneamh sna suímh chearta ag uasmhéadú an líonra iompair atá ann agus an bonneagair atá ann cheana.

Dearadh, comhábhair agus bailchríocha ar ardchaighdeán agus tírdhreachú ar ardchaighdeán le prótacail chothabhála láidre do gach forbairt mhór chónaithe, tráchtála agus fostaíochta.

Figiúr 1: Ocht bPríomhphrionsabal Dearaidh

Soláthraíonn na breithnithe / prionsabail uileghabhálacha cur chuige iomlánaíoch le haghaidh na forbartha arna éascú ag gach ceann de na caibidlí a leanas sa phlean seo agus ní mór iad a chomhtháthú ar bhealach a aithníonn comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe agus a chuireann chun cinn go dearfach iad.

Beartas DCC2: Uileghabhálach - Comharsanachtaí Rathúla Inbhuanaithe

Cruthú na gcomharsanachtaí rathúla inbhuanaithe a chur chun cinn trí na hocht bpríomhphrionsabal dearaidh a chur i bhfeidhm chun seachadadh áiteanna tarraingteacha, nasctha agus dea-fheidhmiúla chun cónaí, obair, cuairt a thabhairt orthu, sóisialú agus infheistíocht a dhéanamh iontu a chinntiú ar fud an Chontae.

DCC2 Cuspóir 1:

A chinntiú go mbeidh ráiteas ó dhuine le cáilíochtaí oiriúnacha ag gabháil le hiarratais ar fhorbairt nua le mionsonraí faoin gcaoi a bhfuil 'Cur Chuige an Phlean' curtha san áireamh á chuimsiú i ndearadh na forbartha lena n-áirítear na comhábhair agus na bailchríocha atá beartaithe agus a thaispeánann conas a dhéantar na prionsabail uileghabhálacha d'fhonn comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe a bhaint amach cuimsithe sa togra dearaidh.

DCC2 Cuspóir 2:

A chinntiú go gcuireann an t-iarratasóir 'An Cur Chuige Plean' i leith forbartha san áireamh agus go léirítear é le linn aon chomhairliúcháin réamhiarratais (faoi alt 247 den Acht Pleanála & Forbartha, 2000, arna leasú).

5.0.1 Comhthéacs

Is ionann comhthéacs agus carachtar agus suíomh an limistéir ina bhfuil an fhorbairt atá beartaithe le bheith suite. Cuimsíonn an comhthéacs stair nádúrtha chomh maith le stair dhaonna an limistéir; cumas na timpeallachta glactha, foirm na lonnaithe, na bhfoirgneamh agus na spásanna; éiceolaíocht agus seandálaíocht an limistéir; an tírdhreach agus an suíomh ina bhfuil sé, agus na bealaí a théann tríd. Is túsphointe i ndearadh áite ar leith tuiscint agus measúnú críochnúil ar chomhthéacs fhoriomlán an tsuímh.

D'fhás Contae Bhaile Átha Cliath Theas timpeall ar shráidbhailte Chluain Dolcáin, Leamhcáin, An Chaisleáin Nua, Bhaile Phámair, Ráth Chúil, Ráth Fearnáin, Theach Sagard, Thamhlachta agus Theach Maolóige. Tá carachtar ar leith ag gach sráidbhaile agus tá réimse leathan de sheirbhísí gairmiúla agus miondíola á dtairiscint acu. n éineacht leis seo, d'fhorbair ionaid uirbeacha nua thar na blianta timpeall na gceantar cónaithe éagsúla. Is fócais thábhachtacha iad na hionaid áitiúla agus ceantair seo don phobal áitiúil agus tá a bhféiniúlacht féin acu a soláthraíonn ómós áite do na comharsanachtaí seo.

Agus fás á éascú le fiche bliain anuas, forbraíodh Baile Adaim mar chomharsanacht inbhuanaithe laistigh de limistéar fáis straitéiseach. Tá Cluain Buiríosa agus Lár Bhaile Thamhlachta in éineacht le tailte athghiniúna laistigh de Chomharsanacht Thamhlachta níos leithne aitheanta mar cheantair atá in ann freastal ar fhás suntasach sa todhchaí thar shaolré an phlean seo agus pleananna eile amach anseo. Tá acmhainneacht bhreise forbartha i dtailte athghiniúna Bhóthar an Náis a bheidh faoi réir creata mionsonraithe forbartha i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tharla forbairt freisin i gceantair ina bhfuil Pleananna Ceantair Áitiúla i bhfeidhm, a sholáthraíonn creata forbartha sna ceantair sin.

Beidh sé ríthábhachtach maidir le dearadh ardchaighdeáin agus déanamh áiteanna sláintiúla a chinntiú go mbeidh gach forbairt nua ag freagairt ar bhealach dearfach dá timpeallacht agus go gcuirfidh sí go mór leis an aidhm fhoriomlán comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe a sholáthar i gContae Bhaile Átha Cliath Theas.

Beartas DCC3: Comhthéacs Comharsanachta

Tacú le tograí a chuireann ar bhealach dearfach le carachtar agus suíomh limistéir agus iad a éascú.

DCC3 Cuspóir 1:

A chinntiú go gcuireann forbairt nua le carachtar agus suíomh an cheantair mhóir ina bhfuil forbairt bheartaithe suite ar bhealach dearfach ag cur na bhforálacha atá leagtha amach i gCaibidil 3 agus 4 den Phlean seo san áireamh agus aird á tabhairt ar na riachtanais atá leagtha amach i gCaibidil 13 *Cur chun Feidhme agus Faireachán* maidir le ráitis dhearaidh.

DCC3 Cuspóir 2:

Carachtar speisialta chroílár stairiúil na sráidbhailte a chosaint agus a chaomhnú agus a chinntiú go mbeidh tuiscint iomlán ar oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta, uirbeach agus tírdhreacha gach sráidbhaile mar bhonn eolais don chur chuige dearaidh maidir le forbairt, bonneagar agus athnuachan nua, ag tabhairt aitheantais do charachtair agus comhthéacs ar leith na Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta (LCA).

DCC3 Cuspóir 3:

Caighdeáin agus dlúis dearaidh a chur chun cinn agus cloí leo i lár sráidbhailte atá bunaithe ar an sráidbhaile máguaird agus ar chomhthéacs stairiúil agus tréithe sainiúla gach baile nó sráidbhaile a fheabhsú i dtéarmaí dearaidh, scála, foirme agus bailchríocha seachtracha.

DCC3 Cuspóir 4:

Carachtar speisialta chroílár stairiúil shráidbhaile traidisiúnta Bhaile Phámair a chosaint agus a chaomhnú agus a chinntiú go mbeidh tuiscint iomlán ar oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta, uirbeach agus oidhreacht tírdhreacha an tsráidbhaile mar bhonn eolais don chur chuige dearaidh maidir le forbairt agus athnuachan nua, go háirithe Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta (LCA) agus chun níos mó meáchain a sholáthar don chuspóir seo ná do bheartais tríú páirtithe agus / nó foráil a dhéanamh i gcás go dtabharfar tosaíocht do bheartais tríú páirtí, gur cheart go n-aithneodh cur chun feidhme na mbeartas sin an chaoi a bhfuil an cuspóir CDP seo ag fáil tosaíochta agus freastal á dhéanamh air sa chur i bhfeidhm.

DCC3 Cuspóir 5:

Caighdeáin agus dlúis dhearaidh i sráidbhaile traidisiúnta Bhaile Phámair a chosaint agus a chaomhnú, a mbeidh an comhthéacs stairiúil mar bhonn eolais dóibh agus a fheabhsaíonn tréithe sainiúla an tsráidbhaile i dtéarmaí dearaidh, scála agus bailchríocha seachtracha agus níos mó meáchain a sholáthar don chuspóir seo ná do bheartais tríú páirtithe agus / nó a fhoráil, i gcás ina dtabharfar tosaíocht do bheartais tríú páirtí, gur cheart go n-aithneodh cur chun feidhme na mbeartas sin an chaoi a bhfuil tosaíocht á thabhairt don chuspóir CDP seo agus freastal air sa chur i bhfeidhm.

DCC3 Cuspóir 6:

A chinntiú go mbeidh meas ag foirgnimh níos airde i gceantair bhunaithe ar an gcomhthéacs máguaird agus go gcuireann siad airde agus a dtionchar ar sholas agus an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith acu ar phobail atá ann cheana san áireamh chun comhsheasmhacht a chinntiú maidir le Comhfhorbairt Áite Shláintiúil.

DCC3 Cuspóir 7:

Déanfar aon fhorbairt ar thailte RES-N (Cill an Ardáin agus Baile Chuilinn / An tSeanchúirt) atá in aice leis an gCrios Tuaithe ar Léarscáil 9 a dhearadh, a shuíomh, a scálú agus a sheirbhísiú ar bhealach nach mbainfidh carachtar agus tírdhreach na timpeallachta glactha ag cur a ghaire don chrios HA-DM san áireamh.

DCC3 Cuspóir 8:

Airde réasúnta a áireamh i sráidbhailte oidhreachta a bheidh ar aon dul leis na foirgnimh atá ann faoi láthair agus báuil le comhdhéanamh na sráidbhailte oidhreachta seo.

DCC3 Cuspóir 9:

Suíomh na ngnéithe seandálaíochta agus stairiúla atá ann cheana a chaomhnú, a ionchorprú, a fheabhsú agus freagairt dóibh, lena n-áirítear ceapacha burgáiste agus láithreáin tithe túir mar a dtagann siad chun cinn.

5.0.2 Comhfhorbairt Áite Shláintiúil

Féachann an chomhfhorbairt áite shláintiúil le féiniúlacht agus carachtar uathúil áiteanna a chosaint agus a fheabhsú agus feabhsúcháin ar fholláine an duine agus ar cháilíocht na beatha a thagann as idirghníomhaíocht daoine agus a dtimpeallacht a éascú. Tá an dea-dhearadh uirbeach mar bhonn faoin gcomhfhorbairt áite, a fhéachann le spásanna poiblí a chruthú atá beoga, sainiúil, sábháilte agus inrochtana agus a chuireann idirghníomhaíocht shóisialta chun cinn agus a éascaíonn í. Éilíonn comhfhorbairt áite shláintiúil go ndéanfar na hocht bprionsabal lárnaacha a sheachadadh ar bhealach iomlánaíoch chun an bonneagar sóisialta agus fisiceach a fheabhsú.

Tá soláthar bearta dearaidh uirbeacha uilechuimsitheacha ar ardchaighdeán ríthábhachtach chun comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe a sholáthar laistigh de Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, ag cruthú áiteanna sláintiúla, tarraingteacha agus inrochtana chun cónaí, obair, cuairt a thabhairt orthu, sóisialú agus infheistíocht a dhéanamh iontu.

Beartas DCC4: Comhfhorbairt Áite Shláintiúil

Comharsanachtaí tarraingteacha, nasctha, beoga agus dea-fheidhmiúil a chur chun cinn mar áiteanna le cónaí agus obair iontu, cuairt a thabhairt orthu, sóisialú agus infheistíocht a dhéanamh iontu.

DCC4 Cuspóir 1:

Comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe a sheachadadh atá tarraingteach, nasctha, beoga agus ag feidhmiú go maith trí dhearadh ardchaighdeán agus comhfhorbairt áite sláintiúil ar bhealach a laghdaíonn an gá le taisteal, a éascaíonn meascán d'úsáidí agus úsáid éifeachtach talún agus bonneagair de réir forálacha NPO 4 agus 26 de NP12 agus RPOanna 6.12, 9.10 agus 9.11 den RSES.



DCC4 Cuspóir 2:

Ardchaighdeán tógála agus dearadh uirbeach a chur chun cinn, ag cruthú spásanna poiblí sainiúla, sábháilte, inrochtana do chách agus éagsúlacht agus idirghníomhaíocht shóisialta agus chultúrtha a éascú.

5.0.3 Comharsanachtaí Nasctha (Comharsanachtaí Gearr-Achair)

Le comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe a sheachadadh, ní mór soláthar a dhéanamh do dhaoine chun rochtain a fháil a oiread agus is féidir ar na seirbhísí laethúla a theastaíonn uathu trí shiúl agus rothaíocht. Cuirtear é seo chun cinn san RSES tríd an gcoincheap lonnaíochta 10 nóiméad trína mbíonn áiseanna agus seirbhísí pobail inrochtana laistigh de shiúlóid nó rothaíocht 10 nóiméad ón mbaile nó inrochtana trí sheirbhísí iompair phoiblí a nascann daoine le lonnaíochtaí ar scála níos mó ina bhfuil a leithéid de sheirbhísí ar fáil.

Is príomhghné den chomhfhorbairt áite shláintiúil an gá atá le roghanna eile seachas an carr i ndearadh sráideanna agus spásanna poiblí agus rothaíocht agus siúl a chur chun cinn agus chun tosaigh mar mhodhanna iompair ghníomhacha. Cuireann soláthar iompair phoiblí, bealaí glasa agus rotharbhealaí ar ardchaighdeán feabhas ar limistéar, ag déanamh áiteanna níos tarraingtí, ag cruthú deiseanna do stíl mhaireachtála níos folláine trí ghníomhaíocht choirp agus ag laghdú iarmhairtí diúltacha comaitéireachta carr-bhunaithe.

Tá sé mar aidhm ag an Dréachtphlean Forbartha Contae seo iarracht a dhéanamh comharsanachtaí nasctha agus an coincheap lonnaíochta 10 nóiméad a sheachadadh trí fhoirm lonnaíochta dlúth agus gluaiseacht inbhuanaithe a chur chun cinn (féach freisin Caibidlí 2 agus 7 den Phlean seo).

Tacú leis an mBriotás mar phobal inbhuanaithe agus sráidbhaile tuaithe a bhfuil áilleacht nádúrtha den scoth ann agus staidéar pleanála agus teorainn staidéir a ullmhú do Shráidbhaile an Bhriotáis, i gcomhairle le cónaitheoirí áitiúla, úinéirí talún agus ionadaithe áitiúla, ag féachaint do impleachtaí an Limistéar Oidhreachta Nádúrtha atá beartaithe, daonra na todhchaí agus feabhsú an tsráidbhaile agus forbairt saoráide turasóireachta agus fóillíochta chun cóiríocht, seirbhísí gaolmhara agus gníomhaíochtaí a áireamh ag Linn an Bhriotáis agus na tailte máguaird d'fhonn sócmhainní atá ann cheana agus inmharthanacht fadtéarmach an phobail áitiúil a chothabháil agus a chosaint. Cuirfear tús leis an staidéar pleanála agus turasóireachta laistigh de 12 mhí ó ghlacadh an Phlean Forbartha Contae seo agus áireofar ann anailís ar shonraí daonra agus tithíochta.

5.2 Pleananna/Creataí

Is ceart Pleananna agus Creataí a fhorbairt le cur chuige srathaithe, a dhíríonn ar ghlacadh leis an gcomhshaol bunlíne d'fhonn an oidhreacht nádúrtha, chultúrtha agus thógtha a chaomhnú, a chosaint agus a bhreisiú, chomh maith leis na seirbhísí éiceachórais a sholáthraíonn siad. Is ceart deiseanna a shainaithint go luath sa phróiseas deartha le tuilleadh forbartha agus feabhsaithe a dhéanamh ar líonra an Bhonneagair Ghlais agus na bithéagsúlachta sa Chontae.

Agus na céimeanna tosaigh seo á gcuimsiú, is ceart anailís a dhéanamh ar chineál forbartha agus riachtanais an phlean/chreata agus iad a chur i bhfeidhm le béim ar Bhearta Gníomhú Aeráide, Dearadh Cáilíochta agus Comhforbairt Shláintiúil i ngach gné den fhoirmlíú agus den fhorbairt.

Beartas DCC13: Pleananna/Creataí - Ginearálta

Leanúint ar aghaidh ag obair go dlúth le gach soláthraí bonneagair le bonneagar iompair sóisialta, pobail, eacnamaíochta agus inbhuanaithe a sheachadadh go tráthúil in éineacht le forbairt nua cónaitheach agus de réir fhorálacha an Phlean Forbartha Contae nó aon Phlean Ceantair Áitiúil, Scéim Phleanála Chriosanna Forbartha Straitéiseacha nó creat/máistirphlean sa cheantar.

5.2.1 Pleananna Ceantair Áitiúla

Ullmhófar Pleananna Ceantair Áitiúla le haghaidh ceantar ina bhfuil gá le cur chuige comhordaithe don fhorbairt nua agus go háirithe do cheantair ar dócha go mbeidh forbairt ar mhórsála iontu nó a bhfuil athnuachan de dhíth orthu.

Ní mór do Phleananna Ceantair Áitiúla a bheith i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Phlean Forbartha Contae agus le treoirlínte an Aire. Cabhróidh athruithe beartais leis an gcinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar Phleananna Ceantair Áitiúla atá ann cheana.

Beartas DCC14: Pleananna Ceantair Áitiúla (PCÁ)

Pleananna Ceantair Áitiúla a ullmhú mar is iomchuí, le tosaíocht do cheantair ar dócha go mbeadh forbairt chónaitheach nó tráchtála nó athnuachan ar scála mór iontu.

DCC14 Cuspóir 1:

Tacú le cur chuige faoi threoir phlean trí Phleananna Ceantair Áitiúla i gceantair shainaitheanta trí chinntiú go gcomhlíonann an fhorbairt sainriachtanais áitiúla an Phlean Ceantair Áitiúil, le haird ar bheartais agus ar chuspóirí an Phlean Forbartha seo agus treoirlínte an Aire.

DCC14 Cuspóir 2:

Cur chuige srathaithe i leith Pleananna Forbartha Áitiúla a chur chun cinn ina bhfuil an comhshaol bunlíne deartha isteach ann ag céim luath, agus a thógann ar na deiseanna a thugann sé seo don chomhforbairt áite, le haird ar leith ar líonraí bonneagair glasa a fheabhsú ar son na bithéagsúlachta agus na taitneamhachta.

DCC14 Cuspóir 3:

PCÁ a ullmhú do Chluain Dolcáin, réimse na teorann le sainmhíniú, faoi threoir *ag Treoirlínte le haghaidh Pleananna Ceantair Áitiúla do na hÚdaráis Phleanála, 2013* (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil) nó aon treoirlínte a ghlacann a n-ionad ina gcuimsítear:

- Fís d'fhorbairt Chluain Dolcáin
- Prionsabail dearadh uirbeacha níos leithne
- Creat-phleananna le haghaidh láithreacha inlíonta níos mó
- Plean Caomhantais
- Straitéis áitiúil don Bhoneagar Glas bunaithe ar Straitéis BG an Chontae
- Staidéar ar ghluaiseacht iompair.

DCC14 Cuspóir 4:

Plean Ceantair Áitiúil a ullmhú do phobal Choill an Rí (Bóthar an Náis) d'fhonn inbhuanaitheacht an phobail seo a chosaint agus soláthar a dhéanamh le haghaidh deiseanna agus áiseanna miondíola agus tráchtála eile, deiseanna fostaíochta agus nascacht leis na ceantair chónaithe taobh leo.

DCC14 SLO 1:

Fás inbhuanaithe fadtéarmach Iarthar na Cathrach a chuireann forbairt limistéar Iarthar na Cathrach / Bhaile Uí Fhoirtcheirn chun cinn a chinntiú agus a éascú de réir Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile an Fhoirtcheirn lena chinntiú nach sáraítear céimniú agus go ndéantar leibhéal iomchuí seirbhísí, bonneagair shóisialta agus spóirt, áiseanna agus gníomhaíocht eacnamaíoch a sholáthar chun freastal ar riachtanais an fháis daonra anois agus amach anseo.

DCC14 SLO 2:

Plean Ceantair Áitiúil nua a ullmhú le haghaidh Baile Baodáin.

5.2.2 Criosanna Forbartha Straitéiseacha

Laistigh de Chontae Bhaile Átha Cliath Theas tá 223.5 heicteár de thalamh ainmnithe ag an Rialtas ag Baile Adaim mar Chrios Forbartha Straitéiseach ó 2001. I Scéim Phleanála CFS Bhaile Adaim (leasaithe) 2014 agus 2020 leagadh amach creat phleanála le tacú le timpeall 9,395 aonad cónaithe agus an bonneagar agus na háiseanna tacaíochta a sheachadadh. Tá an scéim ag dul chun cinn go seasta ó glacadh le Plean Forbartha an Chontae 2016 agus tá cumas forbartha de os cionn 5,000 fágtha. I mí Mhárta 2021, d'éirigh leis an gComhairle maoiniú de €9.7 milliún a fháil ón gciste Forbartha don Athghiniúint Uirbeach le haghaidh maoiniú forlíontach straitéiseach le Páirc Lárnach Búlbhaird, Foirgneamh Cathartha agus Plás Lár an Bhaile a sheachadadh. Mar chuid den iarratas seo déanfar 585 aonad cónaithe a sheachadadh. Mar atá leagtha amach i gCaibidil 2 tábla 6 tá sé beartaithe sa phlean seo go seachadfar timpeall 2,584 aonad laistigh de shaolré an phlean seo.

Tá 180 heicteár talún ainmnithe ag an Rialtas freisin mar Chrios Forbartha Straitéiseach ag Cluain Buiríosa. Faomhadh an scéim phleanála do Chluain Buiríosa i mí Bhealtaine 2019.

Tá creat phleanála leagtha amach i Scéim Phleanála CFS Chluain Buiríosa d'fhonn tacú

le idir 7,700-11,100 aonad cónaithe agus bonneagar agus áiseanna tacaíochta a sheachadadh. Cé nár cuireadh tús tógáil na scéime go fóill, tá obair shuntasach déanta ar oibreacha riachtanacha bonneagair atá ag teastáil chun an fhorbairt a thosú a chumasú. I mí an Mhárta 2021, d'éirigh le Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas maoiniú de €176.6 milliún a fháil ón gciste Forbartha Athghiniúna Uirbí le haghaidh maoiniú straitéiseach forlíontach chun an chandam ollmhór bonneagair a theastaíonn chun os cionn 8,700 teach a sheachadadh i gCluain Buiríosa a dhíghlasáil sna 10 mbliana amach romhainn.

Beartas DCC15: Criosanna Forbartha Straitéiseacha (CFS)

Leanúint ar aghaidh ag cur na Scéimeanna Pleanála ceadaithe i bhfeidhm do CSFanna Bhaile Adam agus Bhaile Chluain Buiríosa.

DCC15 Cuspóir 1:

Tacú le seachadadh an bhonneagair aitheanta chun forbairt inbhuanaithe a éascú i gCriosanna Forbartha Straitéiseacha Bhaile Átha Cliath Theas.



5.2.3 Creat/Máistirphleananna

Feidhmíonn creatphleananna agus Máistirphleananna mar réamhthreoir dearaidh d'fhorbairt tailte laistigh den Chontae sa todhchaí. Tá na pleananna seo bunaithe ar thaighde cúlra agus anailís bhunlíne, ag aithint deiseanna d'fhorbairt sa todhchaí agus srianta féideartha. Leagann na pleananna seo creat síos le haghaidh forbairt an cheantair ábhartha amach anseo.

I gcásanna áirithe, beidh ullmhú coimrí dearaidh láithreáin ina uirlis oiriúnach chun réasúnaíocht dearaidh a sholáthar d'fhorbairt láithreáin, dearadh foirgneamh agus gnéithe tírdhreachaithe, ag cinntiú go n-oireann an fhorbairt a bheartaítear dá comhthéacs. Léireoidh an sainchúram dearaidh an chaoi a bhfuil an dearadh teoraithe agus bunaithe ar dhea-chleachtais dearaidh uirbeacha. Tabharfaidh sé treoir shoiléir maidir leis an gcaoi ar cheart don láithreán forbairt, lena n-áirítear tacar prionsabal dearaidh agus conas a bhainfear na prionsabail seo amach.

Beartas DCC16: Creat-Phleananna (CP)

Creatphleananna agus Máistirphleananna a ullmhú de réir mar is gá do cheantair aitheanta ar thailte faoi úinéireacht na Comhairle nó ar thailte eile chun cur chuige comhordaithe i leith forbartha a éascú.

DCC16 Cuspóir 1:

Creatphleananna nó Máistirphleananna a ullmhú ar thailte aitheanta chun cur chuige comhordaithe i leith seachadadh a chinntiú, ag cinntiú go bhfuil siad struchtúraithe ar bhealach loighciúil, soiléir agus sothuigthe ag léiriú agus ag soláthar an cúlra don mhodheolaíocht talamhúsáide agus dearaidh agus aird chuí a thabhairt ar chomhthéacs na dtailte sin.

DCC16 Cuspóir 2:

Tacú le Creatphlean Straitéiseach Bhóthar an Náis agus le haon chreat don cheantar amach anseo le fás agus athghiniúint uirbeach a sheachadadh don Chontae agus don Réigiún níos leithne, ag aithint a chumas suntasach mar an limistéar athghiniúna is mó sa tír.

DCC16 Cuspóir 3:

Suímh fhorbartha féideartha a aithint i mBaile Phámar agus coimrí dearaidh láithreáin a ullmhú do na suímh seo d'fhonn creat a sholáthar chun forbairt chuí, lena n-áirítear nascacht, a threorú.



5.3 Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide



Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide

Iniúchadh ar Ghníomhaíocht Aeráide - Dearadh Cáilíochta agus Comhfhorbairt Áite Shláintiúil.

Foinsí Gásanna Ceaptha Teasa (GCT)

Is iad seo na foinsí féideartha GCTanna a d'fhéadfadh eascirt as gan prionsabail **Dearadh Cáilíochta agus Comhfhorbairt Áite Sláintiúil** a chur chun cinn:

- D'fhéadfadh níos mó turais carr-bhunaithe a bheith mar thoradh ar fhás uirbeach agus sraoilleáil uirbeach nach bhfuil chomh dlúth agus níos lú deiseanna a chruthú chun foinsí fuinnimh níos inbhuanaithe agus níos in-athnuaite a úsáid.
- Is féidir le níos mó turais carr-bhunaithe eascirt as Comharsanachtaí le naisc laga.
- Féadann fearann poiblí neamh-tarraingteach, sráideanna / spásanna neamhfháilteacha agus droch-dhearadh daoine a chosc ó mhodhanna iompair gníomhacha a úsáid chun rochtain a fháil ar sheirbhísí agus ar áiseanna áineasa.
- Úsáid ábhair struchtúracha neamh-inbhuanaithe i bhfoirgnimh agus sa réimse poiblí.
- Fás i gcúlcheantair tuaithe atá ginte ag ceantar uirbeach

Bearta chun Dul i nGleic le Tionchair Aeráide

Tá beartais agus cuspóirí sa chaibidil seo a chuireann bearta chun cinn a bhfuil sé de chumas iontu an tionchar aeráide ón **Dearadh Cáilíochta agus Comhfhorbairt Áite Shláintiúil** a laghdú mar a leanas:

- Tacú le seachadadh 'Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta' an PFN agus 'Torthaí Sonracha Réigiúnacha' an SSER a bhaineann go sonrach le seachadadh Comharsanachtaí inbhuanaithe i gContae Bhaile Átha Cliath Theas a bhaineann le Fás Dlúth, Soghluaisteacht Inbhuanaithe, Inrochtaineacht Fheabhsaithe, Áiseanna agus Oidhreacht Fheabhsaithe, Bainistíocht Inbhuanaithe ar Bhonneagar, Rochtain ar Sheirbhísí Cúraim Leanáí, Oideachais agus Sláinte agus Aistriú chuig Pobal Ísealcharbóin Seasmhach Aeráide.
- Tacú le húsáid éifeachtach talún le fócas ar lárionaid uirbeacha lárnaigh, agus dlúis forbartha a bhaint amach ar féidir leo tacú le háiteanna beoga, dlúth, in-siúil a thugann tosaíocht do ghluaiseacht coisithe, an gá le taisteal carr-bhunaithe agus astaíochtaí carbóin a laghdú agus deiseanna a éascú freisin chun foinsí fuinnimh níos inbhuanaithe agus níos in-athnuaite a úsáid.
- Meascán úsáidí agus úsáid éifeachtach talún agus bonneagair a chur chun cinn agus a éascú de réir fhorálacha NPO 4 agus 26 den PFN agus RPO 6.12, 9.10 agus 9.11 den SSER.
- Timpeallachtaí cuimsitheacha sábháilte a chruthú ar féidir le daoine bogadh tríd, modhanna gníomhacha iompair a spreagadh agus iarracht a dhéanamh comharsanachtaí ceangailte agus an coincheap lonnaithe 10 nóiméad a sheachadadh ar aon dul leis an SSER.
- Tacú le clár oibre Rothaíocht Bhaile Átha Cliath Theas a sheachadadh chun bonneagar rothaíochta an Chontae a fheabhsú, níos mó úsáideoirí a mhealladh agus turais carr-bhunaithe a laghdú.
- Mothú láidir áite a chruthú agus naisc a chumasú ar fud an Chontae trí líonra Bonneagair Ghlais láidir seasmhach a úsáideann réitigh bunaithe ar an dúlra agus a chuireann go díreach le bearta gníomhaíochta aeráide trí fhorghabháil carbóin agus bearta eile.
- Forbairt níos Uilechuimsithí a lorg ionas gur féidir le daoine rochtain a fháil ar sheirbhísí agus ar thithíocht chúig go háitiúil, ag laghdú taisteal carr-bhunaithe.
- Úsáid comhábhair thógála le foinsí inbhuanaithe a chur chun cinn agus ábhair scartála agus tochailte a athúsáid.
- Úsáid comhábhair struchtúracha a bhfuil astaíochtaí fuinnimh agus CO₂ ionchorpraithe íseal go nialasacha acu a chur chun cinn.





Tithíocht

Fís

Seachadadh tithe d'ardchaighdeán agus dea-dheartha i bpobail inbhuanaithe a sheachadadh chun freastal ar éagsúlacht riachtanas tithíochta sa Chontae.

6.0 Réamhrá

Is iad ár n-áiteanna cónaithe, ár mbaile, bunchloch ár dtaithí ar an saol laethúil agus is féidir le pobail láidre teacht astu. Trí a chinntiú go bhfuil tacaíochtaí beartais agus caighdeáin dearaidh iomchuí i bhfeidhm a chabhraíonn le caighdeán maith beatha a chruthú do shaoránaigh sna suímh chearta.

Tá fás de 46,518 duine le teacht ar dhaonra Bhaile Átha Cliath Theas de 325,285 duine faoin mbliain 2028. Is cúram uileghabhálach den Phlean Forbartha seo a chinntiú go bhfuiltear ag freastal ar an réimse ilghnéitheach riachtanas, ní hamháin don fhás daonra ach don daonra atá ann cheana.

I gcomhthéacs an fhás daonra seo, beidh beagnach 18,000 teach nua de dhíth ar Bhaile Átha Cliath Theas faoi dheireadh 2028, níos mó ná 2,000 sa bhliain. Is dúshlán lárnach don fhás amach anseo é a chinntiú go mbeidh na tithe breise seo den chaighdeán is airde, lonnaithe san áit cheart, agus go mbeidh na seirbhísí tacaíochta, ar nós oideachas, iompar, miondíol agus eile, ar fáil laistigh d'achar éasca siúil (10 nóiméad) d'fhonn gluaiseachtaí inbhuanaithe a chur chun cinn.

Sa chur chuige spásúil don Phlean Forbartha baintear an úsáid is éifeachtúla is féidir as talamh agus as an mbonneagar atá ann trí fhorbairt a dhíriú ar inlínadh uirbeach agus ar thailte athfhorbraíochta le sraoilleadh uirbeach a laghdú.

D'fhonn teacht roimh an fhás daonra seo, tá Straitéis Tithíochta agus HNDA Eatramhach ann le tacú leis an bPlean Forbartha seo. Cuirfear riachtanais tithíochta daonra an Chontae san áireamh sa soláthar tithíochta amach anseo, go háirithe tosca déimeagrafacha atá ag athrú ar nós: meath i méid mheánach an líon tí ar fud na tíre agus fás 51% á thuar ar an daonra de dhaoine os cionn 65 ó 2016-2031, méadú 30% ar an ngrúpa 15-24, ardú ar shaincheisteanna inacmhainne sa Chontae thar thréimhse an phlean agus treocht a léiríonn go bhfuil grúpaí réamhchlainne ag lonnú i dtithe nuathógtha ar imill an Chontae ó 2016.

Tá sé tábhachtach go mbíonn tithíocht inacmhainne tarraingteacha ag an gContae le haghaidh gach duine ar mian leo maireachtáil i mBaile Átha Cliath Theas le saintréitheacht agus tionachtaí solúbtha, a fhreastalaíonn ar riachtanais teaghligh agus ar na hathruithe i riachtanais na ndaoine i rith a saoil.

Déanfar é seo a sheachadadh i gcomhthéacs ina gcinntítear go ndéanfar tithe ardchaighdeáin a dhearadh agus a sheachadadh atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh agus ag freastal ar riachtanais daonra ilghnéithigh.

6.0.1 Comhthéacs an Bheartais Phleanála

Ní mór do bheartais agus cuspóirí an Phlean Forbartha a bheith ag réiteach leis an mbeartas náisiúnta agus réigiúnach phleanála mar atá leagtha amach sa Chreat Pleanála Náisiúnta (CPN) agus sa Straitéis Spásúil Réigiúnach agus Eacnamaíoch (SSRE).

Féachann Toradh Straitéiseach Náisiúnta 1 den CPN le fás inbhuanaithe cathracha, bailte agus sráidbhailte dlútha a bhainistiú go cúramach, seachas leanúint ar aghaidh le sraoilleáil uirbeach mar phríomhthosaíocht náisiúnta. Aithníonn sé go bhfuil deiseanna i ngach lonnaíocht uirbeach a dteastaíonn cur chuige sruthlínithe agus comhordaithe uathu maidir le hinfheistíocht, cumasú bonneagair agus tacú le conláistí. Féadann forbairt na gceantar seo luach a chur le háiteanna atá ann cheana féin agus timpeallacht maireachtála agus oibre níos tarraingtí a chruthú atá suite go lárnach, oiriúnach do na héilimh riachtanacha agus ar féidir a athúsáid chun tithíocht a sholáthar. Tá roinnt cuspóirí sna cáipéisí seo an-ábhartha do réimse na Tithíochta:

- **Cuspóir Pleanála Náisiúnta (CPN) 28** - Pleanáil a dhéanamh le haghaidh sochaí níos ilghnéithí agus níos uileghabhálaí a dhíríonn ar chomhionannas deise agus cáilíocht bheatha níos fearr do gach saoránach, trí chuimsiú níos fearr agus rochtain níos mó agus pobail inbhuanaithe á seachadadh agus na seirbhísí a ghabhann leo á soláthar.
- **CPN 32** - Díriú ar 550,000 líon tí breise a sheachadadh faoi 2040 (go Náisiúnta).
- **CPN33** - Tosaíocht a thabhairt do thithe nua a sholáthar ag láithreacha atá in ann tacú le forbairt inbhuanaithe agus ar scála cuí soláthair don láthair.
- **CPN 34** - Tacú le soláthar tithe in-oiriúnaithe le linn a saolré atá in ann freastal ar riachtanais líon tí a athraíonn le himeacht ama.
- **Cuspóir Pleanála Réigiúnach (CPR) 9.1** - *Cinnteoídh údaráis áitiúla comhtháthú straitéisí a thacaíonn le haois agus a thacaíonn le teaghlaigh i bpleananna forbartha agus beartas áitiúil ábhartha eile agus i gcinnteoireacht, lena n-áirítear soláthar do thípeolaíochta tithíochta solúbtha, foirgnimh agus spásanna poiblí atá deartha ionas gur féidir le gach duine, lena n-áirítear daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus daoine le leanaí óga bogadh timpeall gan stró, agus scaradh nó deighilt a sheachaint.*
- **CPR 9.2** - *Tacú le tionscnaimh údaráis áitiúla agus earnála chun rannpháirtíocht ghníomhach agus comhtháthú sóisialta grúpaí mionlaigh a mhéadú, lena n-áirítear náisiúnaigh neamh-Éireannacha agus Lucht Siúil.*
- **CPR 9.4** - *Ba cheart go spreagfadh caighdeáin dearaidh d'fhorbairtí árasáin nua próifíl dhéimeagrafach níos leithne lena n-áirítear teaghlaigh agus daonra atá ag dul in aois.*
- **CPR 9.12** - *Tacú le tionscnaimh údaráis áitiúla agus earnála chun rannpháirtíocht ghníomhach agus comhtháthú sóisialta grúpaí mionlaigh a mhéadú, lena n-áirítear náisiúnaigh neamh-Éireannacha agus Lucht Siúil.*

Tá a lán cuspóirí beartais náisiúnta agus réigiúnacha ábhartha eile ann. Déantar tagairt dóibh de réir uimhreacha i mbeartais agus i gculpóirí aonair an Phlean Forbartha sa chaibidil seo agus leagtar amach go hiomlán iad in Aguisín 7.

6.0.2 Tithíocht, Comhfhorbairt Áite Shláintiúil agus Gníomhú Aeráide

Ba cheart tithíocht a sholáthar ar bhealach a éascaíonn riachtanais raon éagsúil daoine, agus cothromaíocht a sholáthar i dtéarmaí meascán aonad agus cineálacha tionachta. Cuireann dearadh, feidhm agus leagan amach na scéimeanna tithíochta, nuair a dhéantar go maith iad, go mór le seachadadh na comhfhorbairt áite.

Trí thithíocht nua a lonnú san áit cheart, cinntítear go bhfuil sé éasca gluaiseacht trí mhodhanna gníomhacha chuig na conláistí, seirbhísí agus áiteanna oibre atá ann cheana. Éascaíonn sé seo aistriú ó phatrúin taistil neamh-inbhuanaithe carr-bhunaithe agus ar an gcaoi sin astaíochtaí a laghdú.

Féadann leagan amach tithíochta agus cúinsí dearaidh cur go dearfach le hoiriúnú aeráide trína chinntiú go bhfuil forbairt nua suite i bhfad ó cheantair atá i mbaol tuile, agus is féidir leis an dearadh, an treoshuíomh agus na hábhair thógála a úsáidtear a chinntiú go seachadtar tithe atá tíosach ar fhuinneamh.

6.1 Straitéis Tithíochta agus Measúnú Eatramhach ar Riachtanais Tithíochta

Ullmháodh Straitéis Tithíochta agus Measúnú Eatramhach ar Riachtanais Tithíochta Tithíochta (HNDA) do Bhaile Átha Cliath Theas agus tá sé le fáil in Aguisín 11. Is ceangaltas sainordaitheach den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (arna leasú) Straitéis Tithíochta a ullmhú agus ba cheart go mbeadh Measúnacht Éileamh ar Riachtanais Tithíochta (MÉRT) mar thaca leis i gcomhthéacs chuspóirí 20 agus 37 den PFN agus cuspóir 9.5 den SEPS.

D'fhoilsigh an Roinn Tithíochta treoir maidir le hullmhú MERT i mí Aibreáin 2021. De réir Ciorclán 14/2021 ní raibh an treoir ar fáil in am lena chuimsiú sa Phlean Forbartha seo. Dá bhrí sin, tá MÉRT eatramhach mar thaca don Straitéis Tithíochta seo.

Bunaithe ar na réamh-mheastacháin daonra agus tithíochta thar shaolré an Phlean Forbartha, táthar á thuar sa Straitéis Tithíochta agus MÉRT Eatramhach go mbeidh tacaíocht ag teastáil ó 8,415 teaghlach ó Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas suas go 2028 lena n-áirítear teaghlaigh atá ar an liosta tithíochta faoi láthair.

Meastar go ndéanfar freastal ar na teaghlaigh seo trí na Tacaíochtaí Tithíochta Sóisialta éagsúla (m.sh. clár Tógála Nua, Cuid V, Léasú, HAP / RAS) le linn thréimhse an phlean.

Tá beartais agus cuspóirí a bhaineann leis an aschur ón Straitéis Tithíochta agus HNDA leagtha amach thíos:

Beartas T1: Straitéis Tithíochta agus Measúnú Eatramhach ar Riachtanais Tithíochta

Straitéis Tithíochta Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus Measúnú Eatramhach ar Thithíocht agus Éileamh Tithíocht 2022-2028 (agus aon Straitéis Tithíochta ina ionad a chomhaontaigh an Chomhairle) a chur i bhfeidhm agus athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis Tithíochta mar chuid den athbhreithniú éigeantach ar Phlean Forbartha Dhá Bhliana.

T1 Cuspóir 1:

A chinntiú go ndéantar talamh leordhóthanach iomchuí a chriosú chun aidhmeanna na Croí-Straitéise a éascú agus a chur i bhfeidhm, chun forbairt inbhuanaithe inacmhainne a sheachadadh, agus chun freastal ar riachtanais tithíochta tuartha sa Chontae sa todhchaí thar shaolré an Phlean mar atá aitheanta ag an Straitéis Tithíochta agus MERT Eatramhach.

T1 Cuspóir 2:

A éileamh go mbeidh 25% de na tailte atá criosaithe le haghaidh úsáide cónaithe, nó le haghaidh meascán d'úsáidí cónaithe agus eile chun 9 n-aonad nó níos mó a fhorbairt nó chun aonaid a fhorbairt ar thalamh níos mó ná 0.1 heicteár (nó figiúirí ábhartha de réir mar a leasófar le reachtaíocht) curtha in áirithe do thithíocht shóisialta agus inacmhainne de réir an Achta um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht 2015 agus an tAcht Pleanála agus Forbartha 2000 (arna leasú).

T1 Cuspóir 3:

A chinntiú go bhfuil tithíocht leordhóthanach agus iomchuí ar fáil chun freastal ar riachtanais daoine de gach ioncam agus riachtanas lena n-áirítear teaghlaigh den Lucht Siúil, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, agus daoine gan dídean, trí mheascán iomchuí de chineálacha aonaid agus tionachtaí a chur ar fáil in áiteanna oiriúnacha agus ar bhealach a oireann dá riachtanais shonracha.

T1 Cuspóir 4:

A aithint go bhfuil géarghá le soláthar méadaithe tithíochta sóisialta agus inacmhainne lena chinntiú go mbeidh rochtain ag gach cónaitheoir i gContae Bhaile Átha Cliath Theas ar theach. Déanfar foráil den chineál sin trí oibriú le comhlachtaí tithíochta agus le comharchumainn fhaofa chun soláthar a dhéanamh do chóiríocht tithíochta sóisialta agus fíor-inacmhainne chun freastal ar riachtanais tithíochta. Déanfar é seo trí raon de shásanna seachadta lena n-áirítear foirgnimh nua, éadálacha, athchóirithe agus éadálacha tithe folmha, léasú agus tacaíochtaí tithíochta lena n-áirítear RAS agus HAP nó aon sás eile a chuirtear chun cinn faoi Bheartas Tithíochta an Rialtais, agus tabharfar tosaíocht do thógálacha nua agus athchóirithe nuair atá siad ar fáil.

T1 Cuspóir 5:

Forbairt chóiríocht do dhaoine scothaosta / cóiríocht maireachtála chuidithe a spreagadh i dteannta leis an riachtanas céatadáin i leith tithíochta sóisialta.

T1 Cuspóir 6:

A chinntiú go gcuireann an Chomhairle forbairt phobail inbhuanaithe le hioncam measctha chun cinn trí thalamh nó aonaid tithíochta a cheannach nó a fháil ar léas, lena n-áirítear Cuid V.

T1 Cuspóir 7:

Tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar thar thréimhse an Phlean chun freastal ar riachtanais thuartha tithíochta sa todhchaí mar a shainaithnítear sa Straitéis Tithíochta agus san HNDA eatramhach.

T1 Cuspóir 8:

A chinntiú go dtarlaíonn fás daonra agus dlús tithíochta méadaithe laistigh de Chathair agus Bruachbhailte Bhaile Átha Cliath agus teorainneacha baile an Chontae agus chomhtheagmhálach leo, a oireann dá ról straitéiseach réigiúnach, faoi réir ag caighdeáin mhaithe dearaidh agus bainistíochta forbartha a bheith comhlíonta.



T1 Cuspóir 9:

Athúsáid agus athghníomhachtú aonad folmha inár Limistéir Uirbeacha a chur chun cinn agus a shaothrú a luaithe is féidir, tríd an tobhach láithreán folamh a chur i bhfeidhm de réir an Achta um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht 2015, agus trí chur i bhfeidhm Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Thithe Folmha Bhaile Átha Cliath Theas 2018-2021. Déanfaidh an Chomhairle an clár seo a athbhreithniú agus a nuashonrú de réir mar a mheastar a bheith riachtanach agus saothróidh sí Ceannach Éigeantach láithreacha agus aonaid atá folamh go fadtéarmach, nuair is féidir.



T1 Cuspóir 10:

Na beartais, na cuspóirí agus an sprioc aonaid atá leagtha amach faoi Chlár Cóiríochta Lucht Taistil Bhaile Átha Cliath Theas (TAP) 2019-2024 a chur i bhfeidhm agus an clár a athbhreithniú de réir mar is gá.

T1 Cuspóir 11:

Oibriú leis an Rialtas Lárnach agus leis an Oifig Gníomhaireachtaí Stáit ábhartha le freagairt do riachtanais chun tacú leo siúd a bhfuil tearmann agus tithíocht fhadtéarmach de dhíth orthu, chomh maith le cur i bhfeidhm comhsheasmhach na 'Treorach Beartais agus Nós Imeachta d'Údaráis Tithíochta i ndáil le Cúnamh a thabhairt d'Íospartaigh Foréigean Baile le Riachtanais Chóiríochta Éigeandála agus Fadtéarmacha' nó aon bheartas nó reachtaíocht mhalartach a achtaítear thar shaolré an Phlean Forbartha seo.

T1 Cuspóir 12:

Scrúdú a dhéanamh ar an ngá an Plean Forbartha a athrú, tar éis fhoilsiú na treorach ar mhodheolaíocht HNDA a d'éisigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta in Aibreán 2021.

T1 Cuspóir 13:

Soláthróidh tograí le haghaidh forbairt chónaithe 30% ar a laghad d'aonaid 3 sheomra leapa mura féidir a thaispeáint

- go bhfuil srianta ar leith ar an suíomh a chuirfeadh cosc ar a leithéid de sholáthar nó
- go gcomhlíonann an meascán tithíochta beartaithe an éileamh sonrathach riachtanais i gceantar, ag féachaint don chineál tithíochta atá i réim laistigh de shiúlóid 10 nóiméad ón láithreán agus do na sonraí socheacnamaíochta, daonra agus tithíochta atá leagtha amach sa Straitéis Tithíochta agus HNDA Eatramhach.

T1 Cuspóir 14:

Tacú le meascán de chineálacha tionachta a sholáthar ar fud an Chontae d'fhonn cóiríocht oiriúnach a chruthú do chách agus pobail inbhuanaithe agus ioncaim mheasctha a chur chun cinn agus ró-iomadú tionachta aonair a dhíspreagadh (cibé acu úinéir-áititheoir príobháideach, cíos príobháideach, cíos sóisialta nó ceannach agus cíos inacmhainne) laistigh d'aon limistéar áitiúil (laistigh d'achar siúil 10 nóiméad) nó i dToghcheantar Áitiúil, de réir na dTreoirlínte Árasáin agus foráil na Straitéise Tithíochta agus an HNDA Eatramhach nó aon HNDA bunaithe ar Réigiún amach anseo.

T1 Cuspóir 15:

Forbairt tithe d'úinéirí-áititheoirí seachas infheisteoirí institiúideacha a éascú, a mhéid is féidir, trí chiorcláin, treoirlínte ábhartha rialtais agus reachtaíocht tacaíochta a chur i bhfeidhm.

T1 Cuspóir 16:

A chinntiú go ndéantar foráil le haghaidh meascán cothrom tionachta sna ceantair atá criosaithe le haghaidh Athghiniúna i dtailte LAP Thamhlachta agus i limistéar Chreatphlean Bhóthar an Náis. Cuirfidh meascán den sórt sin an tionacht atá ann nó a cheadaítear san áireamh laistigh d'achar siúil deich nóiméad ó aon fhorbairt a bheartaítear agus léireoidh iarratasóirí ar chead pleanála, chun sástacht an Údaráis Phleanála, nach bhfuil aon sáithiú tionachta aonair laistigh den limistéar sainithe.

T1 Cuspóir 17:

Tacú le cóiríocht do dhaoine gan dídean agus / nó seirbhísí tacaíochta a sholáthar atá uilechuimsitheach agus a dhéileálann le gach duine le dínit agus le meas ar bhealach cothrom, lonnaithe ar fud an Chontae gan comhchruinniú in aon cheantar ar leith agus comhairliúchán a ionchorprú le seirbhísí tacaíochta do dhaoine gan dídean chun tacú leis an seirbhís seo.

T1 Cuspóir 18:

Athbhreithniú a dhéanamh ar Straitéis Tithíochta Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas 2022 - 2028 mar chuid den athbhreithniú ar an bPlean Forbartha éigeantach dhá bhliain.

T1 Cuspóir 19:

A chinntiú, nuair a úsáidtear tailte poiblí de chuid an Údaráis Áitiúil atá criosaithe Cón / Cón N nó tailte údarás áitiúil Cón / Cón N a bheidh criosaithe sa todhchaí chun tithíocht a fhorbairt, go n-úsáidtear é go heisiach chun tithe sóisialta, ar chostas inacmhainne agus tithe ceannaigh inacmhainne a sheachadadh.

6.2 Soláthar Tithíochta

Aithnítear acmhainn do thart ar 23,370 aonad atá seirbhísithe agus / nó inúsáidte laistigh de shaolré thréimhse an Phlean sa Chroí-Straitéis i gCaibidil 2. Tá Riachtanas Tithíochta de 17,817 teach nua sa Chontae go dtí 2028. Nuair a chuirtear na tithe ar na láithreáin atá á dtógáil cheana féin san áireamh tá talamh ag teastáil chun soláthar a dhéanamh do 13,260 teach nua thar thréimhse an Phlean.

Ag aithint go bhfuil barrachas seirbhíse agus talamh criosaithe inúsáidte ag an gContae atá riachtanach chun na spriocanna soláthair a sheachadadh ach ag admháil nach féidir leis an talamh seo go léir teacht ar aghaidh, cuimsíonn an Croí-Straitéis cur chuige solúbtha maidir le forbairt ina ndéanfar monatóireacht ar dhul chun cinn agus ar sheachadadh aonad laistigh de gach Comharsanacht le cinnte go mbeidh siad ag teacht leis na figiúirí socraíochta foriomlána chun a bheith ar aon dul leis na Pleananna agus na spriocanna Náisiúnta agus Réigiúnacha.

Cuimsíonn an fás pleanáilte do thréimhse an Phlean Forbartha 93% de thithe nua i lonnaíocht Chathair Bhaile Átha Cliath agus Bruachbhailte trí athúsáid, inlínadh agus comhdhlúthú na limistéar uirbeach atá ann cheana le diantreisiú inbhuanaithe feadh líonraí iompair phoiblí ag na tailte criosaithe 'REGEN', Baile Adaim agus CSF Cluain Buiríosa agus an ceantar nua ag Baile Uí Fhoirtcheirn.

Tá 7% de na tithe nua pleanáilte laistigh de na trí lonnaíochtaí: Teach Sagard, An Caisleán Nua agus Ráth Chúil a fhorbrófar céim ar chéim ag brath ar sheachadadh bonneagar agus seirbhísí sóisialta, fhisiceacha agus iompair.

Beartas T2: Soláthar Tithíochta

A chinntiú go mbeidh talamh criosaithe dóthanach ar fáil i láithreacha iomchuí le riachtanais tithíochta an Chontae a shásamh.

T2 Cuspóir 1:

Úsáid an stoc tithíochta atá ann cheana a uasmhéadú, le tosaíocht do thithe Comhairle folmha, uasghrádú/iarfheistiú an stoic atá ann cheana a éascú agus a chur chun cinn, éileamh fuinnimh a laghdú fhuinneamh agus aghaidh a thabhairt ar Athrú Aeráide de réir an Chláir Fuinnimh, Éifeachtúlachta agus Iarfheistiú 2021-2030 (nó aon cháipéis fhorshuite).



T2 Cuspóir 2:

A chinntiú go bhfuil go leor talún criosaithe, ag comhtháthú talamhúsáide agus iompair ar féidir seirbhísíú a dhéanamh air, ar fáil ag áiteanna iomchuí chun riachtanais tithíochta an Chontae a shásamh agus chun tacú le forbairt tailte tithíochta bunaithe ar an Straitéis Lonnaíochta a leagtar amach i gCaibidil 2 Croí-Straitéis agus Straitéis Lonnaíochta.



T2 Cuspóir 3:

Forbairt scéimeanna inlíonta a chur chun cinn agus a éascú ar fud an Chontae mar a bhfuil sé sainaitheanta go gcuirfidh scéimeanna den sórt sin le feabhsú na bpobal sa Chontae faoi réir chosaint na taitneamhachta cónaithe ag cinntiú go gcaomhnófar spásanna agus taitneamhachtaí poiblí leordhóthanacha agus iomchuí sna heastáit chónaithe atá ann cheana.



T2 Cuspóir 4:

Caighdeáin tithíochta saoil a chur chun cinn i dtithe nua a thógtar sa Chontae de réir an chleachtais is fearr.



T2 Cuspóir 5:

A chinntiú go n-úsáidtear forálacha an Achta Pleanála agus Forbartha 2000, arna leasú, chun ligin ghearrthéarmacha a rialú agus a údarú agus chun ró-thiúchan úsáide den sórt sin a chosc d'fhonn soláthar tithíochta a éascú.

T2 Cuspóir 6:

Soláthar leordhóthanach iomchuí tithíochta sóisialta a chinntiú ar fud an Chontae, go háirithe maidir le haonaid 1 leaba agus 4 leaba, trí bhainc talún poiblí a chur le chéile, aistriú tailte agus meicníochtaí iomchuí eile a éascú le tríú páirtithe (ach amháin nuair is gá) líon iomchuí agus dáileadh tithíochta sóisialta nua a chinntiú, agus tiúchan breise tithíochta sóisialta a sheachaint os cionn an méid atá ann cheana féin.

T2 Cuspóir 7:

Comhtháthú de gach cineál tionachta a chur chun cinn laistigh de phobail trí na réimsí fócais chun Tithíocht Shóisialta a sholáthar a bhogadh go ceantair ina bhfuil meath an daonra d'fhonn na constaicí agus an t-údar náire mífhortúnach atá ar an drochuair a bhriseadh síos, agus ath-dhaonrú na bpobal atá ag laghdú a chur chun cinn in ionad leanúint ar aghaidh le tionscadail inlíonta níos mó a fhorbairt i gceantair ina bhfuil méadú daonra agus brú daonra cosúil le Tamhlacht agus Cluain Dolcáin mar a bhfuil spás glas ag éirí tearc dá bharr sin.



6.3 Tithíocht do Chách

6.3.1 Tithíocht do Dhaoine Scothaosta

Is é an fás réamh-mheasta san aoisghrúpa 65 agus níos sine an t-athrú is mó go dtí 2031, le méadú réamh-mheasta de 56.4% (17,447 duine) faoi 2031. Is leanúint é seo den treocht ó bhlianta roimhe seo inar tháinig méadú 33% ar an gcohort idir 2011 agus 2016 ar ráta méadaithe é ón 29% idir Daonáireamh 2006 agus 2011. Is ionann sin agus fás 73% san aoisghrúpa seo thar an tréimhse 10 mbliana 2006 - 2016.

Níos mó ná riamh, is toisc thábhachtach í an phleanáil do riachtanais tithíochta daoine scothaosta agus trí réitigh tithíochta a thabhairt ar aghaidh a oireann dá sainriachtanais fhisiciúla agus shóisialta is féidir comharsanachtaí inbhuanaithe agus measctha a sholáthar.

Tacaíonn Ráiteas Beartais an Rialtais maidir le Roghanna Tithíochta dár nDaonra Aosaithe (a foilsíodh in 2018) le forbairt tithíochta agus seirbhísí ar láithreacha atá suite go lárnach laistigh de cheantair uirbeacha mar a léiríonn taighde go dtacaíonn ionaid uirbeacha ar ardchaighdeán, dea-nascctha, le raon agus rogha tionachtaí tithíochta go gníomhach le haosú sa láthair.

Féachfaidh an Plean Forbartha le haghaidh a thabhairt ar riachtanais tithíochta daoine scothaosta laistigh dá bpobail, agus é mar aidhm raon roghanna cóiríochta tarraingteacha a sholáthar do dhaoine ar mian leo ceartú méide a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar thearcúsáid tithe níos mó, go háirithe i gceantair níos seanbhunaithe.

Rogha gníomhach, dearfach duine scothaosta is ea ceartú méide chun bogadh go háitreabh eile mar bhealach chun a cháilíocht beatha a fheabhsú. Braitheann an cumas chun ceartú méide a dhéanamh ar roghanna tithíochta infhaighte agus inrochtain a mheasann daoine a chuirfeadh feabhas ar a gcáilíocht beatha. Is minic a chiallaíonn sé seo bogadh chuig aonaid tithíochta níos lú.

Mar atá leagtha amach faoin gClár Rialtais (2020), aithnítear go gcuireann rogha maireachtála i dtithíocht chuí, nuair is féidir, ar chumas daoine scothaosta fanacht i ngar dá dteaghlaigh agus dá bpobal agus rochtain a fháil ar shláinte agus ar sheirbhísí a bhaineann le haois. Tá an cur chuige seo corpraithe i ndoiciméid bheartais éagsúla Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.

Léirigh anailís Bhaile Átha Cliath Theas go bhfuil timpeall 12% de thionóntachtaí reatha tithíochta na Comhairle comhdhéanta de theaghlaigh le duine amháin nó beirt, iad uile 55 bliana d'aois nó níos sine, agus gan aon áititheoirí dearbhaithe eile, ina gcónaí i dtithe trí nó ceithre sheomra leapa. Dá réir sin tá thart ar 700 teach le háitíocht aonair ag duine scothaosta agus beagnach 500 teach breise ina bhfuil beirt daoine scothaosta.

Tá beartas leagtha amach ag Roinn Tithíochta Bhaile Átha Cliath Theas sa chomhthéacs seo agus faoi láthair tá sí ag cur ceartú méide chun cinn go honnghníomhach nuair is cuí, dá ngairtear freisin 'Ceartú Méide ag an Am Cuí' mar chuid dá hiarrachtaí leanúnacha chun an úsáid is fearr a bhaint as stoc tithíochta sóisialta na Comhairle.

6.3.2 Tithíocht do Dhaoine le Míchumais agus/nó le Fadhbanna Meabhairshláinte

Tá suíomh rithábhachtach nuair atá tithíocht do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas á mbreithniú. Is toscá suntasacha iad rochtain ar iompar poiblí, seirbhísí pobail áitiúla agus saoráidí chun cáilíocht na beatha a fheabhsú. Maidir le dearadh tithíochta, leathnaíonn comhlíonadh Chuid M de na Rialacháin Foirgníochta na roghanna atá ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas. Tá tacaíocht ag teastáil don choincheap maidir le maireachtáil neamhspleách agus / nó le cúnaimh dóibh siúd faoi mhíchumas, agus ba cheart machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a dteastaíonn cúram cónaitheach ó dhaoine áirithe, nuair a bhíonn aonaid tithíochta oiriúnaithe á ndearadh. Tacóidh an Chomhairle le forbairt a sholáthraíonn cúram faoisimh agus / nó cónaithe in áiteanna agus criosanna iomchuí ar fud an Chontae. I ngach cás, caithfidh an fhorbairt a bheith de réir phrionsabail an Dearaidh Uilíoch agus fhoilseachán an Údaráis Náisiúnta Míchumais 'Tógáil do Chách: Cur Chuige Dearaidh Uilíoch 'agus tabharfaidh sé aird ar 'Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2017-2021' an Rialtais.

Oibríonn an Chomhairle i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus Comhlachtaí Tithíochta Faofa chun tithíocht shóisialta a sheachadadh agus a bhainistiú. Cuirfidh an Chomhairle soláthar tithíochta poiblí (lena n-áirítear tithíocht shóisialta agus inacmhainne) chun cinn trí thosaíocht a thabhairt do láithreacha le haghaidh seirbhísithe a bhfuil acmhainn iontu do thithíocht phoiblí (sóisialta agus inacmhainne san áireamh).

Beartas T3: Tithíocht do Chách

Tacú le cóiríocht a sholáthar do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas agus / nó saincheistean sláinte meabhrach laistigh de cheantair bhunaithe chónaithe agus úsáide measctha a thairgeann rogha agus meascán de chineálacha cóiríochta laistigh dá bpobail agus in áiteanna atá cóngarach do sheirbhísí agus do conláistí.

T3 Cuspóir 1:

Tacú le tithíocht atá deartha do dhaoine scothaosta i gceantair chónaithe agus úsáide measctha, ag láithreacha atá cóngarach do sheirbhísí agus áiseanna atá ann cheana lena n-áirítear cosáin do choisithe, siopaí áitiúla, páirceanna agus iompar poiblí.



T3 Cuspóir 2:

Tacú le roghanna tithíochta do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas agus / nó fadhbanna meabhairshláinte - comhsheasmhach le NPO 30 sa CFN, RPO 9.1 agus 9.12 den SSER.

T3 Cuspóir 3:

Foráil a dhéanamh maidir le tithe móra a fhoroinnt nó tithe níos lú a chónascadh laistigh de cheantair bhunaithe chun cóiríocht chúraim neamhspleách, leath-neamhspleách nó fhadtéarmach a sholáthar. Ba cheart go mbeadh forbairt den sórt sin faoi réir na gcaighdeán páirceála agus na gcaighdeán maidir le foroinnt áitribh mar atá leagtha amach faoi Chaibidil 13 *Cur chun Feidhme agus Monatóireacht*. Beidh Ráiteas Tionchair Tráchta ag teastáil i gcás mórfhorbairtí a ghineann trácht nó nuair a mheastar go mbeadh tionchar suntasach acu ar líonra bóithre an Chontae.



T3 Cuspóir 4:

Tacú le forbairtí tithíochta faoi stiúir an phobail do dhaoine scothaosta agus tithíocht shóisialta agus inacmhainne Comhairle i gceantair bhunaithe ar thailte atá ainmnithe le Cuspóir Críosaithe "OS" (spás oscailte agus áiseanna áineasa a chaomhnú agus foráil a dhéanamh dóibh), nuair a mheastar cáilíocht agus candam na spásanna oscailte poiblí atá fágtha a bheith sásúil agus go ndéantar conláiste an cheantair a chaomhnú.

Há Cuspóir 5:

Spregadh agus tacaíocht ghníomhach a thabhairt do sholáthar cóiríochta saintógtha, lena n-áirítear aonaid mhaireachtála le cúnamh agus tithíocht ar feadh an tsaoil agus oiriúnú na réadmhaoine atá ann cheana féin ar bhonn práinneach.

T3 Cuspóir 6:

'Aosú in áit' agus deiseanna socrú méide ceart a chur chun cinn laistigh de phobail agus bonn fianaise a éileamh do thithe altranais nua atá beartaithe i gceantair ar cosúil go bhfuil freastal maith déanta orthu.

T3 Cuspóir 7:

A chinntiú go ndéantar cóiríocht go tráthúil dóibh siúd a bhfuil sainriachtanais tithíochta acu, mar shampla daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, daoine gan dídean, Lucht Siúil agus daoine a fhágann Soláthar Díreach, ar bhealach a oireann dá riachtanais shonracha.

T3 Cuspóir 8:

Tacú le Straitéis Aoisbháúil Bhaile Átha Cliath Theas 2020-2024, an Clár Náisiúnta Aoisbháúil, agus Roghanna Tithíochta dár nDaonra Aosaithe 2019 a chur i bhfeidhm, le haird ar threoirínte Aoisbhá Éireann do na húdaráis phleanála (2021).

T3 Cuspóir 9:

Scrúdú a dhéanamh i gcomhthéacs an bheartais Tithíochta ar riachtanais chóiríochta na ndaoine scothaosta sa phobal LGBT + sa todhchaí.

T3 SLO 1:

Soláthar maireachtála tacaíthe agus do dhaoine scothaosta a éascú agus aghaidh a thabhairt go dearfach ar shaintréithe comhshaoil an-íogair an láithreáin maidir le Riosca Tuilte, prionsabail na Conaire bruachánaí agus an Bhoneagair Ghlais. Níor chóir go sáródh scála aon athfhorbartha athsholáthair an spás urláir comhlán atá ann cheana agus an úsáid atá ann cheana ar an láithreán, agus spás urláir an déanmhais chosanta ar an láithreán a chur as an áireamh.

T3 SLO 2:

Tacú le teach Altranais N. Bríde a fhorbairt ag Cnoc Slinne mar ionad cúraim do dhaoine scothaosta.

6.4 Cóiríocht don Lucht Siúil

Tá beartas leagtha amach i gClár Cóiríochta don Lucht Siúil an Chontae 2019-2024 maidir le Cóiríocht don Lucht Siúil a sholáthar. Beidh an clár cóiríochta don Lucht Siúil á nuachóiriú ag an gComhairle de réir mar is gá.

Beartas T4: Cóiríocht don Lucht Siúil

Clár Cóiríochta don Lucht Siúil Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas 2019 - 2024 (agus aon chlár malartach a aontaíonn an Chomhairle) a chur i bhfeidhm de réir phrionsabail na pleanála cearta agus na forbartha inbhuanaithe.

T4 Cuspóir 1:

Clár Cóiríochta don Lucht Siúil Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas 2019 - 2024 (agus aon chlár malartach a thagann ina áit) a chur i bhfeidhm.

T4 Cuspóir 2:

A chinntiú go bhfuil Cóiríocht an Lucht Siúil suite cóngarach do sheirbhísí, lena n-áirítear iompar poiblí, scoileanna, Dochtúirí Teaghlaigh, siopaí, clóis súgartha agus clubanna spóirt.

T4 Cuspóir 3:

Forbairtí fadtéarmacha inbhuanaithe don Lucht Siúil a sholáthar, agus soláthar ceart bonneagair a chinntiú.

T4 Cuspóir 4:

A chinntiú go soláthraítear gach Cóiríocht don Lucht Siúil ar an gcaighdeán is airde tar éis comhairliúcháin mhionsonraithe le pobail áitiúla agus le grúpaí abhcóideachta don Lucht Siúil.

T4 Cuspóir 5:

A chinntiú go bhfuil áiseanna bunúsacha ag gach láithreán stad mar uisce, BSL, bailiú bruscar agus sláintíocht agus go bhfuil siad suite chun an oiread comhtháthaithe agus is féidir a dhéanamh le pobail áitiúla, i.e. rochtain ar scoileanna, Dochtúirí Teaghlaigh, siopaí, clóis súgartha agus clubanna spóirt.

T4 Cuspóir 6:

Suímh neamhbhuana a sholáthar de réir na reachtaíochta agus idirchaidreamh a dhéanamh leis na húdarais Áitiúla eile i mBaile Átha Cliath maidir leis an ngá le suímh oiriúnacha a aithint don soláthar sin d'fhonn foráil a dhéanamh do chur chuige comhordaithe i Réigiún Bhaile Átha Cliath nuair is gá.

6.5 Soláthar Tithíochta Eile

Féachann Baile Átha Cliath Theas le comhionannas a chur chun cinn agus gach cineál eisiaimh shóisialta a laghdú de réir a chéile agus riachtanais gach duine a bhféadfadh riachtanas tobann soláthar tithíochta a bheith acu a éascú. Chomh maith leis an raon beartas a leagtar amach thuas, oibreoidh an Chomhairle le gníomhaireachtaí reachtúla eile chun cóiríocht oiriúnach a éascú agus chun tacú léi agus chun raon agus cáilíocht na seirbhísí atá ar fáil a fheabhsú.

Beartas T5: Soláthar Tithíochta Eile

Tacú le gníomhaireachtaí ábhartha agus iad a éascú chun riachtanais shonracha éigeandála nó cineálacha eile tithíochta a sholáthar de réir mar a thagann éileamh den sórt sin chun cinn.

T5 Cuspóir 1:

Tacú le gníomhaireachtaí ábhartha agus iad a éascú le cóiríocht éigeandála atá uilechuimsitheach go sóisialta a fhorbairt, lena n-áirítear brúnna do dhaoine gan dídean de gach inscne agus teaghlach, ar bhealach cothrom atá suite ar fud an Chontae d'fhonn ró-thiúchan in aon limistéar ar leith a sheachaint.

T5 Cuspóir 2:

Éascú agus tacaíocht a thabhairt do Túsla, an Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh, do sholáthraithe seirbhíse foréigin teaghlaigh áitiúil agus gníomhaireachtaí ábhartha eile i bhforbairt tearmainn ban sa Chontae agus cóiríocht éigeandála agus aonaid idirthréimhseacha san áireamh.

T5 Cuspóir 3:

Tithíocht éigeandála gearrthéarmach a sholáthar do dhaoine nach bhfuil in ann filleadh ar a dtithe mar gheall ar fhoréigean teaghlaigh ar bhonn daonnúil gan é a bheith riachtanach a n-incháilitheacht le haghaidh tacaíochta tithíochta sóisialta a mheas nó iad a áireamh ar liosta feithimh an údaráis le haghaidh tacaíochtaí tithíochta ar aon dul leis an Beartas agus Treoir Nós Imeachta na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil d'Údaráis Tithíochta maidir le Cuidiú le hÍospartaigh an Fhoréigin Baile le Riachtanais Chóiríochta Éigeandála agus Fadtéarmacha.

T5 Cuspóir 4:

Athbhreithniú a dhéanamh ar na riachtanais maidir le tearmann breise ban sa chontae lena chinntiú go bhfuil rochtain leordhóthanach ar áiteanna sábháilteachta ar fáil do mhná agus do leanaí áitiúla atá i mbaol an fhoréigin is míchuibheasaí.

6.6 Lóistín do mhic léinn

Is é OT Bhaile Átha Cliath, Tamhlacht an Institiúid Tríú Leibhéal is suntasaí sa Chontae agus is ospidéal teagaisc é Ospidéal Thamhlachta a bhfuil tábhacht náisiúnta leis. Tá mórinstiúidí tríú leibhéal eile laistigh de chontaetha tadhlacha in aice lonnaíochtaí atá ann cheana i gContae Bhaile Átha Cliath Theas.

Ag teacht leis an Straitéis Náisiúnta um Chóiríocht do Mhic Léinn (2017), ba cheart cóiríocht shainchuspóireach do mhic léinn a sholáthar ar an gcampas nó in áiteanna oiriúnacha a bhfuil rochtain áisiúil acu ar choláistí tríú leibhéal, go háirithe de shiúl na gcos, ar rothar agus iompar poiblí ar ardchaighdeán agus áisiúil.

Beartas T6 Lóistín do mhic léinn

Tacú le lóistín faoi bhainistíocht ghairmiúil do mhic léinn tríú leibhéal ar champas nó i láithreacha cuí atá inrochtain don oideachas tríú leibhéal a sholáthar.

T6 Cuspóir 1:

Tacú le lóistín inacmhainne inbhuanaithe do mhic léinn a fhorbairt i gcampas Institiúide aitheanta Tríú Leibhéal nó in aice leis nó ag láithreacha oiriúnacha eile ar fud an Chontae in aice le naisc iompair phoiblí agus cosaint ár sráidbhailte stairiúla a chinntiú.



6.7 Cáilíocht na Forbartha Cónaithe

Tá tithíocht ar ardchaighdeán rithábhachtach chun comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe a sheachadadh mar a shamhlaítear faoin CPN, agus an SSER a sheasann le Sprioc 11 de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe chun cathracha agus lonnaíochtaí daonna ionchuimsitheacha, sábháilte, seasmhacha, agus inbhuanaithe a dhéanamh.

Soláthraíonn Caibidil 5 den Phlean Forbartha cur chuige iomlánaíoch maidir le Dearadh Cáilíochta agus Comhfhorbairt Áite Sláintiúil do gach úsáid talún trí úsáid a bhaint as 'Cur chuige an phlean' atá forbartha timpeall ar ocht bprionsabal a bhfuil sé mar aidhm acu an fhís do Bhaile Átha Cliath Theas a thiomáint agus tacú leis. De réir na bprionsabal seo díróinn an chuid seo ar áiteanna tarraingteacha, nasctha agus feidhmiúla a chruthú chun beartais agus cuspóirí a bhaineann go sonrach le cáilíocht na tithíochta a leagan amach.

6.7.1 Dearadh agus Leagan Amach Cónaithe

Tugann na Treoirínte d'Údarás Phleanála ar Fhorbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha, DHPLG (2009) comhairle go bhfuil áitritheoirí i dteideal a bheith ag súil go mbeidh leibhéal ard taitneamhachta, príobháideachta, slándála agus éifeachtúlachta fuinnimh ar fáil i dtithe nua.

Tá caighdeáin maidir le cáilíocht na forbartha cónaithe lena n-áirítear spás oscailte príobháideach, méideanna aonaid chónaithe, príobháideacht agus deisiúir leagtha amach faoi Chaibidil 13 *Cur chun Feidhme agus Faireachán* den Phlean seo. Déileáiltear le spás oscailte poiblí i gCaibidil 8 *Bonneagar Pobail agus Spás Oscailte Poiblí* agus Caibidil 13. Tá na caighdeáin curtha le chéile ag na beartais agus na cuspóirí atá leagtha amach thíos.

Beartas T7: Dearadh agus Leagan Amach Cónaithe

Dearadh agus leagan amach ardchaighdeán a chur chun cinn i bhforbairtí cónaithe nua chun timpeallacht mhaireachtála ar ardchaighdeán a chinntiú do áitritheoirí, i dtéarmaí chaighdeán na n-aonad cónaithe aonair agus leagan amach agus cuma foriomlán na forbartha.

T7 Cuspóir 1:

Dearadh agus leagan amach ardchaighdeán a chur chun cinn i bhforbairt chónaithe nua agus timpeallacht mhaireachtála ardcháilíochta a chinntiú do áitritheoirí, i dtéarmaí chaighdeán na n-aonad cónaithe aonair agus leagan amach agus cuma fhoriomlán na forbartha de réir na gcaighdeán atá leagtha amach sna Treoirlínte d'Údaráis Phleanála ar Fhorbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha, DEHLG (2009) agus sa Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach a ghabhann leis - Treoir Dea-Chleachtais agus na Caighdeán Dearaidh d'Árasáin Nua (DHLGH mar a nuashonraíodh 2020) agus i gCaibidil 13 Cur chun Feidhme agus Faireachán.

T7 Cuspóir 2:

A chinntiú go gcuimsíonn forbairtí cónaithe nua bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus nuálaíocht i ndeiseanna fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn.



T7 Cuspóir 3:

Tacú le prionsabal na scéimeanna tréscailteachta a sholáthraíonn naisc fheabhsaithe idir eastáit tithíochta agus a dtimpeallacht le haghaidh siúl agus rothaíochta agus iompar frithshóisialta á chur san áireamh, agus gan ach scéimeanna tréscailteachta d'fheithiclí a chur chun cinn nuair is gá.



T7 Cuspóir 4:

A chinntiú go soláthraíonn forbairt chónaithe cur chuige comhtháite agus cothrom i leith gluaiseachta, comhforbairt áite agus dearadh sráid-dreacha de réir cheanglais an Lámhleabhair Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha, DTTAS agus DEHLG (2013).



6.7.2 Spás Oscailte Príobháideach agus Comhchoiteann / Leathphríobháideach agus Poiblí

Is príomhghné de thimpeallachtaí cónaithe ardchaighdeán é spás oscailte atá deartha agus suite go cuí a sholáthar. Ba cheart go mbeadh luach áineasa gníomhach agus éighníomhach ag spás oscailte poiblí agus ba cheart go gcuirfeadh sé le féiniúlacht agus taitneamhacht ceantair. Leagann Cuid 8.7, Caibidil 8 *Bonneagar Pobail agus Spás Oscailte Poiblí* amach beartas agus cuspóirí sonracha maidir le spásanna oscailte poiblí inbhuanaithe. Sa chuid seo leagtar amach beartais agus cuspóirí sonracha maidir le spás oscailte príobháideach agus leathphríobháideach nó comhchoiteann.

Beartas T8: Spás Oscailte Poiblí

A chinntiú go bhfreastalaíonn ordlathas soiléir agus líonra de spásanna oscailte poiblí ar ardchaighdeán ar gach forbairt chónaithe le soláthar do chaitheamh aimsire gníomhach agus éighníomhach agus a fheabhsaíonn carachtar amhairc, féiniúlacht agus taitneamhacht an cheantair.

T8 Cuspóir 1:

A chinntiú go gcomhlíonann spás oscailte poiblí i bhforbairtí cónaithe nua na caighdeáin chainníochtúla agus cháilíochtúla atá leagtha amach i Roinn 8.7 de Chaibidil 8: *Bonneagar Pobail agus Spás Oscailte Poiblí agus Caibidil 13: Cur chun Feidhme agus Faireachán*

T8 Cuspóir 2:

A chinntiú go bhfuil sainmhíniú soiléir ann idir spás oscailte poiblí, leathphríobháideach agus príobháideach ar leibhéal áitiúil agus dúiche agus go mbaineann gach spás oscailte den sórt sin leas as faireachas éighníomhach ó fhorbairt chónaithe in aice láimhe.

T8 Cuspóir 3:

Feabhas a chur ar luach áineasa spásanna oscailte a fheastalaíonn ar cheantair chónaithe atá ann cheana mar chuid d'aon fhorbairtí inlíonta sa todhchaí nó, más iomchuí, foráil a dhéanamh chun páirceanna eile a uasghrádú sa cheantar máguaird (an coincheap 10 nóiméad a chur i bhfeidhm) trí ranníocaíocht airgeadais ina ionad, más rud é nach bhfuil forbairt bheartaithe in ann na caighdeáin spáis oscailte iomlána a sholáthar ar an láithreán.

6.7.3 Spás Oscailte Príobháideach agus Leath-Phríobháideach

Tá sé ríthábhachtach spás oscailte príobháideach agus leathphríobháideach leordhóthanach agus dea-dheartha a sholáthar chun freastal ar riachtanais taitneamhachta na n-áitreabhach. I scéimeanna a chuimsíonn árasáin agus árasáin dhá leibhéal is féidir soláthar spáis oscailte príobháideach níos teoranta na n-aonad seo a mhéadú go rathúil le spásanna oscailte leathphríobháideacha ardchaighdeáin atá tírdhreachaithe ar ardchaighdeán agus a thairgeann raon úsáidí gníomhacha agus éighníomhacha do chónaitheoirí.

Beartas T9: Spás Oscailte Príobháideach agus Leath-Phríobháideach

A chinntiú go bhfuil rochtain ag gach áitreabh ar spás oscailte príobháideach ar ardchaighdeán agus ar spás oscailte leathphríobháideach (nuair is iomchuí) agus go ndéantar an spás sin a chomhtháthú go cúramach i ndearadh na bhforbairtí cónaithe nua.

T9 Cuspóir 1:

A chinntiú go ndéantar gach spás oscailte príobháideach do thithe agus árasáin / árasáin dhá leibhéal lena n-áirítear balcóiní, paitió, gairdíní dín agus gairdíní cúil a dheardh de réir na gcaighdeán cáilíochtúla agus cainníochtúla atá leagtha amach i gCaibidil 13 *Cur chun Feidhme agus Faireachán*.

T9 Cuspóir 2:

A chinntiú go gcinntíonn deardh agus leagan amach árasáin nua, nó scéimeanna eile de réir mar is cuí, rochtain ar spás oscailte leathphríobháideach nó comhchoiteann ardchaighdeáin agus comhtháite a thacaíonn le raon úsáidí gníomhacha agus éighníomhacha.

6.7.4 Cóiríocht Chónaitheach Inmheánach

Ba chóir go mbeadh na háitribh de mhéid leordhóthanach agus inoiriúnaithe go leor chun a chur ar chumas daoine maireachtáil go compordach trí chéimeanna éagsúla dá saol agus trí riachtanais athraitheacha tí.

Beartas T10: Cóiríocht Chónaitheach Inmheánach

A chinntiú go soláthraíonn gach tithíocht nua ardchaighdeán cóiríochta atá solúbtha agus inoiriúnaithe, chun freastal ar riachtanais fhadtéarmacha cineálacha agus méideanna tí éagsúla.

T10 Cuspóir 1:

Soláthar tithe agus árasáin / dúbailtí ardchaighdeán a chur chun cinn laistigh de chomharsanachtaí inbhuanaithe trí na caighdeáin chainníochtúla agus cháilíochtúla iomchuí a bhaint amach, de réir Threoirlínte an Aire agus mar atá leagtha amach i gCaibidil 13 *Cur chun Feidhme agus Faireachán* .

T10 Cuspóir 2:

Tacú le dearadh leagan amach aonad cónaithe inoiriúnaithe a fhéadfaidh freastal ar riachtanais athraitheacha áititheoirí, trí shíneadh nó athmhúnlú faoi réir chosaint taitneamhachta cónaithe.



T10 Cuspóir 3:

Breithniú a dhéanamh ar an ngá atá le dóthain spáis a bheith á sholáthar ag aonaid tithíochta chun ligean do dhaoine obair ón mbaile.



6.7.5 Príobháideacht agus Slándáil

Is gnéithe tábhachtacha den dearadh iad príobháideacht agus slándáil chun taitneamhacht chónaithe a chosaint, go háirithe i scéimeanna le dlús níos airde. Is féidir slándáil agus príobháideacht a fheabhsú trí shainmhíniú soiléir a sholáthar idir spásanna poiblí, leathphríobháideacha agus príobháideacha.

Is féidir cuidiú le slándáil trí fhaireachtas éighníomhach agus gníomhach ar shráideanna agus spásanna a uasmhéadú.

Beartas T11: Príobháideacht agus Slándáil

Ardchaighdeán príobháideachta agus slándála a chur chun cinn d'áitribh atá ann cheana agus atá beartaithe trí dhearadh agus leagan amach na tithíochta.

T11 Cuspóir 1:

A chinntiú go bhfuil gléine agus idirdhealú soiléir idir spásanna príobháideacha, leathphríobháideacha (comhchoiteanna) agus na spásanna oscailte poiblí a fhreastalaíonn ar fhorbairt chónaithe.

T11 Cuspóir 2:

A chinntiú go bhfuil gach forbairt deartha chun éadan sráide a sholáthar agus chun faireachtas ar shráideanna agus ar an réimse poiblí a uasmhéadú.

T11 Cuspóir 3:

A chinntiú go mbíonn spásanna oscailte príobháideacha iata laistigh de bhloic imlíne taobh thiar den líne tógála agus go ndéantar iad a fhoroinnt le cóireálacha teorann a bhfuil a n-airde agus a gcomhdhéanamh dóthanach chun príobháideacht agus slándáil sásúil a sholáthar.

T11 Cuspóir 4:

A chinntiú go bhfuil achar scartha, dearadh nó suíomh sásúil ag balcóiní agus fuinneoga os comhair a chéile os cionn leibhéal na talún chun príobháideacht a chosaint gan cur isteach ar thaitneamhacht chónaithe inmheánach.

6.7.6 Láithreáin Topagrafacha Ghéara nó Athraitheacha

Ba cheart go bhfreagródh dearadh agus suíomh na forbartha cónaithe nua go cuí do thopagrafaíocht nádúrtha an láithreáin ina bhfuil sé agus go bhfeabhsódh sé agus go mbreiseodh sé na tréithe nádúrtha. Ba cheart go mbeadh sé seo bunaithe ar anailís chríochnúil láithreáin agus ar athbhreithniú comhthéacs. Le tionchair éiceolaíocha agus amhairc a íoslaghdú, ba cheart d'fhorbairt chónaithe ar láithreáin a bhfuil topagrafaíocht ghéar nó éagsúil acu fána nádúrtha an tírdhreacha a úsáid agus gnéithe innealtóireachta ionsáiteacha a sheachaint.

Beartas T12 Láithreáin le Topagrafaíocht Ghéar nó Athraitheach

A chinntiú go ndéantar forbairt ar thailte le topagrafaíocht ghéar agus / nó athraitheach a dhearadh agus a shuíomh chun na tionchair ar fhána nádúrtha an láithreáin a íoslaghdú.

T12 Cuspóir 1:

A chinntiú go ndéantar gach forbairt lena n-áirítear foirgnimh, sráideanna agus spásanna a dhearadh agus a eagrú chun freagairt do chomhrianta nádúrtha agus gnéithe draenála nádúrtha an láithreáin agus iad a chomhlánú de réir mholtaí an Lámhleabhair um Dhearadh Uirbeach - Treoir Dea-Chleachtais (2009).

T12 Cuspóir 2:

Úsáid réitigh innealtóireachta ionsáiteacha a sheachaint, ar nós ardáin ghearrtha agus líonta, claífoirt nó ballaí coinneála ar láithreáin a bhfuil topagrafaíocht ghéar nó éagsúil acu.

T12 Cuspóir 3:

A chinntiú go mbíonn spásanna oscailte príobháideacha iata laistigh de bhloic imlíne taobh thiar den líne tógála agus go ndéantar iad a fhoroinnt le cóireálacha teorann atá oiriúnach go leor ar airde agus comhdhéanamh leordhóthanach chun príobháideacht agus slándáil shásúil a sholáthar.

T12 Cuspóir 4:

A chinntiú go bhfuil achar scartha, dearadh nó suíomh leordhóthanach ag balcóiní agus fuinneoga os comhair a chéile os cionn leibhéal na talún chun príobháideacht a chosaint gan cur isteach ar thaitneamhacht chónaithe inmheánach.

6.8 Comhdhlúthú Cónaithe i gCeantair Uirbeacha

6.8.1 Inlíonadh, Cúlchríoch, Foroinnt agus Láithreáin Chúinne

I gceantair chónaithe bhunaithe is féidir treisiú inbhuanaithe a bhaint amach trí fhorbairt inlíonta, tithe móra a fho-roinnt, forbairt cúlchríche agus forbairt suíomh móra cúinne. Beidh treisiú íogair tábhachtach chun ceantair ina bhfuil an daonra marbhánta nó ag titim a athbheochan, chun inmharthanacht leanúnach saoráidí, seirbhísí agus taitneamhachtaí a chinntiú agus chun freastal ar riachtanais tithíochta an Chontae sa todhchaí.

Tacaíonn na Treoirínte d'Údaráis Phleanála ar Fhorbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha, DEHLG (2009) le treisiú íogair na forbartha tithíochta i gceantair bhunaithe, a aithníonn gur féidir le soláthar teaghaisí breise i gceantair bhruachbhailteacha bailte agus cathracha ceantair den sórt sin a athbheochan. Tá caighdeáin maidir le comhdhlúthú cónaithe leagtha amach faoi Chaibidil 13 *Cur chun Feidhme agus Faireachán* an Phlean seo agus iad frámaidithe ag beartais agus cuspóirí mar atá leagtha amach thíos.

Beartas T13: Comhdhlúthú Cónaithe

Comhdhlúthú cónaithe agus treisiú inbhuanaithe a chur chun cinn agus tacú leo in áiteanna iomchuí, chun tacú le hinmharthanacht leanúnach bhonneagair agus seirbhísí sóisialta agus fisiciúla agus freastal ar riachtanais tithíochta an Chontae sa todhchaí.

T13 Cuspóir 1:

Comhdhlúthú cónaithe agus treisiú inbhuanaithe a chur chun cinn agus tacú leo in áiteanna iomchuí agus comhairliúchán a spreagadh le pobail atá ann cheana agus le páirtithe leasmhara eile.



T13 Cuspóir 2:

Stoc tithíochta reatha an Chontae a chothabháil agus a chomhdhlúthú trí bhreithniú a dhéanamh ar iarratais ar fhoroinnt tithíochta, forbairt cúlchríche agus forbairt inlíonta ar láithreáin mhóra i gceantair bhunaithe, faoi réir cosaintí agus caighdeáin iomchuí a shaináithnítear i gCaibidil 13 *Cur chun Feidhme agus Faireachán*.



T13 Cuspóir 3:

Breithniú fabhrach a dhéanamh ar thograí chun láithreáin gairdín cúinne nó leathana a fhorbairt laistigh de chúirtealáiste na dtithe atá ann cheana i gceantair chónaithe bhunaithe, faoi réir cosaintí agus caighdeáin iomchuí a shaináithnítear i gCaibidil 13 *Cur chun Feidhme agus Faireachán*.



T13 Cuspóir 4:

Úsáid chónaithe 'Os Cionn an Siopa' a chur chun cinn agus a spreagadh ar urlár uachtarach na bhfoirgneamh cuí atá lonnaithe i Lárionaid Baile, Dúiche, Áitiúil agus Sráidbhailte sa Chontae ach amháin i gcás tithe tábhairne agus clubanna oíche agus áiteanna míchuí eile ina ndéantar gnó den chineál céanna.



T13 Cuspóir 5:

A chinntiú nach mbeidh tionchar míchuí ar chonláistí nó carachtar ceantair ag forbairt nua i gceantair bhunaithe.

T13 Cuspóir 6:

Tacú le foroinnt tithe i gceantair bhruachbhailteacha arb iad a sainghnéithe tithe an-mhóra ar láithreáin réasúnta fairsing ina bhfuil leibhéal daonra ag titim go ginearálta agus a bhfreastalaíonn iompar poiblí orthu go maith, faoi réir chosaint na gconláistí cónaithe atá ann.

**T13 Cuspóir 7:**

Tacú agus éascú a dhéanamh ar athsholáthar áitreabh atá ann cheana le teaghais athsholáthair amháin nó níos mó, faoi réir chosaint na n-áiseanna cónaithe atá ann cheana agus carachtar seanbhunaithe (lena n-áirítear carachtar stairiúil agus suíomh amhairc) an cheantair a chaomhnú (féach Beartas NCBH 22: Oiriúnú agus Foirgnimh Stairiúla a Athúsáid agus Caibidil 13 *Cur chun Feidhme agus Faireachán*).



6.8.2 Sínte Cónaithe

Ceadaíonn sínte ar thithe teaghlaigh oiriúnú inbhuanaithe a dhéanamh ar stoc tithíochta reatha an Chontae. Cuireann Treoir Dearaidh Síneadh Tithe Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (2010) le beartais agus treoir an Phlean Forbartha.

Beartas T14: Sínte Cónaithe

Tacú le síneadh na n-áitreabh atá ann cheana faoi réir cosaint áiseanna cónaithe agus amhairc.

T14 Cuspóir 1:

Breithniú fabhrach a dhéanamh ar thograí chun teaghaisí atá ann cheana a shíneadh faoi réir cosaint taitneamhachtaí cónaithe agus amhairc agus comhlíonadh na gcaighdeán atá leagtha amach i gCaibidil 13 *Cur chun Feidhme agus Faireachán* agus na teorach atá leagtha amach Treoir um Dhearadh Síneadh Tithe Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, 2010 (nó aon treoirlínte a ghlac a ionad).

**T14 Cuspóir 2:**

Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar Threoir Dearaidh Síneadh Tithe Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, 2010 le linn shaolré an Phlean Forbartha seo, chun athbhreithniú ar roghanna dearaidh le haghaidh síntí de chineál ardáin a áireamh d'fhonn na síntí seo a éascú i dtithíocht na nÚdarás Áitiúil nuair is cuí.

6.8.3 Árasáin Teaghlaigh

Tagraíonn árasán teaghlaigh do fhoroinnt shealadach nó do leathnú aonad teaghaise aonair atá ann cheana chun cóiríocht leath-neamhspleách a sholáthar do neasteaghlach (tuismitheoir níos sine nó cleithiúnaí eile). Breithneoidh an Chomhairle forbairtí árasáin teaghlaigh i gcás ina bhfuil riachtanas léirithe go sásúil.

Beartas T15: Árasáin Teaghlaigh

Tacú le forbairt árasán teaghlaigh faoi réir áiseanna cónaithe agus amhairc a chosaint.

T15 Cuspóir 1:

Breithniú fabhrach a dhéanamh ar fhorbairt árasán teaghlaigh i gcás ina bhfuil an Chomhairle sásta go bhfuil gá bailí le cóiríocht leath-neamhspleách do bhall teaghlaigh láithreach nó do bhaill atá faoi réir na gcritéar a leagtar amach i gCaibidil 13: *Cur chun Feidhme agus Faireachán*.

6.9 Straitéis Tithíochta Tuaithe

Acmhainn thábhachtach don Chontae agus do Réigiún Bhaile Átha Cliath is ea cúlchríoch tuaithe Chontae Bhaile Átha Cliath. Cuimsíonn an tírdhreach tuaithe áiteanna áilleachta nádúrtha mar aon le conláisti áineasa a bhfuil an-tóir orthu. Cruthaíonn an spás glas tuaithe maolán tábhachtach freisin idir limistéar tógtha Bhaile Átha Cliath, lonnaíochtaí tuaithe agus ionaid uirbeacha i gcontaetha tadhlaacha.

Cuireann an Measúnú Carachtair Tírdhreacha i gContae Bhaile Átha Cliath Theas (2021) faoi Aguisín 9 béim ar luach ard tírdhreacha agus íogaireacht na gceantar tuaithe máguaird sa Chontae, i bhfianaise iad a bheith chomh gar do Bhaile Átha Cliath. Is príomhthosaíocht den Phlean Forbartha é tírdhreacha tuaithe agus ard-taitneamhacht cheantair íogaire chomhshaoil a chosaint.

Éilíonn NPO 19 den Chreat Pleanála Náisiúnta go ndéanfar idirdhealú idir ceantair thuaithe faoi thionchar uirbeach, is é sin laistigh de limistéir chomaitéireachta na gcathracha agus na mbailte móra agus na lárionad fostaíochta, agus in áiteanna eile. Bunaithe ar an sainmhíniú faoin MASP, tá ceantar tuaithe uile Bhaile Átha Cliath Theas faoi thionchar láidir uirbeach.

Dá réir sin, tugann an NPO le fios gur chóir don Phlean Forbartha do thithíocht tuaithe ar nós Contae Bhaile Átha Cliath Theas soláthar tithíochta aonair a éascú faoin tuath bunaithe ar an mbreithniú lárnach ar riachtanas eacnamaíoch nó sóisialta soiléir i gceantar tuaithe agus critéir láithreánaíochta agus dearaidh do tithíocht tuaithe i dtreoirínthe agus i bpleananna reachtúla, le haird ar inmharthanacht bhailte agus lonnaíochtaí tuaithe níos lú. Eascraíonn an cur chuige seo as Treoirínthe Tithíochta Tuaithe (2005) agus an Ciorclán SP/08. Féachann Plean Forbartha an Chontae le cothromaíocht a bhaint amach idir tithíocht a éascú do dhaoine a bhfuil fíor-riachtanas acu maireachtáil i gceantair thuaithe an Chontae agus a chuirfidh le pobal agus geilleagar na tuaithe, agus ceantair den sórt sin a chosaint ó thithíocht atá ginte ag an gceantar uirbeach agus tithíocht a mbeadh drochthionchar aici ar charachtar an tírdhreacha, ar cháilíocht an chomhshaoil agus ar thaitneamhacht amhairc.

Aithníonn an Chomhairle tréithe sainiúla phobail tuaithe an Chontae, tacaíonn sí lena slí beatha, agus trí bheartais an Phlean Forbartha seo, féachfaidh sí lena chinntiú go mairfidh siad mar phobail inmharthana. Áirítear leis seo aird ar an éileamh ar thacaíocht a sholáthar do chleithiúnaithe lena n-áirítear baill teaghlaigh agus tuismitheoirí níos sine i gceantair thuaithe trí fhoroinnt áitribh.

Is é beartas na Comhairle, mar sin, srian a chur le leathadh áitreabh atá ginte ó cheantair uirbeacha go ceantair thuaithe agus ard-taitneamhachta. Baineann na beartais tithíochta tuaithe atá sa Phlean Forbartha seo le tailte atá ainmnithe leis na cuspóirí criosaithe seo a leanas:

- RU: Conláiste na tuaithe a chosaint agus a fheabhsú agus soláthar a dhéanamh d'fhorbairt na talmhaíochta.
- HA-DM: Carachtar eisceachtúil nádúrtha Cheantar Sléibhte Bhaile Átha Cliath a chosaint agus a fheabhsú.
- HA-LV: Carachtar agus conláiste eisceachtúil Ghleann na Life a chosaint agus a fheabhsú.
- HA-DV: Carachtar agus conláiste eisceachtúil Ghleann na Dothra a chosaint agus a fheabhsú.

Déanfar iarratais ar thithíocht sna criosanna seo a mheasúnú de réir cúinsí agus caighdeáin bheartais ábhartha eile, mar atá leagtha amach thíos agus níos mionsonraithe faoi Chaibidil 13 *Cur chun Feidhme agus Faireachán*.

Beartas T16: Bainistiú Áitreabh Aonair i gCeantair Tuaithe

Áitribh a eascraíonn as forbairt uirbeach a shrianadh sna criosanna tuaithe 'RU', Sléibhte Bhaile Átha Cliath 'HA-DM', Gleann na Life 'HA-LV' agus Gleann na Dothra 'HA-DV' agus an tithíocht sin a dhíriú i lonnaíochtaí atá ann cheana de réir an Ordlaithas Lonnaíochta.

6.9.1 Beartais Tithíochta Tuaithe agus Critéir Riachtanais Áitiúil

Eascraíonn tithíocht a ghintear faoin tuath nuair a bhíonn dlúthnaisc theaghlaigh ag an iarratasóir le pobal na tuaithe agus / nó má oibríonn an t-iarratasóir i bhfostaíocht shainiúil tuaithe, a éilíonn ar an iarratasóir cónaí sa cheantar tuaithe le bheith gar dá bhfostaíocht faoi tuath. De réir na dTreoirlínte um Thithíocht Tuaithe Inbhuanaithe, breithneoidh an Chomhairle tithíocht tuaithe do dhaoine a bhfuil cúinsí sláinte eisceachtúla léirithe acu - le tacaíocht ó dhoiciméadú ábhartha ó lia-chleachtóir cláraithe agus ó eagraíocht míchumais - mar a gceanglaítear ar dhuine maireachtáil gar do thacaíocht teaghlaigh nó i timpeallacht ar leith.

Tagann tithíocht faoi thionchar uirbeach chun cinn nuair nach bhfuil aon nasc dúchasach ag an iarratasóir leis an gceantar tuaithe, iad ina gcónaí agus ag obair sa cheantar uirbeach faoi láthair agus gur mian leo cónaí sa cheantar tuaithe.

Beartas T17: Beartas Tithíochta Tuaithe agus Critéir Riachtanais Áitiúla

Tithíocht tuaithe a bhreithníú le haghaidh daoine atá 'ina gcuid bhunúsach den phobal tuaithe' nó 'ag obair go lánaimseartha nó go páirt-aimseartha i gceantair tuaithe' mar atá luaite faoi Alt 3.2.3 (Tithíocht Ginte faoin Tuath) de na Treoracha um Thithíocht Inbhuanaithe Tuaithe DEHLG (2005), Ciorclán SP 5/08 Beartais Tithíochta Tuaithe agus PL 2/2017 Critéir Riachtanais Áitiúil i bPleananna Forbartha: Comhréireacht le hAirteagail 43 agus 56 (Saoirse Bunaíochta agus Saorghluaiseacht Caipitil) de Chonradh an Chomhphobail Eorpaigh.

T17 Cuspóir 1:

Tús a chur le hathbhreithniú ar an mBeartas Tithíochta Tuaithe agus na Critéir Riachtanais Áitiúla laistigh de shé mhí ó ghlacadh an Phlean agus comhairliúchán poiblí a áireamh mar chuid den phróiseas seo.

6.9.2 Tithíocht Tuaithe i gcrios RU

Beartas T18: Tithíocht Tuaithe i gcrios RU

Ní cheadófar teaghaisí nua nó athsholáthair laistigh de cheantair atá ainmnithe le Cuspóir Criosaithe 'RU' (chun taitneamhacht tuaithe a chosaint agus a fheabhsú agus chun foráil a dhéanamh d'fhorbairt na talmhaíochta) ach in imthosca eisceachtúla.

T18 Cuspóir 1:

Ní cheadófar teaghaisí nua nó athsholáthair laistigh de cheantair atá ainmnithe le Cuspóir Criosaithe 'RU' (chun taitneamhacht tuaithe a chosaint agus a fheabhsú agus chun foráil a dhéanamh d'fhorbairt na talmhaíochta) ach sna imthosca eisceachtúla a leanas:

- Go bhfuil an t-iarratasóir in ann fíor-riachtanas a léiriú chun cónaí in aice lena bhfostaíocht (ar nós fostaíochta a bhaineann le pobal tuaithe) NÓ
- go bhfuil dlúthcheangal teaghlaigh ag an iarratasóir leis an bpobal tuaithe.

Breithneofar an méid seo thuas chomh maith de réir na gcritéar atá leagtha amach faoi Chaibidil 13: *Cur chun Feidhme agus Faireachán*

T18 Cuspóir 2:

A aithint go bhféadfadh cúinsí sláinte eisceachtúla a bheith ag daoine mar a mbíonn orthu cónaí gar do thacaíocht teaghlaigh nó i dtimpeallacht ar leith. Ní mór cáipéisí ábhartha ó lia-chleachtóir cláraithe agus ó eagraíocht míchumais a bheith ag tacú go soiléir le himthosca den sórt sin agus beidh siad faoi réir critéar atá leagtha amach faoi Chaibidil 13 *Cur chun Feidhme agus Faireachán*.

6.9.3 Tithíocht Tuaithe in HA - Crios Sléibhte Bhaile Átha Cliath

Beartas T19: Tithíocht Tuaithe in HA - Crios Sléibhte Bhaile Átha Cliath

Ní bhreithneofar áitribh nua nó áitribh athsholáthair i gceantair atá ainmnithe le Cuspóir Criosaithe ' HA-Sléibhte Bhaile Átha Cliath' (chun carachtar nádúrtha eisceachtúil Cheantar Sléibhte Bhaile Átha Cliath a chosaint agus a fheabhsú) ach i gcúinsí eisceachtúla.

T19 Cuspóir 1:

Áitribh nua nó áitribh athsholáthair a bhreithniú i gceantair atá ainmnithe le Cuspóir Criosaithe ' HA-Sléibhte Bhaile Átha Cliath' (chun carachtar nádúrtha eisceachtúil Cheantar Sléibhte Bhaile Átha Cliath a chosaint agus a fheabhsú) sna cúinsí eisceachtúla seo a leanas ina bhfuil **gach** ceann de na critéir thíos le comhlíonadh:

- Gur de bhunadh na háite an t-iarratasóir; agus
- gur féidir leis an iarratasóir fíor-riachtanas tithíochta sa cheantar áirithe sin a léiriú; agus
- go mbaineann an fhorbairt go díreach le cumas áise an cheantair nó lena úsáid le haghaidh talmhaíochta, nó feirmeoireachta sléibhe nó cnoic; agus
- nach ndéanfaidh an fhorbairt dochar do chumas comhshaoil an cheantair, agus go mbeadh sé ag réiteach le carachtar an cheantar sléibhe.

Tá na critéir seo i gcomhréir leis na Treoirínte um Thithíocht Tuaithe Inbhuanaithe (2005), ag féachaint do charachtar den scoth an cheantair agus an gá atá le cáilíocht chomhshaoil agus tírdhreacha an cheantair seo a chaomhnú.

Na critéir thuas le breithniú in éineacht leis an ngá atá le pobail tuaithe seanbhunaithe a chothú agus a athnuachan agus inmharthanacht conláiste a chinntiú, lena n-áirítear scoileanna áitiúla agus an gá le freastal ar fhíor-riachtanais tithíochta tuaithe nuair a thagann siad chun cinn.

T19 Cuspóir 2:

Toirmeasc a chur go ginearálta ar fhorbairt laistigh de na limistéir shrianta atá sainaitheanta ar Léarscáil Limistéir Shrianta Thaiscumair Bhóthar na Bruíne/Ghleann an Smóil in Águisín 5.



6.9.4 Tithíocht Tuaithe in HA - Gleann na Life agus HA - Gleann na Dothra

Beartas T20: Tithíocht Tuaithe in HA - Gleann na Life agus HA - Gleann na Dothra

Laistigh de cheantair atá ainmnithe le Cuspóir Criosaithe 'HA -LV' (carachtar agus conláiste Ghleann na Life a chosaint agus a fheabhsú) agus 'HA-DV' (carachtar agus conláiste eisceachtúil Ghleann na Dothra a chosaint). ní cheadófar forbairt cónaithe ach in imthosca eisceachtúla.

T20 Cuspóir 1:

Laistigh de cheantair atá ainmnithe le Cuspóir Criosaithe 'HA -LV' (carachtar agus conláiste Ghleann na Life a chosaint agus a fheabhsú) agus 'HA-DV' (carachtar agus conláiste eisceachtúil Ghleann na Dothra a chosaint) beidh forbairt cónaithe srianta mar a leanas:

- Déanamhas atá ann cheana a athsholáthar le déanamhas de mhéid chosúil – féach T21 Cuspóir 1;
- Ní sháróidh síneadh nó athrú ar dhéanamhas inchónaithe atá ann cheana níos mó ná 50% den déanamhas bunaidh
- Garáiste baile, teach gloine, seid nó déanamhas neamhchónaitheacha dá samhail a sholáthar nuair a bhíonn a úsáid teagmhasach le taitneamh a bhaint as teach cónaithe atá ann cheana féin; agus
- An tírdhreach ard-chonláiste, radhairc ar an ngleann, bithéagsúlacht agus conláiste a chaomhnú.

6.9.5 Áitribh Athsholáthair Tuaithe

Beartas T21: Áitribh Athsholáthair i Limistéir Tuaithe agus Ard-chonláiste

Iarratais ar áitribh athsholáthair i gceantair thuaithe agus ard-chonláiste ina bhfuil géarghá le hathchóiriú agus / nó le hathsholáthar a bhreithniú.

T21 Cuspóir 1:

Breithniú fabhrach a dhéanamh ar iarratais ar áitribh athsholáthair laistigh de cheantair atá ainmnithe le Cuspóir Criosaithe 'RU' (chun Taitneamhacht Tuaithe a chosaint agus a fheabhsú agus chun soláthar a dhéanamh d'fhorbairt Talmhaíochta), Cuspóir Criosaithe 'HA - Sléibhte Bhaile Átha Cliath' (chun carachtar eisceachtúil nádúrtha Cheantar Sléibhte Bhaile Átha Cliath a chosaint agus a fheabhsú), Cuspóir Criosaithe 'HA - Gleann na Life' (chun carachtar agus taitneamhacht eisceachtúil Ghleann na Life a chosaint agus a fheabhsú) agus Cuspóir Criosaithe 'HA - Gleann na Dothra' (chun carachtar agus taitneamhacht eisceachtúil Ghleann na Dothra a chosaint agus a fheabhsú) nuair a bhíonn an tÚdarás Pleanála sásta go gcomhlíontar gach ceann díobh seo a leanas:

- go bhfuil fíor-riachtanas athsholáthair nó athchóirithe ann don déanamhas; agus
- go bhfuil an díon, na ballaí laistigh agus lasmuigh den struchtúr slán den chuid is mó, agus
- gur áitreabh ináitrithe atá sa déanamhas ar an láthair agus nár tréigeadh a úsáid mar áitreabh ináitrithe (ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana); agus
- go bhfuil luach teoranta ag an déanamhas ar an láthair ó oidhreacht a tógtha, carachtair agus conláiste; agus
- go mbeadh lorg, scála agus suíomh mar an gcéanna an áitribh athsholáthair leis an áitreabh atá á athsholáthar, ach amháin in imthosca eisceachtúla nuair a aontaíonn an tÚdarás Pleanála le seasamh níos fabhraí i gcomhthéacs na gcritéar bainistíochta forbartha a leagtar amach faoi Chaibidil 13 *Cur chun Feidhme agus Faireachán*.

6.9.6 Áitíocht Áitreabh Tuaithe

Beartas T22: Coinníoll Áitíochta

Áireofar sna coinníollacha a ghabhann le deonú ceada le haghaidh tithíochta i gceantair Tuaithe (RU), Sléibhte Bhaile Átha Cliath (HA-DM), Gleann na Life (HA-LV) agus Gleann na Dothra (HA-DV) an coinníoll go gcaithfear an teach a áitiú ar dtús mar áit chónaithe bhuan ag an iarratasóir agus / nó ag baill dá neasteaghlach, ar feadh íostréimhse seacht mbliana nó cibé tréimhse ama níos faide eile a mheastar a bheith iomchuí.

6.9.7 Tithíocht Tuaithe agus Dearadh Síntí

Ba cheart go bhfreagródh dearadh gach áitribh agus síneadh nua (lena n-áirítear síntí árasáin teaghlaigh) i gceantair thuaithe go cuí agus go hógair dá chomhthéacs tuaithe, sléibhe agus / nó ghleann abhann máguaird. Ba chóir áitribh a dhearadh ionas go mbeadh siad neamhfheiceálach agus dlúth i ndearadh, go háirithe i gceantair a bhfuil ard-taitneamhacht amhairc iontu agus a bhfuil topagrafaíocht ghéar acu. Agus tograí aonair á ndearadh laistigh de limistéar tuaithe, ba cheart aird a thabhairt freisin ar thionchar amhairc comhcheangailte agus carntha na forbartha beartaithe nuair a chuirtear iad i gcomhthéacs déanmhas atá in aice láimhe cheana féin.

De bhreis ar an mbeartas agus na cuspóirí atá leagtha amach thíos, tá mionsonraí ar chaighdeán maidir le dearadh agus suíomh na forbartha cónaithe faoi Chaibidil 13 *Cur chun Feidhme agus Faireachán*.



Beartas T23: Tithíocht Tuaithe agus Dearadh Síntí

A chinntiú go ndéantar aon fhorbairt chónaitheach nua i gceantair thuaithe agus ard-taitneamhachta, lena n-áirítear tithe agus síntí, a dhearadh agus a shuíomh chun an tionchar amhairc ar charachtar agus ar shuíomh amhairc an tírdhreacha máguaird a íoslaghdú.

T23 Cuspóir 1:

A chinntiú go ndéantar gach tithíocht agus síneadh tuaithe nua laistigh de cheantair atá ainmnithe laistigh de Chuspóirí Críosaithe Tuaithe (RU), Sléibhtí Bhaile Átha Cliath (HA-DM), Gleann na Life (HA-LV) agus Gleann na Dothra (HA-DV);

- a dhearadh agus a shuíomh chun an tionchar ar an tírdhreach a íoslaghdú lena n-áirítear radhairc ar áilleacht nó sainspéis nádúrtha nó ar chonláistí áiteanna agus gnéithe áilleachta nádúrtha nó sainspéise lena n-áirítear gnéithe oidhreachta nádúrtha agus tógtha; agus
- nach mbeidh iarmhairt dhiúltach acu ar an gcomhshaol lena n-áirítear flóra, fána, ithir, uisce (lena n-áirítear screamhuisce) agus neacha daonna; agus
- a dhearadh agus a shuíomh le tionchar ar chomhrianaigh nádúrtha agus ar ghnéithe nádúrtha draenála an tsuímh a íoslaghdú; agus
- teorainneacha traidisiúnta cois bóthair agus páirce a choinneáil agus a athshuiteáil (nuair nach féidir iad a choinneáil i gcúinsí eisceachtúla); agus
- an dearadh agus an suiteáil a dhéanamh le teacht timpeall ar an ngá le réitigh innealtóireachta ionsáiteacha mar ardáin ghearrtha agus líonta, claífoirt nó ballaí coinneála; agus
- Cód Cleachtas an EPA maidir le Córais Cóireála Fuíolluisce Baile (Coibhéis Daonra <10) 2021 a chomhlíonadh ach amháin i gcás inar deonaíodh cead pleanála roimh an 7 Meitheamh 2021 agus sa chás sin tá feidhm ag Cód Cleachtas Córais Cóireála Fuíolluisce an EPA a Fhreastalaíonn ar Thithe Aonair 2009; agus
- gan forbairt ribíneach forbairt gan eagar a chruthú nó a dhéanamh níos measa.




6.10 Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide



Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide

Foinsí Gásanna Ceaptha Teasa (GCT)	Bearta chun Dul i nGleic le Tionchair Aeráide
<p>Eascraíonn Gáis Cheaptha Teasa sa Tithíocht go príomha as:</p> <ul style="list-style-type: none"> → téamh agus fuarú foirgneamh le breoslaí iontaise. → Turais chuig agus ón mbaile i gcarr. 	<p>Tá beartais agus cuspóirí sa Phlean Forbartha a chuireann bearta chun cinn a bhfuil sé de chumas iontu iarmhairt aeráide as soláthar Tithíochta a laghdú mar a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> → fás dlúth uirbeach a chur chun cinn i gcomhréir leis an gCroí-Straitéis agus leis an Straitéis Lonnaíochta. → Úsáid éifeachtúil tailte laistigh de limistéir chónaithe bhunaithe a chur chun cinn trí fhorbairt inlíontach a éascú. → Coigeartú méide agus aosú in áit a chur chun cinn le teaghlaigh a choinneáil le chéile, agus taisteal neamh-inbhuanaithe laistigh de phobail a laghdú; → Dearadh ardcháilíochta a chur chun cinn i seachadadh tithíochta ionas go mbeidh maireachtáil uirbeach tarraingteach agus i gcomhréir le caighdeáin deartha Náisiúnta. → Caighdeáin inoiriúnaithe/saolré tithíochta a chur chun cinn d'fhonn freastal ar thimthriall saoil riachtanais na ndaoine. → Beartais maidir leis an stoc príobháideach agus sóisialta tithíochta atá ann cheana a úsáid leis an éifeachtúlacht is mó. → Láithriú, suiteáil agus dearadh tithe agus árasán a chur chun cinn le leas a bhaint as sochar gréine. → Dearadh agus Caighdeáin Foirgníochta éifeachtacha a chur chun cinn de réir na Rialachán Foirgníochta. → Úsáid ábhair thógála ó fhoinsí inbhuanaithe a chur chun cinn agus ábhar scartála agus tochailte a athúsáid trí dhearadh foirgneamh. → Úsáid ábhair struchtúracha a bhfuil astaíochtaí fuinnimh agus CO2 ionchorpraithe íseal go nialasacha acu a chur chun cinn.





Gluaiseacht Inbhuanaithe

Fís

Líon na ndaoine a bhíonn ag siúl, ag rothaíocht agus ag úsáid iompar poiblí a mhéadú agus an gá le turais i gcarr a laghdú, agus pobal níos gníomhaí agus níos folláine a bheith mar thoradh air, chomh maith le réimse poiblí níos tarraingtí, sráideanna níos sábháilte, níos lú brú tráchta, astaíochtaí carbóin laghdaithe, cáilíocht aeir níos fearr, agus tionchar dearfach aeráide.

7.0 Réamhrá

Is cuid riachtanach den mhaireachtáil agus d'fheidhmiú sóisialta agus eacnamaíoch na sochaí í an ghluaiseacht - an chomaitéireacht chun oibre, taisteal chun na scoile, turais shóisialta agus áineasa, agus soláthar earraí agus seirbhísí. Beidh páirt thábhachtach ag an bhfeithicil phríobháideach sa gcaoi ina mbeidh daoine ag gluaiseacht thart i mBaile Átha Cliath Theas. Ach le deacáidí anuas mar gheall ar leagan amach tithíochta de dhlús íseal, dáilbhóithre agus bóithre cul de sac, bíonn ar dhaoine tiomáint le haghaidh fhorhóir a gcuid turas. Tá timpeallachtaí cruthaithe faoi smacht ag an gcarr agus tá na turais chuig siopaí, stadanna bus, scoileanna agus áiteanna oibre ró-fhada. Dá thoradh seo, in éineacht leis an easpa soláthair leordhóthanach le haghaidh siúl agus rothaíocht, tá an timpeallacht uirbeach faoi cheannas tráchta mótaí agus go minic naimhdeach do rothaithe agus do choisithe. Tá mórán droch-iarmhairtí comhshaoil agus sóisialta ag ceannas an iompair carr-bhunaithe freisin lena n-áirítear timpistí tráchta, plódú, torann agus astaíochtaí a bhfuil impleachtaí diúltacha acu do cháilíocht an aeir, don tsláinte agus don athrú aeráide.

Le déanaí tá coincheap na comharsanachta '10 nóiméad' nó na comharsanachta nasctha tagtha chun cinn, faoi mar a mbeidh na seirbhísí atá ag teastáil ó dhaoine lonnaithe achar gearr óna mbaile agus iad ag siúl nó ag rothaíocht. Éascaítear modhanna gníomhacha taistil leis an gcoincheap seo (siúl agus rothaíocht) agus úsáid iompair phoiblí, agus cruthaíonn sé ceantair uirbeacha níos dlúithe, níos bríomhaire agus níos insiúlta. Tá an cur chuige seo le fáil sa bheartas pleanála náisiúnta (an Creat Pleanála Náisiúnta) ina bhfuil Fás Dlúth agus Soghluaisteacht Inbhuanaithe mar phríomhthorthaí Straitéiseacha Náisiúnta agus beartas pleanála réigiúnach (*an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch*) a chuireann comharsanachtaí níos dlúithe chun cinn atá dírithe ar nóid iompair phoiblí. gceantair atá deartha ar an mbealach seo, is féidir le daoine de gach aois agus cumas turais ghearra agus mheánmhéide a roghnú trí siúl agus rothaíocht agus tá sé níos éasca agus níos eacnamaíche d'iompar poiblí oibriú chun freastal ar thurais de mheánfhad agus níos faide. Cruthaítear timpeallachtaí uirbeacha níos taitneamhaí ina mbeadh rath ar ghníomhaíocht shóisialta agus eacnamaíoch. Léiríonn an Plean Forbartha Contae beartas náisiúnta agus réigiúnach agus corpraíonn sé fás dlúth, gluaiseacht inbhuanaithe agus coincheap na comharsanachta ceangailte mar chroílár a chur chuige i leith comhfhorbairt áite.

Dar leis na sonraí tráchta don Chontae déantar an ceathrú cuid de na turais faoi 3km agus beagnach leath na dturas faoi 6km i gcarr. Tá réimse suntasach ann le hathrú i dtreo siúl agus rothaíocht do na turais ghearra seo. Ach má tá an t-athrú seo le bheith tarraingteach ní mór athruithe a dhéanamh sa timpeallacht ionas go mbeidh siúl agus rothaíocht níos éasca - áirítear sna hathruithe seo réimsí forbartha nua a dhearadh timpeall ar mhodhanna gníomhacha taistil agus ar iompar agus ar thógáil phoiblí de dhlúis níos airde. I gceantair atá ann cheana, áirítear ar bhearta chun modhanna gníomhacha agus iompar poiblí a chur chun cinn feabhas a chur ar shaoráidí do choisithe trí bhearta a chur i bhfeidhm ar nós cosáin a leathnú agus dromchlaí a fheabhsú, constaicí ar nós ballaí agus ráillí a bhaint d'fhonn tréscailteacht níos fearr a chruthú, agus líonraí de lánaí rothaíochta níos sábháilte a sholáthar. Tá beartais agus cuspóirí sa Plean Forbartha Contae seo maidir le comhfhorbairt áite shláintiúil agus gluaiseacht inbhuanaithe a bhainfidh amach méadú ar shiúl, rothaíocht agus úsáid iompair phoiblí agus laghdú ar úsáid an ghluaisteáin phríobháidigh le himeacht ama.

7.1 Gluaiseacht Inbhuanaithe agus Gníomhú Aeráide

Dar leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Athrú Aeráide (2019) eascraíonn beagán an cúigiú cuid d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann as iompar (figiúr ó 2017). I limistéar Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, tugann sonraí daonáirimh 2016 le fios go ndéantar 62% de thurais le hiompar príobháideach, i gcarranna den chuid is mó. Tá sé soiléir dá bhrí sin go bhfuil acmhainneacht shuntasach sa tslí ina mbíimid ag gluaiseacht thart a athrú i dtreo modhanna níos inbhuanaithe ar nós siúl, rothaíocht agus iompar poiblí chun cabhrú linn dul i ngleic le hathrú aeráide trí astaíochtaí iompair a laghdú. Tá beartais agus cuspóirí sa chaibidil seo a dhéanann iarracht an sprioc seo a bhaint amach, agus a chuideoidh le Contae Bhaile Átha Cliath Theas a spriocanna maidir le gníomhú aeráide a bhaint amach. Tá raon suntasach ann freisin le conairí gluaiseachta agus iompair naisc thábhachtacha a chruthú i líonra bonneagair ghlais na Comhairle mar go soláthraíonn siad deiseanna le haghaidh plandáil bhreise agus athsholáthair speiceas dúchasach agus pailneoirí, rud a chuirfidh le bithéagsúlacht agus le forghabháil carbóin. Beidh tionchar mór ag beartais atá sa chaibidil seo maidir le saoráidí luchtaithe EV a mhéadú chun an t-aistriú ó ghluaisteáin pheitрил agus díosail go feithiclí leictreacha a spreagadh ar astaíochtaí agus laghdóidh sé astaíochtaí gás ceaptha teasa go mór.

7.2 Comhthéacs an Bheartais Phleanála

Ní mór do bheartais agus cuspóirí an Phlean Forbartha a bheith ag réiteach leis an mbeartas náisiúnta agus réigiúnach phleanála mar atá leagtha amach sa Chreat Pleanála Náisiúnta (CPN) agus sa Straitéis Spásúil Réigiúnach agus Eacnamaíoch (SSRE). Tá roinnt cuspóirí sna cáipéisí seo an-ábhartha do réimse na Tithíochta:

- Toradh Náisiúnta Straitéiseach 4 an CFN: Soghluaisteacht Inbhuanaithe
- Luann Cuspóir an Bheartais Náisiúnta 64 de CFN *'Feabhas a chur ar cháilíocht an aeir agus cuidiú le cosc a chur ar dhaoine a bheith nochta do leibhéal do-ghlactha truailithe inár gceantair uirbeacha agus tuaithe trí úsáid talún comhtháite agus pleanáil spásúil a thacaíonn le hiompar poiblí, siúl agus rothaíocht mar mhodhanna iompair níos fabhraí ná an carr príobháideach. '*
- I gCaibidil 5 den SSER tá Plean Straitéiseach Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath (MASP). Is é Cuspóir Beartais Réigiúnaigh 5.2 den MASP *'Tacú le seachadadh príomhthionscadal iompair inbhuanaithe lena n-áirítear cláir leathnaithe Metrolink, DART agus LUAS, BusConnects agus Líonra Rothaíochta Mórchathrach Bhaile Átha Cliath agus a chinntiú go n-uasmhéadaíonn forbairt sa todhcháí an éifeachtúlacht agus go gcosnaíonn sé acmhainn straitéiseach líonra iompair na limistéar cathrach, atá ann agus atá beartaithe '.*
- Éilíonn Cuspóir Beartais Réigiúnaigh 5.3 den SSER / MASP go ndéanfar *'Forbairt sa todhcháí i gceantar Chathrach Bhaile Átha Cliath a phleanáil agus a dhearadh ar bhealach a éascaíonn patrúin taistil inbhuanaithe, le fócas ar leith ar sciar na modhanna gníomhacha (siúl agus rothaíocht) agus úsáid iompar poiblí a mhéadú agus timpeallacht shábháilte tarraingteach sráide a chruthú do choisithe agus do rothaithe'.*

Tá go leor cuspóirí beartais náisiúnta agus réigiúnacha eile ann a bhaineann le hiompar agus gluaiseacht inbhuanaithe, agus déantar tagairt do chuid acu laistigh de bheartais agus chuspóirí aonair sa chaibidil seo. Tá liosta iomlán de chuspóirí náisiúnta agus réigiúnacha leagtha amach in Aguisín 7. Is príomhcháipéis beartais í an Straitéis NTA do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath dá dtagraítear thíos.

7.3 Beartais agus Cuspóirí Uileghabhálacha

Tá folláine shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil Chontae Bhaile Átha Cliath Theas agus Réigiún Bhaile Átha Cliath ag brath ar ghluaiseacht éifeachtach agus inbhuanaithe daoine agus earraí laistigh den Chontae agus tríd. Is beartas uileghabhálach é iompar agus soghluaisteacht laistigh den Chontae a athchothromú trí éascaíocht gluaiseachta ar mhodhanna inbhuanaithe a chur chun cinn (lena n-áirítear siúl, rothaíocht agus iompar poiblí). Ceadóidh sé seo spás bóthair a shaoradh le haghaidh feidhmeanna riachtanacha mar iompar poiblí agus feithiclí éigeandála. Déanfaidh sé foráil freisin don iompar tráchtála atá riachtanach d'fhás eacnamaíoch. Agus é sin á dhéanamh aici, leanfaidh an Chomhairle uirthi ag soláthar do gach gné den líonra iompair atá laistigh dá sainchúram agus beidh sí ag idirghníomhú le gníomhaireachtaí seachtracha lena n-áirítear an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus Bonneagar Iompair Éireann (TII) chun cabhrú le hiompar inbhuanaithe a sheachadadh. tionscadail a chuirtear ar fáil ar leibhéal réigiúnach nó náisiúnta.

Agus an Plean Forbartha Contae seo á ullmhú, i dteannta na gcáipéis beartais a bhfuil cuntas orthu thuas, thug an Chomhairle aird ar roinnt doiciméad straitéiseach a bhaineann le hiompar agus le gluaiseacht lena n-áirítear:

- **Straitéis Iompair do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath (2016-2035)**, An tÚdarás Náisiúnta Iompair: Soláthraíonn an doiciméad seo creatlach chun bonneagar agus seirbhísí iompair a phleanáil agus a sheachadadh i Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath (GDA) thar thréimhse na straitéise. Tá an straitéis seo á hathbheithniú faoi láthair agus tá Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas rannpháirteach sa phróiseas seo. Ullmhófar straitéis uasdátaithe don tréimhse go 2042.
- Plean Gníomhaíochta Aeráide (2019), An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide: Rianaíonn an doiciméad seo cúrsa i dtreo spriocanna laghdaithe astaíochtaí an AE d'Éirinn a bhaint amach go dtí 2030, d'fhonn an sprioc níos fadtéarmaí de ghlan-astaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050. Tá aistriú modha chuig siúl, rothaíocht agus iompar poiblí ar cheann de na príomhbhearta atá á gcur chun cinn ag an bPlean Gníomhaíochta chun a spriocanna iompair a bhaint amach chomh maith le líonra luchtaithe EV a thógáil, an cabhlach poiblí a thiontú go EVanna, agus bithbhreoslaí a úsáid.
- **Lámhleabhar Dearaidh le hAghaidh Bóithre agus Sráideanna Uirbeacha** (2013; nuashonraithe 2019), an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil: Soláthraítear treoir maidir le dearadh bóithre agus sráideanna uirbeacha sa cháipéis seo. Tá an lámhleabhair dírithe ar an bhfíric gur féidir le sráideanna dea-dheartha líonraí fisiciúla, sóisialta agus iompair ceangailte a chruthú a chuireann siúl, rothaíocht

→ **Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta** (2011), An tÚdarás Náisiúnta

Iompair: Tá treoir sa cháipéis seo

maidir le rothaíocht a chomhtháthú i ndearadh na gceantar uirbeacha d'fhonn timpeallacht shábháilte tráchtá a chruthú do gach úsáideoir bóthair agus níos mó daoine de gach aois a spreagadh chun rothaíochta.

Aithníonn an Chomhairle go gcruthófar turais bhreise mar thoradh ar fhorbairt nua, idir chónaithe agus thráchtála, a cheadaítear de réir an Phlean seo. Oibreoidh an Chomhairle leis na gníomhaireachtaí ábhartha chun a chinntiú go ndéanfar a oiread is féidir ar bhealaí inbhuanaithe. Glactar leis, áfach, go mbeidh cion iarmharach de na turais a ghinfeadh á ndéanamh i bhfeithicil phríobháideach. Is é an dúshlán a chinntiú nach gcuireann sé seo leis na leibhéil plódaithe nó sáithithe atá sa ghréasán bóithre cheana.

Beartas GI1 Uileghabhálach - Iompar agus Gluaiseacht

Éascaíocht gluaiseachta agus rochtain ar Chontae Bhaile Átha Cliath Theas a chur chun cinn, trí phleanáil inbhuanaithe talamhúsáide a chomhtháthú le líonra iompair agus gluaiseachta inbhuanaithe d'ardchaighdeán do dhaoine agus d'earraí.

GI1 Cuspóir 1:

Aistriú chuig modhanna taistil níos inbhuanaithe a bhaint amach agus faireachán a dhéanamh orthu lena n-áirítear siúl, rothaíocht agus iompar poiblí thar shaolré an Phlean Forbartha Contae, ar aon dul le spriocanna sciar mód an Chontae de 15% Siúlóid; Rothaíocht 10%; Bus 20%; Iarnród 5%; agus 50% Príobháideach (Gluaisteán / Van / HGV / Gluaisrothar).



GI1 Cuspóir 2:

Comhsheasmhacht a chinntiú le Straitéis Iompair an NTA do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (2016-2035) agus le haon doiciméad a ghlacann a áit, mar a éilíonn RPO 8.4 den SSER.



GI1 Cuspóir 3:

Tacú le seachadadh príomhthionscadal iompair inbhuanaithe lena n-áirítear cláir leathnaithe DART agus Luas, BusConnects agus Líonra Rothaíochta Mórchathrach Bhaile Átha Cliath i gcomhréir le RPO 5.2 den RSES / MASP.



GI1 Cuspóir 4:

A chinntiú go ndéantar forbairt sa todhchaí a phleanáil agus a dhearadh ar bhealach a éascaíonn patrúin taistil inbhuanaithe, le fócas ar leith ar sciar na modhanna gníomhacha (siúl agus rothaíocht) agus úsáid iompair phoiblí a mhéadú agus timpeallacht shábháilte tharraingteach sráide a chruthú do choisithe agus do rothaithe, i gcomhréir le RPO 5.3 den RSES / MASP.



GI1 Cuspóir 5:

A chinntiú go ndéantar forbairt sa todhchaí a phleanáil agus a dhearadh ar bhealach a uasmhéadaíonn éifeachtúlacht agus a chosnaíonn cumas straitéiseach líonra iompair na limistéar cathrach, idir reatha agus phleanáilte, agus inrochtaineacht réigiúnach a chosaint agus a choinneáil, i gcomhréir le RPO 8.3 den RSES.



GI1 Cuspóir 6:

Líonra straitéiseach bóithre an Chontae a chosaint agus an gréasán bóithre agus sráideanna áitiúla a fheabhsú ar bhealach a bhainfidh úsáid níos fearr as an spás bóthair atá ann cheana agus a spreagfaidh aistriú i dtreo modhanna iompair níos inbhuanaithe.



GI1 Cuspóir 7:

Dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí ábhartha lena n-áirítear an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus Bonneagar Iompair Éireann (TII) maidir le saincheistanna straitéiseacha agus áitiúla iompair lena n-áirítear tionscadail iompair a sheachadadh agus comhairliúchán le pobail áitiúla a spreagadh.




GI1 Cuspóir 8:

Staidéar Comhtháite Iompair a ullmhú do cheantair uirbeacha sa Chontae, de réir mar is gá, chun plean fadtéarmach a sholáthar le haghaidh ghluaiseacht coisithe, rothaithe, iompair phoiblí agus feithiclí príobháideacha agus aird a thabhairt ar Threoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Forbairt agus Feidhmiú a Plean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (2ú hEagrán, 2019) agus staidéir den sórt sin á n-ullmhú.



7.4 Sciar Modh Taistil

Tugann na sonraí le fios go bhfuil tromlach suntasach de na turais (62%) a thosaíonn i gContae Bhaile Átha Cliath Theas ar iompar príobháideach agus go bhfuil siad bunaithe ar charranna den chuid is mó. Níl sa rotháocht ach sciar an-bheag de na turais ag 5% agus déantar 13% de na turais de shiúl cos. Déantar timpeall an cúigiú chuid de na turais (20%) ar iompar poiblí, 17% i mbusanna agus 3% ar an iarnród.




Sciar Móid CCÁCT faoi láthair

Foinse: Daonáireamh 2016 Sonraí POWSCAR (Ionad Oibre, Scoile nó Coláiste, Daonáireamh Taifead Anaithnidithe)

Tagraíonn siombail an ghluaisteáin do gach iompar príobháideach mótar (carr, veain, HGV, gluaisrothar, srl.). Tá na figiúirí slánaithe ar mhaithe le cur i láthair.


Nuair a chuirtear fad an turais san áireamh, bíonn díreach os cionn aon cheathrú de thurais charr-bhunaithe le haghaidh turas faoi 3km. Tá an cumas ann le go leor de na turais ghearra seo a dhéanamh de shiúl cos nó ar rothar, ach na dálaí cearta lena n-áirítear cosáin níos leithne, lánaí rothar le dromchlaí níos fearr, agus bealaí níos díri a chruthú, agus timpeallacht níos tréscailte agus níos nasctha a bheith ann dá bharr. Déantar díreach faoi bhun an ceathrú cuid de thurais idir 3km agus 6km i gcarr - d'fhéadfaí rotháocht a dhéanamh ar chuid de na turais meántéarmacha seo, trí shaoráidí ar nós lánaí rothar sábháilte agus páirceáil shlán rothar a fheabhsú agus a sholáthar ag na cinn scríbe is tábhachtaí. Déantar díreach os cionn leath na dturas carr-bhunaithe ar feadh achair níos mó ná 6km. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfaí a lán de na turais seo a dhéanamh ar iompar poiblí.



Fad na n-Aistear i gCarranna a Thosaíonn i gContae Bhaile Átha Cliath Theas

Cuideoidh feabhsúcháin ar an bpíblíne le haistriú chuig iompar poiblí lena n-áirítear rolladh amach BusConnects lena n-áireofar moltaí le haghaidh sé bhealach tiomnaithe bus nua tríd an gContae. Soláthróidh BusConnects líonra bus athdheartha níos éifeachtaí le droim ardmhnicíochta, bealaí nua fithiseáin agus seirbhísí bus méadaithe. Mar an gcéanna, tá uasghrádú agus feabhsú suntasach beartaithe do na seirbhísí iarnróid troma sa Chontae lena n-áirítear tograí le haghaidh DART+ le minicíocht mhéadaithe traenach ar an líne Heuston go Collchoill le cumas suas le 15 traenach san uair i ngach treo agus stadanna ag Baile Adaim, Cluain Buiríosa agus an Pháirc Thiar i gceantar Bhóthar an Náis, mar aon le hoscailt an stáisiúin iarnróid ag Ciseog i gCluain Buiríosa. na theannta sin, tá raon ann le hacmhainn a mhéadú ar na línte Luas atá ann cheana go Tamhlacht agus Teach Sagard, chomh maith leis na buntáistí ionchasacha a thabharfadh línte nua Luas do Leamhcán agus don chuid theas den Chontae.

Ag cur an gá práinneach atá ann aistriú go modhanna iompair níos inbhuanaithe, tá spriocanna comhroinnte mód leagtha síos ag an gComhairle don Chontae a bhfuil sé mar aidhm acu líon na ndaoine atá ag siúl, ag rothaíocht agus ag úsáid iompair poiblí a mhéadú agus líon na dturas i bhfeithicilí príobháideacha a laghdú. thar shaolré an Phlean Forbartha Contae agus ina dhiaidh sin. Tá na spriocanna seo leagtha síos i gcomhthéacs feabhsuithe beartaithe ar bhonneagar iompair poiblí agus rothaíochta. Go háirithe, rolladh amach líonra Rothaíocht Átha Cliath Theas a spreagfaidh rothaíocht níos sábháilte sa Chontae. Tá roinnt limistéar forbartha straitéisí sa Chontae ina bhfuil forbairt níos dlúithe beartaithe a éascóidh taisteal inbhuanaithe i limistéir fáis. Áirítear sna limistéir seo limistéir athghiniúna Thamhlachta agus Bhóthar an Náis agus Criosanna Forbartha Speisialta Chluain Buiríosa agus Bhaile Adaim. Le spriocanna Bhaile Átha Cliath Theas méadóidh an siúl ó 13% go 15% agus beidh dúbailt ar an rothaíocht ó bhonn íseal de 5% go 10%. Mhéadóidh sciar mhód bus ó 17% go 20% agus méadóidh an mó iarnróid ón leibhéal an-íseal reatha de 3% go 5%. Mar thoradh ar na méaduithe incriminteacha seo ar sciar na mód laghdófaí úsáid charranna príobháideacha ón leibhéal ard reatha de 62% go 50% le linn thréimhse an Phlean Forbartha Contae.



Tábla 7.0 Sciar Mód Reatha agus Sprioc (céatadán)

Modh	Sciar Móid Reatha CCÁCT (%)	CCBÁCT Sprioc Sciar Móid (%)
Siúl	13	15
Rothaíocht	5	10
Bus	17	20
Traein	3	5
Príobháideach (Carr, Veain, HGV, Gluaisrothar)	62	50

7.5 Siúl agus Rothaíocht


Rogha inchreidte malartach ar iompar carr-bhunaithe a dhéanamh den taisteal gníomhach, agus an chomharsanacht 10 nóiméad a éascú, ní mór tosca criticiúla áirithe a bheith i bhfeidhm:

- Líonra tréscailteach do choisithe agus rothaíocht a cheadaíonn naisc dhíreacha iolracha idir príomhchinn scríbe mar cheantair chónaithe, siopaí, scoileanna, ionaid fostaíochta agus naisc iompair phoiblí; agus
- Timpeallacht tharraingteach shábháilte do choisithe agus do rothaíocht ina gcuirtear áiseanna ar ardchaighdeán ar fáil a thacaíonn lena n-úsáid ag gach aois agus cumas.

Leis na cuspóirí seo a bhaint amach, tá an Chomhairle gníomhach i dtionscnaimh a mbeidh tionchar dearfach díreach acu ar siúl agus rothaíocht:

- **Rothaíocht Átha Cliath Theas** – Is clár oibreacha é seo le líonra sábháilte rothaíochta a sholáthar sa Chontae sna deich mbliana atá romhainn.
- **Staidéar ar Ghluaiseacht Inbhuanaithe** - Is éard a bhí i gceist leis na staidéir seo, a rinneadh mar chuid den ullmhúchán ar an bPlean Forbartha, scrúdú dlúth a dhéanamh ar ghluaiseacht laistigh de chomharsanachtaí d'fhonn tionscadail a shainaithint a spreagfaidh taisteal gníomhach agus úsáid iompar poiblí.
- **Tionscadail Bhealaí Glasa** lena n-áirítear síneadh ar Bhealach Glas na Canála Móire agus rolladh amach leanúnach Bhealach Glas na Dothra.

Tá sciar sprioc mhóid de 15% le haghaidh siúlóide agus 10% le haghaidh rothaíochta socraithe ag an gComhairle, méadú ó 13% agus 5% ar an sciar móid faoi seach.




7.5.1 Staidéir ar Ghluaiseacht Inbhuanaithe (GI)

Rinneadh Staidéir ar Ghluaiseacht Inbhuanaithe i ngach ceann de na seacht gceantar Comharsanachta le tacaíocht ón NTA. Cuspóir na staidéar:

- Pictiúr a dhearadh de shaincheisteanna gluaiseachta i ngach ceantar; agus
- Bearta chun modhanna iompair ghníomhacha (siúl agus rothaíocht) a aithint agus iompar poiblí a mhéadú chun cabhrú lena sciar mód sprice a bhaint amach agus spleáchas ar an gcarr a laghdú.

Chuir torthaí na staidéar seo bonn eolais faoi na beartais agus na cuspóirí maidir le gluaiseacht inbhuanaithe sa chaibidil seo den Phlean Forbartha. Tá achoimrí ar na saincheisteanna a saináithníodh i ngach Ceantar Comharsanachta leagtha amach i gCaibidil 12 Ár gComharsanachtaí.

Dar leis na sonraí tráchta don Chontae déantar an ceathrú cuid de na turais faoi 3km agus beagnach leath na dturas faoi 6km i gcarr. Bheadh sé éasca a lán de na turais seo a dhéanamh de shiúl cos nó ar rothar.




Aithnítear bearta éagsúla sna Staidéir le haistriú i dtreo taistil ghníomhaigh agus iompar poiblí a spreagadh, lena n-áirítear:

- Áiseanna feithimh don iompar poiblí a fheabhsú;
- Bearta ceansú tráchta;

- Cosáin a leathnú agus a ndromchla a fheabhsú;
- Naisc níos tréscailte a chruthú le haghaidh siúl agus rothaíocht agus rochtain ar bhealaí iompair phoiblí;
- Feabhsúcháin ar lána rothar agus ar sholáthar páirceála rothaíochta.

D'aithin na staidéir roinnt tionscadal ionchasacha laistigh den Chontae a leagfar amach i dTuarascáil ar Ghluaiseacht Inbhuanaithe don Chontae a bheidh ag gabháil leis an bPlean. Tá maoiniú ar fáil ón NTA do na cineálacha tionscadail seo, agus imscrúdófar é seo mar acmhainn chun gnóthú na bhfeabhsuithe molta a éascú.

Le himeacht ama, mar thoradh ar chur i bhfeidhm na mbeart seo beidh níos mó daoine ag siúl, ag rothaíocht agus ag úsáid iompar poiblí agus beidh an carr príobháideach á úsáid ag níos lú daoine. Beidh go leor buntáistí forleathana claochlaitheacha mar thoradh air seo lena n-áirítear:



7.5.2 Rothaíocht Átha Cliath Theas

Is clár oibre de chuid na Comhairle é *Rothaíocht Átha Cliath Theas* a bhfuil sé mar aidhm aige líonra siúil agus rothaíochta dea-nasctha, dea-dheartha agus sábháilte a sholáthar a thairgeann rogha tarraingteach inchreidte do dhaoine de gach aois agus cumas seachas an carr a úsáid. Molann sé sraith tionscadal a sheachadfadh beagnach 260km de lánaí rothar nua agus feabhsaithe sna deich mbliana amach romhainn. Ó 2016, tá méadú 11% tagtha ar phlódú tráchta i gContae Bhaile Átha Cliath Theas ar na príomhbhóithre agus beidh sé seo níos dúshlánaí de réir mar a leanfaidh daonra an Chontae ag fás sna blianta amach romhainn. Is iad seo a leanas cuspóirí Rothaíocht Átha Cliath Theas:

- Líonra rothaíochta cuimsitheach agus nasctha a sholáthar ar fud Chontae Bhaile Átha Cliath Theas;
- Rannpháirtíocht a mhéadú agus modh iompair níos indéanta a dhéanamh den rothaíocht i gcomhair daoine de gach aois agus cumas; agus
- Feabhas a chur ar fhéiniúlacht rothaíochta an Chontae.

Cuimseoidh na tionscadail, a bheidh maoinithe go príomha ag an NTA, feabhsuithe ar an líonra atá ann cheana agus ar scéimeanna nua 'Anois', 'Go gairid' agus 'Níos Moille' atá le dul chun cinn sna 2, 5 agus 8 mbliana amach romhainn, faoi seach (féach Tábla 7.1 thíos). Déanfaidh an NTA céim oibreacha eile ar leithligh chun rothaíocht a sheachadadh a bhaineann leis an tionscadal BusConnects.

Tábla 7.1: Rotharbhealaí agus Tionscadail Bhaile Átha Cliath Theas

Rotharbhealaí agus Tionscadail Bhaile Átha Cliath Theas (Léirítear Rotharbhealaí Bhaile Átha Cliath Theas ar Léarscáileanna an Phlean Forbartha)					
Scéimeanna 'Anois'		Scéimeanna 'Go Gairid'		Scéimeanna 'Níos Moille'	
Uimhir Beal aigh	Bealach/Tionscadal	Uimhir Beal aigh	Bealach/Tionscadal	Uimhir Beal aigh	Bealach/Tionscadal
1	Lúb Canála Leamhcáin	3	Páirc Chorcaí go dtí an Chanáil Mhór (A) Sráidbhaile Chluain Dolcáin go dtí An Chanáil Mhór (B) Páirc Chorcaí	20	An Caisleán Nua go Ráth Chúil
2	Síneadh na Canála Móire	4	Tamhlacht go Sráidbhaile Chluain Dolcáin	21	Lána Bhaile Uí Fhoirtcheirn (A) Ascaill Iarthar na Cathrach go aomhal le Bóthar Iarthar na Cathrach (B) Céide an Aird Mhóir go dtí a aomhal le Bóthar Bhaile an Chócaigh
5	N81 (B) Aomhal Ráth Miontáin	5	N81 (A) Aomhal Ráth Miontáin go aomhal N82	22	Bóthar Iarthar na Cathrach - Ascaill Iarthar na Cathrach go N81
6	Sráidbhaile Thamhlachta go Gleann na Dothra	7	Bóthar na nGlaschnoc go Gleann na Dothra	23	Tigh Motháin go Páirc na nGlaschnoc Ó Bhóthar na nGlaschnoc go Ascaill Chipiúr, Bóthar Fhionnbarra, Bóthar San Séamas go Páirc na nGlaschnoc
8	Glasbhealach na Dothra (A) Droichid Ghlasbhealach na Dothra (B) go Naisc Ghlasbhealach na Dothra	14	Gleann na Life go Leamhcán Timpeallán Arc	24	Glasbhealach M50 (A) Cluain Dolcáin An Chanáil Mhór go Timpeallán Ibis (B) Timpeallán na Bó Deirge go Coill an Rí (C) Cill na Manach go Lána Tigh Motháin (D) Baile an Ridire, Droichead Coisithe M50, Cora Theach na Giúise, Aomhal Bhóthar Bhaile Cuilinn agus Bóthar Theach na Giúise
9	Teach na Giúise go Cnoc Lín	15	Bóthar an Bhútaigh, Cluain Dolcáin go N4 (A) Bóthar an Bhútaigh, Cluain Dolcáin go Bóthar na Botha Fuaire	25	Ráth Chúil go Teach Sagard

10	Bóthar Wellington	16	Bóthar an Naoú Loc	32	Ascaill Ghort an Ime
11	Bóthar na Gráinsí Ascaill an Gharráin Chnó go Céide Naomh Éanna	17	Ascaill Iarthar na Cathrach, Bóthar Iarthar na Cathrach go R136 Ascaill Iarthar na Cathrach, N82 go An Cuarbhóthar Lasmuigh	33	Bóthar Bhaile Uí Ruadháin
12	Sráideanna Thamhlachta (A) Nascbhóthar Belgar Thuaidh (B) Síneadh Bhóthar Airton (C) Réimse Poiblí agus Plás	18	Bóthar Katharine Tynan go Baile an Mhóta, Ascaill Calmount	34	Bóthar Bhaile Uí Chuilinn
13	Nasc-Bhóthar Chill Droichid	19	Iarthar na Cathrach go Ráth Fearnáin (A) N82 go N81 (B) N81 go Bealach Bhaile an Fhaoitigh (C) Bóthar Chill na nIníon go dtí a acomhal le Bóthar Bhaile Uí Chuilinn (D) Bealach Cholm Cille go Bóthar Bhaile Baodáin (E) Baile Baodáin go Ráth Fearnáin	35	Bóthar Cromwellsfort agus Bóthar Chamaí Thiar
15	N4 go Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life agus Bóthar na Botha Fuaire (B) N4 go Gleann na Life SC agus Bóthar na Botha Fuaire	26	Lúb na Canála go Bóthar Chill Droichid (A) Páirc Ghleann an Ghrifín go Nasc-Bhóthar Chill Droichid (B) Bóthar Chill Droichid go teorainn Chontae Bhaile Átha Cliath Theas		
21	Lána Bhaile Uí Fhoirtcheirn (C) Ascaill Iarthar na Cathrach go acomhal le Garter Lane	27	Páirc Bancroft (B) Páirc Bancroft		
27	Bóthar Chaisleán Thigh Motháin (A) Bóthar Chaisleán Thigh Motháin	28	Páirc Chill an Ardáin go Bóthar an tSeanbhábhún (A) Páirc Chill an Ardáin go Bealach Bhaile an Fhaoitigh (B) Bealach Bhaile an Fhaoitigh do Bóthar an tSeanbhábhún		
29	An Tiníleach agus Bóthar an Halla Bháin Thiar	31	Bóthar Kennelsfort		
30	Bóthar Bhaile an Teampaill				

7.5.3 Dearadh Áiseanna Rothaíochta

Tá dearadh áiseanna rothaíochta in Éirinn faoi threoir ag an Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta, NTA (2011) agus aon leasú leanúnach a dhéantar ar an gcáipéis seo. Féachann an lámhleabhar rothaíochta le rothaíocht a spreagadh trí thimpeallacht shábháilte a chur chun cinn do gach úsáideoir bóthair le fócas ar leith ar rothaithe. Tugann sé treoir maidir leis an rothar a chomhtháthú i ndearadh limistéar uirbeach trí chúig bhunphrionsabal:

- **Sábháilteacht** Caithfidh dearthóirí bonneagair iompair iarracht a dhéanamh sábháilteacht ar bhóithre a uasmhéadú do gach úsáideoir bóthair, rothaithe san áireamh.
- **Comhsheasmhacht** Is ceart go mbeadh bealaí rothaíochta sa líonra loighciúil agus leanúnach.
- **Dírí** Is ceart go mbeadh an bonneagar rothaíochta chomh díreach agus is féidir, agus moill agus malairt slí a íoslaghdú.
- **Tarraingteacht:** Is ceart go mbeadh an timpeallacht rothaíocht ar feadh an bhealaigh taitneamhach agus spésiúil. Tá sé seo tábhachtach go háirithe do thosaitheoirí, do thurasóirí agus do rothaithe áineasa.
- **Compord:** Ba cheart bonneagar rothaíochta a dhearadh, a thógáil agus a chothabháil ar mhaithe le héascaíocht úsáide agus compord.

Go ginearálta cuirfidh an tÚdarás Pleanála na caighdeáin atá sa *Lámhleabhar Rothaíochta Náisiúnta* i bhfeidhm agus áiseanna rothaíochta nua á ndearadh (lena n-áirítear rianta, lánaí, cosáin agus saoráidí stórála), agus i measúnú aon mholtaí forbartha nua, faoi réir srianta áirithe agus íogaireachtaí comhshaoil.

Tá an chandam páirceála rothar atá riachtanach chun freastal ar fhorbairtí nua le fáil i gCaibidil 13 *Cur chun Feidhme agus Faireachán*, Caighdeáin Páirceála Rothar.

7.5.4 Taisteal Gníomhach agus Scoileanna

Tugann sonraí taistil le fios go siúlann beagnach leath na leanaí chun na scoile nuair a bhíonn an scoil suite sa cheantar comharsanachta céanna. Ach tá an figiúr comhchosúil le haghaidh rothaíochta an-íseal ag díreach os cionn 4% agus tá turais i gcarr as cuimse ard ag beagnach 40% do na turais ghearra seo. Le bonneagar rothaíochta níos fearr a sholáthar agus tosaíocht a thabhairt do bhealaí taistil gníomhacha timpeall ar na scoileanna, tá acmhainn shuntasach ann modhanna gníomhacha a fheabhsú go mór, go háirithe rothaíocht.

Is féidir beart éagsúla a chur i bhfeidhm chun athrú módúil a spreagadh i bhfabhar siúl agus rothaíocht le haghaidh turais scoile:

- Ag céim na pleanála agus an dearaidh, ba cheart suímh scoile a roghnú atá chomh gar agus is féidir do na pobail a bhfreastalaíonn siad orthu;
 - Ba cheart tréscailteacht agus nascacht leis an gceantar máguaird a chinntiú trí iliomad pointí rochtana do choisithe agus do rothaithe a sholáthar ar shuímh scoile;
 - Ba cheart pleananna bainistíochta soghluaisteachta a éileamh d'fhonn bearta a bhunú chun taisteal carrbhunaithe a laghdú agus modhanna taistil gníomhacha agus úsáid iompair phoiblí a mhéadú;
 - Ba chóir stóráil leordhóthanach shlán le haghaidh rothar a sholáthar ar shuímh scoile;
 - Ba cheart idirghabhálacha dearfacha a chur i bhfeidhm ar nós rannpháirtíocht i dtionscadail na Scoileanna Glasa agus na Sráideanna Scoile (féach thíos);
- Ba cheart tosaíocht a thabhairt do bhonneagar a sholáthar lena n-áirítear bealaí rothaíochta sábháilte, cosáin agus scéimeanna tréscailteachta feabhsaithe tríd an gclár Rothaíocht Átha Cliath Theas agus tionscnaimh eile den sórt sin.

Leanfaidh an Chomhairle ag obair le scoileanna áitiúla agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna ag céimeanna pleanála, dearaidh agus oibríochta d'fhonn na bearta atá leagtha amach thuas a chur i bhfeidhm agus é mar aidhm sa deireadh go dtiocfaidh athrú módúil suntasach i dtreo taisteal gníomhach ar scoil.

(Féach freisin Roinn 8.10.2 i gCaibidil 8 *Bonneagar Pobail agus Spás Oscailte Poiblí*)

Tionscnamh Sráideanna Scoile

Is é aidhm an tionscnaimh *Sráideanna Scoile* an trácht mórtair a shrianadh laistigh de shráid, nó crios aontaithe, lasmuigh de gheata na scoile chun timpeallacht níos sábháilte a chruthú inar féidir leanaí a spreagadh chun rothaíocht, siúl nó dul ar scoil ar scútar. á Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus an NTA ina gcomhpháirtithe sa tionscnamh.

Áirítear i measc chuspóirí an tionscnaimh:

- Sábháilteacht fheabhsaithe ar bhóithre agus laghdú ar bhrú tráchta trí shiúl agus rothaíocht a spreagadh;
- An timpeallacht áitiúil agus cáilíocht an aeir a fheabhsú trí spleáchas ar mhótarfheithiclí a laghdú; agus
- Sláinte níos fearr a chur chun cinn trí thaisteal níos gníomhaí.

Tá ocht scoil sainaitheanta ag an gComhairle ar fud an Chontae do thionscadal píolótach ar Shráideanna Scoile a bheidh maoinithe ag an NTA.

Beidh an Chomhairle chun tosaigh maidir le bheith ag obair le scoileanna sa Chontae chun tuilleadh tionscadail oiriúnacha a shainaithe le cuspóirí an tionscnaimh a bhaint amach.

Tionscnamh na Scoileanna Glasa

Is clár bainistíochta comhshaoil agus oideachais do scoileanna é Scoileanna Glasa, a oibríonn agus a chomhordaíonn Aonad Oideachais Chomhshaoil An Taisce. Is í an aidhm gníomh fadtéarmach scoile uile a chur chun cinn don timpeallacht atá faoi stiúir mac léinn, le rannpháirtíocht an phobail i gcoitinne. Tá téamaí éagsúla sa chlár lena n-áirítear iompar, a bhfuil sé mar aidhm aige líon na mac léinn atá ag siúl, ag rothaíocht, ag scútáil, ag úsáid iompar poiblí nó ag déanamh carr-roinnte go dtí an scoil a mhéadú. Tá téama an iompair maoinithe ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tacaíonn an NTA leis. Tá a lán scoileanna i gceantar Chontae Bhaile Átha Cliath Theas páirteach i dtionscnamh na Scoileanna Glasa. Tá an Chomhairle ag obair go dlúth le An Taisce, le tacaíocht ó ranna rialtais agus urraitheoirí éagsúla, le Clár na Scoileanna Glasa a chur i bhfeidhm.

Beartas GI2: Siúl agus Rothaíocht

Tosaíochtaí gluaiseachta a athchothromú i dtreo modhanna taistil inbhuanaithe trí thosaíocht a thabhairt d'fhorbairt áiseanna siúil agus rothaíochta agus trí aistriú chuig taisteal gníomhach a spreagadh do dhaoine de gach aois agus cumas, de réir spriocanna an Chontae.

GI2 Cuspóir 1:

Trasdul chuig spriocanna roinnt mód an Chontae a bhaint amach agus faireachán a dhéanamh air, leis na spriocanna 15% Siúl agus 10% Rothaíocht .



GI2 Cuspóir 2:

Líonra cuimsitheach agus inléite a chruthú ar fud an Chontae de bhealaí sábháilte rothaíochta agus siúil a nascann pobail le cinn scríbe lárnacha, conláistí agus gníomhaíochtaí fóillíochta trí thionscadal Rothaíocht Átha Cliath Theas a chur i bhfeidhm, chomh maith le moltaí na Staidéar ar Ghluaiseacht Inbhuanaithe agus bearta tréscailteachta eile.



GI2 Cuspóir 3:

A chinntiú go méadaítear nascacht do choisithe agus do rothaithe a oiread is féidir agus go laghdaítear achair siúil agus rothaíochta trí fhás dlúth agus tréscailteacht a chur chun cinn i ndearadh agus i leagan amach na limistéar forbartha nua.



GI2 Cuspóir 4:

A chinntiú go ndéantar nascacht do choisithe agus do rothaithe a uasmhéadú agus go laghdaítear achair siúlóide agus rothaíochta sna ceantair thógtha atá ann cheana féin, trí bhacainní ar ghluaiseacht a bhaint agus saoráidí taistil gníomhacha a sholáthar d'fhonn rochtain ar shiopaí áitiúla, scoileanna, seirbhísí iompair phoiblí agus eile a mhéadú áiseanna, agus aird á tabhairt freisin ar phatrúin reatha iompraíochta frithshóisialta agus iarmhairtí neamhbheartaithe eile a bhaineann le bacainní den sórt sin a bhaint.



GI2 Cuspóir 5:

A chinntiú go ndéantar na sráideanna agus na líonraí sráide go léir a dhearadh de réir na bprionsabal, na gcur chuige agus na gcaighdeán atá sa Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha ionas go dtabharfar tosaíocht do ghluaiseacht coisithe agus rothaithe i dtimpeallacht shábháilte chompondach do raon leathan de aoiseanna, cumais agus cineálacha turais.



GI2 Cuspóir 6:

A chinntiú go ndéantar saoráidí do choisithe agus do rothaithe a dhearadh de réir na bprionsabal, na gcur chuige agus na gcaighdeán atá sa Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta nó in aon treoir nuashonraithe agus chun bonneagar rothar easbhóthair a chur chun cinn nuair is féidir, faoi réir aon dearaidh ag féachaint do íogaireachtaí comhshaoil.



GI2 Cuspóir 7:

Siúil agus rothaíocht a chur chun cinn le haghaidh turais scoile trí na bearta seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- Suímh scoile a aithint atá chomh gar agus is féidir do na pobail a bhfreastalaíonn siad orthu;
- A chinntiú go gcuirtear ilphointí rochtana ar fáil do shuímh scoile le haghaidh coisithe agus rothaithe;
- A chinntiú go mbeidh stóráil leordhóthanach shlán ar fáil le haghaidh rothar ar shuímh scoile;
- Tionscnaimh mar thionscadail na Scoileanna Glasa agus na Sráideanna Scoileanna a chur chun cinn;
- Tosaíocht a thabhairt do bhealaí scoile ar mhaithe le tionscadail tréscailteachta agus bealaí le haghaidh coisithe agus rothaithe a sholáthar agus a fheabhsú; agus
- Tacú le húsáid raon beart fisiceacha le sábháilteacht níos fearr a sholáthar do choisithe agus do rothaithe i scoileanna agus gar dóibh.



GI2 Cuspóir 8:

Oibriú leis an NTA chun maoiniú a fháil agus chun cur i bhfeidhm iomlán chlár Rothaíocht Átha Cliath Theas agus na moltaí um Staidéar ar Ghluaiseacht Inbhuanaithe a chinntiú.



GI2 Cuspóir 9:

Oibriú leis an NTA chun athbhreithniú a dhéanamh ar indéantacht áiseanna rothaíochta breise a chur i bhfeidhm i mórcheantair uirbeacha agus áineasa an Chontae.



GI2 Cuspóir 10:

Córas deisiúcháin agus measúnaithe cosán agus rotharbhealaigh a fhorbairt tuilleadh lena féidir le baill an phobail saincheisteanna cothabhála a thuairisciú agus deisiúcháin a thionscnamh, agus straitéis athnuachana, feabhsúcháin agus cothabhála soilsithe poiblí a chur i bhfeidhm i gceantair uirbeacha a sholáthraíonn soilsiú poiblí leordhóthanach agus a chuireann sábháilteacht coisithe, rothaithe, ban agus grúpaí mionlaigh i gcroílár na straitéise seo, agus a chinntiú go ndéantar conairí rothaíochta a chothabháil go comhsheasmhach agus i gceart ar ardchaighdeán lena chinntiú go n-úsáideann rothaithe iad.



GI2 Cuspóir 11:

Comharthaí teorach breise a sholáthar do chinn scríbe mhóra, conláistí cathartha agus díol spéise do thurasóirí ar mhórbhealaí do choisithe agus do rothair, lena n-áirítear tagairtí d'achar, amanna measta agus / nó líon na gcéimeanna atá le glacadh.



GI2 Cuspóir 12:

Tacú leis an straitéis chomharthaíochta atá glactha ag an gComhairle a chur i bhfeidhm ar fud an Chontae (2020) de réir *Lámhleabhar Náisiúnta um Chomharthaí Trácht* agus Fáilte Éireann *'Straitéis Treoshuímh Cuirteoirí Bhaile Átha Cliath'* (2020) a chuireann oidhreacht áitiúil agus stair cheantair san áireamh, go háirithe i gcomhthéacs sráidbhaile.



GI2 Cuspóir 13:

A chinntiú go mbíonn bealaí nua siúil agus rothaíochta, a mhéid is féidir, deartha chun feidhmiú mar naisc i líonra bonneagair ghlais an Chontae agus go soláthraítear plandáil athsholáthair agus bhreise ar speicis dhúchasacha agus pailneoirí, agus go n-úsáidtear cineálacha cur chuige SuDS chun déileáil le rith chun srutha an dreamhuisce.



GI2 Cuspóir 14:

A chinntiú go dtugann gach bealach siúil agus rothaíochta aird ar dhálaí agus íogaireachtaí comhshaoil lena n-áirítear bithéagsúlacht, speicis faoi chosaint agus láithreáin ainmnithe agus bearta seachanta agus maolaithe iomchuí a chorprú mar chuid d'aon mheasúnuithe comhshaoil.



GI2 Cuspóir 15:

Imscrúdú a dhéanamh ar indéantacht agus deiseanna féideartha le haghaidh glasbhealaigh a dhéanfadh nasc idir An Caisleán Nua, Ráth Cúil, Collchoill agus an Chanáil Mhór.



GI2 SLO 1:

Foráil a dhéanamh le haghaidh dhroichead coisithe thar an N7 ag acomhal Lána Bhearnaí chun rochtain ar fhoirceann Luas Theach Sagard a fheabhsú.



GI2 SLO 2:

Bealach rothaíochta roinnte do choisithe agus cosán do choisithe ó Lána Stoicín go Club Hellfire a mheas chun rogha shábháilte a sholáthar do charranna le rochtain a fháil ar an taitneamhacht seo.



GI2 SLO 3:

Ar theorainn talún ag láithreán Radharc an Chaisleáin (ar a dtugtaí Cúl Amra roimhe seo), teorainn nádúrtha iomlán gan bhriseadh a choinneáil ina mbeidh ráillí nó déanmhas buan eile feadh imlíne an láithreáin (seachas bealach isteach ó Bhóthar an Chaisleáin Nua agus tréscailteacht coisithe agus rothaithe le hIonad Comharsanachta Bhaile Fhinn ó thuaidh den láithreán). An méid thuas d'ainneoin aon bheartais nó cuspóirí gaolmhara eile a leagtar amach sa Phlean seo.

7.6 Iompar Poiblí


Déantar timpeall an cúigiú cuid (20%) de na turais a thosaíonn i gContae Bhaile Átha Cliath Theas ar iompar poiblí. Tá an figiúr seo íseal go leor i bhfianaise charachtar tógtha chuid mhór den Chontae, a ghaireacht do Chathair Bhaile Átha Cliath agus na seirbhísí iompair poiblí atá ar fáil sna codanna forbartha den Chontae.

Chun aistriú suntasach chuig iompar poiblí a spreagadh, leanfaidh an Chomhairle ag obair leis an NTA, an t-údarás reachtúil atá freagrach as pleanáil straitéiseach iompair fadtéarmach i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, chun díriú ar:

- Seirbhísí fithise iompair poiblí a nascann mórionaid agus réimsí fostaíochta ar nós Tamhlacht, Cluain Dolcáin agus Gleann na Life agus a nascann tuilleadh le codanna eile de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath;
- Bealaí breise agus leathnaithe iompair poiblí chun freastal ar cheantair nuafhorbartha agus i mbéal forbartha, agus ceantair atá ann cheana féin ina bhfuil bearnaí sna seirbhísí;

- Moil iompair le seirbhísí a cheangal (ar nós seirbhísí idir bealaí fithiseacha agus gathacha agus/nó croí-bhealaí agus bealaí friothálacha) agus líonra ar nós 'eangach' a dhéanamh.
- Rochtain fheabhsaithe ar stadanna agus seirbhísí iompair poiblí;
- Comhtháthú níos fearr idir cineálacha forbartha de dhlús níos airde agus nóid iompair phoiblí.

Is é sprioc na Comhairle úsáid iompair phoiblí a mhéadú do thurais a thosaíonn i gContae Bhaile Átha Cliath Theas ón mbonn íseal reatha de 17% bus agus 3% iarnród, go bus 20% agus iarnród 5%, faoi seach, thar saolré an Phlean Forbartha seo. Laghdaíonn an sprioc seo an taisteal príobháideach mótar (carr-bhunaithe den chuid is mó) ón ardleibhéal reatha de 62% go 50%.



Tá roinnt tionscadal straitéiseach i Straitéis GDA 2016-2035 beartaithe do Chontae Bhaile Átha Cliath Theas a bhfuil sé d'acmhainn acu sna blianta atá romhainn tionchar claochlaitheach a imrítear ar thaisteal trí cheannas an iompair carr-bhunaithe a aistriú i dtreo iompair phoiblí. Ina measc tá:

- BusConnects
- DART+ ar líne Heuston go Collchoill
- Luas go Leamhcán
- Acomhal iompair ag Tamhlacht agus Gleann na Life.

Tá athbhreithniú á dhéanamh ar Straitéis GDA agus tá indéantacht iarnróid éadroim eile siar ó dheas ón gContae á scrúdú mar chuid den obair seo. Má chruthaítear go bhfuil sé indéanta agus go n-áireofaí é i Straitéis Iompair an GDA, tacóidh an Chomhairle leis na buntáistí feabhsaithe iompair phoiblí a thabharfadh sé.

Beartas GI3: Iompar Poiblí – Ginearálta

Aistriú suntasach ó thaisteal carr-bhunaithe go hiompar poiblí a chur chun cinn de réir spriocanna an Chontae agus forbairt inbhuanaithe an Chontae a éascú trí thacú agus threoir a thabhairt do ghníomhaireachtaí náisiúnta chun feabhsuithe móra a sheachadadh ar an líonra iompair poiblí.

GI3 Cuspóir 1:

Trasdul chuig spriocanna roinnt mód an Chontae a bhaint amach agus faireachán a dhéanamh air, leis na spriocanna 20% Siúl agus 5% Rothaíocht.



GI3 Cuspóir 2:

Cur chun Feidhme mórthionscadal iompair poiblí a éascú agus a dhaingniú mar a shainithnítear i Straitéis Iompair an NTA do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (2016-2035), nó in aon cháipéis a ghlacann a ionad, lena n-áirítear BusConnects, clár leathnaithe DART feadh bhealach Chill Dara, oscailt an stáisiún iarnróid nua ag an Chiseog agus an Luas go Leamhcán.



GI3 Cuspóir 3:

A chinntiú go ndéantar forbairt sa todhchaí a phleanáil ar bhealach a éascóidh aistriú suntasach chuig úsáid iompair poiblí trí bheartais dhlúthfháis a leanúint, forbairt a chomhdhlúthú timpeall ar bhealaí agus aomhail iompair poiblí atá ann agus atá beartaithe, agus rochtain ar sheirbhísí iompair poiblí atá ann cheana agus atá beartaithe a uasmhéadú ar fud an líonra.



GI3 Cuspóir 4:

Inrochtaineacht ar iompar poiblí a bharrfheabhsú, tréscailteacht limistéir a mhéadú agus a uasmhéadú trí bhealaí nua siúlóide agus rothaíochta atá ann cheana a nascann le stadanna iompair poiblí a chruthú agus a uasghrádú.



GI3 Cuspóir 5:

Líonra idirnasctha a éascú le éifeachtúlacht na seirbhísí atá ann cheana a uasmhéadú, amanna foriomlána turais a laghdú agus malartú éasca idir modhanna agus bealaí a éascú.



GI3 Cuspóir 6:

Bealaí iompair poiblí a bhunú amach anseo a thacóidh le forbairt mheántéarmach agus fhadtéarmach an Chontae, lena n-áirítear bealaí fithise chun nascacht a sholáthar idir ceantair bhruachbhailteacha seachtracha.



GI3 Cuspóir 7:

Tacú agus spreagadh a thabhairt don NTA le imscrúdú a dhéanamh ar réitigh iompair poiblí ardchumais do Bhaile Átha Cliath Thiar Theas, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar indéantacht Metro agus / nó Luas, freastal ar cheantair lena n-áirítear Baile Baodáin, Baile Chuilinn / An tSeanchúirt, Teach na Giúise, Camaigh, Cnoc Lín, Ráth Fearnáin, Tamhlacht Theas, Teach Mealóg agus Tír an Iúir.



GI3 Cuspóir 8:

Tacú agus comhoibriú leis an NTA agus le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun Staidéar Ceantarbhunaithe a dhéanamh ar iompar amach anseo do thailte athghiniúna straitéiseacha Bhóthar an Náis / Bhaile an Mhóta.



GI3 Cuspóir 9:

A chinntiú go bhfuil gach conair nua iompair phoiblí deartha chun líonra bonneagair ghlais an Chontae a fheabhsú trí athsholáthar leordhóthanach agus plandáil bhreise speiceas dúchasach agus pailneoirí a chinntiú agus úsáid cur chuige SuDS chun déileáil le rith chun srutha screamhuisce a chinntiú.



GI3 Cuspóir 10:

Obair leis na gníomhaireachtaí iompair ábhartha lena chinntiú go dtugann gach togra iompair poiblí aird ar dhálaí agus íogaireachtaí comhshaoil lena n-áirítear bithéagsúlacht, speicis faoi chosaint agus láithreáin ainmnithe agus bearta seachanta agus maolaithe iomchuí a chorprú mar chuid d'aon mheasúnuithe comhshaoil.



7.6.1 BusConnects

Is é BusConnects clár an NTA le seirbhísí bus a fheabhsú i mBaile Átha Cliath agus i gcathracha eile ar fud na hÉireann agus is cuid lárnach de bheartas an Rialtais é iompar poiblí a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide. Is iad príomhghnéithe na straitéise mar a bhaineann siad le Baile Átha Cliath:

- Líonra d'áiseanna leanúnacha sábháilte tosaíochta bus agus rothaíochta feadh 16 dorchla;
- Líonra bus athdheartha níos éifeachtaí le droim ardmhínicíochta, bealaí nua fithiseáin agus seirbhísí bus méadaithe.
- Córais ticéadaithe agus íocaíochta atá níos soláimhsithe agus níos áisiúla;
- Áiseanna feithimh bus feabhsaithe;
- Aistriú chuig flít bus le astaíochtaí ísle.

Meastar go gcuirfidh an NTA iarratas pleanála ar bhonneagar croí-chonaire gathach faoi bhráid an Bhoird Phleanála ag deireadh 2021. Meastar go ndéanfar an tógáil idir 2022 agus 2027.

Tábla 7.2 Bealaí Croí-Chonaire Gathacha molta BusConnects le freastal ar Chontae Bhaile Átha Cliath Theas

Uimhir Bealaigh	Tús/Ceann Scríbe
Bealach 6	Leamhcán go Lár na Cathrach
Bealach 7	Gleann na Life go Lár na Cathrach
Bealach 8	Cluain Dolcáin go Droimeanach
Bealach 9	Na Glaschnoic go Lár na Cathrach
Bealach 10	Tamhlacht go Tír an Iúir
Bealach 11	Camaigh go Lár na Cathrach
Bealach 12	Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach

Moltar roinnt bealaí fithise freisin a chuirfidh go mór le héascaíocht gluaiseachta sa Chontae agus chuig cinn scríbe níos faide i gcéin. Tá siad seo leagtha amach i dTábla 7.3.

Tábla 7.3 Bealaí Croí-Chonaire Fithiseacha molta BusConnects le freastal ar Chontae Bhaile Átha Cliath Theas

Uimhir Bealaigh	Cinn Scríbe
S4	Gleann na Life - Baile Formaid - Cromghlinn - Baile an Mhuilinn
S6	Tamhlacht - Dún Droma - UCD - An Charraig Dhubh
S8	Tamhlacht - Áth an Ghainimh - Dún Laoghaire
W2	Gleann na Life - Cluain Dolcáin - Tamhlacht
W4	Tamhlacht - Caisleán na Gráinsí - Gleann na Life - Baile Bhlainséir
W6	Maigh Nuad - Cill Droichid - Iarthar na Cathrach - Tamhlacht

Beartas GI3: Iompar Poiblí - Bus

SM3 Cuspóir 11:

Seachadadh Lár-Chonairí Bus BusConnects a éascú agus conairí bus agus fithisbhealaí breise a lorg chun freastal ar an gContae trí na bealaigh riachtanacha atá áirithe a dhaingniú agus a chothabháil agus a chinntiú nach mbeidh drochthionchar ag Conairí BusConnects ar shaol sráidbhaile agus ar shlí bheatha aon cheann de shráidbhailte ár gContae.



GI3 Cuspóir 12:

Oibriú leis an NTA chun leathnú an ghréasáin bus a chinntiú d'fhonn freastal ar cheantair nua forbartha agus athghiniúna laistigh de limistéar Chontae Bhaile Átha Cliath Theas lena n-áirítear Tamhlacht, Bóthar an Náis, Baile Adaim, Cluain Buiríosa, Baile Uí Fhoirtcheirn, Baile an Chuilinn agus an Caisleán Nua.



GI3 Cuspóir 13:

Tacú le línte nua Mear-Iompair Bus (BRT) mar bhealach chun naisc nua iompair poiblí a sholáthar, i gcás ina léiríonn an NTA nach féidir roghanna iarnróid a bhaint amach thar thréimhse an Phlean Forbartha Contae 2022-2028, lena n-áirítear an Metro atá beartaithe (Metrowest) agus feadh Chuarbhóthar Seachtrach agus conairí Bhaile Adaim-Iarthar na Cathrach.



GI3 Cuspóir 14:

Tacú le hathbhreithniú ar sheirbhísí bus i dtimpeallacht Bhóthar an Náis lena n-áirítear infheistíocht i seirbhísí fithise d'fhonn freastal ar éileamh sa todhchaí agus acmhainn forbartha limistéar athghiniúna Bhóthar an Náis a fheabhsú.



GI3 Cuspóir 15:

Tacú le feabhsú an Chláir Iompair Tuaithe Nasc Áitiúil d'fhonn rochtain a sholáthar do phobail tuaithe an Chontae ar sheirbhísí bus feabhsaithe.



GI3 Cuspóir 16:

Tacú le hathbhreithniú ar chonairí bus i dtimpeallacht an N4 chun leathnú isteach sna bailte crios comaitéireachta atá ar theorainn Chontae Chill Dara d'fhonn freastal ar éileamh an cheantair mórtimpeall ar Leamhcán agus Baile Adaim amach anseo.



GI3 Cuspóir 17:

Oibriú leis an NTA agus gníomhaireachtaí stáit eile chun seachadadh aomhal scartha ghrád Bhóthar Kennelsfort - R148 nó réiteach coibhéseach a éascú chun an éifeachtúlacht is fearr is féidir a bhaint as an Tionscadail BusConnects.



GI3 Cuspóir 18:

Idirchaidreamh a dhéanamh le soláthraithe seirbhíse bus i gcás ina moltar bonneagar nua stadanna bus le chinntiú go gcuirtear áiseanna mar scáthláiín agus boscaí bruscair san áireamh, nuair is iomchuí.



7.6.2 Iarnród

Clár Leathnaithe an DART

Cuirfidh Cur chun Feidhme an chláir leathnaithe DART seirbhísí DART + ar fáil chomh fada le Collchoill ar Líne Chill Dara, ag freastal ar thailte CFS Bhaile Adaim atá ag forbairt, Páirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí, ceantair bhunaithe Chluain Dolcáin agus tailte an Chrios Forbartha Straitéisí (CFS) ag Cluain Buiríosa mar a bhfuil pobal 23,000 daonra beartaithe. Osclófar an stáisiún nuathóga ag an Chiseog i rith Chéim 1B de Scéim Pleanála Chluain Buiríosa (1,001 - 2,000 aonad cónaithe). Soláthroidh an clár leathnaithe minicíocht traenach méadaithe ag An Pháirc Thiar i gceantar Bhóthar an Náis.

Línte Luas atá ann

Soláthraíonn na línte Luas atá ann cheana go Tamhlacht agus Teach Sagard rochtain den scoth ar nasc iompair phoiblí ar ardchaighdeán do dhaoine atá ina gcónaí i mBaile Átha Cliath Theas agus ag obair ann. De réir mar a leanann forbairt nua i mBaile Átha Cliath Theas agus i gCathair Bhaile Átha Cliath sna blianta amach romhainn, oibreoidh an Chomhairle leis an NTA chun an riachtanas agus an deis chun an acmhainneacht ar na línte atá ann a mhéadú d'fhonn seirbhís mhéadaithe a sholáthar de réir riachtanais.

Luas go Leamhcán

Foráiltear le straitéis an NTA go leathnófar an Luas go Leamhcán, a sholáthróidh seirbhís gathacha ardchumais ón gceantar seo go Lár na Cathrach, agus a bheidh leordhóthanach chun freastal ar an éileamh ard iompair ar an gconair seo. Leathnóidh an Luas, faoi réir an bhealaigh roghnaithe, isteach i lár na limistéar mór cónaithe i Leamhcán ó dheas ón N4 agus nascfaidh siad le lár na cathrach, ag freastal ar Shráidbhaile Leamhcáin, Gleann na Life agus Baile Formaid ar a bhealach.

Metro/Luas go Baile Átha Cliath Thiar Theas

Leanfaidh an Chomhairle lena plé leis an NTA, i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Straitéis Iompair an GDA, maidir le roghanna iompair phoiblí do Bhaile Átha Cliath thiar theas lena n-áirítear féidearthacht Metro agus / nó Luas chun freastal ar an gceantar.

7.6.3 Acomhail Iompair

Méadaíonn acomhail iompair ilmhódacha éifeachtúlacht agus sreabhadh seirbhísí iompair phoiblí. Moltar acomhal cearnóige poiblí agus iompair do Lár Bhaile Thamhlachta, a sholáthróidh acomhal den chéad scoth idir na Luas, BusConnects, tacsáí, rothaíocht agus siúl.

Sa tréimhse 6 bliana go 2026, déantar foráil i bPlean Ceantair Áitiúil (CTÁ) Thamhlachta le haghaidh idir 3,500-5,000 aonad tithíochta nua, an t-ionchas le haghaidh spás urláir neamhchónaithe suntasach breise trí fhostaíocht níos déine, úsáid tráchtála agus tionsclaíoch, scoileanna nua agus seirbhísí poiblí. Is cuid lárnach de réadú acmhainn forbartha gearrthéarmach na dtailte seo is ea cur i bhfeidhm an Acomhail Iompair a bheidh suite in aice le Stad Luas Thamhlachta, mar aon le BusConnects, seirbhísí fithiseáin feabhsaithe agus seirbhísí bus áitiúla agus líonraí feabhsaithe coisithe agus siúlóide, lena n-áirítear bearta tréscailteachta laistigh den limistéar CTÁ agus chuig ceantair chomharsanacha.

Tá acomhal iompair á chur chun cinn freisin ar champas Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life. Is Lárionad Mór Miondíola agus Lár-Bhaile Mór Leibhéal 2 é Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life in ordlathas miondíola an RSES atá ag leathnú i gcónaí, agus beidh feidhm riachtanach ag an acomhal sa líonra bus níos leithne agus i dtionscadal BusConnects an NTA.

Áiseanna 'Páirceáil agus Taisteal'

Soláthraíonn Páirceáil agus Taisteal an deis aistriú módúil ón gcarr príobháideach chuig an líonra iompair phoiblí, le haghaidh turais ina bhfuil gá le húsáid gluaisteán ag an bpointe tionscnaimh. Is ceart go mbeadh siad lonnaithe i gceantair ina bhfuil sé de chumas ag an ngréasán bóithre glacadh le tionchar tráchtála i gcarranna agus ní ceart é a lonnú chun daoine a mbeadh rochtain acu ar iompar poiblí go háitiúil, a spreagadh chun tiomáint níos faide chun rochtain a fháil ar shuíomh, agus cur le plódú. á roinnt áiseanna páirceála agus taistil lonnaithe sa Chontae agus tá tuilleadh beartaithe. Rachaidh an tÚdarás Pleanála i gcomhairle leis an NTA agus le páirtithe leasmhara eile chun a gcur chun feidhme a chinntiú, de réir mar is cuí. Tá an beartas Páirceála agus Taistil ina chuid den Straitéis GDA.

Tábla 7.4 Moltaí Páirceáil agus Taisteal

Moltaí Páirceáil agus Taisteal	
Ionaid	Stádas
Stáisiún Bhaile Adaim (Iarnród Bhaile Átha Cliath - Cill Dara)	Saoráid shealadach ag feidhmiú le saoráid bhuan le críochnú mar chuid d'fhorbairt Iárionad Dúiche Bhaile Adam (mar a shainithnítear i Scéim Pleanála CFÁ Bhaile Adaim)
Stáisiún na Ciseoige (Iarnród Bhaile Átha Cliath - Cill Dara)	Beidh Páirceáil agus Taisteal ag teacht i bhfeidhm le hoscail Stáisiún na Ciseoige
Leamhcán (Conair Bhus N4)	Tá fiosrú le dhéanamh ar infhaighteacht an láithreáin chun páirceáil agus taisteal a sholáthar lena n-áirítear an cumas do Pháirceáil agus Taisteal ag láthair ar an N4 díreach in aice le bealach amach 4A agus faoi réir an suíomh seo a bheith inghlactha ag an NTA

Beartas GI3: Iompar Poiblí - Iarnród, Acomhal Iompair agus Páirceáil agus Taisteal

GI3 Cuspóir 19:

Seachadadh an Luas go Leamhcán a chur chun cinn agus forchoimeád aon bhealach aitheanta nó atá ag teacht chun cinn a éascú.



GI3 Cuspóir 20:

Tacú le hacmhainn bhreise ar Líne Dhearg an Luas, chun freastal ar dhianú na forbartha i dTamhlacht agus i mBaile na hAbhann agus ar fhorbairt thailte Bhóthar an Náis sa toadhcháil.



GI3 Cuspóir 21:

Tacú le hoscailt stáisiún iarnróid na Ciseoige d'fhonn ailíniú le seachadadh tithe laistigh de limistéar CFS Chluain Buiríosa, de réir chéimniú Scéime Pleanála an CFS.



GI3 Cuspóir 22:

An rogha le seirbhís iarnróid idirchontae a stopann ag stáisiún na Ciseoige a chruthú a thabharfadh rochtain ar spás fostaíochta nua i gCluain Buiríosa agus rochtain dhíreach ar Pháirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí.



GI3 Cuspóir 23:

TGIÚ le bearta a sheachadadh, sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, chun acmhainn forbartha thailte Bhóthar an Náis / Bhaile an Mhóta a fheabhsú, lena n-áirítear:



- Stáisiún nua traenach ar Líne Chill Dara in aice le Bóthar na Coille Móire;
- Stad nua Luas ar an Líne Dhearg idir stadanna na Coille Móire agus na Bó Deirge (de réir an RSES agus MASP; agus
- Minicíocht mhéadaithe do thramanna Líne Dhearg an Luas.

GI3 Cuspóir 24:

Tacú le forbairt aomhal iompair ilmhódach ag Lár Bhaile Thamhlachta agus Gleann na Life agus é a éascú.

**GI3 Cuspóir 25:**

Soláthar áiseanna Páirceála agus Taistil a éascú in áiteanna iomchuí ag nóid iompair agus feadh conairí straitéiseacha iompair de réir Straitéis an NTA.



7.7 An Líonra Bóithre

Cé go bhfanann infheistíocht i mbonneagar taistil ghníomhaigh agus iompair phoiblí ag barr an ordlathais, beidh gá i gcónaí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar nua bóithre agus sráideanna. Beidh gá le feabhsúcháin ar an ngréasán bóithre agus ar roinnt bóithre nua sa Chontae chun iompar a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí agus chun rochtain a sholáthar ar cheantair nuafhorbartha nuair is gá tailte athfhorbraíochta agus tailte eile a dhíghlasáil de réir phrionsabail an fháis dhlúth. Tá bonneagar éifeachtach bóithre ríthábhachtach freisin chun tacú le forbairt eacnamaíoch an Chontae agus go háirithe gluaiseacht earraí.

Aithnítear freisin go bhfuil sé costasach níos mó spáis bóthair a chruthú chun freastal ar thrácht, go háirithe sna ceantair atá ann cheana, agus go bhféadfadh sé níos mó carranna a mhealladh chuig an líonra. Beidh bainistíocht ar éileamh taistil agus spás bóthair agus sráide a shaoradh ar cheann de na príomhdhúshláin a bheidh ann don Chomhairle le linn shaolré an Phlean seo.

Beidh bainistíocht agus leathnú cúramach de dhíth ar an líonra bóithre:

- Le rochtain ar cheantair gníomhaíochta eacnamaíochta chuig agus ó líonra na mBóithre Náisiúnta a éascú, go háirithe ar imeall na gceantar uirbeacha;
- Bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar rochtain ar an ngréasán Bóithre Náisiúnta agus amach chun aon tionchair ar an ngréasán bóithre agus sráide áitiúla a íoslaghdú;
- Oibriú sábháilte agus éifeachtúil an ghréasáin náisiúnta bóithre a chinntiú;
- Rochtain a sholáthar ar phobail nua agus ar thailte forbartha nua;
- An úsáid is éifeachtaí a bhaint as an spás bóthair atá ann cheana;
- Timpeallacht sráide níos sábháilte a sholáthar le luasanna laghdaithe feithiclí, go háirithe i gceantair inar dócha go mbeidh coisithe agus rothaithe níos gníomhaí;
- Carrpháirceáil a bhainistiú go héifeachtach.

7.7.1 Líonra Straitéiseach Bóithre

Cuimsíonn an príomhghréasán straitéiseach bóithre sa Chontae an N4, N7 agus N81 a fhoirmíonn trí phríomhbhealach gathacha; agus an M50, An Fearann Nua - Cnoc an Fhuaráin (R113) agus an Cuarbhóthar Seachtrach (R136) a fhoirmíonn trí phríomhbhealach fithise. Tá Bonneagar Iompair na hÉireann (TII) freagrach as bainistíocht an ghréasáin náisiúnta bóithre lena n-áirítear an N4, N7, N81 agus M50, atá i measc na mbóithre is gnóthaí sa tír. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair leis an NTA agus TII chun acmhainn na mbóithre straitéiseacha tábhachtacha seo a chosaint.

D'fhonn iomaíochas leanúnach agus gluaiseacht éifeachtach daoine agus earraí laistigh den Chontae a chinntiú, ní mór rochtain straitéiseach bóithre a bheith díreach, go háirithe idir réimsí fostaíochta agus an líonra náisiúnta bóithre. Aithníonn an Croí-Straitéis roinnt réimsí forbartha straitéisí a fhreastalóidh ar phobail nua. Cé go dtabharfar tosaíocht do rochtain ar iompar poiblí, beidh rochtain ar na ceantair seo ag teastáil freisin mar chuid d'fhorbairt an ghréasáin straitéisigh bóithre agus sráide amach anseo.

Beartas GI4: Líonra Straitéiseach Bóithre

An líonra bóithre straitéiseach ar fud an Chontae a fheabhsú agus, nuair is gá, tacú le forbairt eacnamaíoch agus le rochtain a sholáthar do phobail nua agus do cheantair nua forbartha.

GI4 Cuspóir 1:

Oibriú go dlúth le gníomhaireachtaí iompair lena n-áirítear an Roinn Iompair, an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Bonneagar Iompair Éireann chun acmhainn a chosaint agus feabhsúcháin agus síntí ar an ngréasán straitéiseach bóithre a sheachadadh, nuair is gá agus de réir phleananna gníomhaíochta aeráide náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

GI4 Cuspóir 2:

Cur chun Feidhme mhórtionscadal bóthair a éascú agus a chinntiú mar a shaináithnítear iad sna straitéisí agus sna pleananna ábhartha do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath.

GI4 Cuspóir 3:

Iomaíochas a mhéadú trí ghluaiseacht éifeachtach daoine agus earraí a chinntiú idir réimsí fiontraíochta agus fostaíochta agus an líonra náisiúnta bóithre.

GI4 Cuspóir 4:

A chinntiú go mbeidh rochtain leordhóthanach ag ceantair i mbéal forbartha ar líonra bóithre an Chontae.

GI4 Cuspóir 5:

Tacú le huasghrádú acomhal a sholáthar, nuair is gá, ag láithreacha lárnaigh ar an líonra bóithre straitéiseach.

GI4 Cuspóir 6:

Tacú le bearta nuálacha bainistíochta éilimh ar an M50, i bhfianaise an éilimh reatha agus réamh-mheasta ar ghluaiseacht fithiseach agus fás pleanáilte an daonra agus na fostaíochta sa Chontae sa todhchaí.

GI4 Cuspóir 7:

An Clár Bóithre 6 bliana atá leagtha amach faoi Táblaí 7.5 agus 7.6 a chur i bhfeidhm agus oibriú i dtreo chur i bhfeidhm an chlár bóithre meántéarmacha nuair is indéanta agus faoi réir maoinithe.

GI4 Cuspóir 8:

Obair leis na gníomhaireachtaí iompair ábhartha lena chinntiú go dtugann gach togra sa líonra bóithre agus sráideanna aird ar dhálaí agus íogaireachtaí comhshaoil lena n-áirítear bithéagsúlacht, speicis faoi chosaint agus láithreáin ainmnithe agus bearta seachanta agus maolaithe iomchuí a ionchorprú mar chuid d'aon mheasúnuithe comhshaoil.

**GI4 Cuspóir 9:**

A chinntiú go bhfuil gach bóthar agus sráid nua deartha chun líonra bonneagair ghlais an Chontae a fheabhsú trí athsholáthar leordhóthanach agus plandáil bhreise speiceas dúchasach agus pailneoirí a chinntiú agus úsáid cur chuige SuDS chun déileáil le rith chun srutha screamhuisce a chinntiú.

**GI4 Cuspóir 10:**

Tacú le bearta inbhuanaithe lena n-áirítear comhthiomsú carranna agus clubanna carranna a chuireann rochtain ar ghluaisteáin chun cinn seachas úinéireacht agus a éascaíonn úsáid níos airde feithiclí seachas líon níos airde feithiclí.

**GI4 Cuspóir 11:**

Trasbhealaí fiadhúlra lena n-áirítear droichid agus íosbhealaí a ionchorprú sna dearaí le haghaidh bonneagair nua bóithre agus nuair is féidir, bearta den sórt sin a ionchorprú sa líonra bóithre atá ann.

GI4 SLO 1:

A chinntiú nach dtarlaíonn forbairt ar na tailte seo sa Teampall Geall / Baile Éamainn ach nuair is féidir é a sheachadadh i dteannta leis an mbonneagar iompair riachtanach, lena n-áirítear soláthar le haghaidh siúl agus rothaíocht, chun an fhorbairt sin a éascú.

GI4 SLO 2:

Íosbhealach a chur san áireamh mar chuid d'aon bheart bainistíochta tráchta mar réiteach praiticiúil ar mhoilleanna tráchta ar an N4 i Sráidbhaile Bhaile Phámar.

7.7.2 Tograí Nua Sráideanna agus Bóithre

Tá an líonra straitéiseach bóithre comhdhéanta de bhealaí náisiúnta agus réigiúnach a iompraíonn formhór na tráchta laistigh den Chontae agus tríd. Teastaíonn leathnú éigin ar an ngréasán straitéiseach bóithre chun rochtain a sholáthar ar cheantair i mbéal forbartha agus chun tacú le forbairt eacnamaíoch an Chontae. Tacóidh an leathnú líonra seo le bonneagar a ghabhann leis a sholáthar le tacú le modhanna níos inbhuanaithe (e.g. lánáí bus agus tosaíocht, lánáí rothar, cosáin agus pointí trasnaithe).

Tarlaíonn tréthracht go príomha ar Mhótarbhealach an M50, dhá Bhóthar Náisiúnta (N4 agus N7) agus Bóthar Tánaisteach Náisiúnta amháin (N81). Is é an TII atá freagrach as bainistiú na mbóithre seo. Leanfaidh an Chomhairle ag obair le TII chun tacú le mórfheabhsuithe ar an ngréasán náisiúnta bóithre agus chun sábháilteacht, acmhainn agus éifeachtúlacht bóithre náisiúnta agus acomhail bhainteacha a chothabháil agus a chosaint de réir na Pleanála Spásúlachta agus na mBóithre Náisiúnta: *Treoirínite do na hÚdaráis Áitiúla*, DECLG (2012).

Is í Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas atá freagrach as bainistíocht an ghréasáin bóithre réigiúnacha agus áitiúla. Tugtar breac-chuntas ar mholtaí na Comhairle maidir le forbairt ghearrthéarmach agus mheántéarmach agus fhadtéarmach an ghréasáin bóithre réigiúnacha i dTáblaí 7.5 agus 7.6.

- Tábla 7.5 tá breac-chuntas ar **Chlár Sé Bliana Bóithre**, atá faoi réir ag maoiniú a bheith ar fáil. Tá dearaí ullmhaithe maidir le cuid de na moltaí seo. Féadfaidh an Chomhairle, dá lánrogha féin, togra breise bóthair a thabhairt isteach, i gcás ina rachaidh togra den sórt sin chun leasa an fháis eacnamaíoch agus an daonra.
- Tábla 7.6 **Cuspóirí Meántéarmacha agus Fadtéarmacha Bóithre** tugtar breac-chuntas ar chonairí a mheastar a bheith riachtanach chun líonra bóithre fadtéarmach a sholáthar agus chun rochtain a sholáthar idir mór-limistéir gníomhaíochta eacnamaíochta agus an líonra bóithre náisiúnta agus réigiúnach. Rinneadh réamhstaidéir dearaidh ar chuid de na bóithre seo agus tabharfar faoi dearadh mionsonraithe go céimiúil de réir riachtanais. Nuair a thagann an deis chun cinn, féadfar bóithre a thaispeántar mar fhadtéarma a thabhairt ar aghaidh lena dtógáil níos luaithe, faoi réir maoiniú a bheith ar fáil.

Tábla 7.5 Clár Bóthar Sé Bliana

Bóthar	Tuairisc	Feidhm
Líonra Sráideanna Bhaile Adaim	Sráideanna éagsúla i dtailte CFS Bhaile Adaim.	Cruthú líonra straitéiseach sráideanna le rochtain a thabhairt ar fud an tsuímh.
Líonra Bhaile Cuilinn - na Seanchúirte	Sráideanna éagsúla laistigh de thailte PCÁ Bhaile Choilín -na Seanchúirte	Cruthú líonra straitéiseach sráideanna le rochtain a thabhairt ar fud an tsuímh.
Líonra Sráideanna Chreat-Limistéar Bhóthar an Náis	Sráideanna agus bóithre éagsúla laistigh de Chreat-Limistéar Bhóthar an Náis.	Cruthú líonra straitéiseach sráideanna laistigh de na tailte athghiniúna.
Bóthar Bhaile Baodáin/Lána Stoicín (R115)	Uasghrádú an bhóthair atá ann.	Saoráidí coisithe agus rothaithe a fheabhsú agus cumas turasóireachta an bhealaigh a shaothrú.
Bóthar Bhaile Dhónaill go Nascbhóthar beartaithe Acomhal Iarthar na Cathrach	Bóthar nua ó Bhóthar Bhaile Dhónaill go acomhal an N7 ag Scioból an Bhrúnaigh.	Rochtain fheabhsaithe a sholáthar chuig/ó limistéar fostaíochta Bhaile Dhónaill.
Nasc-Bhóthar Chill Droichid	Bóthar nua idir tailte CFS Bhaile Adaim agus Bóthar Chill Droichid (R403).	Le rochtain a chur ar fáil go tailte CFS Bhaile Adaim.
Nasc Acomhail Iarthar na Cathrach	Athailíniú ar lána éalaithe.	Sábháilteacht na rochtana ar an N7 a fheabhsú.

Líonra Sráideanna Chluain Buiríosa/na Ciseoige	Sráideanna éagsúla laistigh de thailte CFS/LAP Chluain Buiríosa.	Cruthú líonra straitéiseach sráideanna le rochtain a thabhairt ar fud tailte LAP/CFS Chluain Buiríosa.
Líonra Sráideanna Bhaile Uí Fhoirtcheirn	Sráideanna éagsúla laistigh de thailte LAP Bhaile Uí Fhoirtcheirn.	Cruthú líonra straitéiseach sráideanna le rochtain a thabhairt ar fud tailte LAP Bhaile Uí Fhoirtcheirn.
Uasghrádú ar Bhóthar na nGlaschnoc agus a Nascanna	Uasghrádú ar Bhóthar na nGlaschnoc ó Bhóthar Airtion go Timpeallán Bhaile Bhailcín le naisc nua go hAscaill Bhaile an Mhóta, Bóthar na Tiníleach agus Bóthar Calmount ar mhaithe le soláthar BusConnects agus na pobail chónaithe fhadtéarmacha.	Rochtain fheabhsaithe a sholáthar ar / idir thailte fostaíochta laistigh de Thamhlacht, Baile an Mhóta agus Robinhood agus rochtain fheabhsaithe a sholáthar ar limistéar na Páirce Glaise, na Tiníleach agus na nGlaschnoc agus amach as agus soláthar a dhéanamh d'fhorálacha BusConnects.
Ascaill an Ghrifín	Feabhsúcháin ag acomhail le Bóthar an Ghrifín, an Cuarbhóthar Amuigh agus an nasc eatarthu.	Éifeachtúlacht agus sábháilteacht na n-acomhal seo a fheabhsú do na húsáideoirí go léir.
Líonra Sráideanna an Chaisleáin Nua	Sráideanna éagsúla laistigh de thailte LAP an Chaisleáin Nua.	Cruthú líonra straitéiseach sráideanna le rochtain a thabhairt ar fud na dtailte LAP.
Bóthar an Chaisleáin Nua (R120)	Uasghrádú ar acomhal ag timpeallán SuperValu, Bóthar Mhullach an Chnoic.	Éifeachtúlacht agus sábháilteacht na n-acomhal seo a fheabhsú do na húsáideoirí go léir.
Síneadh Bóthair nua Bhóthar Nangair	Bóthar nua idir an R120 agus Baile an Bhrúnaigh.	Rochtain a sholáthar chuig tailte fostaíochta i gCaisleán na Gráinsí agus naisc ar aghaidh mar is cuí.
Líonra Sráideanna Lár Bhaile Thamhlachta	Sráideanna éagsúla i Lár Bhaile Thamhlachta	Líonra straitéiseach sráide a chruthú laistigh de thailte LAP Lár Bhaile Thamhlachta.
Síneadh ar Bhóthar Theampall Ruáin	Nascbhóthar nua ó Chnoc Lín Bóthar go Bóthar Theach na Giúise	Athailíniú ar bhóthar áitiúil.
Bóthar Chnoc an Fhuaráin	Uasghráduithe acomhail.	Uasghrádú chun rochtain / bealach amach níos fearr a sholáthar d'Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life agus do Leamhcán Theas, sreabhadh tráchta a fheabhsú agus scuainí tráchta ar an N4 a mhaolú.

R136/N4	Casadh ar dheis ar an N4 siar ag an droichead ar R136.	An casadh ar dheis ar an N4 siar a fheabhsú agus a uasghrádú ag an droichead ar an R136 mar chuid den réiteach bainistíochta tráchta athbhreithnithe i sráidbhaile Leamhcán, a ndearnadh innealtóireacht air chun rotharbhealach isteach sa sráidbhaile a éascú mar chuid de mholtaí NTA.
Bóthar Kennelsford agus an R148	Uasghrádú ar acomhal atá ann	Tacú le hacomhal grád-scartha a sholáthar, a thionscnófar le linn an chéad dá bhliain de Phlean Forbartha Contae 2022 go 2028, chun éifeachtúlacht an acomhail a fheabhsú, go háirithe do bhusanna ar QBC N4 / Bhóthar Leamhcán, le cinntiú go gcuirtear saoráidí trasnaithe sábháilte do gach úsáideoir agus chun Sráidbhaile Oidhreachta Bhaile Phámar a athnascadh leis na ceantair chónaithe is nua sa phobal.
Bealach Fithiseach Iarthar Bhaile Átha Cliath	Bóthar nua ón N81 go Acomhal Léim an Bhradáin.	Bóthar nua ón N81 go dtí an Nasc idir an N81, N7 agus an N4 le feidhm sheachbhóthair Idirmhalartaithe Léim an Bhradáin timpeall Ráth Chúil agus Teach Sagard. Cinnfear an gá atá leis an mbealach seo, le naisc bhreise agus le bealaí malartacha féideartha tríd an athbhreithniú ar Straitéis GDA an NTA i gcomhairle le TII agus na húdaráis áitiúla ábhartha. Ar aon bhealach den sórt sin is é príomhchuspóir Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas páirceanna áille Ghleann na Life, agus na conláistí ag Diméin Leamhcáin agus i bPáirc Naomh Caitríona agus i Sráidbhaile Leamhcán a chosaint agus ní bhreithneofar aon mholtaí maidir le bóthar a chur thar na tailte seo.



Tábla 7.6 Cuspóirí Bóthair Meán- go Fadtéarmacha

Tionscadal	Tuairisc	Feidhm
Uasghrádú Bhóthar an Aighlmearaigh	Uasghrádú an bhóthair ó Bhaile Bhluindéil go dtí na Caológa.	Rochtain fheabhsaithe a sholáthar idir limistéir fhostaíochta na Grianóige agus Caisleán na Gráinsí
Bóthar Bhaile Coimín/N81	Uasghrádú ar N81 ón M50 go teorainn an chontae.	Feabhsúcháin áitiúla ar an mBóthar Náisiúnta, feabhsúcháin aomhail agus bearta sábháilteachta bóthair.
Bóthar Chnoc na Seamar/Uasghrádú Bhóthar an Naoú Loc agus An Nascbhóthar	Uasghrádú Bhóthar Chnoc na Seamar ón M50 agus uasghrádú Bhóthar an Naoú Loc go nascbhóthar nua in aice le líne iarnróid Bhaile Átha Cliath-Cill Dara.	Rochtain fheabhsaithe a sholáthar chuig limistéir fhostaíochta i gCluain Dolcáin agus sa Pháirc Thiar (féach Acomhal 8 thíos).

7.8 Dearadh Bóithre agus Sráideanna

Tá an tuiscint ag fás go bhfuil an-tionchar ag dearadh sráideanna ar cháilíocht na beatha. Ní cóir do shráideanna feidhmiú mar chonairí tráchta amháin, ach a bheith ina n-áiteanna a mbeidh fonn ar dhaoine cónaí iontu agus a gcuid ama a chaitheamh iontu. Ní mór do shráideanna cineálacha taistil níos inbhuanaithe a éascú, ar nós siúl, rothaíocht agus iompar poiblí ionas go n-íoslaghdaítear an gá le turais i gcarr. Tá tionchair dhearfacha eile aige seo freisin amhail astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus stíleanna maireachtála níos gníomhaí agus níos folláine a chur chun cinn.

Tá nasc intreach ag dearadh bóithre agus sráideanna, sábháilteacht agus bainistíocht luais le chéile. Tugann taighde le fios go mbíonn tionchar príomha ag dearadh na sráide nó an bhóthair ar an luas a mbíonn daoine ag tiomáint, agus ról tánaisteach ag gnéithe rialála (mar theorainneacha luais). Ní mór raon leathan beart comhfhobartha áite, mar fhoirm thógtha ar ardchaighdeán, tírdhreachú crua agus bog agus leibhéal arda gníomhaíochta coisithe agus rothaithe a chuimsiú, chomh maith le bearta dearaidh bóthair níos traidisiúnta, a mheas ag céim an dearaidh chun luas a laghdú agus áiteanna maireachtála inar féidir le gníomhaíocht shóisialta agus eacnamaíoch a bheith rathúil a dhéanamh de shráideanna.

7.8.1 Dearadh Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha

Tá dearadh na sráideanna in Éirinn faoi threoir ag an Lámhleabhar Dearaidh *do Bhóithre agus Shráideanna Uirbeacha* (DMURS) atá éigeantach do gach bóthar agus sráid uirbeach laistigh den chríos luais uirbeach 60 km / h ach amháin :

- Mótarbhealaí; agus
- In imthosca eisceachtúla, bóithre agus sráideanna uirbeacha áirithe le toiliú i scríbhinn ón údarás ceadaithe ábhartha.

Féachann DMURS le sráideanna dea-dheartha a chur i gcroílár na bpobal inbhuanaithe agus na comhfhobartha áite agus tacaíonn sé le beartais rialtais níos leithne maidir leis an gcomhshaol, pleanáil agus iompar. Soláthraíonn DMURS bearta praiticiúla chun:

- Sráideanna ard-nasctha a cheadaíonn do dhaoine siúl agus rothaíocht chuig cinn scríbe tábhachtacha a dhéanamh ar bhealach díreach atá furasta a aimsiú;
- Timpeallacha shábháilte chompordach a sholáthar do choisithe agus do rothaithe de gach aois;
- Sráideanna a chabhraíonn le pobail tharraingteacha bhríomhara a chruthú;
- Sráideanna a cheansaíonn an trácht le réimse de bhearta dearaidh a mhéadaíonn feasacht na dtiománaithe ar an timpeallacht a sholáthar.

Cuireann DMURS béim ar an gcaoi ar éirigh leis an gcarr teacht chun cinn mar fhórsa ceannasach sna cinní a dhéantar maidir leis an gcaoi a ndéantar líonraí sráide agus sráideanna, rud a d'fhág gur cuireadh caighdeán i bhfeidhm nach bhfuil oiriúnach le húsáid i gceantair uirbeacha. Bhí tionchar diúltach ag an gcur chuige seo ar úsáideoirí níos leochaillí, mar shampla coisithe agus rothaithe, agus ar an gcaoi a n-úsáidtear agus a fheictear sráideanna mar áiteanna. Díríonn DMURS ar aird a tharraingt ar shaincheisteanna agus ar raon cineálacha cur chuige praiticiúla agus nuálaíochta a sholáthar maidir le réitigh dea-chleachtais. Cuirtear na réitigh seo i bhfeidhm ón macraileibhéal (líonra sráide) go dtí an micrea-leibhéal (dearadh sráide mionsonraithe) trí raon de phróisis dearaidh agus de phleananna straitéiseacha.

Tá bóithre ar fud an chontae nach bhfuil forbairt ar a n-éadan. Cé go gcuirfidh an Chomhairle na caighdeáin gheoiméadracha iomchuí ó DMURS i bhfeidhm, nuair is infheidhme, ní dócha go n-athrófar mórán de na bóithre seo go mór mar gheall ar nádúr srianta na timpeallachta cois bóthair. I gcásanna mar sin cuirfear raon de bhearta tánaisteacha i bhfeidhm chun a chinntiú go soláthraítear teorainn tharraingteach. Níor cheart bearta garbha ar nós ballaí loma coincréite a cheadú, agus soláthrófar bearta malartacha tírdhreacha ar nós crainn sráide, plandáil scáileáin agus ciumhaiseanna le plandaí. Tá an-acmhainn sna bearta seo freisin chun naisc ghlasa a chruthú laistigh de líonra bonneagair ghlais an Chontae. Ar an gcaoi chéanna i gceantair thuaithe, caithfear an gá le sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú a chothromú le gnéithe ar nós crainn cois bóthair, fála sceach agus bruacha a chosaint ar féidir leo a bheith ina ngnáthóga luachmhara fiadhúlra agus a chuireann le bithéagsúlacht ghinearálta, bonneagar glas agus carachtar na tuaithe.

Beartas GI5: Dearadh Sráide agus Bóthair

A chinntiú go mbeidh sráideanna agus bóithre sa Chontae deartha chun riachtanais gach úsáideoir bóthair a chothromú agus comhforbairt áite, gluaiseacht inbhuanaithe agus sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn agus timpeallacht sráide a sholáthar a thugann tosaíocht don taisteal gníomhach agus don iompar poiblí.

GI5 Cuspóir 1:

A chinntiú go bhfuil na sráideanna agus na líonraí sráide uile deartha chun trácht a cheansú go neamhghníomhach trí thimpeallacht sráide féinrialaithe a chruthú a chuireann modhanna taistil gníomhacha agus iompar poiblí chun cinn.



GI5 Cuspóir 2:

Sráideanna agus bóithre nua a dhearadh laistigh de cheantair uirbeacha de réir na bprionsabal, na gcur chuige agus na gcaighdeán atá sa Lámhleabhar Dearaidh *do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha*.

GI5 Cuspóir 3:

Tograí náisiúnta agus áitiúla maidir le dearadh agus sábháilteacht bóithre a chur chun cinn.

GI5 Cuspóir 4:

Tosaíocht a thabhairt do shábháilteacht ar bhóithre agus acomhail tuaithe, le haird ar chosaint na bithéagsúlachta, an bhonneagair ghlais agus an carachtar tuaithe atá i láthair sna crainn ar thaobh an bhóthair, sna fála sceach agus sna bruacha, srl.



GI5 Cuspóir 5:

Bóithre agus sráideanna nua a dhearadh chun gnéithe bonneagair ghlais a chuimsiú mar phlandáil crainn dhúchasacha, fála sceach agus speicis pailneora in airmheáin agus ar imeall an bhóthair, de réir mar is cuí don láthair.



GI5 SLO 1:

Soláthar a dhéanamh do spásanna páirceála do chuirteoirí, mar aon le pointe casaidh, ar aon phríomhbhóthar rochtana amach ó Bhealach Chnocán an Bheilgogaigh d'fhonn foráil a dhéanamh d'fhorbairt na dtailte criosaithe seo sa toadhcháil, agus chun bainistíocht níos fearr ar scoitheadh agus bailiú ag Bunscoil Educate Together i Leamhcán.

7.9 Staidéir Iompair agus Bainistíocht Tráchta

Tá beartas agus cur i bhfeidhm iompair Bhaile Átha Cliath Theas suite i gcomhthéacs na straitéisí agus na bpleananna éagsúla a bhfuil cuntas orthu thuas. Tabharfar faoi Staidéar Comhtháite Iompair nuair is gá i gcomhthéacs na bpleananna agus na straitéisí seo lena n-áirítear Straitéis Iompair an NTA do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath agus bearta taistil gníomhacha na Comhairle mar Rothaíocht Bhaile Átha Cliath Theas.

Ceanglófar ar Mheasúnuithe Tráchta agus Iompair agus / nó Pleananna Taistil an Fhórsa Saothair (ar a dtugtar Pleananna Bainistíochta Soghluaisteachta freisin) tacú le tograí forbartha a bhfuil sé d'acmhainn acu gluaiseachtaí suntasacha tráchta a ghiniúint, le léiriú go bhfuil acmhainn iompair phoiblí agus acmhainn bóthair ann freastal ar an bhforbairt (féach freisin Caibidil 13 *Cur chun Feidhme agus Faireachán*).

7.9.1 Staidéir Chomhtháite Iompair

Déanfar staidéir agus pleananna comhtháite iompair do phobail bhunaithe agus do réimsí nua forbartha i gcomhairle leis an NTA, de réir mar is gá. Tabharfaidh siad aird ar Threoirlínte *an Choimisiúin Eorpaigh chun Plean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe a fhorbairt agus a Chur chun Feidhme* (2ú hEagrán, 2019), áit a sainmhínítear plean soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe mar '*plean straitéiseach atá deartha le riachtanais soghluaisteachta daoine agus ghnólachtaí i gcathracha agus a dtimpeallacht a shásamh ar mhaithe le cáilíocht beatha níos fearr '{ ut4}' agus tabharfar aghaidh ar shaincheisteanna lena n-áirítear:*

- An líonra atá ann, ag imscrúdú gluaiseachta timpeall agus tríd an limistéar sainithe agus é mar aidhm inrochtaineacht a bharrfheabhsú do gach modh iompair, modhanna inbhuanaithe go háirithe;
- Líonraí a fhorbairt a uasmhéadaíonn nascacht agus éascaíocht gluaiseachta do gach modh lena n-áirítear coisithe, rothaithe agus feithiclí;
- Áiseanna feabhsaithe do choisithe agus do rothaithe, mar leithead méadaithe cosáin / rothair agus trasrianta níos sábháilte;
- Deiseanna le haghaidh feabhsúchán ar an réimse poiblí a chothromaíonn riachtanais 'gluaiseachta' agus 'áite' le leibhéal sábháilteachta fheabhsaithe do gach úsáideoir i dtimpeallacht ina bhfuil an trácht ceansaithe;
- Srianata le gluaiseacht cineálacha áirithe feithiclí, mar shampla Feithiclí Earraí Troma (HGV);
- Feabhsúcháin bhonneagair chun tosaíocht a thabhairt do ghluaiseacht iompair phoiblí, mar lánaí bus, geataí bus agus tosaíocht chomharthaíochta;
- Deiseanna chun ionaid tacsáí agus limistéir fágála a sholáthar a fhreastalaíonn ar mhoil iompair agus / nó ar riachtanais talamhúsáide áirithe;
- Bainistiú ar charrpháirceáil le dáileadh dóthanach spásanna a chinntiú.

Ionad Bainistíochta Tráchta

Laistigh de Bhaile Átha Cliath Theas, úsáideann Ionad Bainistíochta Tráchta Córais Chliste Iompair agus bonneagar cumarsáide chun an líonra iompair a bhainistiú. Soláthraíonn sé suíomh aonair saintógtha chun na croíchórais bainistíochta tráchta a chomhtháthú chun tacú le bainistíocht shábháilte agus éifeachtúil an ghréasáin iompair uirbigh, lena n-áirítear ionad bainistíochta teagmhas a chomhordaíonn bainistíocht mórimeachtaí agus teagmhais. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair leis an NTA agus le húdarais áitiúla eile i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath chun oibriú leanúnach na saoráide seo a chinntiú.

Beartas GI6: Bainistíocht Tráchtá agus Iompair

Iarmhairtí tráchtá laistigh den Chontae a bhainistiú agus a íoslaghdú go héifeachtúil ag féachaint don ghá atá le spás bóthair roinnte a sholáthar d'úsáideoirí éagsúla.

GI6 Cuspóir 1:

Sreabhadh an tréthráchtá tríd an líonra straitéiseach bóithre a bhainistiú go héifeachtach agus úsáid éifeachtúil na n-acmhainní bóthair atá ann a uasmhéadú.

GI6 Cuspóir 2:

Limistéir íogaire a chosaint ar leibhéal tráchtá míchuí trí bhearta dearaidh a cheansóidh an trácht agus / nó a chuirfidh ar atreo é.

GI6 Cuspóir 3:

Tionchar na forbartha nua ar líonra bóithre agus sráide an Chontae a íoslaghdú trí thosaíocht a thabhairt do thaisteal gníomhach agus iompar poiblí agus trí bhearta bainistíochta tráchtá agus iompair iomchuí a chur i bhfeidhm.



GI6 Cuspóir 4:

Sábháilteacht, acmhainn agus éifeachtúlacht bóithre Náisiúnta agus aomhail bhainteacha a chothabháil agus a chosaint de réir Pleanáil Spásúil agus na Bóithre Náisiúnta: Treoirínite do na hÚdaráis Áitiúla, DECLG (2012), Rialacháin Líonra Iompair Tras-Eorpacha (TEN-T) agus le haird ar cháipéisí beartais eile ar nós Tuarascáil Bainistiú Éilimh M50 an TII 2014 agus Staidéar Conaire an N7 2017.

GI6 Cuspóir 5:

Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar éifeachtúlacht na n-acomhal mór atá á mbainistiú ag Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus dul i gcomhairle leis na gníomhaireachtaí náisiúnta ábhartha maidir le haon réitigh atá beartaithe a chur i bhfeidhm.



GI6 Cuspóir 6:

Anailís a dhéanamh, nuair atá ceantair aitheanta agus go bhfuil deiseanna ann, chun bainistíocht tráchtá agus feabhsuithe soghluaisteachta a dhéanamh níos éifeachtaí.

GI6 Cuspóir 7:

Athbhreithniú a dhéanamh ar shrianta Feithiclí Earraí Troma (HGV) sa Chontae agus dul i gcomhairle leis an nGarda Síochána maidir le srianta ar ghluaiseacht HGVanna a chur i bhfeidhm laistigh de cheantair chónaithe agus timpeall scoileanna.

GI6 Cuspóir 8:

A cheangal ar gach mórforbairt a ghineann trácht Plean Bainistíochta Soghluaisteachta / Plean Fórsa Oibre agus / nó Measúnú Tráchtá agus Iompair a chur isteach.



GI6 Cuspóir 9:

A chinntiú go gcuirtear bearta dearaidh agus maolaithe iomchuí i bhfeidhm maidir le gach scéim iompair chun tionchar an torainn agus an truaillithe aeir laistigh de phobail chónaithe a laghdú de réir threoir an AE maidir le Measúnú agus Bainistíocht Torainn Chomhshaoil.

GI6 Cuspóir 10:

Tosaíocht a thabhairt do bhearta ceansaithe tráchta, nuair is cuí, agus oibreacha is gá chun sábháilteacht ag trasrianta bóthair a fheabhsú.

GI6 Cuspóir 11:

Tiomantas a thabhairt dul ar aghaidh le Máistirphlean Bainistíochta Tráchta a sheachadadh do Bhaile Phámar nuair atá toradh cinnte tagtha ón NTA / TII maidir leis an acomhal grád-scartha ar Bhóthar Kennelsfort / R148.

GI6 SLO 1:

Imscrúdú a dhéanamh ar an ngá le staidéar tráchta agus iompair a dhéanamh do Ráth Chúil, Teach Sagard agus An Caisleán Nua agus na ceantair máguaird tar éis fhoilsiú athbhreithniú Straitéise GDA go 2042 a shoiléireoidh an comhthéacs ina bhfeidhmeoidh an líonra bóithre sa cheantar agus ina n-áireofar athbhreithniú ar ghluaiseacht HGV.

GI6 SLO 2:

Dul i mbun straitéis bainistíochta tráchta do Shráidbhaile Leamhcán, chun roghanna bainistíochta tráchta a mheas, lena n-áirítear bearta chun an timpeallacht rothaíochta agus coisithe a fheabhsú agus chun an cumas le haghaidh páirceáil eas-sráide a scrúdú.

GI6 SLO 3:

Agus réamhaisnéis shuntasach d'fhás an daonra áitiúil á aithint, tabhairt faoi staidéar mionsonraithe tráchta a chinneann clár oibreacha a bhfuil sé mar aidhm aige an trácht 'scrogaill' atá ann cheana a mhaolú idir timpeallán Supervalu ar Bhóthar An Chaisleán Nua, Leamhcán agus acomhal an N4.

GI6 SLO 4:

Sábháilteacht an acomhail idir Bóthar Chill Chéile (L2003) agus Lána Bhaile na gCailleach a fheabhsú.

7.10 Carrpháirceáil

Tá tionchar mór ag infhaighteacht agus costas páirceála ar an leibhéal tráchta a ghineann forbairt agus a mhealltar chuig limistéar. De réir Straitéis Iompair NTA *do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath*, tá soláthar agus bainistíocht páirceála ag cinn scríbe lárnach do bhainistíocht an éilimh ar thaisteal. Tá tionchar criticiúil aige ar roghnú mód le haghaidh gach turais; má tá páirceáil gann nó costasach, is mó an seans go roghnóidh daoine roghanna iompair phoiblí nó modhanna gníomhacha.

Tá tionchar lárnach ag páirceáil freisin ar phlódú, dearadh forbartha nua, oibriú gach modh iompair, agus leithdháileadh agus dearadh spáis i gceantair uirbeacha. Tá gá le cur chuige cothrom i leith bainistíochta páirceála a chuireann riachtanais pháirceála gnólachtaí agus teaghlach san áireamh, agus an gá atá le cineálacha iompair níos inbhuanaithe a chur chun cinn agus tionchar an phlódaithe tráchta a theorannú. Mar a mhol Straitéis Iompair an NTA, cuireann an Chomhairle uaschaighdeán i bhfeidhm maidir le raon cineálacha talamhúsáide, agus tá leibhéal an tsoláthair pháirceála a chuirtear i bhfeidhm bunaithe ar leibhéal na hinrochtaineachta ar iompar poiblí. á ról ag an gComhairle mar sholáthraí páirceála m.sh. páirceáil ar an tsráid agus páirceáil don fhoireann agus don phobal ag áiseanna na Comhairle; agus mar rialtóir ar sholáthar páirceála i.e. páirceáil i ndáil le tograí forbartha. I gceachtar comhthéacs, cinnfear leibhéil pháirceála de réir na gcaighdeán le haghaidh úsáidí áirithe, ag féachaint do shuíomh agus do leibhéil inrochtaineachta an iompair phoiblí.

7.10.1 Bainistiú ar Pháirceáil Phoiblí

Sa chás go bhfuil an-éileamh ar pháirceáil, déanfaidh an Chomhairle láimhdeachas na spásanna a bhainistiú go cúramach trí pháirceáil Íoc agus Taispeáin agus / nó Cead Páirceála. De ghnáth cuirtear srianta den sórt sin i bhfeidhm chun láimhdeachas éifeachtach spásanna a chinntiú agus chun luach na spásanna atá ar fáil a uasmhéadú. Tá an pháirceáil i gceantair ábhartha sa Chontae á rialú ag Fodhlíthe Rialú Páirceála na Comhairle.

Cuidíonn páirceáil Íoc agus Taispeáin le ráta athraithe carranna páirceáilte a spreagadh agus spreagann sé na daoine sin a bhfuil cónaí orthu laistigh d'achar gairid go meánach siúl nó rothaíocht in ionad tiomáint chun na háite. Cuirtear córais ceadanna i bhfeidhm laistigh de cheantair chónaithe atá suite i gceantair ard-éilimh nó gar dóibh d'fhonn tosaíocht a thabhairt do spásanna ar an tsráid le haghaidh úsáide na n-áitritheoirí agus a gcuairteoirí. Bíonn sé d'éifeacht aige seo freisin an méid tráchtá a mhealltar go ceantair den sórt sin a laghdú.

D'fhéadfadh iarmhairtí neamhbheartaithe a bheith ag páirceáil íocaíochta nó páirceáil theoranta i gceantair lár an bhaile freisin, mar shampla daoine a aistriú go suímh siopadóireachta lasmuigh den bhaile ina bhfuil páirceáil níos saoire nó saor in aisce, go háirithe i gcás nach bhfuil roghanna maithe iompair poiblí ar fáil. Mar sin de, beidh córais íocaíochta ag teastáil i gcarrchlóis a bhaineann le mórionaid siopadóireachta agus forbairtí móra tráchtála eile ina moltar saoráidí nua nó síneadh mór ar shaoráidí atá ann cheana. Cinnteoidh sé seo láimhdeachas éifeachtach páirceála i bhforbairtí den sórt sin agus tabharfaidh sé deis d'ionaid uirbeacha agus d'iompar poiblí dul san iomaíocht le hionaid 'lasmuigh den bhaile' ar bhonn níos cothroime.

7.10.2 Luchtú Feithiclí Leictreacha

Tá sé mar sprioc ag Plean Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais (2019) dlús a chur le glacadh carranna agus veaineanna EV ionas go mbeidh 100% de na gluaisteáin agus veaineanna nua go léir faoi 2030 ina bhfeithiclí leictreacha agus nach ndíolfar aon fheithiclí astaíochtaí neamh-nialasacha níos déanaí ná an dáta seo. Nuair a bhainfear an sprioc seo amach beidh 935,600 EV ar an mbóthar faoi 2030. D'fhonn tacú leis an sprioc seo, tá na ceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath i gcomhar leis an Oifig Réigiúnach um Ghníomhaíocht Aeráide (CARO) agus Smart Dublin ag táirgeadh straitéis uileghabhálach muirir EV do réigiún iomlán Bhaile Átha Cliath. Deir RPO 7.42 den RSES:

'Beidh tograí ag údaráis áitiúla i bpleananna reachtúla talamhúsáide le méadú úsáid feithiclí leictreacha a éascú agus a spreagadh, lena n-áirítear bearta chun níos mó saoráidí athluchtaithe a dhéanamh agus tosaíocht a thabhairt do pháirceáil do EVanna in áiteanna lárnacha'.

Tá na caighdeáin le haghaidh luchtú EV leagtha amach i gCaibidil 13 *Cur chun Feidhme agus Faireachán*. Tá beartais agus cuspóirí maidir le luchtú EV ar fáil i gCaibidil 10, Fuinneamh, chomh maith.

Beartas GI7: Páirceáil Carr agus Luchtú EV

Cur chuige cothrom a chur i bhfeidhm maidir le páirceáil a sholáthar agus é d'fhonn páirceáil a úsáid mar bheart bainistíochta éilimh chun aistriú i dtreo cineálacha iompair níos inbhuanaithe a chur chun cinn, agus freastal ar riachtanais ghnólachtaí agus phobail.

GI7 Cuspóir 1:

Na huaschaighdeáin pháirceála a chur i bhfeidhm do raon cineálacha talamhúsáide, áit a bhfuil an soláthar bunaithe ar leibhéal na hinrochtaineachta ar iompar poiblí.



GI7 Cuspóir 2:

Teorainn a chur le hinfhaighteacht páirceála sa láthair oibre in ionaid uirbeacha chun comaitéireacht gluasteán a dhíspreagadh, áit a bhfuil roghanna malartacha iompair ar fáil.



GI7 Cuspóir 3:

Caidhpeanna páirceála limistéarbhunaithe a chur i bhfeidhm in áiteanna ina dtarlaíonn agus a gcuirtear an fhorbairt is déine chun cinn, ar nós lárionaid baile / dúiche agus nóid iompair phoiblí ardoird.



GI7 Cuspóir 4:

Soláthar agus bainistíocht páirceála cinn scríbe a chur chun cinn i gceantair ina bhfuil éileamh ard ar thurais, faoi réir critéar iomchuí praghsála agus suímh, ag cur roghanna iompair níos inbhuanaithe san áireamh.

GI7 Cuspóir 5:

Tacú le leathnú an líonra luchtaithe EV tríd an soláthar saoráidí luchtaithe sainithe d'Fheithiclí Leictreacha a mhéadú ar thalamh poiblí agus príobháideach i gcomhpháirtíocht leis an BSL agus páirtithe leasmhara ábhartha eile; agus tacú le Straitéis Páirceála Réigiúnach EV Bhaile Átha Cliath.



GI7 Cuspóir 6:

Socruithe páirceála iomchuí a chur chun cinn le haghaidh sainriachtanas úsáideoirí lena n-áirítear tiománaithe faoi mhíchumas, gluaisrothair agus scútair i lár bailte agus ceantair, nóid iompair phoiblí agus cinn scríbe eile.

GI7 Cuspóir 7:

Páirceáil a dhearadh agus a bhainistiú chun láimhdeachas éifeachtach spásanna i lár na mbailte, na gceantar agus na sráidbhailte agus na limistéar forbartha dlúis níos airde a chinntiú trí na bearta seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- A chinntiú go gcuirtear páirceáil ar fáil den chuid is mó ar an tsráid agus laistigh de spásanna comhchoiteanna agus neamhshainithe, ach amháin i gceantair a shainithnítear mar shuímh cinn scríbe turasóireachta agus bia ina bhfuil sé inmhianaithe leathnú breise a dhéanamh ar cheantair do choisithe agus go gcaithfear páirceáil ar an tsráid a bhaint lena éascú;
- Srianata a chur ar pháirceáil níos fadtéarmaí.

GI7 Cuspóir 8:

Córais íocaíochta a éileamh i gcarrchlóis a bhaineann le mórionaid siopadóireachta agus forbairtí móra tráchtála eile ina bhfuil saoráidí nua nó síneadh mór ar shaoráidí atá ann cheana beartaithe.

GI7 Cuspóir 9:

A chinntiú go ndéantar carrchlós a dhearadh ar bhealach a chuirfidh taitneamhacht amhairc, bonneagar glas, ceapadh carbóin agus draenáil inbhuanaithe (SuDS) chun cinn trí na riachtanais seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- Tírdhreachú a sholáthar atá comhtháite i ndearadh gach carrchlóis, lena n-áireofar crainn dhúchasacha agus speicis pailneora a phlandáil;
- Gan níos mó ná dhá spás comhthreomhara nó cúig spás ingearacha a sholáthar idir crainn / bánna plandála;
- Pábháil tréscailteach a úsáid, nuair is cuí.



GI7 Cuspóir 10:

A chinntiú nach mbaineann soláthar páirceála, lena n-áirítear saoráidí luchtaithe EV a sholáthar, ó chompord agus sábháilteacht coisithe agus rothaithe, taitneamhacht amhairc nó carachtar ceantair. (déan tagairt chomh maith do Chaibidil 10 Fuinneamh).

GI7 Cuspóir 11:

Athbhreithniú a dhéanamh ar cheist na páirceála ar an tsráid in eastáit tithíochta agus í a fheabhsú le fáil réidh le haon saincheisteanna sábháilteachta bóithre nó sóisialta a spreagann siad, i gcás ina bhfuil na saincheisteanna sábháilteachta aitheanta go soiléir.



7.11 Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide



Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide

Foinsí Gásanna Ceaptha Teasa (GCT)	Bearta chun Dul i nGleic le Tionchair Aeráide
<p>Eascraíonn gásanna ceaptha teasa in iompar go príomha ó:</p> <p>→ Astuithe ó innill atá á gcumhachtú le peitreal agus díosal.</p>	<p>Tá beartais agus cuspóirí sa Phlean Forbartha a chuireann bearta chun cinn a bhfuil sé d'acmhainn acu tionchar aeráide an iompair a laghdú trí aistriú ó iompar mótar príobháideach go siúl, rothaíocht agus iompar poiblí a spreagadh. I measc na mbearta chun an t-athrú módúil seo a bhaint amach tá:</p> <ul style="list-style-type: none">→ Fás dlúth agus coincheapa gluaiseachta inbhuanaithe agus déanamh áiteanna a chur i bhfeidhm i bpleanáil agus i ndearadh réimsí forbartha nua;→ Pleanáil, dearadh agus cur i bhfeidhm mórghríasán siúil agus rothaíochta (Rothaíocht Átha Cliath Theas, agus Bealaí Glasa na Canála agus na Dothra srl);→ Tionscadail tréscailteachta a chur i bhfeidhm chun taisteal gníomhach agus nascacht le hiompar poiblí a éascú;→ Tacaíocht gníomhach do thionscadail iompair phoiblí<ul style="list-style-type: none">→ Sráideanna agus bhóithre a dhearadh chun tosaíocht a thabhairt do thaisteal gníomhach;→ Beartais pháirceála atá curtha in oiriúint don talamhúsáid, don suíomh agus do inrochtaineacht iompair phoiblí;→ Bearta bainistíochta éilimh ar nós córais luchtaithe carrchlóis atá nasctha le hinrochtaineacht iompair phoiblí;→ Pleananna bainistíochta soghluaisteachta a éileamh le haghaidh mórfhorbairtí;→ Méadú i saoráidí luchtaithe EV a chur chun cinn. <p>Áirítear mar bhearta eile atá dearfa don aeráid:</p> <ul style="list-style-type: none">→ A chinntiú go gcomhlíonann conairí iompair feidhm mar naisc bhonneagair ghlais trí phlandáil crann agus tírdhreachú agus cuimsiú gnéithe SuDS;→ chinntiú go gcuimsíonn dearadh na páirceála gnéithe plandála, dromchlaí tréscailte (nuair is iomchuí) agus gnéithe SuDs.







Bonneagar Pobail agus Spás Oscailte

Fís

Pobail shláintiúla, ionchuimsitheacha agus inbhuanaithe a chruthú ina mbeidh rochtain áitiúil ag gach glúin ar áiseanna sóisialta, pobail agus áineasa, agus ar pháirceanna agus ar spásanna glasa, a oirfidh dá riachtanais.

8.0 Réamhrá

Ceann de théamaí leathana an Phlean Forbartha Contae is ea comharsanachtaí a chruthú a bheidh inbhuanaithe, sláintiúil agus ionchuimsitheach go sóisialta. Tá réimse poiblí d'ardchaighdeán, rochtain ar pháirceanna, spásanna oscailte, agus áiseanna spórt agus áineasa ina n-eilimintí fíorthábhachtacha d'áiteanna d'ardchaighdeán agus ina gcuid lárnach dár sláinte agus dár bhfolláine. Lena chois sin, tá ról suntasach ag seirbhísí bunriachtanacha cosúil le cúram sláinte, cúram leanaí agus oideachas mar aon le cultúr agus leis na healaíona, le himirt inár gcaighdeán beatha. B'fhéarr go mbeadh gach ceann de na seirbhísí agus de na háiseanna sin lonnaithe laistigh de gach comharsanacht chun rochtain éasca a sholáthar agus an deis a bharrfheabhsú go mbeidh daoine in ann siúl nó dul ar an rothar chucu. Oibreoidh beartais agus cuspóirí ar fud an Phlean Forbartha Contae chun an sprioc sin a bhaint amach le himeacht ama.

Le bonneagar pobail, chun críocha an Phlean Forbartha Contae, áirítear ionaid phobail agus hallaí pobail; leabharlanna agus áiseanna cultúir, ionaid adhartha agus reiligi; áiseanna oideachais, cúraim sláinte agus cúraim leanaí; agus áiseanna súgartha, spórt agus áineasa lena n-áirítear glasbhealaí. Áirítear le spás oscailte poiblí páirceanna móra réigiúnacha cosúil le Páirceanna Chorcaí, Thigh Motháin agus Ghleann an Ghrífin agus páirceanna níos lú i gcomharsanachtaí agus páirceanna áitiúla, mar aon le spásanna glasa inrochtana don phobal.

Féachfaidh an Chomhairle, i gcás ina mbeidh sé laistigh dá sainchúram, bonneagar pobail a sholáthar lena bhfreastalófar ar riachtanais shóisialta agus áineasa gach comharsanachta laistigh den Chontae. I gcás ina mbeidh an soláthar sin d'fhreagracht ar fhorbróirí, ar ranna rialtais nó ar ghníomhaireachtaí eile, oibreoidh an Chomhairle go dlúth leis na páirtithe leasmhara seo chun éascú agus tacú le soláthar an bhonneagair phobail sin. Féachfaidh an Chomhairle lena chinntiú go mbeidh gnéithe fisiciúla d'áiseanna pobail lánpháirtithe laistigh d'ionaid uirbeacha agus de limistéir chónaithe agus fostaíochta chun an rochtain orthu, a bhfeidhm agus a n-úsáid a bharrfheabhsú; agus lena chinntiú go ndearfar iad chun an inrochtaineacht uilíoch a chuimsiú oiread agus is féidir, go bhfreastalófar ar gach aois agus cumas.

8.1 Bonneagar Pobail agus Gníomhú ar son na hAeráide

Is féidir leis an mbealach a sholáthraíonn an Chomhairle bonneagar pobail agus spás oscailte cabhrú linn dul i ngleic leis an athrú aeráide trí ár n-éileamh ar fhuinneamh agus ár n-astaíochtaí carbóin a laghdú. Mar shampla, tá deiseanna iontacha i gceist le páirceanna agus spásanna oscailte agus glasbhealaí, agus iad ina gcuid de líonra bhonneagair ghlais an Chontae, chun carbóin a cheapadh (carbón a ghabháil agus a stóráil). Spreagfar an taisteal gníomhach, agus aistriú ar shiúl ón iompar atá bunaithe ar an ngluaisteán, le páirceanna, spás oscailte agus áiseanna sóisialta, pobail agus áineasa a sholáthar faoi fhad siúil agus rothaíochta de phobail agus ar bhealaí iompair phoiblí. In éineacht le chéile, cabhróidh na bearta seo le Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas a spriocanna maidir le gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach.

8.2 Comhthéacs an Bheartais Pleanála

Caithfidh beartais agus cuspóirí an Phlean Forbartha a bheith comhsheasmhach le beartas pleanála náisiúnta agus réigiúnacha mar a leagtar amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála (NPF) agus sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (SRSE). Baineann roinnt cuspóirí sna cáipéisí seo go mór le réimse an ionchuimsithe sóisialta agus le háiseanna agus seirbhísí pobail a sholáthar:

- Toradh Straitéiseach Náisiúnta 10 den NPF ná *'Rochtain ar chúram leanaí, oideachas agus seirbhísí sláinte d'ardchaighdeán'*.
- Le Toradh Straitéiseach Náisiúnta 28 den NPF, éilítear ar údaráis phleanála *'Pleanáil le haghaidh sochaí a bheidh níos ilghnéithí agus níos iolchuimsithí go sóisialta agus lena ndíreofar ar an gcomhionannas deise agus ar chaighdeán beatha níos fearr do gach saoránach, trí lánpháirtíú feabhsaithe agus trí inrochtaineacht níos mó i dtaca le pobail inbhuanaithe a sheachadadh agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar'*.
- Deirtear le Cuspóir Réigiúnach Beartais 9.14 den SRSE: *'Féachfaidh údaráis áitiúla tacú le soláthar pleanáilte áiseanna so-inrochtana sóisialta, pobail, cultúir agus áineasa agus cinnteoidh go mbeidh rochtain ag gach pobal ar raon áiseanna lena gcomhlíonfar riachtanais na bpobal ar a bhfreastalaíonn siad'*.

Is iomaí cuspóir beartais náisiúnta agus réigiúnach ábhartha eile atá ann. Tagraítear dóibh siúd le huimhir laistigh de bheartais aonair agus de chuspóirí aonair an Phlean Forbartha sa chaibidil seo agus leagtar amach ina n-iomláine iad ag Aguisín 7: Cuspóirí Náisiúnta agus Réigiúnacha.

8.3 Ionchuimsiú Sóisialta agus Forbairt Pobail

Plean úsáide talún maidir le gnéithe spásúla is ea an Plean Forbartha Contae go príomha. Ach tá sé de phoitéinseal ann, trí na beartais agus trí na cuspóirí atá ann, dul i bhfeidhm go dearfach ar shaol na saoránach trí éascú le háiseanna sóisialta agus pobail a sholáthar a bheidh ina gcuid bhuntábhachtach den chaighdeán beatha agus den fholláine. Le gnáthchuir chuige i dtaca le pleanáil, dearadh agus forbairt, ní fhreastalófar i gcónaí ar riachtanais na ngrúpaí mionlaigh agus imeallaithe agus bíonn gá le breithniú níos fócasaithe uaireanta mar a mhínítear go hachomair sna straitéisí éagsúla a leagtar amach i gcuid 8.3.1 thíos. Tá sé tábhachtach freisin a chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais na nglúnta difriúla agus daoine le cumais dhifriúla lena n-áirítear leanaí, daoine níos óige, daoine scothaosta agus daoine le míchumais, a mhéid is féidir.

8.3.1 Pleananna agus Straitéisí Áitiúla um Ionchuimsiú Sóisialta

Tosaíocht is ea ionchuimsiú sóisialta a bhaineann le go leor feidhmeanna de chuid na Comhairle. Bhí an Chomhairle rannpháirteach in ullmhú go leor pleannana agus straitéisí áitiúla a bhaineann leis an ionchuimsiú sóisialta lena n-áirítear –

- **Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae Bhaile Átha Cliath Theas (2016-2021):** Ba é an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) a d'ullmhaigh an cháipéis seo (féach an chéad chuid eile). Saináithnítear ann beartais agus gníomhartha chun tacú leis an bhforbairt eacnamaíochta agus pobail agus í a láidriú, agus rannchuidiú le pobail inbhuanaithe agus eacnamaíocht áitiúil láidir a thógáil i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile san fhorbairt eacnamaíochta agus pobail.

- **An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (2018-2022):** Leis an gclár seo, a bhainistítear tríd an CFPÁ, soláthraítear maoiniúchan chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an eisiadh sóisialta trí rannpháirtíocht áitiúil agus trí chomhpháirtíochtaí áitiúla idir daoine faoi mhíbhuntáiste, eagraíochtaí pobail agus gníomhaireachtaí de chuid na hearnála poblí.
- **Sraitéis Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas um Imeascadh (2019-2023)**
 - **Contae Níos Ionchuimsithí:** Straitéis is ea í seo lena chinntiú go mbeidh taithí dhearfach ag imircigh atá ina gcónaí agus ag obair i gContae Bhaile Átha Cliath Theas agus go mbeidh fáil agus rochtain ag cách ar sheirbhísí, ar chomhairle agus ar chúnamh.
- **Clár Cóiríochta Chontae Bhaile Átha Cliath Theas don Lucht Siúil (2019-2024):** Leis an gcáipéis seo, leagtar amach pleananna na Comhairle maidir le cóiríocht a sholáthar don Lucht Siúil i gcaitheamh tréimhse cúig bliana.
- **Plean Straitéiseach maidir le Tithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas (2021-2026):** Leis an bplean seo, leagfar amach aidhm na Comhairle éascú le rochtain do dhaoine faoi mhíchumas ar an raon cuí seirbhísí tithíochta agus seirbhísí tacaíochta gaolmhara. Is é an sprioc go bhfreastalófar ar riachtanais tithíochta shainaitheanta daoine faoi mhíchumas atá ina gcónaí go háitiúil, cibé acu a bhfuil siad ina gcónaí sa phobal agus / nó i suíomh comhchónaithe faoi láthair. Déanfar tithíocht a sheachadadh ar bhealach lánpháirtithe agus inbhuanaithe agus cuirfear comhionannas deise, rogha indibhidiúil agus maireachtáil neamhspleách chun cinn leis an bplean.
- **Straitéis Aoisbháuil Bhaile Átha Cliath Theas (2020- 2024):** Is iad cuspóirí Chlár Aoisbháuil Chontae Bhaile Átha Cliath Theas sláinte agus folláine daoine scothaosta sa Chontae a fheabhsú; rannpháirtíocht a mhéadú i saol sóisialta, eacnamaíoch agus cultúir an phobail; agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha a spreagadh idir eagraíochtaí áitiúla reachtúla, príobháideacha agus deonacha.
- **Straitéis le haghaidh Bhaile Átha Cliath Theas Sláintiúil (2019-2022):** Plean straitéiseach Éire Shláintiúil Chontae Bhaile Átha Cliath Theas is ea an cháipéis seo. Sainaitheann inti 38 ngníomh faoi sheacht réimse théamacha a chomhfhreagraíonn do Straitéis Náisiúnta Éire Shláintiúil lena n-áirítear gníomhartha chun an fholláine fhisiciúil agus mheabhrach a chur chun cinn. Agus iad in éineacht le chéile, soláthraíonn na gníomhartha seo treochlár chun an tsláinte a fheabhsú i gContae Bhaile Átha Cliath Theas.

8.3.2 Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail

Áirítear sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta (SRSE) cuspóirí beartais réigiúnaigh (*RPO* 9.14 agus 9.18) chun oibriú i gcomhar leis na Coistí Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁanna) agus chun tacú le Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEPanna). Éascaítear leis sin trí bheartais spásúla i bPleananna Forbartha Contae a úsáid chun laghdú a dhéanamh ar líon na saoránach atá bocht nó eisiata go sóisialta nó i mbaol na bochtaineachta agus a bheith eisiata go sóisialta agus chun pleanáil le haghaidh riachtanas maidir le bonneagar sóisialta.

Príomhfhaidhm de chuid an CFPÁ is ea Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) a mhairfidh ar feadh sé bliana a fhorbairt, a chur chun feidhme agus monatóireacht a dhéanamh air. Imríonn *PÁEP Chontae Bhaile Átha Cliath Theas* (2016-2021) ról buntábhachtach maidir leis na bhforbairt eacnamaíochta agus pobail laistigh den Chontae agus sainaitheann leis beartais agus gníomhartha chun tacú le gnéithe eacnamaíochta agus pobail, is iad araon a láidriú agus a fhorbairt, chun rannchuidiú le pobail inbhuanaithe a thógáil mar aon le heacnamaíocht áitiúil láidir i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile san fhorbairt eacnamaíochta agus pobail.

Cé go soláthraítear creat leis an bPlean Forbartha Contae (PFC) chun pleanáil agus forbairt inbhuanaithe an Chontae a dhéanamh i gceart ar leibhéal spásúil, soláthraítear leis an PÁEP creat tacúil chun Contae Bhaile Átha Cliath Theas a fhorbairt ó thaobh na heacnamaíochta agus an phobail de. Dá thoradh sin, ba cheart do bheartais reachtúla agus do chuspóirí reachtúla an Phlean Forbartha agus do spriocanna ardleibhéil is do chuspóirí ardleibhéil an PÁEP a bheith comhlántach agus comhsheasmhach. Rinneadh machnamh ar an PÁEP i rith an phróisis leis an bPlean Forbartha Contae a ullmhú agus tugadh aird ar spriocanna ábhartha agus ar chuspóirí ábhartha PÁEP chun cur chuige comhordaithe a chinntiú. Tá PÁEP nua le hullmhú i rith shaolré an Phlean seo agus beidh gá ann go leanúnach leis an gcomhlántacht idir na Pleananna.

Beartas PSO1: Ionchuimsiú Sóisialta agus Forbairt Pobail

Ionchuimsiú sóisialta agus forbairt pobail a chur chun cinn agus rannpháirtíocht ghníomhach agus imeascadh sóisialta grúpaí mionlaigh agus imeallaithe a spreagadh, i gcomhréir le *RPO* 9.1 agus *RPO* 9.2 den *SRSE*.

PSO1 Cuspóir 1:

Áiseanna cuí agus inrochtana pobail a sholáthar chun freastal ar riachtanais shaoránaigh uile an Chontae, ina bhfuil daonra óg atá ag fás go tapa agus daonra atá ag dul in aois san áireamh, i gcomhréir le *NPO*anna 28 agus 30 den *NPF*.

PSO1 Cuspóir 2:

Tacú le *Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae Bhaile Átha Cliath Theas* (2016-2021 nó *Plean* a thiocfaidh ina ionad) a chur chun feidhme trí bheartais agus trí chuspóirí an Phlean Forbartha Contae a bhaineann leis an bpleanáil spásúil, i gcomhar leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ), i gcomhréir le *RPO* 9.18 den *SRSE*.

PSO1 Cuspóir 3:

Tacú agus éascú le cur chun feidhme pleananna áitiúla agus cláir áitiúla (agus le haon cháipéisí a thiocfaidh ina n-ionad) le fócas ar ionchuimsiú sóisialta agus ar fhorbairt pobail, lena n-áirítear:

- ➔ *An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail* (2018-2022)
- ➔ *Sraitéis Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas um Imeascadh* (2019-2023) – *Contae Níos Ionchuimsithí* (2019-2023)
- ➔ *Clár Cóiríochta Chontae Bhaile Átha Cliath Theas don Lucht Siúil* (2019-2024)
- ➔ *Sraitéis Chontae Bhaile Átha Cliath Theas um Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas*
- ➔ *Sraitéis Aoisbháúil Bhaile Átha Cliath Theas* (2020-2024)
- ➔ *Sraitéis le haghaidh Bhaile Átha Cliath Theas Sláintiúil* (2019-2022)

PSO1 Cuspóir 4:

Tacú le feabhsú, cothabháil, uasghrádú agus athchóiriú áiseanna atá sa phobal cheana laistigh den Chontae chun freastal ar riachtanais reatha agus ar riachtanais a bheidh ann amach anseo.

PSO1 Cuspóir 5:

Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas a chur chun cinn mar Chontae atá sábháilte agus tarraingteach do dhaoine *LGBT*.

8.4 Bonneagar Sóisialta/Pobail

Aithníonn an Chomhairle gur eilimint bhuntábhachtach é, áiseanna sóisialta agus pobail d'ardchaighdeán a sholáthar i limistéir atá ann cheana agus i limistéir i mbéal forbartha, sa phróiseas comhforbartha áite agus le pobail inbhuanaithe a chruthú a bheidh comhtháite go sóisialta. Tá bonneagar sóisialta/pobail ina chuid ríthábhachtach de gach comharsanacht agus rannchuidíonn sé go mór leis an gcreatlach shóisialta agus leis an gcaighdeán beatha. Bíonn áiseanna pobail ina bpointí fócais le haghaidh na gcomharsanachtaí ar a bhfreastalaíonn siad agus soláthraíonn siad deiseanna le haghaidh idirghníomhaíochta trí imeachtaí áitiúla pobail, spóirt, cultúir, ealaíon, oideachais agus sóisialta. Méadaítear an fholláine phearsanta leis na gníomhaíochtaí seo agus cuireann lenár braistint faoin áit agus lenár bhféiniúlacht áitiúil. Is féidir le háiseanna dea-chaighdeáin borradh a chur faoina tharraingtí is atá limistéar dóibh siúd a roghnaíonn cónaí, oibriú nó infheistiú ann.

8.4.1 Iniúchadh ar an mBonneagar Sóisialta/Pobail

Tugadh faoi Iniúchadh ar Bhonneagar Sóisialta/Pobail (IBS) an Chontae chun ullmhú an Phlean Forbartha Contae a threorú. Ba é cuspóir an IBS:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar infhaighteacht na n-áiseanna sóisialta/pobail atá ann cheana laistigh den Chontae Bhaile Átha Cliath;
- Riachtanais a bheidh ann amach anseo a chinneadh i dtaca le cineálacha áirithe áiseanna bunaithe ar an bhfás lena bhfuiltear ag súil a theacht ar an daonra; agus
- Sainaitint cá háit a bhféadfadh infheistíocht a bheith riachtanach amach anseo.

Scrúdaíodh na háiseanna seo a leanas a bhaineann leis an mbonneagar sóisialta agus cuireadh caighdeáin i bhfeidhm chun a chinntiú go n-ailíneofar iad leis an bhfás réamh-mheasta ar an daonra le haghaidh limistéar forbraíochta nua:

- **Ionaid Chúraim Phríomhúil** – 1 ionad in aghaidh 7,000-10,000 duine i gcomhréir le caighdeáin FSS;
- **Áiseanna Cúraim Leanaí** – 1 áis lena soláthraítear 20 áit in aghaidh 75 áitreabh i limistéir nua chónaithe i gcomhréir leis na *Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla maidir le háiseanna Cúraim Leanaí* (2001), faoi réir solúbthacht áirithe a fhéadfar a chur i bhfeidhm faoi Chiorclán PL3/2016.
- **Scoileanna** – Caighdeán na Roinne Oideachais agus Scileanna go mbeidh gá ag 11.5% den daonra le háit bhunscoile agus gá ag 7.5% le háit iar-bhunscoile.
- **Ionaid Phobail** – 1 ionad mór ilfheidhmeach ar mhéid thart faoi 1,200sq m - 1,800 sq m in aghaidh 8,000 duine agus / nó ionaid phobail níos lú (350-650 sq m) de réir mar a fhéadfaidh an t-údarás áitiúil a shainaitint chun freastal ar riachtanas áitiúil. Féadfar an riachtanas áitiúil sin a chinneadh de réir fachtóirí déimeagrafacha, inrochtaineachta nó fachtóirí eile; agus
- **Spás Oscailte Poiblí agus Páirceanna Poiblí** – 2.4 heicteár in aghaidh 1,000 duine.

Leis an IBS, treoraíodh achoimre ar an soláthar áise pobail atá ann cheana agus atá pleanáilte le haghaidh gach limistéir chomharsanachta atá sa chuid ábhartha de Chaibidil 12: *Ár gComharsanachtaí*.

Féachfaidh an Chomhairle le háiseanna atá ann cheana a chosaint agus a bhreisiú agus le cinntiú go soláthrófar raon cuí d'áiseanna sóisialta/pobail i ngach comharsanacht, agus gá á chur san áireamh mar aon leis na spriocanna fáis daonra a shainaithnítear i gCaibidil 2: *An Chroístraitéis agus an Straitéis Lonnaíochta*.

8.4.2 Bonneagar Sóisialta/Pobail a Sheachadadh

Tá rún daingean ag an gComhairle bonneagar sóisialta agus pobail a sheachadadh agus saothróidh an Chomhairle raon sásraí maoiniúcháin agus seachadta. Áirítear leo siúd:

- Maoiniúchán trí acmhainní airgeadais na Comhairle, lena n-áirítear ranníocaí ó thobhaigh forbartha.
- Maoiniúchán deontais cosúil leis an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (CAFU) agus An Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (CBÁSTG).
- Tacú le gníomhaireachtaí poiblí eile cosúil le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) nó leis an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS).
- Oibriú i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile san earnáil phoiblí agus phríobháideach, i gcás inar cuí.

Tá Scéim Ranníocaí Forbartha (SRF) ullmhaithe faoi alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú). I gcás ina ndeonófar cead pleanála (le heisceachtaí áirithe), ceadófar don Chomhairle leis an Scéim éileamh ar an iarratasóir le coinníoll pleanála, ranníoc airgeadais thabhairt i dtreo tionscadal mar a leagtar amach sa Scéim.

Sainaithnítear leis an Scéim Ranníocaí Forbartha 2021-2025 raon leathan de thionscadail a bhaineann le bonneagar pobail agus spás oscailte ar fud an Chontae le haghaidh a maoinithe, lena n-áirítear ionaid phobail, uasghráduithe ar pháirceanna, oibreacha inrochtaineachta do dhaoine faoi mhíchumas agus áiseanna spóirt, srl.

Féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar an SRF go ndéanfar ailíniú le beartais agus /nó cuspóirí an Phlean Forbartha Contae. Leanfaidh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ar aghaidh le bheith ag oibriú i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) chun tacú le scoileanna nua a sholáthar i limistéir shonracha arna sainaithint leis an gClár Tógála Scoileanna de chuid ROS. Pléitear níos mine leis seo laistigh de chuid 8.10 thíos maidir le háiseanna oideachais. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh freisin le hidirghníomhú go réamhghníomhach le forbróirí agus le páirtithe leasmhara eile chun soláthar áiseanna pobail agus sóisialta a dhaingniú, atá riachtanach mar chuid de chéimniú na bPleananna Limistéir Áitiúil agus na Scéimeanna Pleanála laistigh den Chontae.

8.4.3 Áiseanna Sóisialta/Pobail atá Inrochtana go hUilíoch

Is éard atá i gceist leis an Dearadh Uilíoch an coincheap lena gcruthaítear timpeallacht ar féidir le gach duine a úsáid, beag beann ar a n-aois, a méid, a míchumas nó a gcumas. Leis an rochtain uilíoch, cruthaítear comharsanachtaí atá inchónaithe agus inbhuanaithe inar féidir le gach duine beatha iomlán agus ghníomhach a bheith acu mar chuid den phobal. Ba cheart cur chuige i dtaca le dearadh uilíoch a bheith ina chuid de sholáthar áiseanna sóisialta/pobail, agus suíomh, leagan amach agus dearadh á gcur san áireamh leis an inrochtaineacht agus an naschtacht is mó is féidir a chinntiú leis an limistéar máguaird. Ba cheart do gach togra aird a thabhairt ar fhorálacha cháipéis an Údaráis Náisiúnta Míchumais 'Ag Tógáil do Gach Duine: Cur Chuige i dtaca le Dearadh Uilíoch – Pleanáil agus Beartas' (2012) chun inrochtaineacht agus ionchuimsiú a chinntiú don oiread úsáideoirí difriúla agus is féidir.

Beartas PSO2: Bonneagar Sóisialta/Pobail

Tacú le soláthar pleanáilte raon áiseanna sóisialta, pobail, cultúir agus áineasa a bheidh inrochtana go huilíoch agus dea-nasctha, gar do na pobail ar a bhfreastalaíonn siad, i gcomhréir le RPO 9.14 den SRSE. (Féach freisin Caibidil 5: *Dearadh d'Ardchaighdeán agus Comhfhorbairt Áite Shláintiúil*)

PSO2 Cuspóir 1:

Tacú le raon leathan áiseanna pobail a sholáthar agus cinntiú go soláthrófar na háiseanna sin i gcomharsanachtaí nua agus i gcomharsanachtaí atá ann cheana in éineacht leis an bhforbairt tithíochta, agus déanfar tréimhse athbhreithniúcháin a bhreithniú go speisialta chun dul in oiriúint do riachtanais phobail atá ag fás níos ilchultúrtha agus níos ilghnéithí, i gcomhréir le ceanglais chéimniúcháin na bPleananna Limistéir Áitiúil agus na Scéimeanna Pleanála.

PSO2 Cuspóir 2:

Leanúint ar aghaidh le bheith ag oibriú go dlúth le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus na comhlachtaí ábhartha poiblí agus gníomhaireachtaí ábhartha stáit chun freastal ar sholáthar riachtanach na n-ionad cúraim phríomhúil, na n-áiseanna cúraim leanaí, na scoileanna, na n-ionad pobail agus an spáis oscailte poiblí de réir na gcaighdeán a leagtar amach i 8.4.1 den Phlean seo.

PSO2 Cuspóir 3:

Áiseanna pobail atá ann cheana a chosaint agus a bhreisiú, agus tacú le háiseanna agus le seirbhísí nua agus cinn atá ann cheana a fhorbairt agus a leathnú, i gcóngar na ndaonraí ar a bhfreastalaíonn siad, i gcás ina sainaitheofar gá a bheith leo.

PSO2 Cuspóir 4:

Tacú le cnuasú áiseanna pobail cosúil le hionaid phobail, spórt agus fóillíochta, scoileanna, áiseanna cúraim leanaí agus spásanna oscailte chun moil phobail ilfheidhmeacha a chruthú.



PSO2 Cuspóir 5:

Bonneagar inrochtana agus ionchuimsitheach a chur chun cinn do raon úsáideoirí trí chur chuige i dtaca le dearadh uilíoch a ghlacadh i gcás inarb indéanta sin agus foráil a dhéanamh maidir le sochaí aoisbháúil inar féidir le daoine ar gach aois beatha iomlán, ghníomhach, shláintiúil a bheith acu ina mbeidh meas orthu, i gcomhréir le RPO 9.12 agus RPO 9.13 den SRSE agus aird á tabhairt ar 'Ag Tógáil do Gach Duine: Cur Chuige i dtaca le Dearadh Uilíoch – Pleanáil agus Beartas' (2012).

PSO2 Cuspóir 6:

Cinntiú go soláthrófar áiseanna sóisialta, pobail, cultúir agus áineasa ar bhealach lena laghdófar an tionchar ó thaobh na haeráide de trí thacú leis na bearta seo a leanas agus iad a chur chun cinn:



- Áiseanna a sholáthar atá faoi fhad siúil de phobail agus ar bhealaí iompair phoiblí,
- Siúl agus rothaíocht a chur chun cinn mar aon le húsáid iompair phoiblí trí bhearta bainistíochta tréscailteachta agus soghluaisteachta,
- Comhlonnú, cnuasú agus comhroinnt áiseanna pobail chun úsáid éifeachtúil a mhéadú agus turais a laghdú,
- Lonnú, suíomh, agus dearadh chun maolú aeráide agus oiriúnú aeráide a chur chun cinn, m.sh. leas a bhaint as sochar gréine,
- Cumhacht a fhoinsiú ó athnuaiteáin cosúil le fuinneamh gaoithe agus gréine,
- Teicneolaíochtaí fuinnimh mhalartaigh a úsáid cosúil le teaschaidéil,
- Foirgnimh phobail a dhíon ó thaobh fuinnimh de,
- Crainn bhreise a chur agus réimeanna bainistíochta i bpáirceanna agus i spásanna oscailte poiblí a oiriúnú chun tuilleadh limistéar fiáin a cheadú chun deiseanna le haghaidh ceapadh carbóin a mhéadú.

PSO2 Cuspóir 7:

Tacú agus éascú le rochtain ar áiseanna leithris poiblí, lena n-áirítear áiseanna leithris atá inrochtana do chathaoireacha rothaí, i ngach baile agus sráidbhaile sa Chontae.

PSO2 Cuspóir 8:

'Áiteanna chun athraithe' a áireamh i ngach foirgneamh pobail agus contae atá á thógáil as an nua agus i gcás inarb indéanta, i gcás ina mbeidh siad á n-athchóiriú, i rith shaolré an Phlean Forbartha Contae seo.

PSO2 Cuspóir 9:

Tionscadal a rith ar bhonn póilótach chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus lena dtuismitheoirí, go sonrach maidir le bréagáin, teicneolaíocht agus oilúint a sholáthar arna sainaitheint trí idirchaidreamh le lucht oibre gairmiúil cúraim sláinte.

PSO2 SLO 1:

Go soláthrófar taitneamhachtaí poiblí, saintógtha agus oiriúnacha (as laistigh dá bpobail féin) do limistéir Iarthar na Cathrach / Bhaile Uí Fhoirtcheirn:

- Leabharlann;
- Ionad pobail agus caifé pobail;
- Clóis súgartha/spásanna súgartha inrochtana, spásanna inrochtana do dhéagóirí agus taitneamhachtaí inrochtana óige (cosúil le páirc scátála);
- Spásanna glasa deartha lena n-áirítear páirc phoiblí faoi bhainistíocht ina mbeidh suíochánra poiblí leordhóthanach, inrochtana lena féidir féiltí agus imeachtaí pobail a óstáil;
- Bitheolaíocht níos mó sa limistéar agus clúdach crann níos fairsinge;
- Líon leordhóthanach de pháirceanna imeartha agus clubthithe/pailliúin le haghaidh spórt;
- Áiseanna leordhóthanacha poiblí cúraim leanaí agus iarscoile; agus
- Suíomhanna scoile.

PSO2 SLO 2

Scrúdú a dhéanamh ar an ngá le bonneagar pobail méadaithe le haghaidh an fháis atá teacht ar dhaonraí Choill Tobair, Chill an Ardáin, Marfield, Ellensborough, Aylesbury agus Old Bawn i bhfianaise an fháis atá tagtha ar an daonra le déanaí.

8.5 Ionaid Phobail

Le hionaid phobail, soláthraítear áit chun bualadh le chéile agus gníomhaíochtaí sóisialta, cultúir agus áineasa a reáchtáil le haghaidh gach aoise agus coda de phobal, rud lena gcumasaítear do dhaoine páirt a ghlacadh ina bpobal agus a gcaighdeán beatha a bhreisiú.

Le hionaid acmhainní pobail, soláthraítear seirbhísí agus tacaí do phobail áitiúla, lena n-áirítear seirbhísí uilíocha a sheachadadh do theaghlaigh i suíomhanna ilghnéitheacha atá ann ar fud an Chontae. Leis na hionaid sin, cuirtear rannpháirtíocht phobail agus ionchuimsiú sóisialta chun cinn le béim ar thacaí spriocdhírthe agus ar sheirbhísí spriocdhírthe a sheachadadh ar leibhéal áitiúil.

Scrúdaigh an Chomhairle soláthar na n-ionad pobail laistigh den Chontae agus i suíomhanna eile in Éirinn, i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain, mar chuid den Iniúchadh ar an mBonneagar Sóisialta. Agus breithniú déanta ar an taighde sin, cuirfidh an Chomhairle caighdeán i bhfeidhm go mbeidh aon ionad mór pobail ilfheidhmeach amháin ann ar leibhéal ceantair in aghaidh gach 8,000 duine nó ionaid níos lu ar leibhéal níos áitiúla de réir mar a shainithnítear chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha. Féadfar riachtanais a chinneadh maidir le saincheisteanna áitiúla áirithe lena n-áirítear déimeagrafach agus inrochtaineacht. Ba cheart d'ionad pobail ar leibhéal ceantair a bheith ar mhéid thart faoi 1,200 – 1,800 sq m chun freastal ar riachtanais éagsúla cosúil le halla spórt chun éascú le, mar shampla, badmantan/cispheil/sacar faoi dhíon agus seomraí gléasta gaolmhara, leithris, áis stórála, oifigí, seomraí cruinnithe, caifé agus limistéar súgartha do leanaí. Ba cheart d'ionaid phobail ar leibhéal áitiúil a bheith ar mhéid idir 350-650 sq m chun freastal ar raon spásanna, seomraí cruinnithe, leithris, caifé agus limistéar súgartha do leanaí. I gcás nach mbeadh ionad pobail riachtanach mar gheall ar mhéid forbraíochta nua aisti féin, féadfaidh an Chomhairle ranníoc pro rata a lorg i dtreo ionad nua a dhéanfar a phleanáil.

Beartas PSO3: Ionaid Phobail

Cinntiú go mbeidh rochtain ar ionaid phobail ilfheidhmeacha agus idirghlúine ag pobail ar fud an chontae lena soláthraítear pointe fócais le haghaidh gníomhaíochtaí pobail.

PSO3 Cuspóir 1:

Chun an indéantacht a imscrúdú, i gcás ina mbeidh soláthar nua riachtanach chun freastail ar riachtanais an daonra, maidir le hionaid phobail atá ann cheana a leathnú ar láithreáin oiriúnacha, chomh fada agus a bheifear in ann i dtaca le lonnú, leagan amach, dearadh, rochtain agus nithe eile a bhreithnítear ó thaobh na pleanála de.

PSO3 Cuspóir 2:

Chun a chinntiú go soláthrófar ionaid nua phobail i limistéir forbraíochta nua agus i limistéir den sórt atá ann cheana nó i gcás inarb é freagracht an fhorbróra an soláthar sin, cinnteoidh an Chomhairle go soláthróidh an forbróir, i gcóngar an daonra ar a bhfreastalaíonn siad agus i gcomhréir leis an gcaighdeán maidir le haon ionad amháin in aghaidh 8,000 duine ar mhéid thart faoi 1,200-1,800 sq m, nó ag brath ar riachtanais dhéimeagrafacha áitiúla shonracha nó ar riachtanais eile, ionaid níos lú ar leibhéal níos áitiúla, ar mhéid idir 350-650sq m i gcoitinne de réir mar is rogha leis an gComhairle, nó de réir mar a fhéadfar a uasdátú le haon straitéis um ionaid phobail a dhéanfaidh an Chomhairle amach anseo.

PSO3 Cuspóir 3:

Rogha a sholáthar don Chomhairle a éileamh ar fhorbraíochtaí cónaithe nó ar fhorbraíochtaí ilchineálacha i limistéir forbraíochta nua ranníoc pro rata a sholáthar i dtreo ionad pobail a sholáthar, i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar amach i COS3 Cuspóir 2 agus ar aon dul leis an Scéim Ranníocaí Forbartha.

PSO3 Cuspóir 4:

Cinntiú go mbeidh foirgnimh phobail ilfheidhmeach agus inoiriúnaithe, gur féidir le gach cohórt aoise iad a úsáid (foirgnimh idirghlúine), á soláthar lena n-úsáid faoi dhíon agus lasmuigh m.sh. láithreacha suí caifé, agus go mbeidh siad inrochtana don oiread úsáideoir difriúil agus is féidir lena n-áirítear ár ndéagóirí agus ár ndaoine óga.

PSO3 Cuspóir 5:

Tacú agus éascú le forbairt Straitéise um Ionaid Phobail lena n-áireofar measúnú a dhéanamh ar an spás urláir pobail/ar na háiseanna pobail atá ann cheana laistigh den Chontae, chun bearnaí sa soláthar a shainaithint agus chun a chinntiú go soláthrófar ionaid nua phobail i limistéir forbraíochta atá ann cheana agus i limistéir forbraíochta nua agus aird á tabhairt ar an Iniúchadh ar an mBonneagar Sóisialta arna dhéanamh le haghaidh an Phlean Forbartha.

PSO3 Cuspóir 6:

Tacú agus éascú le soláthar ionad acmhainní pobail.

PSO3 SLO 1:

Éascú le suíomh ilfhreastail le haghaidh Ionad Acmhainní Teaghlaigh Ghleanntán an Choiréil.

PSO3 SLO 2:

Ionad pobail/áiseanna pobail a sheachadadh laistigh d'Íarthar na Cathrach mar chuid den obair chun bonneagar a sheachadadh arna sainaitheint i bPlean Limistéir Áitiúil Bhaile Uí Fhoirtcheirn.

PSO3 SLO 3:

Idirghníomhú go réamhghníomhach le Tionscnamh Pobail na hEascrach agus tacú le forbairt foirgnimh pobail ilchineálaigh ar thailte ar leis an gComhairle iad agus atá taobh le sliosbhóthar an N4 chuig an R120 agus ó thuaidh ó Bhunscoil Naomh Tomás.

8.6 Áiseanna agus Ionaid Spóirt

Aithníonn an Chomhairle tábhacht na n-áiseanna spóirt le haghaidh na sláinte agus na folláine agus tá rún daingean aici a chinntiú go mbeidh rochtain ag gach pobal ar raon áiseanna dá leithéid chun freastal ar riachtanais ilghnéitheacha. Tá sé seo ag teacht le cuspóirí an Chontae ó thaobh na sláinte poiblí de agus i gcomhréir le *Creat Éire Shláintiúil* (CÉS) agus leis an *bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta Corpartha* (PNGC). Tá *Creat Éire Shláintiúil* (2019-2025) bunaithe ar cheithre phríomhspríoc – cion na ndaoine atá sláintiúil ag gach céim den bheatha a mhéadú; éagothromaíochtaí sláinte a laghdú; an pobal a chosaint ó bhagairtí don tsláinte agus don fholláine; agus timpeallacht a chruthú inar féidir le gach duine agus le gach earnáil den tsochaí a bpáirt a imirt chun Éire shláintiúil a bhaint amach. Tá sé d’aidhm leis an *bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta Corpartha*, a ullmháodh de bhun gníomh de chuid CÉS, leibhéil na gníomhaíochta corpartha a mhéadú trasna an daonra ar fad. Tá sé d’aidhm leis sochaí a chruthú lena n-éascaítear le daoine modh maireachtála ghníomhach a bheith acu cibé acu a bhíonn siad sa bhaile, ag obair nó ag súgradh.

Is é gníomh 36 de chuid an PNGC:

‘Tús áite a thabhairt d’obair chun bonneagar siúil agus rothaíochta agus gníomhaíochta ginearálta áineasa / corpartha a phleanáil agus a fhorbairt’.

Ar leibhéal fíorbhunúsach, leis an gcoincheap ‘Comharsanacht Nasctha’ atá á chur chun cinn laistigh den Phlean Forbartha seo (féach Caibidil 5, *Dearadh d’Ardchaighdeán agus Comhforbairt Áite Shláintiúil*), lena ndéantar gach áis agus seirbhís phobail a lonnú laistigh d’achar gar ó áit chónaithe duine, cruthófar deiseanna le haghaidh modhanna maireachtála níos gníomhaí ina ndéanfar turais ghearra de shiúl na gcos agus ar an rothar. Féachfaidh an Chomhairle lena chinntiú freisin go soláthrófar raon cuí áiseanna spóirt agus áineasa agus na spriocanna á gcur san áireamh, a shaináithnítear sa Straitéis Tithíochta agus sa *HNDA* Eatramhach a leagtar amach faoi Aguisín 11 maidir leis an bpróifíl aoise, an déimeagrafach agus an fás ar an daonra.

Beartas PSO4: Áiseanna agus Ionaid Spóirt

Cinntiú go dtacófar le gach pobal le raon áiseanna spóirt a bheidh oiriúnach dá bhféidhm, inrochtana agus inoiriúnaithe.

PSO4 Cuspóir 1:

Soláthar agus bainistíocht bonneagar spóirt agus áineasa ilfheidhmeach d’ardchaighdeán a chur chun cinn ar fud an Chontae chun freastal ar riachtanais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áireofar moil spóirt agus páirceanna ilspóirt *Astroturf*, i gcomhréir le *Straitéis Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas maidir le Páirceanna Spóirt* (2020), an *Beartas Náisiúnta Spóirt* (2018-2027) agus aidhmeanna Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, i gcomhréir le *RPO 9.15* den SRSE.

PSO4 Cuspóir 2:

Beartais sláinte poiblí a chur chun cinn lena n-áirítear Creat Éire Shláintiúil agus an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta Corpartha i gcomhréir le *NPO 26* den *NPF* agus *RPO 9.16* den *SRSE*.

PSO4 Cuspóir 3:

Tacú le Plean Spórt a ullmhú don Chontae, i gcás ina ndéanfar foráil leis sin maidir le háiseanna spórt a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe, i gcomhréir leis an *mBeartas Náisiúnta Spórt (2018-2027)*.

PSO4 Cuspóir 4:

Tacú le comhlonnú agus comhroinnt áiseanna pobail agus spóirt laistigh den Chontae agus é sin a spreagadh i gcás inarb indéanta. (Féach freisin Beartas COS8 Cuspóir 8).

PSO4 Cuspóir 5:

Tacú le limistéir shúgartha fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla a sholáthar ina mbeidh trealamh agus áiseanna cuí, lena gcuimseofar deiseanna súgartha atá bunaithe ar an dúlra trasna an Chontae, á chinntiú go mbeifear ag freastal ar riachtanais aoisghrúpaí difriúla agus daoine le cumais difriúla.

PSO4 Cuspóir 6:

Éascú le soláthar áiseanna súgartha do leanaí agus áiseanna spáis do dhéagóirí, a bheidh ar scála cuí, ag suíomhanna oiriúnacha trasna an Chontae laistigh d'fhorbraíocht chónaithe atá ann cheana agus d'fhorbraíocht nua chónaithe.

PSO4 Cuspóir 7:

Tacú le pobail agus le clubanna spóirt mhionlaigh a fhorbairt ag suíomhanna cuí laistigh den Chontae agus é sin a chur chun cinn.

PSO4 Cuspóir 8:

Tacú le spás buan a sholáthar le haghaidh gníomhaíochtaí spórt agus áineasa fadbhunaithe ag suíomhanna cuí laistigh den Chontae, agus an Chomhairle ag dréim leis na caighdeáin agus leis na coinníollacha a chomhlíonann Ceann-Eagraíochtaí Náisiúnta le haghaidh limistéar imeartha dá leithéid, i gcás inarb indéanta agus i gcomhréir leis an gceartphleanáil agus leis an bhforbairt inbhuanaithe.

PSO4 Cuspóir 9:

Tacú agus éascú le creat chun áiseanna spórt pobalbhunaithe laistigh den Chontae a fheabhsú, a chothabháil agus a bhreisiú.

PSO4 Cuspóir 10:

Tacú le suíomh chun track *Motocross* a fhorbairt, agus i gcás inar féidir, suíomh a shainaitheint lena aghaidh sin, agus tacú le haon iarratas ar mhaoiniúchán náisiúnta i gcás ina mbeidh sé ar fáil.

PSO4 Cuspóir 11:

Oiread agus is féidir, éascú le gach spórt a imríonn saoránaigh Chontae Bhaile Átha Cliath Theas lena n-áirítear rugbaí, agus an méadú atá ag teacht ar líon na ndaoine atá ag glacadh páirte sa spórt á aithint mar aon leis na riachtanais áirithe a bhaineann leis an gcluiche ó thaobh páirceanna imeartha de.

PSO4 Cuspóir 12:

Tacú le hionad spóirt tiomnaithe in Eastát an Teampaill Ghil a d'fhéadfadh clubanna spóirt áitiúla a úsáid lena n-áirítear Club Dornálaíochta an Teampaill Ghil agus Club CLG na bhFánaithe, Club Bhaile Baodáin agus clubanna áitiúla eile. B'fhéarr go mbeidh fáinne dornálaíochta, áiseanna gléasta agus cithfholctha agus áiseanna stórála ann freisin le haghaidh clubanna áitiúla.

PSO4 Cuspóir 13:

Tacú le Mol Spóirt a fhorbairt i bPáirce Ghrífin, Leamhcán, a leanann ar aghaidh le bheith ag freastal ar an bhfás atá ag teacht ar dhaonra an limistéir mháguaird. Ba cheart do mhol dá leithéid tacaíocht a áireamh chun an clubtheach a uasghrádú, mar aon le páirceanna imeartha uile-aimsire, páirceanna ilchineálacha agus áiseanna spáis imeartha do dhéagóirí.

PSO4 Cuspóir 14:

Fóntas spóirt agus áineasa a sholáthar sa Chaisleán Nua, lena gcuimseofar páirc imeartha ilchineálach, uile-aimsire CLG ar mhéid iomlán, dhá chúirt cispheile, seomraí gléasta, raon siúlóide/bogshodair/rothaíochta mar aon le limistéir páirceála agus spás oscailte breise gaolmhar.

PSO4 Cuspóir 15:

Linn snámha a sholáthar le háiseanna fóillíochta i limistéir Ráth Fearnáin/Chnoc Lín/Theach na Giúise.

PSO4 Cuspóir 16:

Tacú le háiseanna lúthchleasaíochta a sholáthar sa Chontae trí scrúdú a dhéanamh ar an bpoitéinseal lena lonnú laistigh de Pháirceanna Réigiúnacha agus de shuíomhanna eile i gcomhréir le *Straitéis um Pháirceanna Spóirt 2020* de chuid na Comhairle agus Plean Spóirt an Chontae agus an Straitéis um Pháirceanna agus Spás Oscailte a fhorbairt.

PSO4 Cuspóir 17:

Cinntiú go soláthrófar áiseanna cearta (seomraí gléasta/leithris) d'aon club spóirt atá ar bun ar feadh breis is 5 bliana sa phobal lena chinntiú gur féidir leo leanúint le bheith ag oibriú agus ag fás laistigh dár bpobal.

PSO4 Cuspóir 18:

Láithreáin athfhorbraíochta oiriúnacha agus foirgnimh oiriúnacha neamhúsáidte ar leis an gComhairle iad a chur ar fáil do ghrúpaí spóirt, ealaíon agus pobail ar bhonn léas sealadach nó fadtéarmach, i gcás inarb indéanta.

PSO4 SLO 1:

Leanúint ar aghaidh le Páirc Ghleann Álainn i mBaile Phámar a fheabhsú agus a fhorbairt i gcomhréir leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe leasmhara eile, chun taitneamhacht na páirce a bhreisiú lena n-áirítear a háiseanna spóirt agus áineasa d'úsáideoirí páirce ar gach aois lena n-áirítear daoine scothaosta, leanaí agus déagóirí agus na clubanna spóirt áitiúla agus páirtithe leasmhara eile i gcomhréir leis an *Straitéis um Pháirceanna Imeartha Spóirt*, agus leis an Straitéis um Pháirceanna agus Spás Oscailte agus leis an bPlean Spóirt de chuid na Comhairle.

PSO4 SLO 2:

Soláthar áiseanna spóirt faoi dhíon a chur chun cinn go gníomhach chun freastal ar riachtanais a bhaineann leis an bhfás atá ag teacht ar dhaonra Cnoc Lín-Bhaile Baodáin.

PSO4 SLO 3:

Gealltanais a dhéanamh Mol Spóirt a sholáthar i limistéar Arda Choill an Rí.

PSO4 SLO 4:

Tacú le hoiliúint agus turnaimintí dornálaíochta a sholáthar le haghaidh club áitiúil fadbhunaithe ag Linn Snámha Leamhcáin agus ag campas Ionad Fóillíochta Leamhcáin.

PSO4 SLO 5:

Maidir le haon fhorbairt amach anseo, cinntiú go dtabharfar aird ar an teorainn le taitneamhacht agus le feidhm Ghalfchúrsa Bhaile Éamainn agus ar chosaint a thaitneamhachta agus a fheidhme.

8.7 Páirceanna agus Spás Oscailte Poiblí

Leis an gcuid seo, pléitear le feidhm, ordlathas, cáilíocht agus cainníocht na bpáirceanna agus an spáis oscailte phoiblí. Tugtar aghaidh ar spás oscailte príobháideach agus leathphríobháideach a bhaineann le forbraíochtaí nua cónaithe i gCaibidil 6: Tithíocht, agus le Caibidil 4: Bonneagar Glas, tugtar aghaidh ar spás oscailte mar chuid de líonra níos leithne an Bhonneagair Ghlais. Leagtar caighdeán agus critéir i ndáil le soláthar páirceanna agus spáis oscailte phoiblí amach i gCaibidil 13 freisin: *Cur Chun Feidhme agus Monatóireacht*.

Is é spás oscailte poiblí ceann de na hacmhainní is luachmhaire dá bhfuil ag Contae Bhaile Átha Cliath Theas. Tá ról ar leith aige i ndáil le suíomh agus feidhm chomharsanachtaí uirbeacha an Chontae agus ina chuid lárnach maidir le pobail inbhuanaithe a sheachadadh agus leis an mbithéagsúlacht a chur chun cinn. Le spás oscailte poiblí, cumasaítear réitigh atá bunaithe ar an dúlra i leith uisce dromchla a bhainistiú (*SuDS*) mar aon leis an gcáilíocht uisce a fheabhsú agus athrú aeráide a mhaolú. Rannchuidiú buntábhachtach le sláinte agus le folláine phobail freisin is ea rochtain ar spásanna oscailte dea-chaighdeán agus ar dheiseanna le haghaidh spóirt agus áineasa. Spriocanna buntábhachtacha is ea iad seo de Thionscnamh Rialtas na hÉireann *Éire Shláintiúil* agus leis an bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta Corpartha a ghabhann leis (PNGC). Féachtar leis seo a dhéanamh le Gníomh 34 den PNGC:

‘cinntiú go gcuirfeadh forbairt pháirceanna áitiúla agus réigiúnacha agus spásanna áineasa chun cinn, lena spreagfar an ghníomhaíocht chorpartha, le pleanáil, forbairt agus dearadh bailte agus cathracha.

Atreisítear é sin le *RPO 9.16* den SRSE lena n-éilítear ar Údarás Áitiúla tacú le cuspóirí an bheartais sláinte poiblí le beartais pleanála i bPleananna Forbartha.

Tá roinnt straitéisí ullmhaithe ag an gComhairle is ábhartha do spás oscailte poiblí, do pháirceanna agus don áineas, lena n-áirítear an *Clár Spáis do Dhéagóirí (2021)* agus an *Straitéis um Pháirceanna Imeartha Spóirt (2020)*. Tá an Straitéis um Pháirceanna agus Spásanna Oscailte á hullmhú i gcomhréir leis an Dréachtphlean Forbartha agus déanfar comhairliúchán poiblí ar leithligh ina leith in 2021. Beidh beartais agus cuspóirí sa Phlean Forbartha Contae a bheidh ailínithe agus comhlántach leis na cáipéisí seo.

Is é aidhm uileghabhálach na Comhairle maidir le páirceanna agus spás oscailte a sholáthar forbairt líonra spáis oscailte phoiblí lánpháirithe agus dea-nasctha a spreagadh lena rannchuideofar le raon leathan cuspóirí beartais a bhaint amach, lena n-áirítear:

- **Pobal, sláinte agus folláine a fheabhsú** – Soláthraíonn páirceanna agus spásanna oscailte ról luachmhar mar thearmann don phobal; tuigtear go forleathan anois na tairbhí a bhaineann le bheith ag idirghníomhú leis an dúlra mar rud a théann chun tairbhe don tsláinte mheabhrach agus chorpartha go háirithe,

- **Taitneamhacht infheicthe a bhreisiú** – Déanann páirceanna agus spásanna oscailte súíomh tarraingteach, glas agus oscailte lena mbreisítear carachtar comharsanachtaí uirbeacha go háirithe,
- **Forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn** – Rannchuidíonn páirceanna agus spásanna oscailte le cuspóirí na forbartha inbhuanaithe i gcás ina lonnaitear iad go cuí agus ina mbíonn siad inrochtana de shiúl na gcos, ar rothar agus ar iompar poiblí,
- **Oiriúnú don athrú aeráide agus maolú an athraithe aeráide a chur chun cinn** – Soláthraíonn páirceanna agus spásanna oscailte deiseanna le haghaidh na draenála inbhuanaithe agus feidhmíonn crainn agus plandaí ról ríthábhachtach trí charbón a cheapadh agus a stóráil,
- **Bonneagar Glas a Atreisiú** – Croí-eilimintí i líonra bhonneagar glas an Chontae is ea páirceanna agus spásanna oscailte (féach Caibidil 4: Bonneagar Glas),
- **Bithéagsúlacht a chur chun cinn** – Baineann deiseanna le páirceanna agus spásanna oscailte chun an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú. Is minic a bhíonn siad dírithe ar thimpeallachtaí nádúrtha cosúil le gleannta aibhneacha lena dtacaítear le gnáthóga fiadhúlra luachmhara; baineann deiseanna le páirceanna chun plándáil a bheidh báúil do phailneoirí a mhéadú freisin,
- **Ag tacú le cultúr agus le hoidhreacht** – Is minic a bhíonn eilimintí oidhreachta i bpáirceanna agus spásanna oscailte agus óstálann siad go leor imeachtaí pobail, ealaíon agus cultúir lasmuigh,
- **Ag tacú leis an ngeilleagar áitiúil, lena n-áirítear turasóireacht** – Bíonn áiseanna i gcuid mhaith páirceanna agus spásanna oscailte cosúil le caiféanna, gnéithe oidhreachta agus taitneamhachtaí eile atá luachmhar ó thaobh cuairteoirí a mhealladh.

8.7.1 Prionsabail lena dTreoraítear Soláthar Spáis Oscailte Phoiblí

Leis an Straitéis um Pháirceanna agus Spás Oscailte 2021, soláthrófar an bonn chun páirceanna agus spásanna oscailte a bhainistítear go poiblí a uasghrádú, a sholáthar, a bhainistiú agus a chothabháil, lena gcomhlánófar an chuid seo agus an Straitéis um Bhonneagar Glas (Féach Caibidil 4: Bonneagar Glas agus Aguisín 4 Bonneagar Glas, Cuspóirí Áitiúla agus Cás-Staidéir).

Tá cúig bhunphrionsabal ag Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas lena dtreoraítear soláthar spáis oscailte:

Ordlathas

Le hOrdlathas an Spáis Oscailte Phoiblí a leagtar amach i dTábla 8.1, leagtar amach an réasúnaíocht le haghaidh líonra na bpáirceanna agus an spáis oscailte atá ann cheana agus atá pleanáilte le haghaidh an Chontae, agus raon na bhfeidhmeanna ar gach leibhéal san ordlathas á shainiú. Eilimint bhuntábhachtach is ea ordlathas an spáis oscailte de líonra an bhonneagair ghlais, lena nasctar agus lena ndéantar nascálacha conaire glaise trasna an Chontae.

Inbhuanaitheacht ó thaobh an Chomhshaoil de

Ba cheart don soláthar spáis oscailte poiblí rannchuidiú leis an bhfís níos leithne atá ann le haghaidh an Chontae ó thaobh na pleanála agus an Bhonneagair Ghlais de, lena n-áirítear pobail inbhuanaithe a chruthú, an bhithéagsúlacht a chur chun cinn, uisce a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, carbón a cheapadh agus cuspóirí maidir le gníomhú ar son na haeráide.

Cainníocht

Soláthrófar cainníochtaí leordhóthanacha de spás oscailte poiblí agus d'áiseanna áineasa chun freastal ar riachtanais na bpobal atá ann cheana agus aon daonra a bheidh ann amach anseo laistigh de shaolré an Phlean Forbartha seo.

Cáillíocht

Ba cheart foráil a dhéanamh le spás oscailte poiblí maidir le háineas gníomhach agus éighníomhach agus ba cheart dó féiniúlacht agus taitneamhacht limistéir a bhreisiú agus aird á tabhairt ar an ngá leis an mbithéagsúlacht a chaomhnú. Ba cheart é a dhearadh chun bheith oiriúnach dá fheidhm, sábháilte, le háiseanna cuí agus éasca teacht air, agus á bhainistiú agus á chothabháil go cuí. Feidhmíonn cineálacha difriúla spáis oscailte laistigh den ordlathas feidhmeanna difriúla agus soláthraíonn leibhéil dhifriúla áiseanna.

Inrochtaineacht

Ba cheart spás oscailte agus áiseanna áineasa a dhearadh agus a lonnú chun bheith inrochtana go poiblí le bealaí iompair inbhuanaithe amhail siúl, rothaíocht agus iompar poiblí, ag brath ar an gcineál spáis oscailte laistigh den ordlathas. Ba cheart áiseanna a dhearadh chun rochtain a chinntiú le haghaidh gach aoise agus cumais.

Beartas PSO5: Páirceanna agus Spás Oscailte Poiblí – Uileghabhálach

Líonra spáis oscailte phoiblí lánpháirithe, ionchuimsitheach agus dea-nasctha a sholáthar trí ordlathas spáis oscailte ilfheidhmigh de chaighdeán ard atá inrochtana do chách a chónaíonn agus a oibríonn sa Chontae agus a thugann cuairt air.

PSO5 Cuspóir 1:

Tacú le hordlathas páirceanna agus spásanna oscailte poiblí ilfheidhmeacha, inrochtana trasna an Chontae ar aon dul le Tábla 8.1, bunaithe ar dhaonraí atá ann cheana agus ar fhás atá pleanáilte i gcomhréir le caighdeán foriomlán 2.4ha in aghaidh 1,000 duine.



PSO5 Cuspóir 2:

Tacú le Straitéis um Páirceanna agus Spás Oscailte de chuid Chontae Bhaile Átha Cliath Theas a chur chun feidhme agus cinntiú go mbeidh soláthar, uasghrádú, dearadh, agus cothabháil an spáis oscailte phoiblí i gcomhréir leis an Straitéis.



PSO5 Cuspóir 3:

Tacú le *Clár Spáis do Dhéagóirí (2021)* de chuid na Comhairle a chur chun feidhme agus a leathnú agus le *Straitéis um Páirceanna Imeartha Spórt* de chuid na Comhairle a chur chun feidhme (2020) nó (le haon cháipéis a thiocfaidh ina n-ionad).

8.7.2 Ordathas an Spáis Oscailte Phoiblí


Leis an ordlathas spáis oscailte phoiblí a leagtar amach thíos, léirítear príomheilimintí an líonra páirceanna agus spáis oscailte atá ann cheana laistigh den Chontae agus leagtar amach leis creat maidir le soláthar amach anseo lena sainiúitear raon na bhfeidhmeanna ag gach leibhéal san ordlathas.

Maidir le spás oscailte poiblí, chun críocha an Phlean Forbartha seo, is spás oscailte é a dearadh agus a leagadh amach d'aon turas d'úsáid an phobail. D'fhéadfadh spásanna oscailte níos lú i limistéir chónaithe a bheith san áireamh leis sin nó spásanna níos mó ar leibhéal áitiúil, comharsanachta nó réigiúnach laistigh den ordlathas spáis oscailte.

D'fhéadfadh sé foráil a dhéanamh maidir le feidhmeanna difriúla a bheith ag spás oscailte freisin atá nasctha le suíomh agus méid. Is leis an gComhairle a bhíonn spás oscailte poiblí de ghnáth agus is í a dhéanann é a chothabháil i gcoitinne, ach i roinnt cásanna, spásanna níos lú i limistéir chónaithe go hiondúil, b'fhéidir gurb é cuideachta bainistíochta a bhainistíonn é nó atá ina húinéir air ach bíonn sé inrochtana don phobal.

Tá go leor dár gcuid limistéar spáis oscailte fadbhunaithe, mar chuid de cheadanna le haghaidh eastát tithíochta nó trí thailte a fuair an Chomhairle nó dreamanna eile. Soláthraítear spás oscailte poiblí nua tríd an bpróiseas pleanála de ghnáth trí spás oscailte poiblí a shainaitheint i bPleananna Limistéir Áitiúil nó i gCriosanna Forbartha Straitéisí agus trí choinníollacha pleanála a cheangal le haghaidh forbraíocht chónaithe nó cineálacha eile forbraíochta.

Leagtar príomhthréithe agus príomhchineálacha an Spáis Oscailte Phoiblí laistigh den ordlathas i gcomhair Chontae Bhaile Átha Cliath Theas amach i dTábla 8.1.



Tábla 8.1: Ordlathais Spáis Oscailte Poiblí

Cineál Páirce	Gnéithe	Bonneagar Glas
<p>Páirceanna Réigiúnacha</p>	<p>Bíonn na páirceanna móra poiblí seo ar mhéid idir 100 go 200ha, ag freastal ar limistéir laistigh de gha 5km i gcoitinne, ach ar úsáideoirí trasna an Chontae agus mar cheann scríbe le haghaidh turasóirí freisin. I gcoitinne, bíonn gnéithe oidhreachta nádúrtha, oidhreachta tógtha nó cultúir acu agus áiseanna do chuairteoirí. D'fhéadfadh limistéir shúgartha fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla do leanaí a bheith san áireamh sna gníomhaíochtaí, mar aon le siúlbealaí agus rotharbhealaí, suíochánra agus limistéir áineasa éighníomhaigh, páirceanna imeartha (lena n-áirítear páirceanna uile-aimsire), agus seomraí gléasta, raonta reatha agus garraí scóir. Ba cheart dóibh a bheith éasca do dhaoine teacht orthu le hiompar poiblí agus le rothaíocht, agus soláthar páirceála leordhóthanach le haghaidh rothar agus gluasteán a bheith iontu.</p> <p>Is iad seo a leanas na páirceanna réigiúnacha i gContae Bhaile Átha Cliath Theas: Páirc Ghleann an Ghrífin, Páirc Chorcaí, Páirc Ghleann na Dothra agus Páirc Thigh Motháin.</p> <p>Go hiondúil, ba chóir do pháirc réigiúnach a bheith lonnaithe laistigh de 5km de gach áit chónaithe sa Chontae.</p>	<p>Déanann páirceanna réigiúnacha eilimint bhuntábhachtach den líonra straitéiseach bonneagair ghlais (BG) ar leibhéal an Chontae, ag rannchuidiú le conairí glasa tábhachtacha a théann trí limistéir uirbeacha agus ag nascadh le limistéir thuaithe agus ardtailte. Bíonn bithéagsúlacht shuntasach agus gnéithe suntasacha ó thaobh na bainistíochta uisce de iontu go minic cosúil le sruthchúrsaí, <i>SuDS</i>, locháin, tailte riascach, móinéir, limistéir faoi chrainn agus fála scean. Tá deiseanna nach beag ann chun poitéinseal na bpáirceanna sin ó thaobh an Bhonneagair Ghlais de a láidriú trí bhreisiúcháin bhreise ó thaobh na bithéagsúlachta de.</p>
<p>Páirceanna Comharsanachta</p>	<p>Maidir le Páirceanna Comharsanachta, bíonn siad ar mhéid idir thart faoi 20 go 50ha i gcoitinne (chomh mór le 100ha ar uairibh). Bíonn siad inrochtana do choisithe agus do rothaithe agus is féidir le raon leathan áiseanna agus úsáideanna a bheith iontu lena bhféadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh: páirceanna imeartha, agus seomraí gléasta a bhaineann le háiseanna lasmuigh agus gníomhaíochtaí lasmuigh, áiseanna súgartha, giomnáisiamáí lasmuigh, bealaí siúil agus rothaíochta.</p> <p>San áireamh le samplaí de Pháirceanna Comharsanachta i gContae Bhaile Átha Cliath Theas, tá Páirceanna Bhaile an Mhóta, Bhaile an Chócaigh, Sheáin Bhreathnaigh, Ráth Cúil, agus Bhaile Uaitéir.</p> <p>Freastalaíonn páirceanna comharsanachta ar cheantar comharsanachta laistigh de 800m.</p>	<p>Is féidir le páirceanna comharsanachta raon gnéithe BG a chuimsiú cosúil le tailte riascach, fearainn pháirce móinéir, agus garraithe pobail, agus limistéir phlandála neamhfhoirmiúla ina mbíonn flúirse bithéagsúlachta. Tá deiseanna nach beag ann chun an luach ó thaobh na bithéagsúlachta de a láidriú trí scéimeanna breisiúcháin íogair agus trí nascálacha a chruthú trí chonairí straitéiseacha ar leibhéal áitiúil leis an líonra BG ar fud an Chontae.</p>
<p>Páirceanna / Spásanna Oscailte Áitiúla</p>	<p>Bíonn páirceanna áitiúla ar mhéid idir 2 agus 20ha. Úsáidtear iad mar thaitneamhacht agus mar áineas éighníomhach den chuid is mó, cé go bhféadfadh páirceanna imeartha agus trealamh súgartha a bheith i roinnt díobh; bíonn siad lonnaithe i gcóngar d'áiteanna cónaithe agus is éasca do choisithe agus do rothaithe teacht orthu.</p> <p>Samplaí de pháirceanna áitiúla i gContae Bhaile Átha Cliath Theas is ea Páirceanna Vesey agus</p>	<p>Talamh féaraigh feabhsaithe is mó a bhíonn i gceist leis na páirceanna seo ach baineann deiseanna nach beag leo chun rannchuidiú leis an líonra BG ar leibhéal áitiúil trí scéimeanna breisiúcháin lena n-áirítear crainn dhúchasacha, coillearnacha beaga, fála scean, móinéir agus plandáil</p>

	<p>Eirmeatáiste in Leamhcán, Páirc Bhaile Mhic Craith, Páirc Ionaid Phobail Theach na Giúise agus Pháirc Ghleanntán an Choiréil.</p> <p>Freastalaíonn páirceanna áitiúla ar dhaonra áitiúil laistigh de cheantar 400m.</p>	eile a dhéantar.
Páirceanna/Spásanna Oscailte Beaga	<p>Soláthraíonn páirceanna beaga (idir 0.2 agus 2ha) áiseanna tábhachtacha taitneamhachta agus áineasa. Is mar thaitneamhacht agus mar áineas éighníomhach is mó a úsáidtear iad agus féadfaidh áiseanna súgartha ar scála beag a bheith iontu.</p> <p>Freastalaíonn páirceanna beaga ar limistéar laistigh de cheantar 300m de dhaonra na comharsanachta áitiúla.</p>	Bíonn na gnéithe ó thaobh BG de a bhaineann leo teoranta de ghnáth faoi láthair, toisc gur talamh féarach feabhsaithe a bhíonn i gceist le formhór na limistéar agus fála sceach nó crainn iontu ar uairibh. Tá deiseanna ann luach bitheolaíochta na bpáirceanna seo a fheabhsú trí chrainn dhúchasacha a chur mar aon le nithe a chur agus a bhainistiú ar bhealach atá báúil le pailneoirí.
Limistéir Chonaithe Oscailte atá Níos Lú	<p>Bíonn na spásanna oscailte níos lú seo ar mhéid chomh mór le 0.2ha (2000sq m). Soláthraítear iad de ghnáth mar na limistéir níos lú de spás oscailte poiblí laistigh d'fhorbraíocht chónaithe ach ní áirítear leo ciumhaiseanna féaraigh, stráicí caola plandála nó spás oscailte atá teagmhasach nó 'fágtha' tar éis na tógála. Soláthraíonn siad gníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla súgartha / áineasa do leanaí níos lú de ghnáth agus baineann feidhm shóisialta leo agus ó thaobh an amhairc de freisin. Áirítear spásanna cónaithe oscailte atá níos lú le 'Spásanna Glasa Taitneamhachta' mar a shainmhínítear sna Páirceanna agus Spás Oscailte.</p> <p>Ba cheart go mbeadh gach teach laistigh de 100m den chineál spás oscailte inrochtana seo nó de chineál spáis eile dá leithéid. Ní bheidh aon ranníocaí ina n-ionad inghlactha.</p>	Úsáidtear spásanna oscailte níos lú mar chéimeanna aistir laistigh de líonra níos leithne an BG.
Spásanna / Cearnóga Cathartha	<p>Bíonn na spásanna tábhachtacha seo ar mhéideanna éagsúla (a bhformhór ar mhéid níos lú ná 0.2ha) agus áirítear limistéir chathartha agus cearnóga margaidh agus limistéir eile ar a bhfuil dromchla crua nó bog leo. Comhlíonann siad feidhm ó thaobh na comharsanachta de agus deartar iad go ngluaisfidh coisithe orthu agus ar mhaithe leis an idirghníomhaíocht shóisialta i suíomhanna uirbeacha.</p>	Tá deiseanna ann chun luach na spásanna seo ó thaobh na bithéagsúlachta agus an BG de a láidriú trí ghnéithe <i>SuDS</i> agus crainn dhúchasacha agus nithe atá báúil le pailneoirí a chur.

8.7.3 Cainníocht an Spáis Oscailte Phoiblí

Tá raon leathan spásanna oscailte poiblí i gContae Bhaile Átha Cliath Theas atá dailte ar fud an Chontae. Tá limistéar comhlán an spáis oscailte poiblí sa Chontae os cionn 1500 heicteár agus bíonn éagsúlacht mhór i gceist leo ó thaobh a méide de agus charachtar a dtírdhreacha de. Lena chois sin, tá rochtain ag cónaitheoirí Chontae Bhaile Átha Cliath Theas ar fhlúirse limistéar de spásanna cónaithe oscailte níos lú lena mbaineann feidhm thaitneamhachta níos neamhfhoirmiúla, a rannchuidíonn le conairí glasa agus a bhreisíonn taitneamhacht limistéir ó thaobh an amhairc de ar an iomlán.

Is é 2.4 heicteár in aghaidh 1,000 duine an caighdeán foriomlán le haghaidh spás oscailte poiblí. Cuirfear sin i bhfeidhm maidir le gach forbraíocht lena mbaineann eilimint chónaithe. Laistigh den chaighdeán sin, tá céatadán shonraithe mar a leagtar amach i dTábla 8.2 a chaithfear a sholáthar ar an láithreán, mar choinníoll íosta. Ní dhéanfar foráil maidir le solúbthacht ina leith sin ach amháin i gcúinsí sainmhínithe eisceachtúla, mar a leagtar amach sna cuspóirí thíos.

Tábla 8.2: Caighdeán maidir le Spás Oscailte Poiblí

Úsáid Talún	Caighdeán maidir le Spás Oscailte Poiblí (caighdeán íosta)
Caighdeán Foriomlán	2.4 Ha in aghaidh 1,000 Duine
Forbraíocht Nua Chónaithe ar Chrios Tailte RES-N	15% d'achar limistéir ar a laghad
Forbraíocht Nua Chónaithe ar Thailte i gCriosanna eile lena n-áirítear úsáid mheasctha	10% d'achar limistéir ar a laghad
Tailte Institiúideacha / Láithreáin 'Amhantair'	20% d'achar limistéir ar a laghad

Maidir le tailte institiúideacha nó 'láithreáin amhantair', foirgnimh mhóra institiúideacha is mó a bhíonn i gceist leo atá suite i spás oscailte a d'fhéadfadh a bheith ar fáil mar thaitneamhacht don phobal níos leithne cheana féin. Le *Forbraíochtaí Cónaithe Inbhuanaithe i Limistéir Uirbeacha, Treoirlínte d'Údarás Phleanála* (2009), tá sé ina cheangal go bhforbrófar na láithreáin seo ar bhealach lena gcoinneofar a dtréithe oscailte agus moltar iontu gur cheart 20% d'achar an limistéir a chur i leataobh le haghaidh spás oscailte.

8.7.4 Spás Oscailte Poiblí a Sheachadadh agus Ranníocaí ina Ionad

Is é atá faoin gComhairle a dhéanamh i gcoitinne ná a chinntiú go soláthrófar spás oscailte poiblí íosta ar láithreán, laistigh den chriosú ábhartha, mar a leagtar amach faoi Thábla 8.2 Caighdeán maidir le Spás Oscailte Poiblí.

Féadfaidh an Chomhairle, i gcúinsí áirithe agus de réir a lánrogha féin, ceadú go lonnófar eilimint de spás oscailte lasmuigh den láithreán i gcás inar mó é ná na riachtanais íosta ar an láithreán. A mhalairt air sin, féadfaidh an Chomhairle, i gcúinsí áirithe agus de réir a lánrogha féin, ranníoc airgeadais a chinneadh in ionad an riachtanais iomláin maidir le spás oscailte poiblí, nó in ionad coda de, le haghaidh forbraíocht áirithe. Féadfaidh cásanna a bheith i gceist leis na cúinsí seo mar nach féidir riachtanais maidir le spás oscailte poiblí a chomhlíonadh go hiomlán nó go páirteach ar an láithreán mar gheall ar na nithe seo a leanas (cé nach bhfuil na cúinsí teoranta do na cásanna seo):

- bheadh an spás oscailte a sholáthrófaí chomh beag nárbh inmharthana é mar gheall ar mhéid, cruth, cumraíocht nó comhthéacs an láithreáin.
- B'fhearr a d'éascódh eilimint de sholáthar lasmuigh den láithreán leis an bhforbraíocht atá beartaithe agus d'fhágfadh sé go bhféadfaí an spás oscailte atá ann cheana a fheabhsú nó feabhsuithe a dhéanamh ar an Líonra BG atá lonnaithe i gcóngar an láithreáin.

Ríomhfar aon ranníoc in ionad spás oscailte poiblí i gcomhréir le *Scéim Ranníocaí Forbartha Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas* ama hullmhú faoi Alt 48, den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú).

PSO5 Cuspóir 4:

Éileamh go soláthrófar spás oscailte poiblí mar chuid de limistéar an láithreáin forbraíochta atá beartaithe i gcomhréir leis na Caighdeáin maidir le Spás Oscailte Poiblí (caighdeáin íosta) a leagtar amach i dTábla 8.2.

Tá sé de lánrogha ag an gComhairle, maidir lena bhfuil fágtha den riachtanas spáis oscailte, chun caighdeán foriomlán 2.4ha in aghaidh 1,000 duine a chomhlíonadh, ceadú go soláthrófar nó go n-uasghrádófar páirceanna beaga, páirceanna áitiúla agus páirceanna comharsanachta lasmuigh de limistéar an láithreáin forbraíochta, faoi réir an spás oscailte nó na háiseanna a bheith ag comhlíonadh na gcaighdeán maidir le spás oscailte 'inrochtaineacht ó áiteanna cónaithe' i dtaca le gach cineál spáis oscailte phoiblí a leagtar amach i dTábla 8.1

I gcúinsí eisceachtúla i gcás nach inbhainte amach páirceanna beaga, páirceanna áitiúla ná páirceanna comharsanachta beaga a sholáthar nó a uasghrádú, tá sé de lánrogha ag an gComhairle, maidir lena bhfuil fágtha den riachtanas spáis oscailte, ceadú go soláthrófar nó go n-uasghrádófar Páirceanna Réigiúnacha, chun caighdeán foriomlán an 2.4ha in aghaidh 1,000 duine a chomhlíonadh, faoi réir an Pháirc Réigiúnach a bheith ag comhlíonadh an chaighdeáin maidir le spás oscailte 'inrochtaineacht ó áiteanna cónaithe' a leagtar amach i dTábla 8.1.

PSO5 Cuspóir 5:

Éileamh go soláthrófar spás oscailte poiblí mar chuid de limistéar láithreáin forbraíochta atá beartaithe i gcomhréir leis na Caighdeáin maidir le Spás Oscailte Poiblí (caighdeáin íosta) a leagtar amach i dTábla 8.2.

Tá sé de rogha ag an gComhairle glacadh le ranníoc airgeadais in ionad aon riachtanais atá fágtha maidir le spás oscailte chun caighdeán foriomlán an 2.4ha in aghaidh 1,000 duine a chomhlíonadh, agus an ranníoc sin á choinneáil chun páirceanna beaga, páirceanna áitiúla agus páirceanna comharsanachta a fháil nó a uasghrádú agus chun na críche sin amháin, faoi réir an spás oscailte nó na háiseanna a bheith ag comhlíonadh na gcaighdeáin maidir le spás oscailte 'inrochtaineacht ó áiteanna cónaithe' i dtaca le gach cineál spáis oscailte phoiblí a shonraítear i dTábla 8.1. I gcúinsí eisceachtúla i gcás nach inbhainte amach páirceanna beaga, páirceanna áitiúla ná páirceanna comharsanachta a sholáthar nó a uasghrádú, tá sé de rogha ag an gComhairle, glacadh le ranníoc airgeadais in ionad a bhfuil fágtha den riachtanas spáis oscailte, go gceadófar soláthar nó uasghrádú Páirceanna Réigiúnacha, faoi réir an Pháirc Réigiúnach a bheith ag comhlíonadh an chaighdeáin maidir le spás oscailte 'inrochtaineacht ó áiteanna cónaithe' a shonraítear i dTábla 8.1.

I gcás ina nglacfaidh an Chomhairle le ranníocaí airgeadais in ionad spás oscailte, ríomhfar an ranníoc iomlán ar bhonn na gcostas a leagtar amach sa Scéim Ranníocaí Forbraíochta is infheidhme, le cois chostais forbraíochta an spáis oscailte.

PSO5 Cuspóir 6:

Éileamh go mbeidh na ríomhanna maidir le spás oscailte poiblí bunaithe ar ráta áitiúchta 3.5 duine i gcás áitreabh ina bhfuil trí sheomra leapa nó níos mó agus 1.5 duine i gcás áitreabh ina bhfuil dhá sheomra leapa nó níos lú.

PSO5 Cuspóir 7:

Ranníoc pro rata a éileamh, faoi lánrogha an Údaráis Phleanála, in ionad spás oscailte poiblí a sholáthar i gcás nach féidir spás oscailte poiblí feidhmiúil a sholáthar ar láithreán mar gheall ar mhéid bheag, cumraíocht nó suíomh forbraíochta áirithe nó ar láithreáin ag a bhfuil níos lú ná trí aonad.

8.7.4 Cáilíocht an Spáis Oscailte Phoiblí

Rud atá ina eilimint bhuntábhachtach den chomhfhorbairt áite is ea spás oscailte poiblí d'ardchaighdeán a sholáthar a dhearf, a lonnófar agus a dhéanfar a chothabháil go cuí. Ba cheart luach a bheith ag gach spás oscailte poiblí ó thaobh áineas gníomhach agus éighníomhach agus ba cheart dó féiniúlacht agus taitneamhacht limistéir a bhreisiú. Le *Forbraíochtaí Cónaithe Inbhuanaithe i Limistéir Uirbeacha, Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla* (2009), éilítear ar Údaráis Phleanála béim níos mó a chur ar cháilíocht an spáis oscailte phoiblí.

Rochtain

Ba cheart rochtain a bheith ag gach limistéar comharsanachta ar raon spásanna oscailte poiblí foirmiúla agus neamhfoirmiúla le haghaidh taitneamhachta, áineasa, spórt agus súgartha. Ba cheart spásanna oscailte poiblí a dheardh agus a lonnú go mbeidh siad inrochtana go poiblí ar bhealaí inbhuanaithe cosúil le siúl, rothaíocht agus iompar poiblí ag brath ar an gcineál spáis oscailte agus ba cheart dóibh a bheith inúsáidte ag cónaitheoirí uile an Chontae. Ba cheart pointí rochtana leordhóthanacha a sholáthar chuig spásanna oscailte go n-íoslaghdófar achair chuig na limistéir ar a

bhfreastalaíonn siad. A mhéid agus is féidir, ba cheart spásanna oscailte a nascadh le chéile chun a luach ó thaobh na taitneamhachta de a mhéadú, iompar gníomhach eartarthu a spreagadh agus chun éascú le líonra an bhonneagair ghlais. Ba cheart ballaí leanúnacha agus bacainní eile idir spásanna oscailte poiblí a sheachaint.

Áiseanna Áineasa

Ba cheart spás oscailte poiblí a dhearadh chun áineas ilghnéitheach, idir ghníomhach agus éighníomach, a thairiscint a bheidh inrochtana ag cách, beag beann ar aois ná ar chumas. Ní ghlacfar le limistéir spáis oscailte theagmhasacha mar chuid de spás oscailte feidhmiúil chun críche ríomhanna. Tá rún daingean ag an gComhairle leanúint ar aghaidh le cáilíocht agus soláthar na n-áiseanna áineasa a fheabhsú go leanúnach trí Straitéis na Comhairle maidir le Páirceanna agus Spásanna Oscailte a chur chun feidhme (le teacht, 2021), *Clár Spáis do Dhéagóirí (2021)* agus *Straitéis um Pháirceanna Spórt (2020)* (agus aon straitéis a thiocfaidh ina n-ionad). Lena chois sin, faoin *gClár Spáis Súgartha (2014-2020)*, sholáthair an Chomhairle spásanna súgartha nuálacha bunaithe ar an súgradh nádúrtha i bpáirceanna agus i spásanna oscailte poiblí ar fud an Chontae. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le foráil a dhéanamh maidir leis an súgradh mar chuid de chláir amach anseo agus leanfaidh ar aghaidh freisin le bheith ag éileamh ar fhorbróirí foráil a dhéanamh maidir leis an súgradh mar chuid d'fhorbraíochtaí cónaithe agus ilchineálacha freisin.

Bonneagar Glas, Bithéagsúlacht agus Bainistíocht Inbhuanaithe an Uisce

Ba cheart páirceanna agus spásanna oscailte a lonnú go nascfar le chéile iad chun conairí glasa a chruthú agus chun a bhfeidhm mar bhonneagar glas a bharrfheabhsú. Ba cheart crainn, fála scean agus sruthchúrsaí atá ann cheana a choinneáil chun suíomh nádúrtha páirceanna agus spásanna oscailte a uasmhéadú. Ba cheart speicis nádúrtha agus speicis a bheidh báuil do phailneoirí a bheadh i gceist le plandáil. Ba cheart bainistíocht inbhuanaithe an uisce i bhfoirm ghnéithe cosúil le bogaigh lánpháirtithe thógtha, locháin, claiseanna reatha agus abhantracha a chuimsiú laistigh de spásanna oscailte poiblí agus ba cheart dóibh cur le luach na spásanna ó thaobh na taitneamhachta agus na bithéagsúlachta de (ar bhealach a oirfidh don leibhéal laistigh den ordlathas spáis oscailte phoiblí).

Inrochtaineacht

Ba cheart bearta atá báuil do dhaoine ó thaobh na haoise de agus an mhíchumais de a chuimsiú i ndearadh agus i leagan amach foriomlán spásanna oscailte poiblí, cosúil le faisnéis chuí a sholáthar, mar aon le dromchlaí oiriúnacha ar chosáin agus suíochánra ag eatraimh chuí nó cineálacha stopanna scithe eile. Ba cheart áiseanna, trealamh agus ábhair faisnéise a bheith inrochtana do chách beag beann ar aois ná ar chumas.

Sábháilteacht

Ba cheart d'úsáideoirí mothú go bhfuil spás oscailte poiblí sábháilte dóibh agus ba cheart maoirseacht leordhóthanach a bheith ann trí fhaireachán éighníomhach (m.sh. fuinneoga lena mbreathnaítear ar an spás; cosáin, rotharbhealaí agus sráideanna a ritheann trí nó taobh leis an spás, srl.). Ba cheart do pháirceanna agus do spásanna atá níos lú a bheith infheicthe agus inrochtana don líon aonad cónaithe is mó is féidir. Ba cheart teorainneacha, soilsiú poiblí agus plandáil a dhearadh go cúramach chun braistint slándála a chruthú agus deiseanna le haghaidh iompar míshóisialta a sheachaint. Ba cheart pointí rochtana ar pháirceanna a uasmhéadú chun an úsáid a mhéadú agus an tsábháilteacht a fheabhsú dá bharr. Ba cheart nach n-áireofaí spás oscailte sceirdiúil agus neamh-inrochtana atá déanta de stráicí caola, tailte cúil, stráicí teagmhasacha nó 'fágtha' tar éis na tógála i ndearadh aon scéim ar bith.

PSO5 Cuspóir 8:

Cinntiú go mbeidh dearadh páirceanna agus limistéir spáis oscailte phoiblí d'ardchaighdeán; suíomh taitneamhach a sholáthar, freastal ar úsáid ag daoine ar gach aois agus cumas, tacú le gníomhaíocht agus dea-shláinte is folláine ar feadh an tsoil trí mheascán cothrom a sholáthar d'áineas gníomhach agus éighníomhach agus rochtain ar, nó amharc ar, an dúlra, trí chinntiú go mbreithneofar na nithe seo a leanas leis an dearadh:

- meascán cuí de limistéir faoi dhromchla crua agus faoi dhromchla bog a sholáthar;
- an bhithéagsúlacht agus crainn agus fála scean atá ann cheana a bhreisiú;
- sruthchúrsaí, gnéithe nádúrtha eile agus oidhreacht thógtha atá ann cheana a chuimsiú i ndearadh páirceanna agus spásanna oscailte de réir mar is cuí;
- plandáil nua, tréithe tírdhreacha nua agus troscán cuí láithreáin a sholáthar lena n-áirítear suíochánraí ilghnéitheach a bheidh inrochtana, dea-lonnaithe agus dea-dheartha.



PSO5 Cuspóir 9:

Cinntiú go lonnófar páirceanna agus spás oscailte poiblí go cuí laistigh den Chontae agus laistigh de láithreáin forbraíochta, chun éascú agus tacú lena ról ilfheidhmeach.



PSO5 Cuspóir 10:

Tacú agus éascú le ról buntábhachtach na bpáirceanna agus na spásanna oscailte i ndáil leis an mbonneagar glas lena n-áirítear córais dhraenála inbhuanaithe (*SuDS*), bainistíocht tuilte, bithéagsúlacht agus ionsú carbóin agus naisc a chur chun cinn idir spásanna oscailte poiblí agus an líonra BG níos leithne.



PSO5 Cuspóir 11:

Ról na bpáirceanna agus na spásanna oscailte a chur chun cinn maidir leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú de réir chuspóirí an *Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht* (2017-2021) agus an *Phlean um Pailneoirí Uile-Éireann 2021-2025*, *Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht 2020-2026* na Comhairle nó aon phleananna a thiocfaidh ina n-ionad. Maidir le pleananna bainistíochta aonair a fhorbairt le haghaidh páirceanna, cuirfear riachtanais na bpleananna um bithéagsúlacht agus um pailneoirí réamhluaite san áireamh agus déanfaidh siad páirt de na riachtanais bainistíochta le haghaidh na páirce. Beidh comhairliúchán le páirtithe leasmhara áitiúla san áireamh le forbairt phleananna bainistíochta aonair le haghaidh páirceanna.



PSO5 Cuspóir 12:

Cinntiú nach nglacfar le bearta *SuDS* atá beartaithe ach mar eilimint den spás oscailte poiblí i gcás ina mbeidh siad i bhfoirm nádúrtha agus lánpháirtithe go maith i dtírdhreach an spáis oscailte agus ag tacú le luach níos leithne ó thaobh na taitneamhachta agus na bithéagsúlachta de.



PSO5 Cuspóir 13:

Cinntiú go bhfreastalófar ar raon leathan gníomhaíochtaí áineasa agus taitneamhachta le páirceanna agus spásanna oscailte a bheidh sorochtana do gach duine sa phobal, beag beann ar aois ná ar chumas.

PSO5 Cuspóir 14:

Cinntiú go mbeidh spás oscailte poiblí agus áiseanna áineasa gaolmhara inrochtana de shiúl na gcos, ar rothar agus ar iompar poiblí, de réir mar a oireann dá suíomh laistigh den ordlathas spáis oscailte a leagtar amach i d Tábla 8.1.

**PSO5 Cuspóir 15:**

Tacú leis an áineas éighníomhach a fhorbairt laistigh de spásanna oscailte, cosúil le conairí siúil, soláthar suíochánra agus limistéir lena bhfreastalaítear ar thaitneamhacht éighníomhach / ar chaitheamh aimsire, agus ar nithe is inspéise ó thaobh amhairc de.

**PSO5 Cuspóir 16:**

Cinntiú go ndearfar páirceanna agus spásanna oscailte poiblí go cúramach mar spásanna sábháilte, trí na bearta seo a leanas a chur chun feidhme:

- Éadanais ghníomhacha a sholáthar agus faireachán éighníomhach a uasmhéadú ó thithíocht agus/nó ó bhealaí poiblí in aice láimhe;
- Foirgnimh a chur as an áireamh a bhfuil a gcúil nó éadain a mbeann le spásanna oscailte poiblí;
- Aonaid ar chúinní a dhearadh ina mbeidh éadanas gníomhach;
- Úsáid mhéadaithe a spreagadh trí rochtain fheabhsaithe agus trí cháilíocht na n-áiseanna agus
- Ábhair na ndromchlaí agus troscán na láithreán a lonnú, a dhearadh agus a roghnú go cúramach.

**PSO5 Cuspóir 17:**

Cinntiú nach ndearfar limistéir theagmhasacha de spás oscailte ina gcuid de scéim atá molta i gcás nach bhfeidhmíonn na limistéir mar spás oscailte inúsáidte agus/nó nach bhfuil infheicthe go soiléir ón réimse poiblí.

PSO5 Cuspóir 18:

Cinntiú nach n-áireofar limistéir theagmhasacha de spás oscailte agus limistéir atá díreach faoi bhun línte leictreacha ardvoltais i ríomhanna maidir le spás oscailte.

8.7.5 Áiseanna Súgartha

Ba cheart do leanaí rochtain a bheith acu ar dheiseanna súgartha lasmuigh atá sábháilte, slán agus inrochtana óna n-áiteanna cónaithe. Áirítear clóis súgartha thraidisiúnta, ag a bhfuil trealamh súgartha foirmiúil, le limistéir shúgartha leanaí mar aon le spásanna súgartha nádúrtha ina bhfuil gnéithe nádúrtha lena gcuirtear súgradh neamhfhoirmiúil chun cinn. Maidir leis sin, seachadadh spásanna súgartha nádúrtha i bpáirceanna agus i spásanna oscailte le *Clár Spáis Súgartha* nuálach na Comhairle (2014-2020) i bpáirceanna agus i spásanna oscailte ag suíomhanna gar do limistéir chónaithe ar fud an Chontae.

Éileoidh an Chomhairle go soláthrófar limistéir shúgartha leanaí mar dhlúthchuid de dhearadh agus de sheachadadh forbraíochtaí nua cónaithe agus ilchineálacha, rud ar a dtugtar aghaidh mar chuid de phlean tírdhreacha, de réir na riachtanas íosta a leagtar amach i gCaibidil 13: *Cur Chun Feidhme agus Monatóireacht*.

PSO5 Cuspóir 19:

Tacú le soláthar limistéar súgartha foirmiúil agus neamhfhoirmiúil ina mbeidh trealamh agus áiseanna cuí, lena gcuimseofar deiseanna súgartha bunaithe ar an dúlra i gcás inar cuí, laistigh d'fhorbraíochtaí nua cónaithe agus de pháirceanna nua agus de spásanna oscailte poiblí nua, á chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais aoisghrúpaí difriúla lena n-áirítear leanaí óga, leanaí níos sine agus déagóirí, agus go gcuirfear cumais agus riachtanais dhifriúla san áireamh go mbeidh siad in ann súgradh a rochtain agus páirt a ghlacadh ann, agus cinntiú go gcomhlíonfaidh spásanna súgartha agus áiseanna súgartha prionsabail i dtaca le dearadh uilíoch.

PSO5 Cuspóir 20:

Cinntiú go soláthrófar limistéir shúgartha leanaí mar dhlúthchuid de dhearadh agus de sheachadadh forbraíochtaí nua cónaithe agus ilchineálacha agus go dtabharfar aghaidh orthu mar chuid de phlean tírdhreacha i gcomhréir leis na riachtanais a leagtar amach i gCaibidil 13: Cur Chun Feidhme agus Monatóireacht.

PSO5 Cuspóir 21:

Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas súgartha na Comhairle laistigh de shaolré an Phlean Forbartha.

PSO5 Cuspóir 22:

Na hacmhainní fóillíochta agus taitneamhachta a thairgeann gach ceann de pháirceanna an Chontae a uasmhéadú trí phleananna bainistíochta a chur chun cinn lena ndéantar foráil maidir le suíomh na páirce, áiseanna áineasa agus bithéagsúlacht a fheabhsú go leanúnach.

PSO5 Cuspóir 23:

Tréithe oscailte an limistéir spáis oscailte atá ann cheana ar Chnoc na hEascrach (idir Gleanntán an tSrutháin agus Plásóga na hEascrach) a choinneáil.

PSO5 Cuspóir 24:

Go leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le bheith ag tabhairt sheachadadh na n-áiseanna leithris i bpáirceanna chun cinn i gcomhar le seachadadh an bhonneagair thógtha i bpáirceanna agus spásanna oscailte (cosúil leis an tsamhail atá beartaithe le haghaidh Áis Idirghlúine Pháirc Thigh Motháin agus Pháirc Airlie) agus i gcomhréir le toradh aon staidéir indéantachta faoina dtabharfar i ndáil le leithris phoiblí a sholáthar.

PSO5 Cuspóir 25:

Leanúint ar aghaidh le spásanna súgartha nuálacha a sholáthar, lena n-áirítear limistéir shúgartha na gcéadfaí agus conairí súgartha, i bpáirceanna agus i spásanna oscailte ar fud an Chontae agus na tráthanna is ciúine agus is gnóthaí ag clóis súgartha na Comhairle a shainithint agus an fhaisnéis sin a chomhroinnt ionas go mbeidh sí úsáideach do chuariteoirí chun gur féidir leo tráthanna ciúine agus clóis súgartha níos ciúine a shainithint agus a gcuid cuairteanna a phleanáil dá réir.

PSO5 Cuspóir 26:

Tacú agus éascú le páirc chuimhneacháin a sholáthar i gcuimhne ar mharthanóirí uile na nInstitiúidí Máithreacha agus Naíonán agus Contae.

PSO5 Cuspóir 27:

Éascú le cóilíneacht beachlainne a sholáthar laistigh de Leamhcán, Baile Adaim faoi réir a lonnaithe in áit chuí agus a deartha go cuí ó thaobh na taitneamhachta poiblí de.

PSO5 Cuspóir 28:

Inrochtaineacht níos fearr a sheachadadh d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí i bpáirceanna, i gcás na dtréithe uile (cosáin, troscán, taitneamhachtaí na gcéadfaí agus áineasa srl), lena n-áirítear seiceáil go gcomhlíonfar prionsabail i dtaca le dearadh uilíoch mar chuid den phróiseas deartha.

PSO5 SLO 1:

Talamh a shainaithint agus a chur i leataobh, lena gcinnteofar go seachadófar candam an spáis oscailte laistigh de limistéar ginearálta Pháirc Chomharsanacht an Bhurgáiste Theas mar a sainithníodh i *bPlean Limistéir Áitiúil an Chaisleáin Nua* (2012), agus leanúint le gach modh chun sin a bhaint amach lena n-áirítear idirghníomhú réamhghníomhach le páirtithe leasmhara agus trí na hiarratais pleanála lena déanfar difear don limistéar seo a bhreithniú.

PSO5 SLO 2:

Éileamh go soláthrófar spás oscailte poiblí agus cinntiú go n-éascófar, le lonnú, leagan amach agus dearadh an spáis oscailte phoiblí, páirc spórt a sheachadadh chun éascú leis an ilúsáid laistigh de thailte an Bhóthair Bhuí sa chuid ó dheas de thailte Phlean Limistéir Áitiúil Bhaile Uí Fhoirtcheirn, i gcomhuain leis an bhforbraíocht chónaithe atá ceadaithe ar na tailte seo.

PSO5 SLO 3:

Go n-ainmneofar an limistéar ar dhá thaobh Shruth Bhaile an Fhaoitigh/Shruth Ráth Miontáin agus an Sruth féin san áireamh idir Eastát Chluain Mhór ar thaobh amháin agus Eastáit Bhán an Bhábhuin agus Dhrom Cara ar an taobh eile agus ó Bhóthar Ráth Miontáin chuig an N81, mar Pháirc Áitiúil/Spás Oscailte agus go dtabharfar tús áite i gcaitheamh shaolré an phlean d'uasghrádú athghlasú an limistéir agus do chosaint an tsruthchúrsa a ritheann tríd, lena n-áireofar úsáideanna idirghlúine an spáis cosúil le trealamh aclaíochta lasmuigh. Athghlasú an limistéir le bheith de réir chur chun feidhme Straitéis Chontae Bhaile Átha Cliath Theas maidir le Páirceanna agus Spás Oscailte.

PSO5 SLO 4:

Limistéir phobail a sholáthar do Shráidbhaile an Chaisleáin Nua agus spás chun imeachtaí pobail a reáchtáil, Plás Sráidbhaile.

8.8 Áiseanna Cúraim Sláinte

Le soláthar cúraim sláinte, cuimsítear raon seirbhísí idir lialanna liachleachtóirí ginearálta ar scála beag agus ionaid chúraim phríomhúil agus ospidéil. Rud atá ina chuid lárnach d'fhís Shláintecare (clár an Rialtais chun seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a athrú ó bhonn) is ea gluaiseacht chuig a oiread cúraim agus is féidir a sholáthar a chónaraí do áiteanna cónaithe daoine agus is féidir, ionas nár cheart go mbeadh ar dhaoine dul chuig an ospidéal ach i gcás ina mbeidh fíorriachtanas dosheachanta leis.

Le Tuarascáil na Roinne Sláinte i dtaca le *Dul Chun Cinn maidir le hIonaid Chúraim Phríomhúil* (2019), deirtear go bhfuil *'an rochtain ar raon seirbhísí sláinte d'ardchaighdeán, ar aon dul le Sláintecare agus i gcoibhneas le scála réigiúin, cathrach, baile, comharsanachta nó pobail, ar an rud is sainiúlaí a bhaineann le háiteanna tarraingteacha, rathúla agus iomaíocha'*. Tá córas cúraim sláinte na hÉireann dírithe ar an soláthar ospidéil agus ní oireann sé do na hathruithe atá ag

teacht ar phróifíl dhéimeagrafach agus ar riachtanais sláinte na tíre, ina maireann daoine níos faide ach ina bhfuil fadhbeanna ainsealacha níos forleithne. Maidir le hIonaid Chúraim Phríomhúil (ICP), tá sé d’aidhm leo cúram lánpháirtithe a sheachadadh trí aon pointe rochtana amháin a sholáthar don duine, agus trí chomhordú agus trí chomhoibriú níos dlúithe a éascú idir lucht oibre gairmiúil sláinte as disciplíní difriúla.

Le Foireann an Ionaid Chúraim Phríomhúil, is é liachleachtas ginearálta, altranas sláinte poiblí, teiripe shaothair, fisiteiripe agus teiripe urlabhra agus theanga a bhíonn i gceist léi de ghnáth, lena dtacaítear le daonraí ina bhfuil thart faoi 7,000-10,000 duine. Treoraítear soláthar na nIonad ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) lena hanailís ar riachtanais agus tugtar tús áite do limistéir dhíothachta uirbí agus tuaithe ó thaobh na forbartha de. Tá aidhmeanna cosúil leis sin i gClár Lánpháirtithe FSS do Dhaoine Scothaosta go sonrach do dhaoine scothaosta agus féachtar leis gluaiseacht ar shiúl ó shealanna san ospidéal go dtí cúram leanúnach agus fadtéarmach a chónaraí d’áit chónaithe duine agus is féidir. Tá Ciste Comhtháthaithe Sláintecare ag tacú le tionscadail lena gcabhraítear le daoine scothaosta rochtain ar a thuilleadh cúraim ina bpobal, trína liachleachtóir ginearálta, a nIonad Sláinte Áitiúil, a nIonad Cúraim Phríomhúil, nó ó sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta eile agus ó sheirbhísí pobail agus dheonacha eile. Le *Sláintecare*, dírónn na tionscadail ar chúram a thabhairt don duine agus ar sheirbhísí a cheangal idir ospidéal agus sa phobal, ionas gur féidir le daoine fanacht sláintiúil ina bpobail a fhaide agus is féidir.

Ospidéal mór náisiúnta is ea Ospidéal Ollscoile Thamhlachta laistigh d’ionad bhaile Thamhlachta. Ospidéal oiliúna atá ann atá ina chomhpháirtí acadúil le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Rinneadh leathnú suntasach ar an ospidéal ó 2016 agus is é ceann de na hionaid satailíte é le haghaidh Ospidéal Náisiúnta na Leanaí.

Déanfar tograí a bhaineann le háiseanna sláinte a mheasúnú ar a bhfiúntais féin ach ba cheart dóibh ordlathas áitiúchá an Chontae a léiriú maidir le suíomh agus scála. Ar dheireadh, tá soláthar na seirbhísí cúraim sláinte i gContae Bhaile Átha Cliath Theas d’fhreagracht ar FSS.

Beartas PSO6: Áiseanna Cúraim Sláinte

Tacú le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ina haidhm rochtain a sholáthar ar raon seirbhísí sláinte d’ardchaighdeán, ar aon dul le *Sláintecare* agus i gcoibhneas le scála gach lonnaíochta agus pobail, agus éascú le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha eile, agus leis an earnáil phríobháideach chun áiseanna agus seirbhísí sláinte a sholáthar, lena n-áirítear córas an chúraim ospidéal agus soláthar áiseanna cúraim príomhúil pobalbhunaithe a oirfidh do mhéid agus do scála gach lonnaíochta.

PSO6 Cuspóir 1:

Éascú le cúram pobalbhunaithe a fhorbairt lena n-áirítear ionaid chúraim sláinte príomhúil, ospidéal, clinicí, agus áiseanna chun freastal ar riachtanais shonracha daonra atá ag dul in aois i limistéir uirbeacha chuí i gcomhréir le croístraitéis an Phlean Forbartha agus na straitéise lonnaíochta, i gcomhréir le RPO 9.23 den SRSE.

PSO6 Cuspóir 2:

Áiseanna cúraim sláinte ar scála cuí a chur chun cinn, le soláthar i bpobail nua ar bhonn céimnithe agus i gcomhar le seachadadh na tithíochta, i gcomhréir le ceanglais chéimniúcháin na bPleananna Limistéir Áitiúil agus na Scéimeanna Pleanála ceadaithe agus i suíomhanna a bheidh inrochtana ag daoine ar iompar poiblí, de shiúl na gcos agus ar an rothar.

**PSO6 Cuspóir 3:**

Tacú le háiseanna cúraim sláinte a bheidh scálaithe go cuí a sholáthar laistigh de lonnaithe atá ann cheana, i suíomhanna a bheidh inrochtana ag daoine ar iompar poiblí agus le bonneagar sábháilte siúil agus rothaíochta.

**PSO6 Cuspóir 4:**

Tacú le háiseanna cúraim sláinte phríomhúil a sholáthar le gníomhaireachtaí ábhartha, i gcomhréir leis an gcaighdeán go mbeidh aon áis amháin ann in aghaidh 7,000-10,000 duine mar atá sainaitheanta ag FSS agus ag an Roinn Sláinte.

PSO6 SLO 1:

Idirghníomhú le páirtithe leasmhara agus imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht cóiríocht do sheanáirí a sholáthar ar láithreán Ionad Sláinte Ráth Cúil (struchtúr faoi chosaint RPS 316), á chinntiú go mbeidh aon fhorbraíocht amach anseo cuí, agus lánaird á tabhairt ar shuíomh agus ar shláine an struchtúir faoi chosaint, ar lonnú an láithreáin laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta Ráth Cúil, agus ar thaitneamhachtaí na tithíochta atá taobh leis agus ar úsáideanna eile talún.

8.9 Áiseanna Cúraim agus Oideachais Luath-óige

Tacaíonn Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas le bonneagar cúraim leanaí agus oideachais luath-óige inrochtana d'ardchaighdeán a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe sa Chontae. Glactar leis go gcuimsítear cúram lánlae, áiseanna seisiúnacha agus seirbhísí iarscoile le háiseanna cúraim leanaí.

Leis na *Treoirlínte d'Údarás Phleanála maidir le hÁiseanna Cúraim Leanaí, Roinn Comhshaoil, Oidhreacht & Rialtais Áitiúil* (2001), táthar ar son ról réamhghníomhach a bheith ag an Údarás Pleanála maidir le soláthar méadaithe cúraim leanaí a chur chun cinn. Cosúil leis sin, le Litir Chiorclán PL 3/2016 (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2016), tugtar de chomhairle d'Údarás Phleanála dlús a chur le hiarratais phleanála le haghaidh áiseanna cúraim leanaí chun eascú leis an earnáil cúraim leanaí a leathnú mar fhreagairt ar leathnú na Scéime Cúraim agus Oideachais Luath-óige (SCOL) in 2016. Ar mhaithe le pobail inbhuanaithe a chothú, cuirtear chun cinn leis na Treoirlínte maidir le hÁiseanna Cúraim Leanaí soláthar na n-áiseanna cúraim leanaí ag suíomhanna oiriúnacha lena n-áirítear limistéir chónaithe, ionaid fostaíochta, forais oideachais, ionaid bhaile, sráidbhaile, cheantair agus áitiúla, agus i limistéir atá áisiúil ó thaobh iompar poiblí de.

Bíonn sé deacair measúnú a dhéanamh ar riachtanais chúraim leanaí réamhscoile ar bhonn fadtéarmach mar gheall ar a mbíonn i gceist leis an éileamh agus é ag éabhlóidiú le himeacht aimsire bunaithe ar fhachtóirí cosúil le próifíl daonra limistéir, coinníollacha an mhargaidh, beartas an rialtais agus leibhéal na hidirghabhála ón stát.

Dá ainneoin sin, aithnítear go bhfuil gá le soláthar pleanáilte i bpobail nua mar nach bhfuil aon bhonneagar ann faoi láthair. Féachfaidh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas le soláthar bonneagair inrochtana d'ardchaighdeán a sholáthar ag suíomhanna cuí trí riachtanais bunaithe ar limistéir i bpobail nua a chomhcheangal le soláthar a threoraítear de réir an mhargaidh i limistéir atá níos fadbhunaithe. Éascófar le cúram leanaí agus oideachas luath-óige ar scála beag laistigh de limistéir chónaithe i gcás inar féidir chun chun taitneamhacht chónaithe a chosaint ó thionchair fhéideartha lena n-áirítear torann, trácht agus saincheisteanna ó thaobh páircéala de.

Beartas PSO7: Áiseanna Cúraim Leanaí

Tacú agus éascú le háiseanna inrochtana d'ardchaighdeán a sholáthar ag suíomhanna oiriúnacha laistigh den Chontae i gcomhairle le Coiste Cúraim Leanaí an Chontae.

PSO7 Cuspóir 1:

Tacú agus éascú le háiseanna cúraim leanaí a sholáthar ar shuíomhanna dea-lonnaithe laistigh de nó gar do limistéir fhoirgnithe atá ann cheana, lena n-áirítear láithreáin atá in aice le láithreáin scoile, agus laistigh de limistéir fostaíochta mar a bhfuil an timpeallacht cuí, agus foráil á déanamh chun iompar inbhuanaithe a spreagadh, i gcomhréir le *NPO 31 den NPF*.



PSO7 Cuspóir 2:

Éileamh go soláthrófar áiseanna cúraim leanaí cuí mar chuid bhunriachtanach d'fhorbraíochtaí nua cónaithe i gcomhréir le forálacha na *d'Treoirilinte d'Údarás Phleanála maidir le háiseanna Cúraim Leanaí (2001)* nó aon treoirilinte a thiocfaidh ina n-ionad, nó de réir mar a éilíonn an tÚdarás Pleanála. Moltar leis na Treoirilinte go mbeidh aon áis amháin le haghaidh cúraim leanaí ann, ina mbeidh 20 áit ar a laghad le haghaidh gach 75 aonad i gcomhair forbraíochtaí nua cónaithe, agus go dtabharfar údar le haon athrú ar an gcaighdeán sin ag féachaint d'fhachtóirí cosúil le cineál na n-aonad cónaithe, an phróifíl dhéimeagrafach atá ag teacht chun cinn agus infhaighteacht seirbhísí cúraim leanaí atá sa chongar cheana féin.

PSO7 Cuspóir 3:

Éileamh go soláthrófar áiseanna leanaí i bpobail nua i gcomhar le seachadadh na forbraíochta cónaithe, agus, i gcás inarb infheidhme Plean Limistéir Áitiúil nó Scéim Pleanála, i gcomhréir le ceanglais chéimniúcháin an phlean/na scéime sin.

PSO7 Cuspóir 4:

Tacú le hinfheistíocht i bhforbairt inbhuanaithe sheirbhísí cúraim leanaí an Chontae mar dhlúthchuid de sholáthar an bhonneagair shóisialta, lena n-áirítear tacaíocht don Scéim Cúraim Leanaí Inacmhainne; lena gcinntear cáilíocht agus soláthar áiseanna cúraim leanaí leordhóthanacha; agus tacaíocht do thionscnaimh faoi Straitéis Luath-óige tras-Rialtais, i gcomhréir le *RPO 9.20 den SRSE*.

PSO7 Cuspóir 5:

Tacú le háiseanna cúraim leanaí ar scála beag a sholáthar i limistéir chónaithe faoi réir na gcoimircí cuí chun taitneamhachtaí an limistéir a chosaint, ag féachaint do thruailliú ó thorann agus trácht is páirceáil a bhainistiú.

PS07 Cuspóir 6:

Tacú le soláthar áiseanna cúraim leanaí laistigh de nó comhlonnaithe le foirgnimh phobail, cosúil le hionaid phobail agus scoileanna



8.10 Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna

Tá ról lárnach ag áiseanna oideachais le himirt maidir le pobail inbhuanaithe chothroma a fhorbairt. Is ar an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) atá an fhreagracht as áiseanna agus seirbhísí oideachais a sheachadadh. D'oibrigh an Chomhairle go dlúth le ROS ó 2012 faoi Mheabhrán Tuisceana (MT) a comhaontaíodh go náisiúnta, chun láithreáin a shainaithint agus a fháil ar bhonn réamhghníomhach le haghaidh bunscoileanna nua agus iar-bhunscoileanna nua agus chun tacú le Clár Tógála Scoileanna na Roinne. Déantar foráil leis an gClár Tógála Scoileanna reatha maidir le hinfheistíocht shuntasach i bhfoirgnimh scoile faoi Thionscadal Éireann 2040 agus leanfaidh sé ar aghaidh le scoileanna a sholáthar sa Chontae.

I rith na tréimhse 2016-2020, tógadh na scoileanna seo a leanas:

Tábla 8.3: Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna a tógadh idir 2016 - 2020

Ainm Scoile	Cineál Scoile	Suíomh	Limistéar Comharsanachta
Scoil Náisiúnta Phobail Leamhcáin	Bunscoil	An Grífin, Leamhcán	Leamhcán/Baile Adaim, Baile Phámar
Scoil Speisialta Ospidéal Stewarts	Bunscoil	Baile Gadaí, Leamhcán	Leamhcán/Baile Adaim, Baile Phámar

Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim le Chéile Iarthar na Cathrach	Bunscoil	Lána Bhaile Uí Fhoirtcheirn	Iarthar na Cathrach/Ráth Cúil/ Teach Sagard/An Caisleán Nua
Scoil Náisiúnta Phobail Iarthar na Cathrach & Theach Sagard	Bunscoil	Lána Bhaile Uí Fhoirtcheirn	Iarthar na Cathrach/Ráth Cúil/ Teach Sagard/An Caisleán Nua
Scoil Aoife, Iarthar na Cathrach	Bunscoil	Iarthar na Cathrach	Iarthar na Cathrach/Ráth Cúil/ Teach Sagard/ An Caisleán Nua
Scoil Chaitlín Maude	Bunscoil	Coillte Leamhain	Tamhlacht
Coláiste Pobail Choill an Rí	Iar-Bhunscoil	Coill an Rí	Tamhlacht
Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim le Chéile Theach na Giúise	Bunscoil	Teach na Giúise	Teach Mealóg/Baile Bhailcín/Ráth Fearnáin/Teach na Giúise
Gaelscoil na Gluise	Bunscoil	Teach na Giúise	Teach Mealóg/Baile Bhailcín/Ráth Fearnáin/Teach na Giúise

Le cois na naoi scoil nua a tógadh, deonaíodh cead pleanála le haghaidh trí scoil nua eile agus le haghaidh leathnuithe ar dhá scoil déag atá ann cheana.

Saináithníonn an Roinn Oideachais agus Scileanna an gá le scoileanna nua trí athbhreithniú déimeagrafach ar fud na tíre, lena n-úsáidtear Córas Faisnéise Geografaí (le sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh, OS/ agus ón Roinn Coimirce Sóisialaí i dteannta na mbunachar sonraí atá ag an ROS féin). Saináithnítear suíomhanna mar a dtiocfaidh brú ó thaobh áiteanna breise bunscoile agus iar-bhunscoile de chun cinn agus freastalaítear ar an ngá sin le scoileanna nua nó le leathnú ar scoileanna atá ann cheana. Leanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ar aghaidh le monatóireacht ar athruithe déimeagrafacha i gContae Bhaile Átha Cliath Theas ar bhonn leanúnach. Lena chois sin, bhí idirghníomhaíocht fhorleathan ag an gComhairle leis an Roinn, mar chuid d'ullmhú an Phlean seo, chun gá le scoil a shaináithint i ngach limistéar comharsanachta bunaithe ar an bhfás ar an daonra a saináithníodh sa chroístraitéis. Ina chuid den idirghníomhaíocht sin, bhí athbhreithniú ar áiríthintí scoile ar léarscáileanna Phlean Forbartha 2016 agus laistigh de PLÁna chun a dhéanamh amach cibé acu ar cheart iad a choinneáil mar chuid den Phlean seo agus ar ghá measúnú, bunaithe ar an gcroístraitéis, ar cibé acu an mbeadh gá le scoileanna nua. Léirítear é sin sna cuspóirí atá laistigh de léarscáileanna an Phlean Forbartha agus saináithnítear i gCaibidil 12: *Ár gComharsanachtaí* iad freisin.

Leanfaidh an t-éileamh ar sholáthar scoileanna le hullmhú aon PLÁna, Scéimeanna Pleanála Chrios Forbartha Straitéisí agus aon chreataí/mháistirphleananna a threorú.

8.10.1 Scoileanna Uirbeacha

I limistéir fhoirgnithe, mar a mbíonn talamh tearc, ní feidir láithreáin mhóra a fháil i gcónaí le haghaidh foirgneamh scoile. Sna cásanna sin, féadfar roinnt eilimintí

riachtanacha le haghaidh scoile a sholáthar lasmuigh den láithreán (m.sh. áiseanna spóirt, spás taitneamhachtaí, páirceáil, srl.) agus cé go mb'fhéidir gurbh inghlactha é sin ar bhonn a shocrófar de réir láithreáin, ní mór a léiriú go soiléir le tograí dá leithéid conas agus cá háit a dhéanfar na riachtanais sin a sheachadadh. B'fhéidir, i gcás láithreán atá níos lú, go mbeidh gá le foirgneamh scoile ilstórach (i.e. os cionn dhá stór) agus b'fhéidir gurbh fhéidir, faoi réir lonnú agus dearadh d'ardchaighdeán, na hachair eatarthu, mar gheall ar chineál na n-úsáideanna agus na forbraíochta atá timpeall orthu, a laghdú. B'fhéidir gur chúí freisin caighdeán a laghdú cosúil le háiseanna páirceála agus tuirlingthe i limistéir fhoirgnithe mar a bhfuil dea-rochtain ar iompar poiblí, mar a bhfuil dlúis níos airde ó thaobh na forbraíochta cónaithe de agus mar a bhfuil dea-áiseanna siúil agus rothaíochta.

8.10.2 Taisteal chun na Scoile

Tugann sonraí maidir comhroinnt an mhóid taistil le haghaidh an Chontae go n-úsáidtear an gluaisteán príobháideach le haghaidh an iomarca turas gearr chun na scoile. Tá scóip nach beag ann le haistriú chuig a bheith ag siúl agus ag rothaíocht toisc go mbeidh formhór na ndaltaí agus na scoláirí ina gcónaí laistigh d'achar réasúnta gearr ó scoil. Beidh go leor tairbhí dearfacha i gceist le haistriú dá leithéid lena n-áirítear daonra níos gníomhaí agus níos sláintiúla, laghdú ar phlódú tráchtá agus ar thruailliú ó cháithníní, méadú ar an tsábháilteacht ar bhóithre, agus laghdú ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa agus tionchar dearfach dá thoradh sin ar an athrú aeráide. Cuirfidh an Chomhairle bearta chun feidhme chun na hathruithe seo a spreagadh.

Áireofar leo siúd a chinntiú go lonnófar scoileanna nua, a mhéid agus is féidir, ar bhealach lena gcuirfear siúl agus rothaíocht chun cinn mar aon le rochtain ar iompar poiblí. Tabharfar tús áite don siúl agus don rothaíocht chun na scoile trí bhonneagar a sholáthar lena n-áirítear rotharbhealaí sábháilte agus cosáin shábháilte mar aon le scéimeanna tréscailteachta feabhsaithe trí chlár Rothaíochta Bhaile Átha Cliath Theas agus trí thionscnaimh eile dá leithéid. Ag céim an deartha, féachfaidh an Chomhairle lena chinntiú go gcuimseofar an tréscailteacht agus an nasctacht leis an limistéar máguaird laistigh de láithreáin scoile trí phointí rochtana leordhóthanacha a sholáthar, go háirithe do choisithe agus do rothaithe agus stóráil shlán leordhóthanach le haghaidh rothar a sholáthar i ngach scoil. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le bheith ag oibriú le scoileanna atá ann cheana agus le scoileanna nua chun cion na ndaltaí agus na scoláirí a bhíonn ag siúl agus ag rothaíocht a mhéadú trí thionscnaimh cosúil leis na tionscadail 'Scoileanna Glasa' agus 'Sráideanna Scoile' a chur chun cinn.

Beartas PSO8: Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna

Beartas PSO8(a):

Oibriú i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun tacú le soláthar bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna sa Chontae agus chun an soláthar sin a chur chun cinn chun riachtanais oideachais ilghnéitheacha atá ag pobail a léiriú.

Beartas PSO8(b):

Idirghníomhú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus tacú le Clár Tógála Scoileanna na Roinne trí láithreáin a shainaitheint go gníomhach le haghaidh bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ag suíomhanna oiriúnacha, bunaithe ar riachtanais réamh-mheasta.

PSO8 Cuspóir 1:

Láithreáin le haghaidh an tsoláthair bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna i limistéir atá i mbéal forbartha a chur in áirithe agus a shainaitheint go luath tríd an bPlean Forbartha, na Pleananna Limistéir Áitiúil, Scéimeanna Pleanála agus máistirphleananna, i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus cinntiú go mbeidh láithreáin ainmnithe ar mhéid leordhóthanach agus in áiteanna a bheidh inrochtana do agus báúil le rothaithe agus coisithe, i gcomhréir le *NPO 31* den *NPF* agus *RPO 9.21* den *SRSE*.



PSO8 Cuspóir 2:

Éascú le scoileanna nua a fhorbairt, le hathfhorbairt scoileanna atá ann cheana agus le leathnuithe atá pleanáilte mar chuid de Chlár Tógála Scoileanna an Rialtais.

PSO8 Cuspóir 3:

Éileamh go soláthrófar scoileanna i bpobail nua ar bhonn céimnithe i gcomhar le seachadadh forbraíochta cónaithe, i gcomhréir le riachtanais chéimniúcháin na bPleananna Limistéir Áitiúil agus na Scéimeanna Pleanála nó de réir mar a bheidh riachtanach ar bhealaí eile.

PSO8 Cuspóir 4:

Tacú agus éascú le leathnú a dhéanamh ar áiseanna scoileanna atá ann cheana, bunaithe ar riachtanais shainaitheanta, faoi réir coimircí cuí i ndáil le taisteal sábháilte chun na scoile, bainistíocht tráchta agus taitneamhachtaí an limistéir.

PSO8 Cuspóir 5:

Samhail maidir le scoileanna uirbeacha laistigh de limistéir fhoirgnithe an Chontae a chur chun cinn, i gcás inar féidir rochtain ar áiseanna lasmuigh den láithreán, lena n-áirítear le haghaidh spóirt, áineasa agus taitneamhachtaí, a léiriú go soiléir.

PSO8 Cuspóir 6:

Cinntiú go ndearfar agus go lonnófar scoileanna nua chun siúl agus rothaíocht agus rochtain ar iompar poiblí a chur chun cinn, trí na bearta seo a leanas a chur chun feidhme:

- Cinntiú go mbeidh láithreáin scoileanna i suíomhanna atá lánach agus inrochtana do na pobail ar a bhfreastalaíonn siad;
- Bonneagar a sholáthar lena n-áirítear rotharbhealaí sábháilte agus cosáin shábháilte;
- Plean bainistíochta soghluaisteachta a éileamh le haghaidh gach scoil nua lena dtabharfar tús áite do mhodhanna taistil ghníomhaigh agus don iompar poiblí;
- Bearta a chuimsiú, chun siúl agus rothaíocht a chur chun cinn, i gcéim an deartha lena n-áirítear an tréscailteacht agus an naschtacht leis an limistéar máguaird trí phointí rochtana leordhóthanacha a sholáthar le haghaidh coisithe agus rothaithe;
- Soláthar stórála sláine leordhóthanaí le haghaidh rothar a chinntiú;
- Oibriú le scoileanna atá ann cheana agus le scoileanna nua chun cion na ndaltaí agus na scoláirí a bhíonn ag siúl agus ag rothaíocht a mhéadú trí thionscnaimh a chur chun cinn cosúil leis na tionscadail 'Scoileanna Glasa' agus 'Sráideanna Sábháilte'. (Tagair do Chaibidil 7, *An Ghluaiseacht Inbhuanaithe*)
- Bearta a thabhairt isteach lena dtacófaí le seirbhísí méadaithe busanna chun cur ar chumas a thuilleadh daltaí agus scoláirí taisteal chun na scoile ar iompar poiblí.



PSO8 Cuspóir 7:

Éascú le páirceáil don fhoireann agus do thuismitheoirí a sholáthar mar aon le limistéir thuirlingthe le haghaidh scoileanna nua, mar chuid de phlean bainistíochta soghluaisteachta agus chuige sin amháin, i gcás ina bhfuil gá léirithe agus mar ar tugadh tús áite do mhodhanna taistil ghníomhaigh (siúl agus rothaíocht) agus d'iompar poiblí, ag féachaint do thaitneamhacht áiteanna cónaithe in aice láimhe a chosaint.



PSO8 Cuspóir 8:

Scéimeanna, lena n-éascófar le comhroinnt áiseanna scoile, a chur chun cinn agus tacú leis na scéimeanna sin, go háirithe ag céim na pleanála, cosúil le hallaí spóirt, cúirteanna liathróide agus páirceanna imeartha uile-aimsire d'úsáid an phobail agus tacú le comhlonnú áiseanna cúraim leanaí réamhscoile agus iarscoile ar fhorbraíochtaí nua bunscoile agus an úsáid sin a chur chun cinn trí bheartas bainistíochta agus úinéireachta talún na Comhairle a úsáid. (Féach freisin Beartas COS4 Cuspóir 4).



PSO8 Cuspóir 9:

Tacú le háiseanna spóirt leordhóthanacha faoi dhíon agus lasmuigh a sholáthar le haghaidh gach scoil nua agus scoil atá ann cheana sa Chontae, bunaithe ar ghá sainaitheanta agus ar aon dul le daonra na scoile.

PSO8 SLO 1:

Láithreán a shainaithint chun iar-bhunscoil nua a lonnú go cuí laistigh de Limistéir Chomharsanachta Iarthar na Cathrach/Bhaile Sagard/Ráth Cúil/an Chaisleáin Nua chun foráil a dhéanamh maidir leis na riachtanais a shainaithin an Roinn Oideachais agus Scileanna le haghaidh an cheantair.

8.11 Áiseanna Ardoideachais agus Breisoideachais

Aithníonn an Chomhairle tábhacht ról an ardoideachais agus an bhreisoideachais i dtaca le foráil a dhéanamh maidir le folláine eacnamaíoch agus shóisialta dhaonra an Chontae.

Soláthraítear ardoideachas sa Chontae ag campas Thamhlachta Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (TU Bhaile Átha Cliath). Tá TU Bhaile Átha Cliath ar thús cadhnaíochta maidir le disciplíní Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice agus soláthraíonn raon eispéireas foghlama eile i gcúrsaí gnó, na meán, na n-ealaíon cócaireachta agus na n-ealaíon digiteach. Tacaíonn TU Bhaile Átha Cliath leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus is é an soláthraí is mó é d'oideachas páirtaimseartha in Éirinn. Cothaíonn an campas gníomhaíocht dhuaisbhuaiteach ó thaobh an aistriú teicneolaíochta agus na gníomhaíochta gortainne gnó de agus tá comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta láidre forbartha aige lena soláthraítear deiseanna maidir le cláir mhalartaithe mac léinn agus foirne, mórthionscadail chomhoibre taighde, agus deiseanna fostaíochta (féach freisin Caibidil 9: Forbairt Eacnamaíochta agus Fostaíocht)

Le plan straitéiseach TU Bhaile Átha Cliath, dírithe ar thrí cholún, mar atá, Daoine, Plainéad agus Comhpháirtíocht, arb é Príomhspríoc Forbartha Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe ó thaobh an 'Oideachais d'Ardchaighdeán' de atá mar bhonn agus mar thaca dó. Tá deiseanna ann freisin go bhforbróidh TU Bhaile Átha Cliath nasc straitéiseacha le seirbhísí agus le tionscail sa Chontae lena n-áirítear Ionad Nuálaíochta Thamhlachta atá pleanáilte, agus go dtiocfaidh sé chun bheith ina mhol mór ardoideachais.

Tá go leor ionad breisoideachais/oideachais aosaigh lonnaithe ar fud an Chontae, lena n-áirítear Solas, an Líonra Náisiúnta Foghlama agus Ógtheagmháil, lena dtairgtear raon leathan cúrsaí agus cáilíochtaí i gcomhar le chéile.

Beartas PSO9: Áiseanna Ardoideachais agus Breisoideachais

Tacú le forbairt agus soláthar leanúnach an ardoideachais agus an bhreisoideachais sa Chontae, agus Thamhlacht a fhorbairt mar mhol le haghaidh an oideachais, an chomhoibrithe agus na fostaíochta chun a thuilleadh deiseanna a sholáthar do lucht oibre an Chontae.

PSO9 Cuspóir 1:

Tacú le ról na nInstitiúidí Ardoideachais agus na mBord Oideachais agus Oiliúna ó thaobh aghaidh a thabhairt ar easnaimh scileanna agus ar riachtanais foghlama ar feadh an tsaoil sa Chontae, i gcomhréir le *NPO 31* den *NPF* agus *RPO 9.22* den *SRSE*.

PSO9 Cuspóir 2:

Éascú leis an gcomhoibriú agus é a spreagadh idir cnuasaigh ghnó agus fostaíochta agus le Campas Thamhlachta TU Bhaile Átha Cliath chun taighde agus nuálaíocht a ghríosadh agus deiseanna fostaíochta a mhéadú.

PSO9 Cuspóir 3:

Tacú agus éascú le forbairt áiseanna ardoideachais agus breisoideachais atá ann cheana agus foráil a dhéanamh maidir le háiseanna nua, lena n-áirítear seirbhísí for-rochtana chun inniúlachtaí sa nuálaíocht a fhorbairt.

PSO9 Cuspóir 4:

Forbairt Thamhlachta a chur chun cinn mar ionad le haghaidh oideachais agus na fostaíochta agus éascú leis an bhforbairt sin.

**PSO9 Cuspóir 5:**

Cnuasú seirbhísí agus áiseanna a bhaineann le hoideachas, atá gar d'áiseanna ardoideachais atá ann cheana, a chur chun cinn.

**PSO9 Cuspóir 6:**

Éascú leis an tréscailteacht mhéadaithe idir Campas Thamhlachta TU Bhaile Átha Cliath agus leis na limistéir fostaíochta, chónaithe agus ilchineálacha mháguairde.

PSO9 Cuspóir 7:

Soláthar seirbhísí óige a chur chun cinn i gcás gur de chineál iad lena dtacaítear le daoine óga atá faoi mhíbuntáiste agus lena ndírítear orthu agus lena bhfeabhsaítear a n-infhostaitheacht, i gcomhréir le RPO 9.20 den SRSE, mar aon le deiseanna neamhfhoirmiúla oideachais agus oiliúna a sholáthar laistigh den Chontae, i gcomhréir leis an *LECP*.

PSO9 Cuspóir 8:

I gcomhar leis na soláthraithe oideachais ábhartha, imscrúdú a dhéanamh ar an ngá le campas nua ollscoile laistigh de limistéir bhóthar an Náis agus tacú le Campas Ollscoile Bhaile Átha Cliath Theas, é a chur chun cinn agus éascú leis laistigh de Chreatphlean Bhóthar an Náis nó d'aon phlean a thiocfaidh ina dhiaidh i gcás ina sainnithneofaí gá dá leithéid.

8.12 Leabharlanna

Saibhríonn leabharlanna an caighdeán beatha sa Chontae trí rochtain ar raon leathan eolais, faisnéise, teicneolaíochta, cultúir agus oidhreachta a chur chun cinn. Tá *Plean Forbartha Leabharlann Oscalte Duit Bhaile Átha Cliath Theas (2018-2022)* mar bhonn agus mar thaca le croíthéamaí na comhairle maidir le hionchuimsiú sóisialta, comhoibriú, folláine agus rannpháirtíocht saoránach agus lena ról mar rannchuiditheoir suntasach d'fhás agus d'fhorbairt na heacnamaíochta.

Tá cúig leabharlann bhrainte ann laistigh de Chontae Bhaile Átha Cliath Theas faoi láthair. Tá siad seo lonnaithe i dTamhlacht (Leabharlann an Chontae), Bhaile Uí Ruáin, Leamhcán, Cluain Dolcáin agus Cluain Dolcáin Thuaidh (*NCL*), mar aon le leabharlanna páirtaimseartha ag Mol Digiteach Leabharlann Bhaile Phámar agus ag áis Chúram Stewart. Oscrófar leabharlann nua i gCaisleán Thigh Motháin in 2021.

Beartas PSO10: Leabharlanna

Seirbhís leabharlainne poiblí a sholáthar a bheidh nuálach agus fócasaithe ar an bpobal, dóibh uile a chónaíonn, a oibríonn agus a dhéanann staidéir i gContae Bhaile Átha Cliath Theas.

PSO10 Cuspóir 1:

Tacú le forbairt sheirbhísí leabharlainne an Chontae agus le cur chun feidhme na bpríomhchuspóirí, mar a leagtar amach in *Oscalte Duit – Plean Forbartha Leabharlainne Bhaile Átha Cliath Theas (2018-2022)* nó in aon cháipéis a thiocfaidh ina ionad.

PSO10 Cuspóir 2:

Tacú le seirbhís leabharlainne nua a sheachadadh i bpurláin Ráth Cúil, chun freastal ar riachtanais an daonra atá ag dul i méid.

PSO10 Cuspóir 3:

Tacú le seachadadh seirbhíse leabharlainne nua in mBaile Adaim i gcomhréir leis an straitéis chéimniúcháin a leagadh amach i Scéim Pleanála an Chreasa Forbartha Straitéisí.

PSO10 Cuspóir 4:

Tacú le seachadadh seirbhíse leabharlainne nua i limistéar Iarthar na Cathrach chun freastal ar riachtanais an daonra atá ag dul i méid, faoi réir aon athbhreithniú ar an Straitéis Leabharlainne.

8.13 Áiseanna Ealaíon agus Cultúir

Áirítear leis an mbonneagar ealaíon agus cultúir atá ann cheana i gContae Bhaile Átha Cliath Theas amharclanna, ionaid ceoil, spásanna taibhithe, iarsmalanna agus spásanna imeachtaí lasmuigh. Imríonn Tamhlacht, mar Bhaile an Chontae, ról tábhachtach mar ionad le haghaidh ealaíon agus cultúir agus is é an suíomh le haghaidh amharclann an Civic agus ionad ealaíon Red Rua é.

Tá dhá spás taibhithe ag amharclann an Civic, caifé, agus dhá spás sa limistéar forhalla a úsáidtear mar dhánlanna go minic. Le cois na drámaíochta, tairgeann an t-ionad clár ilghnéitheach lena n-áirítear ceol, damhsa, ceoldráma agus coiméide. Spás ealaíne comhaimseartha is ea Rua Red atá ina áit le haghaidh dánlainne, amharclainne/pictiúrlainne, stiúideo damhsa, seomra comhdhála, áiseanna taifeadta, seomraí ceoil, stiúdeonna ealaíontóra, agus caifé.

Tá go leor iarsmalann sa Chontae freisin lena n-áirítear Ionad Idirghníomhach Cuairteoirí Chloigtheach Chluain Dolcáin, Músaem na bPiarsach, Caisleán Ráth Fearnáin, agus Músaem Aerchór na hÉireann, Bhaile Dhónaill.

Tacaíonn an Chomhairle le forbairt na n-ealaíon ar leibhéal áitiúil agus déanann a dícheall chun deiseanna a sholáthar dóibh siúd ar fad a chónaíonn agus a oibríonn sa Chontae agus a thugann cuairt air chun idirghníomhú leis na healaíona ar leibhéal dhifriúla.



Foilseofar Straitéis Forbartha Ealaíon nua i gcomhair na tréimhse 2021-2025 amach in 2021, a thiocfaidh in ionad *Straitéis Forbartha Ealaíon Chontae Bhaile Átha Cliath Theas* (2016-2020). Déanfar foráil leis sin maidir le seirbhís ealaíon a fhorbairt a bheidh ionchuimsitheach, inrochtana agus inbhuanaithe do phobail an Chontae. Comhoibriú trasna na dtionscal ealaíon, oidhreachta agus cruthaitheach is ea *Straitéis Chontae Bhaile Átha Cliath Theas maidir le Cultúr agus Cruthaitheacht* (2018-2022) chun rannpháirtíocht an phobail a bhreisiú agus tacaíocht a sholáthar d'ealaíontóirí agus do lucht na n-ealaíon. Forbrófar agus tabharfar isteach tionscnaimh nua chun na cláir atá ann cheana a láidriú agus chun borradh a chur faoi ról ríthábhachtach an bhonneagair ealaíon agus chultúir laistigh den Chontae.

Saibhríonn an ealaín phoiblí carachtar na timpeallachta tógtha agus an réimse poiblí ar bhealach cruthaitheach agus nuálach. Rannchuidíonn sí freisin le sainiúlacht limistéir agus cuirtear braistint féiniúlachta chun cinn léi lenar féidir cabhrú le pobail ilghnéitheacha a imeascadh i gcomharsanachtaí atá ann cheana agus i gcomharsanachtaí nua araon. Spreagfaidh agus tacóidh an Chomhairle le tograí chun ealaín phoiblí a chruthú agus a shuiteáil in áiteanna poiblí oiriúnacha agus inrochtana. Éileofar ar fhorbraíochtaí móra píosa ealaíne poiblí nó dealbh nó gné ailtireachta a sholáthar a dhearfai i gcomhairle leis an gComhairle.

Tacóidh an Chomhairle leis an scéim 'Céatadán ar son na hEalaíne', tionscnamh fadbhunaithe de chuid an rialtais lenar féidir 1% de chostas aon fhorbraíochta caipitil, bonneagair agus tógála, a mhaoinítear go poiblí, a leithdháileadh ar choimisiúnú saothair ealaíne.

Beartas PSO11: Áiseanna Ealaíon agus Cultúir

Éascú agus tacú le forbairt leanúnach na n-ealaíon agus an chultúir laistigh den Chontae.

PSO11 Cuspóir 1:

Féachaint oibriú le gach páirtí leasmhar chun comhionannas rochtana ar sheirbhísí ealaíon agus cultúir a chur chun cinn mar aon le hidirghníomhaíocht leo agus chun athghiniúint uirbeach agus tuaithe a chur chun cinn a bheidh faoi stiúir cultúir agus na hoidreachta, i gcomhréir le RPO 9.25 den SRSE.

PSO11 Cuspóir 2:

Tacú le scéim 'Céatadán ar son na nEalaíne' de chuid an rialtais le haghaidh forbraíochtaí caipitil, bonneagair agus tógála a mhaoinítear go poiblí.

PSO11 Cuspóir 3:

Éileamh ar fhorbraíochtaí nua tráchtála ar mhéid is mó ná 5,000 sq m, i gcás forbraíocht neamhchónaithe, agus os cionn 500 aonad i gcás forbraíocht chónaithe, go gcuimseofar gné ealaíne fisiciúla ina cuid den scéim chun an timpeallacht thógtha / réimse poiblí a fheabhsú, agus d'fhéadfadh gnéithe d'ardchaighdeán laistigh den timpeallacht / tírdhreachú a bheith san áireamh leis sin, i gcomhaontú leis an gComhairle, agus cuireadh a thabhairt d'ealaíontóirí áitiúla chun páirt a ghlacadh ann i gcás inar cuí trí chomórtas oscailte.

PSO11 Cuspóir 4:

Éascú le forbairt leanúnach na n-áiseanna ealaíon agus cultúir ar fud an Chontae agus tacú le cuspóirí *Straitéis Ealaíon Bhaile Átha Cliath Theas (2016-2020)* agus *Straitéis Bhaile Átha Cliath Theas maidir le Cultúr agus Cruthaitheacht (2018-2022)* agus na straitéisí sin a chur chun feidhme, mar aon le haon phlean agus straitéis a thiocfaidh ina n-ionad.

PSO11 Cuspóir 5:

Cinntiú go mbeidh áiseanna ealaíon agus cultúir inrochtana do gach duine den phobal.

PSO11 Cuspóir 6:

Leanúint le forbairt Ionad Oidhreachta i Sráidbhaile Thamhlachta le linn shaolré an Phlean Forbartha Contae.

PSO11 Cuspóir 7:

Tacú leis na healaíona agus le cultúr trí éascú le grúpaí pobail úsáid a bhaint as áitreabh neamhshealbhaithe nó neamhúsáidte de chuid na Comhairle le haghaidh taispeántas, léirithe agus úsáideanna eile a bhaineann leis na healaíona pobail, i gcás inarb oiriúnach.

PSO11 Cuspóir 8:

Staidéar indéantachta a ullmhú chun an Bonneagar Ealaíon agus Cultúir laistigh den Chontae a fhorbairt, agus naisc iompair á gcur san áireamh.

PSO11 Cuspóir 9:

Forbairt Ionad Oidhreachta i limistéar Shráidbhaile Leamhcáin a shaothrú.

8.14 Ionaid Adhartha

Aithníonn Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas tábhacht na n-ionad adhartha agus ilchreidmheach chun freastal ar riachtanais ilghnéitheacha chreidimh agus chultúir atá ag daonra an Chontae. Mar gheall ar na tionchair ó thaobh torainn agus tráchtas de a d'fhéadfadh a bheith ag baint le foirgneamh a úsáid mar áit adhartha poiblí nó teagaisc chreidimh, tá sé tábhachtach go lonnófar áiteanna adhartha agus úsáideanna gaolmhara ar bhealach nach rachaidh i bhfeidhm go diúltach ar thaitneamhacht chónaithe nó ar thaitneamhacht eile.

Beartas PSO12: Ionaid Adhartha

Tacú agus éascú le forbairt áiteanna adhartha agus áiseanna ilchreidmheacha ag suíomhanna oiriúnacha laistigh den Chontae.

PSO12 Cuspóir 1:

Tacú agus éascú le forbairt áiteanna adhartha agus ilchreidmheacha ag suíomhanna cuí, cosúil le háiteanna i mbailte móra, sráidbhailte, áiteanna ceantair agus áitiúla nó suíomhanna oiriúnacha eile mar nach rachaidh siad i bhfeidhm go diúltach ar thaitneamhachtaí atá ann cheana.

8.15 Reiligí

Bíonn Údarás Áitiúla freagrach as a chinntiú go mbíonn áiseanna adhlactha leordhóthanacha ann, lena n-áirítear tailte a fháil le haghaidh áiseanna dá leithéid i gcás inar gá. Is féidir leis an earnáil phríobháideach reiligí agus créamatóiríamái a sholáthar freisin. Mar gheall ar an méadú ar líon na bpobal creidimh sa Chontae, ba cheart riachtanais adhlactha na bpobal ilchreidmheach agus neamhreiligiúnach a chur san áireamh freisin maidir le háiseanna dá leithéid.

Le cúig bliana anuas, leathnaíodh Reilig an Chaisleáin Nua agus tá reilig phríobháideach á forbairt gar do Reilig na hEascrach i Leamhcán faoi láthair. Leathnófar Reilig Bhóthar na Bruíne le linn thréimhse an Phlean Forbartha.

Beartas PSO13: Reiligí

Éascú le forbairt inbhuanaithe na reiligí agus na gcréamatóiríamái chun freastal ar riachtanais an Chontae.

PSO13 Cuspóir 1:

Éascú le forbairt reiligí nua nó leathnaithe, lena n-áirítear reiligí glasa, éicireiligí, agus créamatóiríamái, agus aird á tabhairt ar roghanna pobal ilchreidmheach agus neamhreiligiúnach, ag suíomhanna oiriúnacha sa Chontae, faoi réir coimircí cuí maidir le cúrsaí comhshaoil, agus tionchair ó thaobh torainn agus tráchtá de.

8.16 Stáisiúin Dóiteáin

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le bheith comhoibriú le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir leis an tseirbhís dóiteáin laistigh de Réigiún Bhaile Átha Cliath a fhorbairt agus a uasghrádu. Soláthrófar Stáisiún Dóiteáin nua i dtailte Chrios Forbartha Straitéisí Chluain Buiríosa chun freastal ar riachtanais an daonra atá ag dul i méid.

Beartas PSO14: Stáisiúin Dóiteáin

Comhoibriú le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le maidir leis an tseirbhís dóiteáin laistigh de Réigiún Bhaile Átha Cliath a fhorbairt agus a uasghrádu.

PSO14 Cuspóir 1:

Tacú agus éascú le forbairt seirbhíse éifeachtúla dóiteáin i Réigiún Bhaile Átha Cliath, i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus láithreáin a chur in áirithe chun stáisiún dóiteáin a sholáthar i gcás ina shainitheoidh Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath gá a bheith ann.

PSO14 Cuspóir 2:

Stáisiún dóiteáin nua a sholáthar ar thailte atá sainaitheanta i gCrios Forbartha Straitéisí Chluain Buiríosa.

8.17 Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide



Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide

Foinse Ghás Ceaptha Teasa (GCTanna) (Green House Gases GHGs)

Is ó na foinsí seo a leanas go príomha a eascraíonn GCTanna ó **Bhonneagar Pobail agus Spáis Oscailte Phoiblí**:


- Foirgnimh phobail a théamh agus a fhuarú le breoslaí iontaise a úsáid;
- Turais i ngluaisteáin chuig foirgnimh phobail agus spás oscailte poiblí agus uathu le breoslaí iontaise a úsáid.

Bearta chun Aghaidh a Thabhairt ar Thionchar Aeráide

Tá beartais agus cuspóirí sa Phlean Forbartha lena gcuirtear bearta chun cinn a bhfuil sé de phoitínseal acu an tionchar ar an aeráid a laghdú ó thaobh foráil a dhéanamh maidir le

Bhonneagar Pobail agus Spáis Oscailte Phoiblí, mar seo a leanas:

- Páirceanna, spás oscailte agus bonneagar pobail a sholáthar faoi fhad siúil de phobail agus agus ar bhealaí iompair poiblí;
- Siúl agus rothaíocht a chur chun cinn mar aon le húsáid iompair poiblí trí bhearta bainistíochta tréscailteachta agus soghluaisteachta;
- Comhlonnú agus comhroinnt áiseanna pobail chun úsáid éifeachtúil a mhéadú agus turais a laghdú;
- Cumhacht a fhoinsiú ó athnuaiteáin cosúil le fuinneamh gaoithe agus gréine;
- Teicneolaíochtaí fuinnimh mhalartaigh a úsáid cosúil le teaschaidéil;
- Tionscadail um théamh ceantair a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach;
- Suíomh, lonnú agus dearadh chun maolú agus oiriúnú aeráide a chur chun cinn m.sh. leas a bhaint as sochar gréine;
- Crainn bhreise agus speicis bhreise phailneoirí a chur agus réimeanna bainistíochta a oiriúnú i bpáirceanna agus i spásanna oscailte poiblí chun tuilleadh limistéar fiáine a cheadú as a dtiocfaidh méadú ar an gceapadh carbóin.





Forbairt Eacnamaíochta agus Fostaíocht

Fís

Bunús eacnamaíoch láidir agus acmhainneach a chruthú a sholáthraíonn deiseanna leathnaithe le haghaidh fostaíochta chomh maith le caighdeán maith beatha a éascú in áiteanna spleodracha tarraingteacha chun cónaí, obair, cuairt a thabhairt orthu agus infheistíocht a dhéanamh iontu.

9.0 Réamhrá

Ullmhaítear Plean Forbartha 2022-2028 laistigh de thréimhse síorathrú eacnamaíoch suntasach. Bíodh sin mar atá, tá Tráchttaireacht Ráithiúil Eacnamaíoch na hInstitiúide Taighde Sóisialta Eacnamaíochta (Economic Social Research Institute- ESRI) Earrach 2021 tagtha ar an gconclúid go bhfuil geilleagar na hÉireann i riocht maith chun téarnamh go láidir nuair a thagann laghdú ar an mbagairt ó COVID-19. Tá ESRI ag tuar go bhfásfaidh geilleagar na hÉireann 5.2 faoin gcéad i 2022 agus an dífhostaíocht ag titim ar ais go 7.3 faoin gcéad ar an meán don bhliain. Ní dócha go rachaidh an ráta dífhostaíochta i dtreo a réamh-COVID íseal de 4.7 faoin gcéad go dtí 2023 ar a luaithe.

Tá sé de dhúshlán ag an bPlean Forbartha freagairt go réamhghníomhach d'imthosca agus athléimneacht ionsuite do gheilleagar an Chontae a éascú trí sholáthar d'áiteanna tarraingteacha oibre agus bonn leathan fostaíochta.

Tugann an chaibidil seo breac-chuntas ar chreat leathan spásúil d'fhiontar agus d'fhostaíocht lena n-áirítear straitéis mhiondíola an Chontae. Saináithnítear earnálacha féideartha fáis, agus cuirtear beartais san áireamh chun earnálacha atá níos déine ó thaobh saothair de a spreagadh, fás dlúth a chur chun cinn in áiteanna iomchuí, agus ag an am céanna a aithint go bhfuil gá le geilleagar leathanbhunaithe, ionchuimsitheach agus acmhainneach sa Chontae.

9.0.1 Comhthéacs an Bheartais Phleanála

Caithfidh beartais agus cuspóirí an Phlean Forbartha a bheith i gcomhréir le chéile leis an mbeartas pleanála náisiúnta agus réigiúnach mar atá leagtha amach sa Chreat Pleanála Náisiúnta (2018) (National Planning Framework- NPF) agus sa Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiúnach (2019) (RSES). Lorgaíonn Toradh Straitéiseach Náisiúnta 5 den NPF geilleagar láidir don tír le tacaíocht ó fhiontar, nuálaíocht agus scileanna. Aithnítear go mbraitheann sé seo ar áiteanna a chruthú ar féidir leo fiontar agus nuálaíochtaí a fhás agus infheistíocht agus tallann a mhealladh. Ar an dóigh chéanna, féachann Toradh Straitéiseach 3 le geilleagair agus pobail tuaithe neartaithe.

Ar leibhéal náisiúnta, tá sé de chuspóir 'cathracha, bailte agus sráidbhailte de gach cineál agus scála a athghiniúint agus a athnuachan mar shócmhainní comhshaoil, a fhéadfaidh freastal ar ról agus feidhmeanna athraitheacha, daonra cónaithe méadaithe agus gníomhaíocht fostaíochta agus leibhéal fheabhsaithe taitneamhachta agus dearaidh, in ord tionchar agus tacaíocht inbhuanaithe a thabhairt dá gceantar máguaird '. Beidh sé seo ag éirí níos ábhartha de réir mar a leanann treochtaí sna hearnálacha miondíola agus eile ag athrú, agus tá ceantair uirbeacha ag iarraidh iad féin a athinsint ar bhealaí éagsúla. Tá áit an mhaoinithe faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe agus Uirbí chun cur chuige oiriúnaithe a chur i bhfeidhm i leith na forbartha leagtha amach i gCuspóir Beartais Náisiúnta 7. Bhí Contae Bhaile Átha Cliath Theas chun tosaigh agus an mheicníocht mhaoinithe seo á úsáid chun an leas is fearr a bhaint as SDZ Chluain Buiríosa agus Bhaile Adaim agus limistéar athghiniúna Bhóthar an Náis.

Tá príomhréimsí fostaíochta straitéiseacha do Bhaile Átha Cliath Theas sa RSES. Tá na ceantair seo dírithe ar Pháirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí agus ar na ceantair athghiniúna i dTamhlacht (Baile an Chócaigh) agus i limistéar Bhóthar an Náis/Bhaile an Mhóta.

Tacaíonn an RSES freisin le Pleananna Eacnamaíocha agus Pobail Áitiúla (LECP) na nÚdarás Áitiúil a chur i bhfeidhm, i gcomhar le Coistí Forbartha Áitiúla agus Eacnamaíocha (LCDCanna), chomh maith le beartais phleanála spásúlachta a úsáid. Féachann sé seo le líon na ndaoine atá i (nó i riosca) mbochtaineacht agus eisiámh sóisialta sa Réigiún a laghdú. Déanfar athbhreithniú ar LECP Chontae Bhaile Átha Cliath Theas le linn an Plean Forbartha seo a ullmhú agus leanfar le cur chuige comhordaithe i leith beartais agus gníomhartha sa dá phlean.

Tá go leor cuspóirí beartais náisiúnta agus réigiúnacha ábhartha eile ann. Déantar tagairt dóibh seo de réir líon i mbeartais agus i gculpóirí an Phlean Forbartha aonair, tugtar breac-chuntas orthu go hiomlán in Aguisín 7.

D'fhoilsigh an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta *Enterprise 2025 Renewed* in 2018 agus, ag aithint na suaití éagsúla atá ann cheana agus a d'fhéadfadh a bheith ann laistigh den gheilleagar, díríonn sé ar an ngá atá le hathléimneacht agus an gá le hathrú a luathú. In éineacht le *Tionscadal Éireann 2040* agus an RSES, leagann sé síos creat cuimsitheach do bheartas eacnamaíoch don Phlean Forbartha Contae.

9.0.2 Forbairt Eacnamaíochta agus Gníomhaíocht Aeráide

Is ábhair inmáilárnacha beartais iad an t-athrú aeráide, forbairt inbhuanaithe agus an geilleagar glas don phobal idirnáisiúnta agus náisiúnta, ar ról lárnach é do straitéis an GFT (IDA) agus Fiontar Éireann. Toradh straitéiseach náisiúnta de chuid an NPF is ea an t-aistriú go sochaí ísealcharbóin agus acmhainneach aeráide. Mar rún, tá sé rithábhachtach go dtuigeann an Plean Forbartha a ról i seachadadh an gheilleagair ghlais. Baineann an cur chuige dlúthfháis a ghlahtar sa Phlean Forbartha seo, agus an cumas atá aige cuidiú le spriocanna gníomhaíochta aeráide a bhaint amach ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta, ní amháin maidir le forbairt chónaithe ach le forbairt eacnamaíoch sa Chontae freisin.

Is ionann úsáidí a bhaineann le fostaíocht agus forbairt eacnamaíoch agus 1,300 heicteár de thalamh criosaithe sa Chontae, ní chuimsíonn sé seo an raon leathan gnólachtaí tráchtála agus miondíola a thugann beatha dár mbailte agus sráidbhailte. Beidh tionchar suntasach ag a chinntiú go gcuirimid an fhostaíocht cheart san áit cheart, ag tógáil ar shoghluaisteacht inbhuanaithe agus an poitéinseal le haghaidh taistil ghníomhaigh ar bhaint amach spriocanna gníomhaíochta aeráide.

Tagann foinse na nGás Ceaptha Teasa (GHGanna) go bunúsach ó na hearnálacha tionsclaíocha agus tráchtála ó na gníomhaíochtaí agus na próisis a úsáidtear sa phróiseas monaraíochta. Ina measc seo, tá astaíochtaí dócháin a thagann ó ghníomhaíochtaí tionsclaíocha agus tráchtála, lena n-áirítear próisis a úsáidtear i dtáirgeadh bia agus deochanna. Chomh maith leis sin, úsáidtear breoslaí iontaise chun foirgnimh thionsclaíocha agus thráchtála a théamh agus a fhuarú. Is féidir gnóthachain atá tíosach ar fhuinneamh a bhaint amach san earnáil seo trí dhearadh nuálach, teicneolaíocht ísealcharbóin, Teas agus Cumhacht Comhcheangailte (Combined Heat and Power- CHP) a úsáid agus téamh ceantair agus tionscadail fuinnimh in-athnuaite eile a rolladh amach. Ina theannta sin, éilíonn forbairt inbhuanaithe go bhfuil ár straitéis eacnamaíoch acmhainneach, solúbtha agus nuálaíoch.

9.0.3 Comhforbairt Áite

Tá taighde déanta ag an GFT agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil le blianta beaga anuas aibhsithe ag an ról atá ag comhforbairt áite maidir le tarraingteacht na hÉireann d'infheisteoirí a fheabhsú.

Ainmnítear lár bhaile Thamhlachta mar chuspóir criosaithe Lár an Bhaile (Town Centre- TC) (féach Caibidil 13 *Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht*). Léiríonn sé seo an t-ainmniú miondíola Leibhéal 2 faoin ordlathas miondíola réigiúnach. Mar bhaile an Chontae, ceadaíonn úsáid bhunaithe an cheantair úsáidí fóillíochta comhlántacha, miondíola, seirbhísí, stóras miondíola agus talún tráchtála. Soláthraíonn lár an tsráidbhaile, a shainnítear mar leibhéal 4 san ordlathas miondíola, úsáidí comhlántacha, atá ceangailte go fisiciúil le lár an bhaile, ar scála sráidbhaile.

Forbróidh lár an bhaile mar phríomh-mhol iompair mar chuid den chlár BusConnects. Cuirfidh sé seo tuilleadh le lár an bhaile agus an deis d'fhorbairt úsáide measctha chomh maith le miondíol feabhsaithe agus tairiscint fóillíochta agus siamsaíochta gaolmhar.

Beartas FEF9: Miondíola - Lár Bhaile Thamhlachta

Príomhfheidhm miondíola agus príomhfheidhm lár an bhaile i Lár Bhaile Thamhlachta a chothabháil agus a fheabhsú mar Lárionad Baile Mór 2 Lár Bhaile agus Contae (Príomhoide).

FEF9 Cuspóir 1:

Tacú le forálacha Phlean Ceantair Áitiúil Lár Bhaile Thamhlachta (2020), nó le haon phlean ionadach maidir le fás miondíola agus eacnamaíoch.

FEF9 Cuspóir 2:

Leanúint ar aghaidh ag forbairt Thamhlachta mar Bhaile Contae spleodrach agus inbhuanaithe ag barr ordlathas lonnaithe agus miondíola an Chontae agus tábhacht Tamhlacht a fheabhsú i dtéarmaí miondíola réigiúnacha.

FEF9 Cuspóir 3:

Soláthar an mhiondíola is airde agus is leithne sa Chontae a éascú sa Lárcheantar Miondíola i Lár Bhaile Thamhlachta, mar aon le raon leathan seirbhísí agus feidhmeanna i gcriosanna níos leithne Lár an Bhaile agus Lár an tSráidbhaile.

FEF9 Cuspóir 4:

Dianú limistéar Lárnach Miondíola Thamhlachta a chur chun cinn.

FEF9 Cuspóir 5:

Forbairt agus athfhorbairt ar ardchaighdeán dearaidh uirbeach, na Láithreán Deiseanna Miondíola aitheanta ag an *Ionad Siopadóireachta The Square* agus in aice leis, agus deis úsáide/miondíola measctha ag seanláithreán *Woodies* ar Bhóthar Belgard a chur chun cinn agus a spreagadh.

9.5.2 Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life

Ainmnítear Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life mar Lárionad Miondíola (Major Retail Centre- MRC). Léiríonn sé seo an t-ainmniú Miondíola Leibhéal 2 faoin ordlathas miondíola réigiúnach atá leagtha amach san RSES. Ligeann úsáid seanbhunaithe na siopadóireachta úsáidí comhlántacha fóillíochta, stórais miondíola agus talún tráchtála. Baineann príomhchuspóir críosaithe Ionad Miondíola leis an réimse seo (féach Caibidil 13 *Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht* freisin). Tá athfhorbairt leanúnach ar an ionad siopadóireachta ar siúl le tairiscint miondíola nua agus leathnaithe agus bearta soghluaisteachta iompair feabhsaithe. Forbróidh an t-ionad mar phríomh-mhol iompair phoiblí, ba cheart na hoibreacha seo a bheith críochnaithe faoin am a ghlacfar an Plean Forbartha Contae seo i 2022. Tabharfaidh sé seo deis don ionad a thairiscint a leathnú agus leas a bhaint as na deiseanna a sholáthraíonn an suíomhanna folmha sa cheantar.

Beartas FEF10: Lárionad Miondíola Ghleann na Life

Tacú le feidhm mhiondíola Leibhéal 2 Lár an Bhaile in Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life

FEF10 Cuspóir 1:

Tacú le Gleann na Life mar Lárionad Miondíola (MRC) agus fás an ionaid siopadóireachta atá ann cheana a cheadú agus fóillíocht/siamsaíocht chomhlántach, stóras miondíola agus úsáidí talún tráchtála.

FEF10 Cuspóir 2:

Tacú agus éascú le comhdhlúthú chandamach agus cháilíocht na tairisceana miondíola ag Mór-Ionad Miondíola Ghleann na Life.

FEF10 Cuspóir 3:

Tacú le forbairt trádstórála miondíola laistigh de Lárionad Miondíola Mór Ghleann na Life.

FEF10 Cuspóir 4:

Dearadh ardchaighdeáin uirbeach a chur chun cinn san Ionad Mór Miondíola a chuidíonn le spásanna sábháilte tarraingteacha a chruthú agus a chruthaíonn áiteanna inmhianaithe le hoibriú agus le cuairt a thabhairt orthu.

**9.5.3 Cluain Dolcáin**

Ainmnítear lár bhaile Chluain Dolcáin mar chuspóir criosaithe Lár an Bhaile (Town Centre- TC) (féach Caibidil 13 *Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht*). Léiríonn sé seo an t-ainmniú miondíola Leibhéal 3 faoin ordlathas miondíola réigiúnach atá leagtha amach san RSES. Ligeann úsáid bhunaithe lár an bhaile sa réimse seo úsáidí talún comhlántacha, miondíola agus tráchtála i lár an bhaile. Tá acmhainneacht shuntasach ann chun na húsáidí miondíola agus úsáidí a bhaineann le lár an bhaile a leathnú ar thailte folmha laistigh den bhaile agus an t-ionad siopadóireachta agus na ceantair máguaird a uasghrádú.

Beartas FEF11: Miondíol - Lár Bhaile Chluain Dolcáin

Feidhm miondíola agus seirbhíse Chluain Dolcáin a chothabháil agus a fheabhsú, ag cinntiú beogacht an bhaile mar Lár Baile Leibhéal 3 sa Chontae.

FEF11 Cuspóir 1:

Cluain Dolcáin a fhorbairt mar ionad beoga seirbhíse agus miondíola ar ardchaighdeán.

FEF11 Cuspóir 2:

Soláthar ardleibhéal agus raon leathan miondíola a éascú i gCroílár-Limistéar Miondíola Chluain Dolcáin, mar aon le raon leathan seirbhísí agus feidhmeanna sa chriosú níos leithne i Lár an Bhaile.

FEF11 Cuspóir 3:

Forbairt/athfhorbairt na deise miondíola/úsáide measctha aitheanta agus láithreáin eile i gCroílár-Limistéar Miondíola Chluain Dolcáin a chur chun cinn agus a spreagadh, lena n-áirítear tailte Ionad an Mhuilinn, ag cinntiú nascacht idir láithreáin agus lár an bhaile, chun freastal ar an daonra abhantrach seanbhunaithe atá ag fás.

FEF11 Cuspóir 4:

Croílár sráidbhaile stairiúil Chluain Dolcáin a chosaint, ag aithint an ról atá aige i ndéanamh áite agus tarraingteacht an bhaile i leith miondíola agus feidhmeanna eile.



9.5.4 Ionaid Dúichí

Is lárionaid uirbeacha tánaisteacha iad ionaid dúiche, a fhreastalaíonn ar chomharsanacht Thamhlacht, Chluain Dolcáin agus Leamhcán. Is gnách gur ionaid siopadóireachta saintógtha iad na hionaid seo. Is é ról na n-ionad ceantair pointe fócasach a sholáthar don phobal a sholáthraíonn ról miondíola, seirbhíse agus pobail ar leibhéal ceantair do chónaitheoirí Chontae Bhaile Átha Cliath Theas. Léiríonn ionaid dúiche ainmniú miondíola leibhéal 3 agus 4 faoin ordlathas miondíola, ag léiriú a ról agus a scála éagsúil sa Chontae.

Beartas FEF12: Ionaid Miondíola - Dúiche

Feidhm mhiondíola na nLár na Dúiche (Leibhéal 3 agus Leibhéal 4) a chothabháil agus a fheabhsú.

FEF12 Cuspóir 1:

Forbairt na nLár na Dúiche a chur chun cinn mar ionaid úsáide measctha inbhuanaithe, ilghnéitheach, faoi stiúir miondíola agus tacú lena bhfeabhsú agus lena n-uasghrádú.

FEF12 Cuspóir 2:

A chinntiú go bhfuil scála agus cineál na tairisceana miondíola in Ionaid Dúiche leordhóthanach chun freastal ar dhobharcheantar ceantair, gan drochthionchar a bheith aige ar thrádáil ó ionaid mhiondíola ardoird nó trádáil a tharraingt orthu.

FEF12 Cuspóir 3:

Tacú agus éascú a dhéanamh ar fhorbairt Lár na Dúichí nua ar scála uirbeach iomchuí i mBaile Adaim agus i gCluain Buiríosa de réir Scéimeanna Pleanála ceadaithe ar cheart dóibh meascán miondíola inbhuanaithe a sholáthar lena n-áirítear siopaí ilranna agus ionaid siopadóireachta a éascaíonn siúl, rothaíocht agus úsáid iompair phoiblí agus a laghdaíonn turais ghluaisteáin lasmuigh den SDZ le go leor riachtanas miondíola.



9.5.5 Ionaid Sráidbhailte

Faoi láthair tá 9 sráidbhaile stairiúla ag Contae Bhaile Átha Cliath Theas ina gcuspóir críosaithe i lár an tsráidbhaile. Léiríonn na sráidbhailte seo ainmniú miondíola Leibhéal 4 faoin ordlathas miondíola. Tá carachtar uathúil oidhreacht ag na sráidbhailte agus tairgeann siad raon éagsúil seirbhísí miondíola, chomh maith le seirbhísí turasoireachta a sholáthar agus gníomhú mar phointe fócasach don phobal. Tacóidh críosú lár an tsráidbhaile le cosaint agus caomhnú carachtar speisialta na sráidbhailte traidisiúnta agus soláthróidh sé do sheirbhísí miondíola agus miondíola feabhsaithe.

Beartas FEF13: Miondíol - Ionaid Sráidbhailte

Feidhm miondíola, seirbhísí miondíola agus feidhm miondíola nideoige sráidbhailte traidisiúnta a neartú.

FEF13 Cuspóir 1:

Tacú agus forbairt a dhéanamh ar leibhéal iomchuí miondíola, seirbhísí miondíola agus miondíola nideoige sna lárionaid sráidbhailte traidisiúnta.

FEF13 Cuspóir 2:

Nádúr speisialta chroí stairiúil na sráidbhailte traidisiúnta a chosaint agus a chaomhnú agus tacú lena bhfeabhsú agus lena n-uasghrádú.

FEF13 Cuspóir 3:

Chun a chinntiú go n-úsáidtear caighdeáin dearaidh agus dlúis ardchaighdeáin i lár sráidbhailte traidisiúnta, bíonn siad sin bunaithe ar nádúr máguaird an cheantair.

9.5.6 Ionaid Áitiúla

Is gné thábhachtach den soláthar miondíola iad ionaid áitiúla do chónaitheoirí Chontae Bhaile Átha Cliath Theas a sholáthraíonn seirbhísí agus áiseanna do mhiondíol laethúil san dobharcheantar áitiúil. Léiríonn sé seo an t-ainmniú miondíola Leibhéal 4 faoin ordlathas miondíola réigiúnach. Is ionaid saintógtha iad go ginearálta. Cuirtear cuspóir criosaithe Ionad Áitiúil i bhfeidhm sna ceantair seo.

Beartas FEF14: Miondíola – Ionaid Áitiúla

Feidhm mhiondíola na nIonad Áitiúil a chothabháil agus a fheabhsú.

FEF14 Cuspóir 1:

Tacú le forbairt agus feabhsú lárionaid áitiúla mar ionaid úsáide measctha inbhuanaithe, ilghnéitheach agus miondíola, a fheabhsaíonn rochtain áitiúil ar riachtanais mhiondíola laethúla, nach mbíonn drochthionchar acu ar thrádáil ó ionaid mhiondíola ardoird nó a tharraingíonn trádáil orthu.

9.5.7 Trádstóras Miondíola agus Páirceanna Miondíola

Beartas FEF15: Trádstóras Miondíola

Na cnuasaigh trádstórála miondíola atá ann cheana a chomhdhlúthú agus spás urláir trádstórála miondíola nua sa Chontae a threorú isteach i gcriosanna an Lárionaid Mhiondíola (Major Retail Centre- MRC) agus an Trádstórais Miondíola (Retail Warehousing- RW).

FEF15 Cuspóir 1:

Trádstóráil Miondíola a threorú chuig tailte atá ainmnithe le Cuspóir Criosaithe Lárionad Miondíola 'MRC' agus Cuspóir Criosaithe Trádstórais Miondíola 'RW' agus spás urláir páirceála miondíola nua a theorannú lasmuigh de na ceantair seo.

FEF15 Cuspóir 2:

A chinntiú nach mbeadh drochthionchar ag forbairt trádstórála miondíola ar bheocht agus inmharthanacht na n-ionad miondíola seanbhunaithe agus na gcroí trádstórála miondíola sa Chontae, de réir na dTreoirínte Pleanála Miondíola d'Údaráis Phleanála (2012) nó aon treoirínte um ionadú.

FEF15 Cuspóir 3:

A chinntiú nach ndéanadh forbairt trádstórála miondíola drochthionchar ar bheocht agus inmharthanacht na Lárionad Baile agus Sráidbhaile atá ann cheana ar fud an Chontae.

9.6 Mearbhia

Beartas FEF16: Miondíola – Ionaid agus Bialanna Mearbhia

Bainistiú a dhéanamh ar sholáthar ionaid agus bialanna mearbhia inár gceantair uirbeacha.

FEF16 Cuspóir 1:

Chun ró-iomadú ionaid/bialanna mearbhia a chosc agus a chinntiú go bhfuil déine aon úsáide beartaithe ag teacht le scála an fhoirgnimh ábhartha agus le patrún na forbartha sa cheantar.

FEF16 Cuspóir 2:

Chun oscailt ionaid/bialanna mearbhia nua a shrianadh cóngarach (400m de bhealach isteach na scoile) do scoileanna chun sláinte agus folláine leanaí scoile a chosaint.

9.7 Siopaí Gheallghlacadóra/Éisceadúnas

Beartas FEF17: Miondíola – Éisceadúnas agus Siopaí Gheallghlacadóra

Bainistiú a dhéanamh ar sholáthar éisceadúnas agus siopaí gheallghlacadóra agus cosc a chur ar thiúchan iomarcach na n-úsáidí talún seo.

FEF17 Cuspóir 1:

Chun tiúchan iomarcach éisceadúnas agus siopaí gheallghlacadóra inár gceantair uirbeacha a chosc.

9.8 Geilleagar Tuaithe

I gceantair thuaithe an Chontae, is gá an gá le gníomhaíocht shóisialta agus eacnamaíoch a chothromú le cosaint an chomhshaoil agus carachtar an tírdhreacha tuaithe. Rinneadh Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha mar chuid d'ullmhúchán an Phlean Forbartha agus tugann sé eolas do bheartas do na réimsí carachtar éagsúla. Trí chuspóirí bainistíochta criosaithe agus forbartha, ba mhaith leis an gComhairle forbairt i gceantair thuaithe a shrianadh chuig cineálacha iomchuí forbartha a bhfuil nasc sóisialta nó eacnamaíoch acu leis an gceantar áitiúil.

Beartas FEF18: Geilleagar Tuaithe

Tacú le fiontair inbhuanaithe tuaithe agus carachtar tuaithe na tíre a chosaint agus tionchair chomhshaoil a íoslaghdú.

FEF18 Cuspóir 1:

Tacú le talmhaíocht inbhuanaithe, gairneoireacht, foraoiseacht agus fiontair tuaithe eile ag áiteanna oiriúnacha sa Chontae agus iad a éascú.

FEF18 Cuspóir 2:

Tacú le héagsúlú feirme agus agra-thurasóireacht in áit a bhfuil tionscnamh gnó beartaithe faoi réir príomhúsáid talmhaíochta an láithreáin, faoi réir cosaintí tráchta agus comhshaoil.

FEF18 Cuspóir 3:

Talmhaíocht agus fiontair thraidisiúnta tuaithe a chosaint ar fhorbairt uirbeach neamhphleanáilte agus/nó neamh-chomhoiriúnach.

9.9 Turasóireacht agus Fóillíocht

In 2019, thaifead Turasóireacht Éireann turasóir 11.3 milliún duine ar cuairt ar an tír, agus ba é Réigiún Bhaile Átha Cliath príomhcheann scríbe turasóireachta na hÉireann. In 2019 fuair Réigiún Bhaile Átha Cliath 6.6 milliún cuairteoir idirnáisiúnta (mar chuairoteoirí teaghlaigh, cuairteoirí gnó srl.) Agus thart ar 4 mhilliún cuairt chun críche laethanta saoire. Is tiománaí suntasach eacnamaíochta í an turasóireacht agus meastar gur príomh-earnáil fáis í i ngeilleagar na hÉireann. Tacaíonn sé le cruthú post thar raon éagsúil earnálacha agus leibhéil scileanna. Tá buntáistí sóisialta agus comhshaoil leathana aige do na pobail óstacha, agus is minic go mbíonn príomhshócmhainní inrochtana ag tionscnaimh turasóireachta, ag tacú le feabhsúcháin chomhshaoil agus ag cothú seirbhísí agus imeachtaí nach mbeadh inmharthana murach sin.

Tá na sócmhainní nádúrtha agus cultúrtha, rochtain mhaith agus bonneagar gnó ag Contae Bhaile Átha Cliath Theas, chun earnáil mhór turasóireachta a bhunú agus a choinneáil sa chontae. Tá 11,536 sócmhainní cláraithe ag staitisticí turasóireachta Fáilte Ireland do 2019 ina bhunachair sonraí le haghaidh bonneagair turasóireachta in Éirinn, agus tá 130 (1.1%) díobh seo lonnaithe i gContae Bhaile Átha Cliath Theas. Cuireann gníomhartha i Straitéis Turasóireachta Chontae Bhaile Átha Cliath Theas (2015) leis na sócmhainní seo chun tairiscint níos leithne a sholáthar don mhargadh.

Agus leanúint ar aghaidh leis na caidrimh oibre dearfacha trí Ghrúpa Oibre Turasóireachta Bhaile Átha Cliath le Fáilte Ireland, chun an úsáid is fearr a bhaint as an tionscadal turasóireachta 'Grow Dublin' agus as an gcoincheap margaíochta 'Dublin - Surprising By Nature', is féidir le Contae Bhaile Átha Cliath Theas raon sainiúil de táirgí turasóireachta a chomhlánóidh táirgí áiteanna eile i mBaile Átha Cliath agus a ghinfidh buntáistí socheacnamaíochta suntasacha don Chontae.

Féachfaidh Plean Forbartha an Chontae le tacú le forbairt earnáil turasóireachta agus fóillíochta an Chontae agus éascú dó trí chreat pleanála spásúlachta a leagan amach a fhéachann leis an gcomhshaoil nádúrtha agus sócmhainní tógtha a chosaint agus a chaomhnú, rud a mbraitheann an turasóireacht air agus a thacaíonn le hinfeistíocht na hearnála poiblí agus príobháidí ann tionscnaimh turasóireachta inbhuanaithe.

Beartas FEF19: Bonneagar Turasóireachta

Tacú le tionscal turasóireachta inbhuanaithe a fhorbairt a thuigeann acmhainneacht áineasa agus turasóireachta an Chontae, ag forbairt ar na gníomhaíochtaí i Straitéis Turasóireachta Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, 2015 nó in aon straitéis ionadach.

FEF19 Cuspóir 1:

Tacú le forbairt bhonneagair turasóireachta, nithe is díol spéise, gníomhaíochtaí agus saoráidí ag láithreacha oiriúnacha faoi réir dearadh íogair agus cosaintí comhshaoil léirithe.

FEF19 Cuspóir 2:

Áiseanna turasóireachta a threorú chuig ionaid bhunaithe, go háirithe lár bailte agus sráidbhailte, áit ar féidir leo cur le beogacht eacnamaíoch níos leithne lárionaid uirbeacha.

FEF19 Cuspóir 3:

Tacú le forbairt Ionad Cuairteoirí Sléibhte Bhaile Átha Cliath ag an gClub Tine Ifrinn agus Massy's Wood de réir cead a thug an Bord Pleanála i Meitheamh 2020 nó aon cheadanna leasaitheacha.

FEF19 Cuspóir 4:

Tacú le fiontair a bhaineann leis an turasóireacht ar feadh Bealaí Glasa atá ann cheana agus atá beartaithe, lena n-áirítear bealaí glasa, faoi réir cosaintí íogaire dearaidh agus forbartha.

Beartas FEF20: Glasbhealaí, Conairí and Lúbanna

Tacú agus éascú a dhéanamh ar fhorbairt líonra comhtháite de Ghlasbhealaí (bealaí rothaíochta easbhóthair agus siúlóidí) agus Conairí (bealaí siúil) feadh conairí oiriúnacha, le naisc áitiúla le sráidbhailte agus díol spéise agus chun íogaireachtaí comhshaoil feadh na gconairí seo a chur san áireamh.

FEF20 Cuspóir 1:

Tacú agus éascú a dhéanamh ar fhorbairt líonra comhtháite de Ghlasbhealaí, Lúbanna Glasbhealaigh agus Glasbhealaí Uirbeacha chun taisteal gníomhach ar fud an Chontae a spreagadh, faoi réir cúinsí comhshaoil.



FEF20 Cuspóir 2:

Tacú le forbairt conairí turasóireachta agus oidhreachta áitiúla ag láithreacha oiriúnacha lena n-áirítear ar fud Sléibhte Bhaile Átha Cliath, agus idir agus laistigh de Bhriotás-Teach Sagard-Ráth Cúil; Cluain Dolcáin; Leamhcán; An Caisleán Nua-Liamhain; Ráth Fearnáin; agus Tamhlacht agus iarracht a dhéanamh na cosáin seo a dhéanamh idirghníomhach trí chomharthaíocht íogair a úsáid agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bhogearraí feidhmchlár soghluaiste ag cinntiú in HA DM go bhfuil gach cosán den sórt sin tírdhreachaithe go tuisceanach agus deartha chun tionchar dearfach a chinntiú ar bhithéagsúlacht agus ar thaitneamhacht amhairc.



FEF20 Cuspóir 3:

Tacú agus éascú a dhéanamh ar fhorbairt naisc inrochtana isteach i nGleann na Life agus feadh an tsráid lena n-áirítear ag an Droichead Airgid agus idir an Chanáil Mhór agus an Chanáil Ríoga faoi réir leochaileachtaí an chomhshaoil.

FEF20 Cuspóir 4:

An ceart slí a threorú agus a oscailt don phobal ó Seanbhóthar Leamhcáin go dtí Abhainn na Life, a áiríodh mar chuid den chead pleanála chun an Clinic Díseart a leathnú, laistigh de dhá bhliain ó cheadú an Phlean Forbartha Contae 2022 - 2028.

FEF20 SLO 1:

Oibriú i gcomhar le húinéirí tailte ag St. Edmundsbury, Leamhcán chun cead a fháil rochtain phoiblí iomchuí a sholáthar ar na tailte seo i nGleann na Life.

Beartas FEF21: Gníomhaíochtaí Turasóireachta agus Fóillíochta

Tacú agus éascú le forbairt gníomhaíochtaí fóillíochta sa Chontae.

FEF21 Cuspóir 1:

Úsáid ghníomhach foraoisí bainistithe a chur chun cinn le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le turasóireacht agus fóillíocht faoi réir scála iomchuí forbartha ag féachaint do na dálaí comhshaoil agus leochaileachtaí comhshaoil, taitneamhacht radhairc agus infhaighteacht seirbhísí.

**FEF21 Cuspóir 2:**

Forbairt gníomhaíochtaí fóillíochta lasmuigh a chur chun cinn ar thailte atá ainmnithe le Spás Oscailte Cuspóir Criosaithe 'OS' (chun spás oscailte agus áiseanna áineasa a chaomhnú agus soláthar a dhéanamh dóibh), ag féachaint do Straitéis Páirceanna agus Spáis Oscailte Chontae Bhaile Átha Cliath Theas.

FEF21 Cuspóir 3:

Tacú le forbairt gníomhaíochta turasóireachta agus fóillíochta uisce-bhunaithe. Tá sé seo faoi réir scála forbartha iomchuí ag féachaint do na dálaí comhshaoil agus íogaireachtaí comhshaoil, taitneamhacht radhairc agus infhaighteacht seirbhísí.

FEF21 Cuspóir 4:

Comharthaíocht a chur i bhfeidhm sa Chontae de réir na Straitéisí Turasóireachta agus Comharthaíochta don Chontae, lena n-áirítear breithniú ar chomharthaíocht faisnéise ar nádúr agus ar ghnéithe eile atá le fáil feadh na n-aibhneacha sa Chontae ag láithreacha straitéiseacha.

FEF21 Cuspóir 5:

Chun iarracht a dhéanamh taitneamhacht amhairc agus tírdhreacha Ghleann an tSláid agus Teach Sagard an tSláid agus An Gleann Chonc Clinne pNHA a chosaint, tacú le forbairt iomchuí a bhaineann le turasóireacht agus taitneamhacht i gcomhthéacs pNHA Teach Sagard an tSláid agus An Gleann Chonc Clinne agus tacú le cur chun cinn mar an gcéanna le limistéar taitneamhachta agus áilleacht nádúrtha.

FEF21 SLO 1:

Éascaíocht áineasa, fóilíocht, gníomhaíochtaí faoin aer, ionad spóirt, cóiríocht agus gníomhaíocht turasóireachta ag Woodlands Manor House agus tailte ag Lána Stoicín, Ráth Fearnáin ar aon dul le Criosú Úsáid Talún Ard-Taitneamhachta Sléibhte Bhaile Átha Cliath faoi réir measúnuithe comhshaoil, measúnú amhairc, mionsonraí topagrafacha, measúnuithe caomhnaithe agus machnamh cuí á dhéanamh ar dhearadh agus ar chaomhnú íogair gnéithe stairiúla, ailtireachta agus seandálaíochta na bhfoirgneamh agus na talún atá ann cheana.

Beartas FEF22: Turasóireacht Oidhreachta, Cultúir agus Imeachtaí

Tacú le forbairt turasóireachta oidhreachta, cultúrtha agus imeachtaí.

FEF22 Cuspóir 1:

Tacú le hathchóiriú nó tiontú íogair foirgneamh oidhreachta agus turasóireacht oidhreachta a éascú in áiteanna iomchuí (Féach freisin Caibidil 3 an roinn *Oidhreachta Tógtha*).

FEF22 Cuspóir 2:

Tacú le tionscadail turasóireachta a fhéachann le hoidhreacht gheolaíoch agus oidhreacht chultúrtha an Chontae a thaispeáint agus a chur chun cinn. Cuimsíonn sé seo na healaíona, ceol, stair na heitlíochta, nósanna na Gaeilge agus bealaí maireachtála lena n-áirítear músaeim, ionaid chultúrtha agus ionaid léirmhínteacha a fhorbairt ag áiteanna oiriúnacha.

FEF22 Cuspóir 3:

Tacú le forbairt ionad spóirt ar scála náisiúnta nó réigiúnach, m.sh. staideanna, ag láithreacha a bhfreastalaíonn iompar poiblí ardmhínicíochta orthu (Luas/Iarnród/Bus), ag féachaint dá dtionchar ar thaitneamhacht chónaithe.

**FEF22 Cuspóir 4:**

Tacú le ceolchoirmeacha nó imeachtaí ag láithreacha oiriúnacha sa Chontae, mar shampla páirceanna, staideanna, halla éisteachta, ionaid comhdhála, faoi réir cosaint taitneamhachta cónaithe agus socruithe ceadúnaithe iomchuí.

FEF22 Cuspóir 5:

Tacú le margáí agus féilte áitiúla lasmuigh agus an bonneagar cumasaithe gaolmhar in áiteanna oiriúnacha sa Chontae lena n-áirítear féilte lasmuigh mar spreagóirí d'fhás turasóireachta.

FEF22 SLO 1:

Acmhainneacht turasóireachta Teach Sagard a fhorbairt: Muilleán an tSruháin Luaith (Swiftbrook Mill).

9.9.1 Cearta Bealach Poiblí

Ceanglaítear sna hAchtanna Pleanála faoi Chuid II, alt 10 (2)(o) cuspóirí a áireamh:

'cearta slí poiblí a chaomhnú a thugann rochtain ar chladach, sliabh, cladach locha, bruach abhann nó áiteanna eile áilleachta nádúrtha nó áisiúlacht áineasa, a shainaithneofar cearta slí poiblí trí iad a mharcáil ar cheann amháin ar a laghad de na léarscáileanna atá mar chuid de an plean forbartha agus trína shuíomh a thaispeáint ar liosta atá i gceangal leis an bplean forbartha.'

Ní mór fíorú a dhéanamh ar cheart slí poiblí a aithint agus is ar an Údarás Áitiúil atá an dualgas cruthúnais. Níor éirigh leis an gComhairle aon chearta slí poiblí ábhartha don dréachtplean a shainaithint. Is mian leis an gComhairle a n-aitheantas a shaothrú go gníomhach mar atá mínithe sna cuspóirí thíos.



Beartas FEF23: Cearta Bealach Poiblí

Leanúint le rochtain ar thailte ard taitneamhachta, radhairc agus áineasa a chur chun cinn agus a fheabhsú ar fud an Chontae agus laistigh de chontaetha tadhlaigh, lena n-áirítear áiteanna áilleachta nádúrtha nó áisiúlacht áineasa, chun críocha áineasa lasmuigh agus damáiste comhshaoil, damáiste tírdhreacha agus tionchair ar láithreáin Natura 2000 á sheachaint.

FEF23 Cuspóir 1:

Caomhnú ceart slí poiblí a chur chun cinn a thugann rochtain ar shléibhte, cladach locha, bruach abhann nó áiteanna eile ar áilleacht nádúrtha nó fóntais áineasa.

FEF23 Cuspóir 2:

Na cearta slí poiblí atá ann cheana i réimsí ábhartha den Chontae a aithint, ar bhealach loighciúil agus seicheamhach, agus imscrúdú a dhéanamh ar chruthú ceart slí poiblí nua trí na céimeanna seo a leanas a ghlacadh laistigh de dhá bhliain ó glacadh an Phlean:

- Na ceantair sin sa Chontae a shainaithint agus a mhapáil a bhfuil sé d'acmhainn acu rochtain a thabhairt ar shléibhte, bhruacha locha, bhruacha abhann nó áiteanna eile ar áilleacht nádúrtha nó áirgiúlacht áineasa.
- Scrúdaigh na ceantair aitheanta le haghaidh bealaí rochtana atá ann cheana.
- Fiosraigh an cearta slí poiblí iad na bealaí rochtana atá ann cheana agus an bhfuil tuiscint ann go bhféadfadh ceart slí poiblí a bheith ann, tabhairt faoi na céimeanna riachtanacha le haghaidh comhairliúcháin atá leagtha amach sna hAchtanna Pleanála.
- Nuair a bheidh sé fíoraithe, mapáil agus sainaithin na cearta slí poiblí sin sa Phlean Forbartha.
- I gcás nach bhfuil cearta slí poiblí ann agus go mbeadh rochtain oiriúnach, smaoinigh ar chomhaontuithe cearta slí poiblí atá ar fáil faoi alt 206 de na hAchtanna Pleanála agus Forbartha a úsáid.
- Nuair nach féidir comhaontuithe cearta slí poiblí a dhéanamh, smaoinigh ar orduithe ceannaigh éigeantacha a úsáid faoi alt 207 de na hAchtanna Pleanála agus Forbartha.

FEF23 Cuspóir 3:

Aon cheart slí poiblí nó cearta slí poiblí nua-chruthaithe a chomhtháthú sa Phlean Forbartha Contae trí Athrú.

FEF23 Cuspóir 4:

De réir an Achta um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2000 cuir san áireamh sa phlean forbartha seo liosta de chearta slí poiblí a thugann rochtain ar shléibhte, bhruacha locha, bruacha abhann agus áiteanna eile áilleachta nádúrtha nó áisiúlacht fóillíochta agus a shainaithníonn iad trí iad a mharcáil ag ceann amháin ar a laghad de na léarscáileanna atá mar chuid den phlean forbartha agus ar liosta atá i gceangal leis an bplean seo.

9.9.2 Bealaí Rochtana Ceadaithe

Meastar gur meicníocht indéanta é Bealaí Rochtana Ceadaithe a chruthú chuig tailte ard taitneamhachta, áineasa agus radhairc i gcomhpháirtíocht le húinéirí talún, údaráis áitiúla tadhlacha, comhlachtaí poiblí agus gníomhaireachtaí stáit eile chun rochtain a thabhairt ar áiteanna áilleachta nádúrtha nó áirgiúlachta. Is samplaí rathúla iad Bealaí Rochtana Ceadaithe mar Bhealach Sléibhte Bhaile Átha Cliath agus na Glasbhealaí i gContae Mhaigh Eo agus Phort Láirge a thug buntáistí suntasacha turasóireachta, áineasa agus taitneamhachta.

Beartas FEF24: Bealaí Rochtana Ceadaithe

FEF24 Cuspóir 1:

Cruthú Bealaí Rochtana Ceadaithe agus conairí oidhreachta a chur chun cinn agus a éascú, i gcás nach gcuirfidís isteach ar shuíomhanna atá íogair don chomhshaol, a sholáthraíonn rochtain ar thailte ard taitneamhachta, radhairc agus áineasa lena n-áirítear ceantair thuaithe, foraoisí, coillearnacha, uiscebhealaí, ceantair ardtailte/sléibhe, an Canáil Mhór, Gleann Dodder, Gleann na Life agus idir sráidbhailte stairiúla, i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla tadhlacha, úinéirí talún príobháideacha, comhlachtaí leath-stáit agus comhlachtaí poiblí eile mar Coillte, Uiscebhealaí Éireann agus an tSeirbhís Foraoiseachta.

FEF24 Cuspóir 2:

Forbairt leanúnach Slí Sléibhte Bhaile Átha Cliath agus an tSlí Chill Mhantáin a chur chun cinn agus a éascú i gcomhar le Comhpháirtíocht Sléibhte Bhaile Átha Cliath ionas go mbeidh Bealaí Rochtana Ceadaithe a sholáthraíonn rochtain ar líonraí réigiúnacha agus áitiúla de chosáin siúil, rith, siúil agus rothar sléibhe agus áiseanna áineasa eile. ar choinníoll nach mbeidh tionchar suntasach ag bealaí/cosáin den sórt sin agus a n-úsáid ar shuíomhanna atá íogair don chomhshaol.

FEF24 Cuspóir 3:

Rochtain ar na láithreáin stairiúla uile sa Chontae a chur chun cinn agus a fheabhsú, i gcomhpháirtíocht leis na húinéirí talún ábhartha agus iarracht a dhéanamh a n-acmhainn turasoíreachta a uasmhéadú i gcomhpháirtíocht leis na húinéirí talaimh ábhartha.

FEF24 Cuspóir 4:

Taitneamhachtaí sléibhe a thabhairt níos gaire do phobail chónaithe trí bhunú líonra cosán foirmiúil, cosáin easbhóthair agus rotharbhealaí a chur chun cinn a éascaíonn siúlóirí ócáideacha agus rothaithe.

9.10 Cairéil agus Eastóscadh Mianraí

Is eanáil eacnamaíoch an-tábhachtach iad eastóscadh mianraí agus an tionscal comhiomlán a sholáthraíonn na hamhábhair don tionscal tógála. Féadfaidh na próisis a bhaineann le eastóscadh éifeachtaí fadtéarmacha comhshaoil a chur faoi deara agus carachtar an tírdhreacha a athrú go suntasach. I bhfianaise an ghá atá ann buntáistí eacnamaíocha eastósctha a chothromú le tionchair chomhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann, tá sé tábhachtach oiriúnacht na limistéar le haghaidh eastóscadh a mheas (ag cur san áireamh tréithe comhshaoil agus íogaireachtaí ceantair) agus tionchar an eastósctha a bhainistiú i gcás ina dtarlaíonn sé.

Tugann an t-athbhreithniú ar an Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha i gContae Bhaile Átha Cliath Theas breac-chuntas ar ardluach agus íogaireacht na gceantar tuaithe agus sléibhe sa Chontae, maidir leis an ngaireacht do Bhaile Átha Cliath. Tá cosaint na dtírdhreach seo agus na limistéar ard-taitneamhachta atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de mar thosaíocht ag an bPlean Forbartha, agus dá bharr sin, féachfaidh an Chomhairle le saoráidí nua nó leathnaithe sna ceantair seo a theorannú.

Beartas FEF25: Cairéil agus Eastóscadh Mianraí

Tacú le eastóscadh inbhuanaithe acmhainní comhiomlána in áiteanna oiriúnacha sa Chontae faoi réir cosaintí comhshaoil iomchuí.

FEF25 Cuspóir 1:

Eastóscadh mianraí a éascú in áiteanna oiriúnacha atá faoi réir cosaint taitneamhachta agus cháilíochta comhshaoil, lena n-áirítear cáilíocht an aeir agus truailliú torainn.

FEF25 Cuspóir 2:

Oibriú an tionscail eastóscach agus úsáidí coimhdeacha a theorannú ag láithreacha atá íogair don chomhshaoil, agus laistigh de cheantair atá ainmnithe le Cuspóir Criosaithe 'HA - DM', 'HA-LV' agus 'HA-DV', áit a mbeadh éifeachtaí díobhálacha suntasacha mar thoradh ar eastóscadh agus/nó dochar a dhéanamh d'oidhreacht nádúrtha agus thógtha an Chontae a chosaint.

FEF25 Cuspóir 3:

A chinntiú go n-athshlánófar agus/nó go n-athúsáidfear go sásúil cairéil agus áiseanna eastósctha, áit a bhfuil deireadh curtha le húsáid ghníomhach.

9.11 Suíomhanna Seveso

Gabhann Treoir 2012/18/AE an AE maidir le mórghuaiseacha timpistí a rialú, dá ngairtear Treoir SEVESO III de ghnáth, ionad Treoir 96/82/CE. Tá sé mar aidhm ag an Treoir cosc a chur ar ghuaiseacha tionóisce móra a bhaineann le substaintí agus ceimiceáin chontúirteacha agus a n-iarmhairtí do dhaoine agus don chomhshaoil a theorannú. Cúireadh é seo i bhfeidhm le Rialacháin COMAH in 2015. Tá beartas agus cleachtas an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta (HSA), comhlacht forordaithe, maidir le láithreáin Seveso leagtha amach i gcomhairle theicniúil um phleanáil úsáide talún d'Údaráis Phleanála. Táthar ag súil le treoir athbhreithnithe agus cuirfidh sé bonn eolais faoi chur i bhfeidhm chomhairle HSA.

Tá suíomh na suíomhanna SEVESO reatha sa Chontae mapáilte ar léarscáileanna an Phlean Forbartha. Taispeántar iad seo thíos agus tá siad ceart nuair a glacadh an Plean seo ach d'fhéadfadh siad a bheith faoi réir athraithe thar shaolré an Phlean Forbartha agus ba cheart iad a athbhreithniú, de réir mar is gá, i gcoinne shuíomh gréasáin HSA.

Suíomh Seveso curtha ar an eolas	Ainm agus Áit an tSuímh
Bunaíochtaí Sraith Uachtarach	BOC Gases Ltd. Éire, Bosca poist 201, Eastát Tionscail an Chloigín Ghoirm, Baile Átha Cliath 12
	Dachser Ireland Ltd, Páirc Gnó an Teampaill Dhuibh, Ráth Cúil, Dublin.
Bunaíochtaí Sraith Íochtarach	Brenntag Chemicals Distribution (Éire) Ltd, Aonad 405, Páirc Gnó Ghrianóige, Ráth Cúil, Baile Átha Cliath 24
	Irish Distillers Ltd, Bóthar Robinhood, Fox and Geese, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22
	Kayfoam Wolfson, Eastát Tionscail an Chloigín Ghoirm, Bóthar an Náis, Baile Átha Cliath 12

Beartas FEF26: Timpistí Móra

Aird a thabhairt ar fhorálacha na Treorach um Thimpistí Móra (Treoir 2012/18/AE ón gComhairle Eorpach) agus comhairle theicniúil an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) maidir le suíomhanna aitheanta SEVESO sa Chontae.

FEF26 Cuspóir 1:

Aird a thabhairt ar bheartas agus ar chur chuige an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta maidir le Pleanáil Úsáid Talún Riosca-bhunaithe, HSA (2010) nó Aon doiciméid a chur in áit nuair is iomchuí, maidir le hiarratais phleanála a mheas agus le hullmhú pleananna úsáide talún.

9.12 Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide



Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide

Foinse Gáis Cheaptha Teasa (GHGs)	Bearta chun Dul i nGleic le Tionchair Aeráide
<p>Eascaíonn foinsí GHG ó Fhorbairt Eacnamaíochta, Fostaíocht agus Miondíol go príomha ó:</p> <ul style="list-style-type: none"> → Próiseas monaraíochta na n-earnálacha tionsclaíocha agus tráchtála → Táirgeadh bia agus deochanna → Fuinneamh a úsáidtear chun foirgnimh thionsclaíocha agus thráchtála a théamh agus a fhuarú. → Turais iompair chuig agus ón obair ag úsáid breoslaí iontaise. → Iompar earraí 	<p>I measc na mbeartas agus na gcuspóirí atá sa chaibidil seo a thugann aghaidh ar thionchair aeráide, tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> → Beartas uileghabhálach chun úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn agus astaíochtaí carbóin a laghdú → An geilleagar glas agus ciorclach a chur chun cinn → Forálacha inbhuanaithe iompair agus déanamh áiteanna a thacaíonn leis an gcur chuige fás dlúth. → Fostaíocht dian saothair a chur chun cinn chuig áiteanna uirbeacha gar do iompar poiblí → Tacú le fiontar a tháirgeann barraíocht teasa chun téamh ceantair a chumasú → Foráil do chaighdeáin chun a cheangal go gcuirfead crainn agus eilimintí Bonneagair Ghlais eile ar láithreáin forbartha chun forghabháil carbóin a sheachadadh agus déanamh áiteanna níos fearr a chur chun cinn. → Cur chuige seicheamhach a chinntiú i leith forbairt miondíola → Comhlonnú spásanna oibre chun turais a laghdú agus an poitéinseal le haghaidh obair chruthaitheach agus tras-chomhoibriú a mhéadú. → Glasbhealaí, lúbanna agus cosáin siúil a chur chun cinn chun turasóireacht níos gníomhaí a spreagadh sa Chontae.





Fuinneamh

Fís

Sochaí ghlas agus geilleagar ciorclach a sholáthar ar féidir iad a chur in oiriúint do theicneolaíochtaí nua, áit chónaithe agus fostaíochta a chruthú do dhaoine agus do na tionscail sin atá ag iarraidh a lorg carbóin a laghdú.

10.0 Réamhrá

Léiríonn an 'Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019 - Dul i nGleic le Cliseadh Aeráide' cur chuige sochaí uile an Rialtais atá dírithe ar chur ar chumas na hÉireann a cuid spriocanna AE a bhaint amach chun astaíochtaí carbóin a laghdú 30 faoin gcéad idir 2021 agus 2030, agus leagtar síos ann an dúshraith chun neodracht a bhaint amach ó thaobh astaíochtaí carbóin faoi 2050. Sa chomhthéacs sin féachann Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas trína Plean Straitéiseach Forbartha Contae na spriocanna sin a shárú nó iad a bhaint amach níos luaithe, agus córais fuinnimh iontaofa, láidre agus éifeachtúla a chruthú a chumasóidh fás ar fud na n-earnálacha go léir, agus a thacóidh le forbairt an Chontae sa todhchaí. Ag teacht le Cur i bhFeidhm Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2030 de chuid LGMA (An Ghníomhaireacht Bhainistíochta Rialtais Áitiúil) leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag déanamh a dícheall chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus tacú le forbairt acmhainn fuinnimh in-athnuaite sa Chontae.

33%



Feabhas 33% a chur ar Éifeachtúlacht Fuinnimh na Comhairle faoi 2020

Réigiún a bheidh Seasmhach ó thaobh na hAeráide de a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath trí Thionchair na nImeachtaí a Bhaineann le hAthrú Aeráide sa todhchaí a laghdú



Beart a Dhéanamh chun ár saoránaigh a chur ar an eolas faoi Athrú Aeráide chun go mbeidh siad Rannpháirteach sa bhfeachtas.

40%

Gás Ceaptha Teasa (GHG)

Laghdú ar Astuithe Gáis Cheaptha Teasa na Comhairle faoi 2030



Is saincheisteanna don timpeallacht dhomhanda iad athruithe ar ár n-aeráid dthoradh téimhmh ó gháis cheaptha teasa. Tá úsáid breoslaí iontaise carbónbhunaithe freagrach as níos mó ná leath de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an domhain. Tugtar tús áite i mbeartas fuinnimh na hEorpa agus na hÉireann do bhearta chun tacú le teacht aniar na haeráide trí ídiú fuinnimh a laghdú agus trí chion an fhuinnimh a ídítear ó fhoinsí malartacha, neamhthruaillithe, ísealcharbóin agus fuinnimh in-athnuaite (m.sh. gaoth, grian, geoiteirmeach agus hidreafhuinneamh) a mhéadú ar fud na n-earnálacha. Ceann de na príomhrudaí a spreagann an Plean Forbartha Contae seo is ea freagra a thabhairt ar na saincheisteanna maidir le hathrú aeráide atá le sárú ag ár sochaí inniu. Tá bearta gníomhaíochta aeráide mar bhonn agus taca faoi gach gné den Phlean. Taispeántar é seo tríd an gcur chuige maidir le fás dlúth agus straitéisí nasctha lonnaíochta agus gluaiseachta inbhuanaithe atá comhtháite sa Phlean. Tá sé le feiceáil freisin sa tosaíocht a thugtar don Bhonneagar Glas agus do chur i bhfeidhm gach gné den phlean ar leibhéal an chontae agus ar an leibhéal áitiúil chun áiteanna ardchaighdeáin a chruthú ina bhféadfaidh daoine maireachtáil agus bheith ag obair iontu.

10.0.1 Comhthéacs an Bheartais Phleanála

Ceanglaítear le halt 10(2)n) den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 arna leasú go mbeidh cuspóirí san áireamh i bPlean Forbartha chun:

'straitéisí inbhuanaithe lonnáochotha agus iompair a chur chun cinn i gceantair uirbeacha agus thuaithe lena n-áirítear bearta a chur chun cinn chun -

1. an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú mar fhreagairt ar an dóchúlacht go dtiocfaidh méadú ar chostais fuinnimh agus ar chostais eile mar gheall ar an meath fadtéarmach a thiocfaidh ar acmhainní neamh-inathnuaite,
2. astaíochtaí gás ceaptha teasa antrapaigineacha a laghdú, agus
3. aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le hoiriúnú don athrú aeráide;

go háirithe, ag féachaint do shuíomh, leagan amach agus dearadh forbartha nua'.

Caithfidh beartais agus cuspóirí an Phlean Forbartha a bheith ag teacht leis an mbeartas pleanála náisiúnta agus réigiúnach mar atá leagtha amach sa Chreat Pleanála Náisiúnta (NPF) agus sa Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiúnach (RSES).

è **Éilítear le Cuspóirí Beartais Náisiúnta 54 agus 55** go laghdóimid ár lorg carbóin trí ghníomhaíocht aeráide a chomhtháthú sa chóras pleanála chun tacú le spriocanna náisiúnta maidir le cuspóirí maolaithe agus oiriúnaithe beartais aeráide, (RPO 7.32 freisin) chomh maith le spriocanna maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa. Éilíonn beartas freisin úsáid agus giniúint fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn ag láithreacha iomchuí laistigh den timpeallacht tógtha agus nádúrtha chun cuspóirí náisiúnta a bhaint amach maidir le geilleagar ísealcharbóin a chruthú faoi 2050.

è **Éilítear le Cuspóirí Beartais Náisiúnta 57 agus 58** go ndéanfar bainistíocht riosca tuilte agus Bonneagar Glas a chomhtháthú i dtograí forbartha chun cabhrú le hathrú aeráide a mhaolú. Éilítear le RPO 3.6 go ndéanfar measúnú ar phleananna forbartha contae ó thaobh a dtionchar ar spriocanna laghdaithe carbóin agus go mbeidh bearta iontu chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna laghdaithe carbóin.

è **Éilítear le RPO 7.38** ar údaráis áitiúla mhapáil teasa a mheas mar bhealach chun tacú le forbairtí a sholáthraíonn éifeachtúlacht fuinnimh agus aisghabháil fuinnimh, fuinneamh a dhiomlófaí murach sin. Éilíonn sé freisin go ndéanfar measúnú ar théamh ceantair agus ar fhoinsí teasa dramhaíola áitiúla a aithint.

è **Éilítear le RPO 7.40** go n-áireofar beartais chun leibhéil arda caomhnaithe fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn i bhfoirgnimh atá ann cheana, lena n-áirítear bearta um éifeachtúlacht fuinnimh a iarfheistiú sa stoc foirgneamh atá ann cheana agus bearta um éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh thraidisiúnta. Éilítear le RPO 7.40 go gcuirfear beartais i bhfeidhm chun úsáid feithiclí leictreacha a éascú.

Éilíonn beartas freisin úsáid agus giniúint fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn ag láithreacha iomchuí laistigh den timpeallacht tógtha agus nádúrtha chun cuspóirí náisiúnta a bhaint amach maidir le geilleagar ísealcharbóin a chruthú faoi 2050. Is é aidhm straitéiseach Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas fad a bheidh an Plean Forbartha seo i bhfeidhm

go sáróidh siad na cuspóirí náisiúnta lena chinntiú go mbeidh an Contae neodrach go hiomlán ó thaobh carbóin de roimh 2050.

Tá go leor cuspóirí beartais ábhartha eile ann idir náisiúnta agus réigiúnacha. Déantar tagairt dóibh sin de réir uimhreacha i mbeartais agus i gcuspóirí faoi leith an Phlean Forbartha sa chaibidil seo agus tá siad leagtha amach go hiomlán in Aguisín 7.

10.0.2 Beartas Uileghabhálach

Beartas F1: Freagraí a thabhairt ar Bheartas agus ar Reachtaíocht idir Eorpach, Náisiúnta agus Réigiúnach

è Freagra a thabhairt ar an gClár um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid na hEorpa, na hÉireann agus na Réigiún agus ar 13 Sprioc Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe trí bheartais agus chuspóirí um ghníomhú ar son na haeráide a chomhtháthú a chuireann fuinneamh in-athnuaite agus caomhnú fuinnimh chun cinn mar aon le méadú ar éifeachtúlacht fuinnimh

è Méadú ar éifeachtúlacht fuinnimh agus fás roghanna malartacha fuinnimh áitiúla a chur chun cinn ar bhealach a bheidh inghlactha agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de

10.1 Pleanáil Fuinnimh i mBaile Átha Cliath Theas











Le deich mbliana anuas tá cur chuige réamhghníomhach glactha ag an gComhairle chun aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide agus ar an dúshlán fuinnimh trí éifeachtúlachtaí suntasacha fuinnimh a chur ar fáil ina foirgneamh féin agus ina flít feithiclí. Áiríodh leis seo clár fairsing iarfheistithe a dhéanamh ar a stoc tithíochta sóisialta agus soláthar foirgneamh poiblí féin agus ról ceannasach a ghlacadh maidir le deiseanna ísealcharbóin agus fuinnimh in-athnuaite sa Chontae a aithint. I mí an Mheithimh 2012 shínigh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas Cúnant Méaraí an AE (tiomantas méaraí cathrach ar fud na hEorpa chun astaíochtaí CO₂ a laghdú 20% ar a laghad faoi 2020).

Chuir an Chomhairle a céad nuashonrú bliantúil ar a Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 i láthair i mí Dheireadh Fómhair 2020. Maidir leis an 130 Gníomh a bhfuil cur síos orthu sa Phlean tá obair á déanamh ar 111 acu agus tá seacht gcinn críochnaithe. Bhí an Chomhairle 33% níos fearr ná a sprioc féin um éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2020, bliain roimh an sceideal, agus tá sí i riocht maith chun laghdú 40% a dhéanamh ar astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a chomhlíonadh faoi 2030. Is é toradh na tuarascála gur chuir Baile Átha Cliath Theas feabhas 34.4% ar éifeachtúlacht fuinnimh ó 2009, agus gur baineadh a sprioc amach bliain roimh an sceideal. Ina theannta sin, rinneadh laghdú 33.6% ar astaíochtaí CO₂ ó 2009.

Tá roinnt tionscnamh ceannródaíoch curtha i bhfeidhm sa Chontae le blianta beaga anuas. Úsáidfidh an tionscadal Teasa Dúiche Thamhlachta atá ar siúl go leanúnach dramhaíl ó ionad sonraí i dThamhlacht chun teas ísealcharbóin a sholáthar d'fhoirgnimh na hearnála poiblí, do 1,400 árasán cónaithe agus do os cionn 12,000m² d'fhoirgnimh thráchtála i mBaile an Chontae. Is é an tionscadal seo an chéad cheann dá chineál in Éirinn agus déanfaidh sé laghdú 1,900 tonna in aghaidh na bliana ar astaíochtaí carbóin. Is eangach phobail chliste áitiúil í Saotharlann Bheo Fuinnimh Pobail Thamhlachta a bhuaigh duais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (Leaba Thástála Eangaí Cliste Thamhlachta) a chuireann ar chumas

pobail leictreachas a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite mar ghaoth, grian agus hidreafluinnemh a tháirgeadh agus a dhíol. Cuireann an tionscadal margadh áitiúil ar fáil don phobal agus bíonn boscaí cliste suiteáilte i ngach teach atá rannpháirteach. Cuireadh tús leis an tionscadal in 2013 agus gan ach 20 rannpháirtí ann ach tá sé leathnaithe anois go 200 gnóthas agus teach áitiúil.

Déanfaidh an Chomhairle máistirphleananna fuinnimh a chur chun cinn don cheantar gnó atá i dtailte chrios forbartha straitéisí (SDZ) Chaisleán na Gráinsí agus Chluain Buiríosa. Déanfaidh Creatphlean Bhóthar an Náis measúnú ar an gcaoi ar féidir leis an gceantar tacú leis an gContae a cheanglais maidir le hathrú aeráide agus astaíochtaí carbóin a shásamh.

Scéim Teasa Dúiche Thamhlachta		
Eacnamaíoch	Dlí/Teicniúil	Comhshaoil
 Costais Chaipitil níos Lú  Cotha bháil Fuinnimh níos Lú  Gan aon Cheangal  Costas Trinse  Sábháil Spáis	 Comhlíonadh na Rialachán Foirníochta  Comhlíonadh Pleanála  Clú Feabhsaithe  Iontaofacht agus Inbhuanaitheacht an Chórais  Teocht Seasta Solátha	 Níos Íú  Cáilíocht Aeir  Gan aon Bhaol Aonocaíde  Torann níos  Tuilleadh Fuinnimh In-athnuaite

10.1.1 Astuithe Bunlíne Chontae Bhaile Átha Cliath Theas

Taispeántar i dTábla 10. 1 fardal astaíochtaí ar fud an chontae i mBaile Átha Cliath Theas. Leagtar béim san anailís bhunlíne seo ar astaíochtaí na hearnálacha a ghineann na leibhéil astaíochtaí is airde agus soláthraítear taifead d'astaíochtaí carbóin, ar féidir a úsáid chun tacú leis an Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (EMRA) fardal astaíochtaí a chruthú don réigiún, mar a éilítear faoi RPO 7.31 den Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiúnach (RSES) ¹. Tugtar nuashonrú freisin i dTábla 10.1 ar fhigiúirí astaíochtaí nuair a bhí siad ar fáil maidir le hastaíochtaí na Comhairle féin bunaithe ar na figiúirí tomhaltais fuinnimh is déanaí.

¹ Rinneadh an anailís tosaigh ar astaíochtaí ag úsáid sonraí 2016, tá an scéal amhlaidh toisc go bhfuil na ríomhanna seo bunaithe ar shonraí na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) nach mbíonn ar fáil ach gach cúig bliana. Is í seo an mhodheolaíocht is fearr atá ar fáil in Éirinn faoi láthair, ach tá Codema ag obair ar mhúnla fuinnimh an Chontae a bheachtú trí thionscadal Mháistirphlean Bhaile Átha Cliath.

Tábla 10.1 Astaíochtaí Bunlíne agus Astaíochtaí Reatha

Fardal Fuinnimh agus Astaíochtaí Bhaile Átha Cliath Theas		
Earnáil	Éileamh ar Fhuinneamh (MWh)	Astaíochtaí (tCO ² /coibhéis tCO ²) 2021
Áiteanna Cónaithe	1,803,177	457,286
Foirgnimh Tráchtála	2,022,840	607,679
Cúrsaí Iompair	2,799,199	731,029
Bardasach (Nuashonrú 2019)	30,180	8,768
Tithíocht Shóisialta	116,681	29,184
Talmhaíocht	6,358	7,023
Dramhaíl	-	26,530
Fuíolluisce	-	6,411
Uisce	1,803	844
Iomlán	6,780,238	1,874,753

Foinse: Codema: 2021

Ba é 6,780 MWh an méid iomlán fuinnimh a úsáideadh i mBaile Átha Cliath Theas i 2016. Ba é fuinneamh díosal an céatadán ba mhó, 31%, den fhuinneamh sin a úsáideadh. Ina dhiaidh sin bhí gás nádúrtha (29%) agus leictreachas (15%). Ba chóir a thabhairt faoi deara nárbh ionann an fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite ach 2% den mheascán iomlán breoslaí i mBaile Átha Cliath Theas. Den fhuinneamh in-athnuaite sin, tháinig 1.5% ó fhoinsí bithmhaise. Ba é coibhéis 1,874,753 tonna CO₂ na hastuithe iomlána ó na hearnálacha éagsúla i mBaile Átha Cliath Theas. Fuarthas amach san anailís go n-úsáideann an earnáil tráchtála an méid is mó leictreachais i mBaile Átha Cliath Theas, agus go raibh na hastaíochtaí ab' airde aici ó leictreachas (69%). Is dócha go bhfuil an scéal amhlaidh mar gheall ar líon na n-úsáidí tionsclaíocha i mBaile Átha Cliath Theas a bhfuil an-éileamh ar leictreachas acu.

Beartas F2: Próifíl Fuinnimh Bhaile Átha Cliath Theas

Tionscnaimh ghníomhaíochta ar son na haeráide agus Tionscnaimh fuinnimh a bhaineann leis an gContae a fhorbairt tuilleadh agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre, Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath (Codema), an Oifig Réigiúnach um Ghníomhaíocht ar son na hAeráide (CARO) agus na páirtithe leasmhara ábhartha go léir, ag cur bearta um éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite chun cinn ar fud an Chontae.

F2 Cuspóir 1:

Iarracht a dhéanamh an spleáchas ar bhreoslaí iontaise sa Chontae a laghdú trí éileamh fuinnimh na bhforbairtí atá ann cheana agus na bhforbairtí nua a laghdú.



F2 Cuspóir 2:

Giniúint agus soláthar roghanna fuinnimh ísealcharbóin agus fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn, ag féachaint do na deiseanna a chuireann grádlathas lonnaithe an Chontae agus an timpeallacht thógtha ar fáil.



F2 Cuspóir 3:

Tacú le taifeadadh agus monatóireacht a dhéanamh ar acmhainn fuinnimh in-athnuaite sa Chontae i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile lena n-áirítear Tionól Réigiúnach Oirthear Lár Tíre (EMRA), Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath (Codema), an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO).



F2 Cuspóir 4:


Bearta a chur i bhfeidhm chun na Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe atá ann agus Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe nua a spreagadh agus tacú leo.



10.2 Bearta Fuinnimh

10.2.1 Éifeachtúlacht Fuinnimh sna Foirgnimh atá ann cheana

Tá éifeachtúlacht fuinnimh na bhfoirgneamh atá ann cheana ar cheann de na ceisteanna is tábhachtaí maidir le freagra a thabhairt ar an dúshlán fuinnimh i gContae Bhaile Átha Cliath Theas. Chuir iarrachtaí breise sa réimse seo, go háirithe uasghrádú agus athchóiriú tithe agus áitribh ghnó go mór le héilimh agus costais fuinnimh sa Chontae a laghdú. Taispeánann an graf thíos an méadú suntasach ar rátálacha fuinnimh foirgneamh (RFF) níos airde le blianta beaga anuas ag teacht le riachtanais rátála fuinnimh.



Figiúr 10.1: Dáileadh RFF Bhaile Átha Cliath Theas de réir Bliain a dTógtha Foinse: Codema 2021

10.2.2 Feidhmíocht Fuinnimh i bhFoirgnimh Nua

Beidh ról suntasach ag dearadh, tógáil agus feidhmíocht foirgneamh nua maidir leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú sa toadhchá. D'fhéadfadh coigilteas suntasach ar an leibhéal áitiúil a bheith mar thoradh ar shaincheistanna fuinnimh a chomhtháthú i saolré gach aon foirgneamh chónaithe agus neamhchónaithe nua, ó scála na comharsanachta, na sráide agus na bhfoirgneamh aonair. Tugtar aghaidh go príomha i gCuid L de na Rialacháin Foirgníochta reatha ar na riachtanais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite chun foirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe nua a thógáil.

Ceanglaítear ar gach foirgneamh nua atá faoi úinéireacht agus á áitiú tar éis an 31 Nollaig 2020 cloí le caighdeán nZEB (foirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh). Sainmhínítear nZEB mar

fhoirgneamh a bhfuil feidhmíocht fuinnimh an-ard aige, arna chinneadh i gcomhréir le hlarscríbhinn I den Treoir Eorpach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh. Ba cheart fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a tháirgtear ar an láthair nó in aice láimhe, a úsáid cuid mhaith chun an fuinneamh a bheidh nach mór neodrach nó an-bheag chun an t-éileamh sin a shásamh. Tá an caighdeán curtha i bhfeidhm ón 31 Nollaig 2018 i gcás comhlachtaí na hearnála poiblí.

Beartas F3: Feidhmíocht Fuinnimh sna Foirgnimh atá ann faoi Láthair agus i bhFoirgnimh Nua

Tacú le leibhéal arda um chaomhnú fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh nua agus i bhfoirgnimh atá ann cheana lena n-áirítear bearta um éifeachtúlacht fuinnimh a fheistiú go siarghabhálach sa stoc foirgneamh atá ann cheana de réir na rialachán foirgníochta ábhartha, an bheartais agus na treorach náisiúnta agus spriocanna Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide na Tíre agus Bhaile Átha Cliath Theas.

F3 Cuspóir 1:

Laghdú a dhéanamh ar riachtanas fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite a chinntiú in áitribh athchóirithe agus uasghrádaithe agus i bhfoirgnimh eile trí dhearadh agus suíomh na forbartha nua, de réir na rialachán foirgníochta ábhartha agus an bheartais agus na dtreoracha náisiúnta.



F3 Cuspóir 2:

Tosaíocht a thabhairt d'athfheistiú foirgneamh nuair is féidir seachas iad a scartáil agus a atógáil chun na méideanna móra fuinnimh charbóin a bhíonn ionchorpraithe in ábhair thógála a laghdú nuair a bhíonn foirgnimh á dtógáil ón talamh aníos.



F3 Cuspóir 3:

A éileamh go ndéanfar gach forbairt nua a dhearadh chun tionchair an athraithe aeráide a chur san áireamh, agus go ndéanfar bearta éifeachtúlachta fuinnimh, soláthar fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite a ionchorprú de réir na rialachán náisiúnta tógála agus an bheartais agus na dtreoirínte ábhartha.



F2 Cuspóir 4:

Tacú le gníomhartha agus spriocanna an Phlean Náisiúnta agus Plean Bhaile Átha Cliath Theas um Ghníomhú ar son na hAeráide agus éascú a dhéanamh orthu nuair a bhaineann siad le foirgnimh phríobháideacha agus poiblí sa Chontae.



10.2.3 Feithiclí leictreacha

Tá spriocanna uaimhianacha sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta ar son na hAeráide maidir le glacadh le feithiclí leictreacha (EVanna), agus é mar sprioc 935,600 EV a bheith ar an mbóthar faoi 2030, lena n-áirítear 840,000 carr, 95,000 feithicil éadrom tráchtála agus 600 bus a mbeidh astaíochtaí ísle acu (.i. nach mbeidh siad ag brath ar dhíosal amháin). Ciallaíonn sé seo gur gá gur Feithiclí Leictreacha a bhfuil Batairí iontu (BEVanna) nó Feithiclí Leictreacha Hibride a Phlugáiltear Isteach (PHEVanna) thart ar aon trian de na feithiclí uile a dhíolfar sna deich mbliana sin. Chun tacú leis an sprioc seo, tá na ceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath i gcomhar leis an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO) agus Baile Átha Cliath Cliste ag cur straitéise uileghabhálaí i dtoll a chéile chun bonneagar a sholáthar chun feithiclí leictreacha a luchtú ar thaobh na sráide i Réigiún Bhaile Átha Cliath. Tugtar aghaidh ar bhealach níos mionsonraithe ar bheartais agus ar chuspóirí maidir le feithiclí leictreacha i gCaibidil 7 *Gluaiseacht Inbhuanaithe*.

Cé go n-aithnítear go bhfuil EVanna níos fearr ná feithiclí a bhfuil innill dócháin inmheánaigh iontu ní hiad sin an modh iompair a bhfuil na hastaíochtaí is ísle acu agus lena chois sin baineann cuid de na neamhéifeachtachtaí céanna leo a bhaineann le feithiclí a bhíonn ag brath ar bhreosla iontaise ó thaobh an méid ama a mbíonn siad in úsáid, tógann siad talamh le haghaidh páirceála agus níl sé ar a gcumas lear mór daoine a iompar ar lána caighdeánach bóthair.

Beartas F4: Feithiclí Leictreacha

Áiseanna luchtaithe EVanna a chur chun cinn de réir na rialachán ábhartha agus de réir na mbeartas agus na dtreoracha náisiúnta agus réigiúnacha. (féach freisin Caibidil 7, *Gluaiseacht Inbhuanaithe*)

F4 Cuspóir 1:

Tacú le cur i bhfeidhm straitéis luchtaithe EVanna do Réigiún Bhaile Átha Cliath.



F4 Cuspóir 2:

A chinntiú go suiteálfar pointí luchtaithe EVanna sa chaoi nach gcuirfidh siad bac suntasach ar chineálacha iompair níos ísle ó thaobh carbóin de (.i. cosáin, lánaí rothar, rochtain ar stáisiún DART nó Luas, nó lánaí nó stadanna bus).



F4 Cuspóir 3:

A chinntiú i gcas gach feithicil nua a cheannaítear nó a dhéantar a athsholáthar i bhflít na Comhairle gur EVanna iad a ndéantar a luchtú ó fhoinsí in-athnuaite nó a bheidh faoi chumhacht breoslaí in-athnuaite.



10.2.4 Líonraí Teasa Dúiche Ísealcharbóin

Is éard atá i scéim teasa ceantair ná líonra píopaí inslithe, trínar féidir teas a ghintear ó lárionad fuinnimh amháin níos mó a sheoladh chuig a lán foirgneamh chun téamh spáis agus uisce te a sholáthar.

Buntáistí Sóisialta



Buntáistí Comhshaoil

- Tacaíonn sé le Spriocanna Fuinnimh an AE agus na hÉireann
- Níos lú Spleáchais ar Bhreoslaí Iontaise
- Leas Níos Mó á Bhaint as Ábhair In-athnuaithe le
- haghaidh Teasa
- Astaíochtaí Carbóin Laghdaithe
- Cáilíocht Aeir Níos Fearr

Buntáistí Eacnamaíocha

- Bochtaíocht Laghdaithe ó thaobh Breosla
- Rátálacha Fuinnimh Níos Fearr
- Compond Feabhsaithe
- Slándáil Soláthair Níos Mó
- Uisce Te ar Éileamh



Sóisialta

- Cruthú Postanna Áitiúla
- Billí Fuinnimh & Cothabhála níos lú Sruth
- Ioncaim Inbhuanaithe
- Comhlíonadh na Rialachán Foirgníochta ar Bhealach atá Éifeachtúil ó thaobh Costas de
- Níos Tarraingtí do Lucht Tionscal

Fíor 10.2: - Buntáistí Téimh Dúiche (Foinse: Codema)

Is iad na ceantair a bhfuil an deis teasa ceantair is fearr acu ná na ceantair a bhfuil:

è Dlús ard ó thaobh éilimh teasa (idir éileamh reatha agus éileamh pleanáilte) - i dtíortha mar an Danmhairg, áit a ndéantar limistéir a bhfuil éileamh teasa níos airde ná 150TJ/km² a zónáil le haghaidh téamh ceantair, mar go meastar go bhfuil na ceantair sin oiriúnach ó thaobh na teicniúlachta agus na heacnamaíochta de chun gnáthchóras Téimh Cheantair a fhorbairt.

è Ar bhunús a ngaireacht do na foinsí teasa atá ann cheana/foinsí teasa spáis atá oiriúnach chun trealamh nua ísealcharbóin um ghiniúint teasa a shuiteáil.

è Nach bhfuil ach bacainní spásúla/fisiciúla íosta ann ar feadh bhealach líonra Théimh Cheantair (m.sh. aibhneacha, bonneagar atá ann cheana, láithreáin oidhreachta, srl.).

Chun riachtanais RPO 7.38 a shásamh, rinne Codema léarscáil teasa an Chontae a nuashonrú. Rinneadh anailís féidearthachta ardleibhéil freisin, mar a éilítear in RPO 7.38 agus tugadh breac-chuntas ar an acmhainn atá ann maidir le Criosanna Fuinnimh Straitéiseacha um théamh ceantair a chruthú faoi réir RPO 7.35. Ós rud é go bhfuil scéim teasa ceantair á chur i bhfeidhm go leanúnach i dTamhlacht, tabharfar tosaíocht do leathnú leanúnach na hacmhainne sin. I gcás Líonra Teasa Dúiche Thamhlachta, úsáideadh léarscáileanna teasa spásúla chun an fhéidearthacht maidir le Téamh Dúiche a aithint agus ansin chun páirtithe leasmhara a thabhairt le chéile ar mhaithe le forbairt ghnó agus chun deiseanna a roinnt, beartas a threorú agus barrfheabhas a chur ar dhearadh an líonra. Aithnítear dhá shuíomh eile ag Caisleán na Gráinsí/Cluain Buiríosa agus Cluain Dolcáin mar áiteanna a bhfuil acmhainn iontu maidir le Téamh Ceantair.

Ag Caisleán na Gráinsí/Chluain Buiríosa tá leibhéal maith éilimh teasa ann de bharr aonaid chónaithe nua, ó dhlús meánach go dlús ard (60 áit chónaithe in aghaidh an heicteáir agus is árasáin timpeall 60% díobh sin) agus beidh an 55,500m² de spás urláir tráchtála, miondíola agus pobail laistigh de theorainn chrios na forbartha straitéisí. Siar ó dheas ó chrios forbartha straitéisí Chluain Buiríosa, tá raidhse foinsí féideartha teasa dramhaíola ag Caisleán na Gráinsí, lena n-áirítear teas substaintiúil dramhaíola ó roinnt ionad sonraí. Tá acmhainn bhreise ann téamh ceantair a fhorbairt laistigh de limistéar forbartha Chaisleán na Gráinsí thiar.

Tá pócaí féideartha i gCluain Dolcáin ar an taobh thoir agus thiar den M50. Bheadh sé riachtanach an scéal a iniúchadh tuilleadh chun inbhuanaitheacht foinsí féideartha teasa dramhaíola a mheas agus conas a bhféadfaí an teas sin a aisghabháil.

Beartas F5: Líonraí Teasa Dúiche Ísealcharbóin

1. Tacú le líonraí ísealcharbóin um théamh ceantair a sholáthar ag láithreacha oiriúnacha ar fud an Chontae ach é a bheith cruthaithe go bhfuil sé sin indéanta. Tacaigh le teicneolaíochtaí comhlántacha freisin mar fhuarú, teas agus cumhacht comhcheangailte le céile (CCHP), caidéal teasa ar mhórskála, agus deiseanna fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear fuinneamh geoiteirmeach, fuinneamh ó dhramhaíl, bithmhais agus bithghás.
2. Tacú le himscrúdú a dhéanamh ar fhoinsí fuinnimh gheoiteirmeacha, idir foinsí doimhne agus foinsí éadoimhne, ar fud an Chontae. Tá tionscadail gheoiteirmeacha doimhne an-oiriúnach do cheantair a léiríonn ardúsáid teasa.
3. Tacú le tograí Téimh Dúiche a sholáthar ach é a bheith cruthaithe go bhfuil sé sin indéanta laistigh de cheantair a léiríonn ardéileamh teasa (níos airde ná 150TJ/km²) lena n-áirítear na ceantair aitheanta a bhfuil Acmhainn Téimh Dúiche Ísealcharbóin iontu i dTamhlacht, i gCluain Buiríosa/Caisleán na Gráinsí agus i gCluain Dolcáin). Ba cheart go nascfaí forbairtí amach anseo sna ceantair sin le Córais Teasa Dúiche atá ann cheana nó atá deimhnithe. Sa chás nach bhfuil scéim Téimh Dúiche dearbhaithe ba cheart forbairt nua a dhearadh sa chaoi gur féidir é a cheangal le scéim den sórt sin nuair a chuirfear ceann ar fáil.
4. Tá tacaíocht do líonraí ísealcharbóin um téamh ceantair faoi réir na measúnuithe comhshaoil iomchuí a dhéanamh chun a chinntiú nach mbeidh aon tionchar suntasach ar an gcomhshaoil níos leithne lena n-áirítear sláinte an duine.

F5 Cuspóir 1:

Oiriúnú don todhchaí a dhéanamh ar an timpeallacht thógtha i Limistéir Teasa Dúiche Ísealcharbóin chun go bhféadfar líonraí fuinnimh áitiúla a chur ar fáil agus bogadh i dtreo córas fuinnimh dí-láraithe.



F5 Cuspóir 2:

A chinntiú go ndéanfar Anailís Fuinnimh maidir le gach togra forbartha i Limistéir a d'fhéadfadh Acmhainn Dúiche Teasa Ísealcharbóin a bheith iontu agus iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le líonraí ísealcharbóin um téamh ceantair a fhorbairt.



F5 Cuspóir 3:

Tacú le tionscadail gheoiteirmeacha, idir thionscadail dhóimhne agus thionscadail éadóimhne, ag láithreacha oiriúnacha ar fud Bhaile Átha Cliath Theas faoi réir measúnaithe comhshaoil.

**F5 Cuspóir 4:**

Tacú le greillí fuinnimh phobail agus micrea-ghreillí i nginiúint leictreachais trí fhoinsí in-athnuaite.

**F5 Cuspóir 5:**

Tacú le cuspóirí taifeadta agus monatóireachta an phlean trí 'Fhoirm um Measúnú Fuinnimh' a ionchorprú sa phróiseas iarratais phleanála trína ndéanfar faisnéis a sholáthar a bhaineann le húsáid fuinnimh i bhforbairtí níos mó ná 20 aonad cónaithe nó 3000m cearnach d'fhorbairt tráchtála nó d'úsáid mheasctha choibhéseach lena n-áirítear buaic bhliantúil agus buaic éilimh ar theas agus leictreachas, achar urláir, rátáil RFF, sonraí an chórais téite, sonraí faoi fhoinsí in-athnuaite ar an láthair, sonraí faoi luchtú EVanna.

F5 SLO 1:


Tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt líonraí ísealcharbóin um téamh ceantair sna ceantair sin inar aithníodh go bhféadfadh siad a bheith oiriúnach le haghaidh líonraí ísealcharbóin um téamh ceantair ag Tallaght, Caisleán na Gráinsí/Cluain Buiríosa agus Cluain Dolcáin de réir Bheartas E5 agus na gcuspóirí tacaíochta sa ráiteas i scríbhinn.

10.2.5 Fuinneamh ó Dhramhaíl

Tá roinnt bealaí ann chun fuinneamh leictreachais nó fuinneamh teasa a ghiniúint ó dhramhaíl. Ina measc seo tá dó, gású, pireaú, díleá anaeróbach agus aisghabháil gháis ó láithreáin líonta talún. Cé nach é sin an rogha is fearr atá san ordlathas dramhaíola chun dramhaíl a sheachaint, ceadáíonn sé cur chuige geilleagair chiorclach níos inbhuanaithe i leith dramhaíola nuair nach bhféadfaí é a sheachaint murach sin. Maidir le gach tionscadal den sórt sin, ba cheart na tionchair chomhshaoil níos leithne a mheas, agus measúnuithe comhshaoil a dhéanamh mar is cuí.

Tá acmhainn shuntasach ann chun teas dramhaíola neamhúsáidte a ghineann áitribh a ghabháil agus a athúsáid ar an láithreán nó in áitribh ar shuíomhanna tadhlaacha nó in aice láimhe. Gintear teas dramhaíola den sórt sin ó phróisis lena n-áirítear stáisiúin ghiniúna theirmeacha, giniúint cumhachta ar an láithreán, próisis thionsclaíocha, córais fuíolluisce agus gléasraí a ghineann fuinneamh ó dhramhaíl. Cuirfidh an teicneolaíocht seo cumhacht ar fáil do thithe agus do ghnóthais i dTionscadal Teasa Dúiche Thamhlachta. Sa chás go bhfuil acmhainn shuntasach ann maidir le teas dramhaíola bíonn tograí maidir le téamh ceantair i bhfad níos indéanta. Is í an fhoinsé teasa a bhfuil an cumas teasa is mó aici ná teas dramhaíola ó lárionaid sonraí.

Taispeántar i bhFíor 10.3 na foinsí teasa féideartha atá sa Chontae faoi láthair.



Fíor 10.3:: Líon na bhfoinsí teasa a sainithníodh (grúpáilte de réir cineáil)

Beartas F6: Aisghabháil agus Úsáid Teas Dramhaíola

Forbairt teicneolaíochtaí teasa dramhaíola a chur chun cinn mar aon le húsáid agus comhroinnt teasa dramhaíola i gceantair ina gcruthófar go bhfuil sé indéanta an teicneolaíocht a úsáid chun téamh ceantair ísealcharbóin a sholáthar.

F6 Cuspóir 1:

A cheangal go ndéanfar theicneolaíochtaí teas dramhaíola a fhorbairt agus a phromhadh ó thaobh na todhchaí de agus go n-úsáidfeadh agus go roinnfeadh teas dramhaíola i gcás ina gcruthófar go bhfuil sé indéanta é athúsáid mar chuid de líonra ísealcharbóin um theas ceantair.



F6 Cuspóir 2:

An geilleagar ciorclach a chur chun cinn trí fhuinneamh a ghiniúint ó dhramhaíl faoi réir cúinsí comhshaoil.



10.2.6 Córais Fhótavoltacha

Tiontaíonn cealla fótavoltacha (PV) radaíocht na gréine go díreach ina shruth díreach leictreachais. Ní sholáthraíonn cealla PV aonair ach méid beag leictreachais, mar sin déantar iad a ghrúpáil le chéile de ghnáth i modúl mar áis. De ghnáth bíonn PV níos oiriúnaí do cheantair inar féidir an leictreachas a ghintear freastal ar éileamh in aice láimhe, agus sa chaoi sin seachnaítear cailliúint fuinnimh agus na costais a bhaineann le tarchur agus dáileadh. De réir cheanglais RPO 7.35 den Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiúnach (RSES) tá an Chomhairle ag obair le Codema, Ghníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath, chun measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht painéil gréine PV comhtháite ar scála fóntais a thógáil sa Chontae agus é de chuspóir fadtéarmach acu criosanna a ainmniú ina bhféadfaí Criosanna Straitéiseacha um Fhuinneamh Gréine a mheas. Soláthraíonn an obair atá déanta roimhe seo deiseanna chun teicneolaíochtaí gréine a úsáid in áitribh atá ann cheana. D'fhéadfadh sé go mbeidh féidearthacht ann freisin chun forbairtí de chineál 'feirm ghréine' a fhorbairt in aice leis na páirceanna móra tráchtála, tionsclaíocha agus gnó atá suite i gContae Bhaile Átha Cliath Theas inar cruthaíodh go bhfuil inmharthanacht agus indéantacht ag baint leo.

Beartas F7: Fuinneamh na gréine

Forbairt an bhonneagair fuinnimh gréine a chur chun cinn sa Chontae, lena n-áirítear tionscadail chomhtháite ghréine ar scála tráchtála a thógáil faoi réir measúnaithe inmhharthanachta agus cosaintí comhshaoil lena n-áirítear gnéithe oidhreachta nádúrtha nó tógtha, bithéagsúlacht agus radhairc agus caol-léargais a chosaint.

F7 Cuspóir 1:

Forbairt bonneagair um fuinneamh gréine a spreagadh agus tacú leis chun fuinneamh a úsáid ar an láthair ag áiteanna oiriúnacha sa Chontae.

**F7 Cuspóir 2:**

Forbairt bonneagair fuinnimh gréine agus fóntais tráchtála a spreagadh agus tacú leo lena gcruthú ag áiteanna oiriúnacha sa Chontae.

**F7 Cuspóir 3:**

Tacú agus spreagadh a thabhairt do sholáthar leanúnach na teicneolaíochta gréine ar fhoirgnimh agus láithreáin faoi úinéireacht na Comhairle de réir Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath Theas.

**F7 Cuspóir 4:**

Iniúchadh a dhéanamh le fáil amach an bhfuil sé indéanta Criosanna Fuinnimh Straitéiseacha PV gréine a fhorbairt sa Chontae de réir cheanglais RPO 7.35.

**F7 Cuspóir 5:**

A chinntiú go ndéantar iarratais phleanála ar bhonneagar fuinnimh gréine a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar oibriú aerfort a tharchur chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann/an Roinn Cosanta nó chuig an údarás aerfoirt ábhartha.

F7 Cuspóir 6:

Bunachar sonraí GIS de shuiteálacha PV a bhunú sa Chontae ag an am cuí i dteannta le forbairt córais ghréine PV. Ba cheart go n-áireofaí leis seo sonraí maidir le méid (achar an láithreáin i m², achar iomlán na bpainéal in aghaidh an m²), cineál (monachriostalach, rianaithe, PV, painéil ghréine chomhchruinnithe, baile/tráchtála, srl.), sonraí maidir le nasc leis an eangach (suíomh, kV, méadrú déthro, srl.) agus giniúint fuinnimh (buaic kW, kWh bliantúil) maidir le gach suiteáil.

F7 Cuspóir 7:

Tacú le feirmeacha gréine a sholáthar sa Chontae i gceantair atá criosaithe mar RU faoi réir nithe íogaire an chomhshaoil a chosaint.

F7 Cuspóir 8:

Tacú le suiteáil painéal gréine ar suas le 100% den spás na ndíonta ar áitribh chónaithe.

10.2.7 Tionscadail Mhórscála Fuinnimh Ghaoithe


Aithníonn an Chomhairle go gcuireann fuinneamh gaoithe go mór le spriocanna fuinnimh in-athnuaite na hÉireann a bhaint amach san am atá le teacht.

Gabhann Measúnú Carachtair Tírdhreacha (LCA) a nuashonraíodh i 2021 leis an bPlean seo. Rinneadh Anailís Íogaireachta agus Acmhainne Fuinnimh Gaoithe mar chuid den obair bhunaidh

Measúnú Carachtair Tírdhreacha a rinneadh i 2016. Críochnaíodh Bileog Acmhainne Gaoithe chun acmhainn gach Limistéar Carachtair Tírdhreacha sa Chontae a chinneadh ó thaobh tuirbíní gaoithe a shuiteáil iontu. Ba í conclúid na hanailíse seo, in éineacht leis an Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha, nach bhfuil aon cheantair sa Chontae ina bhféadfaí bonneagar fuinnimh gaoithe tráchtála ar scála mór a aicmiú mar cheantair ‘ceadaithe i bprionsabal’ nó ‘le breithniú’.

Rinne Codema measúnú féidearthachta ardleibhéil ar fhuinneamh gaoithe don Chontae in 2020. D'aithin an measúnú ar luas na gaoithe roinnt féidearthachtaí do thionscadail fuinnimh gaoithe, cosúil leis an measúnú ar charachtair an tírdhreacha, laistigh de shléibhte Bhaile Átha Cliath/Chill Mhantáin ach ní raibh sé faoi réir measúnuithe comhshaoil ná modheolaíocht na dTreoirlínte Gaoithe. Tá sé ar intinn ag an gComhairle athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis Fuinnimh Gaoithe don Chontae.





Fíor 10.4: Anailís ar Fhuinneamh Gaoithe

Beartas F8: Fuinneamh Gaoithe

A aithint go bhfuil acmhainn shuntasach ag fuinneamh gaoithe maidir le cuidiú chun spriocanna fuinnimh in-athnuaithe a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta faoi réir gan aon drochthionchar a bheith aige ar an gcomhshaol níos leithne agus athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainn fuinnimh gaoithe do Bhaile Átha Cliath Theas ag féachaint do na treoirlínte ábhartha agus carachtar an tírdhreacha.

F8 Cuspóir 1:

Athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis Fuinnimh Gaoithe reatha don Chontae le linn shaolré an Phlean, ag féachaint d'aon Treoirlínte Fuinnimh Gaoithe nuashonraithe agus Straitéis Fuinnimh Gaoithe Bhaile Átha Cliath Theas atá ann faoi láthair.

F8 Cuspóir 2:

Leanúint ar aghaidh ag measúnú iarratais phleanála i bhfianaise na straitéise fuinnimh gaoithe atá ann faoi láthair (2016) go dtí go mbeidh athbhreithniú ar an straitéis críochnaithe agus faofa, agus aitheantas a thabhairt don chaoi go bhfuil forbairtí fuinnimh gaoithe ar scála mór in aghaidh na straitéise.

10.2.8 Tionscadail Fuinnimh Gaoithe Mionscála

Spreagfaidh an Chomhairle forbairtí fuinnimh gaoithe ó mhionscála go meánmhéide i bpáirceanna tionsclaíocha agus gnó agus i bhforbairtí mionscála chun críocha baile, in áiteanna iomchuí chun freastal ar úsáid fuinnimh ar an láthair (féinthomhailt) agus barrachas a sheoladh don eangach. Aithníonn an Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh i dticneolaíochtaí sa réimse seo agus an poitéinseal atá ann forbairt den sórt sin a dhearadh chun go luífeadh sé go hoiriúnach le foirgnimh sa limistéar sin. Tá tacaíocht an Rialtais tugtha dó seo ó 2007, mar atá leagtha amach sna díolúintí pleanála éagsúla dá bhforáiltear faoi na Rialacháin Phleanála agus Forbartha 2007 agus 2008.

Beartas F9: Scéimeanna Fuinnimh Ghaoithe ó Mhionmhéide go Meánach

Forbairtí fuinnimh gaoithe ar scála beag go meánmhéide a spreagadh laistigh de pháirceanna tionsclaíocha nó gnó agus tacú le tograí beaga pobalbhunaithe i gceantair uirbeacha ar choinníoll nach mbíonn drochthionchar acu ar cháilíocht an chomhshaoil, ná ar thaitneamhachtaí amhairc nó cónaithe an cheantair.

10.2.9 Tionscadail Hidrileictreacha Mhionscála

Tá raon dobharlach sa Chontae lena n-áirítear An Life, An Dothra, An Grífin, An Dothra Bheag, An Chamóg agus a gcráobh-aibhneacha. Ciallaíonn sé seo go bhfuil roinnt féidearthachtaí ann maidir le córais hidrileictreacha a fhorbairt sa Chontae. Ainmnítear cuid de na haibhneacha seo agus na sruthanna agus na líonraí fo-aibhneacha a bhaineann leo mar Cheantair Oidhreachta Nádúrtha beartaithe (pNHA) agus tá struchtúir chosanta i gcuid acu lena n-áirítear coraí agus dambaí arb iad sin go minic na suíomhanna is fearr ó thaobh cúrsaí teicniúla de d'fhorbairt hidrileictreach. Tá speicis agus gnáthóga iontu freisin a chosnaítear faoi na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga. Faoi láthair tá ceithre stáisiún hidrileictreacha ag giniúint leictreachais i gContae Bhaile Átha Cliath Theas; agus déanfar an poitéinseal atá ann a mheas maidir le forbairt bhreise a dhéanamh ar thionscadail hidrileictreacha mionscála sa Chontae, go háirithe chun an leictreachais a úsáid ar an láthair le freastal ar riachtanais leictreachais na bhfoirgneamh nua atá beartaithe nó na bhfoirgneamh atá ann cheana a athchóiriú

agus déanfar iad a mheas i bhfianaise na mbreithnithe comhshaoil ábhartha is iomchuí dá suíomhanna agus dá suíomhanna cois abhann.

Beartas F10: Tionscadail Hidrileictreacha Mionscála

Tacú le forbairt scéimeanna mionscála hidrileictreacha sa Chontae

F10 Cuspóir 1:

Tacú le cur ar fáil tionscadal hidrileictreach mionscála ar na haibhneacha, sruthchúrsaí, dambaí fionnuisce agus coraí ar fud an Chontae, i gcás nach mbeidh drochthionchar ag na tionscadail ar fhána speicis fionnuisce, ar bhithéagsúlacht ná ar ghnéithe oidhreachta nádúrtha nó tógtha agus chun tacú le láithreáin fhéideartha agus iad a scrúdú.



F10 Cuspóir 2:

Tacú agus éascú a dhéanamh ar imscrúdú suíomhanna féideartha sa Chontae chun hidreachumhacht ar scála beag a ghiniúint.



10.2.10 Bonneagar Glas

Má dhéantar an bonneagar glas a mhéadú féadfaidh sé cuidiú chun Gáis Cheaptha Teasa a fhritháireamh ó fhorbairtí nua (foirgnimh agus gníomhaíocht iompair ghaolmhar) agus gníomhú mar linnte carbóin. Dá bhrí sin, má laghdaítear limistéir ghlasa agus crainn ní bheifear in ann an oiread Gáis Cheaptha Teasa a fhritháireamh.

Tá crainn agus tírdhreachú tábhachtach chun an aeráid a fheabhsú agus chun an timpeallacht a choinneáil shláintiúil. Tá ráta ionsúcháin carbóin ag ceantair faoi chrainn thart ar thrí oiread níos airde ná ráta na limistéar atá clúdaithe le féar. Súnn crainn carbón ón aer de réir mar a fhasann siad agus soláthraíonn coillte agus foraoisí buntáistí fadtéarmacha maidir le laghdú carbóin.

Má chuirtear crainn i gceantair uirbeacha ina bhfuil a lán truailleán atmaisféarach, féadfaidh siad na truailleáin sin a scagadh, rith uisce chun srutha a laghdú, cáilíocht uisce a fheabhsú, torann a laghdú agus scáth a sholáthar chun cabhrú chun limistéir theasa uirbeacha a laghdú. Tá plandáil crainn ar cheann de na modhanna is costéifeachtaí chun carbón a ghabháil agus a stóráil.

Is féidir le crainn agus coinneáil crann aibí a bheith mar shócmhainn i bhforbairt nua. Tugann siad carachtar láidir d'áit agus cruthaíonn ómós áite, chomh maith le tírdhreach réamhdhéanta a sholáthar. Bíonn sé inmhianaithe crainn a choinneáil i gcónaí, cé go gcailltear go leor crann gach bliain le linn forbartha. Baintear cuid acu mar gheall ar a riocht nó toisc go bhfuil siad díreach sa bhealach ar an bhforbairt. Cailltear go leor, áfach, toisc go ndéantar iad a chosaint ar bhealach mí-oiriúnach le linn chéim na tógála.

Beartas F11: Bonneagar Glas

Straitéis Bhonneagar Glas na Comhairle a chur i bhfeidhm mar ghné riachtanach chun go mbeidh teacht aniar againn maidir le hathrú aeráide agus ag an am céanna a chinntiú go gcruthófar áiteanna sláintiúla agus go dtógfar áiteanna cónaithe go dlúth le chéile, de réir an Bheartais Náisiúnta agus Réigiúnaigh agus an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta ar son na hAeráide.

F11 Cuspóir 1:

A chinntiú go gcuirtear beartas agus cuspóirí i bhfeidhm maidir le crainn a chur, crainn ar an láithreán a chosaint agus caighdeán bhainistíochta forbartha i ndáil le forbairt nua mar atá leagtha amach sna Caibidlí sa phlean seo faoin mBonneagar Glass, faoin Oidhreacht agus faoi Chur i bhFeidhm.



10.3 Criosanna Dícharbónaithe

Tugann Gníomh 165 den Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide dúshlán na nÚdarás Áitiúil Criosanna Dícharbónaithe a aithint agus a fhorbairt. Tá cur i bhfeidhm na gníomhaíochta á stiúradh ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Tá Baile Átha Cliath Theas sna céimeanna luatha maidir le limistéar a shainaithe mar chrios dícharbónaithe.

Is éard atá i gCrios Dícharbónaithe limistéar a shainaitheann an t-údarás áitiúil, inar féidir le raon beart um maolú aeráide a bheith ann chun aghaidh a thabhairt ar fhuinneamh áitiúil ísealcharbóin, astaíochtaí gás ceaptha teasa agus riachtanais aeráide. Baineann raon na dtionscadal a fhorbraítear go sonrach le tréithe fuinnimh agus aeráide an limistéir spásúil atá clúdaithe ag an gCrios Dícharbónaithe. Féadann raon teicneolaíochtaí agus beart a bheith san áireamh leis a thugann aghaidh ar leictreachas, teas, iompar, éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh, forghabháil carbóin, stóráil fuinnimh, minicíocht eangai/táimhe srl.

Ba cheart go dtabharfaí aghaidh i gCrios Dícharbónaithe ar na comhbhuntaistí níos leithne a bhaineann le cáilíocht an aeir, sláinte fheabhsaithe, bithéagsúlacht, carbón corpraithe, cleachtais talmhaíochta, bainistíocht inbhuanaithe talún, leibhéal torainn níos ísle, dramhaíl, uisce, geilleagar ciorclach srl., agus ba cheart é a chomhtháthú le sonraí cliste agus tionscnaimh maidir le 'cathracha cliste' (de réir mar is ábhartha).

Is féidir iniúchadh a dhéanamh freisin i gCrios Dícharbónaithe ar na tairbhí breise a bhaineann le hoiriúnú aeráide agus scrúdú a dhéanamh ar raon beart áitiúil mar phromhadh aeráide, foraoisiú, bonneagar glas agus gorm, éifeachtaí na n-oileán teasa a laghdú, feacht na saoránach agus athrú iompraíochta.

Is é an sainmhíniú oibre a thugtar ar chrios dícharbónaithe ná:

Is limistéar spásúil é Crios Dícharbónaithe a shainaitheann an t-údarás áitiúil, ina sainaitheann beart maolaithe agus oiriúnaithe aeráide mar aon le bearta bithéagsúlachta agus aithnítear na daoine nó na dreamanna a thabharfaidh aghaidh ar fhuinneamh ísealcharbóin áitiúil, astaíochtaí gás ceaptha teasa agus riachtanais aeráide chun cur le spriocanna náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide.

Beartas F12: Criosanna Dícharbónaithe

Tacú le criosanna dícharbónaithe a aithint agus a fhorbairt i mBaile Átha Cliath Theas thar shaolré an Phlean Forbartha.

F12 Cuspóir 1:

Giniúint agus soláthar roghanna fuinnimh ísealcharbóin agus fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn.



F12 Cuspóir 2:

Oibriú i gcomhar le CARO agus páirtithe leasmhara eile chun criosanna dícharbónaithe sa Chontae a aithint.

F12 Cuspóir 3:


A chinntiú go luíonn gach forbairt laistigh den chrios dícharbónaithe le haidhmeanna na gcriosanna sin i gceantair ina n-aithnítear iad laistigh den Chontae.

10.3.1 Buntáistí Eacnamaíocha agus Sóisialta

D'fhéadfadh impleachtaí suntasacha eacnamaíocha agus sóisialta a bheith ag baint le húsáid teicneolaíochta fuinnimh agus lenár n-aistriú go geilleagar saor ó charbón. I measc na mbuntáistí tá cruthú postanna nua, laghdú an chostais a bhaineann le giniúint fuinnimh agus buntáistí sláinte féideartha mar cháilíocht an aeir a fheabhsú agus truailliú aeir a laghdú. Cinnteoidh aistriú cóir go ndéanfar daoine a athoiliúint chun go mbeidh siad in ann iad féin a oiriúnú d'fhostaíocht i margadh saothair atá ag athrú.

Beartas F13: Buntáistí Eacnamaíocha agus Sóisialta

Tacú le haistriú cóir go todhchaí inbhuanaithe do gach pobal ar bhealach atá cóir agus cothrom do gach duine lena mbaineann sé trí éagsúlú an gheilleagair agus cabhrú le daoine iad féin a oiriúnú do mhargadh saothair atá ag athrú (féach freisin Caibidil 9 Forbairt Eacnamaíoch agus Fostaíocht).



10.4 Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide - Fuinneamh



Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide

Foinse Gás Ceaptha Teasa	Bearta chun Dul i nGleic le Tionchair Aeráide
<p>Cé go n-admhaítear go mbeidh tionchair ag gach forbairt nua ar tháirgeadh Gás Ceaptha Teasa agus go gcuirfidh siad leis an athrú aeráide, tugann an chaibidil seo aghaidh ar gach earnáil den gheilleagar agus den Chontae d'fhonn cur chuige maidir le fuinneamh inbhuanaithe a chomhtháthú i ngach forbairt. Teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a éascú, a chur chun cinn, a mholadh agus a chomhtháthú i ngach gné d'fhorbairt sa Chontae.</p>	<p>I measc na mbeartas agus na gcuispóirí atá sa chaibidil seo a thugann aghaidh ar thionchair aeráide tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> è Beartas uileghabhálach chun caomhnú fuinnimh a chur chun cinn, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus fás roghanna malartacha áitiúla fuinnimh a chur chun cinn ar bhealach atá inghlactha agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá ag teacht le beartais náisiúnta agus réigiúnacha. è Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i bhfoirgnimh atá ann cheana agus i bhfoirgnimh nua. è Éascú a dhéanamh ar sholáthar feithiclí leictreacha. è Líonraí Téimh Dúiche ísealcharbóin a sholáthar mar aon le córais chun teas dramhaíola a aisghabháil. è Forbairt teicneolaíochta fuinnimh gréine, gaoithe agus hidrileictreacha a éascú nuair is féidir faoi réir measúnaithe comhshaoil. è Tacú le forálacha Bonneagair Ghlais an phlean a chinntiú i ngach forbairt. è Tacú le criosanna dícharbónaithe sa Chontae a shainaithint agus a fhorbairt agus a chinntiú go bhfuil gach forbairt laistigh de chriosanna den sórt sin ag teacht lena n-aidhmeanna







Bonneagar agus Seirbhísí Comhshaoil

Fís

Timpeallacht a chruthú a mbeidh líonraí ardchaighdeán bonneagair agus seirbhísí comhshaoil ann chun sláinte agus folláine na ndaoine a chónaíonn agus a oibríonn sa Chontae a chinntiú, agus todhchaí eacnamaíoch an Chontae a chinntiú freisin.

11.0 Réamhrá

Tá impleachtaí ag cáilíocht ár dtimpeallachta ar ár sláinte agus ar ár bhfolláine. Tá infhaighteacht líonraí bonneagair agus seirbhísí ardchaighdeán chomhshaoil rithábachtach chun infheistíocht eacnamaíoch a fháil, áiteanna inbhuanaithe tarraingteacha a chruthú, sláinte agus folláine a chinntiú, agus an comhshaoil a chosaint.

11.0.1 Gníomhú ar son na haeráide

Léiríonn beartas ardleibhéil ar leibhéal Eorpach agus náisiúnta an ról atá ag timpeallacht ardcháilíochta maidir lenár spriocanna maidir le hathrú aeráide a bhaint amach agus sláinte an phláinéid a choinneáil. Trí phleanáil inbhuanaithe is féidir linn a chinntiú go mbeidh ár dtimpeallacht ina príomhghné inár mbreithniú ar fhás agus ar fhorbairt, ar leibhéal straitéiseach agus ar leibhéal an tsuímh aonair.

11.0.2 Comhthéacs an Bheartais Phleanála

Toradh Straitéiseach Náisiúnta 9 (NSO9) den Chreat Náisiúnta Pleanála (NPF): Éilítear leis go ndéanfar 'Bainistiú Inbhuanaithe ar Uisce, Dramháil agus ar Sheirbhísí Comhshaoil eile.'

È Éilítear le **NPO 52** go mbeidh an córas pleanála *'freagrach dár ndúshlán chomhshaoil náisiúnta agus go gcinnteoidh sé go dtarlóidh forbairt laistigh de theorainneacha comhshaoil, ag féachaint do riachtanais uile na reachtaíochta comhshaoil ábhartha agus do bhainistíocht inbhuanaithe ar gcaipitil nádúrtha.'*

È Éilítear le **NPO 56** go ndéanfar bainistíocht inbhuanaithe ar uisce, infheistíocht i gcineálacha éagsúla cóireála dramháola agus go dtabharfar tacaíocht do phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh, agus go dtabharfar tosaíocht do chosc, athúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil.

È Éilíonn **NPO 63** orainn 'A chinntiú go ndéanfar agus forbairt éifeachtúil, inbhuanaithe ar acmhainní uisce agus ar bhonneagar seirbhísí uisce d'fhonn acmhainní uisce a bhainistiú agus a chaomhnú ar bhealach a thacaíonn le sochaí sláintiúil, riachtanais forbartha eacnamaíochta agus timpeallacht níos glaine.'

È Éilíonn **NPO 64** orainn 'Cáilíocht an aeir a fheabhsú agus cabhrú chun nach mbeidh daoine nochta do leibhéil do-ghlactha truaillithe inár gceantair uirbeacha agus tuaithe trí úsáid chomhtháite talún agus pleanáil spásúil a thacaíonn le hiompar poiblí, siúl agus rothaíocht mar mhodhanna iompair níos fabhraí ná an carr príobháideach, foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh a chur chun cinn mar aon le córais téimh a mbeidh astaíochtaí áitiúla nialasacha acu, pleanáil bonneagair ghlais agus réitigh nuálacha dearaidh.'

È Éilítear le **NPO 65** ar údarais áitiúla 'Bainistíocht réamhghníomhach torainn a chur chun cinn nuair is dóigh go mbeidh drochthionchar suntasach aige ar shláinte agus ar cháilíocht na beatha agus tacú le haidhmeanna na Rialachán um Thorann Comhshaoil trí threoir phleanála náisiúnta agus Pleananna Gníomhaíochta in aghaidh Torainn.'

Cuimsíonn an Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiúnach roinnt cuspóirí beartais ar acmhainní nádúrtha agus aitheantas á thabhairt go mbímid ag brath orthu chun sláinte an phobail, an comhshaoil agus taitneamhachtaí a chosaint agus chun

earnálacha fostaíochta áirithe a chothú.

è Ceanglaítear le **RPO 10.1:** *go gcuirfidh Údaráis Áitiúla tograí san áireamh i bpleananna forbartha chun úsáid agus forbairt éifeachtúil agus inbhuanaithe acmhainní uisce agus bonneagair seirbhísí uisce a chinntiú d'fhonn acmhainní uisce a bhainistiú agus a chaomhnú ar bhealach a thacaíonn le sochaí shláintiúil, riachtanais forbartha eacnamaíochta agus timpeallacht níos glaine.'*

è Ceanglaítear le **RPO 10.4:** ar Údaráis Áitiúla *'Tacú le hUisce Éireann agus leis na húdaráis áitiúla ábhartha sa Réigiún chun sceitheadh a laghdú, agus an t-éileamh ar infheistíocht chaipitil a íoslaghdú.'*

è **RPO 10.12:** Tacóidh pleananna forbartha le hinfeistíocht straitéiseach i mbonneagar cóireála fuíolluisce agus beidh foráil iontu do líonraí bréanuisce agus uisce dromchla a scaradh ó chéile chun freastal ar fhás an Réigiúin sa todhchaí.

è Éilítear le **RPO 7.12:** go mbeadh Measúnú Straitéiseach ar Bhaol Tuilte (SFRA) san áireamh i bpleananna reachtúla um úsáid talún agus go ndéanfar iarracht chun criosú agus forbairt mhíchuí maidir le húsáid talún a sheachaint i gceantair atá i mbaol tuilte agus réitigh bhainistíochta uisce inbhuanaithe (mar CIDU, dromchlaí neamhphóiríúla agus díonta glasa) a chomhtháthú chun áiteanna sábháilte a chruthú de réir an Chórais Phleanála agus na dTreoirínte um Measúnú Riosca Tuilte d'Údaráis Áitiúla.

è Ceanglaítear le **RPO 7.8:** ar Údaráis Áitiúla cuspóirí *Treoir um Thorann Timpeallachta an AE* a ionchorprú in ullmhú léarscáileanna straitéiseacha torainn agus pleananna gníomhaíochta a thacaíonn le bearta réamhghníomhacha chun torann a sheachaint, a mhaolú agus a íoslaghdú, i gcásanna inar dóigh go mbeidh éifeachtaí dochracha aige.

Tá go leor cuspóirí beartais ábhartha eile ann idir náisiúnta agus réigiúnacha. Déantar tagairt dóibh sin de réir uimhreacha i mbeartais agus i gcuspóirí faoi leith an Phlean Forbartha sa chaibidil seo agus tá siad leagtha amach go hiomlán in Aguisín 7.

Beartas BC1: Beartas Uileghabhálach

A chinntiú go dtarlaíonn forbairt laistigh de theorainneacha comhshaoil, ag féachaint do riachtanais uile na reachtaíochta comhshaoil ábhartha agus do bhainistiú inbhuanaithe ar gcaipitil nádúrtha.

11.1 Soláthar Uisce agus Fuíolluisce

Soláthraíonn an *Chreat-treoir Uisce* (2000/60/CE) an tsraith uileghabhálach socrúithe a rialaíonn bainistíocht cháilíocht uisce ar fud na hEorpa. Leis an Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh agus an Treoir um Uisce Óil leagtar síos caighdeáin do sholáthar fuíolluisce agus uisce faoi seach agus trasúidh iad trí Rialacháin i reachtaíocht na hÉireann.

Tá an beartas náisiúnta maidir le soláthar agus forbairt seirbhísí uisce agus fuíolluisce leagtha síos sa *Ráiteas Beartais um Sheirbhísí Uisce 2018 - 2025* (2018). Aithníodh sa ráiteas beartais ardleibhéal sin

na príomhchuspóirí beartais maidir le soláthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce go dtí 2025. Sainaithnítear trí théama: cáilíocht; caomhnú; agus a chinntiú go seasfaidh siad an aimsir.

11.1.1 Uisce Éireann

Tá Uisce Éireann freagrach as seirbhísí uisce poiblí in Éirinn. Cuimsíonn sé seo gach seirbhís uisce poiblí, lena n-áirítear soláthar uisce óil agus bailiú, cóireáil agus diúscairt fuíolluisce.

Leagtar amach sa *Phlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce* (2015) cuspóirí straitéiseacha maidir le seirbhísí uisce a sholáthar in Éirinn go dtí 2040. Aithnítear sa phlean na dúshlán reatha agus na dúshlán amach anseo maidir le seirbhísí uisce a sholáthar agus sainaithnítear tosaíochtaí ann a gcaithfear déileáil leo sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Soláthraíonn an Plean an comhthéacs le haghaidh pleananna mionsonraithe forfheidhmithe chun aghaidh a thabhairt ar phríomhréimsí seirbhíse uisce mar bhainistíocht acmhainní uisce, comhlíonadh rialacha fuíolluisce agus bainistiú sloda.

Caithfidh Uisce Éireann a bheith ar an eolas faoi phleananna straitéiseacha náisiúnta agus réigiúnacha, lena n-áirítear Pleananna Bainistíochta Abhantraí faoin gCreat-treoir Uisce ina bhfuil oibleagáid dhlíthiúil stádas na ndobharlach a chosaint agus a fheabhsú.

Dúshlán a bhí ann bonneagar dramhaíola agus fuíolluisce a sholáthar i Réigiún Bhaile Átha Cliath i rith trí thimthriall dheireanacha an Phlean Forbartha. Thug an Creat Náisiúnta Pleanála agus an Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 (PFN) aghaidh ar an dúshlán seo tríd an bhonneagar rithábachtach cumasúcháin a sholáthar ar bhonn céimnithe. Tá 10.5 billiún curtha in áirithe sa PFN le haghaidh bonneagar uisce agus fuíolluisce sna deich mbliana ó 2018 go 2028. Caithfear aird a thabhairt sa Phlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce ar Straitéisí Lárnacha na bPleananna Forbartha lena n-áirítear nuair is gá líon na ngléasraí cóireála a mhéadú chun freastal ar riachtanais.

Tá obair ar siúl faoi láthair ar Phlean Náisiúnta Uisce Éireann um Acmhainní Uisce a bheidh ina straitéis 25 bliain chun soláthar uisce óil slán agus iontaofa a chinntiú don Réigiún.

11.1.2 Soláthar Uisce

Faoi láthair soláthraítear uisce do Chontae Bhaile Átha Cliath Theas ó Ghléasra Cóireála Uisce Léim an Bhradáin agus ó Ghléasra Cóireála Uisce an Bhaile Mhóir (Baile Mór na nLústasach). Bíonn an oiread sin éilimh ar sholáthar uisce i mórcheantar Bhaile Átha Cliath go bhfuil an córas i mbaol. Tá an Tionscadal Soláthair Uisce do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre san áireamh i dTogra Éireann 2040. Tá sé i gceist go gcinnteoidh an tionscadal go leor uisce cóireáilte chun freastal ar fhás fadtéarmach an Réigiúin go dtí 2050 agus chun athléimneacht agus slándáil an tsoláthair a chinntiú.

D'aithin Uisce Éireann gurb é Abhantrach an Phairtín an rogha ab fhearr ó thaobh soláthair uisce chun an sochar ba leithne a sholáthar don líon daoine ba mhó, is go mbeadh an tionchar ba lú ar an gcomhshaol aige agus gurb é sin an rogha ab éifeachtaí ó thaobh costais de. Cuimsíonn an scéim astarraingt uisce ó Abhainn na Sionainne íochtaráí ag Abhantrach an Phairtín i gCo. Thiobraid Árann. Seolfar uisce cóireáilte i bpiobán 170km ansin chuig taiscumar ag Mullach na Pise i mBaile Átha Cliath Theas, áit a nasctar é le líonra Mhorcheantar Bhaile Átha Cliath. Tá Uisce Éireann

ag seoladh iarratais phleanála don scéim ar aghaidh chuig an mBord Pleanála.

11.1.3 Fuíolluisce

Coimisiúnaíodh Staidéar Straitéiseach Draenála Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath (GSDS) i 2001 chun anailís straitéiseach a dhéanamh ar na córais bréanuisce agus uisce dromchla atá ag comhairlí Cathrach Bhaile Átha Cliath, Fine Gall, Baile Átha Cliath Theas, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, an Mhí, Cill Dara agus Cill Mhantáin. Tugadh forbhreathnú ann ar fheidhmíocht an bhonneagair draenála i ndobharcheantair an réigiúin agus mhol sé oibreacha feabhsúcháin bonneagair chun an fás a bhfuiltear ag súil leis sa dobharcheantar go dtí an bhliain 2031 agus ina dhiaidh sin a éascú. Ó bunaíodh Uisce Éireann tá príomhghnéithe an bheartais sin ina ndlúthchuid de bheartas na heagraíochta.



Fíor 11.0 – Tionscadal Soláthair Uisce le haghaidh Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre, an rogha ó Abhantrach an Phairtín go Mullach na Pise

Beartas BC2: Soláthar Uisce agus Fuíolluisce

A chinntiú go bhfuil bonneagar an tsoláthair uisce agus fuíolluisce leordhóthanach chun freastal ar riachtanais mhéadaitheacha an daonra agus chun tacú le fás i bpostanna thar shaolré an Phlean Forbartha agus go n-éascóidh sé cosaint an chomhshaoil agus fás inbhuanaithe.

BC2 Cuspóir 1:

Oibriú i gcomhar le hUisce Éireann chun an bonneagar uisce agus draenála atá ann a chosaint agus chun uasghrádú agus leathnú leanúnach a dhéanamh ar an soláthar uisce agus ar na seirbhísí fuíolluisce chun freastal ar riachtanais an Chontae agus an Réigiúin sa todhchaí.

BC2 Cuspóir 2:

Tacú le hUisce Éireann chun príomhthionscadail sheirbhíse uisce a sholáthar sa Chontae lena n-áirítear:

è An tionscadal Uisce le haghaidh Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre.

è Taiscumar Theach Sagard.

è Uasghrádú a dhéanamh ar shéarach bréanuisce 9B.

è Uasghrádú ar Scéim Séarachais Ghleann na Dothra agus oibriú le hUisce Éireann chun dul i ngleic go tapa leis na fadhbanna atá á gcruthú ag saincheisteanna acmhainne maidir le Séarach Ghleann na Dothra agus go háirithe chun freagra réamhghníomhach a spreagadh maidir le séarach ag cur thar maoil isteach i bPáirc Ghleann na Dothra chun an fhadhb a réiteach agus an tionchair ar cháilíocht uisce, bithéagsúlacht, taitneamhacht agus sláinte an phobail a mhaolú.

è Uasghrádú a dhéanamh ar líonraí réigiúnacha agus ar ghléasraí cóireála.

BC2 Cuspóir 3:

Staidéar Draenála Straitéiseach Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath de chuid na nÚdarás Áitiúil i Réigiún Bhaile Átha Cliath (2005) a chur chun cinn agus tacú leis.

**BC2 Cuspóir 4:**

Tacú le hUisce Éireann maidir le soláthar na gcuspóirí straitéiseacha agus na dtionscadal straitéiseach uisce agus fuíolluisce agus bonneagair atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach Seirbhísí Uisce (2015), agus aon phlean ina dhiaidh sin, Plean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann 2020 - 2024, agus aon Phleananna Infheistíochta Caipitil ina dhiaidh sin agus an Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce atá le teacht.

BC2 Cuspóir 5:

Toirmeasc a chur le eis-sreafaí uisce dromchla a nascadh leis an líonra draenála bréanuisce sna háiteanna ina bhfuil córais scartha ar fáil.

**BC2 Cuspóir 6:**

Oibriú i gcomhar le hUisce Éireann chun sceitheadh a laghdú de réir aon Straitéis Réigiúnach um Chaomhnú Uisce atá le teacht.

**BC2 Cuspóir 7:**

Caomhnú uisce agus dea-chleachtais maidir le caomhnú uisce a chur chun cinn i ngach forbairt, lena n-áirítear bailiú uisce báistí, athchúrsáil uisce liath agus tacú le cur i bhfeidhm BS8515: 2009 Córais um bailiú uisce báistí
– Cód Cleachtais

**BC2 Cuspóir 8:**

A chinntiú go mbeifear i mbun idirchaidrimh agus comhairliúcháin leanúnach le hUisce Éireann lena chinntiú go mbeidh bonneagar na seirbhísí uisce i gcomhair fás pleanáilte an Chontae, ag teacht le Straitéis Lárnach an Chontae, is go ndéanfar iad a chomhtháthú sna pleananna agus sna cláir chaipitil ábhartha agus a chinntiú go ndéantar dearadh agus leagan amach na seirbhísí uisce a mheas go hiomlán chun fás inbhuanaithe a sholáthar.

**BC2 Cuspóir 9:**

A chinntiú go mbeidh gach forbairt nua i gceantair a bhfuil a líonra bréanséarachais poiblí ag freastal uirthi nasctha leis an gcóras séarachais phoiblí.

BC2 Cuspóir 10:

A cheangal maidir le gach togra forbartha córas draenála a sholáthar d'uisce salach agus córas draenála ar leithligh d'uisce dromchla - nuair is féidir.



11.2 Uisce Dromchla agus Screamhuisce

Tá Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas freagrach as bainistíocht uisce dromchla agus as cosaint uiscigh sa Chontae, agus tá Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) freagrach as bainistíocht riosca tuilte. Is é príomhchuspóir Chreat-treoir Uisce an AE cáilíocht uisce a chosaint agus a athbhunú in uisce dromchla agus screamhuisce.

San áireamh sa Chreat-treoir tá an ceanglas 'cuidiú chun éifeachtaí tuilte a mhaolú', a achtaíodh leis an Treoir maidir le Tuilte. Tá dlúthbhaint ag cur i bhfeidhm na Treorach maidir le Tuilte agus forbairt Pleananna Bainistíochta Riosca Tuilte nasctha go dlúth le cur i bhfeidhm na Creat-Treorach Uisce.

11.2.1 Córais Inbhuanaithe um Dhraenáil Uirbeach (CIDU)

Réiteach bunaithe ar nádúr maidir le bhainistíocht uisce is iad na Córais Inbhuanaithe um Dhraenáil Uirbeach (CIDU) a bhfuil sé d'aidhm acu aghaidh a thabhairt ar uisce dromchla ar bhealach inbhuanaithe, trí phróisis insíothlaithe nádúrtha ón gcomhshaol a úsáid agus a aithris a dhéanamh orthu, agus an ráta rith chun srutha uisce a laghdú agus cáilíocht an uisce a fheabhsú. Tugtar aghaidh go mion ar na buntáistí a bhaineann le CIDU i gCaibidil 4 *Bonneagar Glas*, Cuid 4.3.2 Bainistíocht Inbhuanaithe Uisce, áit a bhfuil beartas agus cuspóirí níos mionsonraithe maidir le CIDU leagtha amach.

Críochnaíodh *Pleananna Bainistíochta Abhantraí 2009-2014* faoin gCreat-Treoir Uisce a chlúdaíonn ocht Limistéar Abhantraí. Rinne na pleananna achoimre ar na dobharlaigh a mb'fhéidir nach gcomhlíonadh siad cuspóirí comhshaoil na Creat-treorach Uisce faoi 2015 agus sainaithníodh na brúnna a bhí ina constaicí maidir leis na cuspóirí comhshaoil a bhaint amach. Rinneadh cur síos ar thorthaí an aicmithe sna pleananna agus d'aithin siad bearta a bhféadfaí a thabhairt isteach d'fhonn uiscí a chosaint agus cuspóirí na Creat-treorach a bhaint amach. Laistigh de Bhaile Átha Cliath Theas bhí stádas ó bhocht go measartha ag Aibhneacha na Camóige agus na Dothra agus bhí stádas maith ag an Grífin, an Life agus an Dothra Bheag (2013-2018). Clúdóidh dara timthriall na bpleananna bainistíochta (2015-2021) Ceantar Abhantraí amháin d'Éirinn.

Beartas BC3: Uisce Dromchla agus Screamhuisce

Uisce dromchla a bhainistiú agus cáilíocht screamhuisce agus uisce dromchla a chosaint agus a fheabhsú chun ceanglais Chreat-Treoir Uisce an AE a chomhlíonadh.

BC3 Cuspóir 1:

Cáilíocht chomhshaoil agus éiceolaíoch ár n-uiscí dromchla agus ár screamhuisce a choinneáil agus a fheabhsú trí na bearta ábhartha atá leagtha amach sna Pleananna um Bainistíocht Abhantrach a chur i bhfeidhm.



BC3 Cuspóir 2:

Na córais draenála uisce dromchla atá sa Chontae faoi láthair a chothabháil agus a fheabhsú agus Córais Inbhuanaithe um Dhraenáil Uirbeach (CIDU) a éileamh i bhforbairtí nua de réir na gculpóirí atá leagtha amach i gcuid 4.3.2 den Phlean seo, lena n-áirítear, nuair is indéanta, bogáigh chomhtháite a thógáil ar an leibhéal áitiúil, ceantair agus Contae, chun eis-sreabhadh uisce dromchla a rialú agus cáilíocht uisce a chosaint.

**BC3 Cuspóir 3:**

Na huiscigh a bhfuil tábhachtach réigiúnach agus áitiúil ag baint leo sa Chontae a chosaint ar riosca truaillithe.

BC3 Cuspóir 4:

Leanúint d'iarachtaí chun cáilíocht uisce a fheabhsú faoin Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, arna leasú agus trí na bearta atá leagtha amach faoi Threoir maidir le Níotráití (91/676/EEC) agus faoin gClár reatha Náisiúnta Gníomhaíochta maidir le Níotráití agus gach reachtaíocht ábhartha eile a chur i bhfeidhm.

BC3 Cuspóir 5:

Go ginearálta toirmeasc a chur ar fhorbairt laistigh de limistéir shrianta a shaináithnítear ar Léarscáil Limistéir Teoranta Taiscumar Bhóthair na Bruíne /Ghleann na Smól atá in Aguisín 5.

**BC3 Cuspóir 6:**

Cúrsaí uisce bradána a chosaint, mar dhobharcheantair Abhainn na Life agus na Dothra (lena n-áirítear Taiscumar Bhóthair na Bruíne), a aithnítear a bheith eisceachtúil maidir le tacú le speicis éisc bhradána.

BC3 Cuspóir 7:

Cáilíocht uisce dromchla a chosaint trí leanúint ar aghaidh ag measúnú tionchar na mí-nasc baile agus tionsclaíoch leis an líonra draenála sa Chontae agus an tionchar gaolmhar ar cháilíocht uisce dromchla, agus trí bhearta a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt air sin, agus aon mhícheangail i dtithíocht na Comhairle a dhiagnóisiú agus a dheisiú mar chuid den phróiseas athligthe.

11.3 Bainistíocht Riosca Tuilte

Tá bainistíocht tuile in Éirinn á cur chun cinn ag Treoir maidir le Tuilte an AE agus moltaí Thuarascáil Athbhreithnithe Náisiúnta ar Bheartas Tuilte 2004. Léiríonn *An Córas Pleanála* agus na *Treoirínte um Bainistíocht Riosca Tuilte d'Údarás Phleanála*, na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG) agus Oifig na nOibreacha Poiblí (2009) agus Ciorclán DECLG P12/2014 an nasc atá idir bainistíocht riosca tuile agus an córas pleanála. Deirtear sna treoirínte gur gá go mbeadh anailís iomchuí ar riosca tuile mar thaca leis na céimeanna i bpróiseas a phlean forbartha agus ina Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil.

Rinneadh Measúnú Straitéiseach ar Riosca Tuilte sa Chontae chun tacú leis an Measúnú Straitéiseach Comhshaoil a rinneadh ar Phlean Forbartha an Chontae. Rinneadh an measúnú de réir cheanglais na dTreoirínte Bainistíochta Riosca Tuilte agus Chreat-Treoir Uisce an AE. Is doiciméad ar leithligh é an Measúnú Straitéiseach ar Riosca Tuilte atá le léamh in éineacht leis an bPlean seo.

Aithníodh agus mapáladh an baol tuilte sa Chontae sa Mheasúnú Straitéiseach agus thacaigh sé le cur chuige seicheamhach i leith na planála, de réir mholtaí na dTreoirínte um Bainistíocht Riosca Tuilte.

Tá oiriúnú agus athléimneacht i leith athrú aeráide ar cheann de na breithnithe bunúsacha maidir le planáil straitéiseach. Mar sin, rinneadh breithmheas ar thionchair fhéideartha an athraithe aeráide mar chuid den Mheasúnú Straitéiseach ar Riosca Tuilte maidir le paraiméadair an OPW faoi athrú aeráide a luaitear sa *Phlean Oiriúnaithe Earnála um Bainistíocht Riosca Tuilte i leith Athrú Aeráide (2019)*, mar aon le dea-chleachtas idirnáisiúnta freisin laistigh de dhlínsí Eorpacha eile agus na staidéir eolaíochta is déanaí.

Tá sé ag éirí níos dóchúla go mbeidh aeráid na hÉireann cosúil leis an aeráid a léirítear sa chás um athrú aeráide san High-End Future faoin mbliain 2100. Dá bhrí sin, úsáideadh paraiméadair an High End Future Scenario (HEFS) sa phróiseas measúnaithe. Cuideoidh an cur chuige seo chun ár n-oibleagáidí faoin gCreat-Treoir Uisce a bhaint amach. Tá an OPW ag aistriú faoi láthair chuig samhla aeráide réigiúnacha a léiríonn na tionchair dhóchúla éagsúla ar fud oileán na hÉireann. Cuirfear na samhla sin i bhfeidhm le linn shaolré an phlean.

11.3.1 Conairí Bruachánacha

Meastar anois go bhfuil conairí bruachánacha riachtanach do sholáthar seirbhíse éiceachórais. Tugtar aghaidh go mion ar na buntáistí a bhaineann le Conairí Bruachánacha i gCaibidil 4 *Bonneagar Glas*, Cuid 4.3.2. Tá Bainistíocht Inbhuanaithe Uisce, beartas agus cuspóirí ábhartha leagtha amach sa chuid sin freisin.

Measúnú Hidreamorfach agus Ainmniú Conairí Bruachánacha

Aithnítear sláine hidreamoirfeolaíoch sa Creat-Treoir Uisce mar cheann de na trí phríomhchritéar chun Stádas Dobharlaigh a chinneadh (is éiceolaíocht agus ceimiceán na cinn eile). Rinneadh measúnú straitéiseach hidreamoirfeolaíoch ar aibhneacha móra i gContae Bhaile Átha Cliath Theas don Phlean Forbartha Contae i gcomhthreo leis an Measúnú Straitéiseach ar Riosca Tuilte. Ba é toradh an staidéir seo go ndearnadh mapáil ar chonairí bruachánacha aibhneacha móra an Chontae. Tá sé mar chuspóir ag an bplean a cheangal go ndéanfar Measúnú Hidreamoirfeolaíoch ar mholtaí forbartha atá laistigh de chonairí bruachánacha chun a thaispeáint conas is féidir sláine na Conaire bruachánaí a choinneáil agus a fheabhsú ag féachaint do bhainistíocht riosca tuile, bithéagsúlacht, soláthar seirbhíse éiceachórais, cáilíocht uisce agus hidreamoirfeolaíocht (saináithnítear conairí bruachánacha ar léarscáileanna an Phlean Forbartha). Féach Caibidil 4 *Bonneagar Glas*, Cuid 4.3.2 Bainistíocht Inbhuanaithe Uisce le haghaidh beartais ar chonairí bruachánacha.

Beartas BC4: Riosca Tuilte

A chinntiú go ndéantar Bainistíocht Riosca Tuilte a ionchorprú go leanúnach i bpleanáil spásúil an Chontae, chun riachtanais Threoir maidir le Tuilte an AE agus Chreat-Treoir Uisce an AE a chomhlíonadh agus Contae atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a chur chun cinn.

BC4 Cuspóir 1:

A cheangal go ndéanfar measúnuithe riosca tuile a bhaineann go sonrath le láithreán le haghaidh gach forbairt nua sa Chontae de réir an Chórais Phleanála agus Bainistíocht Riosca Tuilte - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2009) agus ceanglais Chiorclán P12/2014 na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Treoir maidir le Tuilte an AE.



BC4 Cuspóir 2:

A cheangal go ndéanfar gach forbairt sa Chontae a dhearadh agus a thógáil de réir an "Phrionsabail Réamhchúraim" a bhfuil cur síos mion air i dTreoirlínte Oifig na nOibreacha Poiblí.



BC4 Cuspóir 3:

Leanúint ar aghaidh ag tacú agus ag comhoibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí chun an Clár um Measúnú agus Bainistíocht Riosca Tuilte Bunaithe ar Dhobharcheantar a sholáthar.

BC4 Cuspóir 4:

Tacú le soláthar scéimeanna maolaithe tuile i gContae Bhaile Átha Cliath Theas agus iad a éascú, lena n-áirítear na scéimeanna seo a leanas:

- è Scéim Maolaithe Tuilte an Phoitéil.
- è Scéim Maolaithe Tuilte na Camóige.
- è Scéim Maolaithe Tuilte an Teampaill Ghill.

BC4 SLO 1:

A cheangal go ndéanfadh duine/daoine cáilithe Straitéis Measúnaithe agus Maolaithe Riosca Tuilte a ullmhú a bheidh sainiúil don láithreán agus don dobharcheantar agus a bheidh le seoladh isteach mar aon le haon mholadh le haghaidh forbartha ar na tailte atá críosaithe 'EE' ag Móinín an Lín Uachtarach, Baile Dhónaill (Féach Léarscáil an Phlean Forbartha)

11.4 Teicneolaíoch Faisnéise agus Cumarsáide

Tá sé rithabhachtach d'fhorbairt gheilleagar an Chontae agus do dhul chun cinn sóisialta go mbeadh líonraí ardchaighdeán Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) ar fáil sa Chontae. Cinnteoidh sé go bhfanfaidh an Contae tarraingteach do thionscail ardeicneolaíochta bunaithe ar eolas a sholáthraíonn fostaíocht ardluacha. Is sócmhainn ollmhór é freisin d'áitritheoirí an Chontae a spreagann obair ón mbaile agus gníomhaíocht fiontraíochta aonair.

Beartas BC5: Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC)

Forbairt inbhuanaithe líonra ardchaighdeáin TFC a chur chun cinn agus a éascú ar fud an Chontae d'fhonn forbairt shóisialta agus eacnamaíoch a bhaint amach, agus áiseanna ceantair uirbeacha agus tuaithe a chosaint ag an am céanna.

BC5 Cuspóir 1:

Soláthar bonneagair teileachumarsáide iomchuí a chur chun cinn agus a éascú, lena n-áirítear nascacht leathanbhanda agus teicneolaíochtaí nuálacha agus dul chun cinn eile sa Chontae ar bhealach neamh-ionrach.

BC5 Cuspóir 2:

Comhoibriú leis na gníomhaireachtaí ábhartha chun gach cábla leictreachais, teileafóin agus teilifíse faoi thalamh i gceantair uirbeacha a éascú nuair is féidir, ar mhaithe le taitneamhacht amhairc.

BC5 Cuspóir 3:

Aeróga teileachumarsáide agus bonneagar tacaíochta a cheadú agus tacú leo ar fud an Chontae, faoi réir dearadh ardchaighdeáin, agus tírdhreacha íogaire agus taitneamhacht amhairc a chosaint.

BC5 Cuspóir 4:

Cur in aghaidh iomadú crann teileachumarsáide sa Chontae agus comhroinnt saoráidí a chur chun cinn agus a éascú.

BC5 Cuspóir 5:

A chinntiú go bhfuil boscaí fóntais os cionn na talún suite agus críochnaithe go híogair chun a dtionchar amhairc a laghdú agus plandáil bhog a chur chun cinn timpeall ar na cinn atá ann cheana agus ar na cinn nua nuair is féidir.

BC5 Cuspóir 6:

A éileamh go n-aithneoidh iarratasóirí Cearta Slí Poiblí in aice láimhe agus bealaí siúlóide seanbhunaithe sula ndéanfar aon fhorbairtí teileachumarsáide nua agus toirmeasc a chur ar fhorbairtí teileachumarsáide a théann i bhfeidhm orthu nó ar thaitneamhachtaí áineasa, rochtain poiblí ar an tuath nó ar an gcomhshaol nádúrtha.

BC5 Cuspóir 7:

Maidir le hiarratais a dhéantar chun bonneagar teileachumarsáide a sholáthar os cionn talún, lena n-áirítear iarratais phleanála agus iarratais ar cheadúnas Alt 254, a chinntiú go léirítear go gcomhlíontar an '*Treoir maidir le Suíomh Féideartha Bonneagair Teileachumarsáide os cionn Talún ar Bhóithre Poiblí*' (2015).

BC5 Cuspóir 8:

Imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht cáblaí snáthoptaice a sholáthar sa Chontae chun soláthar leathanbhanda ardluais a éascú agus oibriú i gcomhar le soláthraithe chun é sin a éascú.

11.5 Bainistiú Dramhaíola

Tá Bainistiú Dramhaíola ina chuid dhílis d'fhorbairt inbhuanaithe agus is gné lárnach den gheilleagar ciorclach é, ag cosaint sláinte an phobail agus timpeallacht ardchaighdeán a choinneáil.

Tá foráil san *Acht um Pleanáil agus Forbairt* (2000) (arna leasú) go mbeidh cuspóirí maidir le saoráidí aisghabhála agus diúscartha dramhaíola san áireamh i bplean forbartha. De bhun Alt 22(10A) de na hAchtanna um Bainistíocht Dramhaíola (1996-2008), meastar go bhfuil cuspóirí an Phlean Bainistíochta Dramhaíola ábhartha san áireamh sa Phlean Forbartha.

Tá beartas náisiúnta agus réigiúnach maidir le bainistíocht dramhaíola leagtha amach i roinnt doiciméad. Ina measc seo tá an Creat Náisiúnta Pleanála, an Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiúnach, an Plean Réigiúnach um Bainistiú Dramhaíola, an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta ar son na hAeráide (2019) agus doiciméad beartais an Rialtais Plean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Gheilleagar Ciorclach 2020-2025. Éilíonn na cáipéisí beartais seo aistriú i dtreo geilleagair chiorclaigh, trína n-úsáidfeair ábhair go fadtéarmach, go ndéanfar athchúrsáil agus athúsáid a chur chun cinn, agus go ndéanfar dramhaíl a íoslaghdú ag deireadh an timthrialla. Tá na cáipéisí seo go léir agus na beartais agus na cuspóirí a eascraíonn uathu comhsheasmhach le cur chuige Ordthas Dramhaíola an AE i leith dramhaíola a thacaíonn le cosc, ullmhú le haghaidh athúsáid, athchúrsáil, aisghabháil fuinnimh agus diúscairt inbhuanaithe.

Tugtar breac-chuntas i *bPlean Gníomhaíochta Dramhaíola an Rialtais don Gheilleagar Ciorclach 2020 - 2025* ar an bhfócas nua a théann níos faide ná bainistíocht dramhaíl agus a ghluaiseann i dtreo breathnú ar bhealach níos leithne ar acmhainní, agus sa chaoi sin uasluch a bhaint as na hábhair go léir. Leagtar béim ar chur chuige an gheilleagair chiorclaigh.

Soláthraítear creat do bhainistíocht dramhaíola i mBaile Átha Cliath Theas agus sa Réigiún i *bPlean Bainistíochta Dramhaíola an Oirthir agus Lár Tíre 2015-2021*. Leagtar amach fíis straitéiseach ann trína ndíreofar ar dhramhaíl mar acmhainn luachmhar. Féachann sé le húsáid níos fearr a bhaint as na hacmhainní reatha, sceitheadh ábhar a laghdú lena n-áirítear sceitheadh fuinnimh, de réir mar a aistríonn an tír ó gheilleagar líneach go geilleagar ciorclach.

Beartas BC6: Bainistiú Dramhaíola

Beartas dramhaíola an Aontais Eorpaigh, agus an beartas Náisiúnta agus Réigiúnach a chur i bhfeidhm mar aon le beartas gaolmhar comhshaoil, agus an reachtaíocht, treoir agus cóid chleachtais a chur i bhfeidhm chun bainistíocht acmhainní ábhair agus dramhaíola a fheabhsú.

BC6 Cuspóir 1:

Aistriú cóir a spreagadh ó gheilleagar bainistíochta dramhaíola go geilleagar ciorclach glas chun fostaíocht a fheabhsú agus luach, aisghabháil agus athchúrsaíocht acmhainní a mhéadú trí chomhlíonadh fhorálacha an *Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach 2020 - 2025* agus úsáid meaisíní díola droim ar ais a chur chun cinn agus scéimeanna aiscurtha taisce nó a leithéid a chur chun cinn, ach gan a bheith teoranta dóibh, chun bealaí níos leithne agus bealaí éagsúla athchúrsála a chinntiú.



BC6 Cuspóir 2:

Tacú le *Plean Bainistíochta Dramhaíola an Oirthir agus Lár Tíre 2015-2021* nó leagan leasaithe a chur i bhfeidhm trí chloí le spriocanna uileghabhálacha feidhmíochta, mar aon le beartais agus gníomhartha beartais uileghabhálacha.

BC6 Cuspóir 3:

Bonneagar/teicneolaíocht athshlánaithe agus diúscartha dramhaíola inbhuanaithe ar ardchaighdeán a sholáthar, a chur chun cinn agus a éascú ar aon dul le hordlathas dramhaíola an AE agus freastal go leordhóthanach ar lucht cónaithe agus earnáil ghnó atá ag fás.

BC6 Cuspóir 4:

Líonra an bhonneagair beir leat a sholáthar agus a chothabháil (m.sh. saoráidí taitneamhachta cathartha, bainc beir leat) sa Chontae chun athchúrsáil agus aisghabháil dramhaíola guaisí agus neamhghuaisí cathrach a éascú.

**BC6 Cuspóir 5:**

A chinntiú go soláthraítear saoráidí athchúrsála poiblí de mhéid leordhóthanach i gcás forbairtí tráchtála nua agus i gcomhar le sínte nó le hathruithe suntasach úsáide ar fhorbairtí tráchtála atá ann cheana nuair is cuí.

BC6 Cuspóir 6:

Leanúint ar aghaidh ag soláthar líonra de lárionaid dramhaíola glasa ar fud an chontae in áiteanna oiriúnacha chun an córas bailiúcháin dramhaíola inmhúirínithe a leathnú.

BC6 Cuspóir 7:

A cheangal go ndéanfar soláthar iomchuí maidir le bainistíocht inbhuanaithe dramhaíola mar chuid de gach forbairt, agus a chinntiú go bhfuil siad deartha go hoiriúnach mar chuid den fhorbairt, lena n-áirítear saoráidí a sholáthar chun dramhaíl den sórt sin a stóráil, a scaradh agus a bhailiú.

BC6 Cuspóir 8:

Cloí le moltaí an *Phean Náisiúnta um Bainistíocht Dramhaíola Guaisí 2014-2020* agus aon phlean ina dhiaidh sin, agus comhoibriú le gníomhaireachtaí eile lena n-áirítear an EPA i bpleanáil, eagrú agus maoirseacht diúscairt sruthanna dramhaíola guaisí, lena n-áirítear dramhaíl ghuaiseach a shaináithnítear le linn tionscadal tógála agus scartála.

BC6 Cuspóir 9:

Tacú le forbairt cumais in Éirinn chun dramhaíl neamhghuaiseach agus guaiseach a chóireáil i gcás gur féidir é sin a dhéanamh go teicniúil, go heacnamaíoch agus go mbeidh sé indéanta ó thaobh an chomhshaoil de agus de réir na gcritéar ábhartha um chosaint an chomhshaoil chun gníomhaíochtaí den sórt sin a phleanáil agus a fhorbairt.

11.6 Cáilíocht Chomhshaoil: Aer, Torann agus Solas

Tá aer glan riachtanach chun timpeallacht ardchaighdeán a chinntiú d'fholláine na gcónaitheoirí agus chun go mbeidh rath ar gheilleagar an Chontae. Tá ról lárnach aige freisin i mbainistiú gníomhaíochta ar son na haeráide. Tá tionchar an torainn ar shláinte an duine á aithint níos mó agus níos mó ag an Eagraíocht Sláinte Domhanda agus ag dreamanna eile, lena n-áirítear an AE. De réir mar a d'éirigh an domhan níos uirbí, tháinig méadú ar leibhéal an truailithe solais. Tá na beartais straitéiseacha ardleibhéil leagtha amach thíos maidir le haer, torann agus solas. Tá caighdeán bhainistíochta forbartha níos mionsonraithe leagtha amach i gCaibidil 13 *Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht*.

Tá sé tugtha faoi deara go gclúdaítear rialú cáilíochta aeir, torainn agus truailithe solais go príomha laistigh den reachtaíocht um rialú aeir, solais agus torainn.

11.6.1 Aer

Déantar cáilíocht an aeir a bhainistiú faoi fhorálacha an Achta um Thruailliú Aeir (1987). Bailíonn stáisiúin mhonatóireachta sonraí faoi cháilíocht an aeir thimpeallaigh i bhfianaise luachanna teorainneacha dlíthiúla na hEorpa agus luachanna treoirlínte na hEagraíochta Sláinte Dhomhanda. Is é an EPA a bhainistíonn an líonra, i gcomhpháirtíocht le hÚdarás Áitiúla agus le comhlachtaí poiblí agus leathstáit eile agus ollscoileanna.

Tá roinnt stáisiún monatóireachta ar cháilíocht an aeir ag an gComhairle sa Chontae atá á mbainistiú ag an bhFoireann Sláinte Comhshaoil i dTamhlacht, Ráth Cúil agus i mBaile Bhailcín. Tá faisnéis chothrom le dáta ar cháilíocht an aeir do Cheantar Bhaile Átha Cliath - lena n-áirítear ceithre Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath - mar aon leis an Innéacs um Chaighdeán an Aeir don tSláinte ar fáil ag www.epa.ie/air/quality.

11.6.2 Torann

Cuireann *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (um Thorann Comhshaoil)* (2018) (I.R. Uimh. 549 de 2018), Treoir CE 2002/49/CE (Treoir um Thorann Comhshaoil) i bhfeidhm maidir le torann comhshaoil in Éirinn a mheas agus a bhainistiú. Éilíonn an treoir sin ar Bhallstáit léarscáileanna straitéiseacha torainn agus pleananna gníomhaíochta um bainistíocht torainn a ullmhú agus a fhoilsiú le haghaidh foinsí torainn iompair (.i. bóithre, iarnróid agus aerfoirt) agus an tionscail. D'fhorbair na ceithre *Údarás Áitiúla i Réigiún Bhaile Átha Cliath Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn Comhshaoil 2018-2023* i gcomhpháirt ina ról mar Údarás Phleanála Gníomhaíochta ainmnithe faoi Airteagal 10 de na *Rialacháin um Thorann Comhshaoil* (2006). Is é aidhm an Phlean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn na héifeachtaí dochracha lena n-áirítear ciapadh, a tharlaíonn de bharr nochtadh fadtéarmach do thorann comhshaoil, a sheachaint, a chosc agus a laghdú, nuair is gá agus é sin a dhéanamh ar bhonn tosaíochta. Faoi na Rialacháin Torainn (2018), déanfaidh gach Údarás Áitiúil athbhreithniú ar mhapáil torainn straitéiseach ar mhórbhóithre nach bóithre Náisiúnta iad, .i. gach bóthar a ngluaiseann feithiclí thairis níos mó ná 3 mhilliún uair in aghaidh na bliana. Is é an EPA an t-údarás inniúil náisiúnta faoi na Rialacháin.

Tá Beartais maidir le Bainistíocht Forbartha i leith torainn leagtha amach i gCaibidil 13 de *Chur i bhFeidhm agus Monatóireacht*.

11.6.3 Solas

Tá soilsíú leordhóthanach riachtanach do thimpeallacht shábháilte. Mar sin féin, aithnítear níos mó is níos mó go bhféadfaidh doirteadh solais ó shoilsíú iomarcach nó ó shoilse a dearadh go holc níos a chruthú in áitribh máguaird agus a bheith ina bhagairt don fhiadhúlra atá íogair ó thaobh solais de. Is féidir truailliú solais a shainiú mar sholas curtha amú. Cé go bhfuil Baile Átha Cliath Theas uirbithe go maith, tá ceantair mhóra ann a bhfuil carachtar tuaithe agus sléibhe acu, lena n-áirítear conairí abhann, atá an-íogair ó thaobh thruailliú solais de. Sa chás go bhfuil toiliú pleanála riachtanach le haghaidh tograí maidir le soilsíú nua, cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh siad deartha go cúramach agus go híogair. Ba cheart go gcinnteodh tograí forbartha lena n-áirítear soilsíú seachtrach gurb í an scéim soilsithe atá beartaithe an t-íosmhéid atá ag teastáil ar chúiseanna sábháilteachta agus slándála poiblí; nach mbeadh aon doirteadh solais os cionn na léaslíne; nach bhfuil aon drochthionchar do-ghlactha ar áitribh sa chomharsanacht nó in aice lámhe ná ar an tuath máguaird; nach ndallfaidh siad úsáideoirí bóithre lena n-áirítear rothaithe agus coisithe is nach dtarraingeodh siad a n-aird ón mbóthar; agus go sásóidh soilsíú bóthair agus cosáin caighdeán na Comhairle.

Beartas BC7: Cáilíocht Chomhshaoil

Iarracht a dhéanamh bearta iomchuí a chur i gcrích chun éifeachtaí truaillithe aeir, torainn agus solais ar cháilíocht chomhshaoil agus ar thaitneamhacht chónaithe a laghdú de réir bheartas agus reachtaíocht na hEorpa, na hÉireann agus an Réigiúin.

BC7 Cuspóir 1:

Forálacha Threoracha náisiúnta agus an AE maidir le truailliú aeir agus torainn agus ceanglais reachtacha ábhartha eile a chur i bhfeidhm i gcomhar le gníomhaireachtaí eile de réir mar is cuí. (Ag teacht le RPO 10.10 den Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiúnach)

BC7 Cuspóir 2:

Comhoibriú leis an EPA agus le Bonneagar Iompair Éireann (TII) i gcothabháil líonra monatóireachta ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh i mBaile Átha Cliath.



BC7 Cuspóir 3:

Moltaí Phlean Bainistíochta Cáilíochta Aeir Réigiúnaigh Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm chun daoine a chosaint ar na héifeachtaí dochracha sláinte a bhaineann le truailliú aeir, chun dea-cháilíocht aeir a chaomhnú sna háiteanna ina bhfuil sé amhlaidh agus cáilíocht an aeir a fheabhsú sna háiteanna ina bhfuil sé míshásúil.

BC7 Cuspóir 4:

Na moltaí agus na gníomhaíochtaí pleanála spásúla ábhartha de *Phlean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn Chomhshaoil do Cheirtleán Bhaile Átha Cliath 2018-2023* nó aon phlean gníomhaíochta a thiocfaidh ina dhiaidh sin a chur i bhfeidhm.

BC7 Cuspóir 5:

A chinntiú go ndéantar forbairtí amach anseo a dhearadh agus a thógáil chun suaitheadh torainn a íoslaghdú agus úsáidí ilfheidhmeacha sráideanna a chur san áireamh lena n-áirítear gluaiseacht agus caitheamh aimsire mar a shonraítear sa Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach (2009) agus sa Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (2013).

BC7 Cuspóir 6:

A chinntiú go n-íoslaghdaíonn scéimeanna soilsithe seachtracha doirteadh nó truailliú solais sa timpeallacht máguaird agus nach mbeidh drochthionchar acu ar thaitneamhacht chónaithe ná amhaire ná ar bhithéagsúlacht sna ceantair máguaird

BC7 Cuspóir 7:

A chinntiú i gcás forbartha atá íogair ó thaobh torainn de gar do bhóithre náisiúnta agus bóithre eile go gcuirtear measúnú tionchair torainn ar fáil agus go bhfuil bearta maolaithe iomchuí ann, mar bhacainní torainn, tírdhreachú siar agus/nó criosanna maolánacha idir limistéir thalún ina bhfuil forbairt beartaithe agus bóithre náisiúnta beartaithe nó atá ann cheana agus bóithre eile.

BC7 Cuspóir 8:

Oibriú in éineacht le páirtithe leasmhara ábhartha, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Bonneagar Iompair Éireann, EPA chun bonneagar cosanta torainn níos sábháilte a chur chun cinn agus a fheabhsú a bheidh ag teacht le fás daonra agus méaduithe tráchtá ar ár mbóithre náisiúnta go léir.



11.7 Aerfoirt agus Aeradróim

Sa chuid seo leagtar amach na srianta agus na riachtanais ghinearálta ar fhorbairt laistigh den Chontae ó thaobh Aerfort Bhaile Átha Cliath, Aeradróm Mhic Easmhainn agus Aerfort Weston. Tá na ceanglais chosanta i gcomharsanacht aeradróm sibhialta i mBaile Átha Cliath Theas (Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Aeradróm Weston) leagtha amach in:

- a. Caighdeáin Idirnáisiúnta agus Cleachtais Mholta in Iarscríbhinn 14 a ghabhann leis an *gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta*, a d'fhoilsigh an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Eitlíocht Shibhialta (ICAO) agus Ábhar Treorach Údarás Eitlíochta na hÉireann ar Dhromchlaí Aeradróm Iarscríbhinn 14 (2015).
- b. Sonraíochtaí Deimhniúcháin & Ábhar Treorach do Dhearadh Aeradróm a d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA) in 2017.

Déileáiltear le cosaint ar bhealach níos mionsonraithe i gCaibidil 13 Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht.

Is bunáit mhíleata lánfheistithe é Aeradróm Mhic Easmhainn arb' é sin an príomhionad le haghaidh oibríochtaí an Aerchoir. Déileálann an Roinn Cosanta lena oibríochtaí agus lena riachtanais.

Sa chuid seo déileáiltear le beartas agus cuspóirí a bhaineann le torann aerfoirt agus saincheisteanna sábháilteachta poiblí a bhaineann le hoibriú na n-aerfort agus na n-aeradróm i mBaile Átha Cliath Theas, agus soláthraíonn sé faisnéis freisin faoi héileapadanna laistigh den Chontae.

11.7.1 Beartas Náisiúnta Eitlíochta

Leagtar béim sa bheartas eitlíochta náisiúnta ar thábhacht aeriompair do thrádáil, infheistíocht isteach agus turasóireacht. Leagtar síos sa Bheartas Náisiúnta Eitlíochta d'Éirinn (2015) a d'fhoilsigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt na beartais eitlíochta in Éirinn. Is iad príomhaidhmeanna an Bheartais Náisiúnta Eitlíochta:

- è Nascacht na hÉireann a fheabhsú trí rochtain shlán, shábháilte, iomaíoch a chinntiú mar fhreagra ar riachtanais ghnó, thurasóireachta agus thomhaltóirí;
- è Fás na fiontraíochta eitlíochta in Éirinn a chothú chun tacú le cruthú postanna agus chun áit a chinntiú d'Éirinn mar cheannaire domhanda aitheanta san eitlíocht; agus
- è An méid a thacaíonn earnáil na heitlíochta le fás agus forbairt eacnamaíoch na hÉireann a uasmhéadú.

Tá Baile Átha Cliath Theas suite timpeall 10km ar a laghad ó Aerfort Bhaile Átha Cliath, mar sin tá impleachtaí díreacha teoranta ag an aerfort don chontae maidir le sábháilteacht agus torann. Aithnítear, áfach, an tábhacht fhoriomlán atá aige do gheilleagar agus do thurasóireacht na tíre ina hiomláine.

Soláthraíonn Aerfort Weston rud ar a dtugtar 'eitlíocht ghinearálta' le haghaidh gníomhaíochtaí tráchtála agus eacnamaíochta laistigh den earnáil aeraspáis in Éirinn. Is bunáit é freisin d'acadamh píolótaí an Lárionaid Eitilte Náisiúnta.

Aeradróm míleata is ea Aeradróm Mhic Easmainn agus ar an ábhar sin níl sé faoi smacht Údarás Eitlíochta na hÉireann ach cuireann an Roinn Cosanta Caighdeán agus Cleachtais Molta na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Eitlíocht Shibhialta i bhfeidhm mar bheartas. Ina theannta sin, cuireann an Roinn Cosanta 'Crios Slándála' i bhfeidhm atá ailínithe go dlúth leis na ceantair timpeall ar na rúidbhealaí ar a dtugtar stiallacha eitilte.

11.7.2 Aeradróm Mhic Easmainn

Tá Aeradróm Mhic Easmainn in úsáid go leanúnach le haghaidh cúrsaí eitlíochta agus is é sin an t-aon aerbhunáit mhíleata lánfheistithe sa Stát agus feidhmíonn sé mar phríomhionad oibríochtaí an Aerchóir. Tá dhá rúidbhealach san aeradróm:

- 1 Rúidbhealach 10/28: Síneann príomh-rúidbhealach atá ann soir siar (lastuaidh den Chaisleán Nua agus os cionn Choill an Rí).
- 2 Rúidbhealach 04/22: Síneann an rúidbhealach tánaisteach ón taobh thoir theas agus siar ó thuaidh (04 os cionn Ráth Chúil agus 22 os cionn Pháirc Chorcaí).

Beartas BC8: Aeradróm Mhic Easmainn

Riachtanais oibríochta, sábháilteachta agus teicniúla Aeradróim Mhic Easmainn a chosaint agus aird a thabhairt ar riachtanais na Roinne Cosanta agus éascú a dhéanamh ar a fhorbairt leanúnach le haghaidh úsáidí míleata agus úsáidí coimhdeacha.

BC8 Cuspóir 1:

Sábháilteacht aerthráchta mhíleata agus aerthráchta eile a chinntiú chuig Aeradróm Casement agus uaidh, faoi láthair agus amach anseo, agus aird iomlán á tabhairt ar shábháilteacht daoine ar an talamh chomh maith leis an ngá atá le gan ach an míchaoithiúlacht is lú is féidir a chur ar phobail áitiúla.

BC8 Cuspóir 2:

An t-aerspás timpeall aeradróim Mhic Easmainn a choinneáil saor ó chonstaicí chun go bhféadfar oibríochtaí aerárthaí a dhéanamh go sábháilte, faoi mar a shainnítear ar léarscáil Innéacs an Phlean Forbartha agus a bhfuil achoimre tugtha orthu i gCaibidil 13 *Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht*.

BC8 Cuspóir 3:

Prionsabail sciata a chur i bhfeidhm maidir le measúnú a dhéanamh ar fhorbairt bheartaithe i gcomharsanacht na nAeradróm, ag féachaint do Chuid 3.23 d'Ábhar Treorach Údarás Eitlíochta na hÉireann ar Dhromchlaí Aeradróm Iarscríbhinn 14 (2015) (Féach Caibidil 13 *Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht*).

BC8 Cuspóir 4:

Toirmeasc agus srian a chur ar fhorbairt thart timpeall ar Aeradróm Mhic Easmainn, áit a bhféadfaí guais sábháilteachta a chruthú. Go ginearálta, ní cheadófar aon fhorbairt sa chrios sábháilteachta poiblí. (Féach freisin Caibidil 13 *Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht*).

11.7.3 Aerfort Weston

Níl ach rúidbhealach amháin in Aerfort Weston, atá sainithe mar rúidbhealach Cód 2B de réir sainmhínte na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Eitlíocht Shibhialta agus na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Eitlíochta. Forluíonn dromchlaí teorainneacha constaicí Aerfort Weston ar dhromchlaí Aeradróim Mhic Easmainn. I gcásanna forluite, beidh feidhm ag na ceanglais níos déine atá ag ceachtar Aeradróm.

Beartas BC9: Aerfort Weston
Riachtanais oibríochta, sábháilteachta agus theicniúla reatha agus amach anseo Aerfoirt Weston a chosaint, ag féachaint do riachtanais Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA), agus cosc a chur le cúngú forbartha timpeall an aerfoirt a d'fhéadfadh cur isteach ar a oibriú go sábháilte, i gcomhthéacs dea-phleanála agus forbairt inbhuanaithe an cheantair agus cosaint na n-áiseanna máguaird.
BC9 Cuspóir 1: Sábháilteacht aerthráchta chuig Aerfort Weston agus uaidh a chinntiú agus aird iomlán á tabhairt ar shábháilteacht daoine ar an talamh chomh maith leis an ngá atá ann an mhíchaoithiúlacht is lú is féidir a chur ar phobail áitiúla.
BC9 Cuspóir 2: An t-aerspás timpeall an aerfoirt a choinneáil saor ó chonstaicí chun oibríochtaí aerárthaí a dhéanamh go sábháilte, lena n-áirítear srian a chur ar fhorbairt i dtimpeallacht an aeradróim, mar a shainaithnítear sna dromchlaí maidir le Constaic Teorainneacha (teorainn airde glanta constaicí) a thaispeántar ar léarscáil Innéacs an Phlean Forbartha agus a bhfuil achoimre air i gCaibidil 13 <i>Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht</i> .
BC9 Cuspóir 3: Toirmeasc agus srian a chur le forbairtí i dtimpeallacht Aerfoirt Weston, áit a bhféadfadh siad contúirtí sábháilteachta a chruthú d'oibriú an aerfoirt.
BC9 Cuspóir 4: Srian a chur le haon fhadú éifeachtach breise ar an rúidbhealach atá in úsáid ná ar na limistéir a n-eitlítear os a gcionn, go dtí go mbeidh stádas an rúidbhealaigh reatha tugtha chun rialtachta agus go ndéantar measúnuithe iomlána comhshaoil lena n-áirítear measúnú ar chúrsaí torainn agus an tionchar ar na phobail áitiúla.
BC9 Cuspóir 5: Rachaidh an tÚdarás Pleanála i dteagmháil le Comhairle Contae Chill Dara, chun breithniú a dhéanamh ar iarratais ar fhorbairt ag Aerfort Weston ag féachaint do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe.

11.7.4 Aerfort Bhaile Átha Cliath

Forluíonn an dromchla cothrománach seachtrach aerfort Bhaile Átha Cliath limistéar teoranta atá lastuaidh den Chontae. Tá an limistéar leagtha amach ar Léarscáileanna an Phlean Forbartha.

Beartas BC10: Aerfort Bhaile Átha Cliath

Iarratais phleanála le haghaidh forbartha laistigh de Dhromchla Cothrománach Seachtrach Aerfort Bhaile Átha Cliath (agus breis agus 90m ar airde os cionn leibhéal na talún) a tharchur chuig oibreoir agus rialtóir an aerfoirt (Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (DAA) agus Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA)) agus aird a thabhairt ar riachtanais IAA agus DAA sa mheasúnú tograí forbartha (féach ar Léarscáil san Innéacs le haghaidh sonraí)

BC10 Cuspóir 1:

Airde foirgneamh a shrianadh go 90m os cionn leibhéal na talún d'fhonn cosc a chur ar aon rud dul isteach i nDromchla Cothrománach Seachtrach Aerfort Bhaile Átha Cliath (mar a shainmhínítear i *Sonraíochtaí Deimhniúcháin 2017* Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta, agus de réir ábhar treorach Údarás Eitlíochta na hÉireann i ndáil leis an Dromchla seo).

11.7.5 Héileapadanna

Tá dhá héileapad ospidéal i mBaile Átha Cliath Theas: in Ospidéal Ollscoile Thamhlachta, agus ag clinic príobháideach leighis an Hermitage. Is héileapadanna príobháideacha iad seo, nár ceapadh aon bhealach foirmiúil le teacht chucu ná bealaí imeachta uathu ná dromchlaí dóibh. Úsáideann an tSeirbhís Aerleighis Éigeandála an héileapad i dTamhlacht.

Úsáid leanúnach na héileapadanna seo a chosaint, (agus go dtí go nglacfar aon dromchlaí teachta/imeachta níos foirmiúla, m.sh. de réir Eagraíocht Idirnáisiúnta um Eitlíocht Shibhialta (ICAO) “Iarscríbhinn 14 - Imleabhar II: Héileapóirt”), moltar go gcoinneofar fána 1 in 8 i ngach treo timpeall na héileapadanna seo saor ó aon chonstaicí nua, agus nach gceadófar aon sreanga lasnairde ina gcomharsanacht (agus go ndéanfar srianta den chineál céanna a mheas le haghaidh héileapad aon ospidéal sa todhchaí nó aon héileaport amach anseo).

Beartas BC11: Héileapadanna

Cosaint a sholáthar do héileapadanna ospidéal, go háirithe na héileapadanna atá ann cheana ag Ospidéal Thamhlachta agus ag Clinic an Hermitage, trína chinntiú go gcoinnítear fána 1 as 8 i ngach treo ó imeall an héileapad saor ó aon chonstaicí nua (agus faoi aon Dromchla Tagtha nó Imeachta is féidir a shainiú le haghaidh héileapad den sórt sin), agus trí aon sreanga nó crainn lasnairde ina gcomharsanacht a sheachaint.

11.7.6 Aerfort agus Aeradróm - Torann

Léirítear na ceantair i gcomharsanacht na n-aerfort agus na n-aeradróm ar Léarscáil Innéacs an Phlean Forbartha ina bhféadfadh torann aerárthaigh a bheith suntasach agus d'fhéadfaí nuashonrú a dhéanamh ar na ceantair shuntasacha torainn seo. Maidir le forbairt chónaithe agus úsáidí talún eile atá leochaileach ó thaobh torainn de, ba cheart measúnú torainn iomchuí a chur isteach mar aon le bearta maolaithe chun taitneamhacht chónaithe a chosaint.

Beartas BC12: Torann

Déan forbairtí atá íogair ó thaobh torainn a dhíspreagadh i ngarchomharsanacht aerfoirt agus aeradróm.

BC12 Cuspóir 1:

Forbairt chónaithe agus úsáidí talún eile mar thithe altranais, scoileanna, ospidéal agus ionaid chomhdhála a mbíonn tionchar ag torann orthu a theorannú laistigh den Teorainn Limistéar Suntasach Torainn atá leagtha amach d’Aeradróm Mhic Easmainn agus d’Aerfort Weston (Féach Léarscáil san Innéacs i bPlean Forbartha an Chontae) agus a chinntiú go bhfuil aon úsáidí atá íogair ó thaobh torainn de faoi réir measúnaithe torainn agus bearta maolaithe iomchuí chun taitneamhacht chónaithe a chosaint.

11.7.7 Criosanna Sábháilteachta Poiblí

Criosanna Sábháilteachta Poiblí - Ginearálta

Cuirtear sábháilteacht bhreise ar fáil ar an talamh trí Chriosanna Sábháilteachta Poiblí a shíneann ó dheirí na rúidbhealaí, lena mbaineann de ghnáth (i) Crios Laistigh nach gceadaítear aon áitíocht nua do dhaoine ann (cé go bhféadfaidh áitíocht atá ann cheana fanacht), agus (ii) Crios Seachtrach ina gceadaítear áitíocht theoranta (le huasfhigiúirí áitíochta difriúla do chineálacha éagsúla forbartha, ag cur san áireamh fad dóchúil na tréimhse áitíochta nó na dtréimhsí áitíochta).

Faoi láthair níl aon chaighdeán ná moltaí idirnáisiúnta socraithe maidir le Criosanna Sábháilteachta Poiblí ag aerfoirt/aeradróim, agus tá éagsúlacht mhór le sonrú ó thaobh méide ag na haerfoirt idirnáisiúnta ina gcuirtear ar fáil iad. Níor luadh Criosanna Sábháilteachta Poiblí ag aerfoirt sa Bheartas Náisiúnta Eitlíochta d’Éirinn is déanaí (a d’fhoilsigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i 2015).

Bhí na Criosanna Sábháilteachta Poiblí a moladh in Athbhreithniú ar Bheartas ag Aeradróm Mhic Easmainn 2009 an-bheag ar fad, agus bhí siad go hiomlán laistigh de “limistéir chur chuige Dearg/Laistigh” an aeradróim (nuair nár ceadáidh aon fhorbairt nua ar aon chuma), ionas nach raibh aon éifeacht bhreise na Criosanna Sábháilteachta Poiblí sin.

Criosanna Sábháilteachta Poiblí le haghaidh Aeradróm Mhic Easmainn agus Aerfort Weston

Chun foráil a dhéanamh níos cruinne d’aerloingseoireacht shábháilte agus do dhaoine a chosaint ar an talamh, aistrítear an toirmeasc ar fhorbairt nua atá díreach gar do thairseacha rúidbhealaigh chuig Criosanna nua Sábháilteachta Poiblí Laistigh le haghaidh Aeradróm Mhic Easmainn agus Aerfort Weston. Go dtí go ndéanfar athbhreithniú agus athrómh níos mionsonraithe bunaithe ar fhigiúirí tráchta nuashonraithe, beidh na Criosanna Sábháilteachta Poiblí Laistigh seo de chruth triantánach 1000m ar fhad agus 100m ar leithead (.i. níos mó ná aon cheann de na Criosanna Sábháilteachta Poiblí a ríomhadh in 2009 le haghaidh Aeradróm Mhic Easmainn).

Ina theannta sin, tá Criosanna Sábháilteachta Poiblí Seachtracha nua atá dhá oiread an mhéid sin (2000m ar fhad agus 200m ar leithead) le soláthar, inar féidir forbairt a cheadú ina mbeidh áitiú teoranta daonna. Ar feitheamh athbhreithnithe níos mionsonraithe, beidh na huimhreacha áitíochta a cheadófar sna Criosanna Sábháilteachta Poiblí Seachtracha seo mar a chuirtear i bhfeidhm i gCriosanna Sábháilteachta Poiblí Seachtracha eile in Éirinn (ar feitheamh athbhreithnithe ar na forálacha seo), .i. <60 duine in aghaidh an leathheicteáir i gcás tithíochta, <85 duine in aghaidh an leathheicteáir

i gcás áiteanna miondíola nó fóillíochta, agus <110 duine in aghaidh an leathheicteáir i gcás áitribh oibre; (ba cheart an leathheicteár a bheith suite ar an bhforbairt atá beartaithe, agus gan a bheith bunaithe ar úinéireacht ná ar an theorainn ar a bhfuil an láithreán).

Beidh feidhm ag na Criosanna nua Sábháilteachta Poiblí Laistigh agus Seachtracha ag Aeradróm Mhic Easmainn agus Aerfort Weston, agus go dtí go ndéanfar athbhreithniú breise orthu, beidh siad uile ar an méid céanna do gach rúidbhealach (ós rud é gurb ionann tríd is tríd figiúirí tráchta an dá áit). Laistigh de na Criosanna Laistigh agus Seachtracha seo, caithfidh forbairt a bheith teoranta do na hairde/ingearchlónna uasta a cheadaítear faoi Dhromchlaí Tuirlingthe nó Dromchlaí Éirithe in Airde an rúidbhealaigh (de réir shonraíochtaí ICAO).



11.8 Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide



Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide

Ról féideartha na Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil i gníomhú ar son na haeráide	Bearta chun Dul i nGleic le Tionchair Aeráide
<p>Má sholáthraítear timpeallacht ardchaighdeán agus má ghlactar le cur chuige inbhuanaithe maidir le soláthar réimse bonneagair a thacaíonn leis an gContae beidh tionchar mór aige sin ar bhaint amach ár spriocanna ó thaobh athrú aeráide agus an pláinéad a chosaint. Trí phleanáil mhaith is féidir linn a chinntiú go mbeidh ár dtimpeallacht ina príomhghné d'fhorbairt agus d'fhás sa todhchaí.</p>	<p>I measc na mbeartas agus na gcuspóirí atá sa chaibidil seo a thugann aghaidh ar thionchair aeráide tá:</p> <ul style="list-style-type: none">è Beartas uileghabhálach a éilíonn bainistíocht inbhuanaithe ar ár gcaipiteal nádúrtha agus soláthar bonneagair in éineacht le forbairt.è Tacú le hUisce Éireann ina ról i mbainistíocht inbhuanaithe an tsoláthair uisce.è Ionchorprú bearta mar SuDS agus Bogaigh Chomhtháite Tógtha agus a leithéidí i bhforbairtí beartaitheè Tacú le cur chuige an gheilleagair chiorclaigh.è A éileamh go n-ionchorprófar ionaid athchúrsála, beir leat agus dramhaíola glasa i bhforbairtí nua.è A cheangal go ndéanfar truailliú aeir, torainn agus solais a theorannú.

Iarthar na
Cathrach,
Teach
Sagard, An
Caisleán
Nua, Ráth
Cúil



Cluain Dolcáin
Cluain Buiríosa
Caisleán na
Gráinsí



Leamhcán
Baile
Phámar
Baile Adaim



Bóthar an Náis



Na hArdtailte Tuaithe




Tamhlacht



Teach
Mealóg, Baile
Bhailcín, Ráth
Fearnáin,
Teach na
Giúise





Ár gComharsanachtaí

Léargas


Cuireann ‘Ár gComharsanachtaí’ sain-eochairchuspóirí gach comharsanachta i dtoll a chéile, agus nuair a chuirtear le chéile iad, cabhróidh siad chun fís ghinearálta an phlean a bhaint amach laistigh de gach comharsanacht agus chun comharsanachtaí dlútha inbhuanaithe a sheachadadh.

12.0 Rhéamhrá

An aidhm atá leis an bplean ná úsáid éifeachtúil talún a bhaint amach agus béim ar eochair-lárionaid uirbeacha, agus dlúis forbartha a bhaint amach ar féidir leo tacú le háiteanna bríomhara dlútha insiúlta a thugann tús áite do thrácht coisithe. Bíonn cineál dlúth forbartha ag teastáil le haghaidh cur i bhfeidhm a leithéide de bhearta, agus nuair a éiríonn leis sin, is féidir leis ról suntasach a imirt sa ghníomhú ar son na haeráide, rud a laghdaíonn an gá atá le taisteal i gcarr agus astaíochtaí carbóin, agus, ag an am céanna, éascaíonn deiseanna úsáide maidir le foinsí fuinnimh níos inbhuanaithe agus níos in-athnuaite.

Aithnítear sa phlean 7 gCeantar Comharsanachta a bhfuil na heochairsheirbhísí agus eochairáiseanna atá iontu mar an gcéanna le bailte/sráidbhailte áirithe agus lárionaid uirbeacha sa Chontae. Rinne an próiseas seo eolas do chur chuige níos saincheaptha i leith sholáthar eochairsheirbhísí agus eochairáiseanna de réir mar a fhásfaidh gach ceantar le linn an phlean, agus d'éascaigh sé an cur chuige freisin.

Leanann leagan amach agus formáid na caibidle seo ord gach caibidle den phlean, agus achoimríonn, agus cuireann i dtoll a chéile, eochairchuspóirí a bhaineann le gach ceantar comharsanachta ar leith. Agus iad curtha le chéile, cabróidh na cuspóirí seo chun comharsanachtaí dlútha inbhuanaithe a bhaint amach laistigh de Chontae Bhaile Átha Cliath Theas atá ag teacht le forálacha Chaibidil 5, rannóg 5.3: Seachadadh Comharsanachtaí Inbhuanaithe 'Cur Chuige an Phlean'.



12.1 Gluaiseacht Inbhuanaithe agus Cur Chuige na Comharsanachta

De réir fhorálacha Chaibidil 5 agus cruthú 'Comharsanachtaí Ceangailte', leagann Caibidil 7 den phlean amach beartais agus cuspóirí áirithe a éascóidh patrúin inbhuanaithe ghluaiseachta laistigh de gach comharsanacht agus ar fud na tíre.

Ní hamháin gurb aidhm dá leithéid de bhearta modhanna inbhuanaithe iompair a chur chun cinn, ach díriú freisin ar an ngá atá le córas iompair ach beartais a éascú a ligfidh do dhaoine rochtain a bheith acu, a oiread agus is féidir, ar gach seirbhís atá uathu i saol an uile lae de shiúl na gcos, ar rothar agus ar iompar poiblí. Tacaíonn an Straitéis Réigiúnach Spásúil Agus Eacnamaíoch (SRSE) leis na forálacha seo. Is straitéis í a chuireann chun cinn coincheap na lonnaíochta 10 nóiméad ina mbíonn gach áis agus seirbhís phobail le fáil laistigh de 10 nóiméad ón mbaile de shiúl na gcos nó ar rothar, nó ar sheirbhísí iompair phoiblí a cheanglaíonn daoine le lonnaíochtaí níos mó ina bhfuil na seirbhísí sin ar fáil.

Maidir leis na cuspóirí áirithe iompair atá leagtha amach i gCaibidil 7 agus léirithe sa chaibidil seo, rinne staidéir gluaiseachta inbhuanaithe a rinneadh do gach ceantar le tacaíocht an Údaráis Náisiúnta Iompair (UNI) eolas dóibh sin.

Léiríonn Sonraí Taistil don Chontae:

Tá sonraí a leithéide de staidéar leagtha amach i rannóg na gluaiseachta inbhuanaithe do gach Ceantar Comharsanachta agus is é is aidhm dóibh;


- Léiriú a thabhairt ar fhadhbanna gluaiseachta laistigh de gach ceantar
- Bearta a aithint a mhéadóidh ar mhodhanna gníomhacha iompair (siúl agus rothaíocht), iompar poiblí agus a laghdóidh úsáid gan ghá carranna

Aithnítear bearta éagsúla sna staidéir, lena n-áirítear:

- Feabhsúcháin ar áiseanna feithimh iompair phoiblí
- Bearta moillithe tráchta
- Leathnú cosán agus feabhsú dromchlaí
- Ceangail níos tréscaoiltí a chruthú le haghaidh an tsiúil agus na rothaíochta
- Feabhsúcháin ar lánaí rothar agus soláthar páirceála rothar

Aithníodh sna staidéir roinnt tionscadail féideartha sa Chontae a leagfar amach i dTuarascáil Gluaiseachta Inbhuanaithe don Chontae agus a bheidh le fáil in éineacht leis an bplean. Tá maoiniú suntasach ar fáil ón UNI leis na feabhsúcháin sin a dhéanamh. Le himeacht ama, beidh mar thoradh ar chur i bhfeidhm na mbeart seo tuilleadh daoine ag siúl, ag rothaíocht agus ag úsáid iompar poiblí, agus níos lú daoine ag úsáid carranna príobháideacha.

Léiríonn Sonraí Taistil don Chontae:




Tá sonraí a leithéide de staidéir leagtha amach i rannóg na gluaiseachta inbhuanaithe do gach Ceantar Comharsanachta agus is é is aidhm dóibh;



- Léiriú a thabhairt ar fhadhbanna gluaiseachta laistigh de gach ceantar
- Bearta a aithint a mhéadóidh ar mhodhanna gníomhacha iompair (siúl agus rothaíocht), iompar poiblí agus a laghdóidh úsáid gan ghá carranna

Aithnítear bearta éagsúla sna staidéir, lena n-áirítear:

- Feabhsúcháin ar áiseanna feithimh iompair poiblí
- Bearta moillithe tráchta
- Leathnú cosán agus feabhsú dromchlaí
- Ceangail níos tréscailtí a chruthú le haghaidh an tsiúil agus na rothaíochta
- Feabhsúcháin ar lánaí rothar agus soláthar páirceála rothar



Aithníodh sna staidéir, agus cuireadh liosta i dtoll a chéile, de thionscadail áirithe sa Chontae atá leagtha amach i dTuarascáil Gluaiseachta Inbhuanaithe don Chontae a bheidh ina tuarascáil tionlacain ag an bPlean seo. Tá maoiniú suntasach ar fáil ón UNI leis na feabhsúcháin sin a dhéanamh. Le himeacht ama, beidh mar thoradh ar chur i bhfeidhm na mbearta seo tuilleadh daoine ag siúl, ag rothaíocht agus ag úsáid iompar poiblí, agus níos lú daoine ag úsáid carranna príobháideacha.

Beidh buntáistí forleathana mar thoradh ar a leithéid de bhearta, lena n-áirítear:



Pobal níos gníomhaí agus sláintiúla



Méadú ar shábháilteacht bóthar



Laghdú ar astachtaí gas ceaptha teasa Agus tionchar dearfach aeráide dá bharr



Laghdú ar phlódú tráchta



Caighdeán aeir feabhsaithe



Iarthar na Cathrach/Teach Sagard/Ráth Cúil/An Caisleán Nua

1. Intreoir agus Comhthéacs

Tá an chomharsanacht sin Iarthar na Cathrach/Teach Sagard/Ráth Cúil/An Caisleán Nua suite 13km siar ó Lár Bhaile Átha Cliath. Is í an chuid lárnach thiar de Chontae Bhaile Átha Cliath Theas í, chomh maith le cuid de bhruachbhailte Bhaile Átha Cliath agus den Mhórcheantar Uirbeach. Tá sé taobh thiar de Thamhlacht agus taobh ó dheas den N7 den chuid is mó. Is eochair-limistéar faoi fhorbairt é an ceantar nua i mBaile Uí Fhoirtcheirn lonnaithe laistigh den chomharsanacht, agus é aitheanta le haghaidh fás cónaithe. San áireamh sa cheantar comharsanachta seo freisin, tá na sráidbhailte stairiúla Teach Sagard, Ráth Cúil agus an Caisleán Nua níos faide siar ar an R120. Tá lorg na tuaithe ar an gcuid eile den chomharsanacht.

Tá naisc iompair bus sa chomharsanacht seo le Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus le Tamhlacht. Freastalaíonn Líne Dhearg an Luais ar 3 stad sa cheantar, lena n-áirítear an stad cinn aistir ag Teach Sagard. Tá roinnt gnólachtaí, eastát tionsclaíochta agus ionaid mhiondíola lonnaithe laistigh de limistéir na comharsanachta agus imríonn eochair-ról san fhostaíocht agus san fhorbairt gheilleagrach.

2. Lárstraitéis agus Straitéis Lonnaíochta



Ceithre lonnaíocht ar leith atá sa comharsanacht seo. Tá miondealú ar a ndaonraí in 2016 le feiceáil i dTábla 2.1 thíos, taobh leis an bhfás tuartha atá leagtha amach sa Phlean do gach lonnaíocht ar leith atá suite laistigh den cheantar comharsanachta seo. Tabhair do d'aire nach bhfuil figiúirí daonra tuaithe san áireamh anseo.

Bliain/Ceantar Lonnaíochta	Daonra i nDaonáireamh 2016	Fás Daonra	Daonra Tuartha 2028
Iarthar na Cathrach/Baile Uí Fhoirtcheirn	8,238	7,662	15,900
Teach Sagard	3,133	398	3,531
An Caisleán Nua	3,093	1,946	5,039
Ráth Cúil	4,351	2,058	6,409

Is cuid de mhórlonnaíocht Chathair Bhaile Átha Cliath agus a Bruachbhailte é ceantar Iarthar na Cathrach/Bhaile Uí Fhoirtcheirn. Tá an limistéar measartha nua seo ag forbairt faoi luas suntasach le roinnt blianta anuas, agus tá sé faoi réir Plean Ceantair Áitiúil. D'éascaigh a ghaire agus atá sé do Pháirc Ghnó Iarthar na Cathrach seachadadh tithíochta agus fostaíochta in aice a chéile, agus tacaíocht aige sin ó Líne Dhearg an Luais. Is é lár an cheantair nua é an Lár Ceantair leibhéal 3 sin Ionad Siopadóireachta Iarthar na Cathrach. Tá sé tar éis a bheith ar cheann de na ceantair is gníomhaí ó thaobh seachadadh tithíochta don Tír le linn thréimhse Phlean Forbartha 2016 – 2022. Tá tacaíocht sa Phlean do sheachadadh leibhéal bonneagair shóisialta agus fhisicigh ar cóimhéid le bheith ag teacht le fás le déanaí agus leanúnach.

Tá trí lonnaíocht ar leith ag an gcomharsanacht seo nach bhfuil laistigh de Chathair Bhaile Átha Cliath agus a Bruachbhailte freisin. Is iad sin Teach Sagard, an Caisleán Nua agus Ráth Cúil. Tá Teach Sagard aitheanta i gCaibidil 2 mar 'Bhaile Féinchothabhálach'. Aithníonn sé sin leibhéal shuntasacha fáis san am atá caite agus a nasc le hIarthar na Cathrach/Baile Uí Fhoirtcheirn. Tá lonnaíochtaí an Chaisleáin Nua agus Ráth Cúil aitheanta mar 'Bailte Fáis Féinchothabhálacha', agus iad i gcatagóir na mbailte meánmhéide. Tá sé tábhachtach go bhforbróidh an dá cheantar seo céim ar chéim, bunaithe ar sheachadadh bonneagar agus seirbhísí sóisialta, fisiceach agus iompair. Meastar gur leor acmhainn na dtailte críosacha le riar ar éileamh fadtéarmach gach cinn de na lonnaíochtaí seo.


3. Oidhreacht Nádúrtha/Chultúrtha agus Thógtha



Is é 'Uirbeach' an cineál tírdhreacha atá sa cheantar seo, agus d'fhás sé mar shíniú ar Lár Chathair Bhaile Átha Cliath timpeall ar ghnéithe nádúrtha a bhí ann cheana. Tá cuid den Chanáil Mhór atá taobh thiar den chomharsanacht aitheanta mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta.

Tá oidhreacht sa cheantair seo, agus is cuid thábhachtach den Phlean a caomhnú agus a cosaint. De réir fhorálacha Chaibidil 3, beidh ar fhorbairt úr meas a léiriú ar an timpeallacht thógtha stairiúil, eochairghné d'fhéiniúlacht an cheantair seo.

Tá lár shráidbhailte Rath Cúil agus an Chaisleáin Nua ainmnithe ina Limistéir Comhaontais Ailtireachta (LCA), teideal a aithníonn grúpaí de struchtúir ardchaighdeáin laistigh de cheantair na sráidbhailte. Tá sainchomharthaí meánaoiseacha ar an gCaisleán Nua, moirfeolaíocht córais páirceanna iarmharach agus déanamh tógtha a aibhsíonn tábhacht stairiúil an cheantair. I Ráth Cúil, tá réimse sainchomharthaí ón seachtú go dtí an naoú haois déag, agus roinnt gnéithe tírdhreacha de chuid na meánaoise a mhaireann fós sna ceapacha líneacha talaimh atá ar marthain taobh thiar d'fhoirgnimh na Sráide Móire. Fágann siad sin go léir carachtar stairiúil ar leith air. Is féidir oidhreacht stairiúil Theach Sagard a fheiceáil fós sna ballóga muilte a mhaireann agus i ndea-shamplaí eile d'fhoirgnimh agus gnéithe dúchasacha.



4. Bonneagar Glas (BG)



Tá straitéis BG an chontae leagtha amach i gCaibidil 4 den Phlean agus in Aguisín 4. Tá féidearthacht aitheanta ag an straitéis seo maidir le gnéithe nádúrtha agus bruachánacha laistigh de thailte Phlean Ceantair Áitiúil (PCA) Bhaile Uí Fhoirtcheirn a bheith ag feabhsú caighdeáin conláistí agus uisce, chomh maith le bheith ag soláthar naisc leis na spásanna oscailte laistigh de thailte Bhaile Uí Fhoirtcheirn.

Tá deis ag baint leis an spás oscailte ag Páirc Ráth Cúil, agus in aice léi, le haghaidh níos mó naisc siúil agus rothaíochta idir Ráth Cúil agus Teach Sagard chun freastal ar an dá phobal sin.

Tá féidearthacht aitheanta sa Straitéis um Bonneagar Glas le haghaidh gréasán spásanna nádúrtha agus leathnádúrtha a nascfadh páirceanna, gairdíní, aibhneacha, coillte, crainn agus fála sceaicha. Tá siombailí ag dul le heochairnaisc bonneagair ghlais laistigh den cheantar comharsanachta seo i Léarscáil an Cheantair Comharsanachta thíos, le fáil ag deireadh na rannóige seo.

5. Dearadh Ardchaighdeáin agus Comhforbairt Fholláin Áite



Tacaíonn beartais i gCaibidil 5 le forbairt comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe ar fud an Chontae atá nasctha le réimse de sheirbhísí agus áiseanna áitiúla agus a riarann orthu. Beidh gá le forbairt nua chun 'Cur Chuige an Phlean' a chur i bhfeidhm. An aidhm atá leis an gcur chuige seo ná a chinntiú go mbeidh gach forbairt deartha agus forbartha ar bhonn ocht eochairphrionsabal, agus an aidhm atá leo sin ná a chinntiú go dtapófar gach deis an fhís do Chontae Bhaile Átha Cliath Theas a chur chun tosaigh, agus tacú léi, chun áiteanna tarraingteach nasctha feidhmiúla a chruthú chun cónaí, bheith ag obair, bualadh le chéile agus infheistiúocht a dhéanamh iontu, agus cuairt a thabhairt orthu.



Tá gnéithe uathúla ag baint le gach ceann de na sráidbhailte sa chomharsanacht seo, agus tá réimse éagsúil de sheirbhísí gairmiúla agus miondíola iontu ag freastal ar a bpobail áitiúla.

Is ceantar faoi fhorbairt é Baile Uí Fhoirtcheirn agus áiseanna ar leibhéal an cheantair ann chomh maith le hiompar poiblí maith. Fágann an Plean seo gur féidir béim a leagan ar sheachadadh dearaidh ardchaighdeáin

agus comhfhobartha folláine áite, chun go bhfreagróidh gach forbairt nua ar chaoi dhearfadh lena timpeallacht, rud a chuirfidh go mór leis an móraidhm a bheith ag seachadadh comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe i gContae Bhaile Átha Cliath Theas.

6. Tithíocht



De réir forálacha beartais Náisiúnta agus Réigiúnacha, tá déanamh dlúth lonnaíochta leagtha amach i gCaibidil 2 den Phlean ar ghá dó comhdhlúthú ceantar cónaithe reatha sa cheantar comharsanachta seo ag teastáil uaidh ar chaoi a chosnóidh áiseanna reatha agus a chuirfidh taca faoi bhonneagar fisiceach agus pobail, idir bhonneagar reatha agus beartaithe.

Chomh maith le comhdhlúthú na gceantar uirbeach reatha, beidh forbraíocht nua chónaithe lonnaithe laistigh de cheantair Bhaile Uí Fhoirtcheirn agus Iarthar na Cathrach, agus ar thailte laistigh de lár shráidbhailte an Chaisleáin Nua agus Rath Cúil agus teorantach leo. De réir na Lárstraitéise, Caibidil 2, Tábla 10, éascóidh an meascán d'fhorbairt inlíonta agus forbairt nua chónaithe sa cheantar iomlán comharsanachta seo 23% d'fhás tithíochta an Chontae agus 16% de sin i gceantar Iarthar na Cathrach/Bhaile Uí Fhoirtcheirn. Tá 7% de thithe nua beartaithe chun bheith laistigh de na trí lonnaíocht— Teach Sagard, an Caisleán Nua agus Ráth Cúil—agus forbróidh sé sin céim ar chéim bunaithe ar sheachadadh bonneagar agus seirbhísí sóisialta, fisiceach agus iompair. Is ionann sin agus 4,147 aonad nua ar an iomlán le linn an phlean.

I gCaibidil 6, Tithíocht, tá na beartais agus cuspóirí atá sa Phlean a chinnteoidh go seachadfar tithíocht nua ar chaoi a éascóidh riachtanais réimse de dhaoine éagsúla leagtha amach, rud a sholáthróidh cothromaíocht sa mheascán aonad agus i gcineálacha seilbhe. Is féidir go gcuireann dearadh, feidhm agus leagan amach scéimeanna cónaithe go mór le seachadadh comhfhobartha folláine áite agus an Ghníomhaithe ar Son na hAeráide.



7. Gluaiseacht Inbhuanaithe



I gCaibidil 7 den Phlean, tá beartais agus cuspóirí i leith gluaiseacht inbhuanaithe a éascóidh agus a chuirfidh leis an siúl, an rothaíocht agus úsáid iompair phoiblí, agus a laghdóidh ar úsáid carranna príobháideacha. Rinne staidéir ar Ghluaiseacht Inbhuanaithe, a rinneadh mar chuid den ullmhúchán don Phlean Forbartha, eolas don phróiseas seo. Mar chuid díobh sin, bhí scrúdú mion ar phatrúin ghluaiseachta laistigh de na comharsanachtaí, ag súil le tionscadail a aithint a spreagfaidh taisteal gníomhach agus úsáid iompair phoiblí.

Aithnítear roinnt saincheisteanna tábhachtach sna staidéir sin, agus tá na

réitigh a mholtar don cheantar seo aitheanta thíos.

30%
De chos atá an tríú cuid de thurais. Cé gur maith an rud é seo, d'fhéadfadh cuid mhór eile de na turais ghearra seo a bheith de chos.

Gluaiseacht
Inmheánach
Comharsanachta

3%
Ní dhéantar ach beagán thar 3% de thurais laistigh den Chomharsanacht ar rothar.

Gluaiseacht ó
Chomharsanacht
go Contae

5%
Ní dhéantar ach 5% de thurais ón gComharsanacht chuig an gcuid eile den Chontae de bhús.



20%*

82%
Is coitianta

i bhfad an carr. Is é atá i gceist do níos mó na 80% de na turais seo.

50%*

* Sprioc an Chontae

Turais a dhéantar i gCarr:



18% 0-3km

Tabhair Tosaíocht don Siúl

Is le haghaidh achair faoi 3km atá 18% de thurais charr. D'fhéadfadh cuid mhór de na turais an-ghearr sin a dhéanamh de chos.

19% 3-6km

Tabhair Tosaíocht don Rothaíocht

Is le haghaidh achair 3km-6km atá 19% de thurais chairr. D'fhéadfadh cuid mhór de na turais ghearra/mheánachair sin a dhéanamh ar rothar.

63% 6km+

Tabhair Tosaíocht don Iompar Poiblí

Is le haghaidh achair os cionn 6km atá 63% de thurais chairr. Tá deis ann aistriú chuig iompar poiblí le haghaidh na dturas níos faide sin.

Achoimre ar Phríomhfhadhbanna

Réitigh a Mholtar



Is minic príomhshráideanna sráidbhailte áitiúla ina mórbhealaí, áit arb iad feithiclí innealta an ghné is suntasaí den sráid-dreach.

Fágann easnamh lánaí rothaíochta ar feadh príomhshráideanna nach bhfuil sé chomh tarraingteach do rothaithe ar gá dóibh an bóthar a roinnt le carranna, leoraithe agus busanna.

Is bocht fós iad áiseanna feithimh agus roghanna bealaigh bus, agus tá béim ar bhealaí chuig an gCathair in áit a bheith ag leathnú amach laistigh den Chontae.



Níl go leor spásanna do dhaoine ar príomhshráideanna chun bheith ag máinneáil thart, ag ligean scíthe nó ag bogadh tríothu.

Fágann eastáit a dheantar le cuid mhór cul-de-sac agus cinn chaocha tréscailteacht lag de bharr baic agus constaicí ar ghluaiseacht, agus is faide turais ghearra dá thoradh.



Is gá cosáin a leathnú, agus ba cheart bearta moillithe tráchta agus níos mó trasrianta a sholáthar le heispéireas níos sábháilte agus níos taitneamhaí a chinntiú, gan carranna agus páirceáil carranna a bheith ar an ghné is suntasaí den ríocht poiblí.

Athbhreithniú a dhéanamh ar áiseanna rothaíochta sna sráidbhailte chomh maith leis an tionscnamh Rothaíocht Bhaile Átha Cliath Theas a sholáthróidh naisc rothaíochta idir an Caisleán Nua, Teach Sagard, Ráth Cúil, Iarthar na Cathrach agus Iarthar Thamhlachta. Tá gá le páirceáil rothar ag cinn scríbe tábhachtacha amhail ag siopaí agus ag staid iompair poiblí.

Caithfidh roghanna iompar poiblí nascadh gan stró agus áiseanna feabhsaithe sráide a chur ar fáil (binsí, foscadáin srl). Tairgfidh bealaí BusConnects W4, W8 agus S8 roghanna cuarbhealaí a bhfuil géarghá leo sa cheantar seo.

Spás bóthair a athghabháil le cosáin a leathnú; áiteanna a chruthú ar an tsráid le scíth a ligean (m.sh. 'páircíní'); bearta moillithe tráchta a chur isteach; agus baic a bhaint le hachair a ghiorrú.



Gníomhú ar son na hAeráide

Cinnteoídh bearta chun méadú ar an siúl agus rothaíocht, agus chun laghdú ar úsáid carranna príobháideacha astaíochtaí laghdaithe carbóin, agus mar thoradh air sin, beidh caighdeán an air níos fearr agus beidh dea-thionchar i leith gníomhú ar son na haeráide.

Beidh sé ina chabhair shuntasach maidir le hathrach ar úsáid carranna príobháideacha sa Cheantar Comharsanachta seo a ofráil d'idir óg agus aosta má théitear i ngleic leis na fadhbanna a aithníodh sna staidéir ghluaiseachta seo taobh leis an gclár suntasach oibreacha atá leagtha amach in 'Baile Átha Cliath Theas ar Rothar' agus sa chlár BusConnects atá ag an Údarás Náisiúnta Iompair.


8. Bonneagar Pobail agus Spás Oscailte




Tacaíonn réimse d'áiseanna pobail atá oiriúnach dá bhfeidhm, inrochtana agus inoiriúnaithe anois agus amach anseo, le Comharsanachtaí Rathúla Inbhuanaithe

Tá roinnt áiseanna Pobail ag an gCeantar Comharsanachta seo cheana, agus roinnt áiseanna nua geallta nó beartaithe thar thréimhse an phlean le freastal ar an daonra reatha sa cheantar agus ar an daonra amach anseo.

I gCaibidil 8 den Phlean, tá beartais agus cuspóirí a thacóidh agus a éascóidh seachadadh na n-áiseanna nua leagtha amach. San áireamh lena leithéid de sholáthar, beidh Leabharlann nua i Ráth Cúil agus athchóiriú Teach Cúirte Ráth Cúil mar ionad pobail. I dTeach Sagard, athchóireofar Teach Scoile Naomh Mhuire mar ionad pobail, agus síneofar Ionad Pobail Naomh Fionán ar an gCaisleán Nua. Tá uasghrádú molta le haghaidh Páirc Ráth Cúil freisin. Aithníodh sa Phlean seo freisin, i gcomhairle leis an Roinn Oideachais, 5 láithreán scoile nua don cheantar seo.



Chun Dul ar Aghaidh chuig Pleanáil 2021 Pleanáil Faofa



9. Forbairt Gheilleagrach agus Fostaíocht



Éascaíonn an Plean úsáid mheasctha/fás fostaíochta laistigh de na hionaid aitheanta sa cheantar comharsanachta seo ar bhealach a chosnaíonn agus a chaomhnaíonn an carachtar ar leith a bhaineann leis, go háirithe sna sráidbhailte Teach Sagard, an Caisleáin Nua agus Ráth Cúil.

I gCaibidil 8 den Phlean, tá beartais agus cuspóirí leagtha amach chun tacú le fás geilleagrach agus fostaíochta sa Chontae. Soláthraíonn na ceantair thionsclaíocha ag Páirceanna Gnó Ghrianóige, Aeradróim, Bhaile Dhónaill agus Magna—ar meascán iad den chuid is mó de thrádstóráil agus saoráidí déantúsaíochta—cúl-soláthar suntasach talún don fhostaíocht san am i láthair agus amach anseo sa cheantar seo. Is féidir lena leithéid de cheantair riar ar sciar suntasach d'fhás fostaíochta an Chontae. Aithnítear sa Phlean an cumas atá ag Campas Gnó Iarthar na Cathrach cóiríocht a chur ar fáil d'áiseanna oifige/taighde/déantúsaíochta a thacóidh le forbairt déantúsaíochta ardteicneolaíochta, taighde agus forbartha agus úsáidí a bhaineann.

Aithnítear i gCaibidil 9 den Phlean freisin gur spreagthóir suntasach geilleagrach í an turasóireacht, go dtacaíonn sí le cruthú jabanna ar feadh réimse éagsúil earnálacha. Tacaíonn an plean le forbairt na turasóireachta laistigh den cheantar seo, turasóireacht a dhíríonn ar an oidhreacht shuntasach nádúrtha agus ar na naisc laistigh de, agus idir, na sráidbhailte Teach Sagard, Ráth Cúil agus an Caisleán Nua agus a gcúlchríocha tuaithe.

10. Fuinneamh



I gCaibidil 10, tá na beartais agus na cuspóirí a bhaineann leis an bhFuinneamh leagtha amach. Éascaíonn cur chun cinn déanaimh dhlúith forbraíochta deiseanna chun éifeachtúlachtaí fuinnimh a fhorbairt laistigh de Comharsanachtaí. D'fhéadfadh an ceantar seo fuinneamh geiteirmeach a bheith aige, faoi réir tuilleadh measúnaithe. Cé nach féidir i gcónaí comharsanachtaí seanbhunaithe a athfheistiú i gcomhair mórbhonneagar fuinnimh, díríonn an Plean ina leithéid de cheantair ar: éifeachtúlachtaí fuinnimh a chur chun cinn i bhfoirgnimh atá ann cheana, athfheistiú a spreagadh agus a éascú, dearadh ardchaighdeán a éileamh i dtithe nua atá tíosach ar fhuinneamh de réir Chaibidil 5 agus Chaibidil 6, agus modhanna iompair atá níos gníomhaí agus níos inbhuanaithe a chur chun cinn agus a éascú, chomh maith le cur i bhfeidhm pointí luchtaithe leictreach de réir Chaibidil 7 den phlean seo.

11. Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil



Cuirfidh ailíniú úsáide talún agus bonneagar uisce agus fuíolluisce le héifeachtúlacht an bhonneagair sa cheantar seo. Tá sonraí i leith Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil leagtha amach i gCaibidil 11.

Freastalaíonn Ionad Cóireála Uisce an Bhaile Mhóir ar an gceantar seo tríd an Taiscumar Uisce Chóireáilte ag Teach Sagard. Tar éis dul i gcomhairle le hUisce Éireann, níor aithníodh fadhb ar bith leis an Soláthar Straitéiseach Uisce. Aithníodh fadhbanna áitiúla le bonneagair Fuíolluisce arbh fhéidir go mbeidh uasghrádú ar dháileadh áitiúil ag teastáil dá mbarr, nó sínithe gréasáin ag brath ar scála na forbartha. Stiúrfaidh forbróir a leithéid d'oibreacha i gcomhar le hUisce Éireann. Tá Uisce Éireann ag seachadadh Pleananna Limistéir Draenála i mBaile Átha Cliath chun feidhmiú na ngréasán fuíolluisce a fheabhsú, an comhshaoil a chosaint agus forbairt shóisialta agus gheilleagrach a éascú sna blianta amach romhainn.

12. Ceantar Comharsanachta - Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide



Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide

Is é is aidhm do na forálacha leagtha amach sa Phlean Forbartha déanamh lonnaíochta atá dlúth agus nasctha a chur chun cinn. Cabhróidh comhdhlúthú ceantair chónaithe reatha leis an déanamh dlúth forbraíochta seo agus le seachadadh Ceantair Comharsanachta atá seasmhach ó thaobh na haeráide.

An aidhm atá leis an bplean ná úsáid éifeachtúil talún sa chomharsanacht seo a éascú, ag díriú ar fhorbairt lár tábhachtach Sráidbhailte agus na dtailte PCA. Éascóidh seo baint amach dlús forbraíochtaí agus feidhmeanna ar féidir leo tacú le háiteanna bríomhara comhdhlútha insiúlta a thugann tús áite do ghluaiseacht coisithe agus rothaithe.



Tríd an bhfás spriocdhírthe agus cur chuige éiceachórais seirbhísí, is féidir tacú le háiteanna nádúrtha, agus iad a fheabhsú, le bonneagar glas, rud a mbeidh buntáistí don phobal agus don chomhshaoil mar thoradh air de réir mar atá leagtha amach i gCaibidil 4.

IARTHAR NA CATHRACH / TEACH SAGARD / RÁTH CÚIL/ AN GAISLEÁN NUA


18,815

30,879

Daonra
reatha

Daonra Tuartha 2028

Ár gComharsanachtaí (C)



N7

1



3 Campas Gnó Iarthar na



7 Abhóca



1 Ionad Siopadóireachta Iarthar na Cathrach














Cónaí Nua



2 Páirc Ráth Cúil

-  Scoileanna Nua
-  Páirceanna agus Áineas
-  Áiseanna Pobail Nua/Uasghrádú
-  Bonneagar Glas
-  Geilleagar (Miondíol)
-  Geilleagar (Fostaíocht)
-  Aeradróm Mhic Easmainn
-  Gluaiseacht Inbhuanaithe/ Stad Luas
-  Mótarbhealach
-  Bóthar Náisiúnta
-  Bóthar
-  rian siúil c.10 nóiméad
-  rian rothaíochta c.10 nóiméad
- Rotharbhealaí Reatha agus Feabhsaithe
- Scéimeanna Molta Rothaíochta
-  A An Caisleán Nua
-  B Teach Sagard

-  C Ráth Cúil
-  D Iarthar na
-  E Baile Uí Fhoirtcheirn
-  1 Ionad Siopadóireachta
-  2 Uasghráduithe Pháirc Ráth Cúil
-  3 Campas Gnó Iarthar na
-  4 Cathrach Páirc Ghnó
-  5 Ghrianóige Stad Luas
-  6 Teach Sagard Ospidéal
-  7 Mhullach na Pise
-  Abhóca
-  Cónaí Nua Láir
-  Bailte/Sráidbhailte/Ceantar/Áitiúla Fás
-  Fostaíochta
-  Spás Oiscailte
-  Páirceanna agus



Cluain Dolcáin/Cluain Buiríosa/Caisleán na Gráinsí

1. Intreoir agus Comhthéacs

Tá an chomharsanacht sin Cluain Dolcáin/Cluain Buiríosa/Caisleán na Gráinsí lonnaithe 11km siar ó Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, agus is cuid de bhruachbhailte Chathair Bhaile Átha Cliath agus den Mhórcheantar Uirbeach í. Tá sé suite taobh ó thuaidh de chonair gheilleagrach an N7, agus taobh ó dheas den Canáil Mhór agus d'iarrród Chill Dara den chuid is mó, ag dul siar i dtreo theorainn Chill Dara.

Aithnítear sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch gur cuid de chonair straitéiseach gheilleagrach agus chónaitheach an iardheiscirt é an ceantar seo. Is é is aidhm do na conairí seo pobail chomhdhlútha inbhuanaithe a chruthú ag a mbeidh rogha fheabhsaithe tithíochta, teacht ar dheiseanna sóisialta agus geilleagracha, agus seirbhísí agus áiseanna feabhsaithe.

Tacaíonn conair an iardheiscirt le comhdhlúthú na gceantar nua forbraíochta atá beartaithe le haghaidh Cluain Buiríosa agus Cill Chairbre agus le fás fostaíochta ag Caisleán na Gráinsí. Tá acmhainneacht mhéadaithe iompair chun tacú leis an gcomhdhlúthú ach líne Chill Dara a leictriú, chomh maith le naisc eile bus.

2. Lárstraitéis agus Straitéis Lonnaíochta




Léirigh an daonáireamh in 2016 daonra de 44,500 duine. Tá sprioc ann don cheantar 55,206 duine a bhaint amach thar thréimhse an phlean. Tá an chomharsanacht lonnaithe laistigh de Theorainn Lonnaíochta Chathair agus Bhruachbhailte Bhaile Átha Cliath de réir mar atá leagtha amach i gCaibidil 2, Tábla 13.

Tá leagtha amach sa Phlean go soláthróidh forbairt leanúnach na lár uirbeach éagsúil i mBaile Átha Cliath agus a Bruachbhailte forbraíocht nua úsáide measctha arb í an t-inneall í a chuireann fás chun cinn sa timpeallacht uirbeach.

Is lárionad tánaisteach riaracháin é Cluain Dolcáin le haghaidh Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, agus tá sé aitheanta mar Lárionad Miondíola Leibhéil 3 sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch. Aithnítear sa phlean go bhfuil féidearthacht shuntasach le haghaidh forbairt ar thailte athfhorbraíochta in aice le Lár Chluain Dolcáin.

Lasmuigh den lár, is sainghné den cheantar iad comharsanachtaí

Ísealdlúis bruachbhailteacha atá bunaithe thart timpeall ar ghréasán de lárionaid áitiúla mhiondíola. Is eochairghné de chuid an Phlean Forbartha seo a bheith ag tacú le comhdhlúthú ceantar uirbeach agus rochtain ar sheirbhísí a bheith sna láir áitiúla agus i láir na mbailte den chuid is mó. Tacóidh sé seo leis an gcoincheap sin gach duine a bheith faoi 10 nóiméad ar cos nó ar rothar ó sheirbhísí laethúla de réir beartas réigiúnach agus náisiúnta.




Faomhadh tailte i gCluain Buiríosa mar Scéim Pleanála Crios Forbartha Straitéisí (CFS) in 2019. Is ionann sin agus méadú ollmhór ar lorg coise Chluain Dolcáin ar feadh chonair iarnróid Baile Átha Cliath-Corcaigh. Fuarthas maoiniú suntasach tríd an gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí chun bonneagar riachtanach a sholáthar a éascóidh forbairt luath thailte Chluain Buiríosa, le linn thréimhse an Phlean Forbartha.

3. Oidhreacht Nádúrtha/Chultúrtha agus Thógtha



Is é 'Uirbeach' an cineál tírdhreacha atá sa cheantar seo, agus d'fhás sé mar shíniú ar Lár Chathair Bhaile Átha Cliath timpeall ar ghnéithe nádúrtha a bhí ann cheana. Déanann an Chanáil Mhór dhá chuid den chomharsanacht seo agus aithnítear conair na Canála mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta (LONm). Is spás taitneamhachta tábhachtach glas freisin í Páirc Chorcaí i gceantar atá uirbeach den chuid is mó, agus roinnt séadchomharthaí taifeadta agus struchtúir faoi chosaint inti. Tá oidhreacht sa cheantair seo, agus is cuid thábhachtach den Phlean a caomhnú agus a chosaint.

De réir fhorálacha Chaibidil 3, beidh ar fhorbraíocht úr meas a léiriú ar an timpeallacht thógtha stairiúil, eochairghné d'fhéiniúlacht an cheantair seo. Is den riachtanas é na gnéithe seo a aithint, a chosaint agus a chothabháil anois agus amach anseo.



Aithnítear sráidbhaile Chluain Dolcáin ina Limistéar Comhaontais Ailtreachta (LCA) mar tá roinnt struchtúir stairiúla ardchaighdeán i gceantar an tsráidbhaile, lena n-áirítear an Cloigtheach (ón 7ú haois) ar mol pobail anois é do bhunadh na háite agus ar tarraingt turasóireachta é le haghaidh cuairteoirí ar an cheantar. Tá ord caomhnaithe crann (OCC) in áit ag Naomh Bríd ar feadh an Bhóthair Nua i gCluain Dolcáin.

4. Bonneagar Glas (BG)



Tagann Abhainn na Camóige aniar ag Caisleán na Gráinsí go díreach chuig Cluain Dolcáin ina eochairnasc taobh leis an gconair shuntasach éiceolaíochta atá sa Chanáil Mhór. Is iad na réimsí uisce seo an eochair-ais don ghréasán BG sa Cheantar Comharsanachta seo. Tá roinnt mhaith crainn fásta sa cheantar seo freisin, ar gné lárnach den ghréasán BG iad.

Tá féidearthacht aitheanta sa Straitéis um Bonneagar Glas, de réir mar atá leagtha amach i gCaibidil 4, agus cuspóirí áitiúla in Aguisín 4, le haghaidh gréasán spásanna nádúrtha agus leathnádúrtha a nascadh páirceanna, gairdíní, aibhneacha, coillte, crainn agus fála scea. Tá siombail in aice leis na heochairghnéithe i Léarscáil an Cheantair Comharsanachta thíos.

5. Dearadh Ardchaighdeáin agus Comhfhorbairt Fholláin



Is beartas i gCaibidil 5 é a bheith ag tacú le forbairt comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe ar fud an Chontae atá nasctha le réimse de sheirbhísí agus áiseanna áitiúla agus a riarann orthu. Beidh gá le forbairt nua chun 'Cur Chuige an Phlean' a chur i bhfeidhm. An aidhm atá leis an gcur chuige seo ná a chinntiú go mbeidh gach forbairt deartha agus forbartha ar bhonn ocht eochairphrionsabal, agus an aidhm atá leo sin ná a chinntiú go dtabófar gach deis an fhís do Chontae Bhaile Átha Cliath Theas a chur chun tosaigh, agus tacú léi, chun áiteanna tarraingteach nasctha feidhmiúla a chruthú chun cónaí, bheith ag obair, bualadh le chéile agus infheistíocht a dhéanamh iontu, agus cuairt a thabhairt orthu.



Taobh istigh den cheantar comharsanachta seo, agus de réir Bheartas QDP1 i gCaibidil 5, neartaítear an gréasán de láir uirbeacha mar spriocáiteanna le haghaidh forbraíocht úsáide measctha nua nó fheabhsaithe. Riarfar ar dhearadh uirbeach ardchaighdeáin nach gcuirfidh isteach ar an gcomhthéacs reatha agus a fheabhsóidh nascacht laistigh den cheantar comharsanachta. Eochairnasc turasóireachta idir an ceantar seo agus Leamhcán a bheidh i soláthar ríochta poiblí ardchaighdeáin amhail an Chanáil Mhór go dtí Glasbhealach Uirbeach Leamhcán, agus feabhsóidh sé inrochtaineacht sa dá chomharsanacht ag an am céanna. Feabhsóidh uasghráduithe ar Phlás agus Oifigí Cathrach Chluain Dolcáin an ríocht poiblí sa cheantar seo. Fágfaidh a leithéid de bhearta gur féidir comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe a sheachadadh.

6. Tithíocht



De réir forálacha beartais Náisiúnta agus Réigiúnacha, tá déanamh dlúth lonnaíochta leagtha amach i gCaibidil 2 den Phlean ar ghá dó comhdhlúthú ceantar cónaithe reatha ag teastáil uaidh ar chaoi a chosnóidh áiseanna reatha agus a chuirfidh taca faoi bhonneagar fisiceach agus pobail, idir bhonneagar reatha agus beartaithe.

Chomh maith le comhdhlúthú an cheantair uirbigh reatha, beidh forbraíocht nua chónaithe lonnaithe laistigh de scéim pleanála CFS Chluain Buiríosa agus i gCill Chairbe de réir mar atá leagtha amach i léarscáil an Cheantair Comharsanachta thíos. Riarann scéim pleanála Chluain Buiríosa ar 11,000 teach nua laistigh de phobal níos ag a mbeidh miondiolaíocht, fostaíocht agus seirbhísí. Tá an ceantar seo aibhsithe i léarscáil 12.2 thíos. Forbrófar tithe i gCluain Buiríosa ar feadh an iarnróid a nascann Cathair Bhaile Átha Cliath leis an gcuid eile den tír. Ofrálfaidh Forbraíocht Tithíochta Chill Chairbre níos mó ná 1,000 teach ar thailte an Údarás Áitiúil. Soláthróidh an scéim seo cineálacha éagsúla seilbhe, lena n-áirítear 310 teach sóisialta, don mhórfhobal thar 4 bliana, chomh maith le 50 aonad ar lascaine a sheachadadh don mhargadh. De réir na Lárstraitéise, Caibidil 2, achoimríonn Tábla 10 gurb iad forbairt inlíonta agus forbairt nua chónaithe sa cheantar seo a éascóidh c. 30% d'fhás tithíochta an Chontae. Is ionann sin agus 5,385 aonad nua ar le linn an phlean.

30%
d'Fhás an
Chontae

De réir fhoráil Chaibidil 6, Tithíocht, is é is aidhm do bheartais agus cuspóirí an Phlean a chinntiú go seachadfar tithíocht nua ar chaoi a éascóidh riachtanais réimse de dhaoine éagsúla leagtha amach, rud a sholáthróidh cothromaíocht i dtéarmaí meascán aonaid agus cineálacha seilbhe. Is féidir go gcuireann dearadh, feidhm agus leagan amach scéimeanna cónaithe go mór le seachadadh comhfhobartha folláine áite agus Gníomhaithe ar son na hAeráide.





7. Gluaiseacht Inbhuanaithe







I gCaibidil 7 den Phlean, tá beartais agus cuspóirí i leith gluaiseacht inbhuanaithe a éascóidh agus a chuirfidh leis an siúl, an rothaíocht agus úsáid iompair phoiblí, agus a laghdóidh ar úsáid carranna príobháideacha le himeacht ama. Rinne staidéir ar Ghluaiseacht Inbhuanaithe, a rinneadh mar chuid den ullmhúchán don Phlean Forbartha, eolas don phróiseas seo. Mar chuid díobh sin, bhí scrúdú mion ar phatrúin ghluaiseachta laistigh de na comharsanachtaí, ag súil le tionscadail a aithint a spreagfaidh taisteal gníomhach agus úsáid iompair phoiblí.

Aithnítear roinnt saincheisteanna tábhachtach sna staidéir sin, agus tá na réitigh a mholtar don cheantar seo aitheanta thíos.



Achoimre ar Phríomhfhadhbanna Réitigh a Mholtar

	In áiteanna áirithe amhail Bóthar Chnoc an Fhuaráin, Bóthar Nangor agus Bóthar na Mainistreach, tá oibreacha suntasach ag teastáil ó na cosáin.	Áiseanna coisithe a uasghrádú ar shráideanna/bhíthábhachtacha laistigh den chomharsanacht. Machnamh a dhéanamh ar stráicí coisithe amháin laistigh de lár shráidbhaile Chluain Dolcáin agus sna láir uirbeacha molta do Chluain Buiríosa.
	Tá easpa naisc rothaíochta idir Caisleán na Gráinsí agus Sráidbhaile Chluain Dolcáin, rud a fhágann drochthimpeallacht ag rothaithe, go háirithe ar feadh an R134.	Tuilleadh lánaí rothaíochta a sholáthar le naisc a fheabhsú idir na lonnaíochtaí sa chomharsanacht seo. Cur i bhfeidhm beart moillithe tráchta laistigh de shráidbhaile Chluain Dolcáin le taisteal gníomhach a chur chun cinn.
	Is baic ar rochtain ar iompar poiblí ar fud na comharsanachta iad ballaí agus geataí	Straitéis a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun ballaí agus baic eile ar ghluaiseacht in aice le háiseanna tábhachtacha iompar poiblí a bhaint agus gluaiseacht trí cheantair chónaithe a athchruthú le constaicí a bhaint.
	Is fadhb í tréscaoilteacht íseal agus ballaí agus geataí ag cur bac ar rochtain, go háirithe ar pháirceanna.	Rochtain ar ghlasbhealach na Canála Móire a fheabhsú chun tuilleadh turas ar cos nó ar rothar ar feadh na canála a spreagadh. Tuilleadh pointí rochtana ar pháirceanna.



Gníomhú ar son na hAeráide

Cinnteoídh bearta chun méadú ar an siúl agus rothaíocht, agus chun laghdú ar úsáid carranna príobháideacha astaíochtaí laghdaithe carbóin, agus mar thoradh air sin, beidh caighdeán an air níos fearr agus beidh dea-thionchar i leith gníomhú ar son na haeráide.


Ar na tionscnaimh eile sa chomharsanacht, tá Gaelscoil Chluain Dolcáin mar chuid den Tionscnamh Sráideanna Scoile, tionscnamh arb aidhm dó srian a chur le trácht innealta laistigh de shráid nó limistéar comhaontaithe lasmuigh de gheata na scoile le timpeallacht níos sábháilte a chruthú inar féidir le leanaí mothú spreagtha chun dul ar scoil ar cos, rothar nó scútar. Is comhpháirtithe san tionscnamh iad Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Cabhróidh na feabhsúcháin shuntasacha iompair atá beartaithe don cheantar seo, chomh maith le cur i bhfeidhm na bhfeabhsúcháin féideartha a aithníodh, go mór maidir le hathrach iontaofa tarraingteach ar úsáid carranna príobháideacha a oibráil d'ídir óg agus aosta agus dhaoine de gach cineál cumais.

8. Bonneagar Pobail agus Spás Oscailte




Tacaíonn réimse d'áiseanna pobail atá oiriúnach dá bhfeidhm, inrochtana agus inoiriúnaithe anois agus amach anseo, le Comharsanachtaí Rathúla Inbhuanaithe

Tá roinnt áiseanna Pobail ag an gCeantar Comharsanachta seo cheana, agus tuilleadh áiseanna geallta nó beartaithe thar thréimhse an phlean le freastal ar an daonra reatha sa cheantar agus ar an daonra amach anseo.



I gCaibidil 8 den Phlean, tá beartais agus cuspóirí a thacóidh agus a éascóidh seachadadh na n-áiseanna nua sa cheantar comharsanachta seo leagtha amach. San áireamh lena leithéid de sholáthar, beidh uasghráduithe do Pháirc Chuidbhríocht agus Páirc Chorcaí agus áiseanna nua nó feabhsaithe i gCill Chairbre, Lána an Úlloird, Cluain Buiríosa agus Cnoc Mitin Cuirfidh Leabharlann nua Chluain Dolcáin Thuaidh go mór leis an méid a oibráil an áis phobail. Aithníodh sa Phlean seo freisin, i gcomhairle leis an Roinn Oideachais, 7 láithreán scoile nua sa comharsanacht cheantar seo.

Pleanáil Faofa



9. Forbairt Gheilleagrach agus Fostaíocht



Is é is aidhm don phlean seo úsáid mheasctha / fás fostaíochta a éascú laistigh de na láir a aithníodh sa cheantar comharsanachta seo, chomh maith leis an bhféidearthacht shuntasach le haghaidh forbairt fostaíochta nua i gCaisleán na Gráinsí agus Cluain Buiríosa.



Léannta Céim Baitsiléara (Gnáthchéim) nó níos airde
4,292 (15.4% Daonra)

37,857 (65.7%) Fórsa Saothair Reatha

Dífhostaithe 11.6% (4,011 duine)

Aithnítear Caisleán na Gráinsí i gconair straitéiseach an iardheiscirt den SRSE, agus tá cúlsoláthar suntasach talún aige don fhostaíocht san am i láthair agus amach anseo le freastal ar sciar maith d'fhás an chontae, ag cur na hardteicneolaíochta, na déantúsaíochta agus earnáil na forbartha agus taighde chun cinn sa cheantar seo. Tá cuid mhór de na cuideachtaí Fortune 500 sa cheantar cheana féin, agus forbrófar an ceantar a thuilleadh chun leanúint de bheith ag mealladh gnó ardluach.

Aithnítear i gCaibidil 9 den Plean freisin gur spreagthóir suntasach geilleagrach í an turasóireacht, go dtacaíonn sí le cruthú jabanna ar feadh réimse éagsúil earnálacha. Tacaíonn an plean seo le forbairt na turasóireachta laistigh den cheantar seo bunaithe ar na sócmhainní suntasacha oidhreachta tógtha amhail Clogtheach Chluain Dolcáin agus Glasbhealach na Canála Móire. Tá féidearthacht ag baint leis an 12ú Loc, atá taobh thiar den chomharsanacht seo, chun é a bheith ina mhol a nascann ceantair fáis chónaithigh agus i mBaile Adaim agus i gCluain Buiríosa le Caisleán na Gráinsí, agus an fhéidearthacht ann ag an am céanna é a bheith ina eochair-lárionad turasóireachta ar feadh Ghlasbhealach na Canála Móire.

10. Fuinneamh



I gCaibidil 10, tá na beartais agus na cuspóirí a bhaineann leis an bhFuinneamh leagtha amach. Éascaíonn cur chun cinn déanaimh dhlúith forbraíochta deiseanna chun éifeachtúlachtaí fuinnimh a fhorbairt laistigh den Chomharsanacht seo, agus féidearthacht aitheanta le haghaidh seachadadh Téamh Ceantar Ísealcharbóin i gCluain Buiríosa agus i gCluain Dolcáin. Úsáideann téamh ceantair fuíollteas as foinsí amhail giniúint leictreachais trí ghréasáin de phóibáin inslithe. Go ginearálta, soláthraíonn sé téamh spáis agus uisce té d'fhoirgnimh chónaithe agus thráchtála.

Chomh maith leis an bhféidearthacht thuas, díríonn an Plean ar: éifeachtúlachtaí fuinnimh a chur chun cinn i bhfoirgnimh atá ann cheana, athfheistiú a spreagadh agus a éascú, dearadh ardchaighdeáin a éileamh i dtithe nua atá tíosach ar fhuinneamh de réir Chaibidil 5 agus Chaibidil 6 agus modhanna iompair atá níos gníomhaí agus níos inbhuanaithe a chur chun cinn agus a éascú, chomh maith le cur i bhfeidhm pointí luchtaithe leictrigh de réir Chaibidil 7 den phlean seo.


11. Bonneagar agus Seirbhísí Comhshaoil



Cuirfidh ailíniú úsáide talún agus bonneagair uisce agus fuíolluisce le héifeachtúlacht an bhonneagair sa cheantar seo. Tá sonraí i leith Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil leagtha amach i gCaibidil 11. Freastalaíonn Ionad Cóireála Uisce an Bhaile Mhóir ar an gceantar seo tríd an Taiscumar Uisce Chóireáilte ag Teach Sagard agus Taiscumar Bhealach Ard, agus Ionad Cóireála Uisce Léim an Bhradáin trí Thaiscumar Mhullach na Pise.

Tá gá le uasghráduithe acmhainneachta ar an séarach straitéiseach a fhreastalaíonn ar an gceantar seo. San áireamh leis sin, beidh stóráil uisce stoirme. Tá riar ar a leithéid de sholáthar i bPlean Infheistiúchta Uisce Éireann. Ar an soláthar tábhachtach bonneagair sa cheantair seo, beidh Scéim Uisce Dromchla CFS Chluain Buiríosa agus bóthar rochtana Iarthar Chaisleán na Gráinsí, bóthar a éascóidh rochtain ar thailte FF sa chontae.

Píobófar Tionscadal Soláthair Uisce an Oirthir agus Lár na Tíre chuig taiscumar nua ceannphointe lonnaithe ag Mullach na Pise, a sholáthróidh uisce cóireáilte do na pobail go léir sa réigiún. Chomh maith le hinfheistiúcht i mbonneagar uisce, leanfaidh Eirgrid de bheith ag uasghrádú bhonneagar leictreachais na hÉireann. D'athneartaigh Eirgrid an gréasán leictreachais le déanaí le riar ar éileamh i gCaisleán na Gráinsí. Chinntigh sin go mbeidh acmhainn leordhóthanach le haghaidh fás amach anseo.



12. Ceantar Comharsanachta – Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide




Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide

Is é is aidhm do na forálacha leagtha amach sa Phlean Forbartha déanamh lonnaíochta atá dlúth agus nasctha a chur chun cinn a bhaineann an úsáid is fearr as iompar poiblí agus infheistíocht reatha bonneagair.

Is aidhm de chuid an Phlean é úsáid éifeachtúil talún a éascú sa chomharsanacht seo. Beidh an bhéim ar fhorbairt na lár tábhachtach sin i gCluain Dolcáin agus Cluain Buiríosa, taobh le comhdhlúthú lár áitiúil. Éascóidh seo baint amach dlús forbraíochtaí agus feidhmeanna ar féidir leo tacú le háiteanna bríomhara comhdhlútha insiúlta a thugann tús áite do ghluaiseacht coisithe agus rothaithe, rud a éascóidh seachadadh Ceantair Comharsanachta atá seasmhach ó thaobh na haeráide.



Tríd an bhfás spriocdhírthe agus cur chuige éiceachórais seirbhísí, is féidir tacú le háiteanna nádúrtha, agus iad a fheabhsú, le bonneagar glas, rud a mbeidh buntáistí don phobal agus don chomhshaol mar thoradh air de réir mar atá leagtha amach i gCaibidil 3.



CLUAIN DOCLÁIN




44,500

Daonra reatha



55,206

Daonra Tuartha 2028



Ár gComharsanachtaí (C)

A. Lár Shráidbhaile Cluain Dolcáin



3 CFS Chluain Buiríosa



7 Ionad Fóillíochta Chluain Dolcáin



A Sráidbhaile Chluain Dolcáin



5 Páirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí



1 Páirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí

- | | |
|---------------------------------------|--|
| Scoileanna Nua | Sráidbhaile Chluain Dolcáin |
| Páirceanna agus Áineas | Páirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí |
| Áiseanna Pobail Nua/Uasghrádú | Páirc Chorcaí |
| Bonneagar Glas | CFS Chluain Buiríosa |
| Feabhsúcháin Ríochta Poiblí | Forbraíocht Tithíochta Chill Chairbre |
| Gluaiseacht | Leabharlann Chluain Dolcáin Thuaidh |
| Inbhuanaithe Tithíocht | An Plás ag Oifigí Cathrach Chluain Dolcáin |
| Maolú Tuile | Ionad Fóillíochta Chluain |
| M Mótorbhealach | Dolcáin Cónaitheach Nua |
| N Bóthair Náisiúnta | Láir Bailte/Sráidbhailte/Ceantar/Áitiúla |
| R Bóthar | Fás Fostaíochta |
| rian siúil c.10 nóiméad | Spás Páirceanna agus |
| rian rothaíochta c.10 nóiméad | Áineasa |
| Rotharbhealaí Reatha agus Feabhsaithe | Fiontraíocht/Athnuachan Chónaithe SDZ |
| Scéimeanna Molta Rothaíochta | Teorainn Chomharsanachta |
| Iarnród | Teorainn Chomharsanachta |
| Stáisiún Traenach | |



Leamhcán/Baile Phámar/Baile Adaim

1. Intreoir agus Comhthéacs

Tá comharsanacht Leamhcán, Bhaile Adaim agus Bhaile Phámar suite idir 9km agus 16km siar ó lár Bhaile Átha Cliath, agus Baile Phámar suite laistigh de chuarbhealach an M50 agus é níos gaire don lár. Is é atá sa cheantar sin an chuid thuaidh de Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, cuid de Bhruachbailte Bhaile Átha Cliath agus de Mhórchéantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath. Ag teorainn thuaidh na comharsanachta, tá Abhainn na Life arb í an deighilt nádúrtha í le Contae Fhine Gall. Gearrann conairí iompair agus geilleagracha an N4 agus an M50 trasna uirthi, chomh maith le hiarnród Chill Dara agus stáisiún aige sin i mBaile Adaim. Leanann teorainn iardheisceart na comharsanachta an chonair éiceolaíoch agus thaitneamhachta na Canála Móire.

Dhá shráidbhaile stairiúla iad Leamhcán agus Baile Phámar laistigh de Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, iad forbartha de bharr a ghaire atá siad d'Abhainn na Life. Aithnítear sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch gur cuid de chonair straitéiseach gheilleagrach agus chónaitheach an iardheiscirt é an ceantar seo. Is é is aidhm do na conairí seo pobail chomhdhlútha inbhuanaithe a chruthú ag a mbeidh rogha fheabhsaithe tithíochta, teacht ar dheiseanna sóisialta agus geilleagracha, agus seirbhísí agus áiseanna feabhsaithe.

Tá acmhainneacht mhéadaithe iompair chun tacú leis an gcomhdhlúthú ach líne Chill Dara a leictriú, chomh maith le naisc eile bus.

2. Lárstraitéis agus Straitéis Lonnaíochta




Léirigh an daonáireamh in 2016 daonra de 59,000 duine. Tá sprioc ann don cheantar 68,483 duine a bhaint amach thar thréimhse an phlean. Tá an chomharsanacht lonnaithe laistigh de Theorainn Lonnaíochta Chathair agus Bhruachbailte Bhaile Átha Cliath de réir mar atá leagtha amach i gCaibidil 2, Tábla 13.

Tá leagtha amach sa Phlean go soláthróidh forbairt leanúnach na lár uirbeach éagsúil i mBaile Átha Cliath agus a Bruachbailte forbraíocht nua úsáide measctha arb í an t-inneall í a chuireann fás chun cinn sa timpeallacht uirbeach.

Deirtear gur sráidbailte iad Leamhcán agus Baile Phámar a bhfuil comharsanachtaí bruachbailteacha thart orthu a bhfuil dlús íseal ag baint leo go ginearálta, agus iad bunaithe thart ar ghréasán de láir áitiúla

miondíolaíochta. Soláthraíonn tailte Scéim Pleanála CSF Bhaile Adaim spás le haghaidh síniú lorg coise Leamhcán ar feadh chonair iarnróid Baile Átha Cliath-Corcaigh.

Fuarthas maoiniú suntasach tríd an gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí chun bonneagar riachtanach cumasúcháin a sholáthar a éascóidh tuilleadh forbartha sa cheantar seo thar thréimhse an Phlean.




3. Oidhreacht Nádúrtha/Cultúrtha agus Tógtha



Tá oidhreacht shaibhir nádúrtha ag baint leis an gComharsanacht seo, agus tréan bithéagsúlachta sna plandaí, ainmhithe, éin, feithidí, agus na gnáthóga a bhaineann.

De réir fhorálacha Chaibidil 3, tá Gleann na Life sainithe ina Limistéar Nádúir Tírdhreacha ar leith taobh istigh de Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, agus is conair thábhachtach éiceolaíoch é. Is ceantar é Gleann na Life a mbaineann ardluach taitneamhachta leis, agus tá sé sin neartaithe a thuilleadh ag an ainmiú in Ordú um Limistéar Taitneamhachta Speisialta Ghleann na Life agus ag a aithint mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta (LONm). Tá na sonraí a bhaineann leis sin leagtha amach i rannóg 3.3.

Is ceantar í an Chanáil Mhór lena mbaineann ardluach taitneamhachta freisin, agus é aitheanta ina LONm, agus is conair thábhachtach éiceolaíochta agus taitneamhachta é a ghearrann trasna ar an gcomharsanacht, agus a nascann Cuan Bhaile Átha Cliath le hAbhainn Shionainne.



De réir fhorálacha Chaibidil 3, ní mór d'Oidhreacht Nádúrtha, Chultúrtha agus Thógtha, agus forbraíocht nua, meas a léiriú ar oidhreacht thógtha stairiúil an cheantair seo. Is den rithábhacht é sin chun na sócmhainní a chosaint agus a chaomhnú, agus teacht ar athúsáid chuí dóibh chun fadsaoil a chinntiú sa toadhcháil.

Sráidbhaile Leamhcán agus Baile Phámar Íochtarach (Coimpléasc Muilleoireachta), is Limistéir Comhaontais Ailtireachta laistigh den chomharsanacht iad araon. Ofrálann sráidbhaile Leamhcán foirgnimh ardchaighdeáin ar feadh a phríomhshráide líní, agus samplaí a mhaireann d'fhoirgnimh thionsclaíochta ar bhruach theas na Life. Tá an Coimpléasc Muilleoireachta i mBaile Phámar faoi chosaint de bharr na struchtúr a mhaireann ann ón tionsclaíocht fhorleathan a bhí ann tráth ar bhruacha na Life.

4. Bonneagar Glas (BG)



Tagann Abhainn na Life isteach sa Chontae san iarthar agus téann soir i dtreo Chathair Bhaile Átha Cliath. Trasnaíonn an Chanáil Mhór an ceantar ón oirthear siar, agus tá foinse Abhainn an Ghrífin gar do Theach Sagard. Téann sí ansin trí Chluain Dolcáin isteach i bPáirc Ghleann an Ghrífin agus trí shráidbhaile Leamhcán, áit a dtéann sí isteach sa Life. Is cosáin thábhachtacha éiceolaíocha iad na réimsí suntasacha uisce seo chomh maith leis na crainn, na fála sceaacha agus coillte i bpáirceanna agus in áiteanna oscailte, agus le chéile is iad an gréasán Bonneagair Ghlais iad.

Tá féidearthacht aitheanta sa Straitéis um Bonneagar Glas atá leagtha amach i gCaibidil 4, agus cuspóirí áitiúla in Aguisín 4, le haghaidh gréasán spásanna nádúrtha agus leathnádúrtha a nascadh páirceanna, gairdíní, aibhneacha, coillte, crainn agus fála sceaacha. Tá siombail in aice leis na heochairghnéithe i Léarscáil an Cheantair Comharsanachta thíos.

5. Dearadh Ardchaighdeáin agus Comhforbairt Fholláin Áite



Is beartas i gCaibidil 5 é a bheith ag tacú le forbairt comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe ar fud na tíre atá nasctha le réimse de sheirbhísí agus áiseanna áitiúla agus a riarann orthu. Beidh gá le forbairt nua chun 'Cur Chuige an Phlean' a chur i bhfeidhm. An aidhm atá leis an gcur chuige seo ná a chinntiú go mbeidh gach forbairt deartha agus forbartha ar bhonn ocht eochairphrionsabal, agus an aidhm atá leo sin ná a chinntiú go dtapófar gach deis an fhís do Chontae Bhaile Átha Cliath Theas a chur chun tosaigh, agus tacú léi, chun áiteanna tarraingteach nasctha feidhmiúla a chruthú chun cónaí, bheith ag obair, bualadh le chéile agus infheistíocht a dhéanamh iontu, agus cuairt a thabhairt orthu.



Taobh istigh den cheantar comharsanachta seo, agus de réir Bheartas QDP1 i gCaibidil 5, neartaítear an gréasán de láir uirbeacha mar spriocáiteanna le haghaidh forbraíocht úsáide measctha nua nó fheabhsaithe. Riarfar ar dhearadh uirbeach ardchaighdeáin nach gcuirfidh isteach ar an gcomhthéacs reatha agus a fheabhsóidh nascacht laistigh den cheantar comharsanachta.

Nasc tábhachtach turasóireachta idir an ceantar seo agus Leamhcán a bheidh i soláthar ríochta poiblí ardchaighdeáin amhail an Chanáil Mhór go dtí Glasbhealach Uirbeach Leamhcán, agus feabhsóidh sé inrochtaineacht sa dá chomharsanacht ag an am céanna. Fágfaidh a leithéid de bhearta gur féidir comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe a sheachadadh.

6. Tithíocht



De réir forálacha beartais Náisiúnta agus Réigiúnacha, tá déanamh dlúth lonnaíochta leagtha amach i gCaibidil 2 den Phlean ar ghá dó comhdhlúthú ceantar cónaithe atá ann cheana. Caithfear seo a dhéanamh ar bhealach a chosnaíonn áiseanna reatha agus a chuirfidh taca faoi bhonneagar fisiceach agus pobail, idir bhonneagar reatha agus beartaithe.

Chomh maith le comhdhlúthú an cheantair uirbigh reatha, beidh forbraíocht nua chónaithe laistigh de scéim pleanála CFS Bhaile Adaim den chuid is mó, de réir mar atá leagtha amach i léarscáil an Cheantair Comharsanachta thíos. De réir na Lárstraitéise, Caibidil 2, achoimríonn Tábla 10 gurb é an meascán d'fhorbairt inlíonta agus forbairt nua chónaithe sa cheantar seo a éascóidh c. 19% d'fhás tithíochta an Chontae. Is ionann sin agus 3,322 aonad nua ar le linn an phlean.

19%
d'Fhás an
Chontae


De réir fhoráil Chaibidil 6, Tithíocht, is é is aidhm do bheartais agus cuspóirí an Phlean a chinntiú go seachadfar tithíocht nua ar bhealach a éascóidh riachtanais réimse de dhaoine éagsúla leagtha amach, rud a sholáthróidh cothromaíocht i dtéarmaí meascán aonaid agus cineálacha seilbhe. Is féidir go gcuireann dearadh, feidhm agus leagan amach scéimeanna cónaithe go mór le seachadadh comhforbartha folláine áite agus Gníomhaithe ar son na hAeráide.

7. Gluaiseacht Inbhuanaithe



I gCaibidil 7 den Phlean, tá beartais agus cuspóirí i leith gluaiseacht inbhuanaithe a éascóidh agus a chuirfidh leis an siúl, an rothaíocht agus úsáid iompair phoiblí, agus a laghdóidh ar úsáid carranna príobháideacha le himeacht ama. Rinne staidéir ar Ghluaiseacht Inbhuanaithe, a rinneadh mar chuid den ullmhúchán don Phlean Forbartha, eolas don phróiseas seo. Mar chuid díobh sin, bhí scrúdú mion ar phatrúin ghluaiseachta laistigh de na comharsanachtaí, ag súil le tionscadail a aithint a spreagfaidh taisteal gníomhach agus úsáid iompair phoiblí. Rinneadh Staidéir Gluaiseachta Inbhuanaithe le haghaidh gach Ceantar Comharsanachta, de réir mar a mhínítear i gCuid 11.1.

Aithnítear roinnt saincheisteanna tábhachtach sna staidéir sin, agus tá na réitigh a mholtar don cheantar seo aitheanta thíos.



Turais a dhéantar i gCarr:

<p>24% 0-3km Tabhair Tosaíocht don Siúl Is le haghaidh achair faoi 3km atá an ceathrú cuid beagnach de thurais charranna - D'fhéadfadh cuid mhór de na turais an-ghearr sin a dhéanamh de chos.</p>	<p>18% 3-6km Tabhair Tosaíocht don Rothaíocht Is le haghaidh achair 3km-6km atá 18% de thurais chairr. D'fhéadfadh cuid mhór de na turais ghearra/mheánachair sin a dhéanamh ar rothar.</p>	<p>58% 6km+ Déan tosaíocht don lompár Poiblí. Is le haghaidh achair thar 6km atá 58% de thurais chairr - Tá deis ann aistriú chuig iompar poiblí le haghaidh na dturas níos faide sin.</p>
---	---	--



Achoimre ar Phríomhfhadhbanna

Réitigh a Mholtar



Tá easpa ghinearálta leanúnachais agus rochtain fhurasta do choisithe, thart ar Bhaile Phámar agus Páirc Earmatáiste mar shampla. Is baic ar an siúl iad ballaí agus constaicí eile, coisceann siad rochtain fhurasta ar stadanna iompair phoiblí agus fágann siad rochtain do dhaoine faoi mhíchumas deacair go háirithe.

Tréscailteacht a fheabhsú do choisithe ar feadh an R136 (Bóthar Bhaile Eoghain) agus a chinntiú go mbeidh caighdeán maith cosán sa Chomharsanacht. Rochtain a sholáthar ar Pháirc Earmatáiste ó Lána Bhaile Eoghain. Tionscadail tréscailteachta a dhéanamh amhail pábháil mianlínte agus oscailtí a chruthú i mballaí agus i mbaic eile chun naisc a oscailt do choisithe.



Tá easpa leanaí rothaíochta ar bhealaí tábhachtacha, lena n-áirítear Gleann na Life chuig Sráidbhaile Leamhcán, Baile Adaim ar thaobh thuaidh den N4 agus ar an mbóthar ó Leamhcán chuig Léim an Bhradáin.

Rachaidh cur i bhfeidhm Glasbhealach Lúb na Canála agus Ghréasán Rothaíochta Bhaile Átha Cliath Theas i ngleic le cuid de na heaspaí, agus feabhsóidh sé an rothaíocht laistigh den Chomharsanacht.

Tá críoch géar le roinnt cosán thart ar an gComharsanacht, rud a fhágann clúdach lánaí rothaíochta neamhchothrom ar a fud.

Soláthrófar tuilleadh roghanna bealaí mar chuid de BusConnects, chun freastal ar an gContae agus naisc níos fearr a chruthú le Fine Gall ar an taobh thuaidh agus le Tamhlacht ar an taobh theas. Ba cheart an tseirbhís chuig COBÁC a fheabhsú. Feabhsóidh an Luas molta chuig Leamhcán, agus an t-uasghrádú ar an tseirbhís DART ar Líne Chill Dara, seirbhísí traenach go suntasach sa cheantar seo.



Is bocht an scéal a mhinice a bhíonn seirbhís bus laistigh de Bhaile Adaim agus idir Leamhcán agus COBÁC. Is bocht an freastal ar Chlinic Earmatáiste freisin. Is bocht an scéal a mhinice a bhíonn seirbhís traenach chuig Baile Adaim.

Fágfaidh cur i bhfeidhm tionscadal tréscailteachta naisc níos fearr ag eastáit le háiseanna agus saoraidí tábhachtacha ach baic a bhaint agus conairí caocha agus cul-de-sacanna a oscailt in áiteanna áirithe, rud a fhágfaidh gur fusa an taisteal de mhodhanna gníomhacha agus gur fearr an rochtain ar stadanna iompar phoiblí.



Tá cuid mhór geataí agus ráillí ar fud eastáit na Comharsanachta chomh maith, rud a choisceann tréscailteacht agus rochtain níos díri ar pháirceanna, áiseanna iompair phoiblí agus scoileanna.



Gníomhú ar son na hAeráide

Cinntoidh bearta chun méadú ar an siúl agus rothaíocht, agus chun laghdú ar úsáid carranna príobháideacha astaíochtaí laghdaithe carbóin, agus mar thoradh air sin, beidh caighdeán an air níos fearr agus beidh dea-thionchar i leith gníomhú ar son na haeráide.


8. Bonneagar Pobail agus Spás Oscailte



Tacaíonn réimse d'áiseanna pobail atá oiriúnach dá bhfeidhm, inrochtana agus inoiriúnaithe anois agus amach anseo, le Comharsanachtaí Rathúla Inbhuanaithe

Tá roinnt áiseanna Pobail ag an gCeantar Comharsanachta seo cheana, agus roinnt áiseanna nua geallta nó beartaithe thar thréimhse an phlean le freastal ar an daonra reatha sa cheantar agus ar an daonra amach anseo.


I gCaibidil 8 den Phlean, tá beartais agus cuspóirí a thacóidh agus a éascóidh seachadadh na n-áiseanna nua sa cheantar comharsanachta seo leagtha amach. San



áireamh leis an soláthar nua, beidh linn snámha Leamhcán, Páirc Airlie agus Páirc Lána Tandy i mBaile Adaim Tá cead faighte don tríú páirc i dTobar na gClog i mBaile Adaim freisin.

Tá áiseanna pobail faofa i mBaile Phámar (Br Kennelsfort) agus i mBaile Gadaí, agus tá maoiniú curtha ar fáil le haghaidh áis phobail Bhaile Adaim agus pailliún spóirt i bPáirc Ghleann an Ghrífin. Tá sé ar chuspóirí an Phlean freisin go dtacófar le seachadadh seirbhíse nua leabharlainne le haghaidh Bhaile Adaim. Aithníodh sa Phlean seo freisin, i gcomhairle leis an Roinn Oideachais, 2 láithreán scoile nua don cheantar seo i mBaile Adaim.

Pleanáil Faofa



9. Forbairt Gheilleagrach agus Fostaíocht



Is é is aidhm don phlean seo úsáid mheasctha/fás fostaíochta a éascú laistigh de na láir a aithníodh sa cheantar comharsanachta seo, chomh maith leis an bhféidearthacht shuntasach le haghaidh forbairt fostaíochta nua i gCaisleán na Gráinsí agus Cluain Buirfosa.



Cuireann an plean chun cinn comhdhlúthú agus feabhsú na gcroícheantar miondíolaíochta i sráidbhailte Leamhcán agus Bhaile Phámar agus i láir áitiúla ceantair, chomh maith le láir nua ceantair a fhorbairt i mBaile Adaim. Is fostóir tábhachtach sa chomharsanacht é Ionad Siopadóireacht Ghleann na Life agus is Ollionad Miondíolaíochta Leibhéil 2 é, de réir mar atá leagtha amach sa SRSE. Tá na tailte a aithníodh sa Phlean, i gCuid 9.4 agus 9.5 de Chaibidil 9, ann fós le haghaidh deiseanna miondíolaíochta.

Aithnítear i gCaibidil 9 den Plean freisin gur spreagthóir suntasach geilleagrach í an turasóireacht, go dtacaíonn sí le cruthú jabanna ar feadh réimse éagsúil earnálacha. Tacaíonn an Plean le forbairt na turasóireachta sa cheantar seo dírithe ar na sócmhainní suntasacha oidhreachta, idir nádúrtha agus thógtha, amhail Abhainn na Life agus na páirceanna a bhaineann i mBaile Uaitéir agus i nDiméin Leamhcán, ag Cora Leamhcán, agus forbairt Leamhcán ina 'bhaile scríbe'. Beidh Glasbhealach na Canála Móire agus Glasbhealach Lúb na Canála ina sócmhainní turasóireachta. Tá féidearthacht ag baint leis an 12ú Loc ar an gCanáil Mhór chun é a bheith ina mhol a nascann fás cónaitheach agus fostaíochta i mBaile Adaim agus i gCaisleán na Gráinsí, agus an fhéidearthacht ann ag an am céanna é a bheith ina eochair-lárionad turasóireachta ar feadh Ghlasbhealach na Canála Móire.

10. Fuinneamh



I gCaibidil 10, tá na beartais agus na cuspóirí a bhaineann leis an bhFuinneamh leagtha amach. Éascaíonn cur chun cinn déanaimh dhlúith forbraíochta deiseanna chun éifeachtúlachtaí fuinnimh a fhorbairt laistigh de Comharsanachtaí. Cé nach féidir i gcónaí comharsanachtaí seanbhunaithe a athfheistiú i gcomhair mórbhonneagar fuinnimh, díríonn an Plean ina leithéid de cheantair ar: éifeachtúlachtaí fuinnimh a chur chun cinn i bhfoirgnimh atá ann cheana, athfheistiú foirgneamh a spreagadh agus a éascú, dearadh ardchaighdeán a éileamh i dtithe nua atá tíosach ar fhuinneamh de réir Chaibidil 5 agus Chaibidil 6, agus modhanna iompair atá níos gníomhaí agus níos inbhuanaithe a chur chun cinn agus a éascú, chomh maith le cur i bhfeidhm pointí luchtaithe leictrigh de réir Chaibidil 7 den phlean seo.

11. Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil



Cuirfidh ailíniú úsáide talún agus bonneagair uisce agus fuíolluisce le héifeachtúlacht an bhonneagair sa cheantar seo. Tá sonraí i leith Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil leagtha amach i gCaibidil 11.

Freastalaíonn Ionad Cóireála Uisce an Bhaile Mhóir ar an gceantar seo tríd an Taiscumar Uisce Chóireáilte ag Teach Sagard agus Taiscumar Bhealach Ard, agus Ionad Cóireála Uisce Léim an Bhradáin trí Thaiscumar Mhullach na Pise. Baineann an ceantar seo le Plean Limistéir Draenála Ghleann na Dothra. Tá Uisce Éireann ag seachadadh Pleananna Limistéir Draenála i mBaile Átha Cliath chun feidhmiú na ngréasán fuíolluisce a fheabhsú, an comhshaoil a chosaint agus forbairt shóisialta agus gheilleagrach a éascú sna blianta amach romhainn. Tá gá le uasghráduithe acmhainneachta ar an séarach straitéiseach a fhreastalaíonn ar an gceantar seo, chomh maith le stóráil uisce stoirme.

Tá Aeradróm Weston lonnaithe sa cheantar seo agus is den rithábhacht iad riachtanas feidhmiúcháin, sábháilteachta agus teicniúla, agus ba cheart iad a chosaint de réir mar atá leagtha amach i gCaibidilí 11 agus 13.



12. Ceantar Comharsanachta – Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide




Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide

Is é is aidhm do na forálacha leagtha amach sa Phlean Forbartha déanamh lonnaíochta atá dlúth agus nasctha a chur chun cinn. Is aidhm de chuid an Phlean é úsáid éifeachtúil talún a éascú sa chomharsanacht seo. Beidh an bhéim ar fhorbairt na lár tábhachtach sin i Leamhcán, Baile Phámar agus Baile Adaim, taobh le comhdhlúthú lár áitiúil ceantair. Éascóidh seo baint amach dlúsanna forbraíochtaí agus úsáidí ar féidir leo tacú le háiteanna bríomhara dlútha insiúlta a thugann tús áite do ghluaiseacht coisithe agus rothaithe, rud a éascóidh seachadadh Ceantair Comharsanachta atá seasmhach ó thaobh na haeráide.



Tríd an bhfás spriocdhírthe agus cur chuige éiceachórais seirbhísí, is féidir tacú le háiteanna nádúrtha, agus iad a fheabhsú, le bonneagar glas, rud a mbeidh buntáistí don phobal agus don chomhshaol mar thoradh air de réir mar atá leagtha amach i gCaibidil 4.





LEAMHCÁN / BAILE PHÁMAR / BAILE AD




59,000

Daonra reatha



68,483

Daonra Tuartha 2028





4 Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life



7 Páirc Ghleann na Life



A Sráidbhaile Bhaile Ádhaimh



2 CFS Bhaile Adaim



B Sráidbhaile Bhaile Phámar

- Láithreáin Scoile
- Páirceanna agus Áineas
- Áiseanna Pobail Nua/Uasghrádú
- Bonneagar Glas
- Feabhsúcháin Ríochta Poiblí
- Geilleagar (Mór-mhiondól)
- Gluaiseacht Inbhuanaithe
- Tithíocht
- Oidhreacht Nádirtha
- Maelú Tuile Cómhalartú
- Iompair Clinic
- Earmataíste Aerfort
- M Mótarbhealach
- N Bóthar Náisiúnta
- R Bóthar
- rian siúil c.10 nóiméad
- rian rothaíochta c.10 nóiméad
- Rotharbhealaí Reatha agus Feabhsaithe
- Scéimeanna Molta Rothaíochta

- Iarnród
- Stáisiún
- Gaenach A
- Gaenach B
- B Baile Phámar
- Glasbhealach na Canála Móire
- 2 CFS Bhaile Adaim
- 3 OLTS Ghleann na Life
- 4 Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life
- 5 Páirc Airlie (Nua)
- 6 Páirc Lána Tandy (Nua)
- 7 Páirc Ghleann na Life
- Ghrínn Cónaí Nua
- Láir Bailte/Sráidbhailte/Ceantar/Áitiúla
- Fostaíocht
- Páirceanna agus
- Áineas Talamh Tuaithe
- Fiontraíocht/Athnuachan Chónaithe Miondól
- Oll-mhiondól
- Teorainn Chomharsanachta



Bóthar an Náis

1. Intreoir agus Comhthéacs

Tá Comharsanacht Bhóthar an Náis, lena n-áirítear Baile an Mhóta, suite i suíomh straitéiseach laistigh de Chontae Bhaile Átha Cliath agus Chathair Baile Átha Cliath, taobh ó dheas den Chanáil Mhór agus taobh le teorainn riaracháin Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBÁC) ar an taobh thoir. Is cúsoláthar suntasach talún é i dtaca leis an réigiún, agus tá móráiseanna miondíolaíochta, agus spásanna oifige, tionsclaíochta agus fostaíochta ann. Tá sé suite ar chonair gheilleagrach iompair thábhachtach náisiúnta agus nasc díreach Luais aige agus naisc bhus le Cathair Bhaile Átha Cliath.


Tá an t-athrú atá beartaithe don Chomharsanacht seo, atá chun bheith éascaithe ag máistirphlean straitéiseach agus ag plean reachtúil ar deireadh, ag teacht le heochair-chuspóirí náisiúnta agus réigiúnach, agus le pleanáil chuí ar Bhaile Átha Cliath mar chathair chomhdhlúth inbhuanaithe a mheascann úsáid talún agus iompar inbhuanaithe. Ach fás cliste comhdhlúth a sheachadadh, agus rogha níos leithne a ofráil i leith tithíochta, fostaíochta agus gluaiseachta, beidh béim sa cheantar ar a oiriúnaí atá sé chun cónaí ann agus ar an gcaighdeán saoil. Beidh an ceantar seo ina chumasóir bunriachtanach fairs i gCathair agus i gCeantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath.

2. Lárstraitéis agus Straitéis Lonnaíochta



Laistigh de Chonair an Iardheiscirt atá aitheanta ag an SRSE, is cúsoláthar suntasach talún iad tailte Bhóthar an Náis a aithnítear i bPlean Straitéiseach an Cheantair Uirbigh le haghaidh athneartú tailte tionsclaíocha athfhorbraíochta agus forbairt ceantar nua úsáide measctha ina mbeidh forbraíocht chónaitheach agus úsáidí fostaíochta/measctha eile ata níos déine. Beidh gá le hinfheistíocht shuntasach agus le cóimeáil ar an láithreán chun lánacmhainneacht na dtailte a sheachadadh.

Is é an spriocdhaonra laistigh de thréimhse an Phlean Forbartha ná 3,349 (suas ó dhaonra reatha de 1,384 dar le Daonáireamh 2016). Ní hionann an fás tuartha gearrthéarmach don cheantar seo mar atá léirithe agus féidearthacht iomlán forbartha na dtailte.



Beidh sin leagtha amach i Máistirphlean le haghaidh an cheantair i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá an Máistirphlean á fhorbairt faoi láthair agus beidh fis agus féidearthacht do na tailte leagtha amach ann. Tá an Máistirphlean á mhaoiniú trí Chiste Athghiniúna Uirbí an rialtais. Tógfaidh forbairt na dtailte seo roinnt mhaith ama, agus is gné lárnach d'fhorbairt rathúil an Chontae agus an mhór-réigiún é a chinntiú go mbeidh sé pleanbhunaithe le páirtithe leasmhara.

Is cuspóir straitéiseach de chuid an Phlean Forbartha é seachadadh máistirphlean le haghaidh athghiniúint thailte Bhóthar an Náis i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, plean a bheidh mar bhonn faoi aidhmeanna straitéiseacha an Chreata Náisiúnta Pleanála chomh maith leis an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch.

3. Oidhreacht Nádúrtha/Chultúrtha agus Thógtha



Tá nádúr an tírdhreacha i dtailte Bhóthar an Náis sainithe mar uirbeach, agus is tailte tionsclaíocha iad go príomha. Is iad an Chanáil Mhór, Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta, agus an glasbhealach a bhaineann leis teorainn thuaidh thailte Bhóthar an Náis, agus is sócmhainn thábhachtach nádúrtha, cultúrtha agus oidhreachta tógtha iad sa cheantar seo. Le chéile, soláthraíonn an Chanáil Mhór agus Abhainn na Camóige – a théann trasna tailte Bhóthair an Náis freisin – deiseanna le haghaidh Bonneagar Glas agus Gorm laistigh den cheantar uirbithe seo, agus tacaíonn cuspóirí BG sa Phlean Forbartha seo leo. Meastar gur sócmhainn thábhachtach sa cheantar áitiúil é Caisleán Dhroimeanaigh, agus na tailte a bhaineann, atá lonnaithe laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus é taobh thoir thuaidh de thailte Bhóthar an Náis.

4. Bonneagar Glas (BG)



Tá dhá Phríomhchonair Bonneagair Ghlais a thrasnaíonn tailte Bhóthar an Náis. – Conair na Canála Móire agus Conair na Camóige – de réir mar atá léirithe ar léarscáil na gConairí BG, 12.4 sa Phlean Forbartha seo.

Den chuid is mó, is lintéar taobh istigh de thailte Bhóthar an Náis í Abhainn na Camóige faoi láthair. Spreagann agus cuireann Cuspóir GUR-1, i gCaibidil 4 den Phlean, chun cinn athnádúró Abhainn na Camóige san áit a ndearnadh lintéar di, lena n-áirítear an méid atá laistigh de thailte Bhóthar an Náis. Is cuspóir eile de chuid an Phlean (Cuspóir GUR-8) ceantair ardtábhachta BG a spreagadh agus a nascadh le cosáin agus lánaí rothaíochta, amhail an Chanáil Mhór le ceantair atá in úsáid le haghaidh cuspóirí eile (tráchtáil, taitneamhacht, cónaí), lena n-áirítear laistigh de thailte Bhóthar an Náis.

Is cuspóir atá ag teacht chun cinn i leith thailte Bhóthar an Náis é an ceantar a athrú ó liath go glas trí sprioc uailmhianach 50% de chlúdach glas a éascóidh forbairt amach anseo a bheidh seasmhacht ó thaobh na haeráide, saor ó charbón agus a fheabhsóidh an bhithéagsúlacht. Tá deiseanna ag baint leis an gceantar le haghaidh Bonneagar Glas agus Gorm ach úsáid a bhaint as uiscebhealaí amhail an Chanáil Mhór agus Abhainn na Camóige, agus le haghaidh naisc thuaidh-theas idir spásanna glasa chun Páirc an Fhionnuisce a cheangal le Páirc Thigh Motháin mar chonair gnáthóg agus gluaiseachta glaise. Beidh an chéad chéim eile de phróiseas na máistirphleanála dírithe ar chásanna maidir le cuspóirí uileghabhálacha don cheantar

a fhiosrú agus a fhorbairt.

5. Dearadh Ardchaighdeán agus Comhforbairt Fholláin Áite



An aidhm atá leis an bPlean Forbartha seo ná úsáid éifeachtúil talún a bhaint amach agus an bhéim ar eochair-lárionaid uirbeacha, agus dlúsanna forbartha a bhaint amach ar féidir leo tacú le háiteanna bríomhara dlútha insiúlta a thugann tús áite do ghluaiseacht coisithe. Bíonn cineál dlúth forbartha ag teastáil le haghaidh cur i bhfeidhm a leithéide de bhearta, agus nuair a éiríonn leis sin, is féidir leis ról suntasach a imirt sa ghníomhú ar son na haeráide, rud a laghdaíonn an gá atá le taisteal i gcarr agus astaíochtaí carbóin, agus, ag an am céanna, éascaíonn deiseanna úsáide maidir le foinsí fuinnimh níos inbhuanaithe agus níos in-athnuaite.



Is beartas i gCaibidil 5 é a bheith ag tacú le forbairt comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe ar fud na tíre atá nasctha le réimse de sheirbhísí agus áiseanna áitiúla agus a riarann orthu. Beidh gá le forbairt nua chun 'Cur Chuige an Phlean' a chur i bhfeidhm. An aidhm atá leis an gcur chuige seo ná a chinntiú go mbeidh gach forbairt deartha agus forbartha ar bhonn ocht eochairphrionsabal, agus an aidhm atá leo sin ná a chinntiú go dtapófar gach deis an fhís do Bhaile Átha Cliath Theas a chur chun tosaigh, agus tacú léi, chun áiteanna tarraingteach nasctha feidhmiúla a chruthú chun cónaí, bheith ag obair, bualadh le chéile agus infheistíocht a dhéanamh iontu, agus cuairt a thabhairt orthu. Beidh aird ag Máistirphlean Bhóthar an Náis ar na hocht bprionsabal seo chun comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe a fhorbairt.

Tá dúshlán áirithe ag baint le ceantar Bhóthar an Náis i dtéarmaí dearadh le haghaidh comhforbartha folláine áite agus Comharsanachtaí nasctha (Féach Caibidil 5, Cuid 5.2.3 & 5.2.4). Tá mórchonairí iompair ag dul trasna an cheantair seo, amhail an M50 ag théann ó thuaidh/ó theas ar feadh na teorann thiar, agus Líne Dhearg an Luais agus Bóthar an Náis (R110) araon anoir agus siar trí lár na comharsanachta. Nádúr tionsclaíoch na bhfoirgneamh agus na háiseanna iostaí seirbhíse a fhágann an sráid-dreach mar atá sé.

Is é an fhís atá teacht chun cinn maidir le ceantar Mháistirphlean Bhóthar an Náis ná síneadh ar an gcathair a chruthú atá an-inbhuanaithe, an-éiceolaíoch agus an-fhréamhaithe san iompar. Maidir leis sin,

Cuirfear coincheap na 'comharsanachta 10 nóiméad' chun cinn agus béim ann ar chur chuige comhfhorbairtha áite a chruthóidh spásanna agus áiteanna tarraingteacha bríomhara ar fud cheantar an Mháistirphlean.

6. Tithíocht



Leagfaidh an creat forbartha don chomharsanacht seo – mar chuid de Mháistirphlean CAFU Bhóthar an Náis / Bhaile an Mhóta / na Páirce Thiar – amach an líon de thithe nua atá chun bheith soláthartha san fhadtárma laistigh de phobal níos leithne ina mbeidh miondíolaíocht, fostaíocht agus seirbhísí. Tá an ceantar seo ar cheann de na ceantair fáis straitéisigh, ní hamháin le haghaidh Contae Bhaile Átha Cliath Theas ach le haghaidh Réigiún Bhaile Átha Cliath, atá ag riar ar an bhfás comhdhlúth ina mbíonn dlús níos mó ar feadh conairí straitéiseacha iarnróid, comh maith le naisc busanna nua agus reatha.


Is é an fhís atá teacht chun cinn le haghaidh cheantar an Mháistirphlean maidir leis an tithíocht ná freastal ar réimse de thithe nua éagsúla a bhfuil seilbh agus meascán éagsúil ag baint leo.

7. Gluaiseacht Inbhuanaithe



San áireamh leis an gceantar seo, tá Tailte Tionsclaíochta Bhaile an Mhóta taobh thoir den M50 chomh maith leis an Eastát Tionsclaíochta Thiar i dtuaisceart na Comharsanachta. Gearrann Bóthar an Náis tríd an gceantar anoir siar. Rinneadh Staidéir Gluaiseachta Inbhuanaithe le haghaidh gach Ceantar Comharsanachta, de réir mar a mhínítear i gCuid 11.1.

Aithnítear roinnt fadhbanna tábhachtach sna staidéir sin, agus tá na réitigh a mholtar don cheantar seo aitheanta thíos.



Turais a dhéantar i gCarr:

34% 0-3km

Tabhair Tosaíocht don Siúl
Is le haghaidh achair faoi 3km atá thar an tríú cuid de thurais charr - D'fhéadfadh cuid mhór de na turais an-ghearr sin a dhéanamh de chos.

25% 3-6km

Tabhair Tosaíocht don Rothaíocht
Is le haghaidh achair 3km-6km atá an ceathrú cuid de thurais charr. D'fhéadfadh cuid mhór de na turais ghearra/mheánachair sin a dhéanamh ar rothar.

42% 6km+

Déan tosaíocht don Iompar Poiblí. Is le haghaidh achair thar 6km atá 42% de thurais charr - Tá deis ann aistriú chuig iompar poiblí le haghaidh na dturas níos faide sin.

Achoimre ar Phríomhfhadhbanna



Faoi láthair, is deacair Bóthar an Náis a thrasnú ach go háirithe. Tá easpa trasrianta coisithe laistigh de na hEastáit Tionsclaíochta freisin.



Tá easpa shoiléir lánaí rothaíocht ar leith ar fud na Comharsanachta ar fad, agus níl áiseanna páirceála rothar inti ach oiread.



Ainneoin feidhm fostaíochta an cheantair, freastalaíonn seirbhísí bus ar na príomhbhealaí den chuid is mó, agus ní théann siad isteach sna heastáit tionsclaíochta. Dá bharr sin, is íseal an ráta úsáide bus.



Is carachtar tionsclaíoch go príomha atá ag baint leis an gceantar seo, agus easpa ríochta poiblí agus comhfhorbairt áite ann.

Réitigh a Mholtar

Fágfaidh soláthar áiseanna sainithe trasranta ar feadh Bhóthar an Náis ag acomhail thábhachtacha go mbeidh taisteal níos fearr ó thuaidh / ó dheas, rud a chruthóidh timpeallacht níos fáiltí do choisithe. Ba cheart a bheith ag súil fosta le trasrianta ag bealach isteach an Red Cow Inn trí Bhóthar Robinhood.

Tá gá le naisc níos láidre rothaíochta chun lánaí rothaíochta a cheangal le Stadanna Luais na Bó Deirge agus na Coille Móire, chomh maith le háiseanna maithe rothaíochta a sholáthar ar fud na comharsanachta agus nasc a chruthú le Cathair Bhaile Átha Cliath. Rachaidh Glasbhealach an M50 atá molta mar chuid de Tionscnamh Baile Átha Cliath Theas ar Rothar ar feadh theorainn thoir an cheantair seo.

Rachaidh moltaí BusConnects i ngleic leis an easpa seirbhísí bus agus na cuarbhealaí nua W2, W4 agus S4 ag nascadh an cheantair le Gleann na Life, Tamhlacht, Baile Bhlainséir agus COBÁC chomh maith le roinnt bealaí nua droma. Beidh gá le feabhsúcháin ríochta poiblí freisin chun siúl chuig áiseanna bus a spreagadh agus chuig naisc níos fearr leis an Luas.

Tá máistirphlean á ullmhú le creat straitéiseach a chur ar bun don Chomharsanacht. Tá an tionscadal ag fiosrú na caoi ar féidir ceathrú uirbeach nua atá úsáide measctha a leanann plean agus atá bunaithe ar fhianaise a fhorbairt mar shíneadh orgánach de chuid na cathrach. Samhlaítear stad nua Luais agus stáisiún nua traenach ar líne Chill Dara mar chuid den athnuachan.



Gníomhú ar son na hAeráide

Cinnteoigh bearta chun méadú ar an siúl agus rothaíocht, agus chun laghdú ar úsáid carranna príobháideacha astaíochtaí laghdaithe carbóin, agus mar thoradh air sin, beidh caighdeán an air níos fearr agus beidh dea-thionchar i leith gníomhú ar son na haeráide.

Sa chomharsanacht seo, d'fhorbair an gréasán reatha sráideanna den chuid is mó thart ar bheartas pleanála tar éis an Dara Cogaidh Dhomhanda a bhí chun feidhmeanna tionsclaíochta/déantúsaíochta a scaradh ó chomharsanachtaí cónaithe thart timpeall ag suíomhanna ar imeall na cathrach, áit arbh é an carr príobháideach an modh iompair ba choitianta.

Aithníodh sa staidéar gluaiseachta le haghaidh Bhóthar an Náis gur ar cos a bhíonn 26% de ghluaiseachtaí inmheánacha sa Chomharsanacht. Is bac ar leith ar ghluaisteacht coisithe í an easpa trasrianta coisithe laistigh de na heastáit tionsclaíochta, agus ar feadh Bhóthar an Náis agus Líne Dhearg an Luais, a thrasnaíonn trí lár na comharsanachta.

Os a choinne sin, ainneoin feidhm fostaíochta an cheantair, freastalaíonn seirbhísí bus ar na príomhbhealaí den chuid is mó, agus ní théann siad isteach sna heastáit tionsclaíochta. Dá bharr sin, ní dhéantar ach 7% de thurais ón gcomharsanacht chuig an gcuid eile den chontae de bhus.

Léiríonn an léarscáil thíos na gréasáin reatha thábhachtach iompair phoiblí agus bóthar a fhreastalaíonn ar an gcomharsanacht seo.


8. Bonneagar Pobail agus Spás Oscailte



Tá na pobail sin an Cloigín Gorm, Baile Bhailcín agus Droimeanach thart timpeall ar an gceantar seo. Tá an ceantar seo gar do roinnt eile pobal, lena n-áirítear Cromghlin, Inse Chór, an Sionnach agus na Géanna, Baile Formaid agus an Pháirc Thiar. Tá roinnt páirceanna ann cheana, gar do cheantar an mháistirphlean, lena n-áirítear Páirc Ascaill Bhaile Bhailcín, Páirc Bhaile an Mhóta agus Páirc Thigh Motháin.

Ar bhunaidhmeanna an Phlean seo, tá cur chun cinn soláthar ríochta poiblí ardchaighdeáin a aithníonn an gá atá le feabhsú spásanna agus páirceanna poiblí agus cathrach reatha, chomh maith le tuilleadh a sholáthar, trí chéimleathas spásanna (Féach Caibidil 8 Cuid 8.7.1). Is aidhm de chuid an Plean Forbartha freisin an acmhainneacht a uasmhéadú chun gréasán nasctha spásanna nádúrtha glasa, spásanna atá aitheanta i nGréasán Bonneagar Glas an phlean seo.


Éascóidh an Plean Forbartha seo cuir chuige agus fíis chomhordaithe i leith aon fhorbairt inbhuanaithe nua ar cheantar Máistirphlean Bhóthar an Náis i gcomhairle le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le gach páirtí leasmhar, lena n-áirítear an pobal áitiúil, chun a chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais an phobail reatha agus nua, agus go seachadfar soláthar bonneagar riachtanach, idir phobail agus fhisiceach, taobh le haon fhorbairt nua.



9. Forbairt Gheilleagrach agus Fostaíocht



Tá na tailte athnuachana ag Bóthar an Náis agus Baile an Mhóta aitheanta mar cheantair thábhachtacha straitéiseacha le haghaidh na fostaíochta san SRSE. Cuireann an próifíl reatha fostaíochta do cheantair seo sa Chontae gur in 'Mórdhíol/Trádáil Mhiondíola' atá 41% d'fhostaithe, agus i 'bhFaisnéis agus Cumarsáid, Airgeadais' atá 21% d'fhostaithe.



De réir mar a athraíonn ceantar Bhóthar an Náis agus a éiríonn an forbairt níos déine ann, beidh aistriú dosheachanta in úsáid na talún agus tuilleadh forbairt úsáide measctha ag tarlú le himeacht ama. Aithníonn an Chomhairle go hiomlán an ról tábhachtach atá ag gnóilochtaí reatha sa cheantar maidir le deiseanna fostaíochta a ofráil agus a bheith ag cuidiú leis an gContae a bheith ag feidhmiú. Beidh ar an gComhairle plean a ullmhú a thabharfaidh feidhmiúcháin reatha san áireamh, lena n-áirítear an méid a bheidh ag teastáil ó earnáil na tionsclaíochta chun fanacht, agus céard a bheadh in ann bogadh. Is gné thábhachtach i leith machnamh mar chuid den bheart leanúnach máistirphleanála é díláithriú féideartha úsáidí reatha sa cheantar agus a gcomhdhlúthú nó athlonnú in áite eile.

10. Seirbhísí Fuinnimh/Bonneagar agus Comhshaoil



Ofrálann athnuachan thailte Bhóthar an Náis faoi mháistirphlean a forbraíodh go cúramach an deis chun a chinntiú go dtógfar fás ar dhúshraith de bhonneagar inbhuanaithe aga mbeidh buntáistí go leor comhshaoil, folláine agus comhfhorbairt áite. Mar chuid de phróiseas na máistirphleanála, táthar ag fiosrú deiseanna maidir le bonneagar fuinnimh áitiúil atá saor ó charbón, stóras cadhnaí, agus dearadh le haghaidh seasmhacht fuinnimh. Táthar ag súil freisin le forbairt úr a bhaineann ardleibhéil feidhmiúcháin éighníomhaigh amach chun laghdú ar an éileamh fuinnimh ar an iomlán.

11. Ceantar Comharsanachta - Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide



Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide

Is é is aidhm do na forálacha leagtha amach sa Phlean Forbartha déanamh lonnaíochta atá dlúth agus nasctha a chur chun cinn, agus ceantair nua chónaithe shuntasacha ar intinn le haghaidh suíomhanna gar do cheantair ina bhfuil iompar poiblí agus/nó fostaíocht cheana. Beidh an tionscadal máistirphleanála ag iarraidh cur chuige inbhuanaithe comhordaithe a chinntiú maidir le forbairt amach anseo i gceantar Bhóthar an Náis, lena n-áirítear talamh athnuachana atá tábhachtach ó thaobh straitéise de a bharrfheabhsú, chomh maith le hinfheistíocht bhonneagair.



Tacaíonn na cuspóirí atá ag teacht chun cinn le haghaidh Mháistirphlean Bhóthar an Náis, amhail coincheap na cathrach 10 nóiméad agus bonneagar fuinnimh atá saor ó charbón, go léir le cuspóirí náisiúnta, réigiúnacha agus plean forbartha maidir le haistriú chuig ísealcharbón agus seasmhacht in aghaidh na haeráide. Ach a bheith ag díriú ar an bhfás sna eochair-réimsí seo, táthar ag tacú le cur chuige seirbhísí éiceachórais. Cosnaíonn sin ceantair nádúrtha agus tá iarracht ann freisin gréasáin ghlasa atá ann cheana a fheabhsú sa timpeallacht uirbeach agus nádúrtha araon.



BÓTHAR AN NÁIS



1,384

Daonra reatha



3,349

Daonra Tuartha 2028



Ár gComharsanachtaí (C)



Conair bhus




Tithíocht



Gluaiseacht Inbhuanaithe



Timpeallán na Bó Deirge



2 Páirc Bhaile Bhailcín

- M ■ Mótarbhealach

- N — Bóthar Náisiúnta

- R — Bóthar

- ◻ rian síuil c.10 nóiméad

- ◻ rian rothaíochta c.10 nóiméad

- Rotharbhealaí Reatha agus Feabhsaithe

- Scéimeanna Molta Rothaíochta



Na hArdtailte Tuaithe

1. Intreoir agus Comhthéacs

Go háitiúil, is fearr aithne ar chomharsanacht na Tuaithe/na Ardtailte mar Shléibhte Bhaile Átha Cliath. Téann an ceantar ó Shruth na gCloch san oirthear, in aice an M50, chuig Cnoc na mBroc san iarthar. Tá an chuid is faide ó dheas den Chontae atá sa limistéar seo 27km ar shiúl ó Bhaile Átha Cliath. Clibíní beaga tuaithe i nGleann an Smóil, ar an mBearna Dhearg agus lonnaíocht tuaithe an Bhriotais.

Déanann an Bóthar Náisiúnta Tánaisteach N81 dhá chuid den chomharsanacht seo ón mBriotás chuig cuarbhealach an M50, agus sraitheanna de bhóthair réigiúnacha agus áitiúla ar fud na mbunchnoc agus na n-ardtailte.

Baineann tírdhreach tuaithe leis an gcomharsanacht agus cuid mhór áiteanna áille ó thaobh radharcra agus nádúir, agus áiteanna móréilimh taitneamhachta agus oidhreacht seandálaíochta. Baineann luach ard tírdhreacha agus leochaileachta le Sléibhte Bhaile Átha Cliath, agus bithéagsúlacht shaibhir atá ainmnithe i bpáirt mar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (LCoS) agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta (LCoS), agus Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta (LONm). Aithnítear bunús an cheantair sa Phlean mar Cheantar Ardluacha Taitneamhachta - Sléibhte Bhaile Átha Cliath.

2. Lárstraitéis agus Straitéis Lonnaíochta

Léirigh an daonáireamh in 2016 daonra de 2,670 duine laistigh de cheantar na n-ardtailte Tuaithe. Sa Lárstraitéis, is ionann an ceantar tuaithe agus an chúlchríoch thuaithe le chéile agus daonra de 5,552 duine.

Táthar ag súil go dtiocfadh an fás sa Chomharsanacht seo trí úsáid éifeachtúil stoc tithíochta tuaithe atá ann cheana, agus a bheith ag freastal ar riachtanas áitiúil le beartas atá leagtha amach i straitéis na lonnaíochtaí tuaithe i gCaibidil 6, *Tithíocht*.

Saináithníonn Plean Straitéiseach Mhórchéantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath (PSMUBÁC) an contae ar fad mar Mhórchéantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath,



agus ceantair tuaithe an chontae faoi thionchar láidir uirbeach i leith tithíocht. Láimhseálfaidh an Plean fás na gceantar tuaithe de réir *Treoirlínte maidir le Tithíocht Tuaithe Inmharthana* (2005) chun róforbairt a sheachaint, agus pobail bhríomhara tuaithe a chothú ag an am céanna de réir CBN 15 agus CBN 19.


3. Oidhreacht Nádúrtha/Chultúrtha agus Thógtha



Tá oidhreacht shaibhir nádúrtha ag baint leis an gComharsanacht seo, agus tréan bithéagsúlachta sna plandaí, ainmhithe, éin, feithidí, agus na gnáthóga a bhaineann.

De réir fhorálacha Chaibidil 4, Bonneagar Glas, tá Abhainn na Dothra agus Gleann an Smóil sainithe ina Limistéar Nádúir Tírdhreacha i Measúnú Limistéar Nádúir Tírdhreacha Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, agus soláthraíonn conairí líneacha lena mbaineann ardluach éiceolaíoch.

Ó tharla go bhfuil an Chomharsanacht suite ar thalamh ard, tá cuid mhór radhairc ghalánta ar limistéir áilleachta nó spéise nádúrtha laistigh dár gContae féin, agus contaetha in aice linn freisin agus radhairc ar Chuan Bhaile Átha Cliath, agus ba cheart iad sin a chaomhnú agus a chosaint de réir Bheartas ONCT15 agus Chuspóir 1 ONCT15 i gCaibidil 3.



Aithnítear i gCuid 3.3 de Chaibidil 3 an tábhacht atá leis an gceantar comharsanachta seo ag a bhfuil sainithe Eorpacha agus Náisiúnta in LCaS Ghleann an Smóil as a Fhéarach Cailcreach lán Magairlí, Cluainte Fionnáin agus Toibreacha Clochraithe; LCaS Shléibhte Chill Mhantáin as na Bratphortaigh, Coillte Darach Arsa, speicis faoi chosaint (m.sh. madraí uisce); agus LCoS Shléibhte Chill Mhantáin ar áit thábhachtach phóraithe agus foráiste é don Mheirliún agus don Seabhac Gorm. Tá an áit sainithe i bpáirt freisin mar LONm. Cuireann oidhreacht chultúrtha na háite a bhaineann le cleachtais thraidisiúnta feirmeoireachta agus lena phobail tuaithe le héagsúlacht an Chontae.

Tá oidhreacht shaibhir éagsúil seandálaíochta agus ailtireachta ag baint leis an gcomharsanacht seo freisin, agus roinnt mhaith struchtúir atá faoi chosaint agus agus méid mór clibíní seandálaíochta. Tá tábhacht le struchtúir dhúchasacha sa cheantar seo freisin, agus soláthraíonn siad tuiscint agus meas ar lonnaíochtaí tuaithe agus úsáid modhanna agus ábhar traidisiúnta tógála. Is tábhachtach an rud é an oidhreacht uathúil seo a chosaint agus a chaomhnú.

4. Bonneagar Glas (BG)



Is gréasán de cheantair nádúrtha agus leathnádúrtha é Bonneagar Glas (BG) ag a bhfuil tréithe eile comhshaoil chun réimse de sheirbhísí éiceachóras a sheachadadh. Aithnítear sa Straitéis Réigiúnach Spásúil Agus Eacnamaíoch gur sócmhainní tábhachtacha BG i gCeantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath iad Sléibhte Bhaile Átha Cliath agus Abhainn na Dothra.

Tá foinse Abhainn na Dothra i nGleann an Smóil, agus téann trí Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, ceantar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus limistéar riaracháin Dhún Laoghaire -Ráth an Dúin agus

téann sí isteach in abhantrach na Canála Móire ar an Rinn. Soláthraíonn an gréasán suntasach deis uathúil gréasán BG Chontae Bhaile Átha Cliath Theas a nascadh le contaetha in aice leis. Is conaire straitéiseach BG í Abhainn na Dothra maidir leis an mbithéagsúlacht mar nascann sí roinnt suíomhanna Natura 2000, Sléibhte Bhaile Átha Cliath/Chill Mhantáin agus Muir na hÉireann.

Aithnítear i gCaibidil 4 den Phlean seo an tábhacht atá le cosaint agus feabhsú Chonair Abhainn an Dothra, chun monatóireacht a dhéanamh ar aon tionchar diúltach ar an mbithéagsúlacht agus ar speiceas faoi chosaint chun luach na conaire seo mar nasc BG tríd an Chontae a choimeád. Is ionann an conair straitéiseach seo agus 'Conair 1 - Abhainn na Dothra' i gCaibidil 4.

Tá an Straitéis um Bonneagar Glas leagtha amach i gCaibidil 4, agus cuspóirí áitiúla mionsonraithe in Aguisín 4. San áireamh lena leithéid de shonraí, tá féidearthacht le haghaidh gréasán spásanna nádúrtha agus leathnádúrtha, gréasán a nascadh páirceanna, gairdíní, aibhneacha, coillte, crainn agus fála scea.

5. Dearadh Ardchaighdeáin agus Comhforbairt Fholláin Áite



Is sainghnéithe de chuid an cheantair comharsanachta seo a thimpeallacht talmhaíochta agus tuaithe agus na luachanna taitneamhachta comhshaoil, geilleagrach agus oidhreachta a bhaineann. Is iad Gleann an Smóil, an Bhearna Dhearg agus an Briotás an mhórchuid d'oidhrecht thógtha an cheantair de bharr na bhfoirgneamh feirme agus talmhaíochta a bhaineann leo, chomh maith le clibín tithe agus tithe aonaracha tuaithe agus fiontair gheilleagracha/thurasóireachta.



Tá an t-ómós áite tuaithe fréamhaithe sa phobal, trí theaghlaigh agus naisc phobail, trí eispéireas seanbhunaithe na meithle, agus i stair agus oidhrecht áitiúil an cheantair agus na ndaoine a d'fhág ina ndiaidh é.

Is é is aidhm do Chaibidil 5 a bheith ag tacú le forbairt comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe ar fud an Chontae atá nasctha le réimse de sheirbhísí agus áiseanna áitiúla agus a riarann orthu.

Is iomaí gné fhisiceach a bhaineann le lonnaíocht a fhágann carachtar agus ómós áite air. San áireamh leo sin, tá snáithe uirbeach an chroí stairiúil, foirgnimh reatha lena mbaineann ardchaighdeán ailtireachta agus gnéithe áitiúla amhail ábhair áitiúla, línte tógála, ballaí, airde na bhfoirgneamh, aibhneacha, srutháin, crainn, fáлта sceacha agus gnéithe eile den tírdhreach áitiúil. Is eochairghné le haghaidh aon phlean forbartha i gceantar na na n-ardtailte tuaithe é aithint agus feabhsú an chomhthéacs agus an charachtair reatha.

I gCaibidil 5, Beartas QDP11, táthar ag iarraidh an t-ómós áite agus an cultúr a chosaint agus a chur chun cinn, chomh maith le tréithe, carachtar agus éagsúlacht cheantair thuaithe an Chontae a fhágann gur áit tharraingteach é chun cónaí, bheith ag obair agus chun cuairt a thabhairt air.

6. Tithíocht



Aithnítear go bhfuil iomlán de thuaithe an chontae faoi thionchar láidir uirbeach de réir mar atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach Mhórchearantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath. Tá leagtha amach i mbeartas náisiúnta go mbeidh soláthar tithé aonaracha faoin tuath bunaithe ar mhachnamh ar ghá geilleagrach nó sóisialta is féidir a léiriú chun cónaí i gceantar tuaithe.

De réir a leithéide d'fhorálacha, tá an plean ag iarraidh cothromaíocht a aimsiú idir tithíocht a éascú le haghaidh daoine ar gá dóibh go dáiríre cónaí i gceantair thuaithe an chontae agus a chuirfidh le geilleagar agus pobal na tuaithe, agus a bheith ag cosaint a leithéide de cheantair ar thithíocht chathairghinte agus tithíocht a d'ímreodh drochthionchar ar charachtar an tírdhreacha, cáilíocht an chomhshaoil agus taitneamhacht an radharcra.

Baineann na beartais tithíochta tuaithe i gCaibidil 6, Cuid 6.10 den Plean Forbartha seo le tailte atá sainithe ina limistéir TU: Taitneamhacht Tuaithe; AT-SBÁC: Ard-taitneamhacht - Sléibhte Bhaile Átha Cliath; agus AT-DV: Ard-taitneamhacht - Gleann na Dothra. Is ainmnithe iad arb aidhm dóibh Ceantair Ghleann na Dothra agus Shléibhte Bhaile Átha Cliath a chosaint agus a chur chun cinn.

7. Gluaiseacht Inbhuanaithe



I gCaibidil 7 den Plean, tá beartais agus cuspóirí i leith gluaiseacht inbhuanaithe a éascóidh agus a chuirfidh leis an siúl, an rothaíocht agus úsáid iompair phoiblí, agus a laghdóidh ar úsáid carranna príobháideacha le himeacht ama. Rinne staidéir ar Ghluaiseacht Inbhuanaithe, a rinneadh mar chuid den ullmhúchán don Plean Forbartha, eolas don phróiseas seo. Mar chuid díobh sin, bhí scrúdú mion ar phatrúin ghluaiseachta laistigh de na comharsanachtaí, ag súil le tionscadail a aithint a spreagfaidh taisteal gníomhach agus úsáid iompair phoiblí.

Aithnítear roinnt saincheistanna tábhachtach sna staidéir sin, agus tá na réitigh a mholtar don cheantar seo aitheanta thíos.



Ní dhéantar ach 11% de thurais de chos sa Chomharsanacht seo. Is é sin an céatadán is ísle don siúl sa Chontae.

Gluaiseacht Imheánach Comharsanachta



1%*

Laistigh den Chomharsanacht agus i dtreo an Chontae araon, ní dhéantar ach 1% de thurais ar an meán ar rothar.

Gluaiseacht ó Chomharsanacht go Contae



6%

Díreach 6% de thurais ón gComharsanacht chuig an gcuid eile den Chontae a dhéantar ar an mbus.



20%*

90%

50%*

Is í an chomharsanacht seo a mbaineann an céatadán is airde de thurais laistigh den Chontae i gcarr.

*Sprioc an Chontae



Turais a dhéantar i gCarr:

11% 0-3km

Tabhair Tosaíocht don Siúl Déantar 11% de thurais faoi 3km i gcarr – Aithnítear nach mbíonn ceantair thuaithe sábháilte don siúl i gcónaí.

20% 3-6km

Tabhair Tosaíocht don Rothaíocht Is le haghaidh achair 3km-6km a dhéantar 20% de thurais — Go hidéalach, d'fhéadfaí cuid de na turais sin a dhéanamh ar rothar.

69% 6km+

Déan tosaíocht don Iompar Poiblí. Is le haghaidh achair thar 6km atá 69% de thurais chairr - B'fhéidir go bhfuil deis ann aistriú chuig iompar poiblí le haghaidh cuid de na turais níos faide sin.



Achoimre ar Phríomhfhadhbanna

Tá easpa soláthar maith cosáin i lonnaíochtaí beaga tuaithe na Comharsanachta, agus níl siad nasctha leis an gcuid eile den chontae de bharr a n-iargúlachtachta.



Níl aon lánáí rothaíochta laistigh den Chomharsanacht seo, agus fágann an trácht ar bhóthair thuaithe nach timpeallacht tharraingteach do rothaithe iad.



Fágann an easpa seirbhísí iompair phoiblí agus carachtar scaipthe na lonnaíochtaí gur taisteal cairr is mó a dhéantar agus gur deacair an rud é seirbhísí bus a sholáthar agus a rochtain.



Cuireann an dícheangal agus an easpa soláthar bonneagair gréasáin thart ar an gcomharsanacht seo úsáid carranna chun cinn do bhunadh na háite agus do chuairoteoirí araon in áit tairbhe a bhaint as féidearthacht uathúil an tsuímh.

Réitigh a Mholtar

Bealaí a fhiosrú chun cosáin a sholáthar do lonnaíochtaí san áit ar féidir; tionscnaimh Turasóireachta cnocadóireachta a fhorbairt; naisc níos fearr a shláthar le Síí Shléibhte Bhaile Átha Cliath.

Bá cheart áiseanna rothaíochta níos fearr a sholáthar don cheantar seo ó thaobh taisteal gníomhach agus ó thaobh fóillíochta araon. Is gá roghanna níos sábháilte rothaíochta ar feadh bealaí mórélímh rothaíochta a roinneann bealaí faoi láthair le feithicíl innealta.

An tseirbhís iompair phoiblí TFI Local Link a leathnú agus áiseanna níos fearr feithimh a sholáthar.

Nascacht le háiteanna tábhachtacha turasóireachta a fheabhsú san áit ar féidir, agus laistigh de na príomhlonnaíochtaí tuaithe sa cheantar máguaird, agus chucu.



Gníomhú ar son na hAeráide

Cinnteoídh bearta chun méadú ar an siúl agus rothaíocht, agus chun laghdú ar úsáid carranna príobháideacha astaíochtaí laghdaithe carbóin, agus mar thoradh air sin, beidh caighdeán an air níos fearr agus beidh dea-thionchar i leith gníomhú ar son na haeráide.

8. Bonneagar Pobail agus Spás Oscailte



Tacaíonn réimse d'áiseanna pobail atá oiriúnach dá bhfeidhm, inrochtana agus inoiriúnaithe anois agus amach anseo, le Comharsanachtaí Rathúla Inbhuanaithe

Daingníonn na daoine agus na pobail ina maireann siad an chomharsanacht seo. Is iad an iargúlacht agus an scoiteacht saintréithe na n-ardtailte tuaithe, ach is é sin an fáth a dtarraingítear pobail níos gaire dá chéile. Cabhraíonn an dá ionad pobail sa cheantar leis sin, agus soláthraíonn siad mol le haghaidh cruinnithe sóisialta agus áineasa. Maidir leis an ionchuimsitheacht shóisialta agus imeascadh le haghaidh na todhchaí, tá sé tábhachtach caighdeán na beatha i pbobail tuaithe a fheabhsú agus bonneagar riachtanach pobail a sholáthar.

Síneadh
Ionad Pobail
Ghleann an
Smóil

Pleanáil Faofa




I gCaibidil 8 den Phlean, tá beartais agus cuspóirí a thacóidh agus a éascóidh seachadadh áiseanna nua leagtha amach, lena n-áirítear forbairt chéimnitheach fhearann páirce éiceolaíoch Choill Tobair agus an síneadh reilig Bhóthar na Bruíne. Faomhadh síneadh ar Ionad Pobail Ghleann an Smóil freisin, féach léarscáil 12.5.

9. Forbairt Gheilleagrach agus Fostaíocht



Is ar fhiontair thuaithe, talmhaíocht, tionscail eistarraingtheacha agus taitneamhachtaí turasóireachta atá deiseanna fostaíochta na comharsanachta seo bunaithe. Aithnítear sa *Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, Ár nAcmhainn Tuaithe a Bhaint Amach* dhá thábhacht ar leith a bhaineann le tacú le fiontraíocht/fostaíocht tuaithe agus le féidearthacht turasóireacht agus áineasa na tuaithe a uasmhéadú.

Is den ríthábhacht iad deiseanna éagsúlaithe tuaithe chun geilleagar inmharthana tuaithe a chothú. Tacóidh a leithéid d'fhorbraíochtaí tuaithe agus Ionad Cuairteoirí Shléibhte Bhaile Átha Cliath le fostaíocht tuaithe agus cothóidh siad turasóireacht tuaithe. Tacóidh conair Ghlasbhealach na Dothra, a nascann Lár Chathair Bhaile Átha Cliath le Gleann an Smóil, le háiseanna áineasa Shléibhte Bhaile Átha Cliath. Leanfaidh tacaíocht do shlite áitiúla turasóireachta agus oidhreachta ar aghaidh ar fud Shléibhte Bhaile Átha Cliath agus féidearthacht aitheanta chun an Briotás, Teach Sagard agus Ráth Cúil a nascadh.



Leanfaidh tacaíocht d'fhiontair thuaithe amhail talmhaíocht, gairneoireacht agus foraoiseacht ar aghaidh san áit a mbeidh a leithéid de mholtaí faoi réir na príomhúsáide talmhaíochta, agus faoi réir cosaintí tráchta agus timpeallachta. Is samplaí dá leithéid d'fhiontair iad fiontair éagsúlaithe feirme agus turasóireachta talmhaíochta.

10. Fuinneamh



I gCaibidil 10, tá na beartais agus na cuspóirí a bhaineann leis an bhFuinneamh leagtha amach. Éascaíonn cur chun cinn déanaimh dhlúith forbraíochta deiseanna chun éifeachtúlachtaí fuinnimh a fhorbairt laistigh de Comharsanachtaí. Sa Cheantar Comharsanachta seo, is é béim an Phlean: a chinntiú go ndiúltaítear do thithíocht tuaithe chathairghinte chun laghdú ar sraoilleáil uirbeach neamh-inbhuanaithe agus ar thimaistriú; éifeachtúlachtaí fuinnimh a chur chun cinn i bhfoirgnimh ata ann cheana; athfheistiú a spreagadh agus a éascú; agus, dearadh ardchaighdeán a éileamh i dtithe nua atá tíosach ar fhuinneamh de réir Chaibidil 5 agus Chaibidil 6.



11. Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil



Cuirfidh ailíniú úsáide talún agus bonneagar uisce agus fuíolluisce le héifeachtúlacht an bhonneagair sa cheantar seo. Tá sonraí i leith Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil leagtha amach i gCaibidil 11. Is dúshlán ollmhór é screamhuisce sléibhe atá ag an gComharsanacht seo agus is gá bainistíocht chúramach ina leith. Tá Gleann an Smóil agus Oibreacha Uisce Bhóthar na Bruíne ar urlár an ghleanna íogair maidir leis an screamhuisce seo.

Coisceann Cuid 11.2 den Phlean an fhorbairt laistigh den cheantar srianta sin atá léirithe ar Léarscáil Áiteanna Srianta Thaiscumar Ghleann an Smóil.

Is féidir go mbíonn tionchar ag tacaí feiceálacha bonneagair amhail línte cumhachta agus agus gléasra teileachumarsáide ar thaitneamhacht amhairc agus ar thírdhreacha íogaire sa cheantar seo, agus ní mór a suíomh a mheas go cúramach.

12. Ceantar Comharsanachta - Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide



Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide

Aithnítear i *bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Fuinnimh Baile Átha Cliath Theas* gur modh tábhachtach maireachtála do chuid de bhunadh an chontae í an talmhaíocht mar shlí bheatha. Tacaíonn an Plean le héagsúlú tuaithe, amhail fiontair ghnó thalmhaíochta bunaithe ar phlandálacha nua foraoiseachta ar féidir leo ról ríthábhachtach a imirt san aistriú chuig geilleagar agus sochaí atá íseal i gcarbón agus seasmhacht ó thaobh na haeráide.

Tá sé ríthábhachtach ceantar tuaithe a chosaint, rud a fheabhsaíonn gréasáin ghlasa reatha ach cosáin reatha agus naisc/conairí glasa a chur chun cinn agus a fheabhsú. Cabhróidh seachadadh Pháirc Choill an Tobair mar chuid d'fheabhsúchán ghréasán bonneagair ghlais an cheantair le ceapadh carbóin.



Tá deis shuntasach maidir le conairí gluaiseachta Agus iompair a bheith ina naisc thábhachtacha i ngréasán bonneagair ghlais na Comhairle, mar cuireann siad deiseanna ar fáil haghaidh tuilleadh plandáil crann agus fála sceacha dúchasacha agus pailneoirí, a chuirfidh tar a éis sin leis an mbithéagsúlachta agus le ceapadh carbóin. Beidh féidearthacht ag baint le cuir i bhfeidhm Ghlasbhealach na Dothra chun laghdú ar thionchair ar an aeráid ach aistriú a spreagadh ón gcarr príobháideach chuig an rothaíocht.



3 Bóthar na Bruíne



2 Síí Shléibhte Bhaile Átha Cliath



4 Helfire Club



1 Páirc Choill an Tobair

Scoileanna Reatha	1 Páirc Choill an Tobair
Páirceanna agus Áineas	2 Síí Shléibhte Bhaile Átha Cliath
Áiseanna Pobail Nua/Uasghrádú	3 Bóthar na Bruíne/ Gleann an Smóil
Bonneagar Glas	4 Hellfire Club
Geilleagar (Turasóireacht)	5 Gleann an tSláid
Slíte Siúil	6 Ionad Cairteoirí Shléibhte Bhaile Átha Cliath
Gluaiseacht Inbhuanaithe/ Stad Luas	7 Taiscumar Bhóthar na Bruíne
M Mótarbhealach	Páirceanna agus Áineas
N	Síí Shléibhte Bhaile Átha Cliath
	Teorainn Chomharsanachta



Tamhlacht

1. Intreoir agus Comhthéacs

Tá comharsanacht sin Thamhlachta suite 12km siar ó Lár Bhaile Átha Cliath. Is í an chuid lárnach de Chontae Bhaile Átha Cliath Theas í, chomh maith le cuid de bhruachbhailte Bhaile Átha Cliath agus den Mhórchéantar Uirbeach. Tá sé ar an taobh theas de chonair gheilleagrach an N7 agus taobh thiar den M50. Is cuid de chonair straitéiseach an Iardheiscirt é atá atá aitheanta san SRSE, agus de na ceantair fáis a bhaineann le Bóthar an Náis agus leis an Lár.


Tá nasc díreach Luais agus naisc bhus ag an gcomharsanacht seo le Cathair Bhaile Átha Cliath. Tá roinnt áiteanna ar leith laistigh den mhórchomharsanacht atá thart timpeall ar Lár Bhaile Thamhlachta agus croí stairiúil Thamhlachta, lena n-áirítear tailte athnuachana straitéisí i mBaile an Chócaigh agus i gCnoc na Giolcaí agus na tailte tábhachtacha fostaíochta lonnaithe ar fud na comharsanachta seo, agus in Eastáit Tionsclaíochta na nGlaschnoc agus Thamhlachta.

2. Lárstraitéis agus Straitéis Lonnaíochta



Léirigh an daonáireamh in 2016 daonra de 71,359 duine agus daonra tuartha de 76,525 duine, chun fás féideartha de 5,175 duine thar thréimhse an phlean a chur san áireamh. Tá an chomharsanacht lonnaithe laistigh de theorainn Lonnaíochta Chathair agus Bhruachbhailte Bhaile Átha Cliath de réir mar atá leagtha amach i gCaibidil 2, Tábla 13. Tá leagtha amach sa Phlean go soláthróidh forbairt leanúnach na lár uirbeach éagsúil i mBaile Átha Cliath agus a Bruachbhailte forbraíocht nua úsáide measctha arb í an t-inneall í a chuireann fás chun cinn sa timpeallacht uirbeach.

Is é Tamhlacht an príomh-lárionad riaracháin le haghaidh Bhaile Átha Cliath Theas agus is Lárionad Miondíola Leibhéil 2 é sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch. Lasmuigh de Lár Bhaile Thamhlachta, is sainghné den cheantar iad comharsanachtaí ísealdlúis bruachbhailteacha atá bunaithe thart timpeall



ar ghréasán de lárionaid áitiúla mhiondíola. Tá féidearthacht shuntasach ann le haghaidh forbairt ar thailte athfhorbraíochta ar fud na comharsanachta.

Tá Eastáit Thionsclaíochta Bhaile an Chócaigh agus Chnoc na Giolcaí sainithe le Cuspóir Críosaithe Athghiniúint 'ATHGHIN'. Tá roinnt castachtaí ag baint le seachadadh a leithéide de thailte athfhorbraíochta ar gá dóibh níos mó ama ná láithreáin úrnua. Agus an tuiscint sin ar intinn, beidh roinnt ama ag teastáil ar na tailte seo chun go n-athróidh an ról a imríonn siad, cé gur suntasach an ról é, ó cheantair uirbeacha nach mbaintear dóthain úsáide astu atá in aice le hiompar ardacmhainneachta chuig ceantair fáis cónaithe agus fostaíochta. Is eochairchuspóir de chuid an Phlean seo a chinntiú go mbíonn forbairt a leithéidí de cheantair beartaithe agus comhordaithe ar bhealach atá in ann comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe nua a sheachadadh.

3. Oidhreacht Nádúrtha/Chultúrtha agus Thógtha



Is é 'Uirbeach' an cineál tírdhreacha atá sa cheantar seo, agus d'fhás sé mar shíneadh ar Lár Chathair Bhaile Átha Cliath timpeall ar ghnéithe nádúrtha a bhí ann cheana. Téann an Dothair ar feadh dheisceart na comharsanachta seo (Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta (LONm)), agus an Poitéal ag dul go díreach trí lár na comharsanachta.

Soláthraíonn Páirc Thig Motháin ceantar a bhfuil taitneamhacht agus luach áineasa ardchaighdeáin ag baint leis

i gceantar atá uirbeach go príomha agus roinnt séadchomhartha agus áiteanna taifeadta inti.

Tá oidhreacht sa cheantair seo, agus is cuid thábhachtach den Phlean é a caomhnú agus a cosaint. De réir fhorálacha Chaibidil 3 agus 5 den phlean, ní mór d'fhorbairt nua meas a léiriú ar an

timpeallacht thógtha stairiúil, eochairghné d'fhéiniúlacht an cheantair seo. Tá Sráidbhaile Thamhlachta agus Teachíní Bhaile an Ridire sainithe ina Limistéir Comhaontais Ailtireachta (LCAnna), rud a léiríonn go bhfuil grúpaí ardchaighdeán struchtúr i gceantar an tsráidbhaile agus go gcuireann siad le suíomh agus le taitneamhacht amhairc an tsráid-dreacha.

50

Séadchomharthaí & Áiteanna

16

Struchtúir
Saoi Chosaint

4. Bonneagar Glas (BG)



Mar cheantar seanbhunaithe comharsanachta, tá roinnt mhaith crainn aibí sa cheantar seo freisin, agus iad go léir ina mbearta Bonneagair Ghlais agus Oiriúnaithe Aeráide. Téann Abhainn na Dothra ar feadh theorainn theas Thamhlachta. Is eochairnasc é Glasbhealach na Dothra taobh leis an gconair shuntasach éiceolaíoch arb í an Dothair í Tá Abhainn an Phoitéil lonnaithe sa cheantar seo freisin, agus fiosrófar deiseanna chun an lintéar a bhaint. Is iad na réimsí uisce seo an eochair-ais don ghréasán BG sa Cheantar Comharsanachta seo. Tá roinnt mhaith crainn fásta sa cheantar seo freisin, ar gné lárnach den ghréasán BG iad.

Tá féidearthacht aitheanta ag an Straitéis um Bonneagar Glas a rinneadh chun tacú leis na beartais agus na cuspóirí atá leagtha amach i gCaibidil 4 den Phlean, le haghaidh gréasán spásanna nádúrtha agus leathnádúrtha, gréasán a nascadh páirceanna, gairdíní, aibhneacha, coillte, crainn agus fála scea. Imreoidh cinntiú tionchair íosta ón soilsiú ar an imeall uirbeach tuaithe ról tábhachtach maidir le bithéagsúlacht a chosaint sa cheantar uirbeach seo. Tá siombailí ag dul le heochairnaisc bonneagair ghlais laistigh den cheantar comharsanachta seo i Léarscáil an Cheantair Comharsanachta thíos, le fáil ag deireadh na rannóige seo.

5. Dearadh Ardchaighdeáin agus Comhforbairt Fholláin Áite



Is beartas i gCaibidil 5 é a bheith ag tacú le forbairt comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe ar fud an Chontae atá nasctha le réimse de sheirbhísí agus áiseanna áitiúla agus a riarann orthu. Beidh gá le forbairt nua chun 'Cur Chuige an Phlean' a chur i bhfeidhm. An aidhm atá leis an gcur chuige seo ná a chinntiú go mbeidh gach forbairt deartha agus forbartha ar bhonn ocht eochairphrionsabal, agus an aidhm atá leo sin ná a chinntiú go dtapófar gach deis an fhís do Chontae Bhaile Átha Cliath Theas a chur chun tosaigh, agus tacú léi, chun áiteanna tarraingteach nasctha feidhmiúla a chruthú chun cónaí, bheith ag obair, bualadh le chéile agus infheistíocht a dhéanamh iontu, agus cuairt a thabhairt orthu.



Ní mór soláthar ríochta poiblí ardchaighdeáin amhail Ríocht Phoiblí agus Cearnóg Chathrach Thamhlachta atá beartaithe don Chomharsanacht seo chun comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe a bhaint amach. Is cuid de thairiscint rathúil 'Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí' Thamhlachta, a bhfuil d'aidhm aige gréasán tionscadal a chruthú a fheabhsóidh le chéile an ríocht poiblí agus a spreagfaidh dearadh ardchaighdeáin agus comhforbairt fholláin áite. Baineann na tionscadail seo le soláthar bonneagar thábhachtaigh, seirbhísí agus tionscadal cathrach, cónaitheach agus taitneamhachta a bheidh ina spreagadh le haghaidh fás leathan fadtéarmach Thamhlachta mar bhaile beo agus croí bláfar Chontae Bhaile Átha Cliath Theas.

6. Tithíocht



De réir forálacha beartais Náisiúnta agus Réigiúnacha, tá déanamh dlúth lonnaíochta leagtha amach i gCaibidil 2 den Phlean ar ghá dó comhdhlúthú ceantar cónaithe reatha sa cheantar comharsanachta seo ag teastáil uaidh ar chaoi a chosnóidh áiseanna reatha agus a chuirfidh taca faoi bhonneagar fisiceach agus pobail, idir bhonneagar reatha agus beartaithe.

Chomh maith le comhdhlúthú an cheantair uirbigh reatha beidh forbraíocht nua chónaithe lonnaithe laistigh de Lár Bhaile Thamhlachta ar na tailte a aithníodh mar 'ATHGHIN' agus ar thailte i gCill an Ardáin de réir mar atá leagtha amach i léarscáil an Cheantair Comharsanachta thíos. De réir na Lárstraitéise, Caibidil 2, achoimríonn Tábla 10 gurb í forbairt nua chónaithe sa cheantar seo a éascóidh c. 11% d'fhás tithíochta an Chontae. Is ionann sin agus 2,000 aonad nua ar le linn an phlean.

Beidh na tailte 'ATHGHIN' laistigh de Thamhlacht ríthábhachtach maidir le seachadadh na n-áiseanna níos fadtéarmaí cónaithe agus úsáide measctha (tithíocht/miondíol/oifigí) i gcroílár Thamhlachta. Tá na tailte seo suite ar shuíomh straitéiseach taobh le Lár Bhaile Thamhlachta, agus tá rochtain ar iompar poiblí ar dhaicheadh ar mar bhuntáiste acu, chomh maith le seirbhísí agus a ghaire atá siad do lár na cathrach. Freastalóidh soláthar tithíochta laistigh de thailte aitheanta i gCill an Ardáin ar suas le 500 baile i gContae Bhaile Átha Cliath Theas ar thailte an Údaráis Áitiúil. Soláthróidh an scéim suas le 300 teach inacmhainne agus san áireamh leis an bhforbraíocht freisin, beidh ionad nua pobail agus pailliún spóirt chun freastal ar an bpobal agus ar riachtanais spóirt na ndaoine.

11%
d'Fhás an
Chontae


De réir fhoráil Chaibidil 6, Tithíocht, is é is aidhm do bheartais agus cuspóirí an Phlean a chinntiú go seachadfar tithíocht nua ar chaoi a éascóidh riachtanais réimse de dhaoine éagsúla leagtha amach, rud a sholáthróidh cothromaíocht i dtéarmaí meascán aonaid agus cineálacha seilbhe. Is féidir go gcuireann dearadh, feidhm agus leagan amach scéimeanna cónaithe go mór le seachadadh comhfhorbartha folláine áite agus Gníomhaithe ar son na hAeráide.

7. Gluaiseacht Inbhuanaithe



I gCaibidil 7 den Phlean, tá beartais agus cuspóirí i leith gluaiseacht inbhuanaithe a éascóidh agus a chuirfidh leis an siúl, an rothaíocht agus úsáid iompair poiblí, agus a laghdóidh ar úsáid carranna príobháideacha le himeacht ama. Rinne staidéir ar Ghluaiseacht Inbhuanaithe, a rinneadh mar chuid den ullmhúchán don Phlean Forbartha, eolas don phróiseas seo. Mar chuid díobh sin, bhí scrúdú mion ar phatrúin ghluaiseachta laistigh de na comharsanachtaí, ag súil le tionscadail a aithint a spreagfaidh taisteal gníomhach agus úsáid iompair poiblí.

Aithnítear roinnt saincheisteanna tábhachtach sna staidéir sin, agus tá na réitigh a mholtar don cheantar seo aitheanta thíos.



<p>33% 0-3km Tabhair Tosaíocht don Siúl Is le haghaidh achair faoi 3km atá 33% de thurais chairr -</p>	<p>21% 3-6km Tabhair Tosaíocht don Rothaíocht Is le haghaidh achair 3km-6km atá 21% de thurais chairr. D'fhéadfadh cuid mhór de na turais ghearra/mheánachair sin a dhéanamh ar rothar.</p>	<p>46% 6km+ Tabhair Tosaíocht don Iompar Poiblí Is le haghaidh achair os cionn 6km atá 46% de thurais chairr</p>
---	--	---

D'fhéadfadh cuid mhór de na turais an-ghearr sin a dhéanamh de chos.

- Tá deis ann aistriú chuig iompar poiblí le haghaidh na dturas níos faide sin.



Achoimre ar Phríomhfhadhbanna



Tá easpa áiseanna maithe cosán ag baint le príomh-mhórbhealaí amhail iad siúd ar feadh an N81 Baile Coimín ar bealaí iad chuig scoileanna. Sna am i láthair, tá críocha géara ar na cosáin agus tá cóireálacha cosán ar iarraidh fosta, rud a fhágann an siúl mítharraingteach.



Níl na lánáí rothaíochta thart ar OTBÁC, an Cearnóg agus Ionad Siopadóireachta Chill na Manach leithscartha, agus roinneann siad lánáí le busanna agus le trácht carranna, rud nach spreagann an rothaíocht.



Tá easpa nasc idir na busanna agus an Luas ba chóir a réiteach réiteach ag gach stad ar feadh Líne Dhearg an Luais laistigh den Chomharsanacht.



Carranna is mó a fheictear ar na sráideanna, rud a chruthaíonn timpeallacht chontúirteach phlúchta d'úsáideoirí eile. Is gá sráideanna a athghabháil le haghaidh modhanna eile taistil agus nascacht le haghaidh rothaithe agus coisithe araon.

Réitigh a Mholtar

Is gá nasc níos fearr siúil chuig scoileanna agus chuig an N81 chomh maith le huasghrádú iomlán ar gach áis chosáin ar fud na Comharsanachta chun timpeallacht leanúnach shábháilte a chinntiú.

Mar chuid den scéim Baile Átha Cliath Theas ar Rothar, beidh mórcheantar Thamhlachta nasctha le gréasán lánáí rothaíochta a nascann le codanna eile den Chontae freisin. Beidh gá le páirceáil rothar ag cinn scríbe tábhachtacha amhail scoileanna, siopaí agus ag staid iompair poiblí.

Cabhróidh BusConnects agus an t-idir-mhalartú iompair ag an gCearnóg chun fadhbanna iompar phoiblí a réiteach. Nascfaidh na cuarbhealaí nua W2 agus W4 Tamhlacht le Cluain Dolcáin, Gleann na Life, Baile Bhlainséir agus roinnt bealaí droma/géige eile molta freisin. Nascfaidh cuid mhór acu go díreach le Stad Luais Thamhlachta.

Ba cheart na bearta moillithe tráchtacha seo a chur i bhfeidhm, go háirithe i lár Thamhlachta, áit a bhfuil bunús na n-áiseanna (.i. Ionad Siopadóireachta na Cearnóige, Foirgnimh na

Comhairle, OTBÁC srl.) ar
mhaithe le tosaíocht a
thabhairt don siúil agus
rothaíocht. Tá sé sé
iontach ábhartha thart ar
an Ospidéal freisin.



Spriocanna Astaíochtaí

Cinnteoigh bearta chun méadú ar an siúl agus rothaíocht, agus chun laghdú ar úsáid carranna príobháideacha astaíochtaí laghdaithe carbóin, agus mar thoradh air sin, beidh caighdeán an air níos fearr agus beidh dea-thionchar i leith gníomhú ar son na haeráide.

Ar na tionscnaimh eile sa chomharsanacht, tá Tionscnamh na Sráideanna Scoile ag na Scoileanna Naofa, Scoil Náisiúnta Mharcais agus Scoil Náisiúnta Naomh Maelruan, tionscnamh a mbeidh mar aidhm aige srian a chur le trácht innealta laistigh de shráid nó limistéar comhaontaithe lasmuigh de gheata na scoile le timpeallacht níos sábháilte a chruthú inar féidir le leanaí mothú spreagtha chun dul ar scoil ar cos, rothar nó scútar. Is comhpháirtithe sa tionscnamh iad Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Cabhróidh na feabhsúcháin shuntasacha iompair atá beartaithe don cheantar seo, chomh maith le cur i bhfeidhm na bhfeabhsúchán féideartha a aithníodh, go mór maidir le hathrach iontaofa tarraingteach ar úsáid carranna príobháideacha a oibríodh d'ídir óg agus aosta agus dhaoine de gach cineál cumais.




8. Bonneagar Pobail agus Spás Oscailte



Tacaíonn réimse d'áiseanna pobail atá oiriúnach dá bhfeidhm, inrochtana agus inoiriúnaithe anois agus amach anseo, le Comharsanachtaí Rathúla Inbhuanaithe. Tá roinnt áiseanna Pobail ag an gCeantar Comharsanachta seo cheana, agus roinnt áiseanna nua geallta nó beartaithe thar thréimhse an phlean le freastal ar an daonra reatha sa cheantar agus ar an daonra amach anseo.

I gCaibidil 8 den Phlean, tá beartais agus cuspóirí a thacóidh agus a éascóidh seachadadh na n-áiseanna nua sa cheantar comharsanachta seo leagtha amach. San áireamh leis seo, beidh áiseanna nua ag Páir Thigh Motháin agus Páirc Sheáin Bhreatnaigh, agus áiseanna nua nó feabhsaithe pobail i gCill an Ardáin agus i mBábhún Thigh Motháin. Aithníodh sa Phlean seo freisin, i gcomhairle leis an Roinn Oideachais, láithreán scoile nua taobh le Lár Bhaile Thamhlachta.




Le dul chuig Pleanáil 2021

Ionad Pobail Pháir Thigh Motháin

1 Láithreán Nua Scoile

Ionad Pobail Chill an Ardáin




9. Forbairt Gheilleagrach agus Fostaíocht



Is é is aidhm don phlean seo úsáid mheasctha/fás fostaíochta a éascú laistigh de na lár a aithníodh sa cheantar comharsanachta seo, lena n-áirítear laistigh de lár an bhaile agus ar na tailte 'ATHGHIN' a aithníodh i mBaile an Chócaigh agus i gCnoc na Giolcaí. Soláthraíonn Ospidéal Ollscoile Thamhlachta fostaíocht shuntasach go díreach agus go hindíreach, agus is féidir a thionchar a fheiceáil ar na seirbhísí leighis agus na seirbhísí a bhaineann i lár an bhaile.

Tá ról lárnach le himirt ag Campas Thamhlachta OTBÁC mar an phríomhinstitiúid ardoideachais i gContae Bhaile Átha Cliath Theas, agus níos mó na 4,500 neach léinn an. Tá sé ionchorpraithe anois in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, agus síneadh eile den champas ar na bacáin. Cuireann Caibidil 9, Beartas FDF6 Cuspóir 2, chun cinn forbairt moil Teicneolaíochta agus Nuálaíochta i gcomhar le OTBÁC agus Tamhlacht mar ancaire.



Soláthróidh seo tacaíocht le haghaidh tionscnaimh ghoradáin, nuálaíochta agus forbartha gnó atá lonnaithe chun tógáil ar ghníomhaíochtaí taighde agus teicneolaíochta in OTBÁC; le hiompar tacaíochta; bonnagar leathanbhanda; agus meascán éagsúil earnála áitiúla.

Aithnítear sa Phlean freisin gur spreagthóir suntasach geilleagrach í an turasóireacht, go dtacaíonn sí le cruthú jabanna ar feadh réimse éagsúil earnálacha. Tá forbairt na turasóireachta sa cheantar seo bunaithe thart ar na sócmhainní suntasacha oidhreachta tógtha agus Páirc agus Glasbhealach na Dothra a nascann an ceantar seo agus an Contae le Sléibhte Bhaile Átha Cliath agus Chill Mhantáin.

10. Fuinneamh



I gCaibidil 10, tá na beartais agus na cuspóirí a bhaineann leis an bhFuinneamh leagtha amach. Éascaíonn cur chun cinn déanaimh dhlúith forbraíochta deiseanna chun éifeachtúlachtaí fuinnimh a fhorbairt laistigh den Chomharsanacht seo. Is é seachadadh Téamh Ceantar Ísealcharbóin trí scéim HeatNet Thamhlachta an chéad uair a rinneadh a leithéid in Éirinn. Úsáideann téamh ceantair fuíollteas as foinsí amhail giniúint leictreachais trí ghréasáin de phíobáin inslithe. Go ginearálta, soláthraíonn sé téamh spáis agus uisce té d'fhoirgnimh chónaithe agus thráchtála, agus é i bhfad níos inbhuanaithe ná modhanna traidisiúnta a bhaineann úsáid as gaileadáin aonair gáis nó óla.

Chomh maith leis an bhféidearthacht thuas, díríonn an Plean ar: éifeachtúlachtaí fuinnimh a chur chun cinn i bhfoirgnimh atá ann cheana, athfheistiú a spreagadh agus a éascú, dearadh ardchaighdeán a éileamh i dtithe nua atá tíosach ar fhuinneamh de réir Chaibidil 5 agus Chaibidil 6 agus modhanna iompair atá níos gníomhaí agus níos inbhuanaithe a chur chun cinn agus a éascú, chomh maith le cur i bhfeidhm pointí luchtaithe leictreacha de réir Chaibidil 7 den phlean seo.

11. Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil



Cuirfidh ailíniú úsáide talún agus bonneagar uisce agus fuíolluisce le héifeachtúlacht an bhonneagair sa cheantar seo. Tá sonraí i leith Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil leagtha amach i gCaibidil 11. Freastalaíonn Ionad Cóireála Uisce an Bhaile Mhóir ar an gceantar seo trí Thaiscumar Bhealach Ard. Is gá uasghráduithe acmhainneacht ar an ghréasán reatha séarach ar Bhóthar Airton agus i mBaile an Chócaigh chun tacú le forbairt.



12. Ceantar Comharsanachta - Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide



Iniúchadh ar Gníomhú Aeráide

Is é is aidhm do na forálacha leagtha amach sa Phlean Forbartha déanamh lonnaíochta atá dlúth agus nasctha a chur chun cinn, agus ceantair nua chónaithe shuntasacha ar intinn le haghaidh suíomhanna gar do cheantair ina bhfuil iompar poiblí agus/nó fostaíocht.

An aidhm atá leis an bplean ná úsáid éifeachtúil talún sa chomharsanacht seo a éascú, ag díriú ar fhorbairt na gceantar tábhachtach sin lár Thamhlachta, agus na tailte athnuachana taobh leis, comh maith le comhdhlúthú lár áitiúil chun dlúis forbartha agus úsáidí a bhaint amach ar féidir leo tacú le háiteanna bríomhara dlútha insiúlta a thugann tús áite do ghluaiseacht coisithe agus rothaithe.



Ach a bheith ag díriú ar an bhfás sna eochair-réimsí seo, táthar ag tacú le cur chuige seirbhísí éiceachórais. Cosnaíonn sin ceantair nádúrtha agus tá iarracht ann freisin gréasáin ghlasa atá ann cheana a fheabhsú sa timpeallacht uirbeach agus nádúrtha araon trí chur chun cinn agus feabhsú cosán agus glasbhealaí reatha laistigh de Chomharsanacht Thamhlachta.

TAMHLACH T



71,350

Daonra reatha



76,525

Daonra tuartha 2028

Ár gComharsanachtaí (C)






3 4ú hArdán Tamhlacht




Spás Oscailte



Feabhsúcháin Ríochta Poiblí















Sráidbhaile



Forbraíocht Úsáide

-  Scoileanna Nua
-  Páirceanna agus Áineas
-  Áiseanna Pobail Nua/Uasghrádú
-  Bonneagar Glas
-  Feabhsúcháin Ríochta Poiblí
-  Geilleagar (Miondíol)
-  Fuinneamh
-  Cómhalmartú Iompair
-  Bóthair
-  Staid Thamhlachta
-  M Mótorbhealach
-  N Bóthar Náisiúnta
-  R Bóthar
-  rian siúil c.10 nóiméad
-  rian rothaíochta c.10 nóiméad
- Rotharbhealaí Reatha agus Feabhsaithe
- Scéimeanna Molta Rothaíochta

-  A Lár Bhaile Thamhlachta
-  B Crois an Fhearainn Nua
-  1 Cearnóg Thamhlachta
-  2 Bollaí Fáirc Sheáin Bhreatnaigh
-  3 Staid Thamhlachta
-  4 Ospidéal Ollscoile Thamhlachta
-  5 Forbraíocht Chill an Ardáin
-  6 OCBÁC
-  7 IQ Tallaght
-  8 Sráidbhaile
-  Thamhlachta
-  Cónaí Nua
-  Lár Bailte/Sráidbhailte/Ceantar/Áitiúla
-  Fostaíocht
-  Spás Oscailte
-  Páirceanna agus
-  Áineasa



Teach Mealóg/Baile Bhailcín/Ráth Fearnáin/Teach na Giúise

1. Intreoir agus Comhthéacs

Tá an chomharsanacht sin Teach Mealóg/Baile Bhailcín/Ráth Fearnáin/Teach na Giúise suite 8km siar ó dheas ó Lár Bhaile Átha Cliath. Is í an chuid thoir de Chontae Bhaile Átha Cliath Theas í, chomh maith le cuid de bhruachbhailte Bhaile Átha Cliath agus den Mhórchéantar Uirbeach. Is iad droim lárnaigh sin Abhainn na Dothra, ón iarthar soir, agus timpeallacht an tírdhreacha tuaithe na gnéithe is suntasaí ar na tailte seo Téann mótarbhealach an M50 tríd an gComharsanacht ón taobh thoir theas ó thuaidh. Tá ceantar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath lonnaithe ar feadh na Teorann thoir thuaidh.


Tá naisc iompair bus sa chomharsanacht seo le Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus le Tamhlacht ar an taobh thiar. Tá comharsanachtaí láidre sa cheantar seo a thrasnaíonn teorainneacha riaracháin. Tá an chuid thoir seo ina ceantar seanbhunaithe bruachbhailteach i gContae Bhaile Átha Cliath Theas, agus is sainghné den cheantar iad comharsanachtaí aibí cónaithe lena n-áirítear Teach Mealóg, Baile Bhailcín, Ráth Fearnáin agus Cnoc Lín.

2. Lárstraitéis agus Straitéis Lonnaíochta



Léirigh an daonáireamh in 2016 daonra de 78,166 duine agus daonra tuartha de 85,264 duine thar thréimhse an phlean. Tá an chomharsanacht lonnaithe laistigh de theorainn Lonnaíochta Chathair agus Bhruachbhailte Bhaile Átha Cliath de réir mar atá leagtha amach i gCaibidil 2, Tábla 14. Tá leagtha amach sa Phlean go soláthróidh forbairt leanúnach na lár uirbeach éagsúil i mBaile Átha Cliath agus a Bruachbhailte forbraíocht nua úsáide measctha arb í an t-inneall í a chuireann fás chun cinn sa timpeallacht uirbeach.

Is eochairghné de chuid an Phlean Forbartha seo a bheith ag tacú le comhdhlúthú na gceantar uirbeach seo le níos mó seirbhísí laethúla a bheith sna láir áitiúla den chuid is mó de réir mar a streachlaíonn an phlean i dtreo coincheap na lonnaíochta 10 nóiméad. Ní féidir áibhéil a dhéanamh faoi thábhacht an tsráidbhaile agus na lár áitiúil sa Cheantar Comharsanachta seo, agus



imreoidh sí ról tábhachtach de réir mar a streachlaíonn an plan i dtreo seachadadh pobal nasctha agus choincheap na lonnaíochta 10 nóiméad de réir fhorálacha an SRSE.

3. Oidhreacht Nádúrtha/Chultúrtha agus Thógtha




Is é 'Uirbeach' an cineál tírdhreacha atá sa cheantar seo, agus d'fhás sé mar shíneadh ar Lár Chathair Bhaile Átha Cliath timpeall ar ghnéithe nádúrtha a bhí ann cheana. Is ar fud lár na comharsanachta atá an Dothair suite agus cuid di ainmnithe ina Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta. Tá oidhreacht sa cheantair seo, agus is cuid thábhachtach den Phlean a caomhnú agus a cosaint.

De réir fhorálacha Chaibidil 3, beidh ar fhorbairt úr meas a léiriú ar an timpeallacht thógtha stairiúil, eochairghné d'fhéiniúlacht an cheantair seo. Is den riachtanas é na gnéithe seo a aithint, a chosaint agus a chothabháil anois agus amach anseo.

Is Limistéir Comhaontais Ailtireachta (LCAnna) iad Sráidbhaile Ráth Fearnáin agus Sruthán Liam, lena n-áirítear Ardán Mhuire agus Bóthar Shruthán Liam. Tá sraith struchtúr ardchaighdeáin i Sráidbhaile Ráth Fearnáin taobh istigh de limistéar an tsráidbhaile

lonnaithe os comhair Chaisleán Ráth Fearnáin. Tá samplaí breátha de ghrúpaí tithe cónaithe i Sruthán Liam a chuireann carachtar leis an gceantar chomh maith leis an Teach Buí agus le Teach Pobail Theachtaireacht an Aingil.



Is suíomhanna Tábhachta Náisiúnta iad Coimpléasc Mhainistir Loreto agus Naomh Éanna (Músaem na bPiarsach) dá bharr na spéise ailtireachta, stairiúla, teicniúla agus ealaíonta a bhaineann leo. Aithnítear ceithre ghrúpa de theachíní ina LCAnna sa chomharsanacht seo i dTeach Mealóg, Baile Baodáin, Bóthar na Gráinsí agus Bóthar an Teampaill Ghil/Lána an Táilliúraigh.

4. Bonneagar Glas (BG)



Mar cheantar seanbhunaithe comharsanachta, tá roinnt mhaith crainn aibí sa cheantar seo freisin, agus iad go léir ina mbearta Bonneagair Ghlais agus Oiriúnaithe Aeráide.

Tá féidearthacht aitheanta ag an Straitéis um Bonneagar Glas a rinneadh chun tacú leis na beartais agus na cuspóirí atá leagtha amach i gCaibidil 4 den Phlean, le haghaidh gréasán spásanna nádúrtha agus leathnádúrtha, gréasán a nascfadh páirceanna, gairdíní, aibhneacha, coillte, crainn agus fála scea. Tá sé tábhachtach go gcinntítear tionchar íosta ón soilsíú ar an imeall uirbeach/tuaithe agus go n-imríonn an soilsíú ról maidir le bithéagsúlacht a chosaint sa cheantar uirbeach seo. Tá siombailí ag dul le heochairnaisc bonneagair ghlais i Léarscáil an Cheantair Comharsanachta thíos le fáil ag deireadh na rannóige seo.

5. Dearadh Ardchaighdeáin agus Comhforbairt Fholláin Áite

Is beartas i gCaibidil 5 é a bheith ag tacú le forbairt comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe ar fud an Chontae atá nasctha le réimse de sheirbhísí agus áiseanna áitiúla agus a riarann orthu. Beidh gá le forbairt nua chun 'Cur Chuige an Phlean' a chur i bhfeidhm. An aidhm atá leis an gcur chuige seo ná a chinntiú go mbeidh gach forbairt deartha agus forbartha ar bhonn ocht eochairphrionsabal, agus an aidhm atá leo sin ná a chinntiú go dtapófar gach deis an fhís do Chontae Bhaile Átha Cliath Theas a chur chun tosaigh, agus tacú léi, chun áiteanna tarraingteach nasctha feidhmiúla a chruthú chun cónaí, bheith ag obair, bualadh le chéile agus infheistíocht a dhéanamh iontu, agus cuairt a thabhairt orthu.



Taobh istigh den cheantar comharsanachta seo, agus de réir Bheartas QDP1 i gCaibidil 5, neartaítear an gréasán de láir uirbeacha mar spriocáiteanna le haghaidh forbraíocht úsáide measctha nua nó fheabhsaithe. Beidh dearadh uirbeach ardchaighdeáin ag teastáil nach gcuirfidh isteach ar an gcomhthéacs reatha agus a fheabhsóidh nascacht laistigh den cheantar comharsanachta. Fágfaidh seo gur féidir comharsanachtaí rathúla inbhuanaithe a sheachadadh.

Aithníodh maoiniú sa Chlár Caipitil, clár trí bliana leanúnach na Comhairle d'oibreacha forbartha, le haghaidh oibreacha feabhsúcháin Sráidbhaile i dTeach Mealóg agus oibreacha foirgnimh agus ríochta poiblí i Ráth Fearnáin a chuirfidh le feabhsú na gceantar seo.



6. Tithíocht



De réir forálacha beartais Náisiúnta agus Réigiúnacha, tá déanamh dlúth lonnaíochta leagtha amach i gCaibidil 2 den Phlean ar ghá dó comhdhlúthú ceantar cónaithe atá ann cheana laistigh den cheantar comharsanachta seo ar bhealach a chosnaíonn reatha agus a chuirfidh taca faoi bhonneagar fisiceach agus pobail, idir bhonneagar reatha agus beartaithe.

Chomh maith le comhdhlúthú an cheantair uirbigh reatha, beidh forbraíocht nua chónaithe i dtailte Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Uí Chuilinn, de réir mar atá leagtha amach i léarscáil an Cheantair Comharsanachta thíos. De réir na Lárstraitéise, Caibidil 2, achoimríonn Tábla 10 gurb iad forbairt inlíonta agus forbairt nua chónaithe sa cheantar seo a éascóidh c. 11% d'fhás tithíochta an Chontae. Is ionann sin agus 1,953 aonad nua ar le linn an phlean.

De réir fhoráil Chaibidil 6, Tithíocht, is é is aidhm do bheartais agus cuspóirí an Phlean a chinntiú go seachadfar tithíocht nua ar chaoi a éascóidh riachtanais réimse de dhaoine éagsúla leagtha amach, rud a sholáthróidh cothromaíocht i dtéarmaí meascán aonaid agus cineálacha seilbhe. Is féidir go gcuireann dearadh, feidhm agus leagan amach scéimeanna cónaithe go mór le seachadadh comhfhorbartha folláine áite agus Gníomhaithe ar son na hAeráide.

11%
d'Fhás an
Chontae




7. Gluaiseacht Inbhuanaithe



I gCaibidil 7 den Phlean, tá beartais agus cuspóirí i leith gluaiseacht inbhuanaithe a éascóidh agus a chuirfidh leis an siúl, an rothaíocht agus úsáid iompair phoiblí, agus a laghdóidh ar úsáid carranna príobháideacha le himeacht ama. Gluaiseacht Inbhuanaithe

Rinne staidéir ar Ghluaiseacht Inbhuanaithe, a rinneadh mar chuid den ullmhúchán don Phlean Forbartha, eolas don phróiseas seo. Mar chuid díobh sin, bhí scrúdú mion ar phatrúin ghluaiseachta laistigh de na comharsanachtaí, ag súil le tionscadail a aithint a spreagfaidh taisteal gníomhach agus úsáid iompair phoiblí.

Aithnítear roinnt saincheisteanna tábhachtach sna staidéir sin, agus tá na réitigh a mholtar don cheantar seo aitheanta thíos.



Turais a dhéantar i gCarr:

<p>24% 0-3km</p> <p>Tabhair Tosaíocht don Siúl Is le haghaidh turais faoi 3km atá 24% de thurais charranna</p> <p>D'fhéadfadh cuid mhór de na turais an-ghearr sin a dhéanamh de chos.</p>	<p>29% 3-6km</p> <p>Tabhair Tosaíocht don Rothaíocht Is le haghaidh achair 3km-6km atá 29% de thurais chairr. D'fhéadfadh cuid mhór de na turais ghearra/mheánachair sin a dhéanamh ar rothar.</p>	<p>48% 6km+</p> <p>Tabhair Tosaíocht don Iompar Poiblí Is le haghaidh achair os cionn 6km atá 48% de thurais chairr</p> <p>- Tá deis ann aistriú chuig iompar poiblí le haghaidh na dturas níos faide sin.</p>
--	--	--



Achoimre ar Phríomhfhadhbanna

Tá easpa nascachta idir na heastáit agus gréasán na gcosán sa Chomharsanacht, go háirithe níos faide ó dheas, ag bun Shléibhte Bhaile Átha Cliath. Tá drochbhail ar na cosáin agus d'fhéadfadh siad a bheith níos tarraingtí le haghaidh úsáideoirí.



Tá an soláthar rothaíochta neamhchothrom ar fud na Comharsanachta agus is minic srian ar lánaí rothaíochta de bhar constaicí reatha bóthair, rud a fhágann rothaithe ag roinnt lánaí bus. Is bocht an soláthar rothaíochta ar feadh an R113, agus bíonn an-chuid rothaithe ar bhealaí eile tuaithe a sholáthraíonn rochtain ar pháirceanna agus ar na sléibhte.



Is dúshlán í inrochtaineacht iompair poiblí sa Chomharsanacht seo, áit ar minic drochnasc le gréasáin reatha bus de bharr a gcumraíochta (cul-de-sacanna, conairí caocha srl.).



Faoi láthair, tá easpa nasc ann, rud a chruthaíonn gréasán dícheangailte de bhealaí siúil agus rothaíochta idir Gleann na Dothra, láir uirbeacha, páirceanna

Réitigh a Mholtar

Nascacht coisithe agus caighdeán a fheabhsú amhail ar feadh taobh theas de Bhóthar Uí Fhiachra agus tuilleadh trasrianta sábháilte a sholláthar.

agus áiteanna tábhachtacha agus co Chomharsanacht.

Cuirfear gréasán
cuimsitheach de lánáí
rothaíochta i bhfeidhm sa
cheantar seo sna blianta
amach romhainn, lena n-
áirítear nasc traschontae
idir Ráth Fearnáin agus
Iarthar na Cathrach, agus
cur i gcríoch
Ghlasbhealach na Dothra.

Tiocfaidh feabhas
suntasach ar sheirbhísí bus
sa cheantar seo de bhar
BusConnects, lena n-
áirítear tabhairt isteach na
gcuarbhealaí S4, S6 agus
S8 a nascfaidh an ceantar
le Tamhlaucht, Gleann na
Life, COBÁC, an Charraig
Dhubh agus Dún
Laoghaire. Moltar roinnt
bealaí droma breise freisin.

Tionscadail
tréscailteachta a
dhéanamh chun éascú
nascachta agus rochtana a
chinntiú ar fud na
Comharsanachta, agus go
háirithart ar ionaid
mhiondíola, scoileanna,
páirceanna agus



Gníomhú ar son na hAeráide

Cinnteoídh bearta chun méadú ar an siúl agus rothaíocht, agus chun laghdú ar úsáid carranna príobháideacha astaíochtaí laghdaithe carbóin, agus mar thoradh air sin, beidh caighdeán an air níos fearr agus beidh dea-thionchar i leith gníomhú ar son na haeráide.


Beidh sé ina chabhair shuntasach maidir le hathrach ar úsáid carranna príobháideacha sa Cheantar Comharsanachta seo a ofráil d'idir óg agus aosta má théitear i ngleic leis na fadhbanna a aithníodh sna staidéir ghluaiseachta seo taobh leis an gclár suntasach oibreacha atá leagtha amach in 'Baile Átha Cliath Theas ar Rothar' agus sa chlár BusConnects atá ag an Údarás Náisiúnta Iompair le haghaidh feabhsú seirbhísí bus.

8. Bonneagar Pobail agus Spás Oscailte



Tacaíonn réimse d'áiseanna pobail atá oiriúnach dá bhfeidhm, inrochtana agus inoiriúnaithe anois agus amach anseo, le Comharsanachtaí Rathúla Inbhuanaithe.

Tá roinnt áiseanna Pobail ag an gCeantar Comharsanachta seo cheana, agus roinnt áiseanna nua geallta nó beartaithe thar thréimhse an phlean le freastal ar an daonra reatha sa cheantar agus ar an daonra amach anseo.



Chun Dul ar Aghaidh chuig

Soláthar déanta i nCaiditeal Trí Bliana

Saoráid Idirghlúine Theach Mealóg

Ionad Pobail na nGiúiseanna Bána

Síneadh Ionad Pobail na Páirce

Síneadh Ionad Pobail Bhaile Uí Ruáin

3 Láithreáí n Scoile Nua



I gCaibidil 8 den Plean, tá beartais agus cuspóirí a thacóidh agus a éascóidh seachadadh na n-áiseanna nua sa cheantar comharsanachta seo leagtha amach. San áireamh lena leithéid de sholáthar nua, beidh Ionad Idirghlúine Pháirc Thigh Motháin in aice le Lána Wellington agus Ionad Pobail na nGiúiseanna Bána, agus iad araon chun dul ar aghaidh chuig céim na pleanála in 2021. Rinneadh soláthar freisin le haghaidh sínte ar ionad pobail reatha ar an bPáirc agus i mBaile Uí Ruáin. Aithníodh sa Plean seo freisin, i gcomhairle leis an Roinn Oideachais, 3 láithreán scoile nua don cheantar seo i gCnoc Lín, Ascaill Stoicín agus Bóthar Uí Fhiachra.

9. Forbairt Gheilleagrach agus Fostaíocht



Is é is aidhm don Plean úsáid mheasctha/fás fostaíochta a éascú laistigh de na hionaid aitheanta sa cheantar comharsanachta seo ar bhealach a chosnaíonn agus a chaomhnaíonn an carachtar ar leith a bhaineann leis, go háirithe sna sráidbhailte stairiúla Ráth Fearnáin agus Teach Mealóg.

Aithnítear i gCaibidil 9 den Plean freisin gur spreagthóir suntasach geilleagrach í an turasóireacht, go dtacaíonn sí le cruthú jabanna ar feadh réimse éagsúil earnálacha. Tacaíonn an plean le forbairt turasóireachta sa cheantar bunaithe ar na sócmhainní suntasacha oidhreachta tógtha amhail na sráidbhailte stairiúla agus Músaem na bPiarsach chomh maith le forbairt Ghlasbhealach na Dothra chun rochtain a éascú ar Shléibhte Bhaile Átha Cliath agus Chill Mhantáin.



25%
Fórsa Saothair
Bhaile Átha
Cliath Theas
34,880
duine

Ráta íseal
dífhostaíochta
4.7%
2,977
duine

10. Fuinneamh




I gCaibidil 10, tá na beartais agus na cuspóirí a bhaineann leis an bhFuinneamh leagtha amach. Éascaíonn cur chun cinn déanaimh dhlúith forbraíochta deiseanna chun éifeachtúlachtaí fuinnimh a fhorbairt laistigh de comharsanachtaí. Cé nach féidir i gcónaí comharsanachtaí seanbhunaithe a athfheistiú i gcomhair mórbhonneagar pobail, díríonn an Plean ina leithéid de cheantair ar: éifeachtúlachtaí fuinnimh a chur chun cinn i bhfoirgnimh atá ann cheana, athfheistiú a spreagadh agus a éascú, dearadh ardchaighdeán a éileamh i dtithe nua atá tíosach ar fhuinneamh de réir Chaibidil 5 agus Chaibidil 6, agus modhanna iompair atá níos gníomhaí agus níos inbhuanaithe a chur chun cinn agus a éascú, chomh maith le cur i bhfeidhm pointí luchtaithe leictreacha de réir Chaibidil 7 den plean seo.

11. Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil



Cuirfidh ailíniú úsáide talún agus bonneagar uisce agus fuíolluisce le héifeachtúlacht an bhonneagair sa cheantar seo. Tá sonraí i leith Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil leagtha amach i gCaibidil 11.

Freastalaíonn Ionad Cóireála Uisce an Bhaile Mhóir ar an gceantar seo tríd an Taiscumar Uisce Chóireáilte ag Teach Sagard agus Taiscumar an Bhóthair Bhuí, agus tá sé laistigh de Phlean Limistéir Draenála Ghleann na Dothra. Tá Uisce Éireann ag seachadadh Pleananna Limistéir Draenála i mBaile Átha Cliath chun feidhmiú na ngréasán fuíolluisce a fheabhsú, an comhshaoil a chosaint agus forbairt shóisialta agus gheilleagrach a éascú sna blianta amach romhainn.



12. Ceantar Comharsanachta - Iniúchadh ar Ghníomhú Aeráide



Iniúchadh ar Gníomhú Aeráide

Is é is aidhm do na forálacha leagtha amach sa Phlean Forbartha déanamh lonnaíochta atá dlúth agus nasctha a chur chun cinn. Beidh comhdhlúthú na gceantair chónaithe reatha ina chabhair maidir leis an déanamh comhdhlúth forbraíochta seo agus le seachadadh Ceantair Comharsanachta atá seasmhach ó thaobh na haeráide.

An aidhm atá leis an bplean ná úsáid éifeachtúil talún sa chomharsanacht seo a éascú, ag díriú ar fhorbairt lár tábhachtach agus ar chomhdhlúthú Lár Áitiúil. Éascóidh seo baint amach dlús forbraíochtaí agus feidhmeanna ar féidir leo tacú le háiteanna bríomhara comhdhlútha insiúlta a thugann tús áite do ghluaiseacht coisithe agus rothaithe. Ach a bheith ag díriú ar an bhfás sna heochair-réimsí seo,

táthar ag tacú le cur chuige éiceachóras, ag cosaint ceantair nádúrtha agus ag iarraidh freisin gréasáin ghlasa atá ann cheana a fheabhsú, sa timpeallacht uirbeach agus nádúrtha araon.



TEACH MEALÓG/ BAILIŪN BHAILCÍN/ RÁTH FEINN/ TEACH NA GIÚISE.



78,166


Daonra reatha



85,264

Daonra tuartha 2028

Ár gComharsanachtaí (C)






1 Tithíocht Bhaile Uí Chuilinn



4 Páirc Bhruach Abhann na Dothra




3 Páirc Thigh Motháin



7 Músaem na bPiarsach



8 Leabharlann Bhaile Uí Ruáin




Feabhsúcháin Ríochta Poiblí

- Scoilleana Nua
- Páirceanna agus Áineas
- Áiseanna Pobail Nua/Uasghrádú
- Bonneagar Glas
- Feabhsúcháin Ríochta Poiblí
- Geilleagar (Turasóireacht)
- Gluaiseacht Inbhuanaithe
- Maolú Tuile
An Chanáil Mhór
- M Mótarbhealach
- N Bóthair Náisiúnta
- R Bóthar
- rian siúil c.10 nóiméad
- rian rothaíochta c.10 nóiméad
- Rotharbhealaí Reatha agus Feabhsaithe
- Scéimeanna Molta Rothaíochta
- Iamród
- Stáisiún Traenach

- A Baile BhailcínB
- B Bhaile FearnáinC
- C Bhaile na Giúise
- D Cnoc Lín
- E Teach Mealóg
- 1 PCÁ Bhaile Uí Chuilinn
- 2 Gleann na Dothra
- 3 Páirc Thigh Motháin
- 4 Páirc Bhruach Abhann na Dothra
- 5 Páirc Naomh Éanna
- 6 Páirc Chaisleán Ráth Fearnáin
- 7 Músaem na bPiarsach
- 8 Leabharlann
- Bhaile Uí Ruáin
- Cónaí Nua
- Láir Bailte/Sráidbhailte/Ceantar/Áitiúla
- Páirceanna agus Áineas
- Fiontraíocht/Athghiniúint chónaitheach
- Sáe Osailte
- Fáe Fastaíochta





Cur i bhfeidhm agus Monatóireacht

Fís

An fhorbairt a chur i bhfeidhm de réir beartais agus cuspóirí Phlean Forbartha an Chontae agus í a fhíorú trí shásra monatóireachta láidir.

13.0 Forléargas

Leagann an Chaibidil caighdeáin agus critéir forbartha amach a eascraíonn as beartais agus cuspóirí Phlean Forbartha an Chontae, chun a chinntiú go dtarlaíonn an fhorbairt ar bhealach ordúil éifeachtúil agus go bhfuil sé de réir phleanáil cheart agus Forbairt Inbhuanaithe. Leagann sé amach critéir chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na mbeartas Plean Forbartha.

Tá na caighdeáin agus critéir grúpáilte isteach i gcaibidil amháin chun tagairt dóibh a éascú. Ní mór na caighdeáin agus critéir go léir a bhaineann le forbairt ar leith a thógáil san áireamh, agus a gcomhsheasmhacht le beartais agus cuspóirí atá leagtha amach i gcaibidilí an Phlean roimhe a mheas chomh maith le comhlíonadh na dtreoirlínte agus ceangaltais reachtaíochta ábhartha.

Caibidil 13: a leagann caighdeáin agus critéir amach seo a leanas:

- 13.1 Cuspóirí Chríosaithe Talamhúsáide**
- 13.2 Oidhreacht Thógtha, Nádúrtha agus Chultúrtha**
- 13.3 Bonneagar Glas**
- 13.4 Dearadh Cáilíochta agus Comhfhorbairt Áite**
- 13.5 Forbairt Chónaithe**
- 13.6 Bonneagar Pobail**
- 13.7 Forbairt Eacnamaíochta agus Fostaíocht**
- 13.8 Gluaiseacht Inbhuanaithe**
- 13.9 Bonneagar agus Seirbhísí Comhshaoil**
- 13.10 Fuinneamh**
- 13.11 Monatóireacht**

13.1 Cuspóirí Criosaithe Talamhúsáide

Sanntar Cuspóirí Criosaithe i bPlean Forbartha Chontae Bhaile Átha Cliath Theas 2022-2028 le haghaidh na dtailte go léir sa Chontae. Sainiúnaíonn an Cuspóir Criosaithe agus na Táblaí Talamhúsáide gaolmhara na haicmí forbartha agus na húsáidí atá ceadaithe i bprionsabal, atá oscailte do mhachnamh nó nach gceadaítear laistigh gach crios talamhúsáide

Tá na Cuspóirí Criosaithe liostaithe i dTábla 13.1. Sainiúnaítear sna léarscáileanna atá in éineacht leis an ráiteas scríofa seo na Cuspóirí Criosaithe atá infheidhme ar fud an Chontae.

Tábla 13.1: Úsáid-Talún Cuspóirí Criosaithe

Zón	Ciorrú	Cuspóir
Cónaithe Láithreach	RES	Conláiste Cónaithe a chosaint/a fheabhsú
Cónaithe Nua	RES-N	Soláthar a dhéanamh le haghaidh pobail chónaithe nua de réir na bpleananna ceantair atá ceadaithe.
Crios Forbartha Straitéiseach	SDZ	Soláthar a dhéanamh le haghaidh forbartha straitéisí de réir scéimeanna pleanála atá ceadaithe.
Athnuachan	REGEN	Fiontraíocht agus / nó athnuachan faoi stiúir cónaithe a éascú, faoi réir creat forbartha nó plean don cheantar lena n-áirítear céimniú agus seachadadh bonneagair.
Lár an Bhaile	TC	Forbairt lár na mbailte sa todhchaí a chosaint, a fheabhsú agus foráil a dhéanamh ar a son
Lár an Cheantair	DC	Forbairt na nIonad Dúiche sa todhchaí a chosaint, a fheabhsú agus a foráil a dhéanamh ar a son
Croí an Bhaile	VC	Forbairt na nIonad Sráidbhaile sa todhchaí a chosaint, a fheabhsú agus foráil a dhéanamh ar a son
Ionad Miondíola Mór	MRC	Forbairt Ionad Miondíola Móra sa todhchaí a chosaint, a fheabhsú agus foráil a dhéanamh ar a son
Ionad Áitiúil	LC	Forbairt Ionad Áitiúla sa todhchaí a chosaint, a fheabhsú agus foráil a dhéanamh ar a son

Fiontraíocht agus Fostaíocht	EE	Foráil a dhéanamh le haghaidh úsáidí a bhaineann le fiontraíocht agus fostaíocht
Miondíol Ollstórála	RW	Foráil a dhéanamh le haghaidh Ollstóráil miondíola agus í a dhaingniú
Taitneamhacht Ard Sléibhte Bhaile Átha Cliath	HA-DM	Carachtar nádúrtha iontach Cheantair Shléibhte Bhaile Átha Cliath a chosaint agus a fheabhsú.
Taitneamhacht Ard Gleann na Life	HA-LV	Carachtar agus taitneamhacht iontach Ghleann na Life a chosaint agus a fheabhsú
Taitneamhacht Ard Gleann na Dothra	HA-DV	Carachtar agus taitneamhacht iontach Ghleann na Dothra a chosaint agus a fheabhsú
Spás Oscailte	OS	Spás oscailte agus áiseanna áineasa a chosaint agus a sholáthar.
Tuath agus Talmhaíocht	RU	Taitneamhacht na tuaithe a chosaint agus a fheabhsú agus foráil a dhéanamh le haghaidh forbairt na talmhaíochta

13.1.1 Táblaí Criosaithe Talamhúsáide

Tá Táblaí Criosaithe talamhúsáide cuimsithe sa ráiteas scríofa seo chun treoir a sholáthar i dtaca le hoiriúnacht ghinearálta chineálacha forbartha nó talamhúsáide faoi leith i ngach crios talamhúsáide. Is mar threoir amháin atá na táblaí seo ann. Measúnófar na moltaí forbartha freisin in aghaidh na na mbeartas, na gcuspóirí, na gcaighdeán agus na gcritéir atá leagtha amach sa Phlean, chomh maith leis an reachtaíocht agus an treoir fhorleathan.

Mínítear úsáid aicmí in Aguisín 6 den Phlean. Tá na haicmí úsáide agus na sainmhínte atá liostaithe beartaithe mar threoir ghinearálta agus níl siad uileghabhálach.

(i) Ceadaithe i bPrionsabal.

Meastar talamhúsáid atá liostaithe mar 'ceadaithe i bprionsabal' sna táblaí talamhúsáide a bheith inghlactha go ginearálta, faoi réir measúnaithe breise in aghaidh na mbeartas, na gcuspóirí agus na gcaighdeán ábhartha atá leagtha amach sa Phlean seo.

(ii) Oscailte do Bhreithniúchán

Féadfaidh talamhúsáid atá liostaithe mar 'oscailte do bhreithniúchán' sna táblaí Criosaithe Talamhúsáid a bheith inghlactha don Údarás Áitiúil faoi réir measúnaithe mionsonraithe in aghaidh na prionsabail um phleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe, agus in aghaidh na mbeartas, na gcuspóirí agus na gcaighdeán ábhartha atá leagtha amach sa Phlean seo.

Beidh na húsáidí molta sa chatagóir seo faoi réir measúnú iomlán ar a luaíochtaí féin agus go háirithe i dtaca lena thionchar ar fhorbairt an Chontae ag leibhéal straitéiseach agus áitiúil. Ní cheadófar na húsáidí seo ach amháin nuair nach bhfuil siad i gcoimhlint le gnéithe eile de Phlean Forbartha an Chontae.

(iii) Neamhcheadaithe

Ní mhheastar talamhúsáid atá liostaithe mar 'neamhcheadaithe' faoi gach ceann de na cuspóirí criosaithe a bheith inghlactha. Dá bhrí sin, ní bheadh aon úsáid atá liostaithe faoin gcatagóir seo measta go fabhrach ag an Údarás Pleanála.

(iv) Ceantair Aistrithe

Is ceart aistrithe borba i scála agus in úsáid cóngarach don teorainn criosaithe talamhúsáide a sheachaint. Is ceart do mholtaí forbartha i gceantair aistrithe forbairt a sheachaint a dhéanfadh dochar do chonláistí an chreasa atá comhtheagmhálach. Mar shampla, is ceart aird a thabhairt ar úsáid, scála agus dlús na moltaí forbartha i gcriosanna atá buailte le ceantair chónaithe nó tuaithe d'fhonn conláiste cónaithe nó tuaithe a chosaint, mar is cuí.

(v) Úsáidí Eile

Measfar úsáidí nach bhfuil liostaithe faoi na táblaí criosaithe talamhúsáide ar bhonn cás -ar- chás maidir lena gcomhréireacht leis na beartais, cuspóirí agus caighdeáin chúí atá sa Phlean, go háirithe maidir le cuspóirí criosaithe an tsuímh atá faoi chaibidil agus a thionchar ar fhorbairt an Chontae ar leibhéal straitéiseach agus áitiúil.

(vi) Úsáidí Neamh-Chomhréireacha

Tá samplaí ar fud an Chontae de thalamhúsáid nach bhfuil ag cloí le cuspóir criosaithe an tsuímh. Áirítear samplaí mar a leanas ina measc:

1. talamhúsáid a bhí ann roimh 1ú Deireadh Fómhar 1964 (i.e. roimh an reachtaíocht pleanála),
2. a bhfuil cead bailí acu, nó
3. nach bhfuil aon chead acu agus a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith faoi réir imeachtaí forfheidhmithe.

Ní cheadófar moltaí forbartha a bhaineann le húsáidí a dtagraítear dóibh faoi Chatagóirí 1 agus 2 thuas, go háirithe iad siúd a threiseodh úsáidí neamhchomhréireacha, ach amháin nuair nach mbeadh an fhorbairt atá molta díobhálach do chonláistí an cheantair mórthimpeall agus go mbeadh siad i gcomhréir le prionsabail na pleanaála cuí agus na forbartha inbhuanaithe. Áirítear leis seo comhtháthú phleanáil talamhúsáide agus iompair.

Tábla 13.2: Cuspóirí Criosaithe 'RES': 'Conláiste cónaithe a chosaint agus/nó a fheabhsú'

Aicmí Úsáide a bhaineann leis an gCuspóir Criosaithe	
Ceadaithe I bprionsabal	Tithíocht do Daoine Scothaosta, Teach Altranais, Spás Oscailte, Seirbhísí Poiblí, Cónaithe, Institiúid Chónaithe, Teach Scoir, Siopa-Áitiúil, Cóireáil don Lucht Siúil.
Oscailte do Bhreithniúchán	Fógraí agus Struchtúir Fógraíochta, Talmhaíocht, Cuibhrinn, Leaba agus Bricfeasta, Oifig Ghealltóireachta, Ionad Campála, Carrchlós, Páirc Carbhán-Cónaithe, Reilig, Áiseanna Cúraim Leanaí, Ionad Pobail, Créamatóiriam, Úsáid Chultúrtha, Dochtúir/Fiaclóir, Oideachas, Ambasáid, Ionad Fiontraíochta, Teach Tórraimh, Ionad Garraíodóireachta, Teach Lóistín, Ionad Sláinte, Óstán/Brú, Gníomhaíochtaí Eacnamaíochta Baile, Tionsclaíocht Éadrom, Aonaid Oibre/Cónaithe, Díolacháin Mótair, Tionsclaíocht Oifig-Bhunaithe, Oifigí níos lú ná 100 m.c - Oifigí 100 sq.m- 1,000 sq.m Siopa Eisceadúnais, Stáisiún Peitрил, Ionad Adhartha, Ionad Cúraim Sláinte Phríomhúil, Teach Tábhairne, Ionad Áineasa, Ionad Aistrithe Bruscair, Bialann/Caifé, Garáiste Seirbhíse, Siopa-Comharsanach, Staid, Clinic Tréidliachta
Neamhcheadaithe	Seamlas, Aeradróm/Aerpháirc, Conchróite Coinneála, Monarcha Concréite/Asfailt, i gCairéal nó in aice leis, Ionad Comhdhála, Ionad Sonraí, Iosta Breosla, Páirc Fheithiclí Troma, Ospidéal, Tionsclaíocht Eastóscach, Tionsclaíocht - Ginearálta, Tionsclaíocht- Speisialta, Club Oíche, Oifigí thar 1,000 sq.m, Páirc Siamsaíochta Faoin Aer, Líonadh Talún/Clais Bruscair, Stáisiún Aistrithe Bruscair, Trádstóras Miondíola, Tionsclaíocht Tuaithe-Bia, Fiontar Bunaithe ar Eolaíocht & Teicneolaíocht, Clós Dramh-mhiotail, Siopa-Ionad Díolacháin Mór, Club Sóisialta, Iosta Iompair, Ollstóráil, Ionad Miondíola, Feirm Gaoithe, Aonaid Oibre/Chónaithe

Tábla 13.3: iCuspóirí Críosaithe RES –N:’ Soláthar do phobail chónaithe nua de réir pleananna ceantair ceadaithe a sholáthar’.

Aicmí Úsáide a bhaineann leis an gCuspóir Críosaithe	
Ceadaithe I bPrionsabal	Áiseanna Chúram Leanaí, Ionad Pobail, Úsáid Chultúrtha, Dochtúir/Fiaclóir, Oideachas, Ionad Fiontair, Teach Tórraimh, Ionad Garraíodóireachta, Teach Lóistín , Ionad Sláinte, Tithíocht do Dhaoine Scothaosta, Tionsclaíocht Éadrom, Teach Altranais, Oifigí níos lú ná 100 m.c., Spás Oscailte, Ionad Cúraim Sláinte Phríomhúil, Teach Tábhairne, Seirbhísí Poiblí, Áis Áineasa, Áis Athchúrsála, Institiúid Chónaithe, Bialann/Caifé, Teach Scoir, Siopa-Áitiúil, Siopa- Comharsanacht, Club/Áis Spóirt, Staid, Cóiríocht don Lucht Siúil, Clinic Tréidliachta.
Oscailte do Bhreithniúchán	Fógraí agus Struchtúir Fógraíochta, Talmhaíocht, Cuibhrinn, Leaba agus Bricfeasta, Oifig Ghealltóireachta, Ionad Campála, Carrchlós, Páirc Carbhán –Cónaithe, Reilig, Créamatóiriam, Ambasáid, Iosta Breosla, Gníomhaíochtaí Eacnamaíochta Bhaile, Óstán/Brú, Tionsclaíocht- Ghinearálta, Aonaid Oibre.Chónaithe, Díolacháin Mótair, Club Oíche, Tionsclaíocht Oifig-Bhunaithe, Oifigí 100 m.c.- 1,000 m.c., Siopa Eischeadúnais, Stáisiún Peitрил, Ionad Adhartha, Ionad Aistrithe Bruscair, Fiontar bunaithe ar Eolaíocht agus Teicneolaíocht, Club Sóisialta, Ionad Mórdhíola, Aonaid Oibre/chónaithe.
Neamhceadaithe	Seamlas, Aeradróm/Aerpháirc, Conchróite Coinneála, Monarcha Concréidte/ Asfailt, i gCairéal nó in aice leis, Ionad Comhdhála, Ionad Sonraí, Páirc Feithiclí Troma, Ospidéal, Tionscal Eastóscach, Tionscalaíocht-Ginearálta, Tionsclaíocht- Speisialta, Oifigí thar 1,000 m.c., Páirc Siamsaíochta Faoin Aer, Líonadh Talún/Clais Bruscair, Ollstóráil Díolacháin, Tionsclaíocht Tuaithe-Bia, Clós Dramhmhiotail, Garáiste Seirbhíse, Siopa-Ionad Díolacháin Mór, Iosta Breosla, Ollstóráil, Feirm Gaoithe.

Tábla 13.4: Cuspóir Críosaithe 'REGEN': 'Fiontar agus nó athghiniúint faoi stiúir chónaithe a éascú, faoi réir creat forbartha nó plan don cheantar lena n-áirítear pasáil agus seachadadh bonneagair.'

Aicmí Úsáide a bhaineann leis an gCuspóir Críosaithe	
Ceadaithe I bPrionsabal	Fógraí agus Struchtúir Fógraíochta, Áiseanna Chúram Leanaí, Ionad Pobail, Oideachas, Ionad Fiontraíochta, Ionad Sláinte, Gníomhaíochtaí Eacnamaíochta Bhaile, Óstán/Brú, Tithíocht do Dhaoine Scothaosta, Tionsclaíocht Éadrom, Aonaid Oibre/Chónaithe, Ionad Díolacháin Mótair, Tionsclaíocht Oifig-Bunaithe, Oifig níos lú ná 100 m.c, Oifigí 100 m.c.- 1,000 m.c., Siopa Eisceadúnais, Stáisiún Peitрил, Seirbhísí Poiblí, Áis Áineasa, Cónaithe, Bialann/Caifé, Institiúd Chónaithe, Fiontar bunaithe ar Eolaíocht agus Teicneolaíocht, Siopa-Áitiúil, Club Spóirt/Áis, Staid, Cóiríocht don Lucht Siúil, Aonaid Oibre/Cónaithe.
Oscailte do Bhreithniúchán	Cuibhrinn, Leaba & Bricfeasta, Oifig Ghealltóireachta, - Conchróite Coinneála, Carrchlós, Créamatóiriam, Úsáid Chultúrtha, Ionad Sonraí, Dochtúir/Fiaclóir, Ambasáid, Teach Tórraimh, Ionad Garraíodóireachta, Teach Lóistín, Ospidéal, Tionsclaíocht - Ghinearálta, Teach Scoir, Siopa Eisceadúnais, Ionad Adhartha, Ionad Cúraim Sláinte Phríomhúil, Teach Tábhairne, Seirbhísí Poiblí, Áis Athchúrsála, Trádstóras Miondíola, Teach Scoir, Garáiste Seirbhíse, Siopa- Comharsanach, Club sóisialta, Clinic Tréidliachta, Ollstóráil, Ionad Mórdhíola
Neamhcheadaithe	Seamlas, Aeradróm/Aerpháirc, Talmhaíocht, Ionad Campála, Páirc Carbhán - Cónaithe, Reilig, Monarcha Concréite/Asfailt, i gCairéal nó in aice leis, Ionad Comhdhála, Iosta Breosla, Páirc Feithiclí Troma, Tionscal Eastóscach, Tionsclaíocht- Speisialta, Club Oíche, Páirc Siamsaíochta Faoin Aer, Líonadh Talún/Clais Bruscair, Tionsclaíocht Tuaithe-Bia, Clós Dramh-mhiotail, Ionad Díolacháin Mór, Iosta Breosla, Ollstóráil, Feirm Gaoithe.

Tábla 13.5: Cuspóirí Críosaithe 'TC': 'Forbairt Lár na mbaillte sa todhchaí a chosaint, a fheabhsú agus a sholathar'

Aicmí Úsáide a bhaineann leis an gCuspóir Críosaithe	
Ceadaithe I bPrionsabal	Fógraí agus Struchtúir Fógraíochta, Leaba agus Bricfeasta, Oifig Ghealltóireachta, Áiseanna Cúraim Leanaí, Ionad Pobail, Ionad Comhdhála, Créamatóiriam, Úsáid Chultúrtha, Dochtúir/Fiaclóir, Oideachas, Ambasáid, Ionad Fiontair, Teach Tórraimh, Ionad Garraíodóireachta, Teach Lóistín, Ionad Cúram Sláinte, Gníomhaíochtaí Eacnamaíochta Bhaile, Tithíocht do shean-daoine Tionsclaíocht –Éadrom, Aonaid – Oibre/cónaithe, Club Oíche, Teach Altranais, Tionsclaíocht Oifig-Bunaithe, Oifigí níos lú ná 100 m.c.- Oifigí 100 m.c. - 1,000 m.c., Siopa Eisceadúnais, Spás Oscailte, Stáisiún Peitрил, Ionad Adhartha, Ionad Cúraim Sláinte Phríomhúil, Teach Tábhairne, Seirbhísí Poiblí, Ionad Áineasa, Cónaithe, Institiúd Chónaithe, Bialann/Caifé, Trádstórais, Teach Scoir, Siopa-Áitiúil, Siopa- Ionad Díolacháin Mór, Siopa-Comharsanach Club Spóirt/ Áis, Staid, Club Sóisialta, Clinic Tréidliachta, Aonaid Obair-Bheo
Oscailte do Bhreithniúchán	Cuibhrinn, Tionsclaíocht- Ginearálta, Ionad Díolacháin Mótair, Páirc Siamsaíochta Faoin Aer, Áis Athchúrsála, Fiontar Bunaithe ar Eolaíocht & Teicneolaíocht, Garáiste Seirbhíse, Iosta Breosla, Cóiríocht don Lucht Siúil, Ollstóráil, Ionad Mórdhíola.
Neamhcheadaithe	Seamlas, Aeradróm/Aerpháirc, Talmhaíocht, Conchróite Coinneála, Ionad Campála, Páirc Carbhán- Cónaithe, Reilig, Concréit/Monarcha Asfailt, istigh nó congarach do Chairéal, Ionad Sonraí, Iosta Breosla, Páirc Feithiclí Troma, Tionscal Eastóscach, Tionsclaíocht-Speisialta, Líonadh Talún/Clais Bruscair, Stáisiún Aistrithe Bruscair, Tionsclaíocht Tuaithe-Bia, Clós Dramh-mhiotail, Feirm Gaoithe.

Tábla 13.6: Cuspóir Críosaithe 'DC': Forbairt Ionaid Dúiche sa todhchaí a chosaint, a fheabhsú agus a fhorbairt

Aicmí Úsáide a bhaineann leis an gCuspóir Críosaithe	
Ceadaithe I bPrionsabal	Fógraí agus Struchtúir Fógraíochta, Leaba agus Bricfeasta, Oifig Ghealltóireachta, Ionad Campála, Áiseanna Cúraim Leanaí, Ionad Pobail, Úsáid Chultúrtha, Dochtúir/Fiaclóir, Oideachas. Ionad Fiontraíochta, Teach Tórraimh, Ionad Garraíodóireachta, Teach Lóistín, Ionad Cúram Sláinte, Gníomhaíochtaí Eacnamaíochta Bhaile, Tithíocht do Dhaoine Scothaosta, Tionsclaíocht -Éadrom, Aonaid Oibre/cónaithe, Teach Altranais, Tionsclaíocht Oifig-Bunaithe, Oifigí níos lú ná 100 m.c., - Oifigí 100 m.c. - 1,000 sq.mm.c., Siopa Eisceadúnais, Spás Oscailte, Stáisiún Peitрил, Ionad Adhartha, Ionad Cúraim Sláinte Phríomhúil, Teach Tábhairne, Ionad Áineasa, Ionad Aistrithe Bruscair, Cónaithe, Institiúid Chónaithe, Bialann/Caifé, Trádstórais, Teach Scoir, Siopa-Áitiúil, Siopa-Comharsanach, Club Sóisialta, Club/Áis Spóirt, Staid, Clinic Tréidliachta, Aonaid Oibre/cónaithe.
Oscailte do Bhreithniúchán	Cuibhrinn, Ionad Chomhdhála, Creamatóiriam, Ambasáid, Óstán/Brú, Ionad Díolacháin Mótair, Club Oíche, Fiontar Bunaithe ar Eolaíocht & Teicneolaíocht, Garáiste Seirbhíse, Ionad Díolacháin Mór, Cóiríocht don Lucht Siúil, Ollstóráil, Ionad Mórdhíola.
Neamhcheadaith e	Seamlas, Aeradróm/Aerpháirc, Talmhaíocht, Conchróite Coinneála, Ionad Campála, Páirc Carbhán- Cónaithe, Reilig, Monarcha Concréite/Asfailt, i gCairéal nó in aice leis, Ionad Sonraí, Iosta Breosla, Páirc Feithiclí Troma, Tionscal Eastóscach, Tionsclaíocht-Speisialta, Páirc Siamsaíochta faoin Aer, Lónadh Talún/Clais Bruscair, Stáisiún Aistrithe Bruscair, Tionsclaíocht Tuaithe-Bia, Clós Dramh-mhiotail, Feirm Gaoithe.

Tábla 13.7: 'Cuspóir Críosaithe 'VC' "Croíthe Sráidbhailte a chosaint, a fheabhsú agus soláthar a dhéanamh dóibh sa todhchaí."

Aicmí Úsáide a bhaineann leis an gCuspóir Críosaithe	
Ceadaithe I bprionsab al	Leaba agus Bricfeasta, Oifig Ghealltóireachta, Carrchlós, Créamatóiriam ,Ionad Comhdhála, Úsáid Chultúrtha, Dochtúir/Fiaclóir, Oideachas, Ionad Fiontair, Teach Tórraimh, Ionad Garraíodóireachta, Teach Lóistín, Ionad Cúram Sláinte, Gníomhaíochtaí Eacnamaíochta Bhaile, Tithíocht do Dhaoine Scothaosta, Aonaid Oibre/cónaithe, Teach Altranais, Oifigí níos lú ná 100 m.c., Siopa Eisceadúnais, Spás Oscailte, Stáisiún Peitрил, Ionad Cúraim Sláinte Phríomhúil, Teach Tábhairne Ionad Adhartha, Seirbhísí Poiblí, Áis Athchúrsála, Cónaithe-Institiúid Chónaithe, Bialann/Caifé, Teach Altranais, Siopa-Áitiúil, Siopa –Comharsanach, Club Sóisialta, Clinic Tréidliachta, Aonaid Oibre/cónaithe.
Oscailte do Bhreithniúch án	Fógraí agus Struchtúir Fógraíochta Cuibhrinn, Ambasáid, Iosta Breosla, Óstán/Brú, Tionsclaíocht- Ginearálta, Tionsclaíocht Éadrom, Ionad Díolacháin Mótair, Club Óiche, Oifigí 100 m.c.- 1000 m.c., Áis Áineasa, Ionad Aistrithe Bruscair, Fiontair Bunaithe ar Eolaíocht agus Teicneolaíocht, Garáiste Seirbhíse, Club/Áis Spóirt. Staid, Cóiríocht don Lucht Siúil, Ionad Mórdhíola.
Neamhcheadaithe	Seamlas, Aerodróm/Páirc-Aer, Talmhaíocht, Conchróite Coinneála, Ionad Campála, Clós Carabháin-Chónaithe, Reilig, Monarcha Concréite/Asfailt i gCairéal nó in aice leis, Ionad Sonraí, Clós Feithiclí Troma, Ospidéal, Tionscal Eastóscach, Tionsclaíocht- Speisialta, Tionsclaíocht Bunaithe san Oifig, Oifigí thar 1,000 m.c., Páirc Siamsaíochta Faoin Aer, Líonadh Talún/Clais Bruscair, Ollstóráil Miondíola, Tionsclaíocht Tuiathe- Bia, Clós Dramh-mhiotail, Siopa- Ionad Díolacháin Móra, Shop- an tIosta Iompair,Ollstóráil, Feirm Gaoithe.

k Ar shuíomhanna agus in áitribh atá in úsáid le haghaidh gníomhaíocht tionsclaíochta faoi láthair.

Tábla 13.10: Cuspóir Criosaithe 'EE': "Soláthar le haghaidh úsáidí fiontraíochta agus fostaíochta.

Aicmí Úsáide a bhaineann leis an gCuspóir Criosaithe	
Ceadaithe I bprionsabal	Seamlas, Fógraí agus Struchtúir Fógraíochta, Conchróite Coinneála, Ionad Fiontraíochta, Iosta Breosla, Páirc Feithiclí Troma, Gníomhaíochtaí Eacnamaíochta Bunaithe sa Bhaile, Tionsclaíocht- Ginearálta, Tionsclaíocht Éadrom, Tionsclaíocht-Speisialta, Tionsclaíocht Bunaithe san Oifig, Oifigí níos lú ná 100 m.c., Spás Oscailte, Stáisiún Peitрил, Áis Athchúrsála, Ionad Aistrithe Bruscair, Fiontair Bunaithe ar Eolaíocht agus Teicneolaíocht, Clós Dramh-Mhiotail, Garáiste Seirbhíse, Siopa- Áitiúil, Iosta Iompair, Cóiríocht don Lucht Siúil, Ollstóráil, Ionad Díolacháin.
Oscailte do Bhreithniúchán	Talmhaíocht, Cuibhrinn, Carrchlós, Áiseanna Cúraim Leanaí, Monarcha Coincréite/Asfailt i Cairéal nó in aice leis, Ionad Sonraí, Óstán/Brú Tionscal Eastóscach, Ionad Díolacháin Mótair, Club Oíche, Oifigí 100 sq.m -1000 m.c, Oifigí os cionn 1,000 m.c., Teach Tabhairne, Líonadh Talún/Clais Bruscair, Bialann/Caifé, Ollstóráil Díolacháin, Club Sóisialta, Club/Áis Spóirt, Staid, Clinic Tréidliachta.
Neamhcheadaithe	Aeradróm/Aerpháirc, Leaba agus Bricfeasta, Oifig Ghealltóireachta, Páirc Carbhán- Cónaithe, Reilig, Ionad Pobail, Ionad Comhdhála, Dochtúir/Fiaclóir, Oideachas, Ambasáid, Teach Tórraimh, Teach Lóistín, Ionad Cúram Sláinte, Ospidéal, Tithíocht do Dhaoine Scothaosta, Aonaid Oibre/Cónaithe Teach Altranais, Siopa Eisceadúnais, Páirc Siamsaíochta Faoin Aer, Ionad Adhartha, Ionad Cúraim Sláinte Phríomhúil, Áis Áineasa, Cónaithe- Institiúid Chónaithe, Teach Scoir, Tionsclaíocht Tuaithe- Bia, Siopa – Ionad Díolacháin Mór- Comharsanach, Feirm Gaoithe, Aonaid Oibre/Cónaithe.

Tábla 13.8: Cuspóir Críosaithe 'MRC': "Forbairt Ionad Mór Miondíola a chosaint agus a fheabhsú sa todhchaí agus foráil a dhéanamh ar a shon".

Aicmí Úsáide a bhaineann leis an gCuspóir Críosaithe	
Ceadaithe I bPrionsabal	Fógraí agus Struchtúir Fógraíochta, Oifig Ghealltóireachta, Carrchlós, Áiseanna Cúraim Leanaí, Ionad Pobail, Teach Tórraimh, Ionad Garraíodóireachta, Óstán/Brú, Ionad Díolacháin Mótair, Oifigí níos lú ná 100 m.c., - Oifigí 100 m.c.- 1,000 m.c., Siopa Eisceadúnais, Spás Oscailte, Stáisiún Peitрил, Teach Tábhairne, Seirbhísí Poiblí, Áis Áineasa, Áis Athchúrsála, Bialann/Caifé, Trádstórais Díolacháin, Garáiste Seirbhíse, Siopa-Áitiúil, Siopa- Ionad Díolacháin Mór, Siopa-Comharsanach, Clinic Tréidliachta, Ionad Mórdhíola.
Oscailte do Bhreithniúchán	Cuibhrinn, Creamatóiriam, Úsáid Chultúrtha, Ionad Sonraí, Dochtúir/Fiaclóir, Oideachas, Ionad Sláinte, Ospidéal, Tionsclaíocht -Éadrom, Club Oíche, Ospidéal, Oifigí 100 m.c. – 1,000 m.c., Páirc Siamsaíochta Faoin Aer, Ionad Adhartha, Príomh Ionad Cúram Sláinte, Club Sóisialta, Club/Áis Spóirt, Staid, Iosta Iompair, Ollstóráil.
Neamhcheadaithe	Seamlas, Aeradróm/Aerpháirc, Talmhaíocht, Leaba agus Bricfeasta, Conchróite Coinneála, Páirc Carbhán- Cónaithe, Reilig, Ionad Pobail, Monarcha Concréite/Asfalt, i gcairéal nó in aice leis, Ionad Comhdhála, Ambasáid, Iosta Iompair, Teach Lóistín, Páirc Feithiclí Troma, Gníomhaíochtaí Eacnamaíochta Bunaithe sa Bhaile, Tithíocht do Dhaoine Scothaosta, Tionscal Eastóscach, Earnáil- Ginearálta, Tionsclaíocht-Speisialta, Aonaid Oibre/cónaithe, Teach Altranais, Tionsclaíocht Bunaithe san Oifig, Oifigí os cionn 1,000 m.c., Líonadh Talún/Clais Bruscair, Stáisiún Aistrithe Bruscair, Cónaithe- Institiúid Chónaithe, Teach Scoir, Earnáil Tuaithe – Bia, Fiontar Bunaithe ar Eolaíocht agus Teicneolaíocht, Clós Dramh-mhiotail, Cóiríocht don Lucht Siúil, Feirm Gaoithe, Obair.

Tábla 13.9: Cuspóir Criosaithe 'LC': 'Forbairt, feabhsú Ionad Áitiúla a chosaint, a fheabhsú agus soláthar a dhéanamh dóibh.'

Aicmí Úsáide a bhaineann leis an gCuspóir Criosaithe	
Ceadaithe I bPrionsabal	Fógraí agus Struchtúir Fógraíochta, Leaba & Bricfeasta, Oifig Ghealltóireachta, Carrchlós, Áiseanna Cúraim Leanaí, Ionad Pobail, Úsáid Chultúrtha, Dochtúir/Fiaclóir, Oideachas, Ionad Fiontar, Teach Tórraimh, Ionad Garraíodóireachta, Teach Lóistín, Ionad Sláinte, Gníomhaíochtaí Eacnamaíochta Bunaithe sa Bhaile, Tithíocht do Dhaoine Scothaosta, Aonaid Cónaithe/Oibre, Teach Altranais, Oifigí níos lú ná 100 m.c. - Oifigí 100 m.c. - 1,000 m.c., Siopa Eisceadúnais, Spás Oscailte, Stáisiún Peitрил, Ionad Adhartha, Príomh Ionad Cúram Sláinte, Teach Tábhairne, Seirbhísí Poiblí, Áis Áineasa, Áis Athchúrsála, Cónaithe, Institiúid Chónaithe, Bialann/Caifé, Teach Altranais, Siopa-Áitiúil, Siopa- Comharsanach, Club Sóisialta, Clinic Tréidliachta, Aonaid Oibre/Cónaithe.
Oscailte do Bhreithniúchán	Cuibhrinn, Creamatóiriam, Ambasáid, Óstán/Brú, Tionsclaíocht-Éadrom, Ionad Díolacháin Mótair, Tionsclaíocht - Oifig-Bhunaithe, Oifigí 100 m.c. - 1,000 m.c., Iosta Iompair, Fiontar bunaithe ar Eolaíocht agus Teichneolaíocht, Garáiste Seirbhíse, Club/Áis Spóirt, Staid, Cóiríocht don Luch Siúil, Ionad Mórdhíola.
Neamhcheadaithe	Seamlas, Aeradróm/Aerpháirc, Talmhaíocht, Connchróite Coinneála, Ionad Campála, Páirc Carbhán- Cónaithe, Reilig, Monarcha Concréite/Asfailt, i gCairéal nó in aice leis, Ionad Comhdhála Ionad Sonraí, Iosta Iompair, Páirc Feithiclí Troma, Ospidéal, Tionscal Eastóscach, Tionsclaíocht -Ginearálta, Tionsclaíocht - Speisialta, Club Oíche, Oifigí thar 1,000 m.c., Páirc Siamsaíochta Faoin Aer, Lónadh Talún/Clais Bruscair, Ollstóráil Díolacháin, Tionsclaíocht Tuaithe-Bia, Clós Dramhmhiotail, Ionad Díolacháin Mór, Iosta Breosla, Ollstóráil, Feirm Gaoithe.

Tábla 13.10: Cuspóir Críosaithe 'EE': 'Soláthar a dhéanamh le haghaidh úsáidí fiontraíochta agus fostaíochta'

Aicmí Úsáide a bhaineann leis an gCuspóir Críosaithe	
Ceadaithe I bprionsabal	Seamlas, Fógraí agus Struchtúir Fógraíochta, Conchróite Coinneála, Ionad Fiontair, Iosta Breosla, Páirc Feithiclí Troma, Gníomhaíochtaí Eacnamaíochta Bunaithe sa Bhaile, Tionsclaíocht - Ginearálta, Tionsclaíocht Éadrom, Tionsclaíocht - Speisialta, Tionsclaíocht Bunaithe san Oifig, Oifigí níos lú ná 100 m.c., Spás Oscailte, Áis Athchúrsála, Ionad Aistrithe Bruscair, Fiontair Bunaithe ar Eolaíocht agus Teicneolaíocht, Clós Dramh-mhiotail, Garáiste Seirbhíse, Siopa- Áitiúil, An tIosta Iompair, Lóistín Taisteálaí, Ollstóráil, Ionad Díolacháin.
Oscailte do Bhreithniúchán	Talmhaíocht, Cuibhrinn, Carrchlós, Áiseanna Cúraim Leanáí, Monarcha Concréite/Asfailt, i gCairéal nó in aice leis, Ionad Sonraí, Ionad Garraíodóireachta, Óstán/Brú, Tionscal Eastóscach, Ionad Díolachán Mótair, Club Oíche, Oifigí 100 m.c. – 1,000 m.c., Oifigí os cionn 1,000 m.c., Teach Tabhairne, Líonadh Talún/Clais Bruscair, Bialann, Caifé, Ollstóráil Díolacháin, Club Sóisialta, Club/Áis Spóirt, Staid, Clinic Tréidliachta
Neamhcheadaithe	Aeradróm/Aerpháirc, Leaba agus Bricfeasta, Oifig Ghealltóireachta, Ionad Campála, Páirc Carbhán- Cónaithe, Reilig, Ionad Pobail, Ionad Comhdhála, Creamatóiriam, Úsáid Chultúrtha, Dochtúir/Fiaclóir, Oideachas, Ambasáid, Teach Lóistín, Ionad Sláinte, Úsáid Chultúrtha, Dochtúir/Fiaclóir, Oideachas, Ambasáid, Teach Tórraimh, Teach Lóistín, Ionad Sláinte, Ospidéal, Tithíocht do Dhaoine Scothaosta, Aonaid Cónaithe/Oibre, Teach Altranais, Siopa Eisceadúnais, Páirc Siamsaíochta Faoin Aer, Ionad Adhartha, Ionad Cúram Sláinte Príomhúil, Áis Áineasa, Cónaithe - Institiúid Chónaithe, Teach Scoir, Tionsclaíocht Tuaithe – Bia. Ionad Díolacháin Mór, Siopa- Comharsanach, Feirm Gaoithe, Aonaid Oibre/Cónaithe.

Tábla 13.11: Cuspóir Criosaithe RW: ‘Ollstóráil miondíola a sholáthar agus a chomhtháthú’

Aicmí Úsáide a bhaineann leis an gCuspóir Criosaithe	
Ceadaithe I bprionsabal	Fógraí agus Struchtúir Fógraíochta, Carrchlós, Tionscal Eastóscach, Ionad Díolacháin Mótair, Oifigí níos lú ná 100 m.c., Spás Oscailte, Stáisiún Peitрил, Seirbhísí Poiblí, Áis Athchúrsála, Stáisiún Aistrithe Bruscair, Trádstórais Díolacháin, Garáiste Seirbhíse, Iosta Breosla, Trádstóráil, Ionad Mórdhíola.
Oscailte do Bhreithniúchán	Áiseanna Cúram Leanaí, Ionad Fiontar, Iosta Breosla, Teach Tórraimh, Ionad Garraíodóireachta, Clós Feithiclí Troma, Tionsclaíocht- Ginearálta, Club Oíche, Ionad Cúram Sláinte Phríomhúil, Bialann, Caifé, Siopa- Áitiúil, Clinic Tréidliachta.
Neamhcheadaithe	Seamlas, Aeradróm/Aerpháirc, Talmhaíocht, Cuibhrinn, Leaba agus Bricfeasta, Oifig Ghealltóireachta, Conchróite Coinneála, Ionad Campála, Páirc Carbhán- Cónaithe, Reilig, Ionad Pobail, Monarcha Coincréite/Asfailt, i gCairéal nó in aice leis, Ionad Comhdhála, Creamatóiriam, Úsáid Chultúrtha, Dochtúir/Fiaclóir, Oideachas, Ambasáid, Teach Lóistín, Ionad Sláinte, Gníomhaíochtaí eacnamaíochta Bunaithe sa Bhaile, Ospidéal, Óstán/Brú, Tithíocht do haoine Scothaosta, Tionscal Eastóscach, Tionsclaíocht - Ginearálta, Tionsclaíocht - Speisialta, Aonaid Chónaithe/Oibre, Teach Altranais, Earnáil Bunaithe san Oifig, Oifigí 100 m.c. – 1,000 m.c., Oifigí os cionn 1,000 m.c., Siopa Eisceadúnais, Páirc Siamsaíochta Faoin Aer, Ionad Adhartha, Teach Tabhairne, Áis Áineasa, Lónadh Talún/Clais Bruscair, Cónaithe- Institiúid Chónaithe, Teach Scoir, Tionsclaíocht Tuaithe – Fiontair Bunaithe ar Bhia, Eolaíocht agus Teicneolaíocht, Clós Dramh-mhiotail, Ionad Díolacháin Mór, Siopa- Comharsanach, Club Sóisialta, Club/Áis Spóirt, Staid, Cóiríocht don Lucht Siúil, Feirm Gaoithe, Aonaid – Oibre/Cónaithe.

Tábla 13.12: Cuspóir Críosaithe 'HA - DM': "Carachtar iontach nádúrtha cheantair Sléibhte Bhaile Átha Cliath a chosaint agus a fheabhsú "

Aicmí Úsáide a bhaineann leis an gCuspóir Críosaithe	
Ceadaithe I bprionsabal	Talmhaíocht, Carrchlós ^{d,h} Spás Oscailte.
Oscailte do Bhreithniúchán	Leaba agus Bricfeasta ^{a,,} Reilig ^d , Cúraim Leanaí Carrchlós, Reilig, Áiseanna Cúraim Leanaí, Ionad Pobail, Úsáid Chultúrtha, Dochtúir/Fiaclóir, Oideachas, Ambasáid, Ionad Garraíodóireachta ^{a,d} , Teach Lóistín ^{a,d} , Ionad Sláinte, Gníomhaíochtaí Eacnamaíochta Bhaile ^{a,d} , Óstán/Brú, Tionscal Eastóscach ^{a,d} - Ionad Adhartha ^{a,d} , Teach Tabhairne, Seirbhísí Poiblí, Ionad Áineasa ^{j,a} Cónaithe ^{a,c} , Bialann/Caifé ^a , Tionsclaíocht Tuaithe-- Bia ^{a,d} , Club/Áis Spóirt ^d Siopa-Áitiúil ^a , Clinic Tréidliachta. ^{a,d} .
Neamhceadaithe	Seamlas, Fógraí & Struchtúir Fógraíochta, Aeradróm/Aerpháirc, Cuibhrinn, Oifig Ghealltóireachta, Conchróite Coinneála, Páirc Carbhán- Cónaithe, Monarcha Concréite/Asfalt, i gCairéal nó in aice leis, Ionad Comhdhála, Creamatóiriam, Ionad Sonraí, Ionad Fiontair, Iosta Breosla, Teach Tórraimh, Páirc Feithiclí Troma, Ospidéal, Tithíocht do Dhaoine Scothaosta, Tionscal Eastóscach, Tionsclaíocht - Ginearálta, Tionsclaíocht-Speisialta, Aonaid Chónaithe/Oibre, Club Oíche, Teach Altranais, Earnáil Bunaithe san Oifig, Oifigí níos lú 100 m.c., Oifigí 100 m.c. – 1,000 m.c. Oifigí os cionn 1,000 m.c., Siopa Eisceadúnais, Páirc Siamsaíochta Faoin Aer, Stáisiún Peitрил, Ionad Cúram Sláinte Príomhúil, Áis Athchúrsála, Lónadh Talún/Clais Bruscair, Stáisiún Aistrithe Bruscair, Institiúd Chónaithe, Trádstóras Díolacháin, Teach Scoir, Fiontar Bunaithe ar Eolaíocht agus Teicneolaíocht, Clós Dramh-mhiotail, Garáiste Seirbhíse, Ionad Díolacháin Mór, Siopa- Comharsanach, Club Sóisialta, Staid, Iosta Breosla, Cóiríocht don Lucht Siúil, Trádstóras, Ionad Mórdhíola, Feirm Gaoithe, Aonaid Oibre/Cónaithe.

a In áitribh láithreacha

b I sráidbhailte ag freastal ar riachtanais áitiúla

c I gcomhréir le beartas an Chomhairle do fhorbairt chónaithe i gceantair tuaithe

d Neamhceadaithe os cionn comhrian 350m

h Le haghaidh conláiste ar scála beag nó cuspóirí áineasa

i Nasctha go díreach leis an oidhreacht agus luach taitneamhachta Shléibhte Átha Cliath.

*Nóta: Tarlaíonn an Deighilt idir na criosanna 'HA-Dm' agus 'HA-DV' ag

Droichead an Dúin, Bóthar na Bruíne.

Tábla 13.13: Cuspóir Críosaithe 'HA - LV': 'Carachtar agus taitneamhacht iontach Ghleann na Life a chosaint agus a fheabhsú'

Aicmí Úsáide a bhaineann leis an gCuspóir Críosaithe	
Ceadaithe I bprionsabal	Spás Oscailte.
Oscailte do Bhreithniúchán	Talmhaíocht, Cuibhrinn, Leaba agus Bricfeasta ^a , Carrchlós ^{h, g} , Reilig, Áiseanna Cúram Leaná ^a , Ionad Pobail, Úsáid Chultúrtha, Dochtúir/Fiaclóir, Oideachas, Ambasáid ^a , Teach Lóistín, Gníomhaíochtaí Eacnamaíochta Bunaithe sa Bhaile ^a , Óstán/Brú, Ionad Adhartha ^a , Teach Tabhairne ^a , Seirbhísí Poiblí ^f , Áis Áineasa ^{a, f, g, h} , Cónaithe, Bialann/Caifé ^a , Tionsclaíocht Tuaithe-Bia ^a , Siopa-Áitiúil ^a , Club Spóirt/Áis ^{f, g, h} , Cóiríocht don Lucht Siúil ^a .
Neamhcheadaithe	Seamlas, Fógraí & Struchtúir Fógraíochta, Aeradróm/Aerpháirc, Oifig Ghealltóireachta, Conchróite Coinneála, Ionad Campála, Páirc Carbhán- Cónaithe, Monarcha Concréite/Asfalt, i gCairéal nó in aice leis, Ionad Comhdhála, Creamatóiriam, Ionad Sonraí, Ionad Fiontair, Iosta Breosla, Teach Tórraimh, Ionad Garraíodóireachta, Ionad Sláinte, Clós Feithiclí Troma, Ospidéal, Tithíocht do Dhaoine Scothaosta, Tionscal Eastóscach, Tionsclaíocht - Ginearálta, Tionsclaíocht - Éadrom, Tionsclaíocht -Speisialta, Aonaid-Oibre/Cónaithe, Ionad Díolacháin Mótair, Club Oíche, Teach Altranais, Earnáil Bunaithe san Oifig, Oifigí 100 m.c., – 1,000 m.c., Oifigí thar 1,000sq.m, Siopa Eisceadúnais, Páirc Siamsaíochta Faoin Aer, Stáisiún Peitрил, Ionad Cúram Sláinte Príomhúil, Áis Athchúrsála, Lónadh Talún/Clais Bruscair, Stáisiún Aistrithe Bruscair, Institiúd Cónaithe, Trádstórais Díolacháin, Teach Scoir, Fiontar Bunaithe ar Eolaíocht agus Teicneolaíocht, Clós Dramh-mhiotail, Garáiste seirbhíse, Siopa- Ionad Díolacháin Mór, Siopa- Comharsanach, Club Sóisialta, Staid, Iosta Breosla, Clinic Tréidliachta, Ollstóráil, Ionad Mórdhíola, Feirm Gaoithe, Aonaid Oibre/Cónaithe.

a In áitribh láithreacha

c I sráidbhailte ag freastal ar riachtanais áitiúla

f Faoi réir measúnú tionchar an tírdhreacha

g Ní cheadófar gach rangú forbartha laistigh de 30m ó bhuiach na habhann, d'fhonn chun áis áineasa a chosaint.

h Le haghaidh cuspóirí áineasa nó fóillíochta amháin ar scála beag

Tábla 13.14: Cuspóir Criosaithe 'HA - DV': 'Carachtar agus taitneamhacht iontach Ghleann na Dothra a chosaint agus a fheabhsú'*

Aicmí Úsáide a bhaineann leis an gCuspóir Criosaithe	
Ceadaithe I bprionsabal	Spás Oscailte
Oscailte do Bhreithniúchán	Talmhaíocht, Cuibhryn, Leaba agus Bricfeasta, Carrchlós, Reilig, Áiseanna Cúraim Leanaí, Ionad Pobail, Úsáid Chultúrtha, Dochtúir/Fiaclóir, Oideachas, Ambasáid, Teach Lóistín, Gníomhaíochtaí Eacnamaíochta Bhaile, Óstán/Brú, Ionad Adhartha, Teach Tabhairne, Seirbhísí Poiblí, Ionad Áineasa ^{a,f,g,h} , Cónaithe ^{a,c} , Bialann/Caifé ^a , Tionsclaíocht Tuaithe- Bia - Siopa - Áitiúil, Club/Áis Spóirt ^{f,g,h} , Cóiríocht don Lucht Siúil, ^g .
Neamhcheadaithe	Seamlas, Fógraí & Struchtúir Fógraíochta, Aeradróm/Aerpháirc, Oifig Ghealltóireachta Conchróite Coinneála, Ionad Campála, Páirc Carbhán- Cónaithe, Ionad Pobail, Monarcha eConcrite/Asfalt, i gCairéal nó in aice leis, Ionad Comhdhála, Creamatóiriam, Ionad Sonraí, Ionad Fiontair, Iosta Breosla, Teach Tórraimh, Ionad Sláinte, Clós Feithiclí Troma, Ospidéal, Tithíocht do Dhaoine Scothaosta, Ionad Garraíodóireachta, Tionscal Eastóscach, Tionsclaíocht - Ginearálta, Tionsclaíocht - Éadrom, Tionsclaíocht -Speisialta, Aonaid Chónaithe/Oibre, Ionad Díolacháin Mótair, Club Oíche, Teach Altranais, Tionsclaíocht Bunaithe san Oifig, Oifigí 100 m.c. – 1,000 m.c., Oifigí os cionn 1,000 m.c., Siopa Eisceadúnais, Páirc Siamsaíochta Faoin Aer, Stáisiún Peitрил, Ionad Cúram Sláinte Príomhúil, Áis Athchúrsála, Líonadh Talún/Clais Bruscair, Stáisiún Aistrithe Bruscair, Institiúid Cónaithe, Trádstórais Díolacháin, Teach Scoir, Fiontar Bunaithe ar Eolaíocht agus Teicneolaíocht, Clós Dramh-mhiotail, Siopa- Ionad Díolacháin Mór, Siopa-Comharsanach, Club Sóisialta, Iosta Breosla, Clinic Tréidliachta, Ollstóráil, Ionad Mórdhíola, Feirm Gaoithe, Aonaid Oibre/Cónaithe.

a In áitribh láithreacha

c I gcomhréir le beartais na Comhairle i leith forbairt chónaithe i gceantair tuaithe

f Faoir réir measúnú tionchair inghlactha tírdhreacha

g Ní cheadófar gach rangú forbairtí laistigh de 30m ó bhruach na habhann, d'fhonn áis áineasa a chosaint.

h Le haghaidh cuspóirí áineasa ar scála beag amháin.

*Nóta: Tarlaíonn an Roinnt idir criosanna 'HA-Dm' agus 'HA-DV' ag Droichead an Dúin, Bóthar na Bruíne.

Tábla 13.15: Cuspóir Críosaithe 'OS': Spás oscailte agus áiseanna áineasa a chaomhnú agus soláthar a dhéanamh dóibh.'

Aicmí Úsáide a bhaineann leis an gCuspóir Críosaithe	
Ceadaithe I bprionsabal	Cuibhrinn, Ionad Pobail, Úsáid Chultúrtha, Spás Oscailte, Áis Áineasa, Club/Áis Spóirt.
Oscailte do Bhreithniúchán	Talmhaíocht, Leaba agus Bricfeasta ^a , Ionad Campála, Carrchlós, Reilig, Áiseanna Cúraim Leanaí Páirc, Créamatóiriam, Oideachas, Ionad Garraíodóireachta, Teach Lóistín ^a , Gníomhaíochtaí Eacnamaíochta bunaithe sa bhaile, Óstán/Brú, Tithíocht do haoine Scothaosta, Páirc Siamsaíochta Faoin Aer, Ionad Adhartha ^a , Seirbhísí Poiblí, Áis Athchúrsála, Cónaithe, Bialann/Caifé, Siopa-Áitiúil, Staid, Cóiríocht don Lucht Siúil.
Neamhcheadaithe	Seamlas, Fógraí & Struchtúir Fógraíochta, Aeradróm/Aerpháirc, Oifig Ghealltóireachta Conchróite Coinneála, Páirc Carbhán- Cónaithe, Monarcha Concréite/Asfalt, i gCairéal nó in aice leis, Ionad Comhdhála, Ionad Sonraí, Dochtúir/Fiaclóir, Ambasáid, Ionad Fiontair, Iosta Breosla, Teach Tórraimh, Ionad Sláinte, Clós Feithicilí Troma, Ospidéal, Tionscal Eastóscach, Tionsclaíocht - Ginearálta, Tionsclaíocht - Éadrom, Tionsclaíocht - Speisialta, Aonaid Chónaithe/Oibre, Ionad Díolacháin Mótair, Club Oíche, Teach Altranais, Tionsclaíocht Bunaithe san Oifig, Oifigí 100 m.c. - 1,000 m.c., Oifigí os cionn 1,000 m.c., Siopa Eischeadúnais, Stáisiún Peitрил, Ionad Cúram Sláinte Príomhúil, Teach Tabhairne, Líonadh Talún/Clais Bruscair, Stáisiún Aistrithe Bruscair, Institiúd Cónaithe, Trádstórais Díolacháin, Teach Scoir, Tionsclaíocht Tuaithe -Fiontraíocht bunaithe ar Bhia Eolaíocht agus Teicneolaíocht, Clós Dramh-mhiotail, Garáiste Seirbhíse, Siopa - Ionad Díolacháin Mór, Siopa-Comharsanach, Club Sóisialta, Iosta Breosla, Clinic Tréidliachta, Ollstóráil, Ionad Mórdhíola, Feirm Gaoithe, Aonaid Oibre/Cónaithe.

a In áitribh láithreacha

h Le haghaidh cuspóirí conláiste nó áineasa ar mhionscála amháin

e Má tá á sholáthar i bhfoirm reilig faiche

Tábla 13.16: Cuspóir Criosaithe 'RU': 'Taitneamhacht tuaithe a chosaint agus a fheabhsú agus soláthar do fhorbairt talmhaíochta'

Aicmí Úsáide a bhaineann leis an gCuspóir Criosaithe	
Ceadaithe I bprionsabal	Aeradróm/Aerpháirc, Talmhaíocht, Cuibhinn, Reilig, Monarcha Concréite/Asfáilt, i gCairéal nó in aice leis, Gníomhaíochtaí Eacnamaíochta Bunaithe sa Bhaile ^a , Tionscal Eastóscach, Spás Oscailte, Seirbhísí Poiblí, Tionsclaíocht Tuaithe –Bia.
Oscailte do Bhreithniúchán	Seamlas, Leaba agus Bricfeasta ^a Conchróite Coinneála, Ionad Campála, Carrchlós, Cúraim Leanaí, Ionad Pobail, Créamatóiriam, Úsáid Chultúrtha, Dochtúir/Fiaclóir ^b , Oideachas, Ambasáid ^a , Ionad Fiontair, Iosta Breosla ^b , Teach Tórraimh ^b , Ionad Garraíodóireachta, Teach Lóistín, Ionad Sláinte ^b , Páirc Feithiclí Troma, Óstán/Brú, Oifigí níos lú ná 100 m.c, Stáisiún Peitрил, Ionad Adhartha ^a , Áis Athchúrsála, Líonadh Talún/Clais Bruscair, Cónaithe, Siopa-Áitiúil, Club Sóisialta, Feirm Gréine, Club/Áis Spóirt, Staid, Cóiríocht don Lucht Siúil, Clinic Tréidliachta, Feirm Gaoithe.
Neamhceadaithe	Fógraí agus Struchtúir Fógraíochta, Oifig Ghealltóireachta , Páirc Carbhán- Cónaithe, Ionad Chomhdhála, Ionad Sonraí , Ospidéal, Tithe do Dhaoine Scothaosta, Tionsclaíocht - Ginearálta, Tionsclaíocht - Éadrom, Tionsclaíocht - Speisialta, Aonaid Chónaithe/Oibre, Ionad Díolacháin Mótair, Club Oíche, Teach Altranais, Tionsclaíocht Bunaithe ar an oifig, Oifigí 100m.c - 1,000 m.c., Oifigí os cionn 1,000 m.c., Siopa Eisceadúnais, Páirc Siamsaíochta faoin Aer, Stáisiún Aistrithe Bruscair, Institiúid Chónaithe, Trádstóras Miondíola Teach Scoir, Fiontraíocht Bunaithe ar Eolaíocht & Teicneolaíocht, Clós Dramh-mhiotail, Siopa-Díolacháin Mór, Siopa-Comharsanach, Iosta Breosla, Trádstóras, Ionad Mórdhíola, Aonaid Oibre/cónaithe.

a In áitribh láithreacha

b I sráidbhailte le freastail ar riachtanais áitiúla

c I gcomhréir le beartas na Comhairle don fhorbairt chónaithe i gceantair tuaithe

d Le haghaidh cuspóirí conláiste ar scála bheag nó cuspóirí áineasa amháin

13.2 Oidhreacht Nádúrtha, Chultúrtha agus Thógtha

Ba chóir an mhír seo a léamh in éineacht leis na beartais agus cuspóirí a leagadh amach i gCaibidil 3: Oidhreacht Nádúrtha, Chultúrtha agus Thógtha.

13.2.1 Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha

Aithníonn Measúnú ar Charachtar an Tírdhreacha (LCA) do Dheisceart Chontae Bhaile Átha Cliath cúig Cheantar Carachtair Tírdhreacha. Seo iad:

- Gleann na Life
- Ísealchríocha an Chaisleán Nua
- Áth Gó agus Cnoic Teach Sagard
- An Dothra agus Gleann an Smóil
- Uirbeach

Aithníonn an LCA **Cineálacha Éagsúla Charachtair Tírdhreacha** laistigh den chontae mar seo a leanas:

- Gleann Abhann
- Canáil
- Ísealchríocha Talmhaíochta
- Bunchnoic Ísle
- Bunchnoic
- Sléibhte
- Spás Glas
- Conair Iompair
- Uirbeach
- Uirbeach Stairiúil
- Imeall Uirbeach

Féadfadh Cineálacha Charachtair Tírdhreacha éagsúla a bheith laistigh de gach Ceantar Charachtair Tírdhreacha.

Beidh **cumas** gach cineál Charachtair Tírdhreacha chun forbairt nua a ionsú ag brath go mór ar **íogaireacht** an tírdhreacha. Ciallaíonn cumas an tírdhreacha ábaltacht an tírdhreacha chun glacadh le hathrú de mhéideanna éagsúla i bhforbairt de chineál ar leith gan cur isteach go mór ar charachtar intreach an tírdhreacha. Tógann measúnú ar íogaireacht carachtar, cáilíocht agus riocht iomlán an tírdhreacha san áireamh agus measann sé a acmhainn ionchasach chun oiriúnú don athrú gan a charachtar intreach a chailleadh. Meastar go bhfuil íogaireacht Íseal, Measartha nó Ard. Mar sin de, bheadh acmhainn íseal ag tírdhreach le íogaireacht ard, ach braitheann leibhéal an acmhainn ar an gcineál forbartha atá i gceist.

Cumadh **prionsabail forbartha** le haghaidh gach Cineál Charachtair Tírdhreacha. Cabhróidh na prionsabail seo le bainistíocht forbartha lena n-áirítear dearadh na moltaí forbartha agus measúnú ar iarratais pleanála. Leagtar amach sna táblaí thíos coimre gearr ar thréithe gach Cineál Charachtair Tírdhreacha, a ráta íogaireachta agus na prionsabail forbartha.

Tábla 3.17: Cineálacha Charachtair an Tírdhreacha

LCT	Coimre	Íogaireacht
Gleannta abhann	<ul style="list-style-type: none"> → Príomhaibhneacha an chontae le ithreacha gláracha ag draenáil go Cuan Bhaile Átha Cliath. → Ag éirí sna bunchnoic nó sna sléibhte go ginearálta agus ag draenáil i dtreo an Oirthuaiscirt go Cuan Bhaile Átha Cliath. → Cruthaíonn an fásra bruachánach agus na línte crainn le coillearnach ghlárach tréith tírdhreacha agus éiceolaíochta tharraingteach. → Ag athrú idir gleannta abhann leathana aibí go gleannta caolta trinsithe le tírdhreach níos drámata. 	Measartha go Ard

Prionsabail don Fhorbairt

- Ba chóir tréithe nádúrtha agus cultúrtha an NCT seo a aithint agus a fheabhsú.
- Má tá forbairt nua san LCT riachtanach, ba chóir di an carachtar a léiriú agus a fheabhsú, cur chuige le barraíocht béim ar an innealtóireacht a sheachaint agus cur leis seachas baint de le réimeas oiriúnach plandála.
- Ba chóir tús áite a thabhairt do réitigh bunaithe ar nádúr sa dearadh.
- Ba chóir forbairt nua in aice leis na NTC seo an radharc anuas leitheadach agus tionchair solais ar na gleannta abhann a sheachaint maidir le tírdhreach agus ba chóir aird a thabhairt ar an dúlra.
- Plandú Bruachánach a fheabhsú agus a spreagadh.
- Ilroinnt gnáthóga agus Conairí a laghdú.
- Rochtain bhainistithe oiriúnach ar an abhann a éascú do úsáideoirí éagsúla.
- Ba chóir don bhonneagar áineasa ar nós cosáin siúlta, agus comharthaíocht a bheith de thionchar íseal, discréideach agus comhsheasmhach.

LCT	Coimre	Íogaireacht
Canáil	<ul style="list-style-type: none"> → Sruthchúrsaí saorga le tábhacht stairiúil. → Is gné iad claífoirt agus tá a n-ailíniú comhcheangailte go dlúth agus go rialta le línte iarnród. → Tá coillearnacha agus gnáthóga a bhaineann leis an gcanáil tábhachtach mar ghnéithe éiceolaíocha. → Soláthraíonn siad ceantar áineasa inrochtana do chónaitheoirí uirbeacha. 	Íseal go Measartha

Prionsabail don Fhorbairt

- Nascacht éiceolaíocha a fheabhsú.
- Pleananna a fhorbairt chun bealaí rochtana leanúnacha a sholáthar le haghaidh úsáidí áineasa agus eile.
- Leibhéal oiriúnach ar bhonneagar áineasa nach bhfuil ró-innealtóireachta, ag breathnú ar charachtar an tírdhreacha áitiúla agus solathrú fograíocht discréideach, íosghile.
- Oidhreacht Thógtha a bhaineann leis an gcanáil a fheabhsú.
- An tionchar a bhaineann le bonneagar méadaithe áineasa agus go háirithe soilsiú a bhreithniú.
- Ba chóir go ndéanfadh forbairt nua cóngarach don LCT iarracht carachtar tírdhreacha na canála a fheabhsú.
- Ba chóir go mbeadh plandú speiceas oiriúnacha crann agus tor agus bearta as Plean Pailneora Uile-Éireann mar threoir do chóireáil an tírdhreacha le taobh na canála.

LCT	Coimre	Íogaireacht
Talamh Feirme Aolchloiche	<ul style="list-style-type: none">→ Talamh íseal droimneach (Faoi 100m de ghnáth) le buncharraig aolchloiche.→ Áirítear curaíocht agus féarach sa talamhúsáid→ Patrún lonnaíochta scaipthe go ginearálta.	Measartha

Prionsabail don Fhorbairt

- Is acmhainn talmhaíochta thábhachtach í an LCT seo ach tá sí i mbaol ón tionchar uirbeach.
- Is bonneagar talmhaíochta glas tábhachtach í a dhéanann maoláin idir na ceantair mhóra uirbeacha in oirthear na tíre.
- An carachtar talmhaíochta a fheabhsú trí shláine an LCT a chothabháil.
- Smacht a chur ar leathnú uirbeach, ar fhorbairt ribíneach agus cineálacha eile creimthe agus ar ilroinnt charachtair an tírdhreacha.
- Solathraíonn a charachtar mar thírdhreach tuaithe féiniúlacht thábhachtach faoi leith don cheantar seo agus tá treoir suíomh pleanála riachtanach maidir le stíleanna agus cóireálacha dúchasacha oiriúnacha i bhforbairtí nua.

LCT	Coimre	Íogaireacht
Bunchnoic ísle	<ul style="list-style-type: none"> → Lonnaithe go ginearálta idir 100 go 200m. → Is gaineamhchlocha dríodracha, slinnte agus gréabhacaí iad buncharraig na mbunchnoc den chuid is mó. → Is féarach agus féarach garbh í an clúdach talún den chuid is mó. → Tithíocht tuaithe scaipthe le stíleanna ailtireachta agus cóireála éagsúla agus le tithe feirme aon leibhéil tríd le piléir gheata chruinne mar thréith dhúchasach. → Cúrsaí gailf agus siúlóidí coille i láthair. 	Measartha go Ard

Prionsabail don Fhorbairt

- Is cúlra tabhachtach iad na bunchnoic do na hísealchríocha agus laghdóidh an fhorbairt ar mhórsála an a luach tírdhreacha agus radhairc.
- Maireann fál sceach de speicis dhúchasacha mar ghné agus ba chóir é a spreagadh mar ghné teorann chun scagadh a fheabhsú agus bithéagsúlacht áitiúil a fheabhsú.
- Ionaid amhairc agus leataobh – d'fheabhsódh cóireáil teorann níos fear iad seo.

LCT	Coimre	Íogaireacht
Bunchnoic	<ul style="list-style-type: none"> → Is gaineamhchlocha dríodracha, slinnte agus gréabhacaí iad buncharraig na mbunchnoc den chuid is mó. → Éiríonn na bunchnoic seo níos airde ná 150m. → Tá clúdach talún le féarach níos gairbhe le plándalacha buaircíneacha ag barr na sléibhte. → Úsáid áineasa le siúlóidí choillte 	Measartha go Ard

Prionsabail don Fhorbairt

- Is cúlra tabhachtach iad na bunchnoic do na hísealchríocha agus laghdóidh forbairt ar mhórsála luacht an tírdhreacha agus an radhairc
- Maireann fál sceach de speicis dhúchasacha mar ghné agus ba chóir é a spreagadh mar ghné teorann chun scagadh a fheabhsú agus bithéagsúlacht áitiúil a fheabhsú
- Ionaid amhairc agus leataobh – d'fheabhsódh cóireáil teorann níos fear iad seo.
- Deis chun athphlandú le speicis choillearnaigh níos oiriúnaí agus bloic phlandála buaircíneacha a laghdú.
- Nascaíocht éiceolaíochta don fiadhúlra isteach sna hardtailte agus sna hísealchríocha agus ar aghaidh chuig Páirc Náisiúnta.

LCT	Coimre	Íogaireacht
Sléibhte	<ul style="list-style-type: none"> → Is cumhdach talún ceannasach iad foraoisí bhuaircíneacha agus móinteáin fraoigh/féarach garbh, le bratphortach fairsing ar mhullaigh. → Topagrafaíocht athraitheach, ach tá croí-limistéir os cionn 200m agus ag ardú go 757m Cipiúr ar Theorainn Bhaile Átha Cliath/Cill Mhantáin. → Buncharraig Eibhear agus/dríodrach go príomha. 	Ard
<p>Prionsabail don Fhorbairt</p> <ul style="list-style-type: none"> → An carachtar iargúlta tuaithe a choinneáil agus a fheabhsú → Cruthaíonn na hardtailte agus na cnoic atá ina measc cúlra tábhachtach do mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus is ceart aitheantas a thabhairt don fhrámú agus dá thábhacht mar theorainn an deiscirt. → Meabhraíonn cnuasú de ghnéithe seandálaíochta ar na mullaigh an oidhreacht fhada atá ag na hardtailte. → Tá an deis chun athphlandú a dhéanamh le speicis coillearnaí níos oiriúnaí agus na bloic plandálacha bhuaircíneacha a laghdú. → Tacú le nascanna éiceolaíochta don fhiadhúlra sna ardtailte agus sna híséalchríocha agus ar aghaidh go dtí Páirc Náisiúnta. → Ba chóir forbairt áineasa nó bonneagar méadaithe a dhéanamh go cúramach, gan ró-innealtóireacht agus earraí oiriúnach áitiúla a úsáid. → Ba chóir do shaineolaithe cáilithe gairmiúla san oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha measúnú a dhéanamh ar iarmhairtí fhéideartha forbartha. 		

LCT	Coimre	Íogaireacht
Spás Glas	<p>→ Tagraíonn sé sep go sonrach do na ceantair is mó de fhearann páirce a fheidhmíonn mar thearmainn éiceolaíochta agus mar spás glas do na hísealchríocha uirbeacha. Is féidir leo a bheith comhdhéanta de iar-dhiméin ar nós Diméin Chorcaí agus Páirc Thigh Motháin nó an spás glas a bhaineann le haibhneacha ar nós Páirc Ghleann na Dothra.</p> <p>→ Ar na príomh-thréithe tá éagsúlacht gnáthóga, agus tá spás áineasa formiúil ar nós páirceanna agus faichí i gcuid acu, spásanna eile atá níos nádúrtha le héagsúlacht gnáthóga lena n-áirítear cúrsaí uisce, locháin, coillearnaigh.</p>	Ard
<p>Prionsabail don Fhorbairt</p> <ul style="list-style-type: none"> → Pleanáil a dhéanamh chun nascanna a fheabhsú idir ceantair spáis oscailte go iar-ghréasáin leanúnacha de spás oscailte. → Chomh maith le conairí éiceolaíochta agus eispéiris áineasa a fheabhsú, dhéanfadh an plan seo comhtháthú ar forbairtí ilroinnte. → Acmhainn il-fheidhmiúil na spásanna oscailte a chioradh. → Éagsúlacht ghnáthóga a chothabháil agus a fheabhsú. → Príomh-chomhpháirt den ghréasáin glas agus gorm a fheidhmíonn go rialta mar mhaolán do na haibhneacha. → Deiseanna chun luach fiadhúlra agus éiceolaíochta a fheabhsú trí phlandú oiriúnach agus bainstíocht eolach de thoradh suirbhéanna éiceolaíochta. → Riachtanais neamhfoirmiúla agus foirmiúla áineasa a chothramú. → Ba chóir éifeachtaí soilse a mheas go cúramach agus dhearadh d'fhonn droch-thionchar ar fhiadhúlra a sheachaint. 		

LCT	Coimre	Íogaireacht
Conairí Iompair	<ul style="list-style-type: none"> → Bealaí iompair móra atá le tréscailteacht íseal de ghnáth mar gur annamh a sholathraíonn siad áiteanna mar ar féidir iad a thrasniú go sabhálte. → Tá línte iarnród, mótarbhealaí, carr-bhealaí dúbáilte agus seach-chonairí san áireamh. 	
<p>Prionsabail don Fhorbairt</p> <ul style="list-style-type: none"> → Cóireáil teorainn níos láidre agus scagadh níos mó trí phlandú más oiriúnach/féideartha. → Bearta bonneagair ghlas in aice le/feadh naconairí seo a bhreithniú má tá sé praiticiúil. 		

LCT	Coimre	Íogaireacht
Uirbeach	<ul style="list-style-type: none"> → Tá talamh thógtha agus lonnaíochtaí stairiúla laistigh de cheantair móra uirbeacha san áireamh. → Comhdhéanta den chuid is mó de shráidbhailte bunaithe agus bailte cnuasta a d'fhorbair go stairiúil – rinneadh feabhsaithe tábhachtacha ar a lán díobh sa 19ú haois ó thaobh sráid-dreacha. → Tá forbairt chónaithe de bhunúis éagsúla mórthimpeall orthu ón 20ú haois go háirithe agus tá forbairtí móra suntasacha tógtha le fiche blain anuas. 	
<p>Prionsabail don Fhorbairt</p> <ul style="list-style-type: none"> → Láithreánú agus cóireáil teorainn oiriúnach ar na forbairtí chónaithe nua. → A léiriú trí ráiteas dearaidh/máistirphlean/plean plandaithe cén nasc atá aige le do chroílár stairiúil nuair atá a leithéid ann. → Úsáid níos láidre a bhaint fál scean agus crainn mar scagadh radharcach. 		

LCT	Coimre	Íogaireacht
Uirbeach Stairiúil	<p>Uirbeach Stairiúil: Ionnaíochta a d'fhás as fréamhacha eaglasta (Luath-Chríostaíocht) nó meánaoiseacha.</p> <p>Sráidbhaile Chluain Dolcáin Sráidbhaile Leamhcáin Baile Phámar Íochtarach (Ionad Muilinn) Sráidbhaile Ráth Fearnáin le Sruthán Liam Sráidbhaile Thamhlachta Sráidbhaile Theach Sagard Sráidbhaile Ráth Cúil San áireamh freisin tá croílár: Sráidbhaile Chaisleán Nua – Teorainn an Phlean Ceantair Áitiúil</p>	

Prionsabail don Fhorbairt

- Fabraic stairiúil na sráidbhailte seo a fheabhsú.
- Foirmeacha agus comhábhair tógála oiriúnacha a úsáid sa réimse poiblí
- Comhsheasmhacht le agus meas ar ainmníochtaí ar nós Limistéar Caomhantais Ailtireachta.
- A bhfuil thuasluaite a chomhlíonadh bhforbairtí nua agus i dtionscadail sa réimse poiblí.
- Cóireálacha boga ar an tírdhreacha d'fhonn an bonneagar glas a fheabhsú ag scála níos lú.

LCT	Coimre	Íogaireacht
Imeall uirbeach	<ul style="list-style-type: none"> → Tailte idirchriosacha tuaithe den chuid is mó ag athrú go talamhúsáid fobhailteach nó uirbeach. → Ag gathú ó lonnaíochtaí bunaithe agus in aice le nascanna iompair. → Talamhúsáid: talún thógtha lena n-áirítear iompair, páirceanna miondíola/gnó, cairéil, agus tithíocht dhíorthaithe uirbeach. 	

Prionsabail don Fhorbairt

- Scagadh trí phlandú leathanduilleach dúchasach chun teorainn agus sainmhíniú radharcach níos láidre a sholáthar agus nascacht éiceolaíoch a fheabhsú.
- Cur chuige comhleanúnach i leith cóireálacha agus dearadh teorann.
- Pleananna a ullmhú chun tailte idirchriosacha a chomhtháthú sa tírdhreach trí phlandú oiriúnach agus cóireálacha teorann.

Tírdreacha Ard-Taitneamhachta Íogaire

Beidh **Measúnú Tionchar Tírdhreacha** riachtanach le haghaidh tograí forbartha i gcriosanna ard-taitneamhachta agus i dtírdhreacha íogaire, lena n-áirítear tograí a mbeadh tionchar acu ar radhairc nó ionchais ainmnithe. Measúnóidh an Measúnú Tionchar Tírdhreacha tionchar amhairc na forbartha (lena n-áirítear oibreacha coimhdeacha) ar an tírdhreach agus molfaidh sé bearta maolaithe chun tionchar na forbartha a laghdú. Faoi rogha an Údaráis Phleanála, ní bheidh oibreacha ar scála níos lú nach dócha go gcuirfeadh siad isteach ar an tírdhreach, ar nós síntí ar áitribh, faoi réir an riachtanais seo. Is ceart tacú le forbairt a fheabhsaíonn tírdhreacha díghrádaithe. Cinnteoidh dearadh an tírdhreacha:

- Go mbeidh **Na Prionsabail don Fhorbairt** atá leagtha amach i dTábla 3.17 Cineálacha Carachtair Tírdhreacha léirithe sa togra
- Go mbeidh an fhorbairt láithreánaithe gus deartha go cúramach, agus ar scála oiriúnach.
- Go dtabharfar aitheantas agus cothabháil chuí do shaintréithre láithreáin atá ann cheana ar nós crainn eiseamail, seastáin de chrainn aibí, fálta sceach, lomáin carraige agus gnéithe uisce agus go mbeidh plandú nua nó tírdhreachadh eile oiriúnach do charachtar an cheantair.
- Go mbeidh leagan amach fhorbartha nua faoi thionchar na ngnéithe nádúrtha tábhachtacha atá ar an láthair.
- Go mbeidh plandú dúchasach na hÉireann agus speicis atá báúil don phailneoir áirithe i dtírdhreachadh na bhforbairtí nua.
- Go n-aithneofar cearta slí agus bealaí siúlóidí atá ann cheana mar chuid d'aon iarratais pleanála laistigh an Chontae.

Fálú

Ní forbairt dhíomhaithe é fálú talún atá oscailte nó á úsáid ag an bpobail le deich mbliana roimhe faoi réir Airteagal 9(1)(a)(x) de na Rialacháin Pleanála agus Forbartha. Tá na ceangaltais seo a leanas infheidhme maidir le fálú nua:

- Beidh Fálú nua i gceantair ardtalaimh nó taitneamhachta ah cloí leis na cleachtas talmhaíochta is fearr;
- Soláthrófar sonraí de nádúr an chomhábhair a bheadh in úsáid, airde an fháil, agus i gcás fálú sreinge, an cineál sreinge a bheadh in úsáid;
- Féadfaidh dreapaí nó geataí a bheith riachtanach ag áiteanna oiriúnacha agus i gcásanna mar seo, soláthrófar sonraí maidir le toisí agus comhábhair.

Láithreacha le Topagrafaíocht Athraitheach nó Ghéar

Is ceart anailís chuimsitheach suímh a bheith le tograí (lena n-áirítear córais chóireáil fuíolluisce agus bearta eile a bhaineann le tograí cónaitheacha agus talmhaíochta) a bheith le tograí ar láithreacha le topagrafaíocht ghéar agus/nó athraitheach (lena n-áirítear **measúnú charachtair** agus **anailís ar ghluaiseacht**), **togra choincheapa** agus ráiteas dearaithe mar atá luaite agus léirithe in *Urban Design Manual – A Best Practice Guide*, DEHLG (2009), DEHLG (2009). Ba chóir trasghearrtha agus pleananna suímh a bheith leis an anailís seo in éineacht le sonraí aon athruithe atá beartaithe ar leibhéal an tsuímh agus conas a chuimseoidh an togra fána nádúrtha gnéithe draenála an tsuímh.

- Ba chóir do thograí comhrianta an tsuímh a leanúint le réitigh dearaidh faoi leith ar nós tithíocht leibhéal scoile le dlúis níos isle agus gairdíní le fána le cóireáralacha teorann plandaithe. Nuair atá athruithe ag leibhéal talún dosheachanta, féadfar bruacha plandaithe a úsáid.

13.2.2 Cosaint Éiceolaíoch

- D'fhonn cloí le reachtaíocht Eorpach agus Náisiúnta ar chaomhnú an dúlra, agus a chinntiú go bhfuil cosaint leordhónacha ag limistéir de luach biehtëagsúil, beidh **Measúnú Tionchair Éiceolaíoch** ag teastáil le haghaidh tograí forbartha a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shuímh íogaire ó thaobh an chomhshaoil. Áirítear leis seo suímh atá cosanta faoi reachtaíocht AE agus Náisiúnta; suímh a d'fhéadfadh a bheith in úsáid ag speicis chosanta nó ina ngnathóga acu; nó suímh atá gar do shruthchúrsaí tábhachtacha.
- Ba chóir go mbeadh gach togra forbartha ag iarraidh feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht agus cailliúint ghnáthóga agus chonairí fiadhúlra a sheachaint nó a íoslaghdú.
- Beidh ceadúnas maolaithe de dhíth le haghaidh aon togra a chuirfeadh isteach ar shuíomh atá aitheanta nó ar dócha é a bheith ina shuíomh pórúcháin ag speicis atá liostaithe i Rialacháin Gnáthóga, nó faoi réir Airteagal 16 den Treoir maidir le Gnáthóga a d'eisigh an NPWS.
- Ba chóir aon mholtaí forbartha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar Shuímh Eorpacha a scagadh le haghaidh **Measúnú Cuí** agus **Ráiteas Tionchar Natura** (féach ar 13.2.3 thíos), más gá, agus a thagairt don NPWS.
- I dtaca le mholtaí forbartha ar shuímh in áit a bhfuil nó a raibh speicis ionracha i láthair, ba chóir go gcuirfidh iarratasóirí **clár smachta agus bainistíochta** faoi bhráid le bearta chun speicis ionracha a chosc, a smachtú nó a dhíbirt mar chuid den phróiseas pleanála agus chun cloí le forálacha na Rialacháin na gComhphobal Eorpacha maidir le Éin agus Gnáthóga, 2011 (S.I. 477/2011).

13.2.3 Measúnú Cuí

Ní bhronnfar cead pleanála do thogra forbartha ach amháin:

- nach mbeadh aon tionchar aige ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail atá ann cheana nó beartaithe ar Shuíomh Eorpach, nó
- nuair is cosúil go bhféadfadh tionchar suntasach mar seo (ina aonar nó i gcomhar le tograí eile) a bheith ag togra forbartha déanfaidh an tÚdarás Pleanála **measúnú cuí**, mar a éilíonn an dlí de réir ceangaltais Airteagal 6(3) de Rialachán Gnáthóga 92/43/EEC den 21ú Bealtaine 1992 ar chaomhnú ghnáthóga nádúrtha agus fána agus flora fiáin, mar atá trasaithe go reachtaíocht na hÉireann.

Ní aontóidh an tÚdarás pleanála leis an bhforbairt sin agus leis na bearta maolaithe cuí i bhfoirm coinníolacha pleanála go dtí go mbíonn sé deimhnithe nach mbeidh tionchar dochrach ag an togra forbartha ar shláine aon suímh Eorpaigh.

Ní féidir togra forbartha a d'fhéadfadh cur go dochrach ar shláine suímh Eorpaigh a cheadú ach i gcúinsí eisceachtúla, mar a fhoráiltear in Airteagal 6(4) de Rialacháin Gnáthóga mar atá trasaíthe go reachtaíocht na hÉireann.

13.2.4 Measúnú Tionchair Timpeallachta

Is uirlis thábhachtach é an Measúnú Tionchar Timpeallachta (MTT) de bheartas comshaoil an AE. Is é príomhchuspóir an Treoir MTT (Treoir 2011/92/EU a leasaítear ag 2014/52/EU) a chinntiú nach gceadófar tionscadail phoiblí agus phríobháideacha, a d'fhéadfadh tionchar mór a imirt ar an gcomhshaol ach amháin nuair a bheidh measúnú déanta ar thionchar na dtionscadal ar an gcomhshaol. Leagtar amach na tosca chomshaoil ar cheart tionscadail a mheas ina gcoinne in Airteagal 3 den Threoir mar a leanas:

- daonra agus sláinte daoine,
- bithéagsúlacht
- talún,
- talamh,
- uisce,
- aer agus aeráid,
- sócmhainní ábharacha,
- oidhreacht chultúrtha agus an tírdhreach
- agus an idirghníomhaíocht idir na tosca seo.

Is próiseas é an Measúnú Tionchair Timpeallachta atá le déanamh maidir le hiarratais d'aicmí forbartha faoi leith atá liostaithe sa Treoir sula ndéantar cinneadh maidir le toiliú forbartha. Áirítear sa phróiseas Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchar Timpeallachta a bheith ullmhaithe ag an iarratasóir, comhairliúchán leis an bpobal, le comhlachtaí forordaithe ábhartha agus aon Bhallstáit a mbaineann sé leo, agus imscrúdú agus anáilís ar an EIAR agus aon eolas ábhartha eile chabhróidh le conclúid réasúnach ón údarás inniúil, maidir le tionchar suntasach féideartha na forbartha atá beartaithe ar an gcomhshaol.

Sonraítear sna Rialacháin Pleanála agus Forbartha, 2002 (arna leasú), na tairseacha sainordaitheacha atá le sárú ag Ráitis Tionchar Timpeallachta (EIAR) maidir le cineálacha agus scála tograí forbartha. Nuair is léir don Údarás Pleanála go dtiteann moladh forbartha laistíos de na tairseacha atá leagtha amach sna Rialacháin Pleanála agus Forbartha, féadfaidh an tÚdarás Pleanála RTT fo-thairsí/lánroghnach a iarraidh. Déanfar scagadh RTT nó réamh-mheasúnú ar gach iarratas pleanála.

13.2.5 Oidhreacht Seandálaíochta

Déanfar forbairt in aice le suímh seandálaíochta i gcomhréir leis na ceangaltais sa *Chreatlach agus Prionsabail do chosaint Oidhreacht Sheandálaíochta*, DAHGI (1999) agus a dhearadh leis an tionchar is lú is féidir a imirt ar ghnéithe seandálaíochta. Tá **toimhde i bhfabhar caomhnú in situ** ar shuímh seandálaíochta agus séadchomharthaí chomh maith le tionchar na forbartha ar ghnéithe seandálaíochta a sheachaint.

Tabharfar aird ar Mheasúnaithe ar Charachtar Tírdhreacha Stairiúil Éiritheach mar atá i Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha Chontae Bhaile Átha Cliath Theas (2021) nuair a dhéantar measúnú ar iarratais pleanála ábhartha. Tabharfar aird freisin ar chúraimí seandálaíochta nuair a bhíonn bonneagar agus oibreacha bóthair atá beartaithe lonnaithe i ngar do Shéadchomharthaí agus Áiteanna Taifeadta.

Beidh **Measúnú Tionchar Seandálaíochta** agus **Ráiteas Modha** in éineacht le gach togra forbartha a bhféadfadh impleachtaí a bheith acu ar an oidhreacht seandálaíochta. Cuirfear na nithe a leanas san áireamh sa mheasúnú:

- Tástáil seandálaíochta, suirbhéireacht, monatóireacht agus taifeadadh réamh-fhorbartha mar is cuí, le déanamh ag seandálaí cáillithe.
- Sainmhíniú den cheantar maoláin mórthimpeall atá mórthimpeall ar n séadchomhartha a chosnóidh an suíomh agus taitneamhacht radhairc na háite.
- Na bearta cosanta a bheidh in úsáid ar an suíomh a sholáthar.
- Is féidir go mbeadh Plean Caomhantais riachtanach le haghaidh forbartha in aice le suíomh nó séadchomhartha atá áirithe sa Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna, d'fhonn cosaint leanúnach an tSéadchomhartha agus a shuímh a chinntiú.
- Déan tagairt do: *Creat agus Prionsabail chun an Oidhreacht Seandálaíochta a Chosaint*, DAHGI (1999) le haghaidh soiléiriú ar thábhacht an suímh.

Ba chóir na ceisteanna seo a leanas a mheas chomh maith:

- Is féidir go mbeadh gá le Measúnú Tionchair Amhairc ag teastáil maidir le tograí forbartha in aice le iarsmaí seasta.
- Déanfar tochailt iomlán seandálaíochta nuair atá sé molta ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta nó aon chomhlacht a ghlacfaidh a ionad.
- Is ceart monatóireacht seandálaíochta a dhéanamh i rith oibreacha forbartha nuair a mheastar é a bheith riachtanach chun fosuithe, gnéithe nó réada seandálaíochta a aithint agus a chosaint.

Déanfar gach iarratais pleanála agus togra forbartha eile atá laistigh de shuímh gud de ghnéithe a mbaineann spéis stairiúil nó seandálaíochta leo, nó a bhféadfadh cur isteach orthu a atreorú chuig an Aire trí an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus chuig an Chomhairle Oidhreachta. Chun na hiarratais pleanála a bhreathnú, beidh an tÚdarás Pleanála ag breathnú ar thuairimí agus moltaí ón Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, ón Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta agus ó chomhlachtaí leasmhara eile.

13.2.6 Struchtúir Chosanta

(i) Ginearálta

Tá cead pleanála riachtanach le haghaidh oibreacha a chuirfeadh isteach go hábhartha ar charachtar Struchtúir Chosanta. Is féidir Dearbhú Mír 57 a iarraidh ón Údarás Pleanála chun na cineálacha oibreacha nach gcuirfeadh isteach ar charachtar Struchtúir Chosanta agus nach bhfuil cead pleanála riachtanach dóibh a liostáil.

(II) Oibreacha ar Struchtúir Chosanta

Beidh gach togra le haghaidh forbartha nó athruithe ar struchtúir chosanta agus gach obair ar struchtúir chosanta deartha agus déanta de réir phrionabail na gcleachtas caomhantais is fearr mar atá leagtha amach *d'Treoirlínte Oidhreachta Ailtireachta Chaomhnaithe*, DAHG (2011) nó treoirlínte a ghlacann a ionad.

Ba chóir go mbeadh **Tuarascáil Chaomhantais**, lena n-áirítear **Ráiteas Mhodha** agus **Sceideal na nOibreacha** le sonraí na n-oibreacha atá beartaithe, le gach iarratais pleanála maidir le hoibreacha ar Struchtúir Chosanta, agus í a bheith ullmhaithe ag ailtire Caomhantais atá cáilithe go cuí.

Is féidir go mbeadh **Measúnú Tionchar Oidhreachta Ailtireachta** riachtanach i gcás iarratais le haghaidh oibreacha sínteacha nó casta a d'fhéadfadh tionchar mór a imirt ar Struchtúir Chosanta.

Ba chóir na bunphrionsabail a leanas a bhreithniú nuair atá athshamhlú á dhéanamh ar Struchtúir Chosanta nó réadmhaoin stairiúil:

- Is ceart measúnaithe agus tuarascálacha (féach thuas) a bheith ullmhaithe ag speisialtóir caomhantais faoi réir na dTreoirlínte thuasluaite agus tionchair fhéideartha na forbartha atá beartaithe ar charachtar faoi leith an Struchtúir Chosanta agus a shuíomh a mheas.
- Is ceart do na hathruithe scála, suíomh agus carachtar an fhoirgnimh bhunaigh a chur in iúl agus meas a léiriú orthu, gan cur isteach ar a fhabraic bhunúsach ná baint de thábhacht ná de luach an déanmhais.
- Is ceart an obair dhearaidh a bhreithniú go cúramach agus í a dhéanamh ar bhealach nach ndéanfadh athrú leitheadach struchtúrtha a chuirfeadh isteach ar an mbunstruchtúr.
- Is ceart bunthréithe spéisiúla ailtireachta agus stairiúla a choinneáil, agus gan tréithe nua a chur i láthair mar bhunthréithe nó tréithe níos sine.
- Is ceart síntí a dhéanamh ar scála oiriúnach agus iad a bheith ag cur leis an bpríomhstruchtúr agus a bheith cúnata dó.
- Ba chóir an bhunfhabraic a choinneáil agus a athúsáid in –situ más féidir agus breathnú ar mhodhanna oiriúnacha uasghrádaithe agus feabhsaithe chun an fheidhmíocht theirmeach a fheabhsú.
- Is ceart ábhair d'ard-chailíocht a úsáid, agus ba chóir go léireodh an dearadh an bhreis nó an leasú is fearr ar an déanmhas agus cur lena dhíol spéise ailtireachta.
- Is ceart go mbeadh úsáidí nua oiriúnach don bhfoirgneamh atá ann cheana agus meas a léiriú ar na príomhthréithe ailtireachta agus cultúrtha.
- Is ceart do thograí ina gcuimsítear léibhinn nó raeanna stairiúla tithíochta meas a léiriú ar a n-aonghnéitheacht iomlán agus cloí le línte dín, tréithe dín agus aisfhilltí staracha.
- Is ceart sláine struchtúrtha aisfhilltí staracha péireáilte agus stoic simléara roinnte a choinneáil.
- Is ceart stoic simléara atá in úsáid mar chuid den chóras rialú aerála do fhoirgnimh stairiúla a choinneáil.
- Is ceart tionchar agus cur isteach tógála nua a laghdú trí na teorainn bhunúsacha, na sciathbhallaí agus na struchtúir aisfhillt agus plandú aibí/scagadh nádúrtha a úsáid.

- Solathrófar an spás seo i bhfoirm paitíonna/léibhinn, agus balcóin agus gairdíní dín ag an leibhéal uachtarach agus a chóir a bheith lonnaithe chun treoshuíomh gréine a fheabhsú agus bheith dearth chun scáil agus féachaint síos a laghdú.
- Ní chóir balcóiní bheith ag starradh ar chosán an phobail ar mhaitheas sábháilteachta agus ba chóir iad a leagadh siar.
- Ba chóir balcóiní bheith ceangailte agus caidreamh feidhmiúil leis na príomhcheantair chónaithe san árasán.
- I gcásanna áirithe, 'gairdíní an gheimhridh' scáileáin uaine a sholathrófar. Doimhneacht íosta de 1.5 méadar atá riachtanach do bhalcóiní, I bhfad úsáidte chun caighdeáin faoi Thábla 3.2.1 a chomhlíonadh.
- Nuair atá spas áise ag bun-leibhéal molta, beidh cóireáil na teorann incorpraithe chun príobháideacht a chinntiú.
- Nuair atá spas príobháideach agus pobail comhcheangailte lena chéile, ba chóir idirdhéalú soiléir idir eatarthu le choireáil teorann agus/nó 'stráca príobháideach' idir an dá.

Spás Poiblí/Leath-Phríobháideach

- Ba chóir go solathrófar spás oscailte poiblí i scéimeanna ina bhfuil árasáin.
- Ba chóir go mbeadh spásanna oscailte poiblí mar chuid lárnach den scéim, bheith agtha ó radharc iomlán an phobail agus ó rochtain phoiblí, agus a bheith srianta trí dhearadh agus/nó bacainní fhoirmiúla.
- Is ceart spás áise poiblí i bhforbairtí árasán agus/nó forbairtí tithíochta a sholathar mar ghairdín laistigh den chlós bloic imlíne nó de bhloc árasáin líneach lena thaobh.
- Ba chóir an spás oscailte pobail bheith sofheicthe ó, agus inrochtana, don oiread agus is féidir de na haonaid sa scéim molta.
- Ní bheidh spás oscailte doshroichte, folaithe, nó cúlthailte eils, ná stráicí caola líneacha de spás oscailte poiblí inghlactha.

Caighdeáin Stórála Inmheánach

- Ba chóir go mbeadh stóráil sa bhreis ar chófraí cistine agus troscán an tseomra leaba ann.
- Ní chomhairfear teophreas/ coire mar spás stórála ginearálta.
- Ag soláthar stóráil faoi réir Tábla 3.21, ní sáróidh aon sheomra stórála aonar 3.5m.c. agus solathrófar stórála mar chuid den aonad árasáin.

Airde ó Úrlár go Síleáil

Faoi réir SPPR 5 de na Treoirlínte Árasáin, is ceart go mbeadh airde urlár árasáin ag leibhéal na talún go síleáil 2.7m ar a laghad agus méadófar í i gcúinsí ar leith, go háirithe má tá sé riachtanach chun úsáid tráchtála a éascú amach anseo. Féadfaidh údaráis áitiúla lánrogha a dhéanamh ar bhonn cás ar chás ar scéimeanna athchóirithe suíomh de aon mhéid nó scéimeanna inlíonta uirbeacha suas go 0.25 ha, faoi réir dearadh cáilíochta.

Ardaitheoir agus Sloic Staighre

Faoi réir SPPR 6 de na treoirlínte Árasáin, solathrófar uasmhéid de 12 árasán an t-urlár don sloc ar gach urlár i scéimeanna árasáin. Féadfar an uas-fhoráil seo a mhéadú le haghaidh scéimeanna tógála athchóirithe ar shuíomhanna de aon mhéid nó ar scéimeanna inlíonta uirbeacha ar shuíomhanna suas go 0.25ha, faoi réir dearadh cáilíochta iomlán atá ag cloí le rialuithe tógála.

Achair Scartha agus Leagan amach an Bhloic

Déanfaidh gach togra forbartha cónaithe, go háirithe forbairtí árasáin agus iad siúd atá níos airde ná trí hurlár, achair scartha inghlactha a sholáthar sa bhloc chun tionchar diúltach a sheachaint ar nós: an iomad radhairc thar na comharsana, nó tionchar scáthaa agus coinníollacha áiseanna chónaithe inbhuanaithe agus spásanna oscailte a sholáthar.

I Mír 10 den *Lámhleabhar Deartha Uirbeach* (2009) léitear príobháideacht agus conláiste. Soláthrófar achar scartha 22 méadar go ginearálta idir fuinneoga atá os comhair a chéile ar mhaithe le príobháideacht. Cuirfear achair laghdaithe san áireamh maidir le scéimeanna dlúis níos airde nó suíomhanna comhdhlútha inlíonta nuair a úsáidtear réitigh deartha nuálacha chun ard-chaighdeán príobháideachta a choinneáil.

- Tá achar glanspáis íosta breis is 22 méadar riachtanach go ginearálta, idir fuinneoga os comhair a chéile i gcás arásáin trí urlár ar airde. I mbloic níos airde, ba chóir achar scartha níos mó a éileamh maidir le leagan amach, méid agus dearadh.
- I gcásanna faoi leith, ag brath ar threoshuíomh agus suíomh i limistéar tógtha, féadfaidh achar scartha laghdaithe a bheith inghlactha.
- I ngach cás nach gcomhlíontar na h-chair scartha, féadfaidh an t-iarratasóir anailís tréimhse infhaighte solas an lae a chur faoi bhráid don fhorbairt molta.

Príobháideacht agus Comaoineacha Slándála

- Is ceart do bhloic árasáin agus foirgnimh anuas ar an réimse Poiblí.
- Is ceart bealaí iontrála a thaispeáint go soiléir, a bheith soilsithe go maith agus suite os cionn áitribh atá comhcheangailte.

- Ba chóir aird faoi leith a thabhairt do shlándáil árasáin ar leibhéal na talún agus ar rochtain ar limistéir phoiblí inmhéanacha agus seachtracha.
- Is ceart stráice príobháideachta de 1/5 méadar ar doimhne ar a laghad, nó gairdín tosaigh a bheith ag áitribh le éananas díreach chun na sráide.
- Ba chóir go mbeadh sé sin faoi thionchar dearadh, scála agus treoshuíomh an fhoirgnimh agus ag nádúr na sráide nó an cheantair poiblí agus má tá a leithéid ann, a bheith faoi réir ag dearadh tírdhreacha oiriúnach agus ionramháil teorainn.

Déthreoíocht

In árasáin le déthreoíocht is ceart go mbeadh fuinneoige atá oscailte ar dhá bhalla nó níos mó a sholathraíonn radharc níos mó ná treo amháin. Ní mheastar úsáid fuinneoige, eanga, nó roctha ar airdí seachtracha aonaracha, a bheith inghlactha agus/nó dóthanach le bheith measta mar ghné détreoch agus measfar na haonaid sin mar aonaid ghné aonaracha. Is fearr na fuinneoga a bheith os comhair a chéile, nó in aice timpeall an chúinne. Faoi réir SPPR 4 de threoirlínte Árasáin:

- Beidh 33% ar a laghad de aonais déthreoch riachtanach i 'gceantair lárnach agus uirbeacha inrochtana', nuair is féidir dearadh ardcháilíochta a bhaint amach maidir leis na tréithe a bhaineann leis an suíomh agus le éadanas maith sráide a chinntiú.
 - I 'gceantar bruachbhailteach nó meánleibhéal', is cuspóir é go mbeidh gné déthreoch ag 50% ar a laghad de na hárasáin go ginearálta i scéim aonarach.
- Le haghaidh scéimeanna tógála áthchóirithe ar shuíomhanna aon toise nó scéimeanna inlíonta uirbeach ar shuíomhanna suas go 0.25ha, féadfaidh údaráis pleanála díscréid níos mó a dhéanamh chun foráil aon dédhreach a sholáthar ag bun-leibhéal níos lú ná 33% íosta atá léirithe ar bhunús cás ar chás, ach faoi réir ghnóthú dearadh ar cháilíocht ard I ngnéithe eile.
- Nuair a sholáthraítear árasáin gné déach, ba chóir líon aonaid i dreo an deiscirt a mhéadú, le haonaid atá I dtreo an an Iarthair nó an Oirthir atá inghlactha freisin.
- Meastar árasáin ar ghné aonarach atá I dtreoan Tuaiscirt, ag breathnú os cionn áise tábhachtach ar nós páirc phoiblí, gairdín nó spás foirmiúil, nó comhlacht uisce nó tréith áise eile.
- Tá cúram faoi leith riachtanach nuair atá fuinneoga lonnaithe ar na hurláir ag an bun-leibhéal faoi scáil foirnimh chomhcheangailte.

Solas na gréine/Solas an Lae

Beidh forbairtí chónaithe faoi threoir chur chuige feidhmíochta cainníochtúla agus moltaí faoi 'Pleanáil Leagan Amach an Suíomh do Sholas an Lae agus Solas Gréine' (dara eagrán): *Treoirlíne do Chleachtadh Maith (BRE 2011)* agus BS 8206-2: 2008 – 'Soilsiú do Fhoirgnimh' – Cuid 2: Cód Cleachtais do Shoilsiú le Solas an Lae'. Agus/ nó aon threoir uasdátaithe.

- Beidh **anailís solas lae** riachtanach le haghaidh gach forbairt mholta d'aonaid 30+ nó in aon chás eile ina bhféadfadh an leagan amach nó an dearadh cur isteach go míchothrom ar chonláiste cónaithe go.
- Is ceart tionchar aon fhorbartha ar sheomraí chónaithe a bhreithniú freisin.

Tá sé de dhualgas ar thiomsaithe iarratais chónaithe a léiriú go mbeidh an fhorbairt de réir an chaighdeáin a leagtar amach maidir le tionchar féideartha ar cháilíocht agus úsáideacht spásanna lena n-áirítear spásanna oscailte poiblí agus spásanna pobail. Féadfar é sin a bhaint amach trí airde oiriúnach agus treoshuíomh de bhloic chomhcheangailte chun leibhéal dóthanach desholas na gréine a cheadú sa spás conláiste poiblí i rith na bliana.

Croíláir Rochtana agus Limistéir Chomhchoiteanna

- Ba chóir scéimeanna árasáin iontrálacha comhroinnte a íoslaghdú, más féidir, i bhfabhr le rochtain ar a ndoras féin ag leibhéal na sráide.
- Nuair atá forsheomraí comhroinnte molta, is an líon aonad a roinneann iontráil amháin a choinneáil chomh híseal agus is féidir.
- Is ceart staighrí seachtracha starracha mar rochtain ar na hurláir uachtaracha a sheachaint mar go bhféadfadh siad ceannas a ghlacadh ar an sráid-dreach.

Áiseanna Triomú Éadaí

Is ceart áiseanna triomú éadaí le dea-aeráil imleor a sholathrófar i bhforbairtí árasáin i bhfoirm áiseanna poiblí de mhéid oiriúnach nó áiseanna aonaracha laistigh de gach aonad.

Tuairisc Shaolré an Fhoirgnimh agus Comhlachtaí Bainistíochta

Ní mór costais reatha fad-téarmacha agus comhlíonadh deiridh an Acht Forbartha II-aonad, 2011, (Acht MUD) a chomhlíonadh. Leagann an tAcht MUD amach na ceangaltais reachtúla maidir leis an mbainistíocht a bhaineann le forbairtí árasáin.

Mar seo, beidh **tuairisc shaolré an fhoirgnimh** le hiaratais pleanála le haghaidh forbairtí árasán. Áirítear sn hábhair sin faoi réir *Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeáin Deartha do hÁrasáin Nua* (2020):

- Measúnú ar chostais reatha fad-téarmacha agus cothabhála mar a bheidh feidhm leo i leith gach aonad cónaithe ag am an iarrais,
 - Bainistíocht ar Réadmhaoin cheantar comhchoiteann na forbartha
 - Buiséad táille sheirbhíse.
 - Caithfidh an tuairisc a léiriú cén bheart atá measta go sonrath ag an tionscnóir chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh agus costais a laghdú chun tairbhe na n-áititheoirí.
- Dá réir sin, agus cead pleanála á bhronnadh ar na forbairtí seo, nach bhfuil molta a bheith Tógtha i gCúram ag an gComhairle, féadfaidh údaráis pleanáil coinníolacha pleanála oiriúnacha a cheangal a éilíonn:
- Aontú leis an Acht MUD,
 - Comhlachta Bainistíochta Úinéara a bhunú (OMC) agus:
 - Ciste fiachmhúchta a bhunú agus a chothabháil go leanúnach atá oiriúnach do na háiseanna san fhorbairt a éilíonn cothabháil agus athnuachan leanúnach.

Dearadh Tógála

- I ngach foirgneamh nua beidh teicneolaíochtaí inbhuanaithe atá in ann Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh a bhaint amach de réir foráileacha S.1 Uimhir.666 de 2006 na gComhphobal Eorpach (Oibriú Fuinnimh na bhfoirgneamh) Rialaithe 2006.
- Beidh bearta spárála uisce, le n-áirítear buainteoireacht uisce fearthainne d'úsáidí sheirbhísí inmheánacha riachtanach i ngach foirgneamh nua.
- Éileofar go háirithe ar gach aonad cónaithe nua le córais bailithe uisce dhromchla aonaí butaí uisce a sholáthar.
- Déanann na foirgnimh nua foráil do dhíonta nó ballaí glasa nó donna chun cuidiú le hionsú uisce ach freisin a bheith mar thionchar dearfach ar an gcomhshaol agus ar chonláiste amhairc.

Le níos mó sonraí, féach ar Chaibidil 4 Bonneagar Glas agus Caibidil 11 *Bonneagar agus Seirbhísí Chomshaoil*.

13.5.5 Tógáil-le-Ligean / Cóiríocht Chomhroinnte

Is ionann Tógáil-le-Ligean agus lóistín saintógtha, lóistín árasáin ar cíós go fad-téarmach a chuimsíonn conláistí tiomanta cónaithe agus áiseanna.

Ní mór do gach lóistín BTR atá beartúaontú le SPPR 7 agus SpPR 8 mar atá leagtha amach faoi na Treoirínte Árasáin.

Tá lóistín comhroinnte comhdhéanta de chóiríocht shaincheaptha atá bainistihe mar a mbíonn seomraí aonair ligthe ar cíós laistigh d'fhorbairt iomlán lena n-áirítear rochtain ar áiseanna comhroinnte nó áiseanna agus conláistí poiblí.

Faoi réir SPPR 9 de na Treoirínte Árasáin, beidh toimhde gcoinne bronnadh chead pleanála ar lóistín comhroinnte/ forbairt il-chónaithe mura bhfuil an fhorbairt molta riachtanach chun freastal ar éileamh faoi leith faoi Mheasúnú Riachtanais Tithíochta agus Éilimh.

13.5.6 Tithe Altranais / Cóiríocht Maireachtála Cuidithe

Lárnach don fhís den Shláintecare (an córas Rialtais chun seirbhísí sláinte agus cúram sláinte) a thrasfhoirmiú tá gluaiseacht chun an oiread cúraim is féidir a sholáthar cóngarach don mbaile, ionas go mbeadh daoine in ann dul chuig ospidéal nuair atá sé fíor-riachtanach; pléadh é sin i gCaibidil 8, Bonneagar Pobail agus Spás Oscailte Poiblí. Nuair a aithnítear go bhfuil gá le cineálacha éagsúla lóistín do dhaonra atá ag dul in aois, tógfar critéir éagsúla san áireamh maidir le teach altarnais nó lóistín maireachtála cuidithe:

- Bheadh friotaithe in aghaidh na háiseanna sin i gceantair iargúlta lasmuigh de cheantair uirbeacha mura bhfuil cóngarach do nascanna iompar poiblí ar ard-chaighdeán agus soláthar nascanna coscáin maithe.
- Ba chóir go mbeadh áiteanna lonnaithe i gcomharsanachtaí bunaithe/ceantair chónaithe le freastal maith ón mbonneagar pobail, agus áiseanna. Ba chóir go mbeadh rochtain réasúnta ag áititheoirí sa todhchaí ar sheirbhísí áitiúla ar nós siopaí agus áiseanna pobail.

- Ba chóir breathnú ar thionchar féideartha ar chonláistí chónaithe áitreabh nasctha.
- Féadfar laghdú ar sholáthar spás oscailte, faoi réir riachtanais na n-áititheoirí a mheas ó thaobh cainníochta agus cáilíochta, nuair atá cáilíocht an spáis ar ardchaighdeán deartha chun riachtanais na n-áititheoirí a chomhlíonadh.
- Ba chóir foráil imleor a dhéanfar le haghaidh áiseanna páirceála.
- Ba chóir go mbeadh toise agus scála an togra molta oiriúnach don cheantar.

13.5.7 Sráidbhailte Scoir

Beidh sráidbhailte scoir m.s. forbairtí tithíochta atá déanta d'aonaid tithíochta neamspleácha, le háiseanna teoranta/nó cúraim nó gan iad atá ar shuíomh riachtanach chun lonnaíocht a dhéanamh ar shuíomhanna cónaithe criosaithe (nó i gcás nach bhfuil aon phlean cheantair áitiúil ann, laistigh den theorainn sainithe an tsuímh).

- Faoi réir an tÚdarás Pleanála a bheith sásta go mbeidh conláiste cónaithe ar leibhéal inghlactha ar fáil agus á chothabháil, is féidir laghdú ar na gnáthchaighdeáin le haghaidh carrpháirceála agus spás oscailte príobháideach a mheas i sráidbhailte scoir.
- Beifear ag súil go mbeadh na haonaid chónaithe sna sráidbhailte seo de mhéid measartha (gan a bheith níos mó ná 2 sheomra leaba nó achar 75m.c.), teach aon urláir, le cothabháil íseal agus rochtain ard le freastal ar riachtanais na spriocshealbhóirí.
- Ní mór do shuíomh iomlán an tsráidbhaile scoir, lena n-áirítear na haonaid tithíochta go léir, an bonneagar agus na háiseanna, a bheith in úinéireachta aonair leis an suíomh iomlán, le comhaontachtaí léasa do na sealbhóirí agus comhlacht bainistíochta ann chun na háiseanna comhroinnte a bhainistiú agus a bheith freagracha as.
- Más gá, ar son inmharthanacht an tionscadail, aonaid aonair a dhíol, déanfar é seo ar bhonn chomhaontú dlí ina sonraítear nach mbeidh na haonaid in úsáid ach le haghaidh cóiríochta daoine atá ar aois scoir.

13.5.8 Táthú Cónaithe

Suíomhanna Inlíonta

Ní mór do fhorbairt ar shuíomhanna inlíonta na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- A bheith faoi threoir Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe *Ceantair Uirbeacha – Treoirlínte do hÚdarás Pleanála DEHLG, 2009 agus an Lámhleabhar Deartha Uirbeach* a ghabhann leis.
- Beidh **Anailís suímh** a phléann scála, lonnaíocht agus leagan amach na forbartha nua ag tógaint an comhthéacs áitiúil san áireamh le gach togra forbartha inlíonta. Ar shuíomhanna beaga timpeall 0.5 heictéar nó níos lú, beidh méid áirithe chomtháthaithe leis an bhfoirm tógála máguaird ag teastáil, trí dhlús, tréithe ar nós leaganacha dín, patrúin fuinneoige agus ábhair agus bailchríoch. Beidh níos mó solúbthachta ag suíomhanna níos mó chun carachtar neamhspleách a shainiú.
- Cé go n-éileofar caighdeáin íosta i scéimeanna athchóirithe, aithnítear nach mbeidh toradh pleanála dearfach ar seo, go háirithe maidir le foirgnimh stairiúla, 'tionscadail chónaí os cionn an tsiopa', agus forbairtí inlíonta teanna (níos lú ná 0.25 Heicteáir) i lár-ionaid uirbeacha. Chun solúbthacht a cheadú, measúnófar na caighdeáin ar bhonn cás ar chás, agus nuair a mheasfar iad

bheith oiriúnach, laighdófar iad i bpáirt nó san iomlán, faoi réir cáilíochta deartha iomlána in aontú le treoirlínte: *Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeán Deartha d'Árasáin Nua*, 2020.

- Is ceart tréithe suntasacha suímh, ar nós cóireálacha teorann, piléir, bearnaí gheataí agus fásra a choinneáil, gan dochar do sholáthar comhéadan gníomhach leis an sráid.
- Nuair atá an airde molta níos mó ná an limistéar máguaird, ba chóir trasdul a sholáthar (Féach ar Chaibidil 5, Mír 5.2.7, Mír x na Caibidle seo agus Aguisín X: Treoir Deartha Airde Foirgnimh)
- Faoi réir chosaint oiriúnach chun conláiste áitribh a chosaint, féadfar laghdú ar spás poiblí oscailte agus caighdeán charrpháirceála a bhreithniú le haghaidh fhorbairt inlíonta, fo-dheighilt áitribh, nó atá an fhorbairt írithe ar ghrúpa faoi leith ar nós daoine scothaosta nó mic léinn. Scrúdófar foráil spás poiblí oscailte i gcomhthéacs cáilíochta agus chandaim spás oscailte príobháideach agus cóngarach don pháirc phoiblí. Tá forbairt i bhfoirm chlóis do chónaí neamhspleách maidir le tithíocht do dhaoine scothaosta á spreagadh i limistéir oiriúnacha. Scrúdófar carrpháirceál i gcomhthéacs sholáthair chórais iompair agus cóngarach do sheirbhísí agus áiseanna, ar nós siopaí.
- Measfar moltaí chun áitreabh nó áitribh a leagan ar mhaithe le forbairt inlíonta a éascú de réir caomhantais carachtair an cheantair agus cuirfear san áireamh cion tairbhe an struchtúir don suíomh amhairc nó d'oidhreacht tógála an cheantair.
- Beidh gach togra cónaithe comhtháite faoi threoir cur chuige comhlíonta cainníochtúla agus moltaí faoi *Leagan Amach an Suímh do Sholas an Lae agus Solas Gréine (dara eagrán): Treoirlínte do Chleachtas Maith (BRE 2011)* agus BS 8206-2: 2008 – *Soilsiú do fhoirgnimh – Cuid 2: Cód Cleachtais do Sholas an Lae*, agus/nó aon threoir uasdáthaithe.
- Ba chóir a chinntiú nach gcuirtear isteach ar chonláiste cónaithe mar gheall ar an fhorbairt molta.
- Beidh Seachadadh Spás Poiblí Oscailte agus Ranníoc in Ionad faoi réir na bhforálacha a leagadh amach faoi Alt 8.7.4 de Chaibidil 8, Bonneagar Phobail agus Spás Oscailte.

Suíomhanna Gairdín Cúinne/Taoibh

Is ceart go mbeadh forbairt sa chúinne agus/nó suíomhanna gháirdín taoibh nuálaíoch i ndearadh atá oiriúnach don chomhthéacs agus na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- Faoi réir Beartas 15: Síntí Chónaithe, is ceart go mbeadh an suíomh ar mhéid imleor chun glacadh le háitreabh nó áitribh eile agus go mbeadh cur ar gcúl oiriúnach á choinneáil do na foirgnimh chomhcheangailte le cinntiú nach dtarlódh aon thionchar neamhfhabhrach ar an gconláiste cónaithe in áitribh chomhcheangailte,
- Is ceart d'fhorbairt ar chúinne éadan déthreoch a sholáthar d'fhonn éadain fholmha a sheachaint agus suirbhéireacht fulangach an réimse poiblí a uasmhéadú.
- Ba chóir don áitreabh (áitribh) a bheith deartha agus suite go ginearálta chun freagairt do líne tosaigh an fhoirgnimh agus do phróifíl dín na n-áitreabh chomhcheangailte nuair is féidir.

Is ceart do thograí le haghaidh foirgneamh atá teilgthe amach nó isteach ón líne tosaigh foirngnimh gnéithe traidisiúnta a chuimsiú sa dearadh chun mothú comhtháiteachta le foirngnimh thadhlaacha a chothú.

- Is ceart do fhriotal ailtireachta na forbartha (a chuimsíonn ionramhála teorann) freagairt go ginearálta do charachtar na bhfoirgneamh chomhcheangailte agus mothú comhchuibheachta a chruthú. Moltaí comhaoiseach agus nuálaithe a fhreagaíonn don chomhthéacs a spreagadh, go háirithe ar shuíomhanna níos mó a thionlacan chónaithe éagsúla.
- Féadfar maolú sa chandam an spáis príobháidigh oscailte a mheast ar bhonn cás- ar- chás mar a cheadófar laghdú uasta 10%, nuair a chomhlíonann molta forbartha na caighdeáin eile agus nuair is féidir a léiriú conas is féidir foráil spás oscailte mar ard-chaighdeán, m.s: treoshuíomh buntáisteach, cruth agus feidhmiúlacht.
- Ní mheasfar aon fhoráil spás oscailte ar thaobh áitribh ach mar chuid den fhoráil spás oscailte príobháideach iomlán nuair a féidir é a úsáid mar spás ar ard-cháilíocht. Ní mheasfar stráicí caola spás oscailte ar thaobh áitribh mar spás conláiste príobháideach.

Forbairt Talamh Cúil

Is ceart do dhearadh forbartha na suíomhanna ar thalamh cúil na critéir don fhorbairt inlíonta a chomhlíonadh, chomh maith leis na critéir seo a leanas:

- Faoi threoir phróiseas anailíse suíomh maidir le scála, lonnaíocht agus leagan amach na forbartha.
- Seachnaítear forbairt ina phíosaí a chuireann isteach go mór ar charachtar an cheantair agus ar phatrúin bunaithe na forbartha sa cheantar.
- Beidh forbairtí atá cóngarach do thithe cónaithe chomhcheangailte teoranta do urlár amháin, chun scálú agus féachaint síos a sheachaint.
- Is ceart rochtain do choisithe agus d'fheithiclí a bheith soiléir agus, más cuí, nascacht meán-bhloic a chur chun cinn.

Fo-Roinnt Áitreabh agus Urláir Uachtair

- Is ceart go mbeadh áitribh fho-roinnte agus cóiríocht 'os cionn an tsiopa' faoi réir na dtreoirlínte oiriúnacha agus an chaighdeán atá sa Phlean Forbartha maidir le hárasáin agus cin tairbhe dearfach a bheith acu ar charachtar bunaithe agus conláistí an cheantair.
- Is ceart bearta maolaithe a bheith i ndearadh tithíochta 'os cionn an tsiopa' le dul i ngleic le foinsí féideartha seachtracha torainn.
- Is ceart pointe iontrála ar leith, le seoladh inaitheanta a sholáthar freisin. Ba chóir don fho-aonaid carachtar agus conláiste bunaithe an cheantair a chosaint.
- De lánrogha an Údaráis Pleanála agus faoi réir chosaint oiriúnach conláiste áitribh a chosaint, féadfar spás inmheánach, spás oscailte agus caighdeán carrpháirceála laghdaithe a mhesúnú i gcúinsí eisceachtúla le haghaidh fo-aonaid chónaithe nó cóiríocht 'os cionn an tsiopa', faoi réir gnéithe conláiste cúiteacha a choinníonn conláistí cónaithe na forbartha nó an cheantair.

Síntí

Ba chóir go mbeadh aird ag dearadh síntí ar phatrúin ceadaithe forbartha sa cheantar láithreach agus ar Treoir Síntí Tí Comhairle Chontae Dheiscirt Bhaile Átha Cliath (2010) agus aon chaighdeán a ghlacann a ionad.

Árasáin Teaghlaigh

Soláthróidh arasán teaghlaigh lóistín leath neamhspleách do bhall dhlúth teaghlaigh (atá spleách phríomhshealbhóirí áitribh atá ann cheana). Ní mheastar gur aonad chónaithe neamhspleách é árasán teaghlaigh agus mar sin ní mheasúnaítear spás oscailte agus caighdeáin carrpháirceála. Ní mór do mholtaí le haghaidh síntí árasán teaghlaigh na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- Iarrfar ar an Iarratasóir a léiriú go bhfuil fíor-ghá leis an árasán teaghlaigh,
- Ba chóir achar iomlán árasáin teaghlaigh gan 50% de achar urláir an teach chónaithe atá ann a shárú,
- Coinneofar an príomh-iontráil go dtí an teach atá agus beidh rochtain dhíreach ar an árasán teaghlaigh ó phríomhdhoras an phríomháitribh trí dhoras rochtana inmheánach, agus cuirfear na critéir dheartha do shíntí cónaithe i bhfeidhm.
- Beidh aon dóirse seachtracha a cheadaítear (mar rochtain ar spás príobháideach/ oscailte roinnte nó éalú tine) teoranta do thaobh nó cúl an tí.
- Féadfar coinníollacha a leagan ar aon chead nach féidir an t-árasán teaghlaigh a dhíol, a aistriú nó a chur ar léas ar leithligh ón bpríomháitreabh, agus nuair nach mbíonn an t-árasán teaghlaigh ag teastáil níos mó ní aonad cónaithe aonair a dhéanamh den áitreabh arís.

13.5.9 Tithíocht Tuaithe

Leagann an Straitéis Lonnaíocht Tuaithe atá léirithe I Mír 6.11 de Chaibidil 6 Tithíocht amach an beartas agus na cuspóirí chun riachtanais tithíochta tuaithe a mheast mar thithíocht ar thailte atá ainmnithe le Cuspóir Criosaithe 'RU', 'HA-DM', 'HA-LV' agus 'HA-DV'.

Léiríonn an mhír seo na sonraí agus na cuspóirí a dtacaíonn na beartais seo leo. Déanfar iarratais ar fhorbairt chónaithe a mheas ar bhonn cás ar chás, agus caithfear a dheimhniú:

- Go bhfuil gá fíor ann chun cónaí cóngarach don fhostaíocht (an fhostaíocht seo a bhaineann le pobail tuaithe), NÓ
- Go bhfuil nasc dlúth ag an teaghlach leis an bpobal tuaithe.

Ba chóir nach mbeadh cead pleanála bronnta ar iarratasóirí le haghaidh áitribh tuaithe nua agus ní mór a léiriú go soiléir go gcomhlíonfar na coinníollacha thuas tríd an fhaisnéis a leanas a chur faoi bhráid:

- Fianaise ar cháipéis a léiríonn go bhfuil an t-iarratasóir ag aontú le beartas tithíochta tuaithe;
- Léarscáil ag léiriú maoin agus talamh uile an teaghlaigh;

- Réasúnacht cén fáth gur roghnaíodh suíomh faoi leith don fhorbairt;
- Réasún láidir maidir leis an ngá atá le háit chónaithe eile sa cheantar tuaithe;
- Conas a fheabhasaíonn an gnó atá ann nó molta an ceantar tuaithe maraon le fianaise infheistíochta;
- Réasún soiléir ag sonrú cén fáth nach bhfuil árasán teaghlaigh oiriúnach mar rogha malartach;
- Tuairisc oiriúnachta suímh maidir le cóireáil fuíolluisce (Féach tuilleadh sonraí thíos).

Nóta: ní liosta uileghabhálach an liosta thuas, agus scrúdaítear gach iarratas ar bhonn cás-ar-chás.

Le haghaidh chuspóir measúnúnaithe ar chritéir riachtanais thithíocht tuaithe, tá an deighilt idir Crios Ard-Taitneamhachta Sléibhte Bhaile Átha Cliath 'HA-DM' agus Crios Ard-Taitneamhachta Ghleann na Dothra 'HA-DV' ag Droichead an Dúin, Bóthar na Bruíne agus an Crios 'HA-DM' ó dheas ón droichead agus an Crios 'HA-DV' lastuaidh den droichead.

Measfaidh an Chomhairle tithíocht tuaithe do dhaoine a léiríonn coinníollacha sláinte faoi leith – le taca cháipéisí cuí ó lia ceadaithe cláraithe agus eagraíochth mhíchumas – nuair atá riachtanas soiléir ag duine a bheith ina chónaí cóngarach do thacaíocht teaghlaigh nó i dtimpeallacht faoi leith.

Dearadh Tithíochta Tuaithe

- Is ceart anailís suímh chuimsitheach agus measúnú charachtar a chur faoi bhráid leis na hiarratais go léir ar thithe agus síntí i gcriosanna tuaithe agus ard-taitneamhachta (féach ar Mír 13.2.1 Charachtar Cheantair, Tírdhreacha Íogaire, agus Mír 13.2.2 Cosaint Éiceolaíoch. Is ceart don anailís agus don measúnú réasún a sholáthar le haghaidh dearadh agus suíomh na forbartha molta a chuimsíonn foirm, tógáil, bailchríoch, airde agus mórdhlúthú bunaithe ar an gcomhthéacs áitiúil agus nádúrtha. Ba chóir go mbeadh an fhorbairt seo íseal. An crith agus foirm an fhorbairt chónaithe i gceantair tuaithe agus ard-áiseanna, a chuimsítear struchtúir dín, a bheith comhdhlúth agus simplí le bailchríoch fhoirgnimh seachtrach a léiríonn an charachtar áitiúil an cheantair lena n-áirítear foirgnimh dúchasach agus ábhair tógála traidisiúnta. Ba chóir síntí codlata a íoslaghú agus gan príomghnéithe an dín a cheilt.
- Is ceart éadanas bóthair de 60 méadar ar a laghad a sholáthar do shuíomhanna áitribh nua i gceantair tuaithe agus is ceart iomadú tithíochta cois stráicí bhóthair ar bhealach a chruthaíonn forbairt ribíneach a sheachaint.
- Ní ceart áitribh agus síntí a lonnú ar líne mullaigh nó in áit ardaithe sa tírdhreach. Is ceart fána nádúrtha agus clúdach talún ar shuíomhanna a choinneáil, le scéim plandú crainn agus fála a úsaideann agus a mhéadaíonn plandú dúchasach. Is ceart teorainn páirce agus thaobh na mbóithre, ina gcuimsítear seanbhallaí teorann cloiche agus fála, a choinneáil nó a aththréimniú oiread is féidir ag léiriú conas a mheastar ar bhonneagar glas (féach ar Chaibidil 4 Bonneagar Glas). I ceart bearta Draenála Uirbeacha Inbhuanaithe a chuimsiú chomh maith.
- Is ceart do chabhsáin agus limistéir pháirceála achar imleor páirceála carr agus casadh a sholáthar ar an suíomh agus caitear an fána nádúrtha agus líntí an tsuímh a leanúint le hábhair tréscailteacha oiriúnacha.

Is ceart achar pábháilte crua mórthimpeall an tí a sheachaint. Is ceart bealaí gheataí nua-aimseartha, piaraí, ballaí teorann a sheachaint ach amháin le ballaí teorann traidisiúnta a choinneáil agus a athchóiriú. I gceantair ard-taitneamhachta amhairc, féadfaidh iarratasóirí cabhsáin a choiméad le dromchlaí garbha chun cuma nádúrtha a thabhairt.

Cóireáil Fuíolluisce

Beidh ionaid choireála eisilteacha teaghlaigh agus ceantair síothlaithe ag freastal ar thithe tuaithe nó síntí réir le cheangaltais Chód Cleachtais EPA do *Chórais Chóireáil Fuíolluisce Teaghlaigh (Coibhéis Dhaonra <10)*, 2021, seachas nuair a cheadaítear i gcead pleanála roimh 7ú Meitheamh 2021 agus sa chás go bhfuil feidhm le *Cód Cleachtais EPA Chóireáil Fuíolluisce Teaghlaigh Ag Freastal ar Thithe Aonaracha* (2009). Ba chóir na sonraí seo a chur san áireamh le hiarratais do thithe nó síntí athsholáthair nuair atá méadú san éileamh ar inniúlacht chóireála aon chóras Chóireáil Fuíolluisce atá ann cheana.

13.5.10 Lóistín Sealadach

Measfar Ionaid Champála Saoire a chuimsíonn lóistín saoire sealadach (seallaithe agus nó áiteanna pubaill agus carbháin) agus áiseanna coimhdeacha ag ceantair oiriúnacha faoi réir chosaintí oiriúnacha maidir le haird ar chosaint chomhshaoil agus sabháilteacht tráchta.

Ní dhéanfar tograí maidir le múrál aon bhád nó báid ar feadh na bliana ag suíomhanna oiriúnacha a mheas ach ach faoi réir chostaintí oiriúnacha maidir le cosaint chomhshaoil agus sábháilteacht tráchta agus aon cheangaltas de chuid Bhealaí Uisce Éireann nó aon údarás reachtúil eile.

13.5.11 Spás Oscailte Poiblí

Ba chóir an mhír seo a léamh in éineacht le **Caibidil 8, Mír 8.7 Páirceanna agus spás Oscailte Poiblí**.

Solathrófar spás oscailte poiblí ag na rátaí atá mionsonraithe i dTábla 13.22 thíos. Is é an ráta áitíochta a úsáidtear le cuspóirí spás oscailte a ríomh ná 3.5 duine i gcás aonad cónaithe le trí nó ceithre sheomra leaba agus 1.5 duine i gcás aonad cónaithe le dhá nó níos lú sheomra.

Tábla 13.22: Caighdeáin Spás Phoiblí Oscailte Íosta

Land Use Úsáid Talún	Caighdeáin Spás Oscailte Poiblí (Íosta)
Caighdeán Iomlán	2.4 Ha do 1,000 Daonra
Forbairt Chónaithe Nua ar Chriosaithe Talún RES-N	Íosmhéid 15% d'achar an tsuímh
Forbairt Chónaithe Nua ar Thailte i gcriosaithe eile lena n-áirítear úsáid mheasctha.	Íosmhéid 10% d'achar an tsuímh

Cúiteamh in ionad Spás Oscailte

Ba chóir an mhír seo a léamh in éineacht le **Caibidil 8, Mír 8.7.4, Seachadadh Spás Oscailte Poiblí agus Deonacháin in Ionad.**

Tá sé de lánrogha na Comhairle deonachán airgeadais a ghlacadh in ionad aon riachtanas spás oscailte chun caighdeán iomlán a ghnóthú de 2.4 ha do 1,000 daonra, an deonacháin seo a úsáid le haghaidh páirceanna beaga, páirceanna áitiúla agus páirceanna sa chomharsanacht a fháil nó a uasgrádú, faoi réir na spás oscailte nó na háiseanna a bheith ag comhlíonadh caighdeáin 'rochtaine ón mbaile' do gach cineál spás oscailte atá sonraithe i dTábla 8.2, Caibidil 8.

I gcoinníolacha eisceachtúla nóuair nach féidir atá fóráil páirceanna beaga nó uasgrádú, páirceanna áitiúla agus páirceanna comharsanachta inrochtaine a bhaint amach, tá lonrogha an gComhairle deonachán airgeadais a ghlacadh in ionad riachtanas spás oscailte chun fóráil a cheadú nó uasgrádú a dhéanamh ar Pháirceanna Réigiúnacha, faoi réir an Pháirc Réigiúnach a bheith ag comhlíonadh caighdeáin an spáis oscailte 'rochtaine ón mbailte' atá sonraithe i dTábla 8.2.

Nuair a ghlacann an Chomhairle deonachán airgeadais in ionad spás oscailte, beidh an ranníocaíocht iomlán ríofa ar bhunús costais a leagtar amach i Scéim Ranníocaíocht Forbartha, chomh maith le na costais forbartha don spás oscailte.

Cáilíocht Fhoráil Spás Oscailte Phoiblí

Cuimseoidh soláthar agus dearadh spás oscailte na moltaí seo a leanas:

Rochtain

- Ba cheart rochtain a bheith ag naeantair comharsanachta go léir ar réimse foirmiúil agus neamhfoirmiúil spásanna oscailte poiblí le haghaidh concláiste, áineasa, spóirt agus súgradh.
- Ba chóir spásanna oscailte a dhearadh agus a shuíomh le bheith inrochtana go poiblí ag modhanna inbhuanaithe ar nós siúl, rothaíocht agus iompar poiblí ag brath ar an gcineál spás oscailte, agus a bheith inúsáidta ag áititheoirí uile an Chontae.
- Is ceart pointí rochtana imleor a sholáthar do spásanna oscailte chun faid a laghdú chuig na ceantair a fhreastalaítear orthu.
- A oiread is féidir, ba chóir spásanna oscailte a bheith nasctha lena chéile chun a luach áise a mhéadú, taisteal gníomhach idir eatarthu a spreagadh agus líonra bhonneagair glas a éascú.
- Is ceart ballaí leanúnacha agus bacainní eile idir spásanna oscailte a sheachaint.

Áiseanna Áineasa

- Ba chóir spás oscailte bheith dearth chun éagsúlacht áineasa gníomhach agus fulangach atá inrochtana do chách in ainneoin aois nó cumas a thairiscint.
- Is ceart ceantair spraoi do leanaí a sholáthar mar chuid lárnach de dhearadh fhorbairtí chónaithe nua agus úsáid mheasctha agus déileáil leo mar chuid den phlean tírdhreacha. Feach an mhír thíos ar Cheantair Spraoi Pháistí.

Bonneagar Glas, Bithéagsúlacht, agus Bainistíocht Uisce Inbhuanaithe

- Ba chóir páirceanna agus spásanna oscailte a bheith suite le nascadh le chéile chun conairí glasa a chruthú agus a fheidhm bhonneagar glas a mhéadú.
- Crainn, fála agus cúrsaí uisce atá ann chean a choinneáil chun suíomh nádúrtha na bpáirceanna agus spásanna oscailte a mhéadú
- Ba chóir don phlandú a bheith báúil do speicis dhúchasacha agus do phailneoirí.
- Bainistíocht uisce inbhuanaithe i bhfoirm gnéithe mar bhogach tógála comhtháite, locháin, claiseanna reatah agus abhantracha cuimsithe laistigh de spásanna oscailte poiblí mar bhuntáiste do chonláiste agus luach bithéiceolaíoch na spisanna (oiriúnach do leibhéal ordlathais an spáis oscailte).

Rochtain

- Is ceat bearta atá aois-bháúil agus báúil don mhíchumas a bheith cuimsithe sa dearadh iomlán agus leagan amach spásanna oscailte poiblí, ar nós soláthar fhaisnéis oiriúnach, dromhchlaí oiriúnacha ar chosáin agus suíocháin ag idirlinnte nó cineálacha eile stopanna scíthe.
- Áiseanna, trealamh agus ábhair eolais a bheith inrochtain do gach éinne in ainneoin aois nó míchumas.

Sábháilteacht

- Ba chóir go mothóidh an t-úsáideoir sábháilte i spás oscailte agus monatóireacht imleor a bheith ann i modh suirbhéireachta fulanagach (m.s: fuinneoga ag féachaint síos ar spás; cosáin, bealaí rothaíochta agus sráideanna ag rith tríd nó ar thaobh an spáis, agus araile.).
- Ba chóir páirceanna níos lú agus spásanna oscailte a bheith infheicthe ó agus inrochtan d'uimhir uasta aonaid chónaithe.
- Is ceart do chóireáil teorann, soilsiú poiblí agus pleanáil a bheith deartha go cúramach chun mothú slándála a chruthú agus deiseanna iompair frithshóisialta a sheachaint.
- Pointí rochtana do pháirceanna a uasmhéadú chun úsáid a mhéadú dsabháilteacht a fheabhsú dá réir.
- Spás oscailte sceidiúla agus neamh-inrochtana le limistéir chaola, talún chun cúil, strácaí teagmhasacha, nó stráicí talún 'fuíligh' a bheith deartha amach as scéimeanna go léir.
- Ní ghlacfar le ceantair theagmhasacha spás oscailte mar chuid den spás oscailte feidhmiúil do chuspóirí áirimh.

Limistéir Spraio Leanaí

Éileoidh an Chomhlairle limistéir spraio leanaí a sholáthair mar chuid lárnach de dearadh fhorbairtí chónaithe nua agus úsáide measctha, le háireamh mar chuid de phlean an tírdhreacha. Eisiatar lóistín mac léinn, tithíocht do sheandaoine agus aonaid aon seomhra amháin ó na ceangaltais maidir le spraio na leanaí. Is iad seo a leanas na riachtanais íosta le haghaidh áiseanna spraio a sholáthar:

- Beidh spás oscailte poiblí agus leath-phoiblí (gan aird ar an gcineál forbartha a bhfuil sé ag freastal air) riachtanach chun spásanna poiblí a chuimsiú.
- Soláthróidh forbairtí chónaithe de 30 aonad nó níos mó a sholáthar do spraio na bpáistí i spásanna oscailte ileath-phríobháideacha nó poiblí, de lánrogha an Údarás Pleanála, trí sholáthar Ceantair Spraio do Leanaí Óga (YCAP), nó Ceantar Spraio Áitiúil Gléasta (LEAP) nó ceantar spraio nádúrtha nuair atá inrochtana, beidh siad faoi cheannas Údarás Áitiúil. Nuair atá forbairtí pobail ardcheannasach 3 sheomra nó níos mó, iarrfar foráil do 10 aonad nó níos mó.

- Spásanna spraoi nua a bheith bunaithe go ginearálta ar phrionsabail spraoi nádúrtha.
- Ceantair Spraoi foirmiúil fearastaithe a bheith oiriúnach I gcomhthéacs uirbeacha nó i gcás áiseanna spraoi níos mó.
- Ba chóir suíomhanna spraoi bheith suite go cúramach laistigh ceantair chónaithe agus comhthógtha go ginearálta ionas go mbeadh siad inrochtana go héasca le chéile agus faoi scáil chónaithe, gan chur isteach ar áitribh in aice.
- Ba chóir ceantair spraoi bheith dearth chun cuma amhairc an cheantair a fheabhsú.
- Ábhair nádúrtha théagartha atá so-ghabhálach níos lú do chreachadóireacht a úsáid nuair is féidir.
- Ba chóir spásanna spraoi bheith ag freastal ar réimse leathan d'aois-ghrúpaí agus ábaltachtaí agus a bheith inrochtain do chách.
- Foráil oiriúnach do dhéagóirí a mheas i gcomhthéacs Chlár na Comhairle *Teenspace* (2021), nó aon cháipéis a ghlacann a ionad.

13.6 Bonneagar Pobail

Ba chóir an Mhír seo a léamh in éineacht le **Caibidil 8, Bonneagar Pobail agus Spás Oscailte**.

13.6.1 Cúram Luath-Óige agus Áiseanna Oideachais

Is ceart iarratais d'áiseanna chúram leanaí a mheas maidir le riachtanais '*Áiseanna Cúram Leanaí: Treoirínte d'Údarás Pleanála*', DEHLG (2001) agus Ciorclán Litir PL 3/2016 (DECLG), 2016) agus aon threoirínte a ghlacann a ionad, nó mar a éilíonn an tÚdarás Pleanála. Molann na Treoirínte áis chúram leanaí amháin le 20 áit íosta do gach 75 aonad forbartha chónaithe, le haon éagsúlacht ó seo a bheith ag brath ar na tosca a leanas:

- Cineál aonaid chónaithe (m.s: más aonaid aon-sheomra iad go príomha, féadfar chúram leanaí a bheith laghdaithe);
- Profíl déimeagrafaíocht éirítheach; agus
- Infhaighteacht seirbhísí chúram leanaí láithreacha sa cheantar.

I bhforbairtí nua, ba chóir áiseanna chúram leanaí a bheith tógtha le haghaidh cuspóra, ag leibhéal íseal nó i bhfoirgneamh neamhspleách. I gceantair chónaithe, meastar chun athrú a dhéanamh ar chónaithe scoite agus leath-scoite ag ceantair oiriúnacha, faoi réir chosaint áis chónaithe. Caithfidh an t-aiarratasóir réasúnacht spásúil a thabairt le háitreabh iomlán a athrú gcomhthéacs infhaighteacht suíomhanna malartacha sa cheantar, suíomhanna an scoilcheantar agus an cheantar fostaíochta, an t-iompar poiblí atá ar fáil agus na háiseanna chúram leanaí atá ann cheana. I gcás athrú ó áitreabh go chúram leanaí, déanfar an togra a mheas mar Ghníomhaíocht Eacnamaíoch Bunaithe sa Bhaile.

Ba chóir sonraí iomlána a áireamh in iarratais pleanála do chúram leanaí agus áiseanna luathoideachais d'fhonn tuiscint ar nádúr agus ar réimse na forbartha atá beartaithe a thabhairt. Déanfar iarratais pleanála a mheas de réir na dtosca seo a leanas:

- Cineál áise (cúram lae iomlán, seisiúnach, iarscoile, agus araile.);
- Líon na leanaí a ndéanfar freastal orthu;
- Líon na foirne lán-aimseartha agus páirtaimseartha;
- Uaireanta oibríochta beartaithe;
- Tionchar ar chonláiste chónaithe, ag cur na dtosca a leanas san áireamh:
 - fuaim, trácht agus páirceáil;
- Oiriúnacht an tsuímh dn chineál agus toise na háise atá molta;
- Infhaighteacht spás laistigh agus spás spraoi lasmuigh;
- Rochtain ar iompar poiblí, bealaí siúlóide agus rothaíochta;
- Coinníollacha tráchta áitiúla;
- Rochtain, carr-pháirceáil agus áiseanna fágála don fhoireanna agus custaméirí.

13.6.2 Áiseanna Oideachais

Is ceart Iarratais maidir le scoileanna agus suíomhanna scoile a mheasúnú maidir leis na riachtanais 'Soláthar Scoileanna agus Córas Pleanála, Cód Cleachtais d'Údaráis Pleanála' DES & DEHLG (2008) nó aon threoirlínte athchóirithe do scoileanna atá foilsithe ag an DES. Tacaíonn an Chomhairle le soláthar scoileanna ag na caighdeáin a leagtar amach ag an DES (i gcás 11.5% den daonra a bhfuil gá acu le háit bhunscoile agus 7.5% a bhfuil gá acu le spás iar-bhunscoile).

Beifear ag súil i gcás iarratais Pleanála do scoileanna go léireofar conas a thabharfar faoi na saincheistean a leanas:

- Ceantar, Suíomh agus Dearadh – is ceart an suíomh a bheith inrochtana do iompar phoiblí, siúl agus rothaíocht; ba chóir go mbeadh tairbhe gréine uasta ag an suíomh agus an dearadh, ag obair le constáicí suímh agus cur le suim amhairc agus le hómós áite sa cheantar;
- Rochtain suímh – pointí rochtana suímh éagsúla do choisithe agus rothaithe a sholáthar chun tréscailteacht agus nascaíocht a mhéadú leis an gceantar ina thimpeall;
- Dearadh Uilechoiteann – oireadh is féidir, ba chóir an cur chuige seo a úsáid chun freastal ar riachtanais éagsúla;
- Tionchar ar Áis Chónaithe – fuaim, trácht, páirceála, ag féachint siar, solas na gréine agus solas an lae, agus araile a chóir a phlé;
- Bainistíocht Gluaisteachta – tá raichtanas ar phleananna bainistíochta gluaiseachta a thugann tósaíocht ar siúlóid, rothaíocht agus iompar poiblí os cionn turasanna charr príobháideacha; trácht, páirceáil agus fágáil bainistíochta a chóir a phlé freisin;
- Rothaíocht – beidh stóráil imleor agus slándála riachtanach;
- Tograí Tírdhreacha – ba chóir nascaíocht a dhéanamh le bonneagar glas agus moltaí maidir le speicis crainn dúchasach agus plandú pailneora;
- Draenáil Uirbeach Inbhuanaithe (SuDs) – bearta a chuimsíonn pábháil tréscailteach, butaí uisce, díonta glasa agus ballaí, swales, agus araile

Maidir le scoileanna i limistéir thógtha, beidh foráil laghdaithe inghlactha maidir le gnéithe ar nós páirceála agus áiseanna tuirlingte nuair atá rochtain mhaith ar iompar poiblí, nuair atá forbairt chónaithe ag dlúis níos airde agus nuair atá áiseanna maithe siúlóide agus rothaíochta ann.

Ní mór don iarratasóir a léiriú conas a sholathraítear áiseanna lasmuigh den suíomh ar nós spás conláiste, áiseanna spóirt agus carr-pháirceála (nuair atá riachtanach) chun na ceangaltais riachtanacha a chomhlíonadh go shásúil don Údarás Pleanála. Measúnaítear foráil áiseanna lasmuigh a sholáthar ar bhonn chás-ar chás. Foirmimh ilstóreacha (m.s: os cionn dhá stór) ar shuíomhanna níos lú i gceantair uirbeacha a bheith oiriúnach fresin, faoi réir fhírinnithe i ráiteas dearaidh.

13.6.3 Áiseanna Cúram Sláinte

Measfar Ionaid mhóra leighis, a chuimsíonn Ionaid Chúraim Phríomhúil (PCC) agus cleachtais ghrúpaí leigheas go fabhrach sa bhaile, dúiche agus sraidbhaile agus in ionaid áitiúla mar is cuí. Tacaíonn an Chomhairle le soláthar Ionaid Cúraim Phríomhúil faoi réir caighdean HSE d'aon áis do dhaonra 7,000-10,000.

s ceart d'iarratais pleanála le haghaidh áiseanna sláinte a chuimsíonn cleachtais leigheas agus ionaid cúraim príomhúil sonraí iomlána a áireamh ar mhaithe le tuiscint ar nádúr agus fairsinge na forbartha a thabhairt mar a leanas:

Sonraí ghníomhaíochtaí leigheas nó gníomhaíochta gairmiúla gaolmhara (m.s. GP, fiaclóir, fisiteiripeoir.);

- Aon ghníomhaíocht trádála chomhcheangailte (m.s. poitigéir, srl.);
- Líon cleachtóirí molta agus foireann tacaíochta;
- Uaireanta oibríochta beartaithe;
- Deimhniú tacaíochta ón HSE (i gcás Ionaid Cúraim Phríomhúil);
- Plean gluaiseachta bainstíochta (i gcás Mórionaid Chúraim Príomhúil).

Maidir le Suíomh, suiteáil agus dearadh is cóir na gnéithe seo a leanas a chur san áireamh:

- Suíomh a mhéadaíonn rochtaine ar iompar poiblí, siúlóid agus rothaíocht;
- Dearadh ailtireachta a chuireann le díol spéise amhairc agus ómós áite;
- Cuimsiú prionsabail deartha uilechoiteann;
- Bearta athrú aeráide a chuimsiú lena n-áirítear lonnaithe agus dearadh chun leas a bhaint as tairbhe na gréine agus úsáid fuinnimh agus teicneolaíochtaí inathnuachana (cumhacht na gréine agus gaoithe, teaschaidéil, agus araile.).

Déanfar clinicí/cleachtais ar mhionscála (dochtúir/fiaclóir/ fisiteiripeoir, agus araile,) a mheas i limistéir bhunaithe, faoi réir chonláiste chónaithe an cheantair a chosaint. Caithfidh an t-iarratasóir réasúnacht spásúil don athrú chónaithe iomlán a léiriú i gcomhthéacs:

- Infhaighteacht suíomhanna eile sa cheantar
- Suíomhanna scoileanna agus fostaíochta;
- Seirbhísí iompair poiblí;
- Áiseanna Cúraim Sláinte atá ann cheana.

I gcás pháirt-athrú ó ionad cónaithe go cúram sláinte, measfar an togra mar ghníomhaíocht atá bunaithe sa bhaile.

13.6.4 Ionaid Phobail

- I gceantair chónaithe nua nó úsáid mheasctha, feidhmeoidh an Comhairle caighdeán de 1 leibhéal dúiche mór, ionad pobail il-fheidhme do dhaonra 8,000 nó a ionais níos lú coibhéiseach ag leibhéal níos áitiúla chun riachtanais faoi leith a phlé (nó a bheith uasdataithe ar aon straitéis ionad pobail a sholaítear ag an gComhairle).
- Ionad pobail ag leibhéal dúiche a chóir a bheith 1,200-1,800 sq m I dtoise.
- Ionaid níos lú ag leibhéal áitiúil a chóir a bheith idir 350-650sqm I dtoise.
- I gcoinníolacha faoi leith, iarrafar an Chomhairle forbairtí chónaithe nó úsáid mheasctha I gceantair forbartha nua chun deonachán pro rata a sholáthar chun ionad pobail a fhoráil, agus faoi réir Scéim Deonachán Forbartha (féach ar Chaibidil 8, Beartas CO53 Cuspóir 3).

Cuirfear na gnéithe a leanas san áireamh agus Ionaid Phobail á ndearadh:

- Suíomh a éascaíonn rochtain siúil, rothaíochta agus iompar poiblí;
- Pointí inrochtana éagsúla a chruthú chun nascaíocht a mhéadú sa cheantar ina thimpeall;
- Cur chuige dearaidh uilechoiteann a chuimsiú;
- Dearadh ailtireachta a chuireann le díol spéise amhaisc agus le hómós áite sa cheantar;
- Bearta athrú aeráide lena n-áirítear lonnaíocht agus dearadh chun leas a bhaint as tairbhe na gréine agus úsáid fuinnimh inathnuachana agus teicneolaíochtaí (cumhacht na gréine agus gaoithe, teaschaidéil, agus araile.).
- Machnamh a dhéanamh ar áis chónaithe maidir le tionchar féideartha a eascraíonn as torann, trácht agus páirceáil, agus araile.

13.6.5 Ionaid Adhartha

Déanfar forbairtí molta d'úsáid ghnáthach foirgnimh mar ionad adhartha poiblí nó teagasc reiligiúnach a mheas i gcomhthéacs talamhúsáide criosaithe agus an gá chun úsáid ghnáthach chonláiistí a chosaint ar thionchar tráchta, torainn, nó aon choiscríú eile. Beidh ceantair laistigh an bhaile, dúiche, ionaid áitiúil agus sráidbhaile inrochtana ag iompar poiblí, siúil agus rothaíocht. Ba chóir go gcuirfeadh iarratais pleanála d'ionaid adhartha sonraí acmhainne na háise (m.s acmhainne suíochánra), measúnú tráchta agus uaireannta oibríochtaí beartaithe san áireamh.

13.6.6 Reilig lena n-áirítear Reilig Ghlas agus Créamatóiriam

Measfar moltaí forbartha do reiligí nua nó síntí agus/nó creamatóiriam, lena n-áirítear reiligí glasa i gceantair oiriúnacha cuspóirí criosaithe talamhúsáide comhoiriúnacha. Caithfidh an t-iarratasóir a léiriú go bhfuil gá leis an fhorbairt agus nach gcuirfidh an togra isteach ar chonláiiste áititheoirí nó gnólachtaí in aice láimhe, nó nach gcurhóidh sé ciotaí móra de bharr plódú mór tráchta nó fadhbanna pháirceála charr.

Is ceart do gach togra a bhaineann le reiligí, creamatóiriam nó reiligí glasa a léiriú go gcloífead le le treoirínite reachtúla cuí agus sonraí a sholáthar maidir le tírdhreachadh, stóráil, dramhaíl agus screamhuisce. Beidh suirbhéanna hidrigeolaíochas agus monatóireacht ar screamhuisce riachtanach le haghaidh reiligí. Is cuid den bhonneagar glas iad reiligí an Chontae agus is cóir do aon togra le haghaidh reiligí nua nó sínte plandú speiceas dúchasacha agus pailneoirí a chur san áireamh.

13.6.7 Ealaín Phoiblí

Tabharfar tacaíocht do thograí forbartha don Ealaín Phoiblí i gceantair oiriúnacha inrochtana sa Chontae. Caithfidh ealaín phoiblí aird a thabhairt ar charachtar an cheantair, idir stairiúil agus comhaimseartha, agus bheith deartha i gcomhairliú agus in aontú leis an Chomhairle. Is féidir soilsiú bheith oiriúnach do phíosáí áirithe ealaín phoiblí ag brath ar a méid, a suíomh agus ar thionchar amhairc agus bithéagsúlachta an tsoilsiú seo.

